

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Cuntais Leithreasa 2021

30 Meán Fómhair 2022

Cuntais Leithreasa 2021

Ceanglaítear orm le hAlt 3 (11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, ar chríochnú m'iniúchta ar na cuntais leithreasa dom, cóip de gach cuntas den sórt sin a chur i láthair Dháil Éireann in éineacht le mo dheimhniú ina leith.

Cuirim i láthair leis seo, de bhun na forála roimhe seo, na cuntais agus na deimhnithe sin i gcomhair na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021.



Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meán Fómhair 2022

Clár na nÁbhar

		Lch.
Réamhrá		5
Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta		6
Vóta 1	Teaghlachas an Uachtaráin	15
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	33
Vóta 3	Oifig an Ard-Aighne	57
Vote 4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	76
Vóta 5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	97
Vóta 6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	116
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	139
Vóta 8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	165
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	188
Vóta 10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	217
Vóta 11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	234
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntas Scoir	259
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	278
Vóta 14	An tSaotharlann Stáit	314
Vóta 15	Rúnseirbhís	333
Vóta 16	An Oifig Luachála	342
Vóta 17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	364
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	384
Vóta 19	Oifig an Ombudsman	410
Vóta 20	Garda Síochána	428
Vóta 21	Príosúin	465
Vóta 22	An tSeirbhís Chúirteanna	495
Vóta 23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	524
Vóta 24	Dlí agus Ceart	544
Vóta 25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	592
Vóta 26	Oideachas	612
Vóta 27	Comhar Idirnáisiúnta	675
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha	697
Vóta 29	Comhshaol, Aeráide agus Cumarsáid	723

Vóta 30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	764
Vóta 31	Iompar	816
Vóta 32	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	857
Vóta 33	Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin	906
Vóta 34	Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	945
Vóta 35	Arm-Phinsin	1010
Vote 36	Cosaint	1028
Vóta 37	Coimirce Shóisialach	1069
Vóta 38	Sláinte	1130
Vóta 39	An Oifig um Sholáthar Rialtais	1172
Vóta 40	Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige	1192
Vóta 41	An tÚdarás Póilíneachta	1236
Vóta 42	Forbairt Tuaithe agus Pobail	1251
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	1282
Vóta 44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	1300
Vóta 45	Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	1320

Réamhrá

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais, idir chistiú caipitil agus chistiú neamhchaipitil,

- trí mheastacháin a cheadú ar chaiteachas do na seirbhísí sin i gcaitheamh gach bliana
- trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi shraith vótaí, a gcumhdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige.

Gairtear an **raon** den chéad chuid den mheastachán do gach vóta. Soláthraítear leis sin breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuirtear raon gach vóta ar áireamh san Acht Leithreasa bliantúil agus, mar sin de, léirítear ann na críocha ar údaraigh Dáil Éireann cistí ina leith.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn nó oifig cuntas, ar a dtugtar an **cuntas leithreasa**, a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann go soláthrófar leis an gcuntas leithreasa mionsonraí faoi thoradh na bliana i gcoinne na suime ar sholáthair Dáil Éireann í, bunaithe ar shuimeanna airgid na n-íocaíochtaí agus na bhfáltas. Taispeántar toradh na bliana roimhe chun críche comparáide freisin.

I dteannta an fhaisnéis airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagtar amach i ngach cuntas leithreasa roinnt faisnéise atá bunaithe ar fhabhruithe i nótaí leis an gcuntas.

- Taispeántar i Nóta 1 **ráiteas faoi chostais oibriúcháin** lena dtugtar faisnéis faoi chostas na seirbhíse don bhliain.
- Taispeántar i Nóta 2 **ráiteas faoin staid airgeadais**, a ngabhann nótaí míniúcháin gaolmhara leis, lena dtugtar faisnéis faoin staid airgeadais i leith na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear leis sin faisnéis faoi cheangaltais chaiteachais agus faoi staid iarbhír na seirbhíse vótáilte *vis-à-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana i.e., an glandliteanas don Státchiste, nó an tsuim atá dlite ón Státchiste.
- Soláthraítear i nótaí eile leis an gcuntas faisnéis chaighdeánach faoi na nithe seo: caiteachas de réir an chláir agus an fho-mhírchinn (Nóta 3), fáltais (Nóta 4), agus líon foirne agus pá (Nóta 5). Cuirtear faisnéis faoi aon nithe ábhartha eile i láthair i Nóta 6 (cuntais ilghnéitheacha agus chiste).
- Áirítear le go leor vótaí rannacha aguisín lena liostaítear na comhlachtaí agus cistí Stáit a fheidhmíonn faoi scáth na roinne ábhartha, agus lena soláthraítear faisnéis faoi thráthúlacht an tuairiscithe airgeadais ag na comhlachtaí sin.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta[1]

Bunús na gcuntas

Ullmhaítear cuntais leithreasa, lena dtaispeántar idirbhearta airgeadais Ranna Rialtais[2], de réir an *Exchequer and Audit Departments Act*, 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é atá sna cuntais ná taifead airgeadbhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain i gcomparáid leis na suimeanna arna soláthar faoin Acht Leithreasa. Taispeántar figiúirí na bliana roimhe sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt faisnéise a bhaineann le fabhruithe ar áireamh sna nótaí leis na cuntais.

Ba cheart do ranna ceadú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh ré le haghaidh aon chásanna ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta, nó ina n-athraítear iad nó lena gcuirtear leo. Ba cheart faisnéis maidir leis an éagsúlacht ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a áireamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 an tréimhse thuairiscithe.

Fáltais

Mar riail ghinearálta, íoctar an t-ioncam ar fad de chuid an Stáit isteach a Státchiste.

Faoi réir ceadú sainráite a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, féadfar fáltais áirithe Roinne a leithreasú i gcabhair caiteachais arna thabhú ar Vóta. Gan ceadú den sórt sin a fháil, ní foláir fáltais a ghéilleadh don Phríomh-Chiste go díreach mar fháltais 'bhreise' Státchiste.

Is é atá i leithreasaí-i-gcabhair ná fáltais a fhéadfar a úsáid, faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act*, 1891, chun freastal ar chaiteachas a mhéid a údaraítear leis an Acht Leithreasa bliantúil. I gcoitinne, is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó roinne faoin vóta agus féadann nithe cosúil leo seo a leanas a bheith ar áireamh leo:

- muirir ar sheirbhísí[3]
- ranníocaíochtaí pinsin
- cíos agus fáltais a eascraíonn de bharr díolacháin áirithe
- le comhaontú a fháil roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na fáltais de bharr díol sócmhainní chun cláir nó tionscadail chaipitil ardtosaíochta a mhaoiniú
- fíneálacha, forghéilleadh nó costais arna n-aisghabháil.

I gcoitinne, maidir le fáltais ranna atá le creidiúnú chuig an Státchiste go díreach mar fháltais 'bhreise', is fáltais iad sin nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu le caiteachas an vóta nó atá ina bhfáltais 'amhantair'. Ní fhéadfar fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón vóta. I gcás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta leis an gcuntas leithreasa. Áirítear leo nithe cosúil leo seo:

1 Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a fheidhmítear agus cuntais leithreasa á n-ullmhú. Sonraítear iad sin i gciorclán 1 agus 9 de 2022 ón Roinn.

2 Sa ráiteas seo, áirítear leis an téarma 'roinn' ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí lárnacha Rialtais atá freagrach as bainistíocht agus cuntasaíocht an Vóta.

3 Faigheann roinnt oifigí, ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig an Ard-Aturnae, speansais le linn dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Ba cheart glacadh leis na speansais sin mar leithreasaí-i-gcabhair freisin.

- fáltais de bhun ioncam bhreise nó brabús de chuid cuideachtaí Stáit
- ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil
- cúiteamh.

I gcás go dtagann fáltais bhreise Státchiste chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú ar fháltais den sórt sin a sholáthar chomh maith le míniú i gcás gur suimeanna ábhartha iad na suimeanna. Lena chois sin, ceanglaítear ar ranna idir na suimeanna a thaisctear chuig an Státchiste (tríd an gCuntas Taiscthe Suimeanna Airgid Éagsúla) agus na suimeanna is iníoctha (suimeanna nár aistríodh go fóill) a nochtadh, i gcás nach ionann na suimeanna.

Ceanglaítear ar Ranna miondealú ar fháltais bhreise Státchiste a chur i láthair ar bhonn iarmhéid tosaigh/deiridh freisin.

Íocaíochtaí

tá íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha chun bheith iníoctha le linn na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha chun bheith iníoctha i gcás gur tabhaíodh dliteanas, go bhfuil íocaíocht dlite agus go bhfuil an t-ordú don íocaíocht curtha i ngníomh.

I gcás gur tabhaíodh dliteanas agus go bhfuil íocaíocht dlite (i.e., tá an dliteanas aibithe), ba cheart íocaíocht a chur i gcrích roimh an deireadh bliana chun iomláine an chuntais leithreasa a chinntiú. I gcásanna nach bhfuil íocaíocht curtha i ngníomh agus go bhfuil dliteanais aibithe fós amuigh ag an deireadh bliana, ba cheart suim na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gcuntas (Nóta 2).

Eisceacht ón bprionsabal ginearálta sin is ea gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil roinn ag gníomhú mar ghníomhaire i gcomhair roinn eile Rialtais (an príomhaí) agus go dtagann idirbhearta airgeadais chun cinn idir an príomhaí agus an gníomhaire dá thoradh, is é an riail ghinearálta gur cheart don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí chuntas fionraí, agus an tseirbhís ina muirear deiridh i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniú a sholáthar chun go mbeifear in ann íocaíocht a dhéanamh, níor cheart a mhuirearú ar chuntas leithreasa an phríomhaí ach suimeanna arna ndeimhniú ag an ngníomhaire mar chinn a d'eisíoc sé sa bhliain cuntais.

Mar phrionsabal ginearálta, is ar bhonn comhlán a dhéantar cuntasaíocht Rialtais, i.e., ní dhéantar fáltais a ghlanluacháil in aghaidh íocaíochtaí. Ba cheart do ranna, oifigí agus sealbhóirí vóta Rialtais ceadú a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh aon ghlanluachála atá beartaithe acu.

Glanseirbhísí gaolmhara

Is é atá i seirbhísí gaolmhara ná seirbhísí a sholáthraítear go lárnach chuig vótaí roinne, nó a sholáthraítear thar a gceann, ar an mbonn gurb amhlaidh, mar speisialtóirí, atá an roinn soláthair (arb í a príomhfheidhm ná na seirbhísí lárnacha sin a sholáthar) in ann na seirbhísí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla ná an sealbhóir vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte leo sin.

Tugtar mionsonraí sa nóta faoi ghlanseirbhísí gaolmhara (i Nóta 1) faoi shuim an chaiteachais i ndáil leis an roinn a tabhaíodh in áit eile. Tá bunúis éagsúla tomhais ann maidir le figiúirí an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara a ríomh.

Fabhruithe

Áirítear le gach cuntas leithreasa faisnéis de chineál fabhruithe ar fáil sna nótaí leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas faoin gcostas oibriúcháin (Nóta 1), lena dtaispeántar suim iomlán na n-acmhainní a caitheadh ag vóta sa bhliain
- ráiteas faoin staid airgeadais lena dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an vóta ag an deireadh bliana (Nóta 2), agus
- nótaí míniúcháin lena soláthraítear mionsonraí maidir le sócmhainní caipitil, leis an nglanmhaoiniú atá dlite don Státchiste agus le haon cheangaltais.

Áirítear leis an ráiteas faoin staid airgeadais an staid ag an deireadh bliana i ndáil leis an méid seo a leanas

- **Speansais fhabhraithe** — léirítear leo seo gach dliteanas ag an deireadh bliana, seachas dliteanais maidir le luach saothair agus le pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair atá an riachtanas conarthach chun na hearraí nó seirbhísí ordaithe a sholáthar comhlíonta ag an íocaí. Is mar dhliteanas a dhéileáiltear le suimeanna atá dlite as earraí a seachadadh ach nár íocadh astu go fóill, fiú mura bhfuil cigireacht déanta orthu agus nach bhfuil siad tógtha isteach i stoc iad. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair atá ceanglais uile na scéime deontais comhlíonta ag an deontaí ach nach mbeidh íocaíocht faighte aige go fóill. Aithnítear dliteanais taistil agus chothaithe nuair atá an taisteal críochnaithe.
- **Réamhíocaíochtaí** — is íocaíochtaí iad sin a rinneadh le linn na bliana cuntais chun freastal ar speansais a thiocfaidh chun cinn i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam fabhraithe** — is ioncam é sin atá dlite don vóta ag deireadh na bliana cuntais agus nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam iarchurtha** — is ionann é sin agus ioncam a fhaigheann an vóta i rith na bliana cuntais as earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

Sócmhainní caipitil

Déantar luachanna tosaigh agus deiridh sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní roinne chomh maith le mionsonraí faoi dhímheas a thaispeáint trí nóta a ghabhann leis an ráiteas faoin staid airgeadais (Nóta 2).

Ba cheart sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a áireamh laistigh de shócmhainní caipitil sa ráiteas faoin staid airgeadais, lena dtaispeántar caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn e.g., tionscadail forbartha bogearraí nó tionscadail foirgníochta.

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil

- sócmhainní nach bhfuil ar fáil le húsáid fós
- sócmhainní ar lú a gcostas ná €10,000 agus/nó [1]
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Áirítear sócmhainní oidhreachta is féidir a luacháil sa ráiteas.)

1 Le héifeacht ó chuntais leithreasa na bliana 2021 i leith, tá an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais á méadú go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Féach *ciorclán 21/2020* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; *Méadú ar an Tairseach Luacha le haghaidh Sócmhainní a Chur ar Áireamh i gCláir Sócmhainní*.

Luacháil ar shócmhainní

Talamh agus foirgnimh

Áirítear an talamh nó na foirgnimh ar fad atá faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú nó faoi bhainistiú roinne sa ráiteas faoin staid airgeadais (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcás inarb ábhartha, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

I gcás go bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'aon Aire ach go bhfuil an talamh agus na foirgnimh sin faoi rialú/faoi bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí dáiríre, áirítear iad sa chuntas d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

I gcás go bhfuil tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach go bhfuil siad faoi rialú/bhainistiú ag comhlacht seachtrach dáiríre, ní áirítear mar shócmhainní de chuid vóta na roinne iad, ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne. Seachas sa chás sin, áirítear tailte agus foirgnimh atá dílsithe d'Aire sa chuntas don vóta lena mbaineann.

Ba cheart do ranna/oifigí rialtais nach féidir leo luachálacha ar thailte agus ar fhoirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi rialú nó faoi bhainistiú acu a sholáthar ar chúiseanna teicniúla sceideal de na sócmhainní sin a iarcheangal leis an gcuntas leithreasa.

Trealamh, troscán agus feistis

Luacháiltear trealamh, troscán agus feistis de réir a gcostais.

Sócmhainní eile

I gcás gur gá, leagtar polasaithe cuntasaíochta i leith sócmhainní eile a luacháil (e.g., feithiclí sainfheidhmeacha) amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Polasaí maidir le Dímheas

Is é an polasaí maidir leis an modh dímheasa atá le cur i bhfeidhm ná go ndéantar dímheas a ríomh agus a mhuirearú ar bhonn míosúil ó mhí na fála/an choimisiúnaithe go dtí mí na diúscartha[1].

Titeann sócmhainní roinne faoi chuimsiú catagóirí difriúla chun críocha dímheasa. Déantar dímheas ar bhonn line dírí. Leagtar amach sa tábla seo a leanas na príomhchatagóirí is infheidhme.

1 Ó chuntais leithreasa na bliana 2020 i leith, ríomhfar dímheas ar bhonn míosúil chun freastal ar an aistriú chuig an gcóras Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais. Ba cheart dímheas a mhuirearú ón dáta a chuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse go dtí an mhí ina ndiúscraítear í. Mar shocrú eatramhach go dtí go gcuirfí Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais i bhfeidhm, féadfaidh ranna dímheas a ríomh ar bhonn míosúil nó ar bhonn bliantúil. Ní foláir an modh dímheasa a úsáideadh a lua i ngach cuntas leithreasa.

	Ráta dímheasa
Catagóir A – Míreanna a dhímheastar ar bhonn line dírí chuig luach nialais i gcaitheamh 10 mbliana	
Troscán agus feistis	10%
Gléasra agus innealra	10%
Mórchórais bogearraí oibriúcháin TF	10%
Catagóir B – Míreanna a dhímheastar ar bhonn line dírí chuig luach nialais i gcaitheamh 5 bliana	
Trealamh TF, crua-earraí agus bogearraí	20%
Trealamh oifige	20%
Saintrealamh eile	20%
Mótarfheithiclí	20%
Catagóir C – Míreanna eile	
Talamh	0%
Foirgnimh	0% go 5%
Sócmhainní míleata	3% go 20%

Tá sé de rogha ag Oifigigh Chuntasaíochta imeacht, i gcásanna áirithe, ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

Banc agus airgead tirim

Ba cheart gach iarmhéid i gcuntais bhainc tráchtála (párolla agus cuntais eile a bhaineann leis an vóta) atá á gcoinneáil ag an deireadh bliana agus a maoiníonn an Státchiste iad trí chaiteachas vótáilte nó cuntais dá leithéid ina bhfuil fáltais atá dlite lena n-íoc leis an Státchiste a áireamh le ‘Banc agus airgead tirim’. Ba cheart cuntais bhainc an Phá-Mháistir Ghinearálta (*PMG*) a shonrú ar leithligh ó chuntais bhainc tráchtála eile sa nóta.

Nochtar mionsonraí faoi aon chuntais bhainc tráchtála eile nach maoiníonn an Státchiste iad nó nach bhfuil dlite lena n-íoc leis an Státchiste trí nóta leis an gcuntas. Áirítear leo sin iarmhéideanna neamhvóta nach dtaifeadtar iad/nach dtugtar cuntas orthu i dtacar eile cuntas a ndéantar iniúchadh air.

Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luacháilacha na roinne, cibé acu is lú.

Glanmhaoiniú ón Státchiste

Léirítear sa nóta maidir le glanmhaoiniú ón Státchiste staid maoinithe an vóta ag an deireadh bliana, agus aird á tabhairt ar an mbarrachas agus an leithdháileadh ón Státchiste ar bhonn carnach/rollach. Taispeántar miondealú ar an bhfigiúr sin ó thaobh iarmhéideanna bainc/airgid thirim, fáltas féichiúnaithe atá dlite agus dliteanas reatha freisin.

Ceangaltais

Is éard is ceangaltas ann ná oibleagáid chonarthach chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitil) atá fós le soláthar ag an deireadh bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear ceangaltas nuair atá an deontas ceadaithe ach go bhfuil ceanglais na scéime fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Maidir le ceangaltais chonarthacha dhomhanda (os cionn €10,000) is dócha a thiocfaidh chun cinn i mblianta ina dhiaidh sin, nochtar iad trí nóta leis an gcuntas, faoi na ceannteidil seo: soláthar earraí agus seirbhísí, cláir dheontais neamhchaipitil, cláir dheontais caipitil, tionscadail chaipitil agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Nochtar ar leithligh mionsonraí faoi gach mórthionscadal caipitil agus comhpháirtíochta príobháidí poiblí i gcás gur mó ná €10,000,000 luach an tionscadail.

I gcás gur bhain athrú de bhreis ar €500,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe le leibhéal an cheangaltais thuairiscithe nó le costas réamh-mheasta an tionscadail, ba cheart an chúis leis an ngluaiseacht sin a mhíniú.

Dliteanais theagmhasacha

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn in aon chás ina gcruthaítear riosca le gníomhartha roimhe nó reatha nó le himeachtaí roimhe nó reatha go n-iarrfar cistí Státchiste amach anseo. Nochtar dliteanais theagmhasacha trí nóta, ach amháin sa chás gur fíorbheag atá an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní i gceist.

Féadann dliteanais teacht chun cinn de bharr cásanna leanúnacha dlí a bhféadfadh dliteanas teagmhasach teacht chun cinn dá dtoradh. Ach amháin i gcásanna lena mbaineann dlíthíocht nó i gcás go ndéanfadh nochtadh dochar do staid an Státchiste agus/nó d'idirbheartaíocht amach anseo le tríú páirtithe, ba cheart dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna cúirte a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Níor cheart dul isteach i socruithe eile lena mbaineann an fhéidearthacht go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha chun cinn dá dtoradh ach amháin i gcás gur gá agus, ansin, tar éis meastóireacht agus measúnacht a bheith déanta ar na himpleachtaí caiteachais féideartha i bhfianaise na gcásanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bhun an dliteanais theagmhasaigh, agus sa chás sin amháin. Ba cheart na sochair fhéideartha a chur i gcomparáid leis an gcostas is dóichí a bheidh i gceist agus i gcomparáid le raon na gcostas féideartha i gcónaí lena chinntiú go measúnófar an dliteanas teagmhasach i gceart.

Níor cheart glacadh le dliteanas teagmhasach in imthosca ar bith i gcás nach mbeidh an riosca a nglacfar leis measúnaithe agus mínithe ar an mbealach is soiléire is féidir. I gcás go n-aontaíonn Aire le glacadh le dliteanas teagmhasach, tá sé bunriachtanach go ndéanfar an próiseas cinnteoireachta a dhoiciméadú i gceart, lena leagfar amach: (i) an réasúnaíocht le glacadh leis an dliteanas agus (ii) an sochar féideartha agus (iii) na costais fhéideartha. Ba cheart ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg chun aon dliteanais theagmhasacha a chruthú a bhféadfadh caiteachas suntasach Státchiste teacht chun cinn dá dtoradh.

Is gá breithiúnas a úsáid le linn a dhéanamh amach cibé acu, agus cén uair go díreach, a thagann dliteanas chun cinn de thoradh oibleagáidí atá ina gceangal dlí agus/nó oibleagáidí nach bhfuil ina gceangal dlí. Tá faisnéis ábhartha más rud é go bhféadfaí tionchar a imirt ar chomhlíonadh cuntasachta na Roinne don tréimhse tuairiscithe airgeadais sin dá bhfágfaí ar lár í nó dá ndéanfaí míráiteas fúithi.

Braitheann ábharthacht ar chineál agus suim na míre a dtugtar breith uirthi san imthoisc ar leith a bhaineann leis an Roinn agus déantar idir shaintréithe cáilíochtúla agus shaintréithe cainníochtúla a mheas mar chuid de.

Déanfar measúnachtaí maidir le hábharthacht i gcomhthéacs na timpeallachta reachtaíochta, institiúide agus oibriúcháin a bhfeidhmíonn an Roinn faoina cuimsiú agus, i leith faisnéis ionchasach airgeadais agus neamhairgeadais, eolas an ullmhaitheora agus ionchais faoin todhchaí.

Aoisliúntas

Foráiltear d'íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh ar scor i Vóta 12 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe meastachán faoin tsuim is inchurtha i leith gach vóta agus taispeántar é faoin nóta faoi ghlanseirbhísí gaolmhara i gcomhair na nótaí ábhartha.

Comhlíontar íocaíochtaí aoisliúntais do ghardaí, do mhúinteoirí, do phearsanra ón arm agus do phearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó na vótaí ábhartha.

Idirbhearta airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí coigríche ina luachanna euro ag na rátaí malartaithe atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá ainmnithe in airgeadra coigríche ag rátaí malartaithe an deiridh bliana.

Nótaí eile leis na cuntais

Prionsabail Ghinearálta

I gcoitinne, tá sé d'aidhm leis na nótaí eile leis na cuntais leithreasa aird Dháil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta ábhartha lena mbaineann nádúr neamhghnách agus a thaifeadtar sa chuntas e.g., caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó *ex gratia* (íocaíocht nach bhfuil dlite de réir dlí faoi chonradh nó ar shlí eile – e.g., cúiteamh a íoctar ar bhonn cruatain) agus luach saothair breise.

Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, soláthraítear nótaí i gcás go mbaineann suim €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart agus iad á dtógáil le chéile.

I gcás go bhfuil suimeanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí freisin i gcás go dtagann saincheist thromchúiseach phrionsabail chun cinn nó i gcás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nóta a sholáthar.

Difríochtaí ón soláthar meastacháin

Soláthraítear le Nóta 3 míniúcháin ar dhifríochtaí maidir leis an toradh i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh.

Soláthraítear nóta i gcás go bhfuil difríocht (±) ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh (lena n-áirítear aon mhaoiniú caipitil iarchurtha):

- ar €100,000 nó níos mó í agus
- arb ionann í agus 5% nó níos mó den fho-mhírcheann (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin), nó

- arb ionann í agus difríocht shuntasach ón soláthar meastacháin bunaidh agus nach gcomhlíonann sí na critéir thuas ach a bhfuil údar le míniú a thabhairt ina leith.

Áirítear nótaí maidir le hathruithe i leithreasaí-i-gcabhair ar bhonn comhchosúil.

Íocaíochtaí liúntais agus ragoibre

I gcás íocaíochtaí liúntais agus ragoibre, áirítear leis na mionsonraí i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí a fuair íocaíochtaí liúntais agus ragoibre i níos mó ná aon chatagóir amháin, líon na ndaoine a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht is airde a rinneadh le duine aonair, más os cionn €10,000 í.

Leagtar amach san 'íocaíocht aonair is airde' an tsuim chomhlán a íocadh le duine aonair faoi na ceannteidil éagsúla.

Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta

Tá sé riachtanach scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta (os cionn €10,000) a nochtadh trí nóta.

Chostais chúitimh agus dlí

Ba cheart na comhchodanna de na costais dlí i leith cásanna a bhfuil nó a raibh páirt ag an roinn iontu a nochtadh (ní áirítear leis sin costas na comhairle dlí a soláthraíodh lasmuigh d'imeachtaí dlí e.g., i gcomhthéacs polasaí nó reachtaíocht a fhorbairt). Má dhéantar ionadaíocht don Roinn in imeachtaí dlí, áirítear na costais a tabhaíodh i ndáil leis na cásanna sin i dtáblaí A agus B. Tá an nóta miondealaithe ina dhá chuid leithleacha.

a) mionsonraí faoi chostais dlí a d'íoc an vóta/an roinn amach go díreach nó chun an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a aisíoc

b) mionsonraí faoi chostais iomlána charnacha na gcásanna dlí a tugadh chun críche sa bhliain cuntais.

Íocaíochtaí déanacha

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin maidir le hÍoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite, nó
- gur €10,000 nó níos mó íocaíocht aonair.

Calaois nó calaois amhrasta

I gcás na gcaillteanas de bharr calaoise, calaoise amhrasta nó mírialtachtaí amhrasta, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na gcaillteanas le linn na tréimhse cuntasaíochta, nó
- gur €10,000 nó níos mó caillteanas aonair, nó
- go dtagann saincheist thromchúiseach prionsabail chun cinn i ndáil le caillteanais faoi bhun €10,000, nó
- go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart nochtadh a dhéanamh.

Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I gcás gurb ábhartha, ba cheart ráiteas caiteachais faoi gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta arna maoiniú ón vóta a áireamh i Nóta 6. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun críche seasta. Sa chéad chás, taispeántar caiteachas sa bhliain cuntais agus sa bhliain roimhe. Sa dara cás, taispeántar an dáta bunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta a bhunaithe i leith.

Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha

I gcás gurb ábhartha, cuirtear cuntais cistí deontais arna maoiniú ón vóta agus cuntais ilghnéitheacha eile i láthair i Nóta 6.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 1

Teaghlachas an Uachtaráin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €840,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach iad i gciorcláin 1 agus 9 de 2022. Ón 1 Eanáir 2021 i leith, athraíodh an modh dímheasa ó bhonn bliantúil ina bhonn míosúil. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom agus méadaíodh an tairseach do shócmhainní san áireamh go €10,000. Glacadh leis an eisceacht seo a leanas.

Sócmhainní oidhreachta

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá ar áireamh sna sócmhainní troscán agus saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de, ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig Theaghlachas an Uachtaráin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Theaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhmeannas íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi shainchúram na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh, a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé féin. Tugtar eolas don obair iniúchóireachta inmheánaí trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus a clár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla uaimse agus ón gCoiste Iniúchóireachta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2021, agus cuireadh i bhfeidhm in 2020 an clár oibre iniúchóireachta a comhaontaíodh in 2021.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte soláthair iomchuí uile. Níorbh ann d'aon chonradh a dámhadh gan próiseas iomaíoch a reáchtáil a sháraigh an tairseach tuairiscithe €25,000.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin lena ndéantar sainaithint ar phríomhrioscaí agus lena dtuairiscítear iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus rinneadh iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill fhoirne áirithe.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. In 2021, rinne obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin a bhí freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád ar bun eolas don obair a rinne Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2021 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19

De bharr thús phaindéim Covid-19 i dtús 2020, bhí roinnt athruithe ann ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus cianobair agus obair fhíorúil ag éirí ina ngnáthchleachtas i dTeaghlachas an Uachtaráin. Mar thoradh air sin, thug Teaghlachas an Uachtaráin isteach roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe. Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus is éifeachtach fós atá na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus na rialuithe sin a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu faoi eisceacht san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Teaghlachas an Uachtaráin	3,043	2,289	2,419
B	Deolchaire daoine in aois an chéid	1,550	1,494	1,503
Ollchaiteachas		**4,593**	**3,783**	**3,922**
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**82**	**112**	**81**
Glanchaiteachas		**4,511**	**3,671**	**3,841**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas i leith a ghéillte don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**839,708**	**658,321**

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Caiteachas clár		1,442	1,452
Pá		1,878	1,884
Neamhphá		463	586
Ollchaiteachas		**3,783**	**3,922**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**112**	**81**
Glanchaiteachas		**3,671**	**3,841**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas	15		
Caillteanas ar dhiúscairt	3	18	(16)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(43)	(39)	(95)
Laghdú ar stoc	4		
Caiteachas díreach		**3,650**	**3,730**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		4,096	4,016
Glanchostas clár		**7,746**	**7,746**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	28	22
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	665	716
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,776	1,686
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	3	3
Vóta 20	An Garda Síochána	148	195
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	34	16
Vóta 36	Cosaint	448	432
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	64	45
An Lárchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin)		930	901
		4,096	**4,016**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	25	51
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		28	(30)
Stoic	2.2	25	29
Réamhíocaíochtaí	2.3	33	21
Iarmhéideanna dochair eile		7	6
Ioncam fabhraithe		3	5
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	19	82
Iomlán na sócmhainní reatha		**115**	**113**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		13	47
Iarmhéideanna chreidmheasa eile	2.4	54	58
Iomlán na ndliteanas reatha		**67**	**105**
Glandliteanais reatha		48	9
Glansócmhainní		**73**	**60**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.6	**73**	**60**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	383	15	398
Diúscairtí	(78)	(7)	(85)
Coigeartú [a]	(262)	(8)	(270)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	43	—	43
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	332	15	347
Dímheas don bhliain	15	—	15
Dímheas ar dhiúscairtí	(75)	(7)	(82)
Coigeartú [a]	(254)	(8)	(262)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	18	—	18
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**25**	—	**25**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	51	—	51

Nóta [a] Baineann an coigeartú le baint earraí aonair a bhfuil luach faoi bhun €10,000 acu ón gclár sócmhainní de réir chiorclán 21/2020, *Méadú ar an tairseach luacha ar a gcuirtear earraí ar an gclár sócmhainní*. Is léiriú é freisin ar cheartú luachanna stairiúla chun ailíniú leis an gclár sócmhainní seasta.

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Boinn daoine in aois an chéid	2	8
Tomhaltáin TF agus stáiseanóireacht	23	21
	25	**29**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí	7	7
Riarachán	3	4
Réamhíocaíochtaí eile	23	10
	33	**21**

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	27	28
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	11	10
Muirear sóisialta uilíoch	5	6
Ranníocaíocht pinsin	3	5
Cáin Shiarchoinneálach	1	0
	47	49
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	7	9
	54	**58**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	840	658
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(859)	(740)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(19)**	**(82)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	28	(30)
Iarmhéideanna dochair: fionraí	7	6
	35	(24)
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(47)	(49)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(7)	(9)
	(54)	(58)
	(19)	**(82)**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			60	(52)
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	4,511		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(840)		
Glanmhéid an Vóta			3,671	3,842
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		4,096	4,016
Nithe eile nach airgead tirim iad – coigeartú sócmhainní caipitil	2.1		(8)	—
Glanchaiteachas clár	1		(7,746)	(7,746)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**73**	**60**

2.7 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**374**	**228**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlán na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	1,983	1,878	1,884
ii	Taisteal agus cothú	310	42	76
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	340	190	237
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	86	66	87
v	Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	390	165	187
		3,109	**2,341**	**2,471**

Difríochtaí suntasacha

Sna míreanna seo a leanas, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €310,000; toradh €42,000

Tháinig gearrdháileadh €268,000 chun cinn toisc go raibh taisteal intíre agus idirnáisiúnta fós ar fionraí de bharr na héigeandála sláinte phoiblí. Mar thoradh air sin, bhí an caiteachas ar thaisteal sa bhliain níos lú ná mar a bhí beartaithe i dtosach.

iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €340,000; toradh €190,000

Tá an laghdú €150,000 ar chaiteachas mar thoradh ar an gcealú ar ócáidí inmheánacha in 2021 de bharr shrianta Covid-19.

v Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara

Soláthar meastacháin: €390,000; toradh €165,000

Bhí gearrdháileadh €225,000 ann i gcaiteachas. Bhain an soláthar meastacháin le hinfheistíocht aonuaire chun córas nua a chuir in áit an chórais reatha 'Lotus Notes'. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2020, ach bhí moill air de thoradh srianta na paindéime. Tá an tionscadal le críochnú in 2022.

Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá	1,932	1,828	1,835
A.2	Riarachán − neamhphá	1,111	461	584
		3,043	**2,289**	**2,419**

Clár B Deolchaire daoine in aois an chéid

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá	51	50	49
B.2	Riarachán − neamhphá	15	2	2
B.3	Deolchaire daoine in aois an chéid	1,484	1,442	1,452
		1,550	**1,494**	**1,503**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair earnála poiblí	75	75	78
2	Ilghnéitheach	7	37	3
	Iomlán	**82**	**112**	**81**

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**23**	**26**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	1,715	1,699
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	49	58
Ragobair	3	7
ÁSPC an fhostóra	111	120
Pá iomlán	**1,878**	**1,884**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	An líon faighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	6	2	20,161	19,174
Ragobair	5	—	1,367	2,110
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

5.4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2 Roinn an Taoisigh freisin. Nochtar a leibhéal tuarastal sa Chuntas Leithreasa do Vóta 2.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 2

Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhair thuarastail agus speansais Roinn an Taoisigh, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Roinn agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €12.157 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Is é an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, atá ina chuid den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a phróiseálann idirbhearta airgeadais ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta rioscaí taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis an bplean seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar thrí chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhar le lucht ardbhainistíochta na Roinne. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta d'aonaid ghnó shonracha.

Mír bhuan ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne is ea bainistíocht riosca freisin.

Tá an próiseas bliantúil um Measúnú Náisiúnta Riosca, atá faoi mhaoirsiú Roinn an Taoisigh, ar bun freisin agus tugtar deis lena linn sainaithint agus plé a dhéanamh ar rioscaí straitéiseacha atá os comhair na hÉireann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Ba i mí na Nollag 2021 a foilsíodh an Measúnú Náisiúnta Riosca 2021/2022 agus leagtar amach ann na rioscaí is suntasaí geopholaitíochta, geilleagracha, sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta atá i ndán don tír. Tagraítear ann freisin do thuairimí idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn maidir le ceachtanna do rialachas riosca ón eispéireas ar Covid-19, agus béim ar leith á cur ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar theacht aniar a fheabhsú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht ardbhainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe maidir le Covid-19

Tugadh faoi mheasúnú maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus níor tugadh aon athruithe ar bith ar an bpróiseas rialaithe faoi deara. Deimhním go bhfuil na rialuithe a bhí ann cheana éifeachtach fós.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais	51,094	38,719	42,808
Ollchaiteachas		**51,094**	**38,719**	**42,808**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**917**	**699**	**626**
Glanchaiteachas		**50,177**	**38,020**	**42,182**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh, a ghéilleadh don Státchiste

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**12,156,604**	**11,831,030**

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		18,177	23,860
Pá		17,218	15,667
Neamhphá		3,324	3,281
Ollchaiteachas		**38,719**	**42,808**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**699**	**626**
Glanchaiteachas		**38,020**	**42,182**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(21)		
Dímheas	294	273	171
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,361)		
Méadú ar stoc	(11)	(1,372)	1,158
Caiteachas díreach		**36,921**	**43,511**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		5,184	4,917
Measchíosanna		1,517	1,517
Glanchostas an chláir		**43,622**	**49,945**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	20	8
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,767	3,490
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	572	638
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	25	25
Vóta 20	An Garda Síochána	168	205
Vóta 24	Dlí agus Ceart	58	55
Vóta 36	Cosaint	88	85
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	36	—
An Príomh-Chiste: Pinsin an Taoisigh agus na nAirí		450	411
		5,184	**4,917**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	766	1,039
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	262	400
Stoic	2.3	83	72
Réamhíocaíochtaí	2.4	440	365
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	96	335
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	401	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,282**	**1,172**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	1,293	2,580
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	759	675
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	—	59
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,052**	**3,314**
Glandliteanais reatha		(770)	(2,142)
Glandliteanais		**(4)**	**(1,103)**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**(4)**	**(1,103)**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	662	1,385	488	2,535
Breiseanna	—	21	—	21
Tugtha in úsáid	—	488	(488)	—
Diúscairtí	—	(8)	—	(8)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	662	1,886	—	2,548
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	553	943	—	1,496
Dímheas don bhliain	18	276	—	294
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(8)	—	(8)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	571	1,211	—	1,782
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**91**	**675**	**—**	**766**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	109	442	488	1,039

2.2. Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	262	399
Iarmhéid cuntais bainc eile	—	1
	262	**400**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Bronntanais oifigiúla	20	20
Stáiseanóireacht	51	40
Foilseacháin	1	1
Ábhar inchaite	11	11
	83	**72**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí TFC	393	351
Réamhíocaíochtaí an chláir	27	8
Réamhíocaíochtaí eile riaracháin	20	6
	440	**365**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	5
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an bpas taistil	35	2
Míreanna dochair eile ar fionraí	61	328
	96	**335**

2.6 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Fabhruithe cumarsáide poiblí maidir le Covid-19	976	2,391
Fabhruithe clár eile	163	111
Fabhruithe riaracháin	154	78
	1,293	**2,580**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	344	303
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	141	134
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	33	86
Cáin bhreisluacha	20	26
	538	549
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	164	126
Míreanna sochair eile ar fionraí	57	—
	759	**675**

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	12,157	11,831
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(12,558)	(11,772)
Glanmhaoiniú Státchiste atá	**(401)**	**59**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	262	399
Iarmhéideanna dochair: fionraí	96	335
	358	734
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(538)	(549)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(221)	(126)
	(759)	(675)
	(401)	**59**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			(1,103)	225
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	50,177		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(12,157)		
Glanvóta			38,020	42,182
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		5,184	4,917
Míreanna neamhairgid - coigeartú			–	1
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1		1,517	1,517
Glanchostas an chláir	1		(43,622)	(49,945)
Iarmhéid ag 31 Nollaig			**(4)**	**(1,103)**

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	**2021**	**2020**
ag an 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	**163**	**171**

2.11 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an dá chás Ard-Chúirte a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis maidir leis na hiarrataí comhshaoil a luadh mar dhliteanais theagmhasacha i gcuntas leithreasa na bliana 2020 ag dul ar aghaidh fós, agus d'fhéadfadh costais a bheith ann mar thoradh orthu sin.

Rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát costais €248,080 a shocrú i mí na Nollag 2021 i gcás na hArd-Chúirte a bhain le forálacha bunreachtúla lena rialaítear cruinnithe an tSeanaid, rud a luadh mar dhliteanas teagmhasach i gcuntas leithreasa na bliana 2020. Níor iarr an Roinn go fóill go n-aisíocfaí na costais sin.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuireadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,107	17,218	15,667
ii	Taisteal agus cothú	730	184	216
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,826	1,389	1,074
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	360	217	290
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,060	1,123	1,060
vi	Costais áitribh oifige	376	411	641
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	18	—	—
		23,477	**20,542**	**18,948**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €730,000; toradh €184,000

Is mar gheall ar laghdú suntasach ar thaisteal de dheasca Covid-19 a tháinig laghdú €546,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe. Fritháiríodh coigiltí faoin bhfo-mhírcheann seo in aghaidh caiteachas méadaithe a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann v. Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha agus faoi fho-mhírcheann vi. Costais áitribh oifige.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €2.826 milliún; toradh €1.389 milliún

Bhí baint ag an laghdú €1.437 milliún ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha leis an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 agus, mar gheall air sin, bhí caiteachas níos ísle ná mar a bhí tuartha ar fud raon réimsí, lena n-áirítear imeachtaí Stáit; oiliúint agus forbairt foirne; agus an tairseach gov.ie.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €360,000; toradh €217,000

Tharla an laghdú €143,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar chostais phoist a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo agus éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach sa teileachumarsáid.

Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

		2021 Soláthar meastacháin €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
A.1	Riarachán – pá	18,107	17,218	15,667
A.2	Riarachán – neamhphá	5,370	3,324	3,281
A.3	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	2,113	1,973	1,761
A.4	Binsí Fiosrúcháin	4,209	793	1,422
A.5	Coimisiún Imscrúdúcháin	4,430	2,690	3,044
A.6	Tionól Saoránach	1,865	594	732
A.7	Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19	15,000	12,127	16,901
		51,094	**38,719**	**25,188**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna míreanna seo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €12.375 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €2.935 milliún den tsuim sin le caiteachas riaracháin a bhfuil difríochtaí suntasacha ina leith mínithe cheana féin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €9.440 milliún:

A.3 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach

Soláthar meastacháin €2.113 milliún; toradh €1.973 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar phoist foirne a líonadh sa chéad cheithre mhí den bhliain 2021 a bhí an t-easnamh €140,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

A.4 Binsí Fiosrúcháin

Soláthar meastacháin €4.209 milliún; toradh €793,000

Ba mar thoradh ar an líon éileamh costas dlí a socraíodh sa bhliain 2021 a bheith níos lú ná mar a measadh a bhí easnamh €3.416 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Níl aon smacht ag an Roinn ar na costais dlí tríú páirtí a dhámhann Binsí Fiosrúcháin agus tá sé dodhéanta an t-uainiú a thuar i dtaca le socrú na gcostas tríú páirtí a bheidh dlite ag am áirithe ar bith.

A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin

Soláthar meastacháin €4.430 milliún; toradh €2.69 milliúin

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar an Roinn agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais agus ceanglais a bhfiosrúchán ar an gcéad dul síos. Tharla an tearc-chaitheamh €1.74 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar an deacracht a bhí ag na Coimisiúin leibhéal agus uainiú a riachtanas caiteachais féin a thuar go cruinn, lena n-áirítear caiteachas a d'eascair as cinntí le costais tríú páirtí a dhámhachtain.

A.6 Tionól Saoránach

Soláthar meastacháin €1.865 milliún; toradh €594,000

Bhí easnamh €1.127 milliún i gcaiteachas sa bhliain 2021 mar gheall nach raibh an Tionól ábalta cruinnithe ar an láthair a reáchtáil de dheasca Covid-19. Chuir an Tionól a chuid oibre i gcrích ar líne sa bhliain 2021, agus cúig chruinniú ar líne aige ó mhí Eanáir go mí Aibreáin. Bhí moill ann freisin ar an gcéad Tionól eile a bhunú mar gheall ar Covid-19.

A.7 Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19

Soláthar meastacháin €15 mhilliún; toradh €12.127 milliún

Íocadh sonraisc arbh fhiú €976,000 iad i dtús na bliana 2022 i ndáil le roinnt feachtas cumarsáide poiblí maidir le Covid-19 a reáchtáladh i mí na Nollag 2021 agus ba é sin ba chúis leis an easnamh €2.873 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Bhí an leibhéal cumarsáide a bhí de dhíth seachas sin níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasaí-i-gcabhair	58	31	20
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	859	668	606
	Iomlán	**917**	**699**	**626**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa nóta seo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €218,000 níos lú ná an meastachán.

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin €859,000; toradh €668,000

Bhí rómheastachán ar na fáltais a bhí dlite agus an mhoill ar fholúntais a líonadh mar a bhí beartaithe taobh thiar den laghdú €191,000 ar fháltais i gcomparáid leis an meastachán. Mar thoradh air sin, bhí na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	55	43
Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail sealbhóirí oifige	99	55
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(55)	(43)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**99**	**55**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Roinn	236	236
Gníomhaireacht - An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	16	14
	252	**250**

5.2 Pá -Roinn

	2021 €000	2020 €000
Pá	16,041	14,724
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht	166	322
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	395	295
Ragobair	308	283
ÁSPC an fhostóra	1,294	1,149
Pá iomlán [a]	**18,204**	**16,773**

Nóta [a] Áirítear pá i ndáil le foireann binsí agus i ndáil le coimisiún imscrúdúcháin ar fhigiúr iomlán pá na roinne.

5.3 Pá - Gníomhaireacht

	2021 €000	2020 €000
Pá	1,327	1,189
ÁSPC an fhostóra	123	103
Pá Iomlán	**1,450**	**1,292**

Nóta Tá an fhaisnéis bunaithe ar thuairisceáin a rinne an Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	34	15	51,657	26,066
Ragobair	73	8	21,528	20,678
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	13	10	36,229	30,575

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €29,829 (2020: €29,829) i dtaca le sochair scoir chomhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

Rinneadh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €8,470. Bhí an íocaíocht a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €111,254 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad, nó ar feadh cuid di, i ranna/oifigí rialtais eile agus arbh iad na ranna/na hoifigí sin a d'íoc a dtuarastal leo.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	5	10,472	6,405
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	2	6,774	3,104

Rinneadh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí amháin i ndáil le duine amháin arbh ionann a luach agus €552 a aistriú chuig roinn eile le linn na bliana 2021.

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €140,829 san iomlán iad le linn na bliana 2021 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht. Fuair an bheirt aonair íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €24,720 san iomlán iad.

5.8 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal I, agus olltuarastal bliantúil €213,859 aige (€211,742 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin nó fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra shocraithe	Bliain an cheaptha	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2021	2021	2020
		€000	€000	€000
Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry) [a]	1997	66,439	793	1,422
Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) [b]	2015	11,036	1,801	2,190
Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) [c]	2017	3,910	889	855
			3,483	**4,467**

Nótaí

[a] Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an am seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le díol phunann Thionscadal *Eagle* ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas an tsuim €20,457 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena dtabhairt ag an Taoiseach agus Airí Stáit nó thar a gceann in 2021 (2020: €13,079).

6.3 Nithe a díscríobhadh

Ní dhearnadh aon suim a dhíscríobh le linn na bliana (2020: €40,000).

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce Roinn an Taoisigh

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus an dáta ar ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht	An tréimhse chuntasa íochta dheiridh	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	Dáta a fuair an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	2020	2 Nollaig 2021	22 Nollaig 2021	4 Feabhra 2022

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 3

Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €603,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin mar a leagtar amach go díreach thíos.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir/Ceann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe;

- go bhfuil córas buiséad cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú;
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig;
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann agus go gcloítear le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go gcoinníonn an Oifig feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe agamsa. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a d'fhormheas mé féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de dhá chonradh (os cionn €25,000) arbh fhiú €251,156 san iomlán iad (gan CBL a áireamh); tá sonraí leagtha amach thíos:

- Dámhadh dhá chonradh dar luach €144,655 agus €106,501 i leith seirbhísí dréachtaithe parlaiminte gan próiseas iomaíoch. Measadh go raibh siad neamhchomhlíontach toisc nach raibh na conarthaí faoi réir próiseas iomaíoch sa bhliain mar gheall ar chineál speisialaithe na hoibre a bhí i gceist. Baineann ceann amháin den dá chonradh a bronnadh le habhcóide parlaiminte a bheith ar iasacht ó Pharlaimint na hAlban.

Chuir an Oifig sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an dá chonradh dá dtagraítear thuas ar áireamh sa tuairisceán seo.

Creat rioscaí agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha a mhaolú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus na heasnaimh rialaithe a chuirtear in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB), nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil próisis ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 a n-éilítear nochtadh sa chuntas leithreasa ina leith.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe san Oifig, agus rinneadh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe a oiriúnú chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as na srianta san ionad oibre a forchuireadh mar thoradh ar an bpaindéim. Áirítear leis sin cianobair a éascú, sonraisc leictreonacha a chur isteach agus íocaíochtaí a cheadú go digiteach.

Tabhaíodh an chuid is mó de na costais bhreise a bhain le freagairt na hOifige d'oibriú i dtimpeallacht Covid-19 in 2020 agus níor tabhaíodh ach mionchostais bhreise agus leanúnacha a bhain go díreach le paindéim Covid-19 le linn 2021.

Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19 de bheith éifeachtach.

Damien Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

16 Meitheamh 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí	17,459	16,707	15,682
Ollchaiteachas		**17,459**	**16,707**	**15,682**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**705**	**556**	**542**
Glanchaiteachas		**16,754**	**16,151**	**15,140**

Farasbarr

Tá farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**602,635**	**1,039,697**

Damien Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		2,460	2,129
Pá		11,601	11,377
Neamhphá		2,646	2,176
Ollchaiteachas		**16,707**	**15,682**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**556**	**542**
Glanchaiteachas		**16,151**	**15,140**
Athruithe ar shócmhainní reatha			
Ceannacháin airgid thirim	(65)		
Dímheas	188	123	(164)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	172		
Laghdú ar stoc	4	176	(37)
Caiteachas díreach		**16,450**	**14,939**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,510	2,821
Measchíosanna		791	791
Glanchostas an chláir		**20,751**	**18,551**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 3 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	2,809	2,317
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	357	171
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	14	15
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	24	—
An Príomh-Chiste – Pinsin maidir le hiarArd-Aighní		306	318
		3,510	**2,821**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	368	491
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.2	38	42
Réamhíocaíochtaí	2.3	354	192
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	50	59
Ioncam fabhraithe		—	1
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	58	67
Iomlán na sócmhainní reatha		**500**	**361**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim		18	(212)
Speansais fhabhraithe	2.5	398	65
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	90	338
Iomlán na ndliteanas reatha		**506**	**191**
Glansócmhainní reatha		(6)	170
Glansócmhainní		**362**	**661**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**362**	**661**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,708	5,145	6,853
Breiseanna	—	65	65
Diúscairtí	(16)	(6)	(22)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,692	5,204	6,896
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1,657	4,705	6,362
Dímheas don bhliain	18	170	188
Dímheas ar dhiúscairtí	(16)	(6)	(22)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	1,659	4,869	6,528
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**33**	**335**	**368**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	51	440	491

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	16	19
Ábhar inchaite TF	22	23
	38	**42**

2.3 Réamhíocaíochtaí

	2021	2020
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí	192	102
Seirbhísí leabharlainne	158	89
Réamhíocaíochtaí eile	4	1
	354	**192**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	37	38
Óinchistí taistil	1	—
Scéim in-fhorchúitithe pas taistil	9	4
Míreanna dochair eile ar fionraí	3	17
	50	**59**

2.5 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Saineolas dlí ar conradh	363	20
Costais riaracháin eile	35	45
	398	**65**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	—	177
Tobhach ioncaim	—	37
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	—	106
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	41	16
Cáin bhreisluacha	49	—
Creidiúnaithe eile	—	2
	90	**338**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	603	1,040
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(661)	(1,107)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(58)**	**(67)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	50	59
	50	**59**
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(90)	(338)
Banc agus airgead tirim	(18)	212
	(108)	**(126)**
	(58)	**(67)**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			661	460
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	16,754		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(603)		
Glanvóta			16,151	15,140
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		3,510	2,821
Caiteachais neamhairgid thirim - Measchíos	1		791	791
Glanchostas an chláir	1		(20,751)	(18,551)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**362**	**661**

2.9 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda		
ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**495**	**570**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,260	11,601	11,377
ii	Taisteal agus cothú	210	70	80
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	640	543	484
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	116	75
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	700	839	1,026
vi	Costais áitribh oifige	160	98	103
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	35	21	29
viii	Saineolas dlí faoi chonradh	710	873	240
		14,815	**14,161**	**13,414**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin: €12.26 milliún; toradh: €11.601 milliún

Tháinig an coigilteas €659,000 chun cinn toisc nár líonadh gach post laistigh den Oifig le linn na bliana mar gheall ar an am a thóg sé chun foireann a earcú. Ina theannta sin, bhí ceann de na poist is sinsearaí laistigh den Oifig fós folamh ar feadh na bliana ar fad.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €210,000; toradh: €70,000

Tháinig an coigilteas €140,000 chun cinn mar gheall ar shrianta taistil ó phaindéim Covid-19.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar measctha: €700,000; toradh: €839,000

Tháinig an róchaiteachas €139,000 faoin bhfotheideal seo chun cinn toisc gur uasghrádaíodh trealamh TF agus gur réamhíocadh ceadúnais oibriúcháin trí bliana.

viii Saineolas dlí faoi chonradh

Soláthar measctha: €710,000; toradh: €873,000

Tháinig an róchaiteachas €163,000 chun cinn mar gheall ar an gceanglas chun costais a bhain le tionscadal chun athbhreithniú agus athdhréachtú a dhéanamh ar na dlíthe pleanála a urscaoileadh, rud nár soláthraíodh maoiniú dó sa mheastachán bunaidh.

Clár A Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

		2021		2020
		Soláthar measctha	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	12,260	11,601	11,377
A.2	Riarachán – neamhphá	2,555	2,560	2,037
A.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	54	53	50
A.4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	2,460	2,460	2,129
A.5	Costais ghinearálta dlí	130	33	89
		17,459	**16,707**	**15,682**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	697	549	540
2	Ilghnéitheach	8	7	2
	Iomlán	**705**	**556**	**542**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €149,000 níos lú ná an measachán.

1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measachán: €697,000; réadaithe: €549,000

Tharla an t-easnamh €148,000 toisc nár líonadh gach post san Oifig agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí ar fud na bliana 2021. Mar thoradh ar an laghdú ar na tuarastail a íocadh agus ráta na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise is infheidhme maidir leis na poist seo, laghdaíodh ina dhiaidh sin luach na ranníocaíochtaí aoisliúntais iarbhír a bailíodh.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Líon foirne ag deireadh na bliana	2021	2020
Oifig an Ard-Aighne	145	138
Gníomhaireachtaí	20	18
Iomlán	**165**	**156**

5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

	2021 €000	2020 €000
Pá	10,506	10,356
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	62	63
Liúntais eile	14	14
Ragobair	13	6
ÁSPC an Fhostóra	1,006	938
Pá iomlán	**11,601**	**11,377**

5.2 Pá – gníomhaireachtaí

	2021 €000	2020 €000
Pá	1,466	1,202
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	3	—
ÁSPC an Fhostóra	103	104
Pá iomlán [a]	**1,572**	**1,306**

Nóta [a] Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €2.46 milliún faoi Fhotheideal A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (€2.129 milliún in 2020). Chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	7	3	27,946	11,050
Liúntais eile	7	—	8,989	4,533
Ragobair	5	1	10,147	5,781
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	1	28,044	11,912

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €276,978 i leith costais tuarastail triúir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2021 ar fad nó cuid di.

Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith 35 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2021 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus ar íoc an roinn/oifig óstach a dtuarastail.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag leibhéal Ard-Rúnaí III, agus an tuarastal comhlán bliantúil a bheith cothrom le €202,604 (€200,598 amhail an 31 Nollaig 2020).

Aguisín A Cuntas faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann (amhail dáta sínithe an chuntais) an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an tréimhse inar tíolacadh don Oireachtas iad.

Comhlacht	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire í	An dáta a tíolacadh don Oireachtas í
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	2020	15 Nollaig 2021	21 Nollaig 2021	19 Eanáir 2022

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 4

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.938 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath orthu sin agus ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra na feidhme sin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá ann don Oifig bonn eolais faoina cuid oibre agus is ar an anailís sin a bhíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa féin, bunaithe. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig gach treoirlíne ábhartha ach amháin i gcás dhá chonradh neamhchomhlíontacha dar luach iomlán €78,557, mar atá leagtha amach thíos:

- Conradh amháin dar luach €51,600, a bhain le tar-rolladh gearrthéarmach conartha a bhí ann cheana. Bhí sé sin ag teastáil mar gheall ar mhoilleanna dosheachanta ar sheirbhísí a chur chun feidhme faoi chonradh iomaíoch nua.
- Conradh amháin dar luach €26,957, ar ina leith a bhí an athnuachan bhliantúil níos lú ná €25,000 ach a tabhaíodh caiteachas carnach ar mhó é ná an tairseach €25,000 a bhí ann cheana nuair a ceannaíodh uasghrádú riachtanach tráth níos déanaí sa bhliain.

Tá sé beartaithe ag an Oifig an cás seo a réiteach trí chur leis an ról maoirseachta agus comhlíonta atá ag an rannóg tacaíochta soláthair. Áirítear ar bheartais agus nósanna imeachta rialachais bainistiú réamhghníomhach saincheisteanna leagáide. Cuireadh córas comhtháite um bainistiú conarthaí i bhfeidhm in 2021 agus, le forbairt leanúnach an chórais, beidh infheictheacht níos mó ar chaiteachas ar chonarthaí agus ar spriocdhátaí ar feitheamh i gceist.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar sheacht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn eolais faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 i rith na bliana; áiríodh leis sin tionchair ar tháirgeadh staidrimh, rialuithe airgeadais agus próisis tacaíochta, ceanglais chun tacú le hoibriú ón mbaile agus folláine foirne, sábháilteacht fhisiciúil na mball foirne riachtanach ar an láthair a chinntiú, agus slándáil foirgneamh agus sócmhainní.

Ba é príomhfhócas na coda ba mhó de na 900 duine atá ar fhoireann na hOifige ar an gcéad dul síos ná leanúnachas gnó a chothabháil fad agus a bhí siad á n-aistriú chuig córas cianoibre. Cheangail úsáideoirí go díreach leis an ríomhaire deisce oifige atá acu, rud lenar éascaíodh cianrochtain shlán agus chobhsaí ar chórais na Príomh-Oifige Staidrimh agus lenar coisceadh aon laghdú ar bith ar rialuithe slándála. I rith 2021, thosaigh an Oifig ar ríomhairí glúine comhbhainistithe corparáideacha a thabhairt do gach ball foirne. Tugadh Microsoft Teams isteach chun cuidiú agus cur le comhoibriú agus le cumarsáid. Seoladh tionscadal freisin chun an bonneagar cianoibre a bhí ann cheana a uasghrádú agus bonneagar nua a chur ina áit chun acmhainn bhreise a chur ar fáil agus chun tacú le forbairtí amach anseo.

Leanadh le seiceálacha agus próisis airgeadais a dhéanamh lasmuigh den láthair, lena n-áirítear fíoruithe seiceálaí/athbhreithneora agus leithscaradh dualgas. Cuireadh próiseas sínithe leictreonaigh i bhfeidhm chun foirmeacha údaraithe íocaíochta sonraisc a chomhlánú. Tá na próisis agus na seiceálacha uile a bhí ann cheana féin fós á ndéanamh sula gcuirtear sonraisc faoi bhráid na Rannóige Airgeadais lena n-íoc.

Lean an Oifig den chlár oibre staidrimh bliantúil agus gach obair eile a sholáthar ó thimpeallacht a bhí bunaithe sa bhaile go príomha ar fud 2021 ar fad. Lean an Oifig de shaineolas staidrimh agus anailíseach agus seirbhísí nua sonraí a chur ar fáil chun tacú le freagairt an rialtais láir don phaindéim. Chomh maith le seirbhísí nua sonraí, chuir an Oifig sraith suirbhéanna, aschur agus formáidí nua ar fáil chun athruithe ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann ó thús na paindéime a léiriú. Lean an Oifig de rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí nua chun freastal ar an éileamh ar léargas ar thionchar na géarchéime ar ghnóthaí agus ar an tsochaí agus chun oibriú chun an rochtain ar fhoinsí nua a cuireadh ar fáil a dhaingniú agus chun torthaí breise nua a fhorbairt ó na foinsí sin. Lean an Oifig dá ról maidir le Maoirseacht Sonraí a fhorbairt agus de cháilíocht sonraí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí a fheabhsú tríd an gclár iasachtaí, tríd an ról ceannaireachta maidir le Bonneagar Náisiúnta Sonraí (BNS), agus trínár Straitéisí Cáilíochta, Modheolaíochta agus Teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Pádraig Dalton
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Clár staidrimh bliantúil a sholáthar	64,675	61,880	64,979
		64,675	**61,880**	**64,979**
Ollchaiteachas				
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,520**	**1,663**	**1,469**
Glanchaiteachas		**63,155**	**60,217**	**63,510**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**2,938,409**	**2,179,548**

Pádraig Dalton
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		48,028	45,275
Neamhphá		13,852	19,704
Ollchaiteachas		**61,880**	**64,979**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		1,663	1,469
Glanchaiteachas		**60,217**	**63,510**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(4,493)		
Dímheas	1,580	(2,913)	(7,304)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(587)		
Méadú ar stoc	(46)	(633)	(576)
Caiteachas díreach		**56,671**	**55,630**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		8,816	8,888
Measchíosanna		1,706	1,706
Glanchostas an chláir		**67,193**	**66,224**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 4 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1,259	1,350
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	6,484	6,198
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	971	1,237
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	102	103
		8,816	**8,888**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	19,293	16,380
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	981	1,067
Stoic	2.3	144	98
Réamhíocaíochtaí	2.4	1,968	1,495
Ioncam fabhraithe		113	99
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	108	226
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	753	649
Iomlán na sócmhainní reatha		**4,067**	**3,634**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		362	462
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,842	1,942
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,204**	**2,404**
Glansócmhainní reatha		1,863	1,230
Glansócmhainní		**21,156**	**17,610**
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**21,156**	**17,610**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	70,208	3,212	10,310	83,730
Breiseanna	334	—	4,159	4,493
Diúscairtí	(239)	(6)	—	(245)
Aistrithe	2,738	—	(2,738)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	73,041	3,206	11,731	87,978
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	64,262	3,088	—	67,350
Dímheas don bhliain	1,557	23	—	1,580
Dímheas ar dhiúscairtí	(239)	(6)	—	(245)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	65,580	3,105	—	68,685
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**7,461**	**101**	**11,731**	**19,293**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	5,946	124	10,310	16,380

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	979	1,065
Mionairgead	2	2
	981	**1,067**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	99	87
Ábhar inchaite TF	18	11
Dearbháin bhronntanais	27	—
	144	**98**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,568	1,344
Poiblíocht an Daonáirimh	227	—
Réamhíocaíochtaí eile	173	151
	1,968	**1,495**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tuarastail in-fhorchúitithe	26	162
Caiteachais in-fhorchúitithe maidir le taisteal	—	3
Caiteachais in-fhorchúitithe faoin scéim pas taistil	9	6
Iarmhéid ar fionraí le hOifig na nOibreacha Poiblí	51	38
Míreanna dochair eile ar fionraí	22	17
	108	**226**

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	659	560
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	432	380
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	121	31
Cáin bhreisluacha	19	56
Ranníocaíochtaí pinsin	219	121
Cáin mhaoine áitiúil	5	5
Muirear sóisialach uilíoch	129	113
	1,584	1,266
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	183	186
Míreanna sochair eile ar fionraí	75	490
	1,842	**1,942**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	2,938	2,180
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,691)	(2,829)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(753)**	**(649)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	981	1,067
Iarmhéideanna dochair: fionraí	108	226
	1,089	1,293
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,584)	(1,266)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(258)	(676)
	(1,842)	(1,942)
	(753)	**(649)**

2.8 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			17,610	9,730
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	63,155		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,938		
Glanvóta			60,217	63,510
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		8,816	8,888
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		1,706	1,706
Glanchostas an chláir	1		(67,193)	(66,224)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**21,156**	**17,610**

2.9 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	7,121	9,162
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**7,121**	**9,162**

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	1	1

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: clár staidrimh bliantúil a sholáthar.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	48,576	48,028	45,275
ii	Taisteal agus cothú	1,290	186	369
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,580	1,747	942
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,230	1,230	2,717
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	8,866	8,445	13,462
vi	Costais áitribh oifige	1,259	1,466	1,177
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	30	18	9
viii	Bailiú staidrimh	1,844	760	1,028
		64,675	**61,880**	**64,979**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.29 milliún; toradh €186,000

Bhí an laghdú €1.104 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú i gceist de bharr srianta taistil a d'eascair as paindéim Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.58 milliún; toradh €1.747 milliún

Bhí an méadú €167,000 ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus ar speansais theagmhasacha i gceist de dheasca caiteachas breise ar phoiblíocht dhaonáireamh 2022.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.259 milliún; toradh €1.466 milliún

Bhí an méadú €207,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige i gceist de dheasca caiteachas breise ar fheabhsúcháin oifige, obair a bhain le Covid-19 agus riachtanais oifige baile.

viii Bailiú staidrimh

Soláthar meastacháin €1.844 milliún; toradh €760,000

Bhí an laghdú €1.084 milliún ar chaiteachas ar bhailiú staidrimh i gceist de dheasca shrianta Covid-19. Bhí ar an Oifig an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach a chur siar.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ón Aontas Eorpach	130	182	157
2	Ilghnéitheach	70	96	66
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	1,320	1,385	1,246
	Iomlán	**1,520**	**1,663**	**1,469**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**898**	**853**

5.2 Pá

	2021	2020
	€000	€000
Pá	44,103	41,620
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	280	228
Liúntais eile [a]	—	—
Ragobair	63	66
ÁSPC an fhostóra	3,582	3,361
Pá iomlán [b]	**48,028**	**45,275**

Nótaí
[a] De bharr athaicmiú liúntas i gCuntas 2021, rinneadh liúntais speisialta 2020 agus liúntais eile a athchumrú chun críocha comparáideacha.
[b] Is ionann figiúr an phá iomláin agus é sin i bhfo-mhírcheann A(i).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	59	2	14,419	13,206
Ragobair agus tinreamh breise	13	1	10,846	11,232
Liúntais eile	1	—	40	—
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	12	7	18,406	18,676

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €6,305 i rith 2021. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ní raibh aon oifigigh ag fónamh taobh amuigh den Oifig ar feadh na bliana 2021 ar fad ná ar feadh cuid di agus arbh í an Oifig a d'íoc a dtuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 34 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus nach ndearna an Oifig a dtuarastal a fhorchúiteamh.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	45	82,554	114,143
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	21	48,395	30,346

Rinneadh sé phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €13,076 i leith cúigir a aistriú chuig Ranna eile le linn na bliana.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus olltuarastal bliantúil €192,474 aige (€190,568 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Faigheann an Oifig maoiniú i dtaca le tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. I rith 2021, fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam €182,452 ón Aontas Eorpach de bhun dhá chonradh. Bhain an dá chonradh le bailiú sonraí chun comparáidí paireachta cumhachta ceannaigh a éascú idir praghsanna príomhchathrach. Aithníodh an maoiniú sin mar leithreasaí-i-gcabhair in 2021.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn i rith na bliana

	Éilimh arna ndéanamh ag:		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**2021**	**2020**
Líon na gcásanna	3	—	3	2
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	9	—	9	—
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	95	—	95	—
Costais dlí	—	—	—	14
Costais eile	2	—	2	—
Iomlán 2021	**106**	—	**106**	**14**
Iomlán 2020	14	—	106	—

Nótaí [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas fós le híoc:

	2021	**2020**
Éilimh dhíobhála	1	1
Éilimh dhíobhála ag an obair	6	5

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh arna ndéanamh ag:		
	fostaithe	**daoine den phobal**	**Iomlán**
Líon na gcásanna	—	—	—
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	—	—
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	—
Costais eile	—	—	—
Iomlán	—	—	—

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 5

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €232,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas

Costais fhabhraithe ghinearálta dlí

Ríomhtar costais fhabhraithe ghinearálta ach úsáid a bhaint as ceann amháin de na critéir seo a leanas:

- Fabhraítear billí costais a fuarthas roimh an 28 Feabhra den bhliain dar gcionn go hiomlán, is cuma an bhfuil siad aontaithe agus socraithe no nach bhfuil.
- Fabhraítear costais a dámhadh i gcás nach bhfuarthas na billí costas faoin 28 Feabhra bunaithe ar mheastachán ón oifigeach costais agus castacht na n-imeachtaí agus fad an cháis á gcur san áireamh.

Táillí fabhraithe ar chostais abhcóide

- Cuimsíonn táillí fabhraithe ar chostais abhcóide soláthar ginearálta d'éisteachtaí nár tuairiscíodh don Oifig laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana. Tá an ríomh bunaithe ar mheánleibhéal na dtáillí sin a tháinig chun cinn sna trí bliana roimhe sin.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí i leith riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Oifig, a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí á dhéanamh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte, cé is moite de dhá chonradh (níos mó ná €25,000) dar luach €239,161 san iomlán (gan CBL san áireamh); tá na sonraí leagtha amach thíos:

- Bhain an chéad chonradh, dar luach €56,548, le dí-éilliú coisctheach seachtainiúil áitribh na hOifige mar chuid de na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte oibre a choinneáil le linn na paindéime. Níor eisíodh tairiscint mar ní raibh aon chinnteacht ann faoi cé chomh fada is a bheadh an tseirbhís ag teastáil. Bhíothas ag súil go mb'fhéidir nach mbeadh an tseirbhís ag teastáil a thuilleadh le linn 2021. Mar sin féin, le teacht chun cinn na malairtí, b'éigean leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís ar feadh na bliana ar fad.
- Bhain an dara conradh, dar luach €182,613, le soláthar seirbhísí slándála gardaí statach. Chuaigh an conradh roimhe in éag ag deireadh mhí an Mheithimh 2021. Chuir an Oifig tús le próiseas soláthair i mí Aibreáin 2021 ach úsáid a bhaint as creat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP). Tugadh an próiseas sin chun críche faoi mhí na Samhna agus cuireadh conradh nua i bhfeidhm do na seirbhísí sin i mí na Nollag 2021.

Chuir an Oifig mionsonraí ar fáil maidir le conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat rioscaí agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Oifig agus déantar iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht leis as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh próisis mhonatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don lucht bainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus bhí ról mór ag an gcianobair agus ag an obair fhíorúil sa chaoi ar lean an Oifig ag comhlíonadh a feidhmeanna. Mar thoradh air sin, thug an Oifig roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Rinne an lucht bainistíochta measúnú ar na rioscaí a bhaineann le Covid-19 don timpeallacht rialaithe agus don Oifig i gcoitinne. Rinne Coiste Iniúchóireachta na hOifige athbhreithniú ar na hathruithe a tugadh isteach agus déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht orthu go rialta. Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 de bheith éifeachtach sa bhliain 2021.

Elizabeth Howlin
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar measatacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Soláthar seirbhís ionchúisimh	45,549	45,244	44,248
Ollchaiteachas		**45,549**	**45,244**	**44,248**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**845**	**772**	**701**
Glanchaiteachas		**44,704**	**44,472**	**43,547**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**231,875**	**421,070**

Elizabeth Howlin
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir		25,810	25,098
Pá		17,015	16,029
Neamhphá		2,419	3,121
Ollchaiteachas		**45,244**	**44,248**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		772	**701**
Glanchaiteachas		**44,472**	**43,547**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas	171	171	150
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	195		
Laghdú ar stoc	59	254	(1,479)
Caiteachas díreach		**44,897**	**42,218**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		2,757	2,069
Measchíosanna		2,025	2,025
Glanchostas an chláir		**49,679**	**46,312**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,021	1,257
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	567	587
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	21	20
Vóta 20	An Garda Síochána	148	205
		2,757	**2,069**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	61	398
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	837	307
Stoic	2.3	94	153
Réamhíocaíochtaí	2.4	238	213
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	367	382
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,536**	**1,055**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	2,221	2,001
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	1,190	1,099
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	14	(410)
Iomlán na ndliteanas reatha		**3,425**	**2,690**
Glandliteanais reatha		(1,889)	(1,635)
Glandliteanais		**(1,828)**	**(1,237)**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**(1,828)**	**(1,237)**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	3,558	544	4,102
Coigeartuithe [a]	(1,079)	(520)	(1,599)
Diúscairtí	(28)	—	(28)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	2,451	24	2,475
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	3,218	486	3,704
Dímheas don bhliain	164	7	171
Coigeartuithe [a]	(950)	(483)	(1,433)
Dímheas ar dhiúscairtí	(28)	—	(28)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2,404	10	2,414
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**47**	**14**	**61**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	340	58	398

Nóta [a] Baineann coigeartú glan €166,000 le sócmhainní a chosnaíonn níos lú ná €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní. Léirítear é sin sa chuntas maoinithe stáit (féach Nóta 2.9).

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	836	283
Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile	1	24
	837	**307**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht	33	40
Ábhar inchaite TF	61	113
	94	**153**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Bogearraí agus cothabháil eile	158	159
Seirbhísí faisnéise	73	50
Taisteal agus cothú	7	4
	238	**213**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna dochair eile á gcoinneáil ar fionraí	**367**	**382**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Táillí d'abhcóidí	1,468	1,095
Costais ghinearálta dlí	624	829
Costais eile	129	77
	2,221	**2,001**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	624	537
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	184	169
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	359	370
Cáin bhreisluacha	23	21
	1,190	1,097
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	—	2
	1,190	**1,099**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	232	421
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(218)	(831)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**14**	**(410)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	837	307
Iarmhéideanna dochair: fionraí	367	382
	1,204	689
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,190)	(1,097)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	—	(2)
	(1,190)	(1,099)
	14	**(410)**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			(1,237)	(2,565)
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	44,704		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(232)		
Glanvóta			44,472	43,547
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1		2,757	2,069
Earraí nach airgead tirim iad – coigeartú sócmhainní caipitil (glan)	2.1		(166)	(1)
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1		2,025	2,025
Glanchostas an chláir	1		(49,679)	(46,312)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**(1,828)**	**(1,237)**

2.10 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**31**	**50**

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ar an Oifig maidir le táillí dlí ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas sin a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna atá amuigh.

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	**23**	**27**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	17,218	17,015	16,029
ii	Taisteal agus cothú	186	144	131
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,145	1,024	1,026
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	230	211	190
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	731	525	1,010
vi	Costais áitribh oifige	658	486	740
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	37	29	24
		20,205	**19,434**	**19,150**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €731,000; toradh: €525,000

D'eascair coigilteas go príomha mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar ábhar inchaite TF. Ina theannta sin, cuireadh moill ar chaiteachas áirithe TF toisc nárbh fhéidir roinnt trealaimh a fháil roimh dheireadh na bliana mar gheall ar fhadhbanna slabhra soláthair.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €658,000; toradh: €486,000

Tharla coigilteas toisc nár leanadh ar aghaidh le hoibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar ár n-áitreabh a bhí le déanamh in 2021. Bhí sé sin mar gheall ar shrianta agus cur isteach a d'eascair as an bpaindéim.

Clár A Soláthar seirbhís ionchúisimh

		2021 Soláthar measta-cháin €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
A.1	Riarachán - pá	17,218	17,015	16,029
A.2	Riarachán - neamhphá	2,987	2,419	3,121
A.3	Táillí d'abhcóidí	16,528	17,143	15,785
A.4	Costais ghinearálta dlí	1,446	918	2,130
A.5	Seirbhís Aturnaetha Stáit áitiúla	7,370	7,749	7,183
		45,549	**45,244**	**44,248**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €305,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain gannchaiteachas €771,000 le caiteachas riaracháin, agus tá sé sin mínithe cheana féin, rud a d'fhág difríocht róchaiteachais a bhí cothrom le €466,000, a bhí ann mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha;

A.3 Táillí d'abhcóidí

Soláthar measta-cháin: €16.528 milliún; toradh: €17.143 milliún

Tharla an méadú €615,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar measta-cháin mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe sa chúirt de réir mar a bhíothas ag déileáil leis an riaráiste cásanna a d'eascair as paindéim Covid-19.

A.4 Costais ghinearálta dlí

Soláthar measta-cháin: €1.446 milliún; toradh: €918,000

Tharla coigilteas toisc go raibh tionchar ar líon na n-éileamh a bhí le híoc in 2021 ag leibhéil ghníomhaíochta níos aired maidir le héilimh a tuairiscíodh i leith 2020 a réiteach.

A.5 Seirbhís Aturnaetha Stáit áitiúla

Soláthar measta-cháin: €7.37 milliún; toradh: €7.749 milliún

Bunaítear íocaíochtaí le hAturnaetha Stáit ar leibhéil oibre tomhaiste. D'eascair an farasbarr caiteachais de bharr méadú ar ualaí oibre.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó asbhaintí ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	717	721	666
2	Ilghnéitheach	128	51	35
	Iomlán	**845**	**772**	**701**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**220**	**209**

5.2 Pá

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	**€000**
Pá	15,477	14,623
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	145	113
Ragobair	2	1
ÁSPC an Fhostóra	1,391	1,292
Pá iomlán	**17,015**	**16,029**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	34	4	41,592	41,592
Ragobair agus freastal breise	7	—	724	506
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	—	3,910	—

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €154,150 (2020: €153,201) i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig in 2021 agus ar íocadh a thuarastal as fotheideal A.1.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	14	20,120	15,020
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	1	126	1,562

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is é olltuarastal bliantúil an Oifigigh Cuntasaíochta ná €179,643 (b'ionann é agus €177,864 amhail an 31 Nollaig 2020).

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus costais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €783,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Ioncam fabhraithe

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais a ngearrtar cáin orthu atá dlite don Stát agus nach bhfuil gnóthaithe fós. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu agus a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

Táillí abhcóidí fabhraithe

Tá nótaí táillí a fuarthas ó abhcóidí faoi réir próiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Ríomhtar fabhrú dheireadh na bliana i ndáil le dliteanais táillí abhcóidí trí ráta measta atá marcáilte anuas a chur i bhfeidhm (bunaithe ar an ráta marcáilte anuas a baineadh amach le linn an phróisis measúnaithe agus meastóireachta i mbliain an chuntais) ar nótaí táillí abhcóidí ar láimh ag deireadh na bliana.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur orm maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Oifig i bhfeidhm le linn 2021.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte in 2021 seachas i gcás trí chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €232,145 ar an iomlán orthu (gan CBL san áireamh). Tugtar na mionsonraí thíos.

- Leanadh le conradh amháin a bhfuil luach €130,414 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhísí gníomhaireachtaí dlí (a bhaineann le cuardaigh thíolactha, phrobháide, mhaoine agus phleanála, i measc nithe eile) gan próiseas iomaíoch a thabhairt chun críche in 2021, a raibh síneadh leis taobh amuigh den dáta conartha a socraíodh ar dtús. Tá sé i gceist ag an Oifig an t-ábhar sin a thabhairt chun rialtachta agus iarraidh ar thairiscint a eisiúint in R2 2022.
- Dámhadh conradh amháin a raibh luach €39,381 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhís malartaithe doiciméad gan próiseas iomaíoch a thabhairt chun críche mar go mbaineann oifigí dlí sa Stát úsáid fhorleathan as an soláthraí.
- Bhain conradh amháin a raibh luach €62,350 (gan CBL san áireamh) air le hathnuachan ceadúnais úsáideora in 2021 d'fheidhmchlár cianoibre a suiteáladh ar bhonn éigeandála neamhiomaíoch sa bhliain 2020 de bharr phaindéim Covid-19.

Tá mionsonraí tugtha ag an Oifig faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na trí chonradh thuasluaite ar áireamh sa tuairisceán bliantúil sin.

Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais chun príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Próiseas leanúnach is ea córais slándála TFC a athbhreithniú, agus iad a uasghrádú nuair is gá.

Rialuithe riaracháin agus airgeadais

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar rialuithe go tráthrialta. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus déantar iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar Covid-19 sa bhliain 2021 agus shainaithin an Oifig €190,950 i gcostais a bhaineann le paindéim Covid-19, costais a bhí comhdhéanta de threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha chun cianobair ón mbaile (€136,750) agus costais ghlantacháin oifige bhreise (€54,200) a éascú.

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhísí dlí a sholáthar			
	Bunaidh	38,495		
	Forlíontach	3,000		
		41,495	41,432	38,050
Ollchaiteachas		**41,495**	**41,432**	**38,050**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**810**	**1,530**	**904**
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	37,685		
	Forlíontach	3,000		
		40,685	**39,902**	**37,146**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**783,138**	**234,806**

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		18,405	16,088
Pá		20,275	19,183
Neamhphá		2,752	2,779
Ollchaiteachas		**41,432**	**38,050**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,530**	**904**
Glanchaiteachas		**39,902**	**37,146**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(217)		
Dímheas	296	79	(227)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,689)		
Méadú ar stoc	(5)	(1,694)	3,333
Caiteachas díreach		**38,287**	**40,252**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		4,778	3,612
Measchíosanna		865	865
Glanchostas an chláir		**43,930**	**44,729**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,254	2,091
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,447	1,493
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	31	28
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	46	—
		4,778	**3,612**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	659	738
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,548	1,381
Stoic	2.3	38	33
Réamhíocaíochtaí	2.4	308	330
Ioncam fabhraithe	2.5	9,770	9,818
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	45	117
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	24	(43)
Iomlán na sócmhainní reatha		**11,733**	**11,636**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	4,641	6,400
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.9	1,617	1,455
Iomlán na ndliteanas reatha		**6,258**	**7,855**
Glansócmhainní reatha		5,475	3,781
Glansócmhainní		**6,134**	**4,519**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.10	**6,134**	**4,519**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	5,151	1,748	6,899
Breiseanna	217	—	217
Diúscairtí	(8)	—	(8)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	5,360	1,748	7,108
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	4,537	1,624	6,161
Dímheas don bhliain	276	20	296
Dímheas ar dhiúscairtí	(8)	—	(8)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	4,805	1,644	6,449
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**555**	**104**	**659**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	614	124	738

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	1,547	1,378
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	1	3
	1,548	**1,381**

Cuntais bhainc neamhvóta

Coinníonn CSSO roinnt cuntas bainc ina bhfuil airgead ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine den chuid is mó. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta CSSO ná a íoctar ó vóta CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc sin. B'ionann an tsuim a bhí coinnithe i gcuntais den chineál sin ag deireadh na bliana 2021 agus €11.47 milliún (2020: €7.67 milliún) agus níl sé sin ar áireamh sa chuntas leithreasa.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	**38**	**33**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Bogearraí agus cothabháil eile	179	211
Seirbhísí faisnéise	87	84
Eile	42	38
	308	**330**

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	9,818	9,829
Fáltais airgid	(48)	(21)
Socraíochtaí	—	(54)
Breiseanna	—	64
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**9,770**	**9,818**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	26
Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil	14	13
Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim um rothaíocht chun na hoibre	6	9
Aturnaetha Stáit	25	69
	45	**117**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	783	235
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(807)	(192)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(24)**	**43**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,548	1,381
Iarmhéideanna dochair: fionraí	45	117
	1,593	1,498
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,304)	(1,034)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(313)	(421)
	(1,617)	(1,455)
	(24)	**43**

2.8 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Táillí abhcóidí	4,488	6,206
Speansais ghinearálta dlí	33	75
Speansais theagmhasacha	43	61
Innealra oifige	34	17
Postas agus teileachumarsáid	16	13
Speansais eile	27	28
	4,641	**6,400**

2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	379	364
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	213	194
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	622	395
Ranníocaíochtaí pinsin	84	78
Cáin bhreisluacha	5	2
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
	1,304	1,034
Maoin stáit – eastáit eiséata [a]	313	421
	1,617	**1,455**

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo dlite don Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na suimeanna eile uile atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ar ina leith atá CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

2.10 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			4,519	7,625
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	40,685		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(783)		
Glanvóta			39,902	37,146
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		4,778	3,612
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		865	865
Glanchostas an chláir	1		(43,930)	(44,729)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**6,134**	**4,519**

2.11 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a fháil	**1,161**	**832**

2.12 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**21**	**69**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

				2021	2020
			Soláthar measta	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
		Bunaidh	19,537		
		Forlíontach	772		
			20,309	20,275	19,183
ii	Taisteal agus cothú				
		Bunaidh	90		
		Forlíontach	(65)		
			25	26	35
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
		Bunaidh	1,038		
		Forlíontach	(32)		
			1,006	958	954
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
		Bunaidh	310		
		Forlíontach	40		
			350	349	341
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
		Bunaidh	750		
		Forlíontach	362		
			1,112	1,199	1,225
vi	Costais áitribh oifige				
		Bunaidh	250		
		Forlíontach	(62)		
			188	170	181
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais				
		Bunaidh	100		
		Forlíontach	(30)		
			70	50	63
			23,060	**23,027**	**21,962**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €19.537 milliún; toradh €20.275 milliún

Is mar gheall (i) ar an ngá a bhí ann le folúntais de bharr saoire mháithreachais a líonadh agus (ii) ar ghlanéifeacht Chiorcláin 07/2019 agus 04/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le sochar incriminteach agus Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020,a chur i bhfeidhm a bhí barraíocht €738,000 i gceist leis an bhfotheideal seo.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.199 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán de chaiteachas ar na huasghráduithe ar an gcóras bainistíochta cáis/taifead, ar an gcóras bainistíochta airgeadais, ar rolladh amach Windows 10 agus ar ghutháin phóca/ceadúnais nua a bhí barrachas €449,000 i gceist leis an bhfotheideal seo.

Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	19,537			
	Forlíontach	772			
			20,309	20,275	19,183
A.2	Riarachán - neamhphá				
	Bunaidh	2,538			
	Forlíontach	213			
			2,751	2,752	2,779
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí [a]				
	Bunaidh	220			
	Forlíontach	(66)			
			154	162	142
A.4	Táillí abhcóidí [a]				
	Bunaidh	15,000			
	Forlíontach	2,600			
			17,600	17,537	15,246
A.5	Speansais ghinearálta dlí [a]				
	Bunaidh	1,200			
	Forlíontach	(519)			
			681	706	700
			41,495	**41,432**	**38,050**

Nóta [a] As an gcaiteachas ar sheirbhísí dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €17.5 milliún amach thar ceann 27 gcinn de ranna/oifigí sa bhliain 2021 (2020: €15.44 milliún, 29 gcinn de ranna/oifigí).

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.937 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Bhain €952,000 den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin, atá mínithe cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €1.985 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha:

A.4 Táillí abhcóidí

Soláthar meastacháin €15 mhilliún; toradh €17.537 milliún

Ba mar thoradh ar na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Oifig an líon nótaí táillí a bhí dlite thar téarma a laghdú a bhí an barrachas €2.537 milliún sa bhreis ar an soláthar meastacháin bunaidh i gceist.

A.5 Speansais ghinearálta dlí

Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €706,000

Ba mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh cásanna cúirte sna cúirteanna a bhí an coigilteas €494,000 i gcaiteachas a bhain leis an soláthar meastacháin bunaidh i gceist.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	200	812	221
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	610	718	683
	Iomlán	**810**	**1,530**	**904**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €720,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Meastachán €200,000; réadaithe €812,000

Ba mar thoradh ar na costais aisghabhála nach raibh súil leo i gcúig chás, a raibh luach €644,000 ar an iomlán orthu (arb ionann an aisghabháil ba mhó díobh agus €295,000) a bhí fáltais bhreise €612,000 i gceist sa bhliain 2021.

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €610,000; réadaithe €718,000

Ba mar thoradh ar an méadú sa líon foirne a bhí €108,000 i bhfáltais bhreise i gceist sa bhliain 2021.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais faoi alt 10 den Acht Maoine Stáit, 1954	387	899
Fáltais faoi alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954	1	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(388)	(899)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Foireann CSSO a bhí dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí	288	271
Foireann CSSO a bhí ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile	15	13
	303	**284**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	19,473	18,413
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	158	101
Liúntais eile	8	8
Ragobair	16	21
ÁSPC an Fhostóra	1,872	1,726
Pá iomlán	21,527	20,269
Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile	(1,252)	(1,086)
Costas iomlán pá a thabhaigh an Vóta	**20,275**	**19,183**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	54	2	16,465	11,047
Liúntais eile	4	—	1,917	1,870
Ragobair	14	—	3,764	10,137
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	5	1	10,479	13,112

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	21	24,627	23,104
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	14	11,973	12,497

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is ag grád an Ard-Rúnaí - Leibhéal III atá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta, áit arb ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €190,568).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh sa bhliain:

	2021 €000	2020 €000
Aturnaetha Stáit	44	—

Nóta Léirítear sa tsuim atá díscríofa caiteachas neamhdhearbhaithe ag Aturnaetha Stáit áitiúla sa tréimhse ó 2004 go 2007 a meastar é a bheith do-aisghafa ós rud é nach Aturnaetha Stáit a thuilleadh iad na daoine atá i gceist.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 7

Oifig an Aire Airgeadais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar chaiteachas ar leithreasaí-i-gcabhair don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.284 milliún a géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Dímheas

Gearrtar dímheas a ríomhtar gach bliain ina iomláine sa bhliain fála/coimisiúin. Ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhroinnte. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá an dearbhú sin bunaithe ar mheascán de na nithe seo a leanas:

- An obair iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Na hiniúchtaí a dhéanann gnólacht cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tuairiscíonn na hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a oibríodh in 2021.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe ar fáil dom maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta inmheánaí agus maidir leis na tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú rialuithe le linn 2021. Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta lena mbaineann cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha

- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go n-úsáideann an Roinn seirbhísí fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus a bhíonn faofa agam) bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ábhartha cé is moite de chonradh amháin (ar mhó a luach ná €25,000).

Foinsíodh soláthraí seirbhíse fón póca chun sásanna láimhe agus seirbhísí soghluaiste idirnáisiúnta a chur ar fáil don Roinn le linn Ráithe 4 de 2018. B'ionann luach iomlán an chonartha sin agus €39,996. B'ionann an caiteachas iarbhír in 2021 agus €9,500. Níor tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch mar go raibh seirbhís shoghluaiste idirnáisiúnta ar leith ag teastáil go práinneach ón Roinn do na húsáideoirí sin a bhfuil riachtanais ghnó idirnáisiúnta chriticiúla acu. Tá conradh a soláthraíodh go hiomaíoch i bhfeidhm anois tar éis comórtais a rinne Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) in 2021, rud trínar ceapadh soláthraí ó chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP). Tabhaíodh caiteachas ar an seanchonradh in 2021 le linn thréimhse an aistrithe chuig an gconradh leis an soláthraí nua.

Thug an Roinn sonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Feidhmiúcháin an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa**.**

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

I mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, cuireadh bearta leanúnachais gnó i bhfeidhm chun dul i ngleic le tionchar Covid-19. D'éascaigh sé sin an Roinn leanúint ag feidhmiú go hiomlán le linn 2021 agus í ag éirí ina heagraíocht cianoibre den chuid is mó.

I bhfianaise fhad na cianoibre ar fud na heagraíochta, leagadh béim ar thimpeallacht rialaithe éifeachtach a chothabháil, trí bhearta amhail beartais agus treoirlínte nuashonraithe (e.g., cosaint sonraí, TFC, bainistíocht taifead), cibearshlándáil bhreise, lena n-áirítear oiliúint ábhartha, cumarsáid bhainistíochta agus díriú ar rannpháirtíocht agus folláine foirne. Bhí caidreamh ann freisin le grúpaí earnála státseirbhíse agus le heagraíochtaí sa mhórearnáil phoiblí maidir le bearta spriocdhírithe um chásanna Covid-19 a bhainistiú/a chosc.

Breithníodh rioscaí sonracha a d'eascair as an timpeallacht cianoibre agus maolú cuí ag cruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin agus na gcoistí riosca agus ag Grúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 agus foghrúpa na Roinne.

John Hogan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Beartas eacnamaíoch agus fioscach	26,076	24,014	23,573
B	Beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais	14,585	12,364	12,404
Ollchaiteachas		**40,661**	**36,378**	**35,977**
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,150**	**1,151**	**753**
Glanchaiteachas		**39,511**	**35,227**	**35,224**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021 €	2020 €
Farasbarr le géilleadh	**4,283,596**	**3,348,805**

John Hogan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		9,925	13,070
Pá		22,144	19,649
Neamhphá		4,309	3,258
Ollchaiteachas		**36,378**	**35,977**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,151**	**753**
Glanchaiteachas		**35,227**	**35,224**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas	15	15	42
Athruithe ar ghlanshócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(20)		
Méadú ar stoc	(8)	(28)	181
Caiteachas díreach		**35,214**	**35,447**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		14,418	13,590
Measchíosanna		1,236	1,065
Glanchostas an chláir		**50,868**	**50,102**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,079	12,941
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí [a]	974	1,342
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	35	33
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais [a]	435	365
An Príomh-Chiste – Pinsin na n-airí		256	245
		15,779	14,926
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile [a]		(1,361)	(1,336)
		14,418	**13,590**

Nóta [a] Áirítear leis na suimeanna seo costais mheasta, áit a ndéantar an costas iarbhír a chionroinnt bunaithe ar an líon daoine.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	6	21
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		1,194	1,659
Stoic	2.2	23	15
Réamhíocaíochtaí	2.3	387	371
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	125	28
Ioncam fabhraithe		-	29
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,729**	**2,102**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.5	364	397
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	857	1,501
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	462	186
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,683**	**2,084**
Glansócmhainní reatha		46	18
Glansócmhainní		**52**	**39**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**52**	**39**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	222	223	445
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	222	223	445
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	204	220	424
Dímheas don bhliain	12	3	15
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	216	223	439
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**6**	—	**6**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	18	3	21

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	15	8
Ábhar inchaite TF	8	7
	23	**15**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Ceadúnais agus tacaíocht TF	238	268
Oiliúint	70	59
Síntiúis	42	13
Réamhíocaíochtaí eile	37	31
	387	**371**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	5	15
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	20	1
Míreanna dochair eile ar fionraí	100	12
	125	**28**

2.5 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Costais iasachta	190	226
Costais áitribh oifige	109	48
Riarachán ginearálta	34	65
Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	31	58
	364	**397**

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	316	285
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	199	192
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	1	54
Cáin bhreisluacha	38	29
Ranníocaíochtaí pinsin	71	89
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	63	57
	689	707
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	69	85
Tuarastail in-fhorchúitithe	95	15
Míreanna sochair eile ar fionraí	4	694
	857	**1,501**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	4,284	3,349
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(3,822)	(3,163)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**462**	**186**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,194	1,659
Iarmhéideanna dochair: fionraí	125	28
	1,319	1,687
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(689)	(707)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(168)	(794)
	(857)	(1,501)
	462	**186**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			39	502
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	39,511		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(4,284)		
Glanvóta			35,227	35,224
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		14,418	13,590
Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil	2.1		—	(240)
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,236	1,065
Glanchostas an chláir	1		(50,868)	(50,102)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**52**	**39**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**2**	**1**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Banc (CÉRB) agus Permanent TSB. Tá na caingne sin á gcosaint agus níl aon mheastachán déanta ar an dliteanas féideartha.

Tá cosaintí áirithe tríú páirtí (i bhfoirm barántas agus slánaíochtaí) curtha ar fáil i ndáil le díol Irish Life Limited, le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, le diúscairt scaireanna i mBanc na hÉireann agus in AIB agus le leachtú CÉRB.

Ní hionann iad sin agus liosta iomlán dlíthíochta ná cosaintí tríú páirtí. Tá na míreanna áirithe sin curtha ar áireamh toisc gur tharla sé, tráth a tionscnaíodh nó a soláthraíodh iad, go raibh tábhacht ar leith ag baint leo don Aire agus don Stát.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	21,000	22,144	19,649
ii	Taisteal agus cothú	600	150	282
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,976	2,669	1,510
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	280	215	228
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	975	765	835
vi	Costais áitribh oifige	1,020	510	403
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	5	—	—
		25,856	**26,453**	**22,907**

Difríochtaí suntasacha

Léirítear sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €600,000; toradh €150,000

Tagann an difríocht chun cinn den chuid is mó mar gheall ar shrianta taistil a cuireadh i bhfeidhm chun srian a chur le scaipeadh Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.976 milliún; toradh €2.669 milliún

Tá an róchaitheamh seo bunaithe ar chostais mhéadaithe a bhaineann le hús diúltach ar chuntas an Airgid Barrachais Caiteachais Phoiblí (SPEM), a bhí chomh hard le €1.637 milliún in 2021 agus a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le SPEM, féach nóta 6.4.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.02 milliún; toradh €510,000

Bhí an difríocht €510,000 mar gheall nár thit tionscadail chaipitil phleanáilte a ndearnadh buiséadú dóibh amach i rith na bliana mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá	11,000	11,976	10,238
A.2	Riarachán − neamhphá	2,886	3,135	2,043
A.3	Coiste agus coimisiúin	570	426	289
A.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	620	268	1,033
A.5	Deontas breosla	11,000	8,209	9,970
		26,076	**24,014**	**23,573**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.062 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain róchaitheamh €1.225 milliún leis an gclár seo, rud a bhaineann le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana féin. Ba é an méid seo a leanas ba phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh €3.287 milliún ar an gclár seo:

A.3 Coiste agus coimisiúin

Soláthar meastacháin €570,000; toradh €426,000

Soláthraíodh an meastachán ar an gclár seo chun costais a bhaineann leis an gCoimisiún um Chánachas agus Leas agus leis an mBord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas a chlúdach. Bhí tearc-chaitheamh beag ann sa dá réimse oibre.

A.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €620,000; toradh €268,000

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus caithfear buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

A.5 Deontas breosla

Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €8.209 milliún

Soláthraíodh meastachán €11 mhilliún don deontas breosla faoin Scéim Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach). Íoctar an deontas maidir le breosla a úsáideadh sa 12 mhí roimhe sin ach is féidir éilimh a dhéanamh maidir le húsáid in aon cheann de na ceithre bliana roimhe sin. Tá caiteachas ar an deontas breosla ag brath ar roinnt tosca, a fhágann go mbeidh difríocht éigin idir an caiteachas iarbhír agus an caiteachas measta. Mar sin féin, is dócha gur tháinig an difríocht mhór in 2021 as an laghdú ar úsáid breosla mar gheall ar shrianta taistil agus bearta sláinte poiblí mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Clár B Beartas Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá	10,000	10,168	9,411
B.2	Riarachán − neamhphá	1,970	1,175	1,215
B.3	Coistí agus coimisiúin	30	16	20
B.4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	2,015	438	990
B.5	Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais	570	567	768
		14,585	**12,364**	**12,404**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.221 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €627,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá míniú tugtha air cheana féin. Ba é an méid seo a leanas ba phríomhchúis leis an gcuid eile den difríocht €1.594 milliún:

B.4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €2.015 milliún; toradh €438,000

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus caithfear buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Speansais áirithe a fhorchúiteamh i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta	150	240	61
2	Ilghnéitheach	150	179	79
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	850	732	613
	Iomlán	**1,150**	**1,151**	**753**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1,000 níos mó ná an meastachán a tuaradh.

3 **Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

Measta €850,000; réadaithe €732,000

Bhí an difríocht €118,000 mar thoradh ar uainiú earcaíochta agus ar athruithe ar an dóigh a ríomhtar asbhaintí a bhaineann le pinsean a rinneadh mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, ar athruithe iad nár cuireadh san áireamh i meastachán 2021.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Suim a bailíodh	1	2
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(1)	(2)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**324**	**313**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	19,246	17,461
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	167	108
Liúntais eile	899	477
Ragobair	128	115
ÁSPC an fhostóra	1,704	1,488
Pá iomlán	**22,144**	**19,649**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	14	5	25,707	35,516
Liúntais eile	92	—	7,096	6,597
Ragobair	48	2	17,245	17,246
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	10	4	20,704	20,704

5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €589,092 i leith cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	19	30,917	35,136
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	4	5,418	9,178

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2021, fuair ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta €4,644 agus scaoilíocaíochtaí €27,449. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise de sheirbhís bharúlach ná aon fheabhas eile ar na téarmaí pinsin fabhraithe.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha na nOifigeach Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal I, agus olltuarastal bliantúil €214,000 ag baint leis na róil (€212,000 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Feidhmeanna córais baincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais baincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi ionstraim reachtúil (IR) 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi IR 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht don Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordú ón Aire, leanann GBCN le costais an aonaid, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta, a íoc.

6.2 Coistí agus coimisiúin

	2021	2020
	€000	€000
Coimisiún buan		
An Coiste Comhairleach um Chomhair Chreidmheasa [a]	16	20
An Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas [b]	312	289
Coimisiún cuspóra sheasta		
An Coimisiún um Chánachas agus Leas [c]	114	—
	442	**309**

Nóta [a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas

- bainistíocht comhar creidmheasa a fheabhsú
- leas comhaltaí agus chreidiúnaithe comhar creidmheasa a chosaint agus
- cibé nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó cibé daoine eile a shonróidh an tAire am go ham trí chomhairle ón gCoiste.

[b] Feidhmíonn an Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach leighis sinsearach deimhniú leighis príomhúil dóibh maidir leis an Scéim Tiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach). Bunaíodh an Bord i 1989

[c] Bunaíodh an Coimisiún um Chánachas agus Leas chun breithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir leis na córais chánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht mhéadaithe agus rathúnas a chur chun cinn agus, ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun costais seirbhísí agus tacaí poiblí a íoc sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**2021**	**2020**
Líon na gcásanna	—	3	3	4
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	110	110	173
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	572
Costais dlí	—	1	1	—
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán 2021	**—**	**111**	**111**	**745**
Iomlán 2020	—	745	745	

Nóta Rinneadh figiúirí comparáideacha 2020 a athlua chun ciorclán 22/2020 a chomhlíonadh: ceanglais maidir le cuntais leithreasa 2020.

6.4 Cuntas an Airgid Barrachais Caiteachais Phoiblí (SPEM)

	2021	**2020**
	€000	**€'000**
Muirear úis dhiúltaigh	**1,637**	**593**

Nóta Gearradh ús diúltach ar chuntais an Bhainc Ceannais ó 2014. D'eascair sé sin as Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach in 2014. Osclaíodh Cuntas an Airgid Barrachais Caiteachais Phoiblí (SPEM) in 2018 chun iasachtaí agus aisíocaíochtaí cistí barrachais a bhí á gcoimeád i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta a thaifeadadh. Ghlac sé áit Chuntas Infheistíochta an Airgid Taisce. Is muirear ar Vóta 7 iad na muirir úis dhiúltaigh a ghearrtar ar SPEM.

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Banc Ceannais	2020	13 Aibreán 2021	30 Aibreán 2021	1 Meitheamh 2021
An Ciste Comhar Creidmheasa	2020	30 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	2 Iúil 2021
An Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa [a]	2017	17 Samhain 2021	22 Samhain 2021	6 Nollaig 2021
Cuntais Airgeadais	2020	30 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	21 Iúil 2021
An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	2020	13 Deireadh Fómhair 2021	18 Samhain 2021	14 Eanáir 2021
Cuntas Chiste na nEastát Dí-Thiomnacha	2020	16 Nollaig 2021	16 Nollaig 2021	17 Nollaig 2021
Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann	2020	26 Márta 2021	30 Márta 2021	4 Bealtaine 2021
Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann	2020	3 Meán Fómhair 2021	6 Meán Fómhair 2021	16 Samhain 2021
Airgeadas Tógála Tí Éireann agus fochuideachta amháin	2020	26 Aibreán 2021	29 Aibreán 2021	30 Meitheamh 2021
Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2020	30 Meán Fómhair 2021	5 Deireadh Fómhair 2021	8 Deireadh Fómhair 2021
Cuntas Chiste Éirice an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2020	30 Meán Fómhair 2021	5 Deireadh Fómhair 2021	8 Deireadh Fómhair 2021
Cuntas Bannaí Talún (Foirceannadh)	2020	16 Samhain 2021	17 Samhain 2021	17 Samhain 2021

Cuntais Iasachtaí Áitiúla	2020	23 Samhain 2021	23 Samhain 2021	24 Samhain 2021
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	2020	27 Aibreán 2021	17 Bealtaine 2021	9 Meitheamh 2021
Fochuideachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (13)	2020	25 Meitheamh 2021	13 Iúil 2021	21 Iúil 2021
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	2020	11 Bealtaine 2021	27 Bealtaine 2021	21 Meitheamh 2021
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	2020	5 Bealtaine 2021	17 Bealtaine 2021	16 Meitheamh 2021
Cuntas Taisce Il-Airgead	2020	5 Samhain 2021	10 Samhain 2021	11 Samhain 2021

Nóta [a] Rinneadh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) a fhoirceannadh go hoibríochtúil an 31 Iúil 2017. Bhí bord sealadach i bhfeidhm go dtí gur díscaoileadh ReBo leis an Acht um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2020 .

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 8

Oifig an

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €3.397 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú. Anuas air sin, glacadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas.

Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nár seoladh sonrasc lena n-aghaidh go fóill.

Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-iniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúchta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Seo a leanas na céatadáin a úsáidtear

- cuntas faofa le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus próiseáil párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas foirne ar conradh, agus €2.86 milliún, ar an iomlán, in 2021.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a sholáthraíonn gnóthas príobháideach ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh maidir le soláthar

Deimhním go n-áirithíonn an Oifig go bhfuiltear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na treoirlínte ábhartha uile. Ní dhearna an Oifig conarthaí neamhiomaíocha a sháraigh €25,000 le linn 2021 agus, i gcomhréir le Ciorclán 40/2002, cuireadh an toradh nialasach faoi bhráid na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca ar a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúchta formhaoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina gcuirtear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig i gcuntas agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí gníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúchóireachta.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a oibriú.

Cuireadh dearbhú breise ar fáil maidir le feidhmiú an chórais trí athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí ar chóras bainistíochta riosca na hOifige.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais stiúrtha ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Slándáil TFC

Tá an Oifig tiomanta go láidir do shlándáil a cuid córas TFC agus tá sí creidiúnaithe faoin gcaighdeán idirnáisiúnta *ISO 27001: Cód Cleachtais maidir le Bainistíocht Slándála Faisnéise*. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin, bíonn an Oifig faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíonadh leanúnach ISO 27001 a áirithiú.

Riosca suntasach airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais, faoi mar a bhforáiltear dó in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear leis na bearta sin

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn ar a ngearrtar táillí, lena n-áirítear athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama
- córais a chuireann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála i gcuntas
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

In 2021, lean an Oifig le bheith ina heagraíocht chianoibrithe go príomha. Bhíothas dírithe go leanúnach ar réimsí amhail cibearshlándáil, cosaint sonraí, cumarsáid inmheánach agus béim ar chultúr agus luachanna, agus ar bhearta a bhaineann le rannpháirtíocht agus folláine na foirne. Bhí beartais agus nósanna imeachta daingne bainistíochta faisnéise i bhfeidhm chun an riosca méadaithe ó rochtain leantach le linn na cianoibre ar thaifid ranna rialtais agus comhlachtaí stáit a mhaolú, rud a éilítear chun sainordú na hOifige a chomhlíonadh. Rinneadh rioscaí sonracha a eascraíonn as an timpeallacht chianoibre agus maolú cuí a bhreithniú ag cruinnithe de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca agus an Choiste Iniúchóireachta. Anuas air sin, thug an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí faoi mheasúnú ar rialuithe airgeadais. Deimhníodh léi sin go raibh na rialuithe á n-oibriú go sásúil.

Colette Drinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

An cuntas leithreasa do Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, rinne an tUas. Shaw McClung, Crowe Ireland, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, é a iniúchadh faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is í mo thuairimse, bunaithe ar an iniúchadh agus ar an tuairisc a rinne siad

- go gcuirtear i láthair go cuí sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 8 - Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Bealtaine 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Sonraítear in alt 13 d'Acht 1993 go ndéanfaidh duine cáilithe a cheapfaidh mé féin an cuntas leithreasa a iniúchadh thar mo cheann, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire Airgeadais. Faoin Roinn sin, cheap mé Crowe Ireland chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Leagann an tuarascáil a ghabhann leis seo amach cuspóirí an iniúchta a rinneadh ar mo shon agus cuimsítear faisnéis ar an bpróiseas iniúchta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear ar an iniúchóir faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneadh thar mo cheann, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Tuairim chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir le hAlt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuarascáil ar an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

Tuairim

Inár gcáil mar iniúchóir arna cheapadh faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá iniúchadh déanta againn ar an gCuntas Leithreasa maidir le Vóta 8 - Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

Is é ár dtuairim go dtugtar sa Chuntas Leithreasa léargas cóir ar fháltais agus caiteachas an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus nach bhfuil aon ábhar ann nach mór dúinn tuairisc a thabhairt ina leith, de bhun alt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

An bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (ISA (Éire)), leis an dlí is infheidhme agus le halt 3 den Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil faoi fhreagrachtaí na nIniúchóirí as an Iniúchadh ar an gcuntas leithreasa. Táimid neamhspleách ar an eintiteas i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe againn leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur lenár dtuairim.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasaimid is gá chun críche ár n-iniúchta aimsithe againn. Is é ár dtuairim go bhfuil taifid chuntasaíochta chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, thángamar ar an gconclúid gur cuí atá an úsáid a bhain Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus an cuntas leithreasa á ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais ná dálaí a tharraingeodh amhras suntasach, ina n-aonair nó go comhpháirteach, ar chumas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraíodh an cuntas leithreasa lena eisiúint.

Tugtar tuairisc ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá athbhreithniú déanta againn ar an bhfaisnéis sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais. Ní aon rud le tuairisciú againn ina leith.

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Faoi alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithreasa a ullmhú. Tá sí freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart uile sa Chuntas Leithreasa.

Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa

Táimid freagrach as an gcuntas leithreasa a iniúchadh i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus rialála ábhartha agus leis na ISAnna (Éire). Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Áirítear le hiniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise atá ábhartha do na suimeanna agus na nochtaí sa chuntas leithreasa, ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa Chuntas an t-údarás faoina n-urchiallaítear go ndearnadh iad, agus ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAnna (Éire), cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas i rith an iniúchta. Chomh maith leis sin, déanaimid iad seo a leanas:

- Sainaithnímid agus measúnaímid rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad, dearaimid agus feidhmímid nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighimid fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair ár dtuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun críche tuairim a thabhairt ar éifeachtacht rialú inmheánach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí arna ndéanamh.

- Tagaimid ar chonclúid ar a oiriúnaí do Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don úsáid a bhaineann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a dtagaimid uirthi, cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas na hOifige an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dTuarascáil Iniúchóirí ar na nochtaí gaolmhara sa chuntas leithreasa do Vóta 8 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó, i gcás gur neamhleor nochtaí den sórt sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta ar thángthas uirthi go dtí dáta ár dTuarascála Iniúchóirí. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo cur faoi deara ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán an chuntais leithreasa, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a léirítear nó nach léirítear sa chuntas leithreasa na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Déanaimid cumarsáid le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa chóras rialaithe inmheánaigh a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le halt 13 den Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na nithe sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i dtuarascáil iniúchta agus ní chun aon chríche eile. A oiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí atá déanta againn, ná ní ghabhaimid a leithéid de fhreagracht orainn, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Shaw McClung
ar son agus thar ceann

Crowe Ireland
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
40 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

5 Bealtaine 2022

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Iniúchóireacht agus tuairisciú	15,506	14,548	14,301
Ollchaiteachas		**15,506**	**14,548**	**14,301**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**5,883**	**8,322**	**6,616**
Glanchaiteachas		**9,623**	**6,226**	**7,685**

Farasbarr

Is faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste atá an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**3,397,165**	**1,430,614**

Colette Drinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		12,105	11,759
Neamhphá		2,443	2,542
Ollchaiteachas		**14,548**	**14,301**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**8,322**	**6,616**
Glanchaiteachas		**6,226**	**7,685**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin in airgead tirim	—		
Dímheas	182	182	88
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	749		
Laghdú ar stoc	7	756	(555)
Caiteachas díreach		**7,164**	**7,218**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)		4,595	3,576
Measchíosanna		11	11
Glanchostas an chláir		**11,770**	**10,805**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 8 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,824	1,890
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,053	997
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	19	19
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	231	220
An Príomh-Chiste – tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus pinsin iarshealbhóirí an phoist		438	420
		4,595	**3,576**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	559	741
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		531	375
Táillí iniúchta atá inghnóthaithe	2.3	1,606	2,316
Réamhíocaíochtaí		312	360
Iarmhéideanna dochair eile	2.2	284	34
Stoic		—	7
Iomlán na sócmhainní reatha		**2,733**	**3,092**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		103	112
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	408	408
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	407	1
Iomlán na ndliteanas reatha		**918**	**521**
Glansócmhainní reatha		1,815	2,571
Glansócmhainní		**2,374**	**3,312**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.6	**2,374**	**3,312**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,655	440	2,095
Breiseanna	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,655	440	2,095
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	994	360	1,354
Dímheas don bhliain	166	16	182
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	1,160	376	1,536
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**495**	**64**	**559**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	661	80	741

2.2 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tuarastail ar fionraí [a]	258	3
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe agus an scéim pas taistil	12	31
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	14	—
	284	**34**

Nóta [a] Is de thoradh ar uainiú na híocaíochta do choicís 1 de phárolla 2022 a íocadh i mí na Nollag 2021 atá an méadú ar an tuarastal ar fionraí.

2.3 Táillí iniúchta atá inghnóthaithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Féichiúnaithe táillí iniúchta	519	89
Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta	461	1,988
Obair idir lámha	626	239
	1,606	**2,316**

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	149	148
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	108	105
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	12	12
Cáin bhreisluacha	45	53
Cáin mhaoine áitiúil	—	—
Muirear sóisialta uilíoch	29	29
	343	347
Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí	65	61
	408	**408**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,397	1,431
Deontas ón státchiste nár tarraingíodh anuas	(2,990)	(1,430)
Dlite don Státchiste	**407**	**1**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	531	375
Iarmhéideanna dochair: fionraí	284	34
	815	409
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(343)	(347)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(65)	(61)
	(408)	(408)
	407	**1**

2.6 An cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			3,312	2,893
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	9,623		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(3,397)		
Glanvóta			6,226	7,685
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		4,595	3,576
Earraí neamhairgid - coigeartuithe sócmhainní caipitil	2.1		—	(48)
Earraí neamhairgid - measchíos	1		11	11
Glanchostas an chláir	1		(11,770)	(10,805)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,374**	**3,312**

2.7 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	—	—

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana	—	28

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 8 - Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chaiteachas riaracháin a caitheadh i dtreo clár aonair: iniúchóireacht agus tuairisciú.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,515	12,105	11,759
ii	Taisteal agus cothú	546	7	156
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	365	643	467
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	50	55
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	473	447	703
vi	Costais áitribh oifige	217	147	130
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	125	29	170
viii	Táillí dlí	45	53	37
ix	Seirbhísí iniúchóireachta ar conradh	1,120	1,067	824
		15,506	**14,548**	**14,301**

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% nó níos mó agus €100,000 nó níos mó).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €546,000; toradh: €7,000

Maidir leis an laghdú €539,000, is de thoradh ar laghdú suntasach ar thaisteal gnó mar gheall ar na bearta sláinte poiblí leanúnacha atá sé.

iii Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €365,000; toradh: €643,000

Tá an méadú €278,000 ann go príomha mar gheall ar chostais earcaíochta agus foghlama agus forbartha a bhí ní b'airde ná mar a bhí coinne leo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí iniúchta	5,519	7,983	6,277
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí	364	339	339
		5,883	**8,322**	**6,616**

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.4 milliún ní ba mhó ná an meastachán. Tugtar míniú thíos ar na hathruithe:

1 Táillí iniúchta

Meastachán: €5.519 milliún; réadaithe: €7.983 milliún

Bhí an méadú €2.464 milliún de thoradh ar níos mó iniúchtaí a bheith á dtabhairt chun críche agus á mbilleáil le linn na tréimhse ná mar a measadh. Nuair a ullmhaíodh meastachán 2021, bhí éiginnteacht éigin ann maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh an éigeandáil sláinte poiblí a imirt ar an gclár iniúchóireachta. Léiríodh é sin le meastachán coimeádach. Coinníodh le tapúlacht na n-iniúchtaí, áfach, agus rinneadh iad níos tapa uaireanta. Rinneadh na táillí iniúchóireachta measta do 2022 a mhéadú dá réir.

Nóta 5 Líon foirne agus Luach saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**171**	**180**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	11,079	10,760
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	23	20
Ragobair	—	2
ÁSPC an Fhostóra	1,003	977
Pá iomlán	**12,105**	**11,759**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	4	1	10,940	9,801
Ragobair	1	—	96	1,633

Níor íocadh íocaíochtaí breise le haon bhall foirne i mbreis agus catagóir amháin.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh triúr státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athearcú in 2021 ar bhonn táille, a chosain €5,550 san iomlán. Íocadh €1,980 sa bhreis le hiar-státseirbhíseach amháin mar tháillí chun freastal ar chruinnithe coiste iniúchóireachta. Bhí na táillí a íocadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas tuarastail a íocadh le beirt oifigeach ar seirbhís tar éis dóibh dul ar iasacht d'Oifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le linn 2021 chun freastal mar shaineolaithe náisiúnta le Seomra V den Chúirt.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le seachtar oifigeach a bhí ag freastal lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2021 ina hiomláine nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus nach raibh a dtuarastail á n-íoc ag an Oifig le linn a n-iasachtaí.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	7	14,274	11,656
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	1,929	1,705

Maidir le trí cinn de na ceithre chás nach bhfuil pleananna aisghabhála i bhfeidhm faoi láthair ina leith, níl na faighteoirí á n-íoc a thuilleadh. Sa chás eile, cuireadh moill ar phlean aisíoca a chomhaontú go dtí go ndéanfaí ceist maidir leis an ró-íocaíocht a réiteach.

5.6 Luach saothair an lucht ardbhainistíochta

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Íoctar tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go díreach as Príomh-Chiste an Státchiste, faoi mar a fhoráiltear dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é an muirear a gearradh ar an bPríomh-Chiste in 2021 maidir le luach saothair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ná €200,924 (2020: €197,448). Faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní fhéadfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon oifig nó post luach saothair eile a shealbhú.

Oifigeach Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Chuntasaíochta ag grád Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €164,549 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €162,920).

5.7 An bhearna pá inscne

Tá an Oifig tiomanta don chomhionannas ina lucht saothair agus tacaíonn sí le réimse tionscnamh éagsúlachta. Déantar monatóireacht ar chothromaíocht inscne agus ar mheánrátaí pá agus déantar iad a thuairisciú. Don tríú bliain as a chéile, ní raibh aon difríocht ábhartha (2% nó níos mó) idir rátaí pá fhostaithe fireanna agus fhostaithe baineanna na hOifige in 2021. Ar an meán, trasna na ngrád uile faoi dheireadh na bliana 2021, íocadh fostaithe fireanna 0.1% níos mó in aghaidh na huaire conraithe ná fostaithe baineanna. Léirítear sa chairt thíos an meánphá in aghaidh na huaire conraithe d'fhir agus do mhná ar feadh na trí bliana seo atá imithe thart.



5.8 Tacú le cáilíochtaí gairmiúla agus le taithí oibre ábhartha

Leanann an Oifig le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil a cuid foirne atá sa tóir ar cháilíochtaí cuntasaíochta gairmiúla. Tugann an Oifig deiseanna ar fáil freisin i gcomhair taithí oibre ábhartha do mhic léinn tríú leibhéal agus do phrintísigh ó chlár printíseachta Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann. Léirítear sa tábla thíos líon iomlán na n-iniúchóirí faoi oiliúint a fuair tacaíocht agus iad sa tóir ar cháilíochtaí gairmiúla i rith 2021 agus líon iomlán na mac léinn agus na bprintíseach a raibh socrúchán acu laistigh den Oifig le linn 2021.

	Líon
Iniúchóirí faoi oiliúint nach bhfuil cáilithe go fóill	48
Mic léinn	11
Printísigh	3

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Díscríobh

Áirítear sa chuntas suim €11,392 a díscríobhadh le linn na bliana. Baineann €11,279 leis an gcuntas fionraí um pasanna taistil agus baineann €113 leis an gcuntas fionraí um rothaíocht chun na hoibre. Iarradh ceadú don díscríobh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus fuarthas é.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 9

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus caiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €9.272 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorcláin 1 agus 9 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás na n-eisceachtaí atá liostaithe anseo.

Luacháil agus dímheas ar shócmhainní caipitil

Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil ar na sócmhainní go léir ón dáta a chuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse go dtí mí na diúscartha.

Cuirtear feithiclí urghafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ar áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom.

Dímheastar cuitéar custam ag ráta 5% sa bhliain de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Áirítear ar na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim

- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
- córas comhtháite pleanála straitéisí/gnó agus bainistíochta riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus brainse
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha go léir.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt fhoirmiúil iniúchóireachta inmheánaí i scríbhinn. Bonn eolais faoina cuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de dheich gconradh (os cionn €25,000) ab fhiú €3,484,628 san iomlán in 2021, mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh trí chonradh le haghaidh seirbhísí láimhseála glaonna, seirbhísí glantacháin fuinneoige agus soláthar earraí inchaite TFC dar luach comhiomlán €634,472 faoi phróiseas iomaíoch ach leathnaíodh iad fad a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí nua i bhfeidhm anois le haghaidh na míreanna sin.
- Dámhadh dhá chonradh le haghaidh soláthar éide agus soláthar seirbhísí glantacháin oifige laethúla dar luach iomlán €2,360,688 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach leathnaíodh iad fad a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Eisíodh iarrataí ar thairiscintí don dá chonradh d'fhonn dámhachtainí a dhéanamh le linn 2022.
- Measter go raibh dhá chonradh dar luach €260,458 le haghaidh ceadúnais, tacaíocht agus cothabháil bogearraí a sholáthar neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoill ar phróiseas iomaíoch a dhéanamh. Athrófar an dá chonradh tar éis próisis soláthair iomaíocha in 2022.
- Measter go raibh conradh amháin dar luach €62,135 chun córas bainistíochta cabhlaigh a sholáthar a bheith neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha maidir le haistriú chuig soláthraí seirbhíse nua.
- Measter go raibh conradh amháin dar luach €138,199 le haghaidh seirbhísí luathscríbhneoireachta neamhchomhlíontach agus cuireadh ina ionad ina dhiaidh sin i Meán Fómhair 2021 trí chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid.
- Measadh conradh amháin dar luach €28,676 chun oiliúint a sholáthar i dtiomáint trucailí altacha a bheith neamhchomhlíontach. Tá athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh faoi láthair chun riachtanais amach anseo a chinneadh.

Tá sonraí maidir le 66 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca chorparáidí i bhfeidhm ag an Oifig seo lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus na gníomhartha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí a mhaolú. Tá clár rioscaí corparáideacha ar bun lena sainaithnítear na príomhrioscaí roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, meas agus grádú ar na rioscaí sin de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus comhtháthaítear na gníomhartha sin isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugadh isteach feabhsúchán ar an gcóras bainistíochta riosca in R3 2021. Faoi shocruithe nua, tuairiscíonn na Rannóga go ráithiúil ar éifeachtacht na rialuithe ar ghníomhartha maolaithe agus leibhéil riosca iarmharacha tar éis an mhaolaithe. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (CBR) athbhreithniú ar na tuarascálacha sin, agus déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an clár rioscaí corparáideacha a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuireann an Coiste san áireamh freisin an t-aiseolas a fhaightear ó lucht bainistíochta na rannóg agus cinneadh á dhéanamh ar cheart athruithe a dhéanamh ar an tosaíocht nó an rangú atá ag riosca agus cuireann sé aiseolas ar fáil do rannóga ar a dtuarascálacha ráithiúla. Foráiltear leis an bpróiseas sin go ndéantar géarú riosca a aithint, a athbhreithniú, a thuairisciú agus a chur ar áireamh sa chlár rioscaí corparáideacha. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht Rioscaí Corparáideacha faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach gníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus lena gcinntítear go gcloítear leis an mbeartas bainistíochta riosca sna Coimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosaint Sonraí i bhfeidhm a bhfuil freagracht air as formhaoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur chun feidhme cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena -áirítear comhlíonadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus tacaíonn aonad cosanta sonraí leis.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus an chaoi a gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don CCB, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Bhí dúshlán shuntasach fós ag baint le paindéim Covid-19 do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar a dtimpeallacht rialaithe chun tionchar phaindéim Covid-19 a chur san áireamh agus tá siad sásta go bhfuil an creat riosca agus rialaithe sách láidir le freagairt d'aon leibhéal méadaithe riosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Leanadh ar aghaidh le cianobair le linn 2021 do thart ar 4,500 duine de na 7,000 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar gheall ar thiomantas agus rannpháirtíocht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim seachadadh ár bpríomhchlár gnó a choimeád ar bun chomh maith le leanúint den ról maidir le scéimeanna tacaíochta Covid-19 a riar. Tá sé beartaithe go dtabharfar isteach socruithe foirmiúla oibre cumaisc le linn 2022.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag baint úsáid as a mbonneagar ardteicneolaíochta agus as a n-inniúlachtaí láidre oibriúcháin agus bainistíocht tionscadail chun an tsraith scéimeanna fóirdheontais a thug an Rialtas isteach a bhainistiú chun tacú le gnólachtaí a chomhlíonann rialacha cánach agus lena bhfostaithe le linn na tréimhse deacra sin. Lean na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid (SFPF) agus leis an Scéim Tacaíochta Srianta Covid (STSC) agus tugadh isteach an Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG) le linn 2021. Chinntigh na scéimeanna sin gur cuireadh íocaíochtaí tacaíochta ríthábhachtacha ar fáil do ghnólachtaí chun tacú le fostaíocht leanúnach.

Bhain riar na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le bainistiú suimeanna suntasacha arbh fhiú €4.6 billiún san iomlán iad don SFPF agus freisin an réiteach deiridh ar an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) a tháinig chun deiridh i mí Lúnasa 2020. Nochtar na hiarmhéideanna atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh na bliana i Nóta 2.7 den chuntas. Déantar STSC agus STAG a mhaoiniú trí cháin ioncaim nó trí cháin chorparáide agus íoctar iad mar ardchreidmheas cánach.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh freisin ag cur raon beart ar fáil chun tacú le gnólachtaí atá ag fulaingt ó dheacrachtaí sreafa airgid nó ó dheacrachtaí trádála, lena n-áirítear fiachas a thrádstóráil, ús ar íocaíochtaí déanacha a chur ar fionraí, agus gníomhaíocht bailithe forfheidhmithe a chur ar fionraí.

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo.Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 9 mar chuid den scrúdú sin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Méan Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna, agus bainistiú teorann	501,214	488,701	467,231
Glanchaiteachas		**501,214**	**488,701**	**467,231**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**59,487**	**56,739**	**60,278**
Glanchaiteachas		**441,727**	**431,962**	**406,953**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear lena géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach leithreasaí neamhchaite nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €493,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir leis na gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A (vi) agus A (viii) anonn go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	9,764,842	4,840,658
Géilleadh iarchurtha	(493,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**9,271,842**	**4,840,658**

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		339,678	329,118
Neamhphá		149,023	138,113
Ollchaiteachas		**488,701**	**467,231**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**56,739**	**60,278**
Glanchaiteachas		**431,962**	**406,953**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(28,446)		
Dímheas	21,577		
Diúscairtí airgid thirim	7		
Caillteanas ar dhiúscairtí	255	(6,607)	(5,737)
Athraithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(7,531)		
Laghdú ar stoc	280	(7,251)	(4,670)
Caiteachas díreach		**418,104**	**396,546**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		156,539	137,719
Measchíosanna (neamhairgead tirim)		12,043	12,043
Glanchostas an chláir		**586,686**	**546,308**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile, ghlan ó chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	141,114	119,549
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	19,424	21,050
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	667	688
		161,205	141,287
Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do sheirbhísí vótáilte eile a sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim gan mhuirear[a]		(4,666)	(3,568)
		156,539	**137,719**

Nóta [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan mhuirear do Vótaí eile atá léirithe anseo (€4.666 milliún), soláthraíodh seirbhísí dar luach thart ar €1.149 milliún gan mhuirear do chomhlachtaí neamhvótáilte eile. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhísí gaolmhara, úsáideadh garchostais i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar riar na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (Scéim Fóirdheontas Shealadaigh Pá agus Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) ar áireamh toisc go raibh feidhmiú na scéimeanna sin comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	103,536	97,535
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	24,963	32,324
Stoic	2.3	1,901	2,181
Réamhíocaíochtaí	2.4	18,947	12,734
Ioncam fabhraithe		1,155	1,404
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,809	3,555
Iomlán na sócmhainní reatha		**48,775**	**52,198**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	3,666	5,686
Ioncam iarchurtha		648	801
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	26,045	34,061
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	727	1,818
Iomlán na ndliteanas reatha		**31,086**	**42,366**
Glansócmhainní reatha		17,689	9,832
Glansócmhainní		**121,225**	**107,367**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**121,225**	**107,367**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Feithiclí agus trealamh	Trealamh Oifige/TF	Troscáin agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	20,850	452,786	79,648	2,793	556,077
Breiseanna	863	4,599	12,440	9,946	27,848
A tugadh chun úsáide	—	9,436	—	(9,436)	—
Diúscairtí [a]	(2,765)	(35,423)	(3,317)	—	(41,505)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	18,948	431,398	88,771	3,303	542,420
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	16,311	383,531	58,700	—	458,542
Dímheas don bhliain	1,523	16,894	3,160	—	21,577
Dímheas ar dhiúscairtí[a]	(2,748)	(35,176)	(3,311)	—	(41,235)
Dímheas carntha ag an 31 Nollaig 2021	15,086	365,249	58,549	—	438,884
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**3,862**	**66,149**	**30,222**	**3,303**	**103,536**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	4,539	69,255	20,948	2,793	97,535

Nóta [a] Tar éis athailíniú struchtúrach rannóga na gCoimisinéirí Ioncaim, thug Brainse an Ard-Chuntasóra faoi thionscadal in 2021 chun a chinntiú go raibh an clár sócmhainní caipitil agus na sonraí gaolmhara ag teacht leis an athrú sin. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích in dhá chéim (sócmhainní dar luach os cionn €10,000 agus sócmhainní dar luach níos lú ná €10,000). Mar thoradh air sin, tháinig méadú €28 milliún ar dhiúscairtí sa bhliain thar mheándiúscairtí na gceithre bliana roimhe sin.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	14,382	11,768
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	55	65
Iarmhéid cuntas bainc an SFSP [a]	6,895	20,372
Iarmhéid cuntas bainc an SFPF [a]	3,631	119
	24,963	**32,324**

Nóta [a] Áiríonn iarmhéideanna cuntas bainc an SFSP agus an SFPF ag deireadh 2021 suim €3.1 milliún i ró-íocaíochtaí éilitheoirí ar aisghabh na Coimisinéirí Ioncaim í agus nár íocadh go fóill leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Áirítear freisin in iarmhéideanna cuntais an SFSP agus an SFPF atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí i nóta 2.7 €3.1 milliún i ró-íocaíochtaí éilitheoirí.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht agus stóir bheaga	645	648
Trealamh/éadaí/ilghnéitheach	1,255	1,530
Ábhar inchaite TF	1	3
	1,901	**2,181**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaíocht TFC	17,310	11,111
Post agus teileachumarsáid	1,151	1,151
Costais eile riaracháin	486	472
	18,947	**12,734**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Airleacain i leith foirgneamh comhroinnte	291	261
Caiteachas in-fhorchúitithe taistil	1	4
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh oibreacha tógála, etc.	1,057	1,275
Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach	228	510
Tuarastail in-fhorchúitithe	9	2
Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	113	126
Míreanna dochair eile ar fionraí	110	1,377
	1,809	**3,555**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile	1,519	2,752
Seirbhísí agus tacaíocht TFC	1,103	1,460
Costais eile riaracháin	1,044	1,474
	3,666	**5,686**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	3,983	3,756
Muirear Sóisialach Uilíoch	800	764
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	2,859	2,508
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	2,553	1,431
Cáin Bhreisluacha	883	835
Ranníocaíochtaí pinsin	958	847
Cáin Mhaoine Áitiúil	38	42
Fáltais bhreise Státchiste	445	415
	12,519	**10,598**
Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí	2,614	2,524
Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré	239	224
Dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí i leith		
• an SFSP [a]	6,895	19,522
• an SFPF [a]	3,631	914
Dlite don Chuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim		
• an SFSP	—	55
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	147	224
	26,045	**34,061**

Nóta: [a] In 2021, b'ionann íocaíochtaí (glan ar aisíocaíochtaí agus éilimh neamhíoctha) a riaradh faoin SFPF agus €4.6 billiún.

In 2021, is iad seo a leanas íocaíochtaí agus aisghabhálacha a riaradh faoin SFSP:

- Íocaíochtaí an SFSP; €16 mhilliún
- Aisghabhann an SFSP; €178 milliún

Tháinig aisghabhálacha €178 milliún chun cinn san SFSP mar gheall ar chleachtaí comhlíonta agus réitigh a rinneadh in 2021.

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	9,272	4,841
Géilleadh iarchurtha	493	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(9,038)	(3,023)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**727**	**1,818**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	24,963	32,324
Iarmhéideanna dochair eile	1,809	3,555
	26,772	**35,879**
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,519)	(10,598)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(13,526)	(23,463)
	(26,045)	**(34,061)**
	727	**1,818**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			107,367	96,960
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	441,727		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(493)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(9,272)		
Glanvóta			431,962	406,953
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		156,539	137,719
Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos	1		12,043	12,043
Glanchostas an chláir	1		(586,686)	(546,308)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**121,225**	**107,367**

2.10 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**24,803**	**20,772**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha de shuim mheasta €3.415 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2020: €5.183 milliún) i leith costais dlí agus chúitimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas cláir uile aicmithe mar chaiteachas riarachán.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	356,614	339,678	329,118
ii	Taisteal agus cothú	3,400	772	1,788
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile	24,230	30,651	26,286
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	9,100	9,641	8,178
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	70,300	74,557	66,157
vi	Costais áitribh oifige	19,630	18,207	16,049
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	65	73	55
viii	Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh	5,125	4,503	6,332
ix	Muirir dhlí	12,000	9,366	12,110
x	Cúiteamh agus caillteanais	750	1,253	1,158
		501,214	**488,701**	**467,231**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €3.4 milliún; toradh €772,000

Bhí an caiteachas €2.6 milliún níos lú ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thaisteal gnó agus úsáid ardán cruinnithe ar líne.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais laethúla eile

Soláthar meastacháin €24.23 milliún; toradh €30.65 milliún

Eascraíonn farasbarr €6.42 milliún as caiteachas seachfhoinsithe méadaithe maidir le bainistiú saoráidí Breatimeachta, bailiú seachfhoinsithe Cánach Cláraithe Feithicle, agus seirbhísí bainistíochta glaonna Cánach Maoine Áitiúla. Bhí gá ann le vírmint chun an caiteachas breise a mhaoiniú.

x Cúiteamh agus caillteanais

Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.253 milliún

Eascraíonn farasbarr de €503,000 as íocaíocht mhór dámhachtana costais dlí gan choinne. Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa	37,437	37,437	37,437
2	Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh	1,900	1,942	1,406
3	Uimhreacha caomhnaithe	150	293	186
4	Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil	400	809	—
5	Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)	8,800	6,098	11,434
6	Ilghnéitheach	2,400	1,988	1,872
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse	8,400	8,172	7,943
		59,487	**56,739**	**60,278**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.748 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

3 Uimhreacha caomhnaithe

Meastachán €150,000; réadaithe €293,000

Féadann sé a bheith deacair an t-éileamh ar uimhreacha caomhnaithe clárúcháin feithiclí a thuar go cruinn mar go mbaineann sé le caiteachas roghnach ag ceannaitheoirí feithiclí nua. Glactar cur chuige coimeádach agus an meastachán á ullmhú.

4 Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil

Meastachán €400,000; réadaithe €809,000

Eascraíonn an méadú de €409,000 ar an meastachán as dhá mhuirear bailiúcháin a íoc sa bhliain féilire. Íocadh muirir 2020 agus 2021 i mí Feabhra agus mí na Nollag 2021 faoi seach agus, mar sin, taifeadadh an dá cheann i gcuntas 2021.

5 Sciar an chostais bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)

Meastachán €8.8 milliún; réadaithe €6.098 milliún

Leis an imréiteach láraithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair), féadann oibreoirí eacnamaíocha earraí a dhearbhú i mballstát AE amháin fad is atá na hearraí á n-iompórtáil nó á n-easpórtáil go fisiciúil i mballstát eile. Tá an t-easnamh €2.7 milliún ann mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ó Aontas Custaim AE agus mar gheall ar chailleadh costas bailiúcháin ÚSNIS i leith allmhairí ón Ríocht Aontaithe.

6 Ilghnéitheach

Meastachán €2.4 milliún; réadaithe €1.988 milliún

Eascraíonn laghdú €412,000 ar fháltais ilghnéitheacha mar gheall ar uainiú íocaíochtaí deontais AE. Fuarthas deontais OLAF, a rabhthas ag súil leo i mí Eanáir 2021, i mí na Nollag 2020 agus, mar sin, taifeadadh iad i gcuntas 2020.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	415	—
Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	460	1,258
Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frith-ghóchumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní	864	811
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(1,294)	(1,654)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**445**	**415**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**6,535**	**6,680**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	304,532	299,610
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8,957	6,563
Ragobair	2,294	1,174
ÁSPC an Fhostóra	23,895	21,771
Pá iomlán	**339,678**	**329,118**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	106	19	27,532	19,808
Ragobair agus tinreamh breise	1,381	93	21,921	16,015
Liúntais le haghaidh sealoibre agus obair uainchláir	748	162	34,473	26,115
Ilghnéitheach	146	5	21,048	18,856
Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin	259	101	34,586	26,084

5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €128,000 (2020: €102,000) san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 2,401 dámhachtain ar leithligh (2020: 1,927 ndámhachtain ar leithligh) ab fhiú idir €25 agus €150.

5.5 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €4,000 san iomlán le fostaí amháin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2021 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2020: €5,000 i leith fostaí amháin).

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €63,000 san iomlán in 2021 le 36 státseirbhíseach scortha i ndáil le híocaíochtaí comhalta coiste, le táillí boird agallaimh agus le speansais finnéithe (2020: íocadh €53,000 le 29 státseirbhíseach scortha). Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas €795,000 i leith 19 n-oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na bliana 2021 nó ar feadh cuid di agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2020: €411,000 i ndáil le 13 oifigeach).

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le 29 n-oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar fud na bliana 2021 nó ar feadh cuid di i ranna eile Rialtais agus ar íoc na ranna/oifigí eile sin a dtuarastal.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €000	2020 €000
Ró-íocaíochtaí	745	1,432	1,884
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	475	713	839

Aistríodh ceithre phlean aisghabhála ró-íocaíochta is fiche i ndáil le 24 dhuine aonair, dar luach €11,060, chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,155).

5.8 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

	2021 €000	2020 €000
Stoc as feidhm	—	1
Ró-íocaíochtaí párolla	7	5
	7	**6**

6.2 Muirir dhlí (fo-mhírcheann A (ix))

Rangaítear mar a leanas na costais dlí a íocadh sa bhliain.	2021 €000	2020 €000
Aturnaetha seachtracha	1,970	3,400
Táillí abhcóide	4,519	4,892
Costais féimheachta/leachtaithe	2,086	3,098
Táillí cúirte	12	13
Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha	779	707
	9,366	**12,110**

6.3 Cúiteamh agus caillteanais (fo-mhírcheann A (x))

Íocaíochtaí/costais a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain

	Éilimh uathu seo		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	2021	2020
Líon na gcásanna	15	17	32	43
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim iad féin	19	1	20	44
Íocaíochtaí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim/a rinneadh thar a gceann				
Cúiteamh	281	5	286	66
Costais dlí		947	947	1,048
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán 2021	**300**	**953**	**1,253**	**1,158**
Iomlán 2020	73	1,085	1,158	

Amhail an 31 Nollaig 2021, is iad seo a leanas na héilimh amuigh:

- Éilimh ó fhostaithe: 18 (2020: 18)
- Éilimh ón bpobal: 19 (2020: 34)

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh uathu seo		Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	
Líon na gcásanna	11	14	25
	€000	€000	€000
Costais dlí na gCoimisinéirí Ioncaim iad féin	13	311	324
Íocaíochtaí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim/a rinneadh thar a gceann			
Cúiteamh	285	3	288
Costais dlí	81	824	905
Costais eile	32	23	55
Iomlán	**411**	**1,161**	**1,572**

6.4 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) de chuid an Aontais Eorpaigh, bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.735m nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Ordaíodh an scanóir in 2019 agus fuarthas an chéad tráthchuid den mhaoiniú deontais in 2019. Seachadadh an scanóir i mí Mheán Fómhair 2020. Fuarthas an dara tráthchuid, arbh fhiú €405,000 í, in 2021 agus tá sí ar áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i leithreasaí-i-gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.44 milliún nó 80% den chostas incháilithe chun veain eile cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáidfidh Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Fuarthas an chéad tráthchuid, arbh fhiú €720,000 í, in 2020 agus ordaíodh an scanóir in 2021. Tá seachadadh an scanóir sceidealaithe don 31 Deireadh Fómhair 2022. Éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid deontais, ar fiú €361,000 í, in R3 2023.

6.5 Géilleadh Iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas in 2021 de €493,000 i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

	€000
Caiteachas riarachán	
A (vi) Costais áitribh oifige	200
A (viii) Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh	293
	493

Aguisín A Cuntais atá faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá cuntais eile atá faoi choimirce na hOifige agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair liostaithe sa tábla seo a leanas. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ainm an Chuntais	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim	2020	20 Aibreán 2021	28 Aibreán 2021

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 10

An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus caiteachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €456,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gCiorcláin 1 agus 9 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar bhonn bliana iomláine, is é sin, gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála agus ní ghearrtar dímheas i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur chun feidhme, a chothabháil agus a oibriú.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Chathaoirleach. Chomh maith leis sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí tacaíochta

Nuair a bunaíodh an Coimisiún in 2016, socraíodh nósanna imeachta i ndáil le seirbhís íocaíochta agus cuntasaíochta an Choimisiúin atá á riar ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe agus rinneadh comhaontú seirbhíse athbhreithnithe a aontú agus a shíniú an 12 Feabhra 2021. Clúdaítear cuntais agus airgeadas go príomha leis an gcomhaontú sin.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann.

- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ar leibhéal an lucht bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar an ghníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Choimisiún
- go bhfuil córais ann lena ndírítear ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC atá ag an gCoimisiún
- go bhfuil treoirlínte cuí infheistíochta caipitil i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchóireacht inmheánach

Fostaíonn an Coimisiún gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí seachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí a chur ar fáil. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach domsa agus go neamhspleách don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaigheann, a athbhreithníonn agus a cheadaíonn plean oibre iniúchóireachta inmheánaí trí bliana leanúnach i gcomhairle le foireann bainistíochta an Choimisiúin.

In 2022, rinne an t-iniúchóir inmheánach tuairisciú ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais in 2021, rud a thug dearbhú réasúnach i ndáil leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm. Bonn eolais faoin bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí is ea an anailís ar na rioscaí sin a bhfuil an Coimisinéir neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach.

Déanaimse an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú neamhspleách don Choimisiún maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh, thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe na heagraíochta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus tugann sé aird ar leith ar thuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an litir bhainistíochta ina dhiaidh sin. Maidir leis an gCoiste, atá ina choiste comhairleach in ionad é a bheith ina choiste maoirseachta, cuireann sé dearcadh neamhspleách ar fáil ar phróiseas tuairiscithe airgeadais, rialuithe inmheánacha agus feidhmeanna iniúchóireachta an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste monatóireacht ar chur chun feidhme straitéis bainistíochta riosca an Choimisiúin agus tugann sé comhairle ina leith. Rannchuidíonn an Coiste go mór le héifeachtacht fheidhm rialachais chorparáidigh an Choimisiúin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

In 2021, chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte soláthair, cé is moite de chonradh amháin (sa bhreis ar €25,000), arb ionann é agus €40,800 san iomlán (gan CBL san áireamh) i ndáil le hobair cúntóra/taighdeora dlí. Mar a luadh i dtuarascálacha éagsúla, lena n-áirítear Tuarascáil O'Donoghue 2018 agus Caibidil 14 de Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2019, bhí riaráiste suntasach achomharc ag fanacht lena dtabhairt chun críche. Dá bhrí sin, cinneadh go bhfuil sé riachtanach pearsana a bhfuil na cáilíochtaí dlíthiúla cuí acu a cheapadh láithreach agus conraitheoir a fhostú láithreach.

Thug an Coimisiún mionsonraí maidir leis an gconradh neamhiomaíoch amháin sin sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Choimisiún agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Athbhreithnithe Riosca agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Bainfear úsáid as toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn leis na rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta in am is i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Mar bhonn agus thaca ag monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe phaindéim COVID-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim COVID-19 ar thimpeallacht rialaithe airgeadais an Choimisiúin agus cuireadh na rialuithe agus na nósanna imeachta a leagtar amach i Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais an Choimisiúin chun feidhme in 2020 agus ar fud 2021.

Soláthraíonn an Coimisiún seirbhís phoiblí riachtanach faoi “Rochtain ar an gCeartas”. Rinne sé iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir an tseirbhís phoiblí thábhachtach a sholáthraíonn sé agus sláinte agus sábháilteacht an phobail agus a fhoirne. Tá an rogha ag páirtithe fós chun freastal ar éisteacht i bpearsa in oifigí an Choimisiúin nó freastal trí chianrochtain ach áiseanna físchomhdhála a úsáid. Níl aon riaráistí ná moilleanna ag baint le paindéim Covid-19.

Marie-Claire Maney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

31 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Éisteacht achomharc cánach a éascú	3,293	2,825	3,018
Ollchaiteachas		**3,293**	**2,825**	**3,018**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**75**	**63**	**63**
Glanchaiteachas		**3,218**	**2,762**	**2,955**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**455,826**	**278,210**

Marie-Claire Maney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir			
Pá		2,359	2,249
Neamhphá		466	769
Ollchaiteachas		**2,825**	**3,018**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**63**	**63**
Glanchaiteachas		**2,762**	**2,955**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(24)		
Dímheas	53	29	(143)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(44)		
Laghdú ar stoc	4	(40)	14
Caiteachas díreach		**2,751**	**2,826**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		633	595
Glanchostas an chláir		**3,384**	**3,421**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	27	28
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	570	567
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	36	—
		633	**595**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	188	217
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		232	669
Stoic	2.2	18	22
Réamhíocaíochtaí	2.3	66	58
Iomlán na sócmhainní reatha		**316**	**749**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		37	73
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim		228	510
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	4	159
Iomlán na ndliteanas reatha		**269**	**742**
Glansócmhainní reatha		47	7
Glansócmhainní		**235**	**224**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**235**	**224**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh Oifige/TF	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	7	237	119	363
Breiseanna	—	—	24	24
Sócmhainní a bhí á bhforbairt agus a tugadh isteach in úsáid	—	125	(125)	—
Diúscairtí	—	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	7	362	18	387
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1	145	—	146
Dímheas don bhliain	1	52	—	53
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—	—
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2	197	—	199
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**5**	**165**	18	**188**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	6	92	119	217

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht agus stórtha beaga	2	4
Trealamh/míreanna ilghnéitheacha	2	2
Ábhar inchaite TF	14	16
	18	**22**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TFC	39	27
Costais eile riaracháin	27	23
Seirbhísí comhairleoireachta	—	8
	66	**58**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	456	278
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(452)	(119)
Glanmhaoiniú Státchiste	**4**	**159**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	232	669
	232	669
Creidiúnaithe		
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	(228)	(510)
	4	**159**

2.5 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			224	95
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,218		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(456)		
Glanvóta			2,762	2,955
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		633	595
Glanchostas an chláir	1		(3,384)	(3,421)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**235**	**224**

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	66	43
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**66**	**43**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,559	2,359	2,249
ii	Taisteal agus cothú	20	—	1
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	92	72	205
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	26	19	26
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	351	142	315
vi	Costais áitribh oifige	35	23	26
vii	Comhairleoireacht agus seirbhísí eile	210	210	196
		3,293	**2,825**	**3,018**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €351,000; toradh: €142,000

Cé go ndearnadh dul chun cinn, bhí an gannchaitheamh €209,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha ann toisc nár tugadh forbairt an chórais cásbhainistíochta nua chun críche in 2021 mar a bhí beartaithe.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	75	62	63
2	Míreanna Ilghnéitheacha	—	1	—
	Iomlán	**75**	**63**	**63**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**30**	**34**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	2,103	2,046
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	36	—
Ragobair	3	5
ÁSPC an Fhostóra	217	198
Pá iomlán	**2,359**	**2,249**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	3	2	16,970	—
Ragobair	10	—	616	1,074
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	1	17,326	—

5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €1,300 san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 26 dhámhachtain ar leithligh dar luach €50 (amhail an 31 Nollaig 2020: €nialas).

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is é €188,710 olltuarastal bliantúil an Oifigigh Cuntasaíochta (b'ionann é agus €186,841 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Coimisiún sa bhliain

	Éilimh uathu seo		Iomlán 2021	Iomlán 2020
	fostaithe (díobháil phearsanta)	daoine den phobal (athbhreithniú breithiúnach)		
Líon na gcásanna	1	6	7	10
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí an Choimisiúin	3	24	27	77
Íocaíochtaí leis an gCoimisiún/thar a cheann				
Cúiteamh	—	—	—	100
Costais dlí	—	4	4	11
Costais eile	18	—	18	
Iomlán 2021	**21**	**28**	**49**	**188**
Iomlán 2020	100	88	188	

Nótaí [a] Ag an 31 Nollaig 2021, is iad seo a leanas na héilimh atá amuigh:

- Éilimh dhíobhála pearsanta: 1 (2020: 1)
- Athbhreithniú Breithiúnach 1 (2020: 5)

[b] Ag an 31 Nollaig 2021, tá an Coimisiún tar éis €30,529 (2020: €60,000) a chur ar áireamh i gcostais fhabhraithe, is iad sin na costais iomlána dlí amuigh atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh uathu seo		Iomlán
	fostaithe (díobháil phearsanta)	daoine den phobal (athbhreithniú breithiúnach)	
Líon na gcásanna	—	5	5
	€000	€000	€000
Costais dlí an Choimisiúin	—	73	73
Íocaíochtaí leis an gCoimisiún/thar a cheann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	4	4
Costais eile	—	—	—
Iomlán	—	**77**	**77**

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 11

Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith a riar Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.148 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú an lucht bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar an litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistíochta tionscadail.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud lena n-aithnítear na príomhrioscaí roimh an Roinn agus déantar iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí ar rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach a bhfuil freagracht orthu as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

Saincheisteanna rialála Covid-19

Cuireadh beartais leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19, agus chabhraigh sé sin leis an Roinn leanúint le bheith lánoibríochtúil le linn 2021.

I ngeall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Roinn í féin, ar sheachfhoinsiú na cuntasaíochta feidhmí chuig an Roinn Airgeadais agus an phárolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus i ngeall ar chórais TF lenar cuireadh ar chumas na Roinne obair go lánchianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020 amach, is beag tionchar a bhí ag an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na Roinne.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

23 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguis ín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Íocaíocht costas eadrána

Tagraím do Nóta 6.3 den chuntas leithreasa, ina nochtar gur íoc an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €460,000 le soláthraí i socraíocht imeachtaí eadrána. I gCaibidil 3 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tugtar tuilleadh faisnéise faoin íocaíocht sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Iúil 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear ar an iniúchóir faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneadh thar mo cheann, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í

Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Caiteachas poiblí agus beartas earnálach	21,298	21,119	19,618
B	Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí	23,651	21,359	22,102
Ollchaiteachas		**44,949**	**42,478**	**41,720**
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**2,275**	**2,952**	**3,062**
Glanchaiteachas		**42,674**	**39,526**	**38,658**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**3,148,074**	**4,232,708**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

23 Márta 20

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		16,646	16,023
Pá		24,695	24,226
Neamhphá		1,137	1,471
Ollchaiteachas		**42,478**	**41,720**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**2,952**	**3,062**
Glanchaiteachas		**39,526**	**38,658**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(4)		
Dímheas	255	251	(169)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	119		
Méadú ar stoc deiridh	(9)		
		110	3,399
Caiteachas díreach		**39,887**	**41,888**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		9,303	7,368
Measchíosanna		2,512	2,449
Glanchostas clár		**51,702**	**51,705**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	942	995
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	6,224	4,065
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,583	1,643
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	42	48
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	512	617
		9,303	**7,368**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	2,045	2,308
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		806	1,385
Stoic	2.2	26	17
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	58	67
Réamhíocaíochtaí	2.4	337	448
Ioncam fabhraithe	2.5	10	65
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,237**	**1,982**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		139	186
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,024	1,270
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	(160)	182
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,003**	**1,638**
Glansócmhainní reatha		234	344
Glansócmhainní		**2,279**	**2,652**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**2,279**	**2,652**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	4,783	15	2	100	4,900
Breiseanna	—	—	—	4	4
Coigeartú [a]	(32)	(15)	(2)	—	(49)
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a cuireadh chun seirbhíse	104	—	—	(104)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	4,855	—	—	—	4,855
Dímheas Carntha					
Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	2,586	4	2	—	2,592
Coigeartú	(31)	(4)	(2)	—	(37)
Dímheas don bhliain	255	—	—	—	255
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—	—	—
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2,810	—	—	—	2,810
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**2,045**	—	—	—	**2,045**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	2,197	11	—	100	2,308

Nóta [a] Baineann an coigeartú seo le nithe aonair dar luach €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní. Tá na sócmhainní sin in úsáid fós.

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht	18	9
Ábhair inchaite TF	8	8
	26	**17**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe	28	35
Míreanna dochair eile ar fionraí	30	32
	58	**67**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Costais TF	126	161
Táillí oideachais	120	45
Institiúidí idirnáisiúnta	55	206
Síntiúis	27	28
Árachas	8	8
Ilghnéitheach	1	—
	337	**448**

2.5 Ioncam Fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Ranníocaíochtaí pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta	10	9
An Foras Riaracháin – ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	—	56
	10	**65**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	495	486
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	224	217
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	13	26
Cáin bhreisluacha	15	24
Ranníocaíochtaí pinsin	83	80
Cáin mhaoine áitiúil	2	2
	832	835
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	83	104
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	109	331
	1,024	**1,270**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,148	4,233
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,308)	(4,051)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(160)**	**182**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	806	1,385
Iarmhéideanna dochair: fionraí	58	67
	864	1,452
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(832)	(835)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(192)	(435)
	(1,024)	(1,270)
	(160)	**182**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			2,652	13,426
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	42,674		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(3,148)		
Glanvóta			39,526	38,658
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile			9,303	7,368
Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil			(12)	(7,544)
Caiteachas neamhairgid – measchíos			2,512	2,449
Glanchostas clár			(51,702)	(51,705)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,279**	**2,652**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	**—**	**7**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a leithdháileadh ar fud na gclár, chun costais iomlána clár a léiriú.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	25,168	24,695	24,227
ii	Taisteal agus cothú	185	60	104
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	887	856	842
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	22	17	14
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	327	57	190
vi	Costais áitribh oifige	313	147	321
		26,902	**25,832**	**25,698**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €185,000; toradh: €60,000

Tharla an gannchaiteachas €125,000 ar thaisteal agus cothú i ngeall ar shrianta taistil le linn phaindéim Covid-19.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €327,000; toradh: €57,000

Tharla an laghdú €270,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar an soláthar a beartaíodh ar chóras TF don bhainistiú othar do Phríomhoifigeach Leighis na Státseirbhíse.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €313,000; toradh: €147,000

Tharla an coigilteas €166,000 de chaiteachas ar áitribh oifige i ngeall, den chuid is mó, nach bhfuarthas áitreabh nua do sheomraí ranga One Learning.

Clár A Caiteachais Phoiblí agus Polasaí Earnálach

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	11,010	11,186	10,745
A.2	Riarachán - neamhphá	609	502	592
A.3	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Shóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta	3,000	3,000	2,775
A.4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	1,370	1,023	1,115
A.5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach	670	669	650
A.6	Cláir Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas	2,300	2,283	2,112
A.7	INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige agus INTERREG Trasnáisiúnta	150	150	149
A.8	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	269	687	140
A.9	Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne	1,150	1,410	1,168
A.10	Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann	270	193	172
A.11	Tacaíocht nuálaíochta tógála	500	16	—
		21,298	**21,119**	**19,618**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €179,000 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh.

A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile

Soláthar meastacháin: €1.37 milliún; toradh: €1.023 milliún

Tharla an coigilteas €347,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar mhoill ar thús a chur le roinnt tionscadal tacaíochta cúnaimh theicniúil.

A.8 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile

Soláthar meastacháin: €269,000; toradh: €687,000

Tharla an róchaiteachas €418,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar an toradh ar phróiseas eadrána le soláthraí.

A.9 Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Soláthar meastacháin: €1.15 milliún; toradh: €1.41milliún

Tharla an róchaiteachas €260,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar scor roinnt fostaithe nach ndearnadh a thuar tráth a rinneadh na Meastacháin Athbhreithnithe go mall sa bhliain 2020.

A.11 Tacaíocht nuálaíochta tógála

Soláthar meastacháin: €500,000; toradh: €16,000

Tharla an coigilteas €484,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach ndearnadh dóthain dul chun cinn ar an gclár oibre riachtanach in 2021 sa chaoi go mbeifí ábalta an cistiú a bhronnadh ar iarrthóir oiriúnach trí chomórtas oscailte.

Clár B Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí

		2021		2020
		Soláthar meastachháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá	14,158	13,508	13,482
B.2	Riarachán - neamhphá	1,125	635	879
B.3	An Foras Riaracháin	2,725	2,725	2,725
B.4	Nós imeachta eadrána agus achomhairc no státseirbhíse	42	37	33
B.5	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	275	138	137
B.6	Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí	900	746	933
B.7	Clár oibre athchóirithe	648	603	923
B.8	Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe	1,448	1,320	1,346
B.9	Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí	100	36	17
B.10	Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís	860	457	448
B.11	Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair	200	34	9
B.12	Cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta	220	220	220
B.13	Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis	950	900	950
		23,651	**21,359**	**22,102**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.292 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. €1.146 milliún an cion iomlán a coiglíodh i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis le hiarmhéid na difríochta den chuid is mó:

B.5 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile

Soláthar meastacháin: €275,000; toradh: €138,000

Tharla an coigilteas €137,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall gur lú ná mar a ceapadh an costas ar chomhairle dhlíthiúil a fuair lucht acmhainní daonna na státseirbhíse, chomh maith le caiteachas seirbhíse poiblí ar chomhairleoireacht ar fud ár n-aonad gnó i gClár B.

B.6 Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

Soláthar meastacháin: €900,000; toradh: €746,000

Tharla an coigilteas €154,000 de chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár tharraing comhlachtaí anuas na cistí a bronnadh orthu.

B.8 **Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe**

Soláthar meastacháin: €1.448 milliún; toradh: €1.32 milliún

Tharla an coigilteas €128,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar choigilteas i bpá na gclár chomh maith le costais laghdaithe taistil, a tharla, den chuid is mó, toisc nach raibh oifigigh chúnaimh d'fhostaithe in ann bualadh go fisiciúil le cliaint ar fud an Stáit le linn na paindéime.

B.10 **Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís**

Soláthar meastacháin: €860,000; toradh: €457,000

Tharla an coigilteas €403,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, nár caitheadh buiséad caipitil chun feistiú a dhéanamh ar sheomraí ranga nua toisc nach bhfuarthas áitreabh nua.

B.11 **Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair**

Soláthar meastacháin: €200,000; toradh: €34,000

Tharla an coigilteas €166,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill, a tháinig as paindéim Covid-19, ar obair deartha agus forbartha a bhí beartaithe do chóras lárnach TFC amach anseo chun tacú le riarachán na Scéime Pinsean Aonair ar fud na seirbhíse poiblí.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Cláir AE	720	1,109	1,075
2	Farasbairr i sreabhadh airgid pinsin	130	170	483
3	Ilghnéitheach	65	95	74
4	Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí	1,360	1,578	1,430
	Iomlán	**2,275**	**2,952**	**3,062**

Difríochtaí suntasacha
Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €677,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Cláir AE

Soláthar meastacháin: €720,000; réadaithe: €1.109 milliún

Tharla an méadú €389,000 i ngeall ar an deacracht meastachán a dhéanamh ar uainiú agus méid na n-aisíocaíochtaí a bhain le cláir AE.

4 Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin: €1.36 milliún; réadaithe: €1.578 milliún

Tharla an méadú €218,000 i ngeall, den chuid is mó, ar uainiú na n-íocaíochtaí a rinne comhlachtaí faoina coimirce sa mhéid gur íocadh in 2021 na híocaíochtaí a bhí dlite in 2020.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach thuarastail na n-airí	37	28
Fáltas AE – Tionscadal Sonraí Oscailte	—	95
Fáltas AE – Tionscadal Bóthair	—	36
Fáltas AE – Tionscadal TII Atlantach	—	254
Fáltas AE – Aisíocaíocht Interreg	7	—
Fáltais Ilghnéitheacha	—	3
Deontais nuálaíochta seirbhíse poiblí don bhliain 2020 a tugadh ar ais	—	44
Méid a aistríodh chuig an Státchiste	(44)	(460)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**362**	**377**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	24,447	24,175
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	272	241
Liúntais eile	9	23
Ragobair	36	26
ÁSPC an Fhostóra	1,984	1,889
Pá iomlán[a]	**26,748**	**26,354**

Nóta [a] Tá an figiúr don phá iomlán dáilte thar fhotheidil A.1, A.4, B.1 agus B.8.

Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais aon cheann de na comhlachtaí atá faoina coimirce.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	35	6	39,157	33,016
Liúntais eile	2	—	9,293	13,590
Ragobair	10	1	32,258	7,306
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	3	42,426	14,915

5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €220,626 (2020: €291,417) maidir le triúr oifigeach (2020: ceathrar oifigeach) a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 uile nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe an Chláir um Iomaíochas agus Obair – 1% - de chuid Chumann na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí, fuair 43 oifigeach (2020: 46) €109,214 san iomlán (2020: €110,137) i leith liúntais an Chláir/liúntais sinsearachta.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	**Líon na bhfaighteoirí**	**2021**	**2020**
		€	**€**
Ró-íocaíochtaí	35	145,797	75,535
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	28,764	7,172

D’aistrigh duine amháin ag a bhfuil plean aisghabhála dar luach €240 i bhfeidhm chuig roinn eile le linn na bliana.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí – Leibhéal I, agus olltuarastal bliantúil €213,859 aige (ba é €211,742 an tuarastal ag an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheaptha	2021	2020
		€000	€000
Bord Eadrána na Státseirbhíse [a]	1950/51	21	17
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil [b]	1984	44	50
		65	**67**

Nóta [a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil i 1984. Is é feidhm an Choiste iarrthóirí a mholadh d'Airí agus don Rialtas le haghaidh na bpost is sinsearaí sa státseirbhís – ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus trína chuid cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na poist lena mbaineann agus air sin amháin, bíonn sé mar aidhm ag an gCoiste struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú agus modh a sholáthar trínar féidir leis na hiarrthóirí is fearr féachaint lena lánacmhainn a bhaint amach.

6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh atá i bhFotheidil A.4, A.5 agus A.6 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír:

Tuairisc	2021 Meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
	€000	€000	€000
A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	1,096	732	726
A.5 Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair)	670	669	650
A.6 Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas	1,245	1,228	1,120
	3,011	**2,629**	**2,496**

6.3 Costais Eadrána agus idir-réitigh

Cuimsítear i gcaiteachas 2021 íocaíochtaí dar suim €460,000 (2020: €nialas) a rinneadh do sholáthraí chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí eadrána a bhí ar siúl.

Bhí cás amháin ann in 2021 (2020: ní raibh aon chás ar bith ann). Íocadh €370,000 mar tháillí agus mar ús, agus íocadh €90,000 mar chuid den chostas eadrána.

Nóta 7 An Ciste Teagmhais

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1,200	1,200
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	—	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1,200**	**1,200**

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus a bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil ina leith cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann lena aghaidh, e.g., le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an chiste amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (Rannáin C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an chiste. I ndiaidh athbhreithniú in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart an Ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtas iad.

Comhlacht/ ciste na Rinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta ar a bhfuair an tAire/an Roinn iad	An dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad
An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	2020	An 29 Meitheamh 2021	An 16 Iúil 2021	An 9 Lúnasa 2021
An Foras Riaracháin	2020	An 23 Samhain 2021	An 17 Eanáir 2022	An 18 Eanáir 2022
Ciste Oideachais na hÉireann-na Stát Aontaithe	2020	An 17 Samhain 2021	An 17 Samhain 2021	An 25 Samhain 2021
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta	2020	An 31 Lúnasa 2021	An 16 Samhain 2021	An 24 Samhain 2021
Comhlacht na gClár Speisialta AE	2020	An 8 Deireadh Fómhair 2021	An 3 Samhain 2021	An 9 Nollaig 2021
An Cuntas Maoine Stáit Taiscí Ilghnéitheacha	2020	An 18 Samhain 2021	An 18 Samhain 2021	An 25 Samhain 2021
An ciste cosanta taistealaithe	2020	An 18 Samhain 2021	An 18 Samhain 2021	An 25 Samhain 2021

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 12

Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar phinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde agus liúntais agus aiscí eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 2004, agus reachtanna ilchineálacha eile; ar phinsin reachtúla bhreise, liúntais agus aiscí arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; ar tháillí maidir le teistiméirí leighis agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; ar chúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le díobhálacha pearsanta; ar tháillí leis an Údarás Pinsean, agus ar tháillí gairmiúla eile agus ar íocaíochtaí ilghnéitheacha, i measc nithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €75.124 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí próiseála agus íocaíochta pinsean a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus cuireadh bearta i bhfeidhm a fhágann gur féidir le gach ball foirne, beagnach, feidhmiú go hiomlán trí chianrochtain. Ar an mbealach sin, laghdófaí an cailleadh táirgiúlachta saothair de bharr cur isteach a bhaineann le paindéim Covid-19. De bharr na socruithe a bhfuil achoimre orthu thuas agus de bharr ardáin chomhroinnte TF a bheith ar fáil, bhí Vóta 12 ag obair ó chian ar fud na bliana 2021, agus ba bheag an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an timpeallacht rialaithe airgeadais.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

23 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
	Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Aoisliúntas agus liúntais scoir				
Bunaidh	666,268			
Forlíontach	34,001			
		700,269	698,543	628,412
Ollchaiteachas				
Bunaidh	666,268			
Forlíontach	34,001			
		700,269	**698,543**	**628,412**
B **Leithreasaí-i-gcabhair**				
Bunaidh	326,400			
Forlíontach	34,000			
		360,400	**433,798**	**366,104**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	339,868			
Forlíontach	1			
		339,869	**264,745**	**262,308**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim atá curtha ar fáil os cionn na glansuime feidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**75,123,535**	**113,209,239**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

23 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

	2021	2020
	€000	€000
Costas an chláir	698,231	628,140
Pá	—	—
Neamhphá	312	272
Ollchaiteachas	**698,543**	**628,412**
Lúide		
Leithreasaí-i-gcabhair	**433,798**	**366,104**
Glanchaiteachas	**264,745**	**262,308**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	3,804	3,803
Glanchostas an chláir	**268,549**	**266,111**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is é atá i suim an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 12 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	57	44
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,732	2,674
An Príomh-Chiste [a]		1,015	1,085
		3,804	**3,803**

Nóta [a] Tagann caiteachas Príomh-Chiste aníos ar phinsin agus costais bhainteacha Céilí agus Leanaí Airí, Cathaoirligh, Leas-Chathaoirligh, Ceann Comhairle agus Leas-Cheann Comhairle.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	30,730	18,454
Iarmhéideanna dochair eile	2.2	350	267
Iomlán na sócmhainní reatha		**31,080**	**18,721**
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.3	11,468	11,439
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	19,612	7,282
Iomlán na ndliteanas reatha		**31,080**	**18,721**
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		**—**	**—**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**—**	**—**

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	30,730	17,755
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	—	699
	30,730	**18,454**

2.2 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Pinsin in-fhorchúitithe atá dlite ag ranna eile	350	267
	350	**267**

2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	8,337	7,656
Muirear Sóisialach Uilíoch	1,350	1,258
Cáin Mhaoine Áitiúil	151	141
	9,838	9,055
Asbhaintí pinsin deonacha á gcoinneáil ar fionraí	35	17
Míreanna creidmheasa fionraí eile	1,595	2,367
	11,468	**11,439**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	75,124	113,209
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(55,512)	(105,927)
Glanmhaoiniú Státchiste	**19,612**	**7,282**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	30,730	18,454
Iarmhéideanna dochair: fionraí	350	267
	31,080	18,721
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(9,838)	(9,055)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(1,630)	(2,384)
	(11,468)	(11,439)
	19,612	**7,282**

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	339,869		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(75,124)		
Glanvóta			264,745	262,308
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile			3,804	3,803
Glanchostas an chláir			(268,549)	(266,111)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**—**	**—**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí				
	Bunaidh	490,090			
	Forlíontach	4,640			
			494,730	494,352	456,298
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigigh na cúirte				
	Bunaidh	42,838			
	Forlíontach	(787)			
			42,051	44,036	43,011
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigigh na cúirte				
	Bunaidh	260			
	Forlíontach	(56)			
			204	199	253
A.4	Liúntais bhreise agus aiscí maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe				
	Bunaidh	109,800			
	Forlíontach	32,008			
			141,808	137,617	106,065
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe				
	Bunaidh	22,000			
	Forlíontach	(1,742)			
			20,258	21,551	21,883
A.6	Deontais díobhála agus táillí leighis				
	Bunaidh	401			
	Forlíontach	(50)			
			351	287	328

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.7	Táillí a bhaineann le pinsean agus speansais eile				
	Bunaidh	424			
	Forlíontach	(12)			
			412	312	272
A.8	Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997		400	135	248
A.9	Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht		55	54	54
			700,269	**698,543**	**628,412**

Difríochtaí suntasacha

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna a bhaineann le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000).

A.4 Liúntais bhreise agus aiscí maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe

Soláthar meastacháin €109.8 milliún; toradh €137.6 milliún

Téann an líon daoine a thagann isteach sa scéim agus a imíonn aisti agus an meascán grád i bhfeidhm ar chaiteachas ar an bhfotheideal seo agus bíonn éagsúlacht ag baint leis sin bliain ar bhliain. Leibhéil níos airde cnapshuimeanna i gcoibhneas leis an tsuim ar soláthraíodh di sa mheastachán mar gheall ar mheascán níos airde grád de dhaoine a chuaigh ar scor ba chúis le méadú caiteachais de €27.8 milliún i gcoibhneas leis an meastachán. Nuair a chuirtear san áireamh an inathraitheacht inmheánach caiteachais, mar a sheas sí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach de €32 mhilliún i gcomhair fhotheideal A.4 mar bheart réamhchúraim agus d'fhaomh an tOireachtas é. Mar a tharla, ag deireadh na bliana, chuaigh 1,856 dhuine ar scor (112% den mheastachán bunaidh) ón scéim bhunaithe agus fuair siad cnapshuim faoi fhotheideal A.4. Mar sin de, níor úsáideadh an soláthar forlíontach ina iomláine.

A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus speansais eile

Soláthar meastacháin €424,000; toradh €312,000

D'fhan an soláthar do tháillí dlí gan úsáid ag deireadh bliana 2021 agus mar thoradh air sin bhí toradh 2021 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Soláthar meastacháin €400,000; toradh €135,000

Foráiltear leis an acht seo go bhféadfaidh daoine aonair a tháinig faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim “barrachas inmhuirearaithe” a roghnú aon bharrachas inmhuirearaithe a aisíoc thar thréimhse iarscoir suas le 20 bliain, ach caithfidh an riarthóir pinsin an tsuim iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir laistigh de thrí mhí ó scor an duine. Taispeántar é mar mhuirear faoi fhotheideal A.8 má tharlaíonn sé sin.
Tharla an t-easnamh caiteachais de €265,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin de €400,000 mar gheall gurbh ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí an líon daoine a d’fheidhmigh a gceart chun muirear a chruthú chuig an Vóta.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2021	2020
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Fáltas faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993), maidir le dliteanas pinsin foirne		28,000	25,400	25,400
2	Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, etc.		1,300	888	1,009
3	Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státseirbhíseach agus daoine eile		17,550	17,624	17,055
4	Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95)		33,800	38,815	36,854
5	Aisíocaíocht aiscí, etc.		500	624	112
6	Ceannach meas-seirbhíse		5,200	5,594	6,405
7	Ranníocaíochtaí scéime aonair				
	Bunaidh	240,000			
	Forlíontach	34,000			
			274,000	344,853	279,269
8	Ilghnéitheach		50	—	—
	Iomlán		**360,400**	**433,798**	**366,104**

Difríochtaí suntasacha

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna a bhaineann le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí €107.398 milliún sa bhreis sna leithreasaí-i-gcabhair ná mar a bhí sa mheastachán. Tá míniú ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

1 Fáltas faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993), maidir le dliteanas pinsin foirne

Soláthar meastacháin €28 milliún; réadaithe €25.4 milliún

Rinneadh athbhreithniú ar na fáltais a bhí dlite faoin reachtaíocht seo go gairid i ndiaidh na meastacháin a chríochnú. Ba é toradh an athbhreithnithe sin go raibh na fáltais a bhí dlite le laghdú go €25.4 milliún ó €28 milliún, agus taisceadh na fáltais sin dá réir.

2 Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, etc.

Soláthar meastacháin €1.3 milliún; réadaithe €888,000

Tharla an laghdú de thart ar €400,000 mar gheall ar laghdú ar leibhéal fáltas na mball foirne ar iasacht. Tá sé deacair líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

4 Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95)

Soláthar meastacháin €33.8 milliún; réadaithe €38.8 milliún

Tharla an méadú de thart ar €5 mhilliún toisc gur gannmheasadh leibhéal na bhfáltas ó chohórt státseirbhíseach a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin agus roimh an 1 Eanáir 2013 atá ina gcomhaltaí den scéim bhunaithe. Laghdóidh an líon sa chohórt sin de réir mar a théann daoine ar scor ach bíonn tionchar ag athruithe sna leibhéil tuarastail sin ar leibhéal ranníocaíochtaí an chohóirt sin, rud a d'fhéadfadh méadú i gcomhréir le dul chun cinn gairme.

5 Aisíocaíocht aiscí, etc.

Soláthar meastacháin €500,000; réadaithe €624,000

Athraíonn an fotheideal seo bliain ar bhliain toisc go bhfuil sé ag brath ar státseirbhísigh a bheith ag aisíoc a gcuid aiscí. Mar thoradh air sin, féadann sé a bheith deacair an meastachán a thuar.

6 Ceannach meas-seirbhíse

Soláthar meastacháin €5.2 milliún; réadaithe €5.594 milliún

Is rogha é ceannach meas-seirbhíse a fhéadann an comhalta a roghnú i mbliain ar leith faoina rogha féin agus, mar sin, is deacair fáltais ar an bhfotheideal seo a thuar go cruinn.

7 Ranníocaíochtaí scéime aonair

Soláthar meastacháin €240 milliún; réadaithe €344.853 milliún

Is ionann an tsuim a chuirtear leis an Vóta maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí a rinne gach státseirbhíseach nua a thosaíonn a bhfostaíocht tar éis an 1 Eanáir 2013. Cé go mbíonn maoirseacht lárnach ann ar an líon iomlán fostaithe seirbhíse poiblí, is i rannóga aonair in aon bhliain a bhainistítear an líon iomlán iontrálaithe nua, agus uainiú a gceaptha agus an grád agus an leibhéal pá ar a gceaptar iad agus é faoi réir difríocht leathan. Mar gheall ar nádúr na bpróiseas earcaíochta agus scoir ar fud na seirbhíse poiblí, is ann fós do leibhéal difríochta i meastacháin i leith fáltas.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Foireann

Maidir le gach ball foirne a fhostaítear i riar agus íoc an aoisliúntais a mhuirearaítear chuig an Vóta seo, íoctar iad ó Vóta 18 – An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Muirearaítear costais na mball foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh an bheartais aoisliúntais chuig Vóta 11 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos de réir teidil an líon iomlán pinsinéirí atá i mbun íocaíochta ag deireadh na bliana.

		2021	2020
A.1	Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí	21,462	19,961
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	3,037	2,986
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	14	18
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe	4,390	4,438
A.9	Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht	3	3
		28,906	**27,406**

5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na comhlachtaí atá leagtha amach thíos.

Ainm an chomhlachta	Líon na bpinsinéirí	Oll-luach (in aghaidh na bliana) €milliún
Pinsin Coistí Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna	11,249	316
Pinsin FÁS/SOLAS	1,472	30

Muirearaítear na suimeanna a íoctar chuig Vóta 26 Oideachas agus chuig Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde agus Eolaíocht.

5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin

Ba é iomlán na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €48,863 (72 gcás), (2020: €190,642 (48 gcás)). Tá pleananna forchúitithe i bhfeidhm dóibh go léir.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Chomh maith le bheith ina Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir, tá sé ar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Nochtar a thuarastal sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Laghdú pinsin

Foráiltear le hAcht na bPinsean (Laghdú), 1965, agus leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, go ndéantar pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis a ngnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhadh siad dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Foráiltear leis an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh faoi rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

In 2021, laghdaíodh pinsin 30 státseirbhíseach scortha go hiomlán nó go páirteach. Ba é €185,888 an tsuim iomlán a laghdaíodh in 2021.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 13

Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig na nOibreacha Poiblí, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus ar chaiteachas áirithe a fhorchúiteamh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €19.658 milliún lena ghéilleadh don Státchiste.

Tabhaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Leagtar amach i Nóta 2.11 an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig seirbhísí cliaint ar fáil thar ceann an Stáit. Leagtar amach an caiteachas sin i Nóta 1.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn pCaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Luacháil na sócmhainní caipitil

Is mar seo a leanas a aithníonn an Oifig luach talún agus foirgneamh.

- Cuireadh measúnuithe ar luach margaidh i bhfeidhm maidir le hionaid réadmhaoine nuair a bhí comparáidí margaidh ar fáil.
- Rinneadh luacháil aonair ar ionaid réadmhaoine ardghradaim agus baineadh úsáid as modh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála sin bunaithe ar chur i bhfeidhm rátaí margaidh.
- I gcás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar ionaid réadmhaoine a sealbhaíodh nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil ar bhonn gnásanna costais tógála agus luachanna barúlacha láithreán. Déantar ionaid réadmhaoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith nó a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith a luacháil ar a gcostas.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha ar luach inréadaithe. Ar dhiúscairt talún agus foirgneamh, athluacháiltear na sócmhainní chuig suim na bhfáltas díolachán agus léirítear an gnóthachan nó an caillteanas mar athluacháil ar dhiúscairt i nóta 2.1.

Ní aithnítear caiteachas caipitil i roinnt réimsí i Nóta 2.1 (sócmhainní caipitil) mar seo a leanas.

- Níl caiteachas ar fhoirgnimh áirithe a fheabhsú ar áireamh. Léireofar an t-athrú ar an luach ar an gcéad dáta luachála eile.
- Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ar fhoirgnimh léasaithe a fheabhsú.
- Ní dhéantar séadchomharthaí náisiúnta agus réadmhaoine áirithe stairiúla náisiúnta a luacháil.
- Féachtar ar oibreacha faoisimh tuile mar shócmhainní bonneagair agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Cuirtear obair ealaíne a sealbhaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008 ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin gceannteideal daingneáin agus feistis ar chostas stairiúil agus ní dhéantar athluacháil uirthi. Níor caipitlíodh obair ealaíne a sealbhaíodh roimh an 1 Eanáir 2008.

Dímheas

Ríomhtar an dímheas ar bhonn bliantúil. Is é an beartas dímheasa go muirearaítear dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus nach muirearaítear aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta idir cúig bliana agus 20 bliain chuig luach iarmharach réamh-mheasta.

Ní dhéantar saothair ealaíne ná sócmhainní oidhreachta a dhímheas.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil chun bail mhaith a choinneáil orthu.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Déantar caiteachas ar oibreacha ar ionaid réadmhaoine atá ann cheana féin agus ar leis an Oifig iad, a chuirtear i gcrích faoi fho-mhírcheann B.6 (Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna), a chaipitliú faoina chatagóir sócmhainní ábhartha sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas ach amháin i gcás na n-eisceachtaí a leagtar amach thuas áit nach n-aithnítear caiteachas caipitil mar shócmhainn chaipitil. Cuirtear caiteachas caipitil ar fhorbairtí nua a chuimsíonn tréimhsí cuntasaíochta éagsúla i gcuntas mar shócmhainn chaipitil atá á forbairt agus aistrítear é chuig an gcatagóir sócmhainní ábhartha nuair atá sé críochnaithe.

Íocaíochtaí léasa réadmhaoine

Aithnítear íocaíocht as earraí agus seirbhísí sa chuntas nuair atá na hearraí nó na seirbhísí curtha ar fáil go sásúil, nuair atá a gcuntas curtha faoina bhráid ag an soláthraí agus nuair atá an t-ordú le haghaidh íocaíochta curtha i gcrích. I gcás comhaontuithe léasa réadmhaoine, bíonn an Oifig sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht ach tús a bheith curtha leis an léas, agus an cíos a bheith dlite agus iníoctha. Má bhíonn deacrachtaí ann ó thaobh dlí nó comhlíonadh de, áfach, déanann an Oifig íocaíochtaí den sórt sin a mhuirearú ar an Vóta agus na cistí a aistriú chuig an gcuntas fionraí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar acmhainní daonna, agus seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil do ghráid na státseirbhíse.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachta a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil ann agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal
- go bhfuil creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm san Oifig.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

In 2021, chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de 85 chás arbh fhiú €20.778 milliún ar an iomlán iad. Leagtar na sonraí sin amach thíos:

- Bhain €286,032 le híocaíochtaí le dhá sholáthraí mar ar cuireadh síneadh leis an gconradh toisc nach raibh na próisis soláthair nua curtha i gcrích.
- Bhain €1,169,821 le híocaíochtaí le 13 sholáthraí mar ar cuireadh síneadh leis an gconradh i ndiaidh an dáta conartha bunaidh.
- Bhain €1,238,439 le híocaíochtaí le sé sholáthraí inar dámhadh conradh go díreach gan próiseas iomaíoch.
- Bhain €40,990 le híocaíochtaí le soláthraí amháin ina raibh socruithe áitiúla i bhfeidhm a tháinig salach ar threoirlínte soláthair náisiúnta.
- Bhain €18,042,295 le híocaíochtaí le 63 soláthraí ina raibh luach an chonartha níos mó ná an tairseach fógraíochta ábhartha ach ar dámhadh é de bhun iarrataí iomaíocha ar thairiscintí. Tá an Oifig ag plé leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ar an ní sin agus tá sí tiomanta do leibhéal na soláthairtí neamh-chomhlíonta a laghdú.

Chuir an Oifig sonraí faoi 46 chonradh neamhiomaíocha dar luach €4.731 milliún san iomlán ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Sainaithníodh na saincheisteanna seo a leanas i dtaca le rialú inmheánach airgeadais in 2021:

Caiteachas ar chonradh cothabhála téarma thomhaiste

Conradh cothabhála téarma thomhaiste ar cuireadh tús leis in 2014, bhí súil leis go mbeadh luach €12 mhilliún aige thar imeacht ceithre bliana. Tháinig deireadh le téarma an chonartha i mí Dheireadh Fómhair 2018. In 2021, thabhaigh OOP caiteachas €0.9 milliún ar oibreacha a cuireadh faoin gconradh sular tháinig deireadh leis an téarma. D'fhág sé sin an caiteachas iomlán faoin gconradh sin ag €49.2 milliún amhail deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2021.

Conradh cothabhála téarma thomhaiste a tháinig ina áit agus ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2018, bhí súil leis go mbeadh luach €15 mhilliún aige. In 2021, thabhaigh OOP caiteachas €16.3 milliún a bhain le hoibreacha práinneacha bonneagair Breatimeachta faoin gconradh, chomh maith le €14.4 milliún ar oibreacha tógála eile. D'fhág sé sin an caiteachas iomlán faoin gconradh sin ag €62.4 milliún ar oibreacha práinneacha bonneagair Breatimeachta agus €40.9 milliún ar oibreacha tógála eile.

Soláthraíodh creataí chun tabhairt faoi chothabháil ar fhoirgnimh i mBaile Átha Cliath ar le OOP iad nó atá ar léas ag OOP, chun teacht in áit an chonartha cothabhála téarma thomhaiste.

Taisteal agus cothú

Thug an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí faoi athbhreithniú ar speansais taistil agus chothaithe agus shainaithin sí fadhb fhéideartha le cánacha párolla. Rinne OOP nochtadh saorálach leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le gearríocaíocht €660,670 a bhain le ceithre bliana d'éilimh ar speansais. Tá an t-athbhreithniú ar bun faoi láthair agus tá bearta ceartaitheacha á gcur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil OOP cáin-chomhlíontach.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Is beag athrú a tháinig ar an timpeallacht rialaithe chun dul i ngleic le Covid-19 in 2021. Deimhním go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm cheana féin agus iad siúd a tugadh isteach chun dul i ngleic leis an gcianobair fós éifeachtach.

Tabhaíodh costais dhíreacha €1.97 milliún in 2021 a bhain le freagairt na hOifige d'oibriú i dtimpeallacht Covid-19. Go príomha, baineann na costais bhreise le costais foirgníochta (€1.8 milliún), le trealamh sláinte agus sábháilteachta agus le riachtanais TFC.

Mar thoradh ar láithreáin oidhreachta a dhúnadh agus tionscnamh an rialtais gan táillí isteach a iarraidh, bhí easnamh ann i bhfáltais na hOifige. Tabhaíodh an laghdú ar fháltais ó dhíolacháin agus na táillí isteach nár iarradh trí choigiltis laistigh de chaiteachas foriomlán an Vóta.

Maurice Buckley
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

27 Meán Fómhair 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le hOifig na nOibreacha Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

Caiteachas faoi chonradh cothabhála

I gCaibidil 6 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2018, scrúdaíodh caiteachas barrachais a chaith Oifig na nOibreacha Poiblí faoi chonradh cothabhála sa tréimhse idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2018. Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla caiteachas barrachais breise sa bhliain 2021 ar chonradh cothabhála ionaid. B'ionann agus €103.3 milliún an caiteachas iomlán faoin gconradh ionaid go deireadh na bliana 2021.

Íocaíochtaí conartha i ndáil leis an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

I gCaibidil 8 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear na híocaíochtaí a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí idir an bhliain 2020 agus an bhliain 2021 i ndáil leis an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, i bhfianaise an tionchair a bhí ag srianta Covid-19 ar leibhéil freastail na dtoscairí ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus i bhfianaise na bhforálacha conartha comhpháirtíochta príobháidí poiblí iomchuí.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Bainistíocht riosca tuile				
	Soláthar meastacháin	127,363			
	Géilleadh iarchurtha	5,500			
			132,863	99,591	107,664
B	Bainistíocht eastát				
	Soláthar meastacháin	387,412			
	Géilleadh iarchurtha	14,500			
			401,912	392,939	380,643
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	514,775			
	Géilleadh iarchurtha	20,000			
			534,775	**492,530**	**488,307**
	Lúide				
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**13,000**	**11,113**	**12,113**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	501,775			
	Géilleadh iarchurtha	20,000			
			521,775	**481,417**	**476,194**

Farasbarr

Tá an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid de leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le caitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh anonn go 2022 €20.7 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.5.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	40,357,662	22,232,890
Géilleadh iarchurtha	(20,700,000)	(20,000,000)
Farasbarr le géilleadh	**19,657,662**	**2,232,890**

Maurice Buckley
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

27 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		430,610	428,088
Riarachán – pá		49,750	47,785
Riarachán – neamhphá		12,170	12,434
Ollchaiteachas		**492,530**	**488,307**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**11,113**	**12,113**
Glanchaiteachas		**481,417**	**476,194**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin – airgead tirim	(8,860)		
Dímheas	5,326		
Diúscairtí – airgead tirim	2,232		
Gnóthachan ar dhiúscairt	(564)	(1,866)	(3,520)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	7,173		
Laghdú ar stoc	11	7,184	(6,592)
Caiteachas díreach		**486,735**	**466,082**
Caiteachas ar sheirbhísí nuair a ghníomhaíonn OOP mar chliant		(170,351)	(171,077) [a]
Caiteachas díreach (seachas seirbhísí nuair a ghníomhaíonn OOP mar chliant)		**316,384**	**295,005**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(114,500)	(115,920)
Glanchostas an chláir [b]		**201,884**	**179,085**

Nóta [a] I ndiaidh athbhreithniú ar chaiteachas caipitil agus reatha ina ngníomhaíonn OOP mar chliant, leasaíodh figiúr comparáideach 2020 chun caiteachas caipitil a tabhaíodh in 2020 thar ceann Vótaí eile a áireamh.

[b] Ní chuimsíonn glanchostas an chláir an méid seo a leanas.

- Meastar gurb é €91.3 milliún na measchíosanna a d'fhéadfadh OOP a fháil ar réadmhaoine atá faoi úinéireacht an Stáit. Meastar gurb é €3.6 milliún luach na measchíosanna is iníoctha ag OOP.
- Níor cuireadh suimeanna ar áireamh sa ráiteas maidir le hioncam barúlach ó chliantranna i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 13 a tabhaíodh in áit eile agus costais a thabhaigh Vóta 13 i ndáil le Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	53	53
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	23,918	22,882
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	78	82
Vóta 43	Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise	48	—
Costas cionroinnte seirbhísí comhroinnte le haghaidh Vótaí eile		(138,597)	(138,937) [a]
		(114,500)	**(115,920)**

Nóta [a] I ndiaidh athbhreithniú ar chostais chionroinnte seirbhísí comhroinnte le haghaidh Vótaí eile, leasaíodh figiúr comparáideach 2020 chun caiteachas caipitil a chur as an áireamh.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	3,454,327	3,429,835
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead	2.2	68,957	71,030
Stoic	2.3	1,984	1,995
Réamhíocaíochtaí	2.4	23,700	29,881
Ioncam fabhraithe		3,431	3,570
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	12,814	5,512
Iomlán na sócmhainní reatha		**110,886**	**111,988**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	10,475	9,567
Ioncam iarchurtha		118	173
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	56,613	48,310
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	25,158	28,232
Iomlán na ndliteanas reatha		**92,364**	**86,282**
Glansócmhainní reatha		18,522	25,706
Glansócmhainní		**3,472,849**	**3,455,541**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**3,472,849**	**3,455,541**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Gléasra agus innealra	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt [b]	Iomlán [c]
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	3,396,225	55,542	25,091	22,749	4,232	3,503,839
Breiseanna [d]	9,705	7,071	534	439	5,760	23,509
Diúscairtí	(1,489)	(3,834)	(256)	(42)	—	(5,621)
Athluacháil ar dhiúscairt	(970)	—	—	—	—	(970)
Athluachálacha [e]	8,947	—	—	—	—	8,947
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	3,412,418	58,779	25,369	23,146	9,992	3,529,704
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	36,086	22,534	15,384	—	74,004
Dímheas don bhliain	—	3,918	1,143	265	—	5,326
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(3,683)	(236)	(34)	—	(3,953)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	36,321	23,441	15,615	—	75,377
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**3,412,418**	**22,458**	**1,928**	**7,531**	**9,992**	**3,454,327**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	3,396,225	19,456	2,557	7,365	4,232	3,429,835

Nótaí

[a] Déantar anailís thíos ar na luachálacha ar thalamh agus foirgnimh.

[b] Ní áirítear i Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála ar tugadh fúthu faoi Fho-mhírcheann B6 – Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna.

[c] Ní dhéantar caiteachas ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.

[d] Cheannaigh OOP trí fhoirgneamh i mí na Nollag 2020 ar chostas €8,958,338. Aistríodh úinéireacht na bhfoirgneamh chuig OOP in 2021. Rinneadh íocaíocht eile €172,355 in 2021 i dtaobh ceann de na foirgnimh sin.

[e] Baineann an figiúr athluachála go príomha leis an athrú ar luach 23 shócmhainn da bhí faoi réir athluacháil OOP in 2021.

Luacháil ar thalamh agus foirgnimh

Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, baintear úsáid as roinnt boinn luachála chun sócmhainní a luacháil. Tá líon na bhfoirgneamh agus luach ábhartha faoi gach bonn luachála a úsáideadh leagtha amach thíos.

Boinn luachála	2021		2020	
	Líon na bhfoirgneamh	€000	Líon na bhfoirgneamh	€000
Luach margaidh	304	908,129	291	894,778
Gnásanna costais tógála	519	710,920	538	716,682
Costas	149	865,463	145	856,859
Ionaid réadmhaoine ardghradaim (costas athsholáthair)	11	927,906	11	927,906
Ionaid réadmhaoine oidhreachta (luach nialasach)	727	—	727	—
Réadmhaoine ilghnéitheacha [a]	225	—	228	—
	1,935	**3,412,418**	**1,940**	**3,396,225**

Nóta a Is catagóirí éagsúla talún agus foirgneamh iad réadmhaoine ilghnéitheacha. Ina measc tá talamh nó réadmhaoine tánaisteacha ina n-áirítear an luacháil fhoriomlán don láithreán iomlán sa phríomhshócmhainn sa tábla thuas.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	68,976	71,030
Mionairgead	4	5
Orduithe amuigh	(23)	(5)
	68,957	**71,030**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stoic innealtóireachta	930	974
Stoic iosta oidhreachta	928	919
Ábhair thógála	71	42
Stáiseanóireacht	35	33
Stoic ilghnéitheacha	20	27
	1,984	**1,995**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Riarachán	347	193
Seirbhísí agus tacaíocht TF	956	943
Bainistíocht riosca tuile	34	15
Bainistíocht eastát	22,363	28,730
	23,700	**29,881**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (nóta 2.11)	12,381	5,456
Iarmhéideanna dochair eile	433	56
	12,814	**5,512**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Riarachán	267	305
Seirbhísí agus tacaí TF	129	152
Bainistíocht riosca tuile	1,733	1,035
Bainistíocht eastát	8,346	8,075
	10,475	**9,567**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,462	1,329
Muirear sóisialach uilíoch	283	268
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,216	1,157
Cáin shiarchoinneálach ae sheirbhísí gairmiúla	902	904
Cáin bhreisluacha	10,540	8,439
Ranníocaíochtaí pinsin	327	305
Cáin mhaoine áitiúla	10	9
	14,740	12,411
Iarmhéideanna na ngníomhaireachtaí (nóta 2.11)	24,548	16,738
Cuntas oibreacha éagsúla	85	116
Bainistíocht réadmhaoine [a]	15,129	16,824
An scéim 'Céatadán ar son na hEalaíne'	2,033	2,013
Oidhreacht ilghnéitheach	—	45
Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí	—	87
Iarmhéideanna creidmheasa eile	78	76
	56,613	**48,310**

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, ba é €10 milliún luach na n-íocaíochtaí léasa a muirearaíodh ar an vóta agus a aistríodh chuig an gcuntas fionraí. As sin, muirearaíodh €9.84 milliún ar fho-mhírcheann B.8 agus muirearaíodh €160,000 ar fho-mhírcheann B.9.

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	19,658	2,233
Géilleadh iarchurtha	20,700	20,000
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(15,200)	5,999
Glanmhaoiniú Státchiste	**25,158**	**28,232**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	68,957	71,030
Iarmhéideanna dochair: fionraí	12,814	5,512
	81,771	76,542
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(14,740)	(12,411)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(41,873)	(35,899)
	(56,613)	(48,310)
	25,158	**28,232**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			3,455,541	3,369,070
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	521,775		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(20,700)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(19,658)		
Glanvóta			481,417	476,194
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		24,097	23,017
Seirbhísí gaolmhara	1.1		(138,597)	(138,937)
Cliantseirbhísí	1		(170,351)	(171,077)
Glanchostas an chláir	1		(201,884)	(179,085)
Coigeartuithe sócmhainní			22,626	76,359
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,472,849**	**3,455,541**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	8,409	6,243
Cláir deontas neamhchaipitil	750	1,000
Cláir deontas caipitil	14,124	12,768
Tionscadail chaipitil	81,910	62,100
Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí phoiblí	340,702	365,978
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**445,895**	**448,089**

Bhí ceangaltais gan íoc ann ag deireadh 2021 i ndáil le cíos réadmhaoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara. Níor cuireadh figiúirí do na ceangaltais sin ar áireamh sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €118.7 milliún in 2022 (2021: €114.9 milliún).

b) Cláir deontas neamhchaipitil	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	1,000	1,250
Deontais a íocadh sa bhliain	(250)	(250)
Iarmhéid deiridh	**750**	**1,000**

c) Cláir deontas caipitil	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	12,768	13,199
Coigeartú	—	24
Ceangaltais nua deontais	4,820	16
Deontais a íocadh sa bhliain	(3,464)	(449)
Deontais a cuireadh ar ceal	—	(22)
Iarmhéid deiridh	**14,124**	**12,768**

d) Mórthionscadail chaipitil

Mórthionscadail leanúnacha a bhí ar bun le linn 2021 mar a bhfuiltear ag súil go mbeidh costas measta iomlán an tionscadail aonair os cionn €10 milliún. Seo iad na sonraí.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin [a]	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Bainistíocht riosca tuile					
Scéim Abhann na Dothra	17,867	1,851	1,482	21,200	19,517
Inis Íochtarach	18,607	693	100	19,400	19,173
Droichead na Bandan	29,847	369	1,134	31,350	31,350
An Sciobairín	32,837	1,139	524	34,500	34,500
Cloich na Coillte	25,912	2,895	1,008	29,815	29,815
Inis Theas	15,366	2,789	1,451	19,606	19,606
Dúglas	11,380	4,458	4,300	20,138	19,800
Baile Átha Luain	8,612	3,995	2,005	14,612	14,612
Baile Chláir	10,969	89	159	11,217	11,217
Scéim Cosanta Tuilte na Moiréile Íochtaraí	1,422	2,784	6,603	10,809	10,809
Iomlán	**172,819**	**21,062**	**18,766**	**212,647**	**210,399**
Bainistíocht Eastát					
Plás Miesach	21,318	—	2,123	23,441	23,441
Teach Laighean	17,841	—	159	18,000	18,000
Iomlán	**39,159**	**—**	**2,282**	**41,441**	**41,441**

Nóta [a] Baineann ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin le measatachán reatha na hOifige i ndáil le costais chaipitil go dtí go gcuirfear an tionscadal i gcrích.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gur tháinig athrú de bhreis ar €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla idir 2020 agus 2021.

Bainistíocht riosca tuile

Scéim Abhann na Dothra

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €1.683 milliún

Tá costas ionchasach iomlán an tionscadail leasaithe mar atá mar thoradh ar mheastachán faoina luach ar chostais charntha agus méadú ar an ranníocaíocht le haghaidh an rotharbhealaigh atá taobh leis an scéim.

e) Íocaíochtaí aonadacha i ndáil le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí a chaithfear a chomhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin	Iomlán ionchasach an tionscadail 2021	Iomlán ionchasach an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath	398,702	23,847	340,702	763,251	764,680

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gur tháinig athrú de bhreis ar €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla idir 2020 agus 2021.

An tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath

Laghdú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €1.429 milliún

Tá laghdú ar an meastachán go príomha mar gheall ar aisíoc €300,000 go luath in 2021 ón gcleachtadh anailíse riosca árachais dar foráladh faoin gcomhaontú tionscadail agus cúig tharscaoileadh ar rátaí tráchtála ráithiúla dar luach €921,000. Anuas air sin, de bharr an phróisis innéacsaithe bliantúil a dhéantar mí Lúnasa gach bliain, bhí laghdú ar íocaíochtaí ann go deireadh an chomhaontaithe tionscadail in 2035.

2.11 Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar

Chomh maith le caiteachas ar Vóta 13, gníomhaíonn an Oifig mar ghníomhaire freisin, agus tabhaíonn sí caiteachas thar ceann ranna agus ghníomhaireachtaí eile Rialtais. Cuireann an roinn/an ghníomhaireacht urraíochta maoiniú ar fáil don Oifig i leith an chaiteachais sin agus feictear mar mhuirear ar chuntas na clianteagraíochta é. €183.4 milliún an caiteachas iomlán in 2021 agus áiríodh leis sin móroibreacha caipitil (€152.9 milliún); léasú cóiríochta (€19.6 milliún); clár na scoileanna (€7.6 milliún) agus oibreacha cothabhála (€3.3 milliún).

Cuntas seirbhísí gníomhaireachta

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	(11,282)	(11,175)
Íocaíochtaí	183,406	137,956
Fáltais	(184,291)	(138,063)
Iarmhéid deiridh [a]	**(12,167)[a]**	**(11,282)**

Nóta [a] Cuimsíonn an t-iarmhéid creidmheasa deiridh €12.167 milliún in iarmhéideanna gníomhaireachta dochair €12.381 milliún (nóta 2.5) agus iarmhéideanna gníomhaireachta creidmheasa is fiú €24.548 milliún (nóta 2.7).

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlí agus idir-réitigh conartha atá fós le réiteach agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios go baileach suim ná uainiú na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith ann.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	49,055	49,750	47,785
ii	Taisteal agus cothú	2,000	1,450	1,534
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,100	1,348	1,207
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,733	1,983	1,675
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	6,582	6,053	6,704
vi	Costais áitribh oifige	1,279	910	1,077
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	200	285	117
viii	Seirbhísí foilsitheoireachta Rialtais	140	141	120
		62,089	**61,920**	**60,219**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii **Taisteal agus cothú**

Soláthar meastacháin: €2 mhilliún; toradh: €1.45 milliún

Tá coigilteas €550,000 ann mar thoradh ar shrianta taistil Covid-19, rud a laghdaigh caiteachas ar thaisteal intíre agus ar thaisteal iasachta.

vi **Costais áitribh oifige**

Soláthar meastacháin: €1.279 milliún; toradh: €910,000

Tháinig an coigilteas €369,000 chun cinn mar thoradh ar fhostaithe a lean ar aghaidh ag obair ón mbaile, rud a chruthaigh laghdú ar chostais reatha áitribh OOP.

Clár A Bainistíocht riosca tuile

			2021		2020
			Soláthar measachán	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		12,903	14,005	12,888
A.2	Riarachán – neamhphá		2,567	3,135	3,141
A.3	Gléasra agus innealra a cheannach				
	Soláthar measacháin	6,470			
	Géilleadh iarchurtha	1,500			
			7,970	7,679	9,107
A.4	Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrach agus hidreolaíoch		1,272	1,371	1,343
A.5	Bainistíocht riosca tuilte				
	Soláthar measacháin	85,922			
	Géilleadh iarchurtha	4,000			
			89,922	55,666	63,152
A.6	Cothabháil draenála		18,229	17,735	18,033
			132,863	**99,591**	**107,664**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €33.272 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí méadú €1.67 milliún ann ar an gcaiteachas riaracháin don chlár (féach thuas). Bhí caiteachas neamhriaracháin foriomlán an chláir €34.942 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús, de bharr an mhéid seo a leanas go príomha.

A.5 Bainistíocht riosca tuile

Soláthar measacháin: €89.922 milliún; toradh: €55.666 milliún

Tá coigilteas €34.256 milliún ann go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar chead pleanála agus ceisteanna dlí eile a chuaigh i bhfeidhm ar dhátaí tosaithe tógála cúig thionscadal caipitil. Anuas air sin, bhí laghdú ar líon na n-iarratas ar mhionoibreacha agus na dtarraingtí anuas ar an Scéim Athlonnaithe Dheonaigh d'Úinéirí Tí, foinsiú áiteanna cónaithe athsholáthair a bhí níos moille ná mar a bhí súil leis, agus ranníocaíocht atá le cur i gcrích fós le haghaidh oibreacha cothabhála a rinne Uiscebhealaí Éireann.

Clár B Bainistíocht eastát

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		36,152	35,745	34,897
B.2	Riarachán – neamhphá		10,467	9,035	9,293
B.3	Foireann tís an Uachtaráin		987	807	802
B.4	Deontais le haghaidh oibreacha agus seirbhísí athchóirithe		3,500	3,500	500
B.5	Ceannach láithreán agus foirgneamh				
	Soláthar meastacháin	4,480			
	Géilleadh iarchurtha	2,500			
			6,980	809	9,338
B.6	Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna				
	Soláthar meastacháin	82,981			
	Géilleadh iarchurtha	12,000			
			94,981	97,311	85,222
B.7	Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí		63,186	64,159	64,677
B.8	Cíosanna		103,020	103,311	98,474
B.9	Táillí seirbhíse agus fóntais		11,856	11,841	11,447
B.10	Íocaíochtaí aonadacha		25,000	23,847	23,879
B.11	Seirbhísí oidhreachta		45,783	42,574	42,114
			401,912	**392,939**	**380,643**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár B €8.973 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí coigilteas €1.839 milliún ann ar an gcaiteachas riaracháin don chlár (féach thuas). Bhí caiteachas neamhriaracháin foriomlán an chláir €7.134 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús, de bharr an mhéid seo a leanas go príomha.

B.3 Foireann tís an Uachtaráin

Soláthar meastacháin: €987,000; toradh: €807,000

Tá coigilteas €180,000 ann mar gheall ar mhoilleanna ar earcaíocht agus srianta Covid-19 ar imeachtaí Stáit.

B.5 Ceannach láithreán agus foirgneamh

Soláthar meastacháin: €6.98 milliún; toradh: €809,000

Tá coigilteas €6.171 milliún ann mar thoradh ar mhoill, idirbheartaíocht leanúnach, dícheall cuí agus mionsonraí dlí ar roinnt réadmhaoine a bhfuil a gceannach le cur i gcrích fós.

B.11 Seirbhísí oidhreachta

Soláthar meastacháin: €45.783 milliún; toradh: €42.574 milliún

Tá coigilteas €3.21 milliún ann mar thoradh ar laghdú ar chostais phá ag láithreáin cuairteoirí agus moilleanna ar obair chothabhála bheartaithe mar gheall ar shrianta Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Cíosanna, táillí ceadúnais, etc.	3,630	3,099	3,161
2	Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí	1,400	332	938
3	Fáltais as seirbhísí foilsitheoireachta Rialtais	570	596	634
4	Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla	700	946	599
5	Táillí iontrála ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla	4,000	52	893
6	Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí, etc.	600	4,175	4,108
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,100	1,913	1,780
	Iomlán	**13,000**	**11,113**	**12,113**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sna fáltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €1.887 milliún níos lú ná an meastachán. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

1 Cíosanna, táillí ceadúnais, etc.

Meastachán: €3.63 milliún; réadaithe: €3.099 milliún

Tá laghdú €531,000 ann mar thoradh ar chíosanna nár bailíodh mar gheall ar thionchair phaindéim Covid-19 agus ceisteanna dlí leanúnacha eile a bhain le comhaontuithe léasa.

2 Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí

Meastachán: €1.4 milliún; réadaithe: €332,000

Tá laghdú €1.068 milliún ann mar gheall ar láithreáin a bheith dúnta i dtús 2021 agus toisc nár gearradh táille isteach mar gheall ar phaindéim Covid-19.

4 Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla

Meastachán: €700,000; réadaithe: €946,000

Tá méadú €246,000 ann mar thoradh ar úsáid mhéadaithe spásanna poiblí lasmuigh mar gheall ar phaindéim Covid-19, rud as ar eascair díolacháin níos airde ná mar a bhí súil leis ó stallaí lamháltais agus táillí carrchlós.

5 Táillí iontrála ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag ionaid náisiúnta réadmhaoine stairiúla

Meastachán: €4 mhilliún; réadaithe: €52,000

Tá laghdú €3.948 milliún ann mar gheall nár gearradh táille isteach, líonta srianta i láithreáin agus tréimhse a raibh láithreáin dúnta mar gheall ar Covid-19.

6 Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí etc.

Meastachán: €600,000; réadaithe: €4.175 milliún

Tá méadú €3.575 milliún ann go príomha mar gheall ar fháltais ó dhíol réadmhaoine stáit agus táille gníomhaireachta ón gCiste Árachais Shóisialaigh a bhí níos airde ná mar a bhí súil leis.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €2.1 milliún; réadaithe: €1.913 milliún

Tá laghdú €187,000 ann go príomha mar gheall ar mhoilleanna gan choinne ar fholúntais foirne a líonadh.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Cion coigiltis ó athmhaoiniú cuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí an Ionaid Comhdhála Náisiúnta	—	12,042
An tsuim a aistríodh chuig an Státchiste	—	(12,042)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Gráid státseirbhíse	820	845
Gráid shonracha OOP	1,239	1,235
	2,059	**2,080**

5.2 Pá

	2021	2020
	€000	€000
Pá		
Gráid státseirbhíse	45,755	44,037
Gráid shonracha OOP	48,759	49,251
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise		
Gráid státseirbhíse	184	195
Gráid shonracha OOP	1,931	1,981
Ragobair		
Gráid státseirbhíse	24	38
Gráid shonracha OOP	3,081	2,698
Tinreamh breise, sealaíocht agus uainchlár		
Gráid shonracha OOP	1,879	1,634
ÁSPC an fhostóra		
Gráid státseirbhíse	3,787	3,515
Gráid shonracha OOP	5,809	5,885
Pá iomlán [a]	**111,209**	**109,234**

Nóta [a] Cuimsíonn suim an phá iomláin pá do 387 nduine de bhaill foirne shealadacha agus de bhaill foirne shéasúracha in 2021 (2020: 439 mball foirne).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise				
Gráid státseirbhíse	39	6	15,668	20,614
Gráid shonracha OOP	954	—	8,817	9,318
Ragobair				
Gráid státseirbhíse	14	—	4,370	3,454
Gráid shonracha OOP	1,062	87	35,631	31,337
Tinreamh breise, sealaíocht agus uainchlár				
Gráid shonracha OOP	664	4	13,004	10,599
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin				
Gráid státseirbhíse	3	—	6,328	5,679
Gráid shonracha OOP	694	150	38,137	37,453

5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh cúigear státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu ar bhonn táille ar chostas iomlán €11,474. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	27	45,378	31,344
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	14	17,160	11,625

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn na bliana, íocadh €35,377 le cúigear oifigeach mar scaoilíocaíochtaí, dá raibh ceann amháin níos mó ná €10,000.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann e agus €190,568).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

6.1 (A) Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig

	A costais dlí féin a d'íoc an Oifig	Cúiteamh a d'íoc an Oifig	Costais dlí a d'íoc OOP le páirtithe eile lenar bhain	Costais eile a d'íoc OOP le páirtithe eile lenar bhain	2021 Iomlán	2020 Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh i ndáil le díobháil phearsanta						
Éilimh ó fhostaithe	98	407	211	20	736	1,032
Éilimh ó dhaoine den phobal	25	159	4	18	206	364
	123	566	215	38	942	1,396
Éilimh i ndáil le caillteanais nó damáiste						
Éilimh ó dhaoine den phobal	—	37	6	6	49	954
		37	6	6	49	954
Caiteachas iomlán	**123**	**603**	**221**	**44**	**991**	**2,350**

Nótaí [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, tá na héilimh a leanas fós gan íoc:
- Éilimh i ndáil le díobháil phearsanta: 90 ceann (2020 : 101 cheann)
- Éilimh i ndáil le caillteanais nó damáiste: 4 cinn (2020 : 7 gcinn)

6.1 (B) Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Líon na gcásanna	A costais dlí féin a d'íoc an Oifig	Cúiteamh a d'íoc an Oifig	Costais dlí a d'íoc OOP le páirtithe eile lenar bhain	Costais eile a d'íoc OOP le páirtithe eile lenar bhain	2021 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh i ndáil le díobháil phearsanta						
Éilimh ó fhostaithe	5	115	1,139	352	46	1,652
Caiteachas iomlán	**5**	**115**	**1,139**	**352**	**46**	**1,652**

6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear le caiteachas in 2021 íocaíochtaí €373,541 (2020: €411,257) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Bhí ocht gcás ann in 2021 (2020: seacht gcinn). Tá CBL, táillí dlíthiúla agus gairmiúla ar áireamh sna figiúirí.

6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne OOP íocaíochtaí pionóis úis agus cúitimh arbh fhiú €56,991 iad in 2021 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2020: €91,525), dar bhain €8,077 le moilleanna a d'eascair as srianta Covid-19 (2020: €23,880). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OOP in 2021 agus €520 milliún agus ba é 90,079 líon iomlán na n-íocaíochtaí ináirithe.

6.4 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna a leanas sa bhliain

	2021 €000	2020 €000
Táillí neamhíoctha ó chuideachtaí nach bhfuil i mbun trádála níos mó/fiacha do-aisghafa	7	—
Nithe a díscríobhadh de bharr shrianta Covid-19	—	239
	7	**239**

6.5 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia dar luach €589,237 sa bhliain a bhain go príomha le dúnadh láithreán mar gheall ar shrianta Covid-19. Rinneadh na híocaíochtaí i ndiaidh don Oifig um Sholáthar Rialtais treoirnóta a eisiúint (2020: €257,217).

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear sa ghéilleadh iarchurtha coigiltis in 2021 de €20.7 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

	€000
A.5 Bainistíocht riosca tuile	20,700
	20,700

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 14

An tSaotharlann Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhair thuarastail agus speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €448,400 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheimiceoir Stáit. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don tSaotharlann Stáit.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den tSaotharlann Stáit
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaotharlann Stáit ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit neamhchosanta orthu a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte. Chuir an tSaotharlann Stáit mionsonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat rioscaí agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha chun feidhme ag an tSaotharlann Stáit lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den tSaotharlann Stáit atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus tugadh deimhniú sna torthaí gur lean na rialuithe go léir ag feidhmiú le linn shrianta Covid-19 de réir mar a d'fhan an tSaotharlann Stáit ar oscailt ar fud na paindéime.

Ita Kinahan
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

29 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le An tSaotharlann Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach	11,559	11,190	11,061
		11,559	**11,190**	**11,061**
	Ollchaiteachas			
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,046**	**10,065**	**1,028**
Glanchaiteachas		**10,513**	**10,065**	**10,033**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**448,400**	**238,248**

Ita Kinahan
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

29 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		6,219	6,030
Neamhphá		4,971	5,031
Ollchaiteachas		**11,190**	**11,061**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,126**	**1,028**
Glanchaiteachas		**10,064**	**10,033**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(715)		
Dímheas	873		
Caillteanas ar dhiúscairtí	—	158	268
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(326)		
Méadú ar stoc	(36)	(362)	(835)
Caiteachas díreach		**9,860**	**9,466**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,666	1,488
Measchíosanna		1,688	1,688
Glanchostas an chláir		**13,214**	**12,642**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,550	1,447
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	98	22
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	10	11
		1,666	**1,488**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,772	1,930
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		270	237
Stoic	2.2	269	233
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,265	933
Iarmhéideanna dochair eile		5	8
Ioncam fabhraithe		91	93
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,900**	**1,504**
Lúide dliteanas reatha			
Speansais fhabhraithe	2.4	123	120
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	254	221
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	21	24
Iomlán na ndliteanas reatha		**398**	**365**
Glansócmhainní reatha		1,502	1,139
Glansócmhainní		**3,274**	**3,069**
Arna léiriú ag			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**3,274**	**3,069**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	13,368	559	13,927
Breiseanna	715	—	715
Diúscairtí	(532)	—	(532)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	13,551	559	14,110
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	11,451	546	11,997
Dímheas don bhliain	871	2	873
Dímheas ar dhiúscairtí	(532)	—	(532)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	11,790	548	12,338
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,761**	**11**	**1,772**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,917	13	1,930

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne	231	196
Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite TF	38	37
	269	**233**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Saotharlann agus TF	1,200	878
Riarachán	65	55
	1,265	**933**

2.4 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Saotharlann agus TF	61	66
Riarachán	62	54
	123	**120**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	84	83
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	57	54
Muirear sóisialach uilíoch	17	16
Cáin mhaoine áitiúil	—	1
Cáin bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach	47	21
	205	175
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	49	46
	254	**221**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	448	238
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(427)	(214)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	21	24
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	270	237
Iarmhéideanna dochair: fionraí	5	8
	275	245
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(205)	(175)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(49)	(46)
	(254)	(221)
	21	24

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			3,069	2,502
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	10,513		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(448)		
Glanvóta			10,065	10,033
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		1,666	1,488
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,688	1,688
Glanchostas an chláir	1		(13,214)	(12,642)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,274**	**3,069**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	2021	2020
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí	628	485
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	628	485

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 14 An tSaotharlann Stáit mar chaiteachas riaracháin a úsáideadh le haghaidh clár amháin: Seirbhís anailíseach saotharlainne agus chomhairleach Rialtais.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	6,479	6,219	6,030
ii	Taisteal agus cothú	45	1	8
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	325	341	278
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	60	52	52
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,127	3,108	2,997
vi	Costais áitribh oifige	1,458	1,432	1,671
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	65	37	25
		11,559	**11,190**	**11,061**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha, etc.	850	924	834
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	196	200	193
3	Fáltais ilghnéitheacha	—	1	1
	Iomlán	**1,046**	**1,125**	**1,028**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**103**	**101**

5.2 Pá

	2021	2020
	€000	€000
Pá	5,699	5,536
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	28	24
ÁSPC an fhostóra	492	470
Pá iomlán	**6,219**	**6,030**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1	1	24,994	21,538
Liúntais eile	3	—	1,256	1,154

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% AHCPS, fuair deichniúr oifigeach liúntais PCW. Ba é an méid iomlán a íocadh ná €35,137 (2020: €33,485).

5.4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar an leibhéal do ghrád an Cheimiceora Stáit, i.e., olltuarastal bliantúil de €125,888 (b'ionann é agus €122,617 amhail an 31 Nollaig 2020).

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 15
Rúnseirbhís

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar an Rúnseirbhís.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021.

Dlitear farasbarr €901,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 4.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá socruithe forordaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Roinn Cosanta maidir le hairgead a tharraingt anuas ó Vóta na Rúnseirbhíse agus i gcomhair an deimhniúchán bliantúil a fháil ó na hAirí cuí maidir leis an airgead iarbhír a caitheadh i rith na bliana, chomh maith le hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ar chúiseanna slándála, tá srianta i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí agus eolas faoi na hidirbhearta aonair. Cuireann sé sin srian ar na gnáthrialuithe díreacha atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Sna cúinsí, braithim ar ráitis dheimhnithe bhliantúla atá sínithe ag na hAirí ar eisíodh airgead chucu, rud atá bunaithe ar na rialuithe oibríochtúla atá curtha I bhfeidhm ag a gcuid Ranna.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

28 Feabhra 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 15 Rúnseirbhís

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguis ín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Chun críocha an iniúchta seo, cuireadh deimhnithe ar fáil dom ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Aire Cosanta lena dtacaítear leis an gcaiteachas ón Vóta. Áiríodh leis an iniúchadh athbhreithniú ar rialuithe oibriúcháin ar an airgead a eisíodh ón Vóta.

Creidim gur leor agus gur cuí fianaise an iniúchta atá faighte agam chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 15 Rúnseirbhís

Cuntas Leithreasa 2021

		2021	2020
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
Rúnseirbhís	2,000	1,099	1,068
	2,000	**1,099**	**1,068**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**901,219**	**932,379**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

28 Feabhra 2022

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

Níl feidhm ag an nóta seo maidir le Vóta na Rúnseirbhíse.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
Sócmhainní reatha			
Iarmhéideanna fochuntais		496	594
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta		88	88
Iomlán na sócmhainní reatha		**584**	**682**
Lúide dliteanais reatha			
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.1	584	682
Iomlán na ndliteanas reatha		**584**	**682**
Glansócmhainní reatha		**—**	**—**
Glansócmhainní		**—**	**—**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.2	**—**	**—**

2.1 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	901	932
Deontas Státchiste neamhtharraingte	(317)	(250)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**584**	**682**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéid fochuntais	496	594
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	88	88
	584	682
	584	**682**

2.2 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	2,000		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(901)		
Glanvóta			1,099	1,068
Glanchostas an chláir			(1,099)	(1,068)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**—**	**—**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Bhí an toradh maidir le caiteachas €901,000 (45%) níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh. Tá an meastachán tuairimeach ar bhonn riachtanais.

Nóta 4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15: Rúnseirbhís an tOifigeach Cuntasaíochta freisin do Vóta 11: Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Nochtar a leibhéal tuarastail sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 16

An Oifig Luachála

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus caiteachais an Vóta don Oifig Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.794 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa Chomhaontú Bainistíochta Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig lena ngabhann foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam féin. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Is éard is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Thug an Oifig mionsonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don MAC, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Ar iarratas ón lucht ardbhainistíochta, tugadh faoi athbhreithniú ar thionchar phaindéim Covid-19 ar chórais rialaithe inmheánaigh na hoifige sa bhliain 2020. Dheimhníodh leis sin nach raibh aon mhaolú éifeachtach i gceist a mbeadh measúnú riosca díobhálach mar thoradh air á thabhairt le fios go mbeadh bearta cúiteacha de dhíth. Ós rud é nach raibh aon athrú ábhartha ann ar bheartais agus nósanna imeachta na hOifige a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais, is féidir leis an lucht ardbhainistíochta a dheimhniú, i ndáil leis an mbliain chuntasaíochta 2021, go bhfuil staid na bliana 2020 maidir leis an ngá le bearta cúiteacha fós bailí.

Colm Lavery
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

8 Meán Fómhair 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 16 An Oifig Luachála

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 16 An Oifig Luachála

Cuntas Leithreasa 2021

			2021		2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Seirbhís Luachála Stáit a sholáthar		16,033	11,420	9,654
B	Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála		1,546	710	628
Ollchaiteachas			**17,579**	**12,120**	**10,282**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**1,283**	**953**	**895**
Glanchaiteachas			**16,296**	**11,177**	**9,387**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sholáthar chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €325,000 de leathreasaí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta ar aghaidh go dtí an bhliain 2022 (nóta 6.2).

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	5,118,765	6,966,869
Géilleadh iarchurtha	(325,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**4,793,765**	**6,966,869**

Colm Lavery
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

8 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,411	736
Pá		8,219	7,843
Neamhphá		2,500	1,703
Ollchaiteachas		**12,130**	**10,282**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		953	895
Glanchaiteachas		**11,177**	**9,387**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(680)		
Dímheas	23	(657)	28
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	454		
Méadú ar stoc	—	454	(155)
Caiteachas díreach		**10,974**	**9,260**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		6,223	5,504
Glanchostas an chláir		**17,197**	**14,764**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 16 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,778	4,076
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,408	1,411
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	16	17
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	21	—
		6,223	**5,504**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	716	40
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	771	238
Stoic		21	21
Réamhíocaíochtaí	2.3	143	159
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	16	23
Ioncam fabhraithe		14	303
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	—	51
Iomlán na sócmhainní reatha		**965**	**795**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	267	94
Ioncam iarchurtha		162	186
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	484	312
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	303	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,216**	**592**
Glandliteanais reatha		(251)	203
Glansócmhainní		**465**	**243**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**465**	**243**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	991	430	—	1,421
Coigeartuithe [a]	(33)	(148)	—	(181)
Breiseanna	—	—	680	680
Diúscairtí	(133)	—	—	(133)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	825	282	680	1,787
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	951	430	—	1,381
Coigeartuithe [a]	(52)	(148)	—	(200)
Dímheas don bhliain	23	—	—	23
Dímheas ar dhiúscairtí	(133)	—	—	(133)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	789	282	—	1,071
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**36**	—	**680**	**716**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	40	—	—	40

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe sin le míreanna faoi leith a bhfuil luachanna faoi bhun €10,000 acu a bhaint ón gclár sócmhainní de réir chiorclán 21/2020: *Méadú ar luach na tairsí chun sócmhainní a chur ar áireamh sa chlár sócmhainní*. Léiríodh sa mhéid sin freisin ceartúchán ar luachanna stairiúla chun bheith i gcomhréir leis an gclár sócmhainní seasta.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	720	126
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	51	112
	771	**238**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tacaíocht bogearraí	123	129
Riarachán	10	20
Réamhíocaíochtaí eile	10	10
	143	**159**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Caiteachas in-fhorchúitithe pas taistil	12	9
Míreanna dochair eile ar fionraí	4	14
	16	**23**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tacaíocht agus seirbhísí TF	73	15
Caiteachais riaracháin	47	79
Costais dlí	147	—
	267	**94**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	107	100
Muirear sóisialach uilíoch	21	20
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	71	73
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	226	69
Ranníocaíochtaí pinsin	25	23
	451	286
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	27	25
Dliteanais ilghnéitheacha	6	1
	484	**312**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	4,794	6,967
Géilleadh iarchurtha	325	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,816)	(7,018)
Glanmhaoiniú Státchiste	**303**	**(51)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	771	238
Iarmhéideanna dochair: fionraí	16	23
	787	261
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(451)	(286)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(33)	(26)
	(484)	(312)
	303	**(51)**

2.8 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			243	265
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	16,296		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(325)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(4,794)		
Glanvóta			11,177	9,387
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		6,223	5,504
Míreanna neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil			19	(149)
Glanchostas an chláir	1		(17,197)	(14,764)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**465**	**243**

2.9 Ceangaltais [a]

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a fháil	2,750	1,161
Tionscadail chaipitil	10,068	—
	12,818	**1,161**

a) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tonscadail i mbliana ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Tionscadal AXIA [b]	—	680	10,068	10,748	—
	—	**680**	**10,068**	**10,748**	**—**

Nóta

[a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

[b] Is tionscadal bunathraithe gnó é Tionscadal AXIA atá dírithe ar an gcumas a sholáthar chun gníomhaíochtaí na hOifige Luachála a bhainistiú ó thús go deireadh, rochtain gan bhriseadh a sholáthar do gheallsealbhóirí, éifeachtúlacht na foirne a fheabhsú agus cead a thabhairt don Oifig Luachála luachálacha maoine tráchtála atá cóir, cothrom agus comhsheasmhach a sholáthar. Áireofar sa chóras bainistíocht cásanna agus cumas bainistithe sreabhadh oibre chomh maith le modúl costála atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí.

Cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal sa bhliain 2021 agus táthar ag súil go dtabharfar an obair chun críche i dtús na bliana 2023.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	8,868	8,219	7,843
ii	Taisteal agus cothú	271	125	101
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,064	438	433
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	105	85	70
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,977	1,707	931
vi	Costais áitribh oifige	161	107	70
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	60	38	99
		14,506	**10,719**	**9,547**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €271,000; toradh €125,000

Tháinig laghdú €146,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe chun cinn go príomha mar gheall ar an leithdháileadh €111,000 ar an mBinse Luachála gan a bheith caite mar nach raibh siad in ann éisteachtaí 'i bpearsa' a reáchtáil le linn na bliana 2021. Caitheadh €35,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe den leithdháileadh €160,000 ar an Oifig Luachála mar nach raibh oifigigh in ann taisteal ar feadh ceithre mhí le linn na bliana mar thoradh ar shrianta Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.064 milliún; toradh €438,000

Tháinig laghdú €626,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus speansas teagmhasach mar gheall gur caitheadh €550,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe den leithdháileadh €700,000 ar an mBinse Luachála chun táillí na gcomhaltaí a chlúdach mar gheall go raibh laghdú ann i líon na n-éisteachtaí a reáchtáladh le linn na bliana 2021.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €3.977 milliún; toradh €1.707 milliún

Tháinig laghdú €2.27 milliún ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha chun cinn mar gheall nár caitheadh ina hiomláine an ghné chaipitil den leithdháileadh seo mar go raibh moill níos faide ná an dáta tosaigh a bhí beartaithe ar thús a chur leis an gconradh leis an soláthraí seachtrach don tionscadal AXIA. Caitheadh €1.087 milliún den tsuim €3.25 milliún le linn na bliana 2021. Tabhófar iarmhéid an chaiteachais réamh-mheasta sna blianta 2022 agus 2023.

Clár A Seirbhís luachála Stáit a sholáthar

			2021	2020
		Soláthar meastacháin €000	Toradh €000	Toradh €000
A.1	Riarachán - pá	8,461	7,783	7,535
A.2	Riarachán - neamhphá	4,499	2,226	1,383
A.3	Táillí abhcóidí agus costais dlí eile	73	12	84
A.4	Tionscadail náisiúnta athluachála	3,000	1,399	652
		16,033	**11,420**	**9,654**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.613 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús).

A.2 Riarachán - neamhphá

Soláthar meastacháin €4.499 milliún; toradh €2.226 milliún

Tháinig an t-easnamh €2.273 milliún i gcaiteachas chun cinn go príomha mar gheall nár caitheadh ina iomláine an leithdháileadh caipitil ar an tionscadal AXIA.

A.4 Tionscadail náisiúnta athluachála

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.399 milliún

Bhí easnamh €1.601 milliún i gcaiteachas mar gheall nach raibh an soláthraí seirbhíse seachtrach le haghaidh seirbhísí athbhreithnithe in ann spriocdhátaí comhaontaithe an chonartha a chomhlíonadh de dheasca shrianta Covid-19.

Clár B Seirbhís Riaracháin don Bhinse Luachála

		2021		2020
		Soláthar meastachá in	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá	407	436	309
B.2	Riarachán - neamhphá	1,139	274	319
		1,546	**710**	**628**

Nóta Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €836,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús).

B.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin €1.139 milliún; toradh €274,000

Tháinig an laghdú €865,000 ar chaiteachas chun cinn go príomha mar gheall nach raibh an Binse Luachála in ann na héisteachtaí a bhí beartaithe a reáchtáil 'i bpearsa' de dheasca shrianta Covid-19. Léirítear é sin sa tearc-chaiteachas suntasach maidir le taisteal agus cothú agus le táillí na gcomhaltaí araon.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí achomhairc an Bhinse Luachála	40	50	45
2	Deimhnithe luachála	120	94	86
3	Táillí athbhreithnithe luachála	800	550	528
4	Fáltais ilghnéitheacha	65	8	7
5	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	258	251	229
	Iomlán	**1,283**	**953**	**895**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €330,000 níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

3 Táillí athbhreithnithe luachála

Meastachán €800,000; réadaithe €550,000

Bhí easnamh €250,000 i gceist mar gheall ar theacht in éifeacht na rialachán in I.R. Uimh. 437 de 2021 ón 1 Meán Fómhair 2021, rud lenar cuireadh deireadh leis an gceanglas a bhí ar údaráis áitiúla chun táille a íoc as toradh gach cáis athbhreithnithe a rinneadh ar a son.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Líon foirne ag deireadh na bliana	2021	2020
Coibhéisí lánaimseartha	**139**	**146**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na hOifige	2021	2020
	€000	€000
Pá	7,432	7,117
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	88	77
Liúntais eile	15	14
Ragobair	2	2
ÁSPC an Fhostóra	682	633
Pá iomlán	**8,219**	**7,843**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	20	—	7,911	8,994
Ragobair	2	—	2,449	2,874
Liúntais eile	3	—	5,048	2,477
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	—	7,496	7,479

5.4 Comhaontuithe eile luacha saothair

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €80,190. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Ard-Rúnaí, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €136,652. Bhí an tOifigeach Cuntasaíochta ag fónamh i gcáil ghníomhach eatramhach. B'ionann agus €154,775 tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta roimhe ag an 31 Nollaig 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain [a]

	Éilimh a rinne		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	2021	2020
Líon na gcásanna	—	12	12	10
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	—	—	—	—
Íocaíochtaí a rinne an Roinn agus a rinneadh ar a son				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	8	8	81
Costais eile	—	4	4	3
Iomlán 2021	**—**	**12**	**12**	**84**
Iomlán 2020	—	10	84	

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon éileamh gan réiteach ann.

6.2 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €325,000 ón mbliain 2021 i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn chuig an mbliain 2022.

		€000
A.2	An Oifig Luachála - Riarachán - neamhphá	300
B.2	An Binse Luachála - Riarachán - neamhphá	25
		325

Nóta Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuireadh an fhreagracht as an mBinse Luachála ar aghaidh chuig Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht.

6.3 Cumasc

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, glacadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc. Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcumasc sin.

Is iad an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta atá freagrach as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus is ise atá freagrach as bunú Thailte Éireann. Bhí an Bord Tionscail ag obair i dtreo plean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-eintiteas nua a bhunú, agus an bonneagar riachtanach don eagraíocht nua a phleanáil agus a dhearadh. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag cur treoir agus tacaíocht ar fáil don Bhord Tionscail maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcumasc.

Ag a chruinniú an 22 Nollaig 2020, cheadaigh an Rialtas an scéim ghinearálta den Bhille um Thailte Éireann agus chomhaontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne tabhairt faoi dhréachtú foirmiúil an Bhille é féin. Tugadh faoi ghrinnscrúdúchán réamhreachtúil maidir leis an reachtaíocht bheartaithe sa bhliain 2021. Cheadaigh an Chomh-aireacht Clár Reachtaíochta an Earraigh don bhliain 2022 inar leagadh amach gealltanais reachtaíochta an Rialtais do théarma na Dála agus an tSeanaid atá le teacht. Foilsíodh an Bille um Thailte Éireann, 2022, an 6 Meán Fómhair 2022.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí socruithe cóiríochta do Thailte Éireann i bhfeidhm, le héifeacht ón ráithe deiridh den bhliain 2024. Fanfaidh na heagraíochtaí atá á gcumasc sna suíomhanna atá acu faoi láthair go dtí go mbeidh an foirgneamh nua réidh le háitiú.

Tar éis a bhunaithe, beidh Tailte Éireann freagrach as córas údarásach clárúcháin maoine, bonneagar mapála náisiúnta agus suirbhéireachta agus seirbhís luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an comhlacht ar an bpríomhfhoinse náisiúnta faisnéise maidir le maoin agus sonraí geospásúlachta agus féachfaidh sé le bheith ina eiseamláir chun seirbhísí faisnéise talún a fhorbairt agus a sholáthar.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 17

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €1.337 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Bhoird

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Foráiltear leis do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh a bheidh comhdhéanta d'ochtar comhaltaí seachtracha agus de Phríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio.

I gcomparáid leis na gnáthfheidhmeanna atá ag boird Stáit, baineann feidhmeanna reachtúla an Bhoird níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. Áirítear leo na nithe seo a leanas a dhéanamh, tríd is tríd:

- ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh
- monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus comhairle a thabhairt di maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna imeachtaí cuí athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtaca le comórtais earcaíochta agus comórtais ardú céime, agus aon chóid chleachtais iomchuí a n-eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí iad á gcur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheann ar an Oifig. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte (e.g., acmhainní daonna agus párolla) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha

- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, ar feidhm í a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a bhfuil tuilleadh plé déanta orthu sa chéad rannán eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe a bhaineann le Covid-19

Rinne an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar thionchar leanúnach Covid-19 agus na cianoibre ar chórais rialaithe inmheánaigh na hOifige don bhliain 2021. Níor tugadh aon bhearnaí, aon laigí ná aon réimsí neamhchomhlíonta suntasacha faoi deara. Athraíodh líon beag nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go leanann siad le feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht cianoibre.

Shirley Comerford
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

31 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta r na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
				Soláthar meastacháin	Toradh
				€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir							
A	An státseirbhís agus an tseirbhís phoibl í- ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú						
		Soláthar meastacháin	16,790				
		Géilleadh iarchurtha	200				
		Forlíontach	3,665				
					20,655	19,526	13,940
Ollchaiteachas					**20,655**	**19,525**	**13,940**
	Lúide						
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**				**154**	**361**	**312**
Glanchaiteachas							
		Soláthar meastacháin	16,636				
		Géilleadh iarchurtha	200				
		Forlíontach	3,665				
					20,501	**19,164**	**13,628**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh thar an tsuim a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	1,336,709	2,813,439
Géilleadh iarchurtha	—	(200,000)
Farasbarr le géilleadh	**1,336,709**	**2,613,439**

Shirley Comerford
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		10,011	8,912
Neamhphá		9,514	5,028
Ollchaiteachas		**19,525**	**13,940**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		361	312
Glanchaiteachas		**19,164**	**13,628**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(54)		
Dímheas	175	121	(73)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(239)		
Laghdú ar stoc	1	(238)	(92)
Caiteachas díreach		**19,047**	**13,463**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		4,023	3,849
Glanchostas an chláir		**23,070**	**17,312**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a iompraíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	45	45
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,020	954
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,908	2,799
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	21	22
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	29	29
		4,023	**3,849**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	436	556
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	400	719
Stoic	2.3	25	26
Réamhíocaíochtaí	2.4	631	432
Ioncam fabhraithe		41	47
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,215	1,895
Iomlán na sócmhainní reatha		**2,312**	**3,119**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	170	215
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	451	321
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	1,164	2,293
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,785**	**2,829**
Glansócmhainní reatha		527	290
Glansócmhainní		**963**	**846**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**963**	**846**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Feabhsú léasachta	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	7,074	375	691	8,140
Breiseanna	54	—	—	54
Diúscairtí	(446)	—	(691)	(1,137)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	6,682	375	—	7,057
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	6,727	165	691	7,583
Dímheas don bhliain	146	29	—	175
Dímheas ar dhiúscairtí	(446)	—	(691)	(1,137)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	6,427	194	—	6,621
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**255**	**181**	—	**436**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	346	210	—	556

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	356	711
Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála	43	7
Mionairgead	1	1
	400	**719**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	11	11
Ábhair inchaite TF	14	15
	25	**26**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaí TF	405	342
Costais clár sonrach	210	77
Costais riaracháin	16	13
	631	**432**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tuarastal ar fionraí	212	39
Airleacain d'OOP	946	1,800
Caiteachas in-fhorchúitithe faoin scéim pas taistil	6	21
Míreanna dochair eile: ar fionraí	51	35
	1,215	**1,895**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaí TF	116	133
Costais clár sonrach	32	44
Costais riaracháin	22	38
	170	**215**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	202	181
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	113	96
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	47	28
Cáin bhreisluacha	24	15
Cáin mhaoine áitiúil	—	1
	386	321
Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí	65	—
	451	**321**

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,337	2,613
Géilleadh iarchurtha	—	200
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(173)	(520)
Glanmhaoiniú Státchiste	**1,164**	**2,293**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	400	719
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,215	1,895
	1,615	2,614
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(386)	(321)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(65)	—
	(451)	(321)
	1,164	**2,293**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			846	681
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	20,501		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,337)		
Glanvóta			19,164	13,628
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		4,023	3,849
Glanchostas an chláir	1		(23,070)	(17,312)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**963**	**846**

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	115	232
Tionscadail chaipitil	988	4,612
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,103**	**4,844**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh iomlán ar Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aicmithe mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear ar chlár amháin: an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí – ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú.

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	9,383			
	Forlíontach	800			
			10,183	10,011	8,912
ii	Taisteal agus cothú		30	57	42
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		381	458	348
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		100	67	88
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Soláthar meastacháin	1,465			
	Géilleadh iarchurtha	200			
			1,665	1,472	1,231
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	1,949			
	Forlíontach	2,865			
			4,814	3,841	465
vii	Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach		80	100	53
viii	Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil		1,447	1,450	1,575
ix	Costais earcaíochta - boird agallaimh		1,955	2,069	1,226
			20,655	**19,525**	**13,940**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhír seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear inti na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.95 milliún; toradh €4.81 milliún

Bhí leithdháileadh caipitil €1.7 milliún le haghaidh Áras na Caibidle a uasghrádú ar áireamh sa soláthar meastacháin bunaidh d'áitreabh oifige. Cuireadh dlús leis an gclár oibreacha agus méadaíodh costais in 2021 de bharr gur cuireadh moill ar thús a chur leis na hoibreacha uasghrádaithe beartaithe le linn 2020, agus gannchaitheamh gaolmhar ann i gcomparáid leis an leithdháileadh caipitil don bhliain 2021. Cuireadh €2.865 milliún sa bhreis ar fáil sa leithdháileadh caipitil ar an tionscadal seo sa mheastachán forlíontach don bhliain 2021 chun costais chonartha a bhí fós amuigh a chlúdach ina n-iomláine le linn na bliana.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	25	178	153
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	129	183	159
	Iomlán	**154**	**361**	**312**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhír seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €207,000 níos mó ná an meastachán. Tá míniú ar na difríochtaí suntasacha leagtha amach thíos:

1 Ilghnéitheach

Measta €25,000; réadaithe €178,000

Tharla an méadú den chuid is mó as íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí thar a gceann in 2020 a bheith á n-aisíoc ag cliaint in 2021. Tá aisíocaíocht ó sholáthraí do chostais mhíchearta CBL i mblianta roimhe sin ar áireamh sa tsuim seo chomh maith.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**220**	**207**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	9,052	8,047
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	98	107
Ragobair	12	20
ÁSPC an fhostóra	849	738
Pá iomlán	**10,011**	**8,912**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	An líon faighteoirí	An líon faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	33	1	11,050	10,504
Ragobair	24	—	1,733	2,424
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	1	12,740	12,148

5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €35,055 san iomlán mar tháillí le ceathrar comhaltaí de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2021 (2020: €35,055).

Comhalta	Stádas	Earnáil	Táillí bliantúla	
			2021	2020
			€	€
Shirley Comerford Uasal	Comhalta (Príomhfheidhmeannach)	Státseirbhíseach	—	—
An tUasal Tom Moran	Cathaoirleach	Iar-státseirbhíseach	11,970	11,970
Mary Hurley Uasal	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
An Dr Eddie Molloy	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
Ann Marie Taylor Uasal	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
Mary Connaughton Uasal	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
An tUasal John O'Callaghan	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
An tUasal David Cagney	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
Anne O'Connor Uasal	Comhalta	Seirbhíseach poiblí	—	—
Iomlán			**35,055**	**35,055**

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	An líon faighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	5	4,966	6,393
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	1,774	2,921

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád is coibhéiseach le grád an Rúnaí Chúnta, agus olltuarastal €164,549 aige. (31 Nollaig 2020: €155,908).

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 18

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear farasbarr €4.366 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Le linn na tréimhse cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2021, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar oifig státseirbhíse ar leith faoi scáth na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Bunús leis an táille ar sheirbhísí

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i leith a seirbhísí acmhainní daonna agus riarachán pinsean. Tá cuid de na costais oibriúcháin do 2021 dáilte ag an táille ar sheirbhísí comhroinnte acmhainní daonna ar bhonn pro rata i measc gach comhlachta earnála poiblí ar freastalaíodh orthu (bunaithe ar líon na bhfostaithe atá acu). Iompraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an fuílleach.

Dímheas

Ríomhann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dímheas ar bhonn bliantúil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a thaifeadadh le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar bhonn comhroinnte do Vóta 18.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- Go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le pearsana a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu. Oibríonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an

anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena cinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir agus, in 2021, chomhlíon an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte treoirlínte soláthair.

Tá mionsonraí curtha ar fáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte faoi dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus rinneadh iad sin a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na bearta a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe. Cuirtear iad sin in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na bainisteoirí sinsearacha laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Tuarascálacha dearbhaithe ar rialuithe ag eagraíocht seirbhíse

Chuir mé próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú rialuithe a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Déanann iniúchóirí neamhspleácha na hiniúchtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Rannpháirtíocht Dearbhaithe (ISAE 3402) *Tuarascálacha Dearbhaithe ar Rialuithe ag Eagraíocht Seirbhíse*.

Bhain Seirbhísí Acmhainní Daonna agus Párolla deimhniú ISAE de Chineál II amach in 2022, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2021. Tugann sé sin an dearbhú dom gur baineadh amach na cuspóirí rialaithe agus gur oibríodh go héifeachtach iad i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Ró-íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí le foireann cliaint, a raibh an bhunchúis inchurtha leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ina leith, i 520 cás (2020: 733 chás) dar luach measta €599,337 (2020: €1,064,965). Is ionann é sin agus 17% (2020: 25%) de luach airgeadais na ró-íocaíochtaí go léir agus 15% (2020: 20%) de mhéid na gcásanna ró-íocaíochta go léir.

Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag tabhairt aghaidh ar na ró-íocaíochtaí is inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte trí fheabhsú agus uathoibriú próisis agus trí thuairisciú agus monatóireacht níos fearr ó cheann ceann.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú agus cur chun feidhme leanúnach ar mholtaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe maidir leo seo: ró-íocaíochtaí párolla; teicneolaíocht faisnéise; calaois agus leochaileacht; taisteal agus cothú; agus aoisliúntas agus pinsin.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus formhór na mball foirne san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag aistriú chuig an gcianobair, ar aon dul leis an gcomhairle sláinte poiblí. Lean athruithe ar rialuithe nós imeachta agus inmheánacha lena chinntiú gur lean siad ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht cianoibre, ar rialuithe iad ar glacadh leo go luath in 2020 tar éis athbhreithniú aonuaire ar thionchar Covid-19, de bheith i bhfeidhm do 2021.

Faoi chreat riosca agus rialaithe na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, leanadh le measúnuithe riosca rialta, lena n-áirítear tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe, le linn 2021, agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Deimhním go bhfuil na rialuithe, idir na rialuithe atá ann cheana féin agus na cinn a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, éifeachtach fós.

Hilary Murphy-Fagan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte				
	Soláthar meastacháin	35,805			
	Géilleadh iarchurtha	1,435			
			37,240	35,290	24,841
B	Seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna		10,211	9,602	9,962
C	Seirbhísí comhroinnte párolla		12,334	12,821	12,808
D	Seirbhísí comhroinnte airgeadais		3,475	1,381	251
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	61,825			
	Géilleadh iarchurtha	1,435			
			63,260	**59,094**	**47,862**
	Lúide				
E	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**6,238**	**6,438**	**5,911**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	55,587			
	Géilleadh iarchurtha	1,435			
			57,022	**52,656**	**41,951**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena chaitheamh an bhliain dar gcionn. Níl aon leithdháileadh caipitil neamhchaite ann a tugadh ar aghaidh go dtí 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	4,365,604	14,473,103
Géilleadh iarchurtha	—	(1,435,000)
Farasbarr le géilleadh	**4,365,604**	**13,038,103**

Hilary Murphy-Fagan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		15,174	7,174
Pá		30,653	30,412
Neamhphá		13,267	10,276
Ollchaiteachas		**59,094**	**47,862**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**6,438**	**5,911**
Glanchaiteachas		**52,656**	**41,951**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(6,548)		
Dímheas	805	(5,743)	(170)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,250)		
Méadú ar stoc	(3)	(1,253)	(325)
Caiteachas díreach		**45,660**	**41,456**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(9,368)	(9,309)
Measchíosanna		1,758	670
Glanchostas an chláir		**38,050**	**32,817**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 18 a tabhaíodh in áit eile, agus costais a thabhaigh Vóta 18 maidir le Vótaí eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	150	129
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	32
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,270	2,291
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	928	949
Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte do Vótaí eile		(12,746)	(12,710)
Glanchostas na seirbhísí comhroinnte a sholáthraítear do Vótaí eile		**(9,368)**	**(9,309)**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	**28,639**	**22,705**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	9,203	13,192
Stoic	2.3	29	26
Réamhíocaíochtaí	2.4	4,824	3,703
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	601	872
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	1,460	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**16,117**	**17,793**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	884	822
Maoiniú cliant/ iarmhéideanna airleacan	2.7	9,645	10,155
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	1,619	1,564
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	—	2,345
Iomlán na ndliteanas reatha		**12,148**	**14,886**
Glansócmhainní reatha		3,969	2,907
Glansócmhainní		**32,608**	**25,612**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.10	**32,608**	**25,612**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Bogearraí agus trealamh TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	24,542	31	21,414	45,987
Breiseanna	675	—	6,064	6,739
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	25,217	31	27,478	52,726
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	23,258	24	—	23,282
Dímheas don bhliain	802	3	—	805
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	24,060	27	—	24,087
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,157**	**4**	**27,478**	**28,639**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,284	7	21,414	22,705

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	(439)	3,054
Iarmhéideanna bainc arna maoiniú ag cliaint	9,642	10,138
	9,203	**13,192**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	22	25
Ábhair inchaite chur chun cinn	7	—
Ábhair inchaite TF	—	1
	29	**26**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí/ceadúnais bogearraí	3,947	2,927
Cothabháil crua-earraí	723	681
Réamhíocaíochtaí eile	154	95
	4,824	**3,703**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Caiteachas ar an scéim pas taistil	57	60
Costais in-fhorchúitithe i leith an chórais bainistíochta acmhainní daonna	534	535
Míreanna dochair eile ar fionraí	10	277
	601	**872**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tionscadal an chórais bainistíochta acmhainní daonna	595	570
Áiseanna	92	87
Táillí bainc	75	89
Fabhruithe eile	122	76
	884	**822**

2.7 Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhísí comhroinnte párolla do roinnt ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Is é atá sa tsuim €9.645 milliún a sealbhaíodh thar ceann cliant amhail an 31 Nollaig 2021 (2020: €10.155 milliún) ná €9.556 milliún (2020: €9.823 milliún) a thaisc cliaint faoi choinne maoiniú tuarastal le linn tréimhse na bliana nuaí a chlúdach agus €89,000 (2020: €332,000) a bhain le suimeanna atá dlite do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí tríú páirtí.

Phróiseáil an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte íocaíochtaí olltuarastail agus taistil agus cothaithe arbh fhiú €5.9 billiún san iomlán iad in 2021 (2019: €5.6 billiún).

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	340	311
Muirear sóisialach uilíoch	70	66
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	332	308
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	471	463
Cáin bhreisluacha	61	115
Ranníocaíochtaí pinsin	93	138
Oifig na nOibreacha Poiblí	95	33
Cáin mhaoine áitiúil	3	3
	1,465	1,437
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	154	127
	1,619	**1,564**

2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	4,366	13,038
Géilleadh iarchurtha	—	1,435
Deontas státchiste nár tarraingíodh	(5,826)	(12,128)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(1,460)**	**2,345**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	9,203	13,192
Iarmhéideanna dochair: fionraí	601	872
	9,804	14,064
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,465)	(1,437)
Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan	(9,645)	(10,155)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(154)	(127)
	(11,264)	(11,719)
	(1,460)	**2,345**

2.10 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			25,612	25,739
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	57,022		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(4,366)		
Glanvóta			52,656	41,951
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		(9,368)	(9,309)
Mír neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil [a]			—	(622)
Caiteachas neamhairgid – measchíos			1,758	670
Glanchostas an chláir	1		(38,050)	(32,817)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**32,608**	**25,612**

Nóta [a] D'eascair an mhír neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil in 2020 as ciorclán 21/2020 a chur chun feidhme i leith na tairsí le haghaidh sócmhainní caipitil.a chur ar áireamh.

2.11 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a fháil	3,603	1,249
Tionscadail chaipitil	12,048	17,477
Iomlán na ngealltanas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**15,651**	**18,726**

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 €000	Caiteachas in 2021 €000	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000	Caiteachas ionchasach iomlán an tionscadail 2021 €000	Caiteachas ionchasach iomlán an tionscadail 2020 €000
Tionscadal					
Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais	26,265	6,140	12,048	44,453	43,742
	26,265	**6,140**	**12,048**	**44,453**	**43,742**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gur tháinig difríocht níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2020 ar chostais réamh-mheasta tionscadail.

Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (FMSS)

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €711,000

Tagann an méadú ar chostais chaipitil ionchasacha chun cinn go príomha as riachtanais bhreise TF, lena n-áirítear seiceáil sláinte córais, tástáil treá, cúltacaí agus costais slándála.

2.12 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	**84**	**81**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar measachtháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	32,316	30,653	30,412
ii	Taisteal agus cothú	247	17	55
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	1,675	1,343	1,408
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	662	716	479
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	9,544	10,692	7,749
vi	Costais áitribh oifige	780	499	585
		45,224	**43,920**	**40,688**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí caiteachas riaracháin €1.304 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús, ag eascairt go príomha as taisteal laghdaithe de bharr phaindéim Covid-19 agus as tús a chur le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ag am níos déanaí ná mar a beartaíodh. Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar measacháin €247,000; toradh €17,000

Chuir paindéim leanúnach Covid-19 srian ar thaisteal idir áiteanna, mar gur reáchtáladh cruinnithe ar bhonn fíorúil.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar measacháin €780,000; toradh €499,000

Laghdaigh paindéim leanúnach Covid-19 costais reatha, agus níor tharla caiteachas ar oibreacha caipitil/feistiú oifige mar a bhí beartaithe.

Clár A Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		9,116	9,022	8,528
A.2	Riarachán − neamhphá		10,088	11,094	9,139
A.3	Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais				
	Soláthar meastacháin	16,601			
	Géilleadh iarchurtha	1,435			
			18,036	15,174	7,174
			37,240	**35,290**	**24,841**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.95 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ó 2020).

A.2 Riarachán − neamhphá

Soláthar meastacháin €10.088 milliún; toradh €11.094 milliún

Tá an bhreis caiteachais ar leithdháileadh €1.006 milliún á tiomáint go príomha ag costais a bhaineann le huasghrádú na gcóras TF a thacaíonn leis na Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna. Cé nár cuireadh é sin ar áireamh sa leithdháileadh athbhreithnithe do 2021, bhí an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte in ann an caiteachas riachtanach a chlúdach laistigh dá leithdháileadh iomlán foriomlán don bhliain, trí choigilteas ar oibríochtaí reatha agus trí thearc-chaitheamh ar Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

A.3 Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (FMSS)

Soláthar meastacháin €18.036 milliún; toradh €15.174 milliún

Cuireadh an amlíne chun FMSS a imscaradh agus tosach feidhme gaolmhar oibríochtaí Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais siar ó dheireadh R4 2021 go tús R2 2022 agus, mar thoradh air sin, bhí caiteachas tionscadail in 2021 €2.862 milliún níos lú ná mar a bhí beartaithe, toisc go raibh íocaíochtaí ailínithe le garspriocanna tionscadail.

Clár B Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	10,076	9,434	9,783
B.2	Riarachán − neamhphá	135	168	179
		10,211	**9,602**	**9,962**

Clár C Seirbhísí Comhroinnte Párolla

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	11,649	11,979	11,995
C.2	Riarachán − neamhphá	685	842	813
		12,334	**12,821**	**12,808**

Clár D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	1,475	218	106
D.2	Riarachán − neamhphá	2,000	1,163	145
		3,475	**1,381**	**251**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €2.094 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús mar gheall ar an amlíne shínte d'imscaradh an tionscadail FMSS agus mar gheall ar thosach feidhme gaolmhar oibríochtaí Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais a bheith á leathnú ó dheireadh R4 2021 go tús R2 2022.

D.1 Riarachán – pá

Soláthar meastacháin: €1.475 milliún, toradh €218,000

Bhí tionchar ag an amlíne shínte do FMSS ar thús an chláir seo agus, dá bharr sin, b'ionann caiteachas pá in 2021 agus €1.257 milliún níos lú ná mar a bhí beartaithe.

D.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin: €2 mhilliún, toradh €1.163 milliún

Bhí tionchar ag an amlíne shínte do FMSS ar thús an chláir seo agus, dá bharr sin, b'ionann caiteachas neamhphá in 2021 agus €837,000 níos lú ná mar a bhí beartaithe.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Tobhach seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna	5,508	5,567	5,219
2	Ilghnéitheach	180	397	257
3	Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	550	474	435
	Iomlán	**6,238**	**6,438**	**5,911**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €200,000 níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

2 Ilghnéitheach

Measachán €180,000; réadaithe €397,000

I measc na bhfáltas ilghnéitheach tá deontas AE de €133,000 a fuarthas faoin gclár CEF Telecom/ríomhshonrasctha d'Oileáin, i dtaca le Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**731**	**807**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá [a]	29,445	29,105
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	39	30
Liúntais eile	31	28
Ragobair	418	342
ÁSPC an Fhostóra	2,788	2,721
Pá iomlán	**32,721**	**32,226**

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán ar fud fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, C.1 agus D.1.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	12	—	6,714	5,141
Liúntais eile [a]	4	1	23,744	27,644
Ragobair	304	2	12,471	7,582
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	8	—	9,180	6,382

Nóta [a] I measc na liúntas eile tá ranníocaíochtaí pinsin fostóirí maidir le baill foirne atá ar iasacht don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €000	2020 €000
Ró-íocaíochtaí	20	36	47
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	6	26	38

Aistríodh trí phlean téarnaimh ró-íocaíochta dar luach €3,727 chuig ranna eile le linn 2021 (2020: ochtar aonair lenar bhain pleananna dar luach €11,483).

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád atá comhionann le grád an Leas-Rúnaí, áit arb ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €176,416 (31 Nollaig 2020: €174,669).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Géilleadh iarchurtha

	2021 €000	2020 €000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:		
A.3 Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais	—	1,435

6.2 Maoiniú ó AE

	2021 €000	2020 €000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:		
E.2 Ilghnéitheach	133	—

Áirítear leis an toradh a thaispeántar d'fho-mhírcheann E. Leithreasaí-i-gCabhair maoiniú ó AE a fuarthas faoin gclár CEF Telecom/ríomhshonrasctha d'Oileáin.

6.3 Díscríobhanna

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna na gcuntas ar fionraí – glanmhíreanna oidhreachta	1	—

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 19

Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €2.062 milliún dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorcláin 1 agus 9 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Muirearaítear dímheas bliana iomláine sa bhliain fáltais/coimisiúnaithe agus ní mhuirearaítear dímheas sa bhliain diúscartha. Muirearaítear dímheas ar bhonn líne dírí.

Dímheastar ceadúnais bogearraí ar bhonn líne dhíreach ag ráta 33% sa bhliain.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) le haghaidh seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo. Ní mheasann ONSC é féin a bheith mar rialaitheoir sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis atá á próiseáil aige.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal an lucht bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun easnaimh shuntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas iomchuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Tá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire i bhfeidhm ag an Oifig agus tá siad ar fáil don fhoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin i bhfeidhm freisin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras TFC oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, ar feidhm í atá seachfhoinsithe agus ina n-oibríonn pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a faomhadh i mí na Nollag 2020. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bonn eolais lena cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leis an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Fhoireann Bainistíochta, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheist rialaithe inmheánaigh airgeadais

Le linn 2021, rinne an Oifig ró-íocaíocht €50,000 le soláthraí seirbhísí dlí de bhun ordú cúirte. Tharla an ró-íocaíocht nuair nár cuireadh laghdú comhaontaithe ar chostais i bhfeidhm sular íocadh an bille. Aisghabhadh an ró-íocaíocht ina hiomláine ina dhiaidh sin. Níor shainaithin an Oifig aon samplaí eile de ró-íocaíochtaí. Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar a rialuithe chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís. Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 ar eascair caillteanas ábhartha astu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Leanadh ar aghaidh leis an gcianobair agus leis an obair fhíorúil mar ghnáthmhodhanna oibre ar fud na hOifige i rith 2021. Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2021 agus is féidir liom a dheimhniú go bhfuil na rialuithe reatha agus na rialuithe go léir a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 fós éifeachtach.

Elaine Cassidy
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

20 Meitheamh 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta r na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar measatacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	7,164	6,307	6,166
B	An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	1,964	1,525	1,263
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	3,516	2,611	2,707
Ollchaiteachas		**12,644**	**10,443**	**10,136**
	Lúide			
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**505**	**366**	**383**
Glanchaiteachas		**12,139**	**10,077**	**9,753**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime feidhmithe atá dlite lena géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**2,062,146**	**2,086,305**

Elaine Cassidy
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		8,385	8,377
Neamhphá		2,058	1,759
Ollchaiteachas		**10,443**	**10,136**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**366**	**383**
Glanchaiteachas		**10,077**	**9,753**
Athruithe i sócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(138)		
Dímheas	247		
Caillteanas ar dhiúscairtí	10	119	429
Athruithe i nglansócmhainní reatha			
Laghdú i stoc	1		
Laghdú i bhfabhruithe deiridh	(310)	(309)	206
Caiteachas díreach		**9,887**	**10,388**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,676	3,674
Glanchostas an chláir		**13,563**	**14,062**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 19 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	45
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,567	1,583
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,066	2,032
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	13	14
		3,676	**3,674**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	326	513
Sócmhainní reatha			
Stoic		6	7
Iarmhéideanna dochair eile		32	28
Réamhíocaíochtaí	2.5	472	249
Banc agus airgead tirim		113	161
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.3	137	110
Iomlán na sócmhainní reatha		**760**	**555**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		75	162
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.2	282	299
Iomlán na ndliteanas reatha		**357**	**461**
Glansócmhainní reatha		403	94
Glansócmhainní		**729**	**607**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.4	**729**	**607**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	2,712	58	19	2,789
Breiseanna	55	—	83	138
Coigeartuithe [a]	(361)	(2)	—	(363)
Diúscairtí	(99)	(11)	—	(110)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	2,307	45	102	2,454
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	2,222	54	—	2,276
Coigeartuithe	(294)	(1)	—	(295)
Dímheas don bhliain	247	—	—	247
Dímheas ar dhiúscairtí	(92)	(8)	—	(100)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2,083	45	—	2,128
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**224**	—	**102**	**326**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	490	4	19	513

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le nithe aonair lena mbaineann luach faoi bhun €10,000 a bhaint de chlár na sócmhainní de réir na treorach i gciorclán 21/2020.

2.2 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	134	136
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	72	68
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	9	32
Ranníocaíochtaí pinsin	24	26
	239	262
Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí	28	30
Earraí eile fionraí creidmheasa	15	7
	282	**299**

2.3 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,062	2,086
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,199)	(2,196)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(137)**	**(110)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	113	161
Iarmhéideanna dochair: fionraí	32	28
	145	189
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(239)	(262)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(43)	(37)
	(282)	(299)
	(137)	**(110)**

2.4 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			607	1,242
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	12,139		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,062)		
Glanvóta			10,077	9,753
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		3,676	3,674
Coigeartuithe ar shócmhainní seasta	2.1		(68)	—
Glanchostas an chláir	1		(13,563)	(14,062)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**729**	**607**

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Ceadúnais bogearraí	245	119
Réamhíocaíochtaí eile	227	130
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**472**	**249**

2.6 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	247	414
Tionscadail chaipitil	148	—
	395	**414**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	9,299	8,385	8,377
ii	Taisteal agus cothú	76	4	14
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	410	254	258
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	44	42	27
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,619	1,113	811
vi	Costais áitribh oifige	184	72	101
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	22	38	37
viii	Táillí dlí	980	535	511
ix	An Coimisiún Reifrinn	10	—	—
		12,644	**10,443**	**10,136**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €410,000; toradh €254,000

Baineann an tearc-chaitheamh €156,000 go príomha le coigilteas ar oiliúint agus forbairt foirne. Is féidir an coigilteas sin a chur i leith phaindéim Covid-19 sa tslí is gur cuireadh srian mór le cúrsaí oiliúna agus cúrsaí eile forbartha foirne.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €1.619 milliún; toradh €1.113 milliún

Baineann an tearc-chaitheamh €506,000 leis an méid mór oibre tionscadail TF nár cuireadh i gcrích mar a bhí beartaithe. Tharla sé sin de dheasca na ndeacrachtaí a bhain le baill foirne riachtanacha a bhfuil an taithí iomchuí acu a earcú. Bhain tionchar na paindéime agus na socruithe cianoibre a rinneadh dá bharr leis an tearc-chaitheamh in 2021 freisin.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €184,000; toradh €72,000

Bhain an tearc-chaitheamh €112,000 leis an laghdú mór ar fhorchostais foirgnimh agus costais eile a bhaineann le foirgnimh le linn 2021. Bhí formhór mór fhoireann na hOifige i mbun cianoibre ar feadh an chuid is mó den bhliain.

viii Táillí dlí

Soláthar meastacháin €980,000; toradh €535,000

Tharla an tearc-chaitheamh €445,000 de bhrí go bhfuil sé an-deacair táillí dlí a mheas go beacht. Bíonn táillí dlí ag brath freisin ar líon agus ar uainiú cásanna cúirte agus tuilleadh achomharc chuig na cúirteanna níos airde. Níor cuireadh ar aghaidh líon mór cásanna le linn 2021 mar thoradh ar mhoilleanna sa chóras cúirteanna de dheasca na paindéime.

Clár A Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá	5,768	5,531	5,452
A.2	Riarachán − neamhphá	1,396	776	714
		7,164	**6,307**	**6,166**

Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá	1,208	1,077	1,013
B.2	Riarachán − neamhphá	756	448	250
		1,964	**1,525**	**1,263**

Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá	2,323	1,777	1,912
C.2	Riarachán − neamhphá	1,193	834	795
		3,516	**2,611**	**2,707**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	74	66	69
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	410	274	276
3	Míreanna ilghnéitheacha	21	26	38
	Iomlán	**505**	**366**	**383**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €139,000 níos lú ná an meastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar na difríochtaí sin:

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €410,000; réadaithe €274,000

Bhain an t-easnamh €136,000 le rómheastachán a rinne an Oifig agus buiséad 2021 á ullmhú.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	8
Bailithe	4	116
Aistrithe chuig an Státchiste	(4)	(124)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**134**	**131**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	7,719	7,737
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	34	21
Ragobair agus tinreamh breise	5	11
ÁSPC an fhostóra	627	608
Pá iomlán	**8,385**	**8,377**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	6	1	11,514	11,047
Ragobair agus tinreamh breise	6	—	3,178	2,023
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	11,290

5.4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Rúnaí Chúnta, áit arb ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €157,467 (2020 - €148,892).

Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig sa bhliain

	Éilimh ag daoine den phobal	Agóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlí eile	Iomlán 2021	Iomlán 2020
Líon na gcásanna	—	27	27	26
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na hOifige í féin	—	402	402	348
Íocaíochtaí leis an Oifig/thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	110	110	13
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán 2021	—	**512**	**512**	**361**
Iomlán 2020	—	361	361	

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh ag daoine den phobal	Agóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlí eile	Iomlán
Líon na gcásanna	**—**	36	**36**
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na hOifige í féin	—	495	495
Íocaíochtaí leis an Oifig/thar a ceann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	96	96
Costais eile	—	—	—
Iomlán	**—**	**591**	**591**

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 20

Garda Síochána

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc., ar chostais finnéithe áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €13.276 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh

Tá ocht stáisiún Gardaí ag an Aire Dlí agus Cirt, ar foirgnimh iad a chuirtear ar áireamh i gcuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Tá an réadmhaoin eile ar fad a úsáideann an Garda Síochána faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus cuirtear i gcuntas í i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

Ní chuimsítear sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin ag Nóta 1 suim measchíosa a ríomhadh maidir le réadmhaoin a áitíonn an Garda Síochána agus atá faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt nó Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas iomlán eacnamaíoch na seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin.

Tá na costais a bhaineann le trí Stáisiún Gardaí a fhorbairt, ar costais iad a maoiníodh trí Vóta an Gharda Síochána, curtha ar áireamh sa chuntas leithreasa, mar atá mionsonraithe i Nóta 2.1.

Tá an Garda Síochána ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun a chinntiú go n-aistreofar gach talamh chuig úinéireacht an Stáit.

Dímheas

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom thar a saolré ionchasach mheasta ón mí a cuireadh i gcuntas sa chlár sócmhainní seasta iad. Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil.

Cuirtear na rátaí caighdeánacha dímheasa i bhfeidhm maidir le forbairt stáisiúin an Gharda Síochána arna maoiniú ag vóta an Gharda a áirítear sa chuntas leithreasa, trealamh oifige agus TF, agus troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le sócmhainní caipitil eile.

- aerárthaí: 5% sa bhliain
- báid: 10% sa bhliain
- feithiclí: 25% sa bhliain
- córais mhóra bogearraí oibríochtúla: 20% sa bhliain

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Garda Síochána agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Gharda Síochána.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGarda Síochána, rud ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Garda Síochána neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Garda Síochána go leagtar díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte seachas i gcás 41 chás (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €15,037,437 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Rinneadh dhá chonradh is tríocha dar luach €9,569,716 a fhadú níos faide ná an dáta conartha bunaidh gan próiseas soláthair iomaíoch a reáchtáil. Rinneadh bearta chun conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí sin.
- Rinneadh sé chonradh ar luach €3,269,519 maidir le seirbhísí leighis a rolladh anonn agus a íoc de réir rátaí ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do sheirbhísí gairmiúla.
- Sna naoi gcás eile dar luach iomlán €2,198,202, rinneadh an ceannach gan próiseas iomaíoch soláthair iomaíoch a reáchtáil.

Sholáthair an Garda Síochána sonraí faoi 84 chás soláthair neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Garda Síochána córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tacaíonn Bord Rialachais Riosca agus Beartais, Aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána agus Líonra Seaimpíní Riosca le bainistíocht riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGarda Síochána agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Rialachais Riosca agus Beartais an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Úsáidtear toradh na measúnuithe riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Fheidhmeannacht, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Tá obair ar bun chun teipeanna rialaithe a réiteach. Cuirtear nuashonrú ar fáil sa mhéid seo a leanas maidir leis na nithe sin.

Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána

Is é is príomhchúis le ró-íocaíocht thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána ná saoire bhreoiteachta, dul ar scor, éirí as agus saoire mháithreachais neamhíoctha a fhógairt go déanach agus iarratas a thacaíonn le teaghlaigh a dhéanamh chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Amhail an 31 Nollaig 2021, comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 66% de thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána ar sainaithníodh gur ró-íocadh iad.

Comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 7.5% de phinsin an Gharda Síochána ar sainaithníodh gur ró-íocadh iad. Is go príomha mar gheall ar phinsin a íoc roimh ré a ró-íoctar pinsin an Gharda Síochána, seachas i riaráiste, faoi mar a dhéantar mar ghnás san earnáil phoiblí.

Córas Seachadta Ríomhchuidithe

Tugadh faoi anailís mhionsonraithe ar theagmhais ar Chóras Seachadta Ríomhchuidithe (CAD) an Gharda Síochána a cealaíodh i rith 2019 agus 2020 in 2021. Dhírigh an t-imscrúdú ar theagmhais a d'fhéadfadh baol leanúnach a chur roimh íospartaigh mura ndéanfaí imscrúdú ceart orthu. Dheimhnigh an t-imscrúdú nár cuireadh roinnt teagmhas ar tugadh le fios gur choireanna iad i gcuntas i gceart ag an am. B'éard a shainaithin seo ná gur tharla sé, cé gur freagraíodh na glaonna go léir, nár aistríodh roinnt de na teagmhais a d'eascair as chuig PULSE.

Cuireadh gníomhartha ceartaitheacha i bhfeidhm le gach teagmhas a chur i dtaifead i gceart agus cosc a chur ar atarlú teagmhas a chealú go mícheart.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Garda Síochána ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Leanadh le measúnú a dhéanamh ar thionchar phaindéim Covid-19 sa Gharda Síochána in 2021. Tá rioscaí, cineálacha tionchair agus rialuithe agus gníomhartha maolaithe gaolmhara mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca an Gharda Síochána.

Lean an Garda Síochána le ról bunriachtanach a imirt chun cabhrú le bearta sláinte poiblí Covid-19 a chur chun feidhme agus chun cabhrú le daoine agus pobail a choimeád sábháilte i rith 2021. Leanadh leis an obair eile phóilíneachta rith an ama sin freisin.

Tionchar na paindéime ba ea gur foilsíodh roinnt ionstraimí reachtúla faoin Acht Sláinte, 1947, agus bhí gnéithe de threoir agus forfheidhmiú le déanamh ag an nGarda Síochána faoi roinnt acu. Mar sheirbhís bhunriachtanach i dtaobh na seirbhísí póilíneachta sin agus seirbhísí póilíneachta eile a sholáthar, tugadh uainchlár éigeandála Covid-19 isteach chun an fháil atá ar phearsanra a uasmhéadú, rud a raibh tionchar airgeadais aige. Leanadh leis an uainchlár sin in 2021.

Bunaíodh Aonad inmheánach Comhordaithe Covid-19 chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána trí eolas agus comhairle a thabhairt a bhaineann le Covid-19 laistigh den timpeallacht oibre. Leanann an tAonad Comhordaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus déanann sé monatóireacht ar nuashonruithe ón Roinn Sláinte agus/nó ó FSS, ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó Fhochoiste na Comh-aireachta.

Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí bainistiú ar na gnáthdhúshláin slándála, sábháilteachta, cúram sláinte agus oibríochtúla a chruthaíonn an phaindéim agus na bearta gaolmhara a fhorchuirtear. Nuair ab fhéidir, tugadh faoin obair go cianda, agus leanadh le príomhrialuithe inmheánacha airgeadais a dhéanamh agus le rioscaí a mhaolú trí TFC atá cianda agus slán agus trí bheartais/nósanna imeachta reatha a choimeád i bhfeidhm.

Tionóltar cruinnithe rialta ar roinnt leibhéal ar fud na heagraíochta agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach don timpeallacht dhinimiciúil athraitheach.

Leanann an Garda Síochána ag obair go dlúth le gach gníomhaireacht ábhartha chun bearta a ghlacadh atá ar aon dul leis an mbeartas poiblí agus leis an gcás atá ag teacht chun cinn.

JA Harris
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

25 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 20 Garda Síochána

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 20 Garda Síochána

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar measctha	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu				
Bunaidh	1,952,163			
Géilleadh iarchurtha	12,750			
Forlíontach	45,923			
		2,010,836	2,000,881	1,927,814
Ollchaiteachas		**2,010,836**	**2,000,881**	**1,927,814**
Lúide				
B **Leithreasaí-i-gcabhair**				
Bunaidh	95,988			
Forlíontach	23,023			
		119,011	**122,332**	**117,237**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	1,856,175			
Géilleadh iarchurtha	12,750			
Forlíontach	22,900			
		1,891,825	**1,878,549**	**1,810,577**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	13,276,491	16,328,658
Géilleadh iarchurtha	—	(12,750,000)
Farasbarr le géilleadh	**13,276,491**	**3,578,658**

JA Harris
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

25 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		543,101	509,697
Pá		1,252,316	1,225,552
Neamhphá		205,464	192,565
Ollchaiteachas		**2,000,881**	**1,927,814**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**122,332**	**117,237**
Glanchaiteachas		**1,878,549**	**1,810,577**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(59,197)		
Dímheas	27,657		
Caillteanas ar dhiúscairtí	246	(31,332)	(4,367)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(2,649)		
Méadú ar stoc	(10,098)	(12,747)	(11,294)
Caiteachas díreach		**1,834,470**	**1,794,916**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		24,275	25,503
Glanchostas an chláir		**1,859,838**	**1,820,419**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 20 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	16	15
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	21,277	21,826
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,600	2,647
Vóta 24	Dlí agus Ceart – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais [a]	2,683	2,431
Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(1,208	(1,416)
		25,368	**25,503**

Nóta [a] Cuirtear costais íocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an bhfoireann shibhialtach ar áireamh i Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus ní chuirtear i dtaifead sa chuntas seo iad mar ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

Seirbhísí eile

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla thuas. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhsheirbhísí:

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacain do phearsanra na Seirbhíse Príosúin a raibh príosúnaigh á dtabhairt acu go dtí an chúirt.
- Thug Óglaigh na hÉireann cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt, gan íocaíocht.
- Cuireadh aerárthaí an Aerchóir ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána i rith 2021 gan íocaíocht. Tugadh tacaíocht Aerchóir gan táille freisin maidir le haerárthaí sciathán dobhogtha an Gharda Síochána agus héileacaptair an Gharda Síochána a oibriú.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	202,395	173,415
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	36,723	41,662
Stoic	2.3	21,436	11,338
Réamhíocaíochtaí	2.9	21,511	22,220
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	23,160	29,159
Ioncam fabhraithe		1,108	1,321
Iomlán na sócmhainní reatha		**103,938**	**105,700**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.10	8,056	13,979
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	59,731	58,164
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	152	12,657
Iomlán na ndliteanas reatha		**67,939**	**84,800**
Glansócmhainní reatha		35,999	20,900
Glansócmhainní		**238,394**	**194,315**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**238,394**	**194,315**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	Aerárthaí agus báid	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní							
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	92,003	19,942	86,855	218,570	8,774	10,505	436,649
Breiseanna	—	2,192	8,363	12,871	606	32,813	56,845
Diúscairtí	—	—	(5,976)	(7,355)	(185)	—	(13,516)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	93,003	22,134	89,242	224,086	9,195	43,318	479,978
Dímheas carntha							
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	4,497	16,258	59,603	176,685	6,191	—	263,234
Dímheas don bhliain	1,840	512	10,933	13,866	468	—	27,619
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(5,732)	(7,353)	(185)	—	(13,270)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	6,337	16,770	64,804	183,198	6,474	—	277,583
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**85,666**	**5,364**	**24,438**	**40,888**	**2,721**	**43,318**	**202,395**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	87,506	3,684	27,252	41,885	2,583	10,505	173,415

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	30,900	35,851
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála [a]	5,823	5,811
	36,723	**41,662**

Nóta [a] Déanann an Garda Síochána 107 gcuntas bainc tráchtála óinchiste roinne/aonaid a choimeád, a laghdófar iad ar aon dul leis an tsamhail oibriúcháin a thabhairt isteach.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Páipéarachas	503	414
Stoc teileachumarsáide	2,398	1,806
Éadaí	12,097	3,950
Soláthairtí an Bhiúró Theicniúil	166	121
Stoc seirbhíse na Náisiún Aontaithe	228	173
Armlann	4,791	4,286
Ilghnéitheach	1,253	588
	21,436	**11,338**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Réamhíocaíochtaí le OOP	—	2,175
Óinchistí	713	725
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	21,409	22,215
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	779	898
Míreanna dochair eile ar fionraí	261	3,146
	23,160	**29,159**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	28,253	28,189
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	13,297	13,169
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	564	2,071
Cáin bhreisluacha	677	1,175
Cáin conarthaí iomchuí	3	18
Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre	1,450	1,730
Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin	14	11
Scéim pinsean na Státseirbhíse	855	846
Iarmhéideanna cuntais ranna an Gharda Síochána	5,823	5,811
Oifig na nOibreacha Poiblí	2,103	—
	53,039	53,020
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	4,907	4,426
Ciste luach saothair an Gharda Síochána (nóta 5.7)	479	486
Míreanna sochair eile ar fionraí	1,306	232
	59,731	**58,164**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	13,276	3,579
Géilleadh iarchurtha	—	12,750
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(13,124)	(3,672)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**152**	**12,657**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	36,723	41,662
Iarmhéideanna dochair: fionraí	23,160	29,159
	59,883	70,821
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(53,039)	(53,020)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(6,692)	(5,144)
	(59,731)	(58,164)
	152	**12,657**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			194,315	178,654
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,891,825		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(13,276)		
Glanvóta			1,878,549	1,810,577
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		25,368	25,503
Glanchostas an chláir	1		(1,859,838)	(1,820,419)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**238,394**	**194,315**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	34,235	49,628
Tionscadail chaipitil	42,145	77,911
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**77,380**	**127,539**

Nóta B'ionann na ceangaltais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag deireadh 2021 agus €34.235 milliún. B'ionann ceangaltas Go Safe agus €19.461 milliún, agus conradh a bheidh i bhfeidhm go mí Aibreáin 2023 i gceist leis. I measc na gceangaltas eile, tá TFC €5.265 milliún, ceannach feithiclí €6.447 milliún, teileachumarsáid €2.068 milliún, saintrealamh €246,000, éadaí €477,000 agus an t-iarmhéid €271,000 i measc fo-mhírchinn eile. Áirítear ar thionscadail chaipitil €163,000 maidir le hathchóiriú áitreabh Shráid Mhic Giobúin.

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	**Caiteachas in 2021**	**Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin**	**Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021**	**Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Ceanncheathrú réigiúnach/roinne:					
• An Bóthar Míleata	10,505	32,813	42,982	86,300	86,505

2.9 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Íocaíochtaí raidió dhigitigh náisiúnta	7,772	7,383
Íocaíochtaí TFC	8,260	10,694
Teileachumarsáid	4,660	—
Eile	819	4,143
	21,511	**22,220**

2.10 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
TFC	347	2,758
Feithiclí a cheannach	—	259
Saintrealamh	20	360
Taisteal agus cothú	1,251	1,117
Breosla agus cothabháil	676	1,047
Seirbhísí stáisiúin	1,356	1,418
Conradh Go Safe	1,225	1,199
Stóráil agus oiliúint	487	629
Cumarsáid agus trealamh eile	136	740
Trealamh TFC	—	124
Éadaí	503	934
Coláiste	119	195
Eile	1,936	3,199
	8,056	**13,979**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	4	—

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Garda Síochána páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim nó uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costas iomlán an chláir a chur i láthair.

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	1,223,681			
	Forlíontach	31,603			
			1,255,284	1,252,316	1,225,552
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	19,519			
	Forlíontach	(3,170)			
			16,349	14,835	17,490
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	21,727			
	Forlíontach	1,419			
			23,146	24,030	25,479
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	47,947			
	Forlíontach	6,714			
			54,661	55,193	46,664
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF				
	Bunaidh	75,912			
	Forlíontach	938			
			76,850	77,184	73,351
vi	Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil				
	Bunaidh	3,792			
	Forlíontach	2,058			
			5,850	6,067	2,986
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe				
	Bunaidh	261			
	Forlíontach	489			
			750	666	602

viii	Seirbhísí stáisiúin				
	Bunaidh	23,001			
	Forlíontach	4,797			
			27,798	27,380	25,888
ix	Cúltaca an Gharda Síochána				
	Bunaidh	1,395			
	Forlíontach	(1,220)			
			175	109	105
			1,460,863	**1,457,780**	**1,418,117**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar measctacháin €19.519 milliún; toradh €14.835 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €4.684 milliún srianta taistil a cuireadh i bhfeidhm faoi bhearta phaindéim Covid-19. Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar chúrsaí oiliúna, agus baineadh coigilteas amach ina dhiaidh sin ar thaisteal agus caiteachas cothaithe.

vi Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil

Soláthar measctacháin €3.792 milliún; toradh €6.067 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €2.275 milliún caiteachas ar fhreastal ar riachtanais bhunriachtanacha chothabhála eastát an Gharda Síochána. Teastaíonn cothabháil leanúnach bhunriachtanach mar gheall ar mhéid agus próifíl an eastáit. Baineann caiteachas €266,000 le hoibreacha a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh díreach ar Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar measctacháin €261,000; toradh €666,000

Baineann an méadú €405,000 le táillí gairmiúla agus comhairle theicniúil a cuireadh ar an eagraíocht.

ix Cúltaca an Gharda Síochána

Soláthar measctacháin: €1.395 milliún; toradh €109,000

B'éard ba chúis leis an easnamh €1.29 milliún i gCúltaca an Gharda Síochána ná nár baineadh spriocanna earcaíochta amach agus mar gheall nár oibrigh gach comhalta de Chúltaca an Gharda Síochána dóthain uaireanta le bheith incháilithe don íocaíocht liúntais ábhartha. Bhí 423 chomhalta de Chúltaca an Gharda Síochána ann an 31 Nollaig 2021.

Clár A Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu

				2021	2020
			Soláthar measctha	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	1,223,681			
	Forlíontach	31,603			
			1,255,284	1,252,316	1,225,552
A.2	Riarachán − neamhphá				
	Bunaidh	193,554			
	Forlíontach	12,025			
			205,579	205,464	192,565
A.3	Éadaí agus oiriúintí				
	Bunaidh	24,263			
	Forlíontach	(8,063)			
			16,200	13,891	22,287
A.4	Cumann Cúnaimh Leighis Naomh Pól an Gharda Síochána		124	124	124
A.5	Iompar				
	Bunaidh	27,554			
	Forlíontach	2,941			
			30,495	28,849	38,162
A.6	Cumarsáid agus trealamh eile				
	Bunaidh	26,440			
	Forlíontach	3,991			
			30,431	28,814	31,047
A.7	Aerárthaí				
	Bunaidh	1,600			
	Forlíontach	1,667			
			3,267	3,597	2,073
A.8	Aoisliúntas, etc.				
	Bunaidh	364,953			
	Forlíontach	12,200			
			377,153	377,621	354,711
A.9	Costais finnéithe				
	Bunaidh	1,805			
	Forlíontach	275			
			2,080	2,132	1,824
A.10	Cúiteamh		16,620	15,075	11,992
A.11	Clár slándála finnéithe				
	Bunaidh	1,198			
	Forlíontach	(798)			
			400	400	300

A.12	Clár tógála caipitil				
	Soláthar meastacháin	34,000			
	Géilleadh iarchurtha	12,750			
			46,750	46,874	24,227
A.13	Coláiste an Gharda Síochána				
	Bunaidh	36,371			
	Forlíontach	(9,918)			
			26,453	25,726	22,950
			2,010,836	**2,000,881**	**1,927,814**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €35.968 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €40.545 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tugadh míniú cheana féin air. Ba iad na nithe seo a leanas ba phríomhchúis leis an gcuid eile den difríocht, mar atá €4.577 milliún:

A.3 Éadaí agus oiriúintí

Soláthar meastacháin €24.263 milliún; toradh €13.891 milliún

B'éard ba phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €10.372 milliún ná nach raibh an gá céanna ann le trealamh cosanta pearsanta (TCP). Infheistíodh €737,000 i dtrealamh TCP chun comhaltaí agus baill foirne an Gharda Síochána a bhí ag tabhairt faoi sheirbhísí bunriachtanacha a chosaint i rith phaindéim Covid-19.

A.5 Iompar

Soláthar meastacháin €27.554 milliún; toradh €28.849 milliún

Mar thoradh ar mhéaduithe ar chostas an bhreosla agus ar chothabháil feithiclí a bhí an caiteachas breise €1.295 milliún.

A.6 Cumarsáid agus trealamh eile

Soláthar meastacháin €26.44 milliún, toradh €28.814 milliún

Bhí roinnt tosca ina gcúis leis an méadú €2.374 milliún ar chaiteachas; caiteachas €417,000 ar threalamh oibríochtúil a soláthraíodh mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, a aisíoctar (90%) trí chistiú deontais ó AE agus a thugtar ar ais don Státchiste trí leithreasaí-i-gcabhair. Baineann an fuílleach den mhéadú le caiteachas níos airde ná mar a bhíothas ag coinne leis ar chumarsáid, tionscadail TCI agus trealamh oibríochtúil.

A.7 Aerárthaí

Soláthar meastacháin €1.6 milliún; toradh €3.597 milliún

Bhí caiteachas €1.668 milliún ar uasghráduithe aerárthaí a soláthraíodh mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, a aisíoctar (90%) trí chistiú deontais AE agus a thugtar ar ais don Státchiste trí leithreasaí-i-gcabhair ina chúis leis an méadú €1.997 milliún. Baineann an fuílleach den mhéadú le costais mhéadaithe chothabhála agus deisiúcháin héileacaptair an Gharda Síochána.

A.9 Costais finnéithe

Soláthar meastacháin €1.805 milliún; toradh €2.132 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €327,000 ar chaiteachas ná cineál an fho-mhírchinn oibríochtúil seo atá faoi stiúir éilimh, a fhágann go bhfuil sé deacair leibhéal agus uainiú an chaiteachais a thuar.

A.10 Cúiteamh

Soláthar meastacháin €16.62 milliún, toradh €15.075 milliún

Ba chineál dothuartha agus na suimeanna cúitimh a dámhadh ba chúis leis an easnamh caiteachais €1.545 milliún.

A.11 Clár slándála finnéithe

Soláthar meastacháin €1.198 milliún; toradh €400,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €798,000 ar chaiteachais ná cineál an fho-mhírchinn seo, a fhágann go bhfuil sé deacair leibhéal agus uainiú an chaiteachais a thuar.

A.13 Coláiste an Gharda Síochána

Soláthar meastacháin €36.371 milliún; toradh €25.726 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais de €10.645 milliún mar gheall ar choigilteas ar chostais phá-bhainteacha de €5.388 milliún agus costais neamhphá de €5.257 milliún. Ba é ba chúis leis an easnamh go príomha ná moill ar iontráil agus oiliúint earcaigh/comhaltaí an Gharda Síochána mar thoradh ar thionchar na mbeart a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ina theannta sin, rinneadh pearsanra an choláiste a athshannadh chuig dualgas oibriúcháin agus muirearaíodh costais ghaolmhara tuarastail, pá agus liúntais ar Fhotheideal A.1.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí			
	Bunaidh	11,278		
	Forlíontach	1,082		
		12,360	12,491	12,628
2	Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána			
	Bunaidh	21,528		
	Forlíontach	2,798		
		24,326	24,565	24,626
3	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2).			
	Bunaidh	11,000		
	Forlíontach	8,000		
		19,000	20,770	15,762
4	Fáltais Choláiste an Gharda Síochána			
	Bunaidh	600		
	Forlíontach	(250)		
		350	341	190
5	Táillí airm tine	3,000	3,466	3,968
6	Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta	14,200	14,623	14,593
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	Bunaidh	34,382		
	Forlíontach	11,393		
		45,775	46,076	45,470
	Iomlán	**119,011**	**122,332**	**117,237**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €26.345 milliún ní ba mhó ná an meastachán. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí

Measta €11.278 milliún; réadaithe €12.491 milliún

Méadú ar chostais fhoriomlána phárolla 2021, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €1.213 milliún.

2 Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána

Measta €21.528 milliún; réadaithe €24.565 milliún

Méadú ar chostais fhoriomlána phárolla 2021, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €3.037 milliún.

3 Fáltais ilghnéitheacha

Measta €11 mhilliún; réadaithe €20.7 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis na fáltais bhreise €9.77 milliún ná fáltais €2.754 milliún ó AE agus fáltais €8.67 milliún ó urghabháil a tugadh suas don stát.

4 Fáltais Choláiste an Gharda Síochána

Measta €600,000; réadaithe €341,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €259,000 go raibh an coláiste ag oibriú ar acmhainn laghdaithe mar thoradh ar Covid-19.

5 Táillí airm tine

Measta €3 mhilliún; réadaithe €3.466 milliún

Uainiú fáltas ba chúis leis an méadú €466,000.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €34.382 milliún; réadaithe €46.076 milliún

Méadú ar chostais fhoriomlána phárolla 2021, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €11.694 milliún.

4.2 Anailís ar fháltais ilghnéitheacha

	2021 €000	2020 €000
Íocaíochtaí i leith seirbhísí dualgais neamhphoiblí a chuir Gardaí ar fáil	2,271	3,222
Aisíocaíochtaí i leith réamhíocaíochtaí gluaisteáin	1	4
Aisghabháil i leith díobháil a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus do mhaoin eile an Gharda Síochána	14	11
Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstórtha, maoin fhorghéillte agus maoin neamhéilithe a dhíol	8,844	2,540
Táillí i leith tuairiscí timpiste agus díobhála mailísí	541	628
Ranníocaíocht le háiteanna cónaithe	43	44
Costais finnéithe a fhorchúiteamh	3	1
Tuarastail a fhorchúiteamh	18	44
An muirear céatadánach ar chomhlachtaí árachais as préimheanna árachais a bhailiú	109	98
Fáltais ó AE	2,754	875
Táillí ceadúnais tacsaí	277	207
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre – táillí a gearradh as cionta tiomána	3,297	2,741
Táillí méarlorg chun críocha fostaíochta agus víosa	80	67
Crainn an Gharda Síochána	198	2,801
Dliteanas iompróra	569	757
Cártaí aoise	164	162
Earraí neamhrangaithe	1,586	1,560
	20,770	**15,762**

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1,730	842
Suim a bailíodh	8,550	4,524
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(8,830)	(3,636)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1,450**	**1,730**

4.4 Fáltais ó fhógraí muirir sheasta

B'ionann na fáltais iomlána ó fhógraí muirir sheasta in 2021 agus €23.174 milliún (2020: €19.113 milliún). Den tsuim sin, coimeádadh €14.624 milliún (2020: €14.59 milliún) chun conradh Go-Safe a mhaoiniú. As an iarmhéid €1.730 milliún ó 2020 agus an t-iarmhéid €8.550 milliún d'fháltais 2021, íocadh €8.830 milliún (2020: €3.636 milliún) leis an Státchiste in 2021, agus aistríodh an chuid eile in 2022.

Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana:		
Comhaltaí an Gharda Síochána	14,192	14,491
Oiliúnaithe Garda	381	153
Baill foirne an Gharda Síochána	3,168	3,113
	17,741	**17,757**

5.2 Pá [a]

	2021 €000	2020 €000
Pá	852,530	839,369
Íocaíocht ex gratia – nóta 5.6	78	1,753
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	508	375
Liúntais eile	201,140	202,263
Ragobair	113,949	98,958
ÁSPC an fhostóra	105,029	100,541
Pá iomlán	**1,273,234**	**1,243,259**

Nóta [a] Áirítear leis seo pá don fhoireann a bhí fostaithe i gColáiste an Gharda Síochána, a ghearrtar ar fho-mhírcheann A.13.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	205	10	36,298	48,437
Ragobair agus tinreamh breise	14,896	3,978	61,090	52,953
Liúntais sealoibre agus uainchláir	14,585	10,675	197,917 [a]	59,040
Ilghnéitheach	15,102	275	79,856	96,075
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	14,516	13,251	210,680 [a]	110,401

Nóta [a] Baineann na suimeanna seo le híocaíocht lena gcumhdaítear roinnt blianta.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Sa bhliain 2021, athfhostaíodh sé státseirbhíseach déag a bhí ar scor agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu chun dualgais éagsúla a dhéanamh ar chostas iomlán €572,499. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra atá ar scor, agus iad i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €000	2020 €000
Ró-íocaíochtaí párolla	973	1,970	2,237
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	643	1,317	1,461
Ró-íocaíochtaí pinsin	386	899	873
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	29	233	241

Nóta Tá na figiúirí thuas carnach agus áirítear leo ró-íocaíochtaí a rinneadh i mblianta roimhe seo agus nár aisíocadh go fóill.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Rinneadh comhaontú ar phacáiste iomarcaíochta agus chuir an Garda Síochána ar tairiscint é. Rinneadh scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €78,072 in 2021.

Céim/grád	Líon na bhfaighteoirí	Scaoilíocaíochtaí	Blianta breise de sheirbhís bharúlach	Pinsean a íoc go luath gan aon laghdú achtúireach (blianta)
		€		
Stiúrthóir Feidhmiúcháin	1	78,072	—	—

5.7 Ciste Luach Saothair an Gharda Síochána

Is é cuspóir an Chiste dámhachtainí a íoc i ngeall ar chrógacht Gardaí agus ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh le haghaidh sheirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas maidir le fíneálacha araíonachta an Gharda Síochána.

Léirítear sa ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána a gearradh ar an gCiste i gceart sa bhliain, suim na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir	486	491
Fáltais	66	59
Íocaíochtaí	(73)	(64)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**479**	**486**

5.8 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Coimisinéara, agus olltuarastal bliantúil €271,759 ag baint leis an ról (€269,068 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheaptha	Caiteachas carnach suas go deireadh 2021	2021	2020
		€000	€000	€000
An Binse um Nochtaí Cosanta [a]	2017	4,191	491	801
Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [b]	2018	49	—	3
			491	**804**

Nóta [a] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta chun imscrúdú a dhéanamh ar nochtaí cosanta a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus nithe áirithe eile. Is ionann na costais a thabhaítear agus costais le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil do chomhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor. Tabhaítear costais an Bhinse féin faoin Vóta le haghaidh Dlí agus Cirt.

Nóta [b] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt do líomhaintí a rinneadh gur baineadh drochúsáid ghnéasach as duine aonair ainmnithe.

6.2 Ráiteas faoi chaillteanas (feithiclí an Gharda Síochána, etc.)

Tugadh 594 thimpiste, ar an iomlán, le fios in 2021 ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2020: 641). B'ionann costas na díobhála a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus costais eile agus €919,946. Aisghabhadh cúiteamh arbh fhiú €229,872 san iomlán é.

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2021	2020
		€000	€000
Calaois	—	—	—
Calaois amhrasta	5	1	2

Nóta Tá cúig chás calaoise braite/líomhnaithe ann a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an nGarda Síochána orthu faoi láthair (2020: 7).

6.4 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Garda Síochána sa bhliain

	Éilimh ó fhostaithe [b]		Éilimh ó dhaoine den phobal		Iomlán 2021
	Faoi Achtanna an Gharda Síochána, 1941-1945	Trí GÉS i leith díobhálacha rinneadh le linn dualgais a chomhlíonadh [c]	A d'eascair as gníomhartha Gardaí agus iad ag comhlíonadh dualgas	A d'eascair as timpistí a bhain le feithiclí an Gharda Síochána	
An líon cásanna	129	50	198	237	614
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí an Gharda Síochána féin	—	109	632	229	970
Íocaíochtaí a rinne an Garda Síochána/a rinneadh thar a cheann					
Cúiteamh	6,601	691	726	1,187	9,205
Costais dlí	1,365	256	3,199	302	5,122
Costais eile [a]	—	33	38	69	140
Iomlán 2021	**7,966**	**1,089**	**4,595**	**1,787**	**15,437**
Iomlán 2020	4,564	874	4,975	1,494	11,907

Nóta
[a] Baineann costais eile a dámhadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora agus táillí leighis, etc.
[b] Rinneadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €75,624 (2020: €85,238) de bhun na Scéime Sochair Díobhálacha Ceirde, a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní chuirtear na híocaíochtaí sin ar áireamh sa tábla thuas.
[c] D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo páirtíocaíochtaí i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.

Ag an 31 Nollaig 2021

- Bhí 1,535 éileamh fós le réiteach faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 (2020: 1,520).
- Bhí 254 éileamh shibhialta le réiteach go fóill a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2020: 279).
- Bhí 3,883 éileamh shibhialta, seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána, le réiteach go fóill (2020: 3,338).

Costais charntha cásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh				Iomlán
	ó fhostaithe		ó dhaoine den phobal		
	Faoi Achtanna an Gharda Síochána, 1941-1945	Trí GÉS i leith díobhálacha rinneadh le linn dualgais a chomhlíonadh	A d'eascair as gníomhartha Gardaí agus iad ag comhlíonadh dualgas	A d'eascair as timpistí a bhain le feithiclí an Gharda Síochána	
An líon cásanna	79	20	252	183	534
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí an Gharda Síochána féin	—	110	179	173	462
Íocaíochtaí a rinne an Garda Síochána/a rinneadh thar a cheann					
Cúiteamh	2,496	602	1,757	1,568	6,423
Costais dlí	1,365	275	3,148	369	5,157
Costais eile	—	26	199	110	335
Iomlán	**3,861**	**1,014**	**5,283**	**2,220**	**12,377**

6.5 Maoiniú ó AE

Bhí cúig thionscadal arna maoiniú ag AE ar siúl in 2021 (2020: sé thionscadal déag). B'ionann a leanas na cistí a fuarthas sa bhliain:

	2021 €000	2020 €000
Atlas 2020	10	—
Ciste Slándála Inmheánaí	3,280	874
ROXANNE	—	77
MAGNETO	—	50
GRACE	—	121
JUSTISIGNS 2	4	4
ADEP 2.0	123	238
Protector	127	—
	3,545	**1,364**

Is é is **Atlas 2020** ann ná tionscadal a bhfuil i gceist leis tacú le gníomhaíochtaí an líonra thrasnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

- An chéad Ionad Sármhaitheasa de chuid ATLAS a bhunú i dtaobh sárú eitleán (AIRCRAFT).
- Tacaíocht fheabhsaithe leighis a thabhairt d'íospartaigh agus dár bhfórsaí féin i limistéir dhoicheallacha (MEDIC).
- Scileanna agus cineálacha cur chuige feabhsaithe oirbheartaíochta chun cur in aghaidh teagmhas i gceantair uirbeacha (BUILDINGS).
- Cumas Aonad Speisialta Idirghabhála (SIUnna) a fheabhsú chun déileáil le rioscaí a bhaineann le dróin agus róbait (INOVATION).
- Feabhas a chur ar choincheapa um aimsitheoirí a imlonnú in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta (SNIPER).
- Modhanna a fhorbairt chun earraí agus foirgnimh a shárú (ENTRY).
- Modhanna dea-chleachtais a fhorbairt chun cumas idirbheartaíochta a chomhtháthú i rith oibríochtaí Frithsceimhlitheoireachta (NEGO).
- Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir Aonaid Speisialta Idirghabhála i gcás oibríochtaí a bhaineann le modhanna iompair phoiblí (TRANSPORT).

An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF): cur chun feidhme straitéise slándála inmheánaí, comhoibriú maidir le forfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha seachtracha AE a chur chun cinn. Tá an ciste dírithe ar dhá chuspóir ar leith ó 2021 go 2027:

- An choireacht a chomhrac: coireacht trasteorann, tromchoireacht agus coireacht eagraithe a chomhrac, an sceimhlitheoireacht san áireamh, agus comhordú agus comhoibriú a neartú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis náisiúnta eile stáit AE, EUROPOL agus comhlachtaí ábhartha eile AE, agus eagraíochtaí ábhartha neamh-AE agus idirnáisiúnta san áireamh.
- Rioscaí agus géarchéimeanna a bhainistiú: barr feabhais a chur ar chumas stáit AE agus an aontais chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil, agus ullmhú chun daoine agus príomhbhonneagar a chosaint ar ionsaithe sceimhlitheoireachta agus bagairtí eile a bhaineann le slándáil.

Tionscadal é **ROXANNE** a chuireann leis an sprioc a bhaineann le líonraí coiriúla a aimsiú agus a mbaill a shainaithint trí láidreachtaí na dteicneolaíochtaí urlabhra agus teanga (TUTanna), na hanailíse amhairc (AA) agus na hanailíse ar líonraí (AL) a cheangal.

Tionscadal é **MAGNETO** atá dírithe ar theicneolaíocht a chruthú lena gcuirfear ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí anailís a dhéanamh ar ilmheáin agus iad a chur i gcomhchoibhneas chun coireacht eagraithe a chosc agus a imscrúdú.

Tionscadal é **GRACE** a bhaineann le sonraí fóiréinseacha a bhailiú, a aicmiú, a phróiseáil agus a anailísiú agus le heolas a mhalartú go mear, le tacaíocht ó ardalgartaim faoi chumhacht intleachta saorga, chun an bhearna theicneolaíochta a dhúnadh le ciontóirí agus feabhas mór a chur ar éifeachtúlacht i dtaobh dul i ngleic le cásanna a bhaineann le Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí. Tá mar chuspóir ag GRACE, ach go háirithe, insreabhadh atreoruithe ábhar teachta i dtír ghnéasaigh ar leanaí (CSEM) ó Oifig an Phaiteolaí Stáit a chomhrac, réitigh mórshonraí a sholáthar le haghaidh ETL sonraí (Baint, Claochlaigh agus Ualú), agus é mar chuspóir freisin bainistíocht ábhar a chaighdeánú.

Tionscadal taighde laistigh den phobal bodhar é **JUSTSIGN 2,** ina ndéantar imscrúdú ar eispéiris íospartach foréigin ghnéasaigh agus na coireachta nuair a dhéanann siad idirghníomhú leis na póilíní agus an próiseas dlíthiúil. Cuireann seo le hiarthionscadal JUSTISIGNS.

Tionscadal é Próiseas Malartaithe Sonraí Uathoibrithe (**ADEP**) i dtaobh dul i ngleic le bearnaí gan aon éilimh mhóra airgeadais, forbartha TF nó acmhainní daonna a chur ar na Ballstáit.

Protector: cuirfidh an tionscadal straitéis slándála cosanta i bhfeidhm a saindearadh d'ionaid adhartha de gach creideamh, a sholáthrófar le pleananna slándála cosanta do 25 ionad adhartha atá lonnaithe i 5 bhallstát den Aontas. Bunóidh agus neartóidh an Tionscadal freisin comhoibriú idir údaráis phoiblí, ceannairí creideamhbhunaithe agus comhthionóil chreideamhbhunaithe trí straitéis idirchaidrimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, rud a mbuntacófar leis trí fheachtas múscailte feasachta slándála a dhearadh agus a sholáthar, agus tuairisciú iompair amhrasaigh agus cur chun cinn freagairtí cuí do bhagairtí á spreagadh.

6.6 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha

Tá €219,280 (2020: €198,557) san iomlán curtha ar áireamh i bhfo-mhírcheann A.1 maidir le luach saothair chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ar shaoire speisialta agus pá á fháil acu i gcomhlachtaí ionadaíocha foirne nó a bhí sannta d'eagraíochtaí leasa.

Ina theannta sin, fuair cumainn ionadaíocha maoiniú €284,575 in 2021 (2020: €303,907) mar a leanas:

Cumainn ionadaíocha	**2021**	**2020**
	€	**€**
Deontas do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána	58,000	58,000
Deontas do Chumann Ard-Cheannfoirt an Gharda Síochána	58,000	58,000
Suimeanna a gearradh ar chomhlachtaí ionadaíocha foirne agus ar eagraíochtaí eile leasa chun seirbhísí poist, teileachumarsáide agus cóiríochta a sholáthar.	168,575	187,907

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 21

Príosúin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais na Seirbhíse Príosúin, agus speansais eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €5.43 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil talún agus foirgneamh

Tá úinéireacht ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[1] cinn de phríosúin agus d'ionaid choinneála, chomh maith le maoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise agus maoin cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, chomh maith le dhá láithreán eile i mBaile Átha Cliath: láithreán beag amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus talamh a fuarthas i gcomhair forbairt phríosúin ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath.

Déantar talamh a luacháil de réir luach úsáide nó luach an mhargaidh (mura bhfuil sí in úsáid) sa Ráiteas faoi Shócmhainní Seasta. Déantar foirgnimh phríosúin a luacháil de réir meánchostas athsholáthair in aghaidh an chillín. Rinneadh an athluacháil is déanaí sa bhliain 2020 agus tugtar faoi athluachálacha nuashonraithe gach cúig bliana.

Eisceacht ar an láimhseáil chuntasaíochta sin a bhí i gceist leis an talamh ag Halla Bhaile na Sceach, ar leanadh de luacháil a dhéanamh air de réir costas stairiúil, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn straitéiseach Stáit é lena mbaineann acmhainneacht luach úsáide amach anseo. Tá sé curtha in iúl don Ghníomhaireacht Forbartha Talún go bhfuil sé ar fáil.

[1]Tá 12 cheann de phríosúin agus d'ionaid choinneála i bhfeidhm faoi láthair. Ní choinnítear príosúnaigh san Aonad Oiliúna atá mar chuid de Phríosún Mhuinseo faoi láthair ach meastar go mbeidh sé ag feidhmiú arís faoi réir measúnú leanúnach ar na rioscaí a bhaineann le paindéim Covid-19.

Fad atá sé ina shócmhainn straitéiseach Stáit agus faoi réir rannpháirtíocht leanúnach leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, lorgaíodh luacháil neamhspleách nuashonraithe i gcomhthéacs chuntais na bliana 2021. Tá sé sin ag teacht le tuairim an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina dheimhniú le Cuntais na bliana 2020 nach bhfuil láimhseáil chuntasaíochta eisceachtúil ag teastáil i gcás thalamh Halla Bhaile na Sceach.

Is é an ghlanéifeacht go gcuirtear luach €6.5 milliún, de réir na luachála neamhspleáiche is déanaí, leis an talamh agus na foirgnimh ar an láithreán i gcomparáid leis an gcostas stairiúil €49.3 milliún ina léirítear costas na fála agus forbairt na dtailte. Tá an luacháil is déanaí bunaithe ar an úsáid agus an criosú atá ann cheana, agus cuirtear san áireamh cáilíocht na talún talmhaíochta, an suíomh agus an t-éadanas bóthair. Ní chuirtear san áireamh go sonrach inti luach méadaithe ar bith atá bunaithe ar an talamh a athchriosú le húsáid mhalartach.

Rinneadh athluacháil ar an tsócmhainn anois, agus an luacháil is déanaí á cur san áireamh. Déanfar athbhreithniú ar an staid sin ar bhonn leanúnach agus go háirithe chun luach úsáide amach anseo mar shócmhainn straitéiseach Stáit a léiriú agus déanfar athruithe ar bith eile ar luacháil a léiriú sna cuntais don bhliain airgeadais ábhartha.

Dímheas

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Ábhair inchaite

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais agus ní áirítear i stoic iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú taobh istigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa cheadaithe. Anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta a bheadh i gceist don Roinn agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a threoraíonn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuirtear an anailís sin san áireamh iontu. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá foireann iniúchóireachta ar leith sannta chun dul i mbun oibre ar shaincheisteanna iniúchóireachta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann in 2021 agus, leis sin, leagtar béim níos mó ar obair iniúchóireachta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir a mhéid is atá sin faoina smacht.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhlíontach seachas i gcás ocht gconradh déag (sa bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €5,608,548 (gan CBL a áireamh) don bhliain 2021. Go dtí seo, dámhadh trí cinn déag de na conarthaí sin dar luach €5,060,635 tar éis comórtais tairisceana a thabhairt chun críche.

- Meastar aon chonradh déag, ar fiú €3,013,904 iad, a bheith neamhchomhlíontach ar an mbonn gur cuireadh síneadh leo níos faide ná dáta bunaidh an chonartha de bhrí nach raibh próisis iomaíocha nua tugtha chun críche go hiomlán i gcomhpháirt leis an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi dheireadh na bliana. Dámhadh naoi gconradh dar luach €2,583,544 go dtí seo, tá conradh amháin ar thairiscint faoi láthair ar luach €338,233, agus tá an ceann atá fágtha, ar fiú €92,127 é, le háireamh i gCreat TFC nua atá á chur chun cinn. Is é an chúis a bhí le moilleanna i gcás cuid de na próisis tairisceana thuasluaite go raibh saincheisteanna slándála ann mar thoradh ar ionraí contrabhanna a aimsíodh i soláthairtí bia do phríosúnaigh, rud a d'fhág go raibh athbhreithniú slándála ar an slabhra soláthair de dhíth, agus cuireadh ceanglais bhreise slándála ar áireamh sna sonraíochtaí tairisceana nua dá thoradh sin. Mar aon leis sin, tháinig saincheisteanna dlí chun cinn i roinnt próiseas tairisceana a raibh moilleanna mar thoradh orthu freisin.
- Meastar seacht gconradh ar fiú €2,594,644 iad a bheith neamhchomhlíontach chomh maith ar an mbonn gur ghá iad a síneadh níos faide ná dáta bunaidh an chonartha fad is a bhí socruithe soláthair nua á dtabhairt chun críche. Go dtí seo, tá ceithre chonradh den chineál sin dáfa ar luach €2,477,091 agus tá na trí chinn eile ar fiú €117,553 iad foilsithe anois agus an próiseas ar bun chun iad a chur i gcrích.

Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann mionsonraí faoi 41 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm i ndáil le gach Príosún agus Stiúrthóireacht agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach agus lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta de réir a shuntasaí is atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (Grúpa Stiúrthóirí) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Bainistíochta Riosca, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá monatóireacht agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Ag eascairt ó mholtaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, bíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na próisis leanúnachais gnó/aisghabhála i gcás tubaiste.

Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithniú seachtrach ar an bhfeidhm soláthair a choimisiúnú d'fhonn na struchtúir agus na próisis a láidriú amach anseo.

Paindéim Covid-19

Ó thús na paindéime i leith, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den lucht bainistíochta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid-19, paindéim a raibh tionchar leathan agus suntasach aici ar oibríochtaí sna blianta 2020 agus 2021 agus go dtí seo sa bhliain 2022. Is timpeallacht ardriosca iad príosúin i dtaobh víris den chineál sin a tharchur agus bhí Seirbhís Phríosúin na hÉireann réamhghníomhach chun an riosca a bhainistiú agus a mhaolú ó thús na géarchéime i leith. Tá an fhoireann ardbhainistíochta ag teacht le chéile gach lá ó thús mhí an Mhárta 2020 i leith chun aghaidh a thabhairt ó lá go lá ar na dúshláin slándála, sábháilteachta, chúram sláinte, oibríochta agus bhainistíochta a bhaineann leis an bpaindéim. Cuireadh Foireann Pleanála Práinnfhreagartha i ngníomh freisin nuair a thosaigh an phaindéim ina ndéantar ionadaíocht do phríomhpháirtithe leasmhara agus déantar cruinnithe a thionól gach seachtain chun bearta cosanta a shainaithint agus a chur chun feidhme chomh maith le próisis d'fhonn an tionchar ar phríosúnaigh agus ar bhaill foirne a laghdú a oiread agus is féidir lena chinntiú go mbeidh príosúin chomh saor ó Covid-19 agus is féidir.

Mar sheirbhís riachtanach, choinnigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann a príomhoibríochtaí slándála agus coimeádta agus a seirbhísí eile ar bun de réir na leibhéal srianta atá i bhfeidhm faoin gCreat Náisiúnta le haghaidh "*Maireachtáil le Covid-19*".

Cé gur coinníodh príomhrialuithe íocaíochta ar bun ar fud na paindéime, b'éigean próisis áirithe a athbhreithniú chun ceadú sonrasc agus foirmeacha íocaíochta a cheadú go cianda trí ríomhphost nuair ba ghá. Cuireadh rochtain chianda ar fáil ar chórais reatha chun go mbeadh foireann a bhí ag obair ó chian ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, ar nósanna imeachta agus ar lámhleabhair oibre mhionsonraithe reatha. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí i mbun monatóireachta ar na hathruithe ar phróisis a tugadh isteach mar fhreagairt do shrianta Covid-19 lena chinntiú go bhfuil siad éifeachtach.

Bhí tionchar mór ann ar chostas agus meastar €5 mhilliún a bheith tabhaithe sa bhliain 2021 mar thoradh ar an bpaindéim ar nithe amhail:

- costais foirne (go háirithe maidir le foireann bhreise cúram sláinte locum/ ghníomhaireachta)
- PPE leighis
- bearta braite víris
- domhainghlanadh agus rialú ionfhabhtuithe
- glanadh tionsclaíoch
- éadaí leapa, níochán agus teagmhais lónadóireachta
- TFC ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe do phríosúnaigh agus le cianobair do bhaill foirne

Bhí ráigeanna Covid-19 ann i ngach príosún a bhí dúnta i gcaitheamh na paindéime. Bhí chóir a bheith 1,000 cás ó thús na paindéime amach ina bhfuair príosúnach toradh deimhneach den víreas. Tar éis theacht athraitheach Omicron agus an leibhéil in-tarchurthachta a bhain leis, is sna trí mhí dheireanacha a tháinig dhá thrian de chásanna uile Covid-19 a deimhníodh i measc na bpríosúnach chun cinn. Tuairiscíodh bás phríosúnach amháin i ndáil le príosúnach a raibh diagnóis ailse doleigheasta air.

Ba mhór an dúshlán do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an phaindéim ó thaobh leibhéil leordhóthanacha soláthair foirne a choinneáil ar bun agus ó thaobh déileáil leis an méadú mór atá tagtha ar líon na dtástálacha a theastaíonn chun tras-seoladh a íoslaghdú, idir thástálacha PCRanna agus tástálacha antaigine. Tarlaíonn ráigeanna ionfhabhtuithe i bpríosúin fós, a mbíonn deacrachtaí bainistíochta agus soláthair foirne mar thoradh orthu.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 21 Príosúin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 21 Príosúin

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
	Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin				
Soláthar meastacháin	394,536			
Géilleadh iarchurtha	5,468			
		400,004	392,389	400,879
Ollchaiteachas		**400,004**	**392,389**	**400,879**
Lúide				
B **Leithreasaí-i-gcabhair**		**9,152**	**10,568**	**10,825**
Glanchaiteachas				
Soláthar meastacháin	385,384			
Géilleadh iarchurtha	5,468			
		390,852	**381,821**	**390,054**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €3.601 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A.3 Foirgnimh agus trealamh ar aghaidh chuig 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	9,031,130	7,156,894
Géilleadh iarchurtha	(3,601,000)	(5,468,000)
Farasbarr le géilleadh	**5,430,130**	**1,688,894**

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		102,286	110,740
Pá		271,455	271,324
Neamhphá		18,648	18,815
Ollchaiteachas		**392,389**	**400,879**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**10,568**	**10,825**
Glanchaiteachas		**381,821**	**390,054**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(29,173)		
Dímheas	4,074		
Caillteanas ar dhiúscairtí	9	(25,090)	(36,540)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(6,489)		
Laghdú ar stoc	358	(6,131)	(1,710)
Caiteachas díreach		**350,600**	**351,804**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		76,191	70,031
Glanchostas an chláir		**426,791**	**421,835**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlansuim caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	270	270
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	74,707	68,625
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	145	145
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	324	332
Vóta 24	Dlí agus Ceart (An tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte)	719	639
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	26	20
		76,191	**70,031**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,386,918	1,404,618
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	17,083	18,859
Stoic	2.3	1,919	2,277
Réamhíocaíochtaí	2.4	3,794	2,498
Ioncam fabhraithe		194	56
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,617	2,086
Iomlán na sócmhainní reatha		**24,607**	**25,776**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	3,330	8,385
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	15,010	15,088
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	3,690	5,857
Iomlán na ndliteanas reatha		**22,030**	**29,330**
Glansócmhainní reatha		2,577	(3,554)
Glansócmhainní		**1,389,495**	**1,401,064**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**1,389,495**	**1,401,064**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótarfheithiclí	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,358,654	77,947	759	12,862	33,986	1,484,208
Breiseanna	246	2,053	—	510	26,364	29,173
Curtha in úsáid	5,193	—	—	—	(5,193)	—
Athluachálacha [a]	(42,790)	—	—	—	—	(42,790)
Diúscairtí	—	(583)	—	(46)	—	(629)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,321,303	79,417	759	13,326	55,157	1,469,962
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	69,335	677	9,578	—	79,590
Dímheas don bhliain	—	2,623	20	1,431	—	4,074
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(577)	—	(43)	—	(620)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	71,381	697	10,966	—	83,044
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,321,303**	**8,036**	**62**	**2,360**	**55,157**	**1,386,918**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,358,654	8,612	82	3,284	33,986	1,404,618

Nóta [a] Baineann sé seo le hathluacháil na talún ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath, ó luach costais stairiúil €49.3 milliún go dtí luach úsáide reatha €6.5 milliún.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	16,839	18,724
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	244	135
	17,083	**18,859**

Cuntais bhainc Neamh-Vóta

Tá 25 chuntas bainc tráchtála ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin a bhainistiú ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann le siopaí príosúin, Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh agus dhá chuntas d'airgead tirim pearsanta na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair san áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as. Is €3,478,046 an tsuim a bhí á coinneáil ag deireadh na bliana 2021 agus ní áirítear an tsuim sin sa chuntas (2020: €3,295,289). Féach Nóta 6.6 freisin.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Éidí agus éadach	1,863	2,241
Ilghnéitheach	56	36
	1,919	**2,277**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Riarachán (v). Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha *(TFC - cothabháil córais agus tacaíocht dó, lena n-áirítear ceadúnú)*	2,709	1,643
A.5 Seirbhísí oibríochtúla *(seirbhísí cumarsáide den chuid is mó arna gcur ar fáil ag Tetra agus seirbhísí slándála eile)*	576	579
A.4 Seirbhísí do Phríosúnaigh *(costais seirbhísí athlonnaithe den chuid is mó)*	281	249
A.3 Foirgnimh agus trealamh *(costais maidir le cothabháil córais TFC agus tacaíocht dó agus costais chíosa foirgneamh* san áireamh*)*	174	10
A.6 Seirbhísí Oideachais	50	4
Riarachán (iv). Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	2	11
Riarachán (iii). Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2	2
	3,794	**2,498**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Cuntais óinchistí príosúin	278	250
Cuntas fionraí párolla (Cosán pá)	947	1,472
Míreanna dochair eile ar fionraí	392	364
	1,617	**2,086**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh	1,555	3,103
A.3 Foirgnimh agus Trealamh	882	2,658
Riarachán (v) Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	288	1,267
Riarachán (iii) Speansais Theagmhasacha	163	355
Riarachán (ii) Taisteal agus Cothú	139	86
Riarachán (iv) Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	118	133
A.5 Seirbhísí Oibríochtúla	103	154
A.6 Seirbhísí Oideachais	82	94
A.7 Cúiteamh	—	520
A.8 Bearta Míbhuntáiste Shóisialta (arna maoiniú ag Cuntais Dhíomhaoine)	—	15
	3,330	**8,385**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	7,030	6,905
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,698	3,537
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	134	115
Cáin bhreisluacha	1,539	2,311
Cáin conraitheoirí cláraithe	—	27
Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin	1	—
	12,402	12,895
Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	244	135
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	933	919
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	1,431	1,139
	15,010	**15,088**

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	5,430	1,689
Géilleadh iarchurtha	3,601	5,468
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(5,341)	(1,300)
Glanmhaoiniú Státchiste	**3,690**	**5,857**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	17,083	18,859
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,617	2,086
	18,700	20,945
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,402)	(12,895)
Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	(244)	(135)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(2,364)	(2,058)
	(15,010)	(15,088)
	3,690	**5,857**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			1,401,064	991,119
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	390,852		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(3,601)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(5,430)		
Glanvóta			381,821	390,054
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		76,191	70,031
Athluacháil sócmhainní (neamhairgead)	2.1		(42,790)	371,695
Glanchostas an chláir	1		(426,791)	(421,835)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**1,389,495**	**1,401,064**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Tionscadail chaipitil	14,985	41,715
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**14,985**	**41,715**

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020[a]
	€000	€000	€000	€000	€000
Príosún Luimnigh	31,858	22,396	13,846	68,100	68,100
	31,858	**22,396**	**13,846**	**68,100**	**68,100**

Nóta [a] Áirítear san athfhorbairt ar Phríosún Luimnigh síneadh a chur le sciathán den phríosún atá ann cheana, saoráid nua do mhná agus roinnt oibreacha gaolmhara eile. Tógfar foirgneamh nua freisin don tSeirbhís Phromhaidh, a ndéanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú air, dar luach €3.4 milliún.

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	—	**33**

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Áirítear ar na dliteanais theagmhasacha éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht sna cillíní atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha. Féach freisin Nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Chun costais iomlána na gclár a chur i láthair, áirítear i gClár A an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	267,111	271,455	271,324
ii	Taisteal agus cothú	2,316	1,645	1,773
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	3,860	4,020	4,483
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,800	1,670	1,474
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	7,380	11,313	11,085
vi	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	—	—
		282,567	**290,103**	**290,139**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.316 milliún; toradh €1.645 milliún

Bhí coigilt €671,000 i gceist de bharr go raibh srianta Covid-19 fós ag imirt tionchar ar leibhéal an chaiteachais a bhain le taisteal in 2021.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €7.38 milliún; toradh €11.313 milliún

Baineann an farasbarr €3.933 milliún le costais bhreise a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí TFC, bonneagar agus córais a choinneáil ag imeacht agus forbairt a dhéanamh orthu le linn phaindéim COVID-19. Áiríodh air sin cianobair a éascú do bhaill foirne a bhíonn ag obair in oifigí de ghnáth agus seirbhísí a chur ar fáil laistigh de phríosúin amhail áiseanna nasctha físe do mhuintir na bpríosúnach agus seirbhísí sna cillíní do phríosúnaigh.

vi Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Ní raibh aon ghá ann le seirbhísí comhairleoireachta sa bhliain.

Clár A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin

			2021	2020
			Soláthar measta	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá		267111	271,455	271,324
A.2	Riarachán - neamhphá		15,456	18,648	18,815
A.3	Foirgnimh agus trealamh				
	Soláthar meastacháin	60,849			
	Géilleadh Iarchurtha	5,468			
			66,317	54,419	60,241
A.4	Seirbhísí do Phríosúnaigh		34,256	32,801	34,203
A.5	Seirbhísí oibríochtúla		4,500	4,726	5,585
A.6	Seirbhísí oideachais		1,265	914	1,424
A.7	Cúiteamh		10,873	9,152	9,087
A.8	Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine)		226	274	200
			400,004	**392,389**	**400,879**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €7.615 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, in ainneoin róchaiteachas €7.536 milliún faoi na fo-mhírchinn riaracháin (féach thuas). Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn eile agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha atá an difríocht sna fo-mhírchinn atá fanta i gceist.

A.3 Foirgnimh agus trealamh

Soláthar meastacháin €66.317 milliún; toradh €54.419 milliún

Ba mar thoradh ar dhúnadh oibreacha tógála le linn tréimhsí dianghlasála náisiúnta chun paindéim Covid-19 a bhainistiú a bhí an choigilt seo ann. Bhí tionchar aige sin ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an mórthionscadail athfhorbartha ag Príosún Luimnigh, agus bhí sé sin ar cheann de na cúiseanna a raibh coigilt €11.898 milliún ann. Rinneadh €3.601 milliún den tearc-chaitheamh caipitil sin a thabhairt ar aghaidh go 2022 faoi sholáthairtí caipitil iarchurtha.

A.5 Seirbhísí oibríochtúla

Soláthar meastacháin €4.5 milliún; toradh €4.726 milliún

Is mar gheall ar chostais bhreise a bhaineann le flít iompair na bpríosún a bhainistiú a bhí barrachas €226,000 ann.

A.6 Seirbhísí oideachais

Soláthar meastacháin €1.265 milliún; toradh €914,000

Is mar gheall go raibh scoileanna príosúin dúnta sa chéad ráithe den bhliain a bhí coigilt €351,000 ann. Chomh maith leis sin, toradh ar bhearta rialaithe ionfhabhtaithe ba ea tinreamh laghdaithe scoile, a bhí ansin ina chúis le caiteachas laghdaithe sa réimse seo.

A.7 Cúiteamh

Soláthar meastacháin €10.873 milliún; toradh €9.152 milliún

De thoradh níos lú caiteachais ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le cásanna sláintíochta sna cillíní agus réimsí eile cúitimh a tháinig coigilt €1.721 milliún chun cinn. Is réimse caiteachais éileamhbhunaithe é seo arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus is féidir go mbeidh athrú ar chaiteachas ag brath ar chandam, líon agus uainiú na ndámhachtainí.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	305	443	583
2	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	226	274	200
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	8,621	9,851	10,042
	Iomlán	**9,152**	**10,568**	**10,825**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.416 milliún níos mó ná an soláthar meastacháin €9.152 milliún. Ba de bharr an méid seo a leanas é sin den chuid is mó:

1 Ilghnéitheach

Meastachán €305,000; réadaithe €443,000

Tá an barrachas €138,000 ann mar gheall gur gineadh níos mó fáltas ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineann an chuid is mó d'fháltais le híocaíochtaí sochar breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ar tháinig méadú orthu le linn na bliana mar gheall ar phaindéim Covid-19.

3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €8.621 milliún; réadaithe €9.851 milliún

Baineann an barrachas €1.23 milliún go díreach le costais phárolla, agus íocaíochtaí breise aoisliúntais ag teacht chun cinn.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**3,476**	**3,455**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	167,717	168,396
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	407	439
Liúntais eile	39,989	40,747
Freastal breise agus ragobair	40,591	39,604
ÁSPC an Fhostóra	22,751	22,138
Pá iomlán	**271,455**	**271,324**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	69	4	25,408	18,347
Freastal breise agus ragobair	3,110	2,121	54,048	83,449
Liúntais uainoibre agus uainchláir	2,869	1,474	20,237	19,387
Ilghnéitheach	3,187	25	13,266	12,958
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3,164	2,916	72,660	101,650

5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €118,478 san iomlán le 27 státseirbhíseach scortha atá ag fáil pinsin státseirbhíse agus a fostaíodh i gcomhair dualgais éagsúla. Idir €150 agus €19,826 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €37,502 san iomlán le seachtar comhaltaí scortha den Gharda Síochána, ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin an hÉireann iad le haghaidh dualgais shonracha le linn na bliana 2021.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne scortha i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	**Líon na bhfaighteoirí**	**2021**	**2020**
		€	**€**
Ró-íocaíochtaí	226	543,047	506,901
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	131	272,808	310,024

Ní raibh duine ar bith ann a raibh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí acu agus a d'aistrigh chuig Roinn eile sa bhliain 2021. Áirítear sna mionsonraí thuas roinnt cásanna pinsean coinnithe. Tá roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta sa bhreis curtha i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Ard-Rúnaí, Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020). Íoctar tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ó Vóta 24 Dlí agus Ceart.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Daonra na bpríosún

B'ionann an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2021 agus 3,794 dhuine (2020: 3,823 dhuine).

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain

	Éilimh uathu seo				Iomlán
	fostaithe				2021
	Éilimh shibhialta – díobhálacha agus iad ar dualgas agus saincheisteanna eile	An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla – díobhálacha d'fhoireann an phríosúin	príosúnaigh, ag éirí as díobhálacha agus gníomhartha eile a bhaineann le príosúnaigh	daoine den phobal	
Líon na gcásanna	115	57	1,176	34	1,382
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann í féin	119	—	861	31	1,011
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann					
Cúiteamh	1,044	1,505	3,340	103	5,992
Costais dlí	191	—	1,799	19	2,009
Costais eile	84	—	33	14	131
Iomlán 2021	**1,438**	**1,505**	**6,033**	**167**	**9,143**
Iomlán 2020	2,537	2,701	3,144	691	9,073

Nóta

Amhail an 31 Nollaig 2021, b'ionann líon na n-éileamh gníomhach gan réiteach a bhí cláraithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus 1,465 éileamh (2020: 2,399 n-éileamh). B'ionann luach na gcostas dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le hocht gcás neamhchúitimh agus €142,813 (2020: €257,730).

Áirítear ar na héilimh gan réiteach a bhí cláraithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 909 gcás a bhaineann le cásanna sláintíochta sna cillíní. Mar thoradh ar bhreithiúnas ón gCúirt Uachtarach; tá scéim curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déantar na costais a bhaineann le cúiteamh ar bith ón scéim seo a íoc as Vóta na bPríosún. Áirítear sa tsuim €6.033 milliún a íocadh i gcúiteamh agus i gcostais dlí ón tábla thuas, i ndáil le héilimh arna dtabhairt ag príosúnaigh, €3.735 milliún i gcúiteamh (2020: €1.477 milliún) agus €555,000 i gcostais dlí (2020: €542,000) i ndáil le cásanna sláintíochta sna cillíní a tugadh chun críche. Measann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát gur dócha go mbeidh costas deiridh na gcásanna sláintíochta sna cillíní idir €15 mhilliún agus €20 milliún, nó mar sin.

Amhail an 31 Nollaig 2021, níl aon chostais dlí gan íoc (2020: €520,011) atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh uathu seo			Iomlán
	foireann príosúin	príosúnaigh	daoine den phobal	
Líon na gcásanna	52	1,375	21	1,448
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann í féin	104	1,044	31	1,179
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/ a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	577	2,733	110	3,420
Costais dlí	227	1,638	35	1,900
Costais eile	42	106	3	151
Iomlán	**950**	**5,521**	**179**	**6,650**

6.3 Costais adhlactha príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €8,915 i dtreo speansais adhlactha ceathrar príosúnach a cailleadh agus iad i bpríosún.

6.4 Caillteanais airgid

Sainaithníodh roinnt caillteanas airgid dar luach €4,841 san iomlán (2020: nialas) ar fud cúig phríosún le linn na bliana 2021.

6.5 Ús i ndáil le híoc pras cuntas

B'ionann an t-ús a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2021 i ndáil le híocaíochtaí prasa agus €10,013 (2020: €13,387).

6.6 Oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí eile airgeadais chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí atá i gceist le dhá chuntas bainc d'airgead tirim príosúnach, siopaí príosúin (lena n-áirítear cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin) agus Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh. Seo a leanas na mionsonraí:

- **Príomhchuntas chistí pearsanta na bpríosúnach** - Coimeádtar príomhchuntas bainc go sonrach do chistí pearsanta príosúnach agus bainistíonn Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún é. Ag fágáil an phríosúin do phríosúnaigh, faigheann siad iarmhéid a gcuid cistí pearsanta as an gcuntas sin. Ba é iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2021 ná €1,430,912 (2020: €1,227,855). Is ionann é sin agus iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana ach áirítear leis freisin díolacháin iomlána na siopaí príosúin i mí na Nollag (tuairim is €600,000 de ghnáth) a aistrítear, go gairid tar éis dheireadh na míosa, chuig cuntais bhainc na siopaí príosúin cuí chun íocaíocht le soláthraithe i ndáil le ceannacháin mhí na Nollag a éascú.

- **Cuntas chistí na bpríosúnach** - Tá cuntas bainc eile in úsáid le haghaidh chistí pearsanta na bpríosúnach ó bhí an bhliain 2020 ann. Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún a dhéanann an cuntas sin a bhainistiú freisin. Is féidir le teaghlaigh na bpríosúnach cistí a aistriú chuig an gcuntas sin trí RAA nó le cárta An Post chuig a nduine muinteartha sa phríosún. Theastaigh sé sin mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus cuireann sé deireadh freisin le roinnt den riosca a bhaineann le hairgead tirim a láimhseáil. Ar aon dul leis an bpróiseas atá i bhfeidhm leis na príosúin, déantar na cistí a chuirtear sa chuntas bainc sin a aistriú gach seachtain chuig príomhchuntas chistí pearsanta na bpríosúnach. Ba é €157,841 iarmhéid an chuntais ag an 31 Nollaig 2021 (2020: €135,437).

- **Siopaí príosúin** - Tá siopa inmheánach ('siopa sólaistí') i ngach príosún, áit ar féidir le príosúnaigh earraí amhail táirgí milseogra agus earraí maisíochta a cheannach. Íoctar as na hearraí ó chistí aonair na bpríosúnach. Maoinítear an ceannach don siopa as díolacháin do phríosúnaigh agus, ó bhí Feabhra 2021 ann, aistrítear 'glanbharrachas' ar bith a ghintear chuig cuntas bainc na siopaí príosúin a bhainistítear go lárnach. (Ba é iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc maidir leis an 11 siopa príosúin amhail an 31 Nollaig 2021 ná €425,954 (2020: €520,697). Ba é luach an stoic ar lámh ná €351,366 (2020: €343,436).

- **Cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin —** Ó Feabhra 2021 i leith, tá cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin in úsáid, arna bhainistiú ag Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún. Gintear na cistí sa chuntas seo ón 'nglanbharrachas' a ghintear sna siopaí príosúin uile agus maoineofar cásanna cruatain príosúnach trí phróiseas leithdháilte arna bhainistiú go lárnach. Ba é €424,022 iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2021 (2020: €nialas).

- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (PAPF)** - Bunaíodh cuntas bainc lárnach na siopaí príosúin chun na 'glanbharrachais' a ghintear ó shiopaí príosúin a bhainistiú. Tá úsáid á baint as na hiarmhéideanna atá fanta i gcuntais bhainc PAPF chun tionscadail chruatain príosúnach agus tionscadail ghaolmhara a mhaoiniú agus, dé réir mar a ghlantar na hiarmhéideanna, dúnfar na cuntais bhainc PAPF. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag an 31 Nollaig 2021 ná €1,039,315 (2020: €1,411,300).

Tá Coistí Deonacha Bialann (CDB) i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi.

Sa bhliain 2021, ar iarratas ón gCoiste um Chuntais Phoiblí, choimisiúnaigh an Roinn Dlí agus Cirt athbhreithniú neamhspleách ar fheidhmiú na gCoistí Deonacha Bialann laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Meastar go dtabharfar an t-athbhreithniú seo chun críche go gairid.

6.7 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha sa bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €3.601 milliún i gcaiteachas caipitil san fho-mhírcheann seo a leanas a tugadh ar aghaidh chuig an mbliain 2022.

	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	
A.3 Foirgnimh agus Trealamh	3,601
	3,601

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 22

An tSeirbhís Chúirteanna

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar cibé tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus cibé mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an bPríomh-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €1.048 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, tá téarma oifige trí bliana ag an mBord. Bunaíodh an Bord reatha an 9 Samhain 2020. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Talamh agus foirgnimh a luacháil

Déantar foirgnimh a luacháil gach cúig bliana ar bhonn costas dímheasta athsholáthair. Is é an costas dímheasta athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus i leith gach cineáil ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach a theastaíonn le haghaidh forbairt amach anseo a luacháil de réir luach margaidh.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar agus idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta

- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Coiste ina fhochoiste de chuid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta, agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh, trí na dearbhuithe a athbhreithniú maidir le raon ábhar, lena n-áirítear sláine na rialuithe inmheánacha, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé an clár oibre bliantúil iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

Iniúchóireacht inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís Chúirteanna, rud ag a bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu agus a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an tSeirbhís Chúirteanna na treoirlínte ach amháin i gcás 15 chonradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €2,434,458 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin dar luach €1,248,198 a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta. Ní fhéadfaí an conradh seo a fhadú toisc go bhfuil creat OSR faoi réir agóidí dlíthiúla.
- Dhá chonradh dar luach €413,281 a bhaineann le moill ar chonradh rialtais láir a chur i bhfeidhm do sheirbhísí gutháin póca agus sonraí agus seirbhísí teileafónaíochta gutha sheasta. Tá an dá chonradh i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus ráithe 2 de 2022 faoi seach.
- Dhá chonradh dar luach €235,923 ar cuireadh creatchonradh ilsoláthraithe ina n-ionad i mí Lúnasa 2021 chun seirbhísí tacaíochta agus forbartha ardán córas a sholáthar.

- Dhá chás dar luach €210,633 do sheirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, tar éis dhul in éag an chonartha bunaidh. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag fanacht le moltaí ó ghrúpa oibre ar an Acht maidir le cé acu an mbeidh gá le seirbhísí den sórt sin agus an gcuirfear iad ar tairiscint an athuair.
- Ceithre chás dar luach €110,775 do réimse seirbhísí ar nós obair deartha ghrafaigh, meaisíní frainceála, seirbhísí deachtaithe dhigitigh, agus saintuarascálacha leighis. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na seirbhísí sin d'fhonn soláthairtí nua a sheoladh, nuair is gá.
- Conradh amháin dar luach €64,173 mar gheall ar sheirbhísí bainistíochta tionscadal a fadaíodh tar éis dháta éaga an chonartha. Tá conradh i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2021.
- Conradh amháin dar luach €63,685 do sheirbhísí cúiréireachta atá criticiúil ó thaobh ama de. Reáchtáladh comórtas soláthair agus tá conradh á dhámhachtain i ráithe 1 de 2022.
- Cás amháin dar luach €57,563 ar chostais seirbhísí teileafónaíochta.
- Conradh amháin dar luach €30,227 do sheirbhísí bainistithe TFC. Tá conradh i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2021.

Sholáthair an tSeirbhís Chúirteanna sonraí faoi 12 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rialachas

Tá an dea-rialachas ina chuid bhunúsach d'fheidhmiú na Seirbhíse. Leagtar amach i g*Creat Rialachais Chorparáidigh* na Seirbhíse Cúirteanna an bonn reachtúil ar a bhfeidhmímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht agus socruithe um dhearbhú iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016 agus tugadh cothrom le dáta é in 2019. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Tá *Creat Rialachais Chorparáidigh* na Seirbhíse ag teacht leis na príomhghnéithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*. Tá sé ag teacht freisin le *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh* na Státseirbhíse.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu sin de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Bíonn bainistíocht riosca ina buanmhír do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí bainistíochta riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha beartaithe a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a threisiú, go háirithe sna réimsí seo a leanas: bainistíocht soláthair agus conarthaí; bainistíocht taifead; agus slándáil agus bonneagar TFC. Is próiseas leanúnach é sin agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Lean na hathruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe a bhain le teacht na cianoibre agus na hoibre fíorúla in 2020 mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar aghaidh ar fud na bliana 2021.

Mar chuid den fhreagairt tosaigh don phaindéim in 2020, bunaíodh Foireann Bainistíochta Freagartha Covid-19 chun plean freagartha gnó a fhorbairt. Bhí clár bainistíochta sábháilteachta Covid-19 ina chuid lárnach den phlean. Lean an fhoireann seo ag feidhmiú i rith 2021, lenar áiríodh cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, leis na Breithiúna agus le príomhpháirtithe leasmhara. Rinne an fhoireann Clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 a nuashonrú agus a chur in iúl go rialta do gach úsáideoir Cúirte, de bhun comhairle ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó FSS i rith 2021. Lean na bearta seo a leanas a tugadh isteach in 2020 ar aghaidh in 2021

- measúnuithe riosca ar gach foirgneamh a nuashonrú i gcomhréir le prótacail sláinte agus sábháilteachta, agus roinnt beart dea-chleachtais amhail scáileáin, bainistiú sreafa daoine agus bearta dea-shláinteachais á gcoinneáil.
- Clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 a nuashonrú agus a chur in iúl chun prótacail éagsúla nuashonraithe rialtais a léiriú (e.g., *Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, Prótacal um Obair go Sábháilte*).
- éisteachtaí cúirte a thionól go cianda agus úsáid leanúnach a bhaint as físchomhdhálacha.
- tús áite a thabhairt do chásanna, go háirithe cásanna dlí teaghlaigh, cásanna foréigin teaghlaigh agus cásanna coimeádta leanaí agus socruithe idirthréimhseacha prótacail do 2022.
- a bheith ag obair le Bainisteoirí Réigiúnacha, oifigí áitiúla, stiúrthóireachtaí agus Ionadaithe Oibrithe Covid-19 ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go raibh clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 á chur i bhfeidhm agus á chomhlíonadh.

Coinníodh príomhrialuithe íocaíochta ar bun i rith na paindéime. Mar sin féin, bhí sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun ceadú cianda sonrasc agus foirmeacha íocaíochta trí ríomhphost a éascú nuair ba ghá. Cuireadh cianrochtain shlán ar fáil ar chórais atá ann cheana chun rochtain a thabhairt do bhaill foirne a bhí ag obair go cianda.

Tabhaíodh €4.3 milliún san iomlán ar chaiteachas a bhaineann le Covid-19 in 2021 (€5.4 milliún in 2020), go príomha maidir le TFC, caipiteal tí cúirte agus cothabháil. Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar ioncam ó tháillí cúirte, go príomha mar gheall ar laghdú ar cheadúnú agus ar ghnó sibhialta. Mar thoradh air sin, bhí easnamh táillí €17.03 milliún ann in 2021 (€17.081 milliún in 2020).

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Márta 2022

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna áirithe maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna			
	Bunaidh	158,515		
	Géilleadh iarchurtha	4,895		
	Forlíontach	(4,000)		
		159,410	154,092	154,628
Ollchaiteachas			**159,410**	**154,092**	**154,628**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**			
	Bunaidh	34,633		
	Forlíontach	(7,000)		
			27,633	**27,011**	**32,634**
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	123,882		
	Géilleadh iarchurtha	4,895		
	Forlíontach	3,000		
			131,777	**127,081**	**121,994**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €3.648 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 agus A.4 anonn go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	4,695,710	7,251,177
Géilleadh iarchurtha	(3,648,000)	(4,895,000)
Farasbarr le géilleadh	**1,047,710**	**2,356,177**

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		43,014	50,831
Pá		59,425	57,556
Neamhphá		51,653	46,241
Ollchaiteachas		**154,092**	**154,628**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**27,011**	**32,634**
Glanchaiteachas		**127,081**	**121,994**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(5,632)		
Dímheas	9,153	3,521	3,401
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	1,642		
Laghdú ar stoc	(218)	1,424	(1,648)
Caiteachas díreach		**132,026**	**123,747**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		59,232	53,608
Measchíosanna [a]		3,605	3,605
Glanchostas an chláir		**194,863**	**180,960**

Nóta [a] Measchíosanna i leith foirgnimh atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á n-áitiú ag an tSeirbhís Chúirteanna.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	207	198
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	17,330	14,689
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,366	436
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	120	116
Vóta 20	An Garda Síochána	149	200
Vóta 24	Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	332	303
An Príomh-Chiste - tuarastail agus pinsin na mbreithiúna		39,728	37,666
		59,232	**53,608**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	344,385	204,675
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	4,777	5,865
Stoic	2.3	444	226
Réamhíocaíochtaí	2.4	3,229	3,860
Ioncam fabhraithe		1,054	1,999
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	3,015	4,012
Iomlán na sócmhainní reatha		**12,519**	**15,962**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	2,954	2,889
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	3,950	4,823
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	3,840	5,054
Iomlán na ndliteanas reatha		**10,744**	**12,766**
Glansócmhainní reatha		1,775	3,196
Glansócmhainní		**346,160**	**207,871**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**346,160**	**207,871**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Talamh agus Foirgnimh [a, b]	Trealamh TF agus oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	266,398	59,079	31,626	1,370	358,473
Breiseanna	262	1,294	—	4,076	5,632
Tugtha in úsáid	676	342	—	(1,018)	—
Athluachálacha	137,824	—	—	—	137,824
Diúscairtí	—	(24)	(73)	—	(97)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	405,160	60,691	31,553	4,428	501,832
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	75,145	47,712	30,941	—	153,798
Dímheas don bhliain	5,178	3,837	138	—	9,153
Dímheas ar athluachálacha	(5,407)	—	—	—	(5,407)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(24)	(73)	—	(97)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	74,916	51,525	31,006	—	157,447
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**330,244**	**9,166**	**547**	**4,428**	**344,385**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	191,253	11,367	685	1,370	204,675

Nótaí

[a] Foráiltear le halt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, go n-aistreofar teideal dlíthiúil chuig an tSeirbhís Chúirteanna i leith talamh agus foirgnimh áirithe.

[b] Tá 46 fhoirgneamh agus cúig láithreán ag an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair. Rinneadh luacháil ar gach foirgneamh agus láithreán agus léirítear iad sna hiarmhéideanna sócmhainní caipitil sa tábla thuas. Mar gheall ar mheascán d'fhadhbanna cumais leis an Oifig Luachála agus na srianta a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19, tá na luachálacha ar 41 cheann d'fhoirgnimh nó de láithreáin níos mó ná cúig bliana d'aois. D'oibrigh an tSeirbhís Chúirteanna leis an Oifig Luachála, áfach, agus tá sé beartaithe roinnt athluachálacha a dhéanamh in 2022, agus déanfar na hathluachálacha eile in 2023 agus 2024.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	2,812	3,801
Iarmhéid cuntas bainc tráchtála [a]	1,965	2,064
	4,777	**5,865**

Nóta [a] Is ionann é seo agus iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste arna gcoinneáil ag an tSeirbhís Chúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain. Níl an tsuim €11.533 milliún ar áireamh san iarmhéid cuntais (€9.468 milliún in 2020) atá luaite thuas. Is éard atá i gceist leis seo go príomha ná maoiniú nach maoiniú ón Státchiste é a bhaineann le lóisteáil íocaíochtaí cothaithe faoin dlí teaghlaigh, lóisteáil airgid ar bhannaí agus fáltais boscaí déirce cúirte.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht	136	143
Ábhar inchaite TF	283	46
Ilghnéitheach	25	37
	444	**226**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
A.2 Riarachán – neamhphá	2,691	3,321
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)	538	539
	3,229	**3,860**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Réamhíocaíochtaí le OOP	2,393	3,357
Tuarastail a fhorchúiteamh	190	168
Míreanna dochair eile ar fionraí	393	454
Óinchistí	39	33
	3,015	**4,012**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	2,639	1,633
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)	—	93
A.4 Costais CPP	315	1,163
	2,954	**2,889**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	866	1,100
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	139	68
Cáin bhreisluacha	60	646
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	506	507
Fíneálacha	111	118
Cistí atá le géilleadh don Státchiste [a]	1,965	2,064
	3,647	4,503
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	298	318
Míreanna sochair eile ar fionraí	5	2
	3,950	**4,823**

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste sna cuntais bhainc atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain.

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	1,048	2,356
Géilleadh iarchurtha	3,648	4,895
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(855)	(2,197)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**3,841**	**5,054**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	4,777	5,865
Iarmhéideanna dochair: fionraí	3,014	4,012
	7,791	9,877
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(3,647)	(4,503)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(303)	(320)
	(3,950)	(4,823)
	3,841	**5,054**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			207,871	209,868
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	131,777		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,048)		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(3,648)		
Glanvóta			127,081	121,994
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		59,232	53,608
Neamhairgead				
Measchíos	1		3,605	3,605
Míreanna neamhairgid			3	—
Aistriú sócmhainní	2.1		—	(244)
Athluachálacha	2.1		143,231	—
Glanchostas an chláir	1		(194,863)	(180,960)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**346,160**	**207,871**

2.10 Ceangaltais

a) Ceanglais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar		
Earraí agus seirbhísí eile [a]	12,379	—
TFC [b]	47,822	15,107
Léasanna [c]	31,498	11,818
Iasacht athchóirithe don Teach Cúirte, Sráid Washington [d]	5,622	7,287
Tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	629,788	663,923
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**727,109**	**698,135**

Nótaí

[a] Bhrúigh an tSeirbhís an méadú ar cheangaltais eile maidir le hearraí agus seirbhísí in 2021 go príomha trí chonradh mór a dhéanamh i ráithe 1 de 2021 le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta gnó agus bainistíochta agus TFC a sholáthar don chlár nuachóirithe.

[b] Bhrúigh an tAonad TFC an méadú ar cheangaltais TFC in 2021 trí 14 chonradh nua a dhéanamh in 2021, agus iad dar luach saoil measta €33 mhilliún tráth a rinneadh iad.

[c] Ba é léas athnuachana Fhoirgneamh Theach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, an phríomhchúis leis an méadú ar cheangaltais léasa.

[d] Baineann an ceangaltas seo le hiasacht a tógadh chun athchóiriú an tí cúirte ag Sráid Washington, Corcaigh, a mhaoiniú. Tá príomhghné (caipitil) na hiasachta sin a bhí gan íoc ag deireadh na bliana, arbh ionann í agus €5.055 milliún (2020: €6.435 milliún), nochta faoi nóta 2.10 (b) – ceangaltais chaipitil ilbhliantúla. Is le hús a bhaineann an chuid eile den cheangaltas.

b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Tionscadal	**Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020**	**Caiteachas in 2021**	**Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin**	**Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2021**	**Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Iasacht athchóirithe don Teach Cúirte, Sráid Washington	18,565	1,380	5,055	25,000	25,000

c) Costas caipitil na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tionscadail	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin	Iomlán an tionscadail 2021	Iomlán an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Ionad na Cúirtean na Coiriúla	256,493	21,224	310,992	588,709	589,030
Beart CPP	70,217	15,666	318,796	404,679	401,603
	326,710	**36,890**	**629,788**	**993,388**	**990,633**

2.11 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana (2020: nialas).

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costas iomlán an chláir a chur i láthair.

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais		60,215	59,425	57,556
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	3,013			
	Forlíontach	(600)			
			2,413	2,433	2,291
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	10,891			
	Forlíontach	500			
			11,391	12,014	8,290
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	2,003			
	Forlíontach	1,300			
			3,303	3,408	2,933
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Soláthar meastacháin	13,520			
	Géilleadh iarchurtha	1,000			
			14,520	15,195	15,887
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	25,276			
	Forlíontach	(5,200)			
			20,076	18,436	16,623
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		100	167	217
			112,018	**111,078**	**103,797**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €2.003 milliún; toradh €3.408 milliún

Tharla an róchaiteachas €1.405 milliún ar phost agus ar theileachumarsáid mar gheall ar chostais phostais bhreise do ghiúróirí agus cleachtóirí dlí maidir le suíonna cúirte a athsceidealú/a chur ar ceal mar aon le méadú ar rátaí poist.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €25.276 milliún; toradh €18.436 milliún

Tá an gannchaiteachas €6.84 milliún inchurtha i leith na nithe seo a leanas

- tionscadail a iarchur mar gheall ar Covid-19 - €1.4 milliún
- coigilteas ar chostais léasa sealadacha le linn phaindéim Covid-19 agus athchaibidlíocht maidir leis an léas ar an gceanncheathrú i mBaile Átha Cliath - €1.7 milliún
- laghdú ar chostas slándála mar gheall ar Covid-19 - €300,000.

Bhí an soláthar meastacháin níos mó ná an tsuim a bhí ag teastáil, agus úsáideadh an barrachas chun ceangaltais bhuiséadacha i bhfo-mhírchinn eile a chomhlíonadh.

Clár A Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		60,215	59,425	57,556
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	54,803			
	Géilleadh iarchurtha	1,000			
	Forlíontach	(4,000)			
			51,803	51,653	46,241
A.3	Teach Cúirte (oibreacha caipitil)				
	Soláthar meastacháin	4,880			
	Géilleadh iarchurtha	3,895			
			8,775	6,058	5,564
A.4	Costais CPP		38,617	36,956	45,267
			159,410	**154,092**	**154,628**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €9.318 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €4.940 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí an t-iarmhéid athraithis €4.378 milliún mar thoradh den chuid is mó ar an méid seo a leanas:

A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)

Soláthar meastacháin €8.775 milliún; toradh €6.058 milliún

Tharla an gannchaitheamh €2.717 milliún mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal tógála caipitil a chríochnú agus mar gheall ar an moill ar láithreáin i nGaillimh, ar an Nás agus i dTrá Lí a cheannach mar a bhí beartaithe.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2021	2020
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Táillí				
	Bunaidh	31,693			
	Forlíontach	(6,300)			
			25,393	24,770	24,612
2	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	1,442			
	Forlíontach	(700)			
			742	658	1,024
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí		1,498	1,583	1,498
4	Cistí cúirte díomhaoine		—	—	5,500
	Iomlán		**27,633**	**27,011**	**32,634**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €7.622 milliún (28%) níos lú ná an meastachán.

1 Táillí

Measta €31.693 milliún; réadaithe €24.77 milliún

Bhí an t-ioncam ó tháillí in 2021 €6.923 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh mar gheall ar shrianta leibhéal 5 a bheith i bhfeidhm ar feadh an chéad cheithre mhí de 2021, mar gheall ar na srianta ama dúnta a tugadh isteach don earnáil fáilteachais, agus mar gheall ar an bhfógra ón Rialtas i mí lúil á rá go dtarscaoilfí táillí cúirte a bhaineann le hathnuachan ceadúnas in 2021.

2 Ilghnéitheach

Measta €1.442 milliún; réadaithe €658,000

Bhí fáltais ilghnéitheacha in 2021 €784,000 (106%) níos ísle ná an meastachán bunaidh mar gheall ar laghdú ar fháltais ó Oifig an Aturnae Ghinearálta.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre [a]	3,958	3,588
Fíneálacha eile [a]	3,159	1,932
Aisíocaíochtaí [b]	(10)	(20)
Fáltais eile [c]	145	108
Suimeanna a aistríodh chuig an Státchiste	(7,252)	(5,608)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nótaí

[a] Tá an méadú ar Fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus ar fháltais fíneálacha eile mar gheall go príomha ar an méadú ar líon na bhfíneálacha a forchuireadh/na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2021

[b] Bhí laghdú ann ar aisíocaíochtaí in 2021 i gcomparáid le 2020 mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) gan aon aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith Fógraí Muirir Sheasta in 2021, agus (ii) laghdú ar líon na n-achomharc a éisteadh agus na dtorthaí a aisiompaíodh in 2021 (i gcás gur íocadh fíneálacha) mar gheall ar Covid-19.

[c] Coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2021 le cistí a taisceadh in 2014. Is ionann iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2021 agus €5.812 milliún.

4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2021.

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Na Coimisinéirí Ioncaim		
Fíneálacha ioncaim [a]	456	485
Dleacht mháil [b]	—	1,200
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	23	23
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara [c]	171	40
An tsuim iomlán a aistríodh	(650)	(1,748)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nótaí

[a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh i gcás gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a fhadú agus orduithe díolúine speisialta, ar nithe iad a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Níor bailíodh aon dleacht mháil in 2021, go príomha mar gheall ar an bhfógra ón Rialtas i mí Iúil á rá go dtarscaoilfí táillí cúirte a bhaineann le hathnuachan ceadúnas in 2021.

[c] Bhí méadú mór ann ar na fíneálacha a bhí iníoctha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2021 i gcomparáid le 2020. Tharla sé sin mar gheall ar roinnt fíneálacha ardluacha ón gCúirt Chuarda a fuarthas in 2021.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**1,120**	**1,106**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	53,767	52,252
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	313	269
Liúntais eile	797	815
Ragobair	237	212
ÁSPC an fhostóra	4,311	4,008
Pá iomlán	**59,425**	**57,556**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	107	8	16,273	17,605
Liúntais eile	201	12	22,171	20,873
Ragobair	115	6	22,227	17,809
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	60	14	26,672	22,097

5.4 Socruithe luach saothair eile

Forchúitíodh costais tuarastail €157,445 ó bhinsí agus ranna rialtais i leith baill foirne ar iasacht. Níl aon fhorchúiteamh fós amuigh i leith 2021.

5.5 Ró-íocaíochtaí tuarastail

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	84	241,315	168,637
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	20	42,256	52,869

Tháinig 44 chás nua dar luach €138,515 chun cinn in 2021. Tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith ceithre chás (€13,607) agus níl aon phleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith an 40 cás eile (€124,907). Tugadh 40 cás ar aghaidh ó 2020. Díobh sin, tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith 16 chás (€28,648) agus níl aon phleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith na 24 chás eile (€74,153).

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus olltuarastal bliantúil €202,604 ag baint leis an ngrád sin (€200,598 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna i rith na bliana

	Éilimh ó				Iomlán 2021	Iomlán 2020
	fostaithe		daoine den phobal			
	Sciorrthaí, tuislí agus titimí	Eile	Sciorrthaí, tuislí agus titimí	Eile		
Líon na gCásanna	1	5	6	24	36	41
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirteanna féin	—	9	8	78	95	272
Íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís Chúirteanna nó a rinneadh thar a ceann						
Cúiteamh	—	—	—	198	198	7
Costais dlí	11	—	94	124	229	229
Costais eile	—	—	—	—	—	—
Iomlán 2021	**11**	**9**	**102**	**400**	**522**	**507**
Iomlán 2020	—	—	2	505	507	

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas fós amuigh.

- Sciorradh, tuisle agus titim 6 (2020: 2)
- Eile 21 (2020: 10)

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh ó				Iomlán
	fostaithe		daoine den phobal		
	Sciorrthaí, tuislí agus titimí	Eile	Sciorrthaí, tuislí agus titimí	Eile	
Líon na gCásanna	1	—	—	8	9
	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirteanna féin	—	—	—	—	—
Íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís Chúirteanna nó a rinneadh thar a ceann					
Cúiteamh	—	—	—	2	2
Costais dlí	1	—	—	83	84
Costais eile	—	—	—	—	—
Iomlán 2021	**1**	—	—	85	**86**

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon cásanna	2021	2020
		€000	€000
Calaois	1	2	—
Calaois amhrasta	—	—	—

Shainaithin an tSeirbhís Chúirteanna cás calaoise/neamhrialtachta amháin in 2021. Bhí luach €1,950 ar an gcás sin agus déileáladh leis de réir bheartais agus nósanna imeachta na Seirbhíse Cúirteanna.

6.3 Ús prasíocaíochta

B'ionann suim an úis prasíocaíochta agus an chúitimh a tabhaíodh in 2021 agus €13,413.

6.4 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn an géilleadh iarchurtha coigilteas €3.648 milliún i gcaiteachas caipitil in 2021 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

	€000
Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:	
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)	1,134
A.4 Costais CPP	2,514
	3,648

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 23

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 maidir le tuarastail agus speansais an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.933 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Gearrtar dímheas de réir méid cothrom ar bhonn míosúil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach mar seo a leanas.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) acmhainní párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhíse comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Ina theannta sin, bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar don Oifig seo. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach sannta ar leibhéal bainistíochta.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Éilimh chúitimh

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine córas teidil lena dtugtar ráthaíocht Stáit do shealbhóir an teidil. Tá an Stát faoi cheangal aon duine a fhulaingíonn caillteanas trína bheith ag brath ar an gclár a shlánú. I ngnáthchúrsa a ghnó, faigheann an tÚdarás éilimh chúitimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

Déanaim maoirseacht ar an obair chun creat frithchalaoise a chur chun feidhme, rud a bhfuil sé mar aidhm aige ár neamhchosaint ar chalaois agus caillteanais de bharr calaoise a íoslaghdú in aghaidh na gclár. Treoraíonn an creat sin cur i bhfeidhm ár straitéise maidir le hiomláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Tá achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964, leagtha amach i Nóta 6.1 leis na cuntais. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí cúitimh in 2021 a bhain go sonrach le calaois nó le brionnú. Tá líon beag iarratas a líomhnaíodh a bheith calaoiseach fós á n-imscrúdú.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Údarás
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an tÚdarás go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte ach amháin i gcás conartha amháin (sa bhreis ar €25,000) arbh fhiú €51,870 (gan CBL a áireamh) é, rud a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002. Bhain an conradh seo le bogearraí breise cibearshlándála a sholáthar i bhfianaise na rioscaí méadaithe go mbeadh cibir-ionsaí ann in 2021.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás sonraí maidir le trí chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Údarás agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht as feidhmiú na mbeart rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireacháin a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach airgeadais aon laigí atá bainteach leis an mbliain 2021 agus as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ar an ngá le timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar agus le soláthar seirbhíse a choinneáil, tugadh isteach roinnt cleachtas oibre nua, lena n-áirítear cianobair.

Tá roinnt rioscaí nua-shainaitheanta mar thoradh ar na cleachtais oibre nua, mar aon le rioscaí bunúsacha maidir le hoibriú i dtimpeallacht pháipéarbhunaithe ar fud na paindéime. Bhí clár rioscaí Covid-19 i bhfeidhm agus rinneadh na rioscaí gaolmhara a bhainistiú go gníomhach, agus raon gníomhartha maolaithe cuí i bhfeidhm.

Féachann na gníomhartha sin lena chinntiú nár lagaíodh an timpeallacht rialaithe mar thoradh ar na cleachtais oibre nua ba ghá a chur i bhfeidhm de bharr phaindéim Covid-19.

Elizabeth Pope
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

23 Meitheamh 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú	33,061	31,108	31,100
Ollchaiteachas		**33,061**	**31,108**	**31,100**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**580**	**660**	**607**
Glanchaiteachas		**32,481**	**30,448**	**30,493**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh ar aghaidh go 2022 €100,000 de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.2.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	2,033,146	1,294,847
Géilleadh iarchurtha	(100,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**1,933,146**	**1,294,847**

Elizabeth Pope
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

23 Meitheamh 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		26,747	26,692
Neamhphá		4,361	4,408
Ollchaiteachas		**31,108**	**31,100**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**660**	**607**
Glanchaiteachas		**30,448**	**30,493**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(739)		
Dímheas	517		
Caillteanas ar dhiúscairt	7	(215)	(913)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(132)		
Laghdú ar stoc	(12)	(144)	58
Caiteachas díreach		**30,089**	**29,638**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		9,046	7,917
Measchíosanna		2,279	2,279
Glanchostas an chláir		**41,414**	**39,834**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	8,060	6,981
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	841	790
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	51	55
Vóta 24	Dlí agus Ceart – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	94	91
		9,046	**7,917**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	3,382	3,154
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,514	1,738
Stoic	2.3	139	127
Réamhíocaíochtaí	2.4	680	543
Ioncam fabhraithe		7	5
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	79	72
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	—	11
Iomlán na sócmhainní reatha		**2,419**	**2,496**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		242	222
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,462	1,821
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	131	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,835**	**2,043**
Glansócmhainní reatha		584	453
Glansócmhainní		**3,966**	**3,607**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**3,966**	**3,607**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	34,472	3,734	1,595	39,801
Breiseanna	166	—	586	752
Diúscairtí	(486)	—	—	(486)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	34,152	3,734	2,181	40,067
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	33,025	3,622	—	36,647
Dímheas don bhliain	495	22	—	517
Dímheas ar dhiúscairtí	(479)	—	—	(479)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	33,041	3,644	—	36,685
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,111**	**90**	**2,181**	**3,382**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,447	112	1,595	3,154

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	877	701
Iarmhéideanna eile bainc tráchtála	637	1,037
	1,514	**1,738**

Cuntais eile bhainc tráchtála

Léiríonn iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála an tsuim a bhí dlite don Státchiste an 31 Nollaig 2021 i leith táillí clárúcháin. Ní áirítear leo fáltais neamh-Státchiste a shealbhaítear sa Bhanc Ceannais i leith airgead ceannaigh cíosa talún. Is é an tsuim a sealbhaíodh ag deireadh 2021 ná €6 mhilliún (2020: €5.8 milliún)

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	96	84
Soláthairtí ilghnéitheacha	40	29
Ábhair inchaite TF	3	14
	139	**127**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí	561	457
Bainistíocht eastát	16	19
Riarachán	—	2
Réamhíocaíochtaí eile	103	65
	680	**543**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Táillí tógála atá in-fhorchúitithe	29	46
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	50	26
	79	**72**

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	374	358
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	217	211
Cáin bhreisluacha	47	29
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	4	3
Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste	637	1,037
	1,279	1,638
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	183	183
	1,462	**1,821**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,933	1,295
Géilleadh iarchurtha	100	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,902)	(1,306)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**131**	**(11)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,514	1,738
Iarmhéideanna dochair: fionraí	79	72
	1,593	1,810
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,279)	(1,638)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(183)	(183)
	(1,462)	(1,821)
	131	**(11)**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			3,607	2,752
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	32,481		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(100)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,933)		
Glanvóta			30,448	30,493
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		9,046	7,917
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		2,279	2,279
Glanchostas an chláir	1		(41,414)	(39,834)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,966**	**3,607**

2.9 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021** **€000**	**2020** **€000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	**594**	**531**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha neamhchinnte. Áirítear leis seo na cásanna cúitimh faoi Alt 120 mar a thuairiscítear i nóta 6.1 thíos agus dá dtagraítear sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: Clárlann na Talún agus Clár na nGníomhas a bhainistiú.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	26,977	26,747	26,692
ii	Taisteal agus cothú	110	6	22
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,570	1,227	1,082
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	900	825	656
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	2,867	1,956	2,315
vi	Costais áitribh oifige	612	339	324
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	25	8	9
		33,061	**31,108**	**31,100**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €110,000; toradh €6,000

Tháinig laghdú ar Thaisteal agus Cothú toisc gur reáchtáladh cruinnithe go cianda i rith 2021.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.57 milliún; toradh €1.227 milliún

Baineann an gannchaiteachas leis an líon beag éileamh cúitimh faoi Alt 120 a íocadh in 2021. Tá sé deacair uainiú agus toradh na híocaíochta i leith éilimh den sórt sin a thuar.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €2.867 milliún; toradh €1.956 milliún

Bhí gannchaiteachas i gceist leis an gcaiteachas caipitil ar TFC toisc go ndearnadh athstruchtúrú ar an mbealach a soláthraíodh ceadúnais bogearraí. D'éascaigh an t-aistriú seo chuig socrú síntiúsbhunaithe laghdú ó thaobh caiteachas caipitil de.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €612,000; toradh €339,000

Níor tugadh faoi aon tionscadal suntasach cothabhála oifige in 2021, rud as ar tháinig caiteachas laghdaithe ar áitribh oifige.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2021		2020
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	660	607
Iomlán	**580**	**660**	**607**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1,037	1,799
Táillí Chlárlann na Talún	69,811	58,624
Táillí Chlárlann na nGníomhas	1,123	1,017
Táillí bunchíosanna a fuarthas	53	57
Suim a íocadh ar aghaidh leis an Státchiste	(71,387)	(60,460)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**637**	**1,037**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**492**	**529**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	24,628	24,656
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	13	23
Liúntais eile	69	62
Ragobair	125	56
ÁSPC an Fhostóra	1,912	1,895
Pá iomlán	**26,747**	**26,692**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	6	—	8,302	8,058
Liúntais eile	22	—	5,047	4,752
Ragobair	77	1	12,062	8,283
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	10	2	14,651	11,707

5.4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Rúnaí Chúnta, agus olltuarastal bliantúil €157,886 ag baint leis an ról (amhail an 31 Nollaig 2020, €154,775).

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	53	166,193	172,997
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	38	89,541	117,437

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an tÚdarás sa bhliain

	Éilimh a rinne fostaithe (díobháil phearsanta)	Éilimh faoi Alt 120	Iomlán 2021	Iomlán 2020
Líon na gcásanna	1	4	5	6
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí an Údaráis féin	18	—	18	—
Íocaíochtaí a rinneadh/thar ceann an Údaráis				
Cúiteamh	97	—	97	19
Costais dlí	54	14	68	17
Costais eile	7	—	7	—
Iomlán 2021	**176**	**14**	**190**	**36**
Iomlán 2020	—	36	36	

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh a rinne fostaithe (díobháil phearsanta)	Iomlán
Líon na gcásanna	1	**1**
	€000	**€000**
Costais dlí an Údaráis féin	18	18
Íocaíochtaí a rinneadh/thar ceann an Údaráis		
Cúiteamh	97	97
Costais dlí	54	54
Costais eile	7	7
Iomlán	**176**	**176**

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an tÚdarás ar an eolas faoi líon beag cásanna ina bhfuil amhras ann go ndearnadh iarratais chalaoiseacha ar chlárú. Tá na cásanna seo fós á n-imscrúdú. D'fhéadfaí íocaíocht a dhéanamh mar thoradh ar na cásanna faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964.

6.3 Cumasc

Mar chuid den Chlár Athchóirithe Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh ón Rialtas an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc.

Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin maoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála maoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúla an Stáit.

Foilsíodh Ceannteidil an Bhille agus cuireadh faoi ghrinnscrúdú réamhreachtach iad i mí Mheán Fómhair 2021. Tá an reachtaíocht ar an liosta tosaíochta do chlár reachtach Earrach 2022. Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ar an dréachtreachtaíocht.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 24

Dlí agus Ceart

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead teoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €21.773 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Athruithe struchtúracha

Laghdaíodh an líon clár sa Vóta Dlí agus Cirt ó chúig chlár chuig dhá chlár chun go ndéanfaí léiriú níos fearr ar struchtúr na Roinne ag eascairt ón bpróiseas leanúnach bunathraithe: colún ceartais choiriúil agus colún ceartais shibhialta.

Laistigh de chlár an cholúin ceartais choiriúil, cruthaíodh fo-mhírcheann nua ar leith sa bhliain 2021 don Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta (Fo-mhírcheann B.14).

Léirítear na hathruithe i struchtúr an Vóta sa chaiteachas comparáideach don bhliain 2020 freisin.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Cuntasaíocht grúpa maidir le sócmhainní seasta

Áirítear le Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa na luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a ndéantar a dtaifid chuntasaíochta a choinneáil trí ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais na Roinne.

Cuntasaíocht grúpa maidir le banc agus airgead tirim

Áirítear le Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna bainc agus airgid thirim atá i seilbh roinnt comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Tá tairseach €10,000 curtha i bhfeidhm chun sócmhainní caipitil a chaipitliú i gcomhair breiseanna sócmhainne ón 1 Eanáir 2021.

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta ón gcéad mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá litir dearbhaithe maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm curtha ar fáil agam do na hOifigigh Chuntasaíochta atá ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais (SCA) na Roinne i gCill Airne.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuirtear anailís san áireamh iontu. Féachtar sna pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir a mhéid agus is féidir laistigh dá rialú. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach um chomhaontuithe le soláthraithe chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gcóras bainistíochta airgeadais chun a chinntiú go mbíonn caiteachas ag

teacht le nósanna imeachta cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig.

Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás ocht gconradh déag dar luach os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) agus a ndeachthas ina mbun gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist, agus iad dar luach iomlán €8,081,078 (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos. Meastar na conarthaí sin a bheith neamhchomhlíontach de bharr gur cuireadh síneadh leo thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas ná tionscadal iomaíoch nua a reáchtáil. Is mar seo a leanas atá an staid reatha i ndáil leis na conarthaí sin

- Cuireadh conarthaí nua a soláthraíodh go hiomaíoch in ionad trí chonradh dar luach comhcheangailte €4.2 milliún.
- Tá comórtais le haghaidh aon chonradh déag dar luach iomlán €3 mhilliún a athsholáthar ar siúl cheana féin nó tá na hullmhúcháin riachtanacha á ndéanamh chun dul ar an margadh chomh luath agus is féidir.
- Fadaíodh trí chonradh dar luach iomlán €788,000 chun aistriú chuig córais nua a cheadú agus fadaíodh conradh amháin dar luach €64,000 chun aistriú chuig suíomh nua a éascú.

Tá sonraí faoi 41 chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn ina tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-

iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Ag eascairt ó na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchta le déanaí, tá an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus riar deontas.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar an bhfeidhm soláthair a choimisiúnú freisin d'fhonn na struchtúir agus na próisis a neartú as seo amach. Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19

Ó thosaigh an phaindéim, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den bhainistíocht ar fud na Roinne ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid-19. Ba trí Ghrúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú agus trí obair an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a rinneadh riosca a mheasúnú. Áirítear ar na rioscaí nua an tionchar ar leanúnachas gnó, cianobair chomh maith le rialuithe breise maidir le hoibreáin bhitheolaíocha.

Bhí tionchair i gceist ó thaobh na reachtaíochta de, lena n-áirítear i ndáil le bearta a bhí faoi stiúir na Roinne Sláinte. Áiríodh orthu sin athruithe reachtacha ar chumhachtaí na nGardaí. Bhí impleachtaí ag na hathruithe a rinneadh maidir le taisteal idirnáisiúnta agus bearta a cheanglaítear ar dhaoine ag teacht chun an Stáit dóibh ar oibríochtaí an Aonaid um Bainistíocht Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, cuireadh síneadh sealadach le ceadanna inimirce ón Roinn seo in 2021 mar gheall ar an bpaindéim.

Cé gur leanadh leis na príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun sonraisc a cheadú ó chian agus foirmeacha íocaíochta a cheadú trí ríomhphost, nuair ba ghá. Cuireadh rochtain shlán chianda ar fáil ar chórais a bhí ann cheana chun go mbeadh baill foirne a bhí ag obair go cianda ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, nósanna imeachta agus lámhleabhair oibre mhionsonraithe a bhí ann cheana. Lean an tAonad Airgeadais agus Soláthair agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na n-athruithe a rinneadh ar na próisis a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19.

Bhí gá ann le láithreacht foirne a choinneáil i roinnt oifigí de chuid na Roinne le linn na paindéime agus d'oibrigh an bhainistíocht shinsearach agus bainistíocht na n-oifigí aonair go fíordhlúth leis an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde chun a chinntiú go mbeadh na bearta cuí i bhfeidhm d'fhonn sábháilteacht foirne a chosaint an t-am ar fad agus go mbeadh na bearta sin de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí. Dar ndóigh, mar thoradh ar na srianta a bhí i gceist ar an líon ball foirne a raibh cead acu a bheith san oifig ag aon am faoi leith, bhí moill ann ar chásanna a phróiseáil, go háirithe i réimsí oibríochta ina mbíonn éileamh mór i gceist leo, amhail soláthar seirbhísí inimirce. Cé go bhfuiltear ag leanúint den chianobair, is gá gnéithe den obair ar chásanna a dhéanamh in oifigí, go háirithe nuair a bhíonn próisis pháipéarbhunaithe i gceist. Táthar ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus tiocfaidh feabhas ar chúrsaí de réir mar a dhéantar tuilleadh uathoibrithe, nuair is féidir é sin a dhéanamh, ach ní bheidh réimsí áirithe ábalta filleadh le linn 2021 ar na leibhéil táirgiúlachta a bhí ann roimh phaindéim Covid-19 i bhfianaise na srianta atá ar an líon foirne atá ábalta freastal ar na hoifigí.

Rinne an Roinn roinnt suirbhéanna, seimineár agus treoracha ar dhea-chleachtas a eagrú i rith na paindéime. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil agus coinnítear i dteagmháil le baill foirne trí ghlaonna Zoom agus trí chineálacha eile cumarsáide.

Áirítear iad seo a leanas ar chuid de na bearta sonracha atá déanta ag leibhéal na Roinne

- treoir maidir lena bheith ag obair go héifeachtach ón mbaile a eisiúint chuig an bhfoireann ar fad
- forbairt a dhéanamh ar threoirlínte cianoibre do bhainisteoirí agus iad a eisiúint chuig gach bainisteoir
- forbairt a dhéanamh ar stór tiomnaithe acmhainní Covid-19 ar thairseach na Roinne
- tionscnamh folláine acmhainní daonna a chur i bhfeidhm.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 24 Dlí agus Ceart

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 24 Dlí agus Ceart

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar measta	cháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	An colún ceartais choiriúil				
	Bunaidh	319,191			
	Géilleadh iarchurtha	3,900			
	Forlíontach	12,580			
			335,671	316,117	256,209
B	An colún ceartais shibhialta				
	Bunaidh	156,923			
	Forlíontach	217			
			157,140	150,911	142,997
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	476,114			
	Géilleadh iarchurtha	3,900			
	Forlíontach	12,797			
			492,811	**467,028**	**399,206**
	Lúide				
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	76,605			
	Forlíontach	12,796			
			89,401	**90,513**	**72,192**
	Glanchaiteachas				
	Bunaidh	399,509			
	Géilleadh iarchurtha	3,900			
	Forlíontach	1			
			403,410	**376,515**	**327,014**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €5,122,000 de leithreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar aghaidh go 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	26,894,827	23,979,793
Géilleadh iarchurtha	(5,122,000)	(3,900,000)
Farasbarr le géilleadh	**21,772,827**	**20,079,793**

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		339,446	277,527
Pá		78,797	73,460
Neamhphá		48,785	48,219
Ollchaiteachas		**467,028**	**399,206**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**90,513**	**72,192**
Glanchaiteachas		**376,515**	**327,014**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(53,168)		
Dímheas	5,022		
Diúscairtí airgid thirim	1		
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	(48,144)	(17,574)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(515)		
Méadú ar stoc	(746)	(1,261)	11,848
Caiteachas díreach		**327,110**	**321,288**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		50,401	48,962
Measchíosanna		4,860	4,860
Glanchostas an chláir		**382,371**	**375,110**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	373	334
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	45,791	39,546
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	8,418	12,810
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	247	248
Vóta 20	An Garda Síochána	160	209
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	70	83
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		205	193
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(4,863)	(4,461)
		50,401	**48,962**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	90,645	42,501
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	19,875	17,763
Stoic	2.3	1,820	1,074
Réamhíocaíochtaí	2.4	5,376	5,718
Ioncam fabhraithe		3,974	3,608
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	4,129	3,958
Iomlán na sócmhainní reatha		**35,174**	**32,121**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	7,477	8,098
Ioncam iarchurtha		187	57
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	18,949	15,899
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	5,055	5,822
Iomlán na ndliteanas reatha		**31,668**	**29,876**
Glansócmhainní reatha		3,506	2,245
Glansócmhainní		**94,151**	**44,746**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**94,151**	**44,746**

2.1 Sócmhainní caipitil [a]

	Foirgnimh	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	6,901	2,093	108,071	2,697	22,644	142,406
Breiseanna	—	237	2,910	37	49,984	53,168
Tugtha in úsáid	—	—	4,113	—	(4,113)	—
Aistriú amach [b]	—	(27)	—	—	—	(27)
Diúscairtí	—	—	(179)	—	—	(179)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	6,901	2,303	114,915	2,734	68,515	195,368
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1,722	1,413	94,360	2,410	—	99,905
Dímheas don bhliain	138	286	4,535	63	—	5,022
Dímheas ar aistriú amach[b]	—	(27)	—	—	—	(27)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(177)	—	—	(177)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	1,860	1,672	98,718	2,473	—	104,723
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**5,041**	**631**	**16,197**	**261**	**68,515**	**90,645**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	5,179	680	13,711	287	22,644	42,501

Nóta [a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

[b] Aistríodh mótarfheithicil a raibh costas bunaidh €27,000 ag baint léi ón Roinn chuig an nGarda Síochána

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	11,888	9,516
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	7,987	8,247
	19,875	**17,763**

Áirítear ar na hiarmhéideanna cuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €1.422 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	120	132
Ábhair inchaite fhóiréinseacha	713	486
Ábhair inchaite TF	57	48
Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil	796	244
Ilghnéitheach	90	128
Trealamh/éadach	44	36
	1,820	**1,074**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Riarachán (v). Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha *(cothabháil agus tacaíocht córas TFC, lena n-áirítear ceadúnú)*	1,766	3,262
Riarachán (ix). Seirbhísí comhroinnte airgeadais *(cothabháil agus tacaíocht córas TFC, lena n-áirítear ceadúnú, den chuid is mó)*	1,088	714
A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann *(trealamh eolaíoch a chothabháil, etc.)*	997	572
B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann *(cothabháil córas TFC agus feachtais feasachta sna meáin den chuid is mó)*	614	492
A.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	458	398
A.6 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	207	197
B.5 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine *(costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear cothabháil agus tacaíocht córas TFC, ceadúnú san áireamh, den chuid is mó)*	124	19
A.19 An tÚdarás Slándála Príobháidí *(costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear feachtais spriocdhírithe sna meáin)*	98	9
Fo-mhírchinn eile *(costais éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht agus cothabháil TFC)*	24	55
	5,376	**5,718**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí	3,414	2,342
Óinchistí	52	55
Caiteachas in-fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil	233	250
Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla	105	20
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	200	970
Míreanna dochair eile ar fionraí	125	321
	4,129	**3,958**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
A.15 agus A.16 Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil	5,102	5,073
B.10 An tSeirbhís Chróinéara *(costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí)*	592	66
Riarachán (iii). Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha *(costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí)*	470	765
Riarachán (v). Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	274	548
Riarachán (iv). Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	198	170
A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann *(costais éagsúla, lena n-áirítear ábhair inchaite, ceimiceáin agus trealamh)*	154	131
A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin	134	117
A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta	98	232
A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil	51	469
Fo-mhírchinn eile (*costais riaracháin agus oibriúcháin éagsúla ar fud 22 fho-mhírcheann eile)*	404	527
	7,477	**8,098**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	2,224	2,088
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,280	1,237
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	2,308	1,712
Cáin bhreisluacha	330	497
Iarmhéideanna i gcuntais roinne	7,987	8,247
	14,129	13,781
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	686	687
Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadal um chuimsiú sóisialta 2014–2020	1,374	1,374
Réamhíocaíochtaí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014–2020	2,700	—
Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste	37	26
Míreanna sochair eile ar fionraí	23	31
	18,949	**15,899**

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	21,773	20,080
Géilleadh iarchurtha	5,122	3,900
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(21,840)	(18,158)
Glanmhaoiniú Státchiste	**5,055**	**5,822**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	19,875	17,763
Iarmhéideanna dochair: fionraí	4,129	3,958
	24,004	21,721
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(14,129)	(13,781)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(4,820)	(2,118)
	18,949	(15,899)
	5,055	**5,822**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			44,746	39,723
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	403,410		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(5,122)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(21,773)		
Glanvóta			376,515	327,014
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		50,401	48,962
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		4,860	4,860
Glanchostas an chláir	1		(382,371)	(375,110)
Aistriú sócmhainní caipitil	2.1		—	(703)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**94,151**	**44,746**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	11,356	13,779
Tionscadail chaipitil	31,687	81,772
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**43,043**	**95,551**

b) Tionscadail chaipitil ollmhóra

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2021	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	**19,141**	**49,373**	**31,004**	**99,518**	**99,518**

2.11 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2021 ná sa bhliain roimhe sin.

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

			2021		2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	67,078			
	Forlíontach	7,340			
			74,418	74,356	69,221
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	985			
	Forlíontach	(299)			
			686	513	535
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	9,154			
	Forlíontach	9,599			
			18,753	17,572	18,699
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		2,096	2,615	2,734
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha		17,766	16,132	13,948
vi	Costais áitribh oifige		3,055	4,501	4,050
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		68	336	89
viii	Taighde		1,286	637	741
ix	Seirbhísí comhroinnte airgeadais[a]		6,757	6,693	6,135
x	Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta				
	Bunaidh	10,000			
	Forlíontach	(4,600)			
			5,400	4,227	5,527
			130,285	**127,582**	**121,679**

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,440,667 (2020: €4,239,131) i gcostais na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Muirearaítear an costas sin chuig.
Clár A - An Colún Ceartais Choiriúil, fo-mhírcheann A.1 Riarachán - pá.

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €985,000; toradh €513,000

Is mar thoradh ar chiorruithe ar thaisteal na Roinne de bharr thionchar shrianta Covid-19 go príomha a tháinig an tearc-chaiteachas €472,000 chun cinn.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €9.154 milliún; toradh €17.572 milliún

Bhí an farasbarr €8.418 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh €9.154 milliún comhdhéanta go príomha de chostais agus socraíochtaí dlí (€4.9 milliún) agus costais agus táillí riaracháin eile (€3.9 milliún), lena n-áirítear seirbhísí ar chonradh a frithdháiríodh le tearc-chaiteachas i réimsí eile laistigh den fho-mhírcheann amhail oiliúint agus forbairt foirne (€400,000).

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €2.096 milliún; toradh €2.615 milliún

Bhí farasbarr caiteachais €519,000 i gceist mar gheall, go príomha, ar chostais phoist a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a bhain le cártaí ceada cónaitheoirí a eisiúint mar chuid den phróiseas clárúcháin inimirce.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €3.055 milliún; toradh €4.501 milliún

Bhain an farasbarr €1.45 milliún go príomha leis na costais ar chóiríocht a fháil ar cíos/a léasú a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo agus le tuilleadh riachtanas i dtaobh oifigí a ghlanadh de thoradh phaindéim Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €68,000; toradh €336,000

Bhain an farasbarr caiteachais €268,000 go príomha leis an ngá le sainchomhairle chomhairleachta sheachtrach a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis i réimsí áirithe sa Roinn, lena n-áirítear Iniúchóireacht Inmheánach agus Beartas um Cheartas Coiriúil.

viii Taighde

Soláthar meastacháin €1.286 milliún; toradh €637,000

Coiglíodh €649,000 mar gheall, go príomha, gur cuireadh moill ar thionscadail taighde de dheasca an tionchair a bhí ag Covid-19, go háirithe i gcás go raibh obair allamuigh aghaidh ar aghaidh beartaithe. Mar thoradh ar an am a tógadh le linn an phróisis pleanála agus soláthair do thionscadail eile, níor cuireadh tús leis na tionscadail seo go dtí an dara leath den bhliain 2021 agus, dá réir sin, ní bheidh íocaíocht dlite go dtí an bhliain 2022.

x Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta

Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €4.227 milliún

Ba é ba chúis leis an gcoigilteas €5.773 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh ná caiteachais maidir leis an ngné Ceartais den chlár a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.Áirítear leis sin tionscadail amhail an clár nuachóirithe um Sholáthar Seirbhísí Inimirce a thabhaigh níos lú caiteachais, ar feitheamh pleanáil níos mionsonraithe a dhéanamh agus soláthar a chur i gcrích. Bhí moill ann sa slabhra soláthair freisin maidir le soláthar agus seachadadh trealaimh theicniúil áirithe chun tacú le cianobair.

Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	26,789			
	Forlíontach	2,422			
			29,211	28,978	27,083
A.2	Riarachán - neamhphá				
	Bunaidh	16,759			
	Forlíontach	1,551			
			18,310	17,608	17,182
A.3	Oifig Chigire na bPríosún		1,954	1,349	638
A.4	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána		11,273	11,583	11,124
A.5	Cigireacht an Gharda Síochána		1,315	1,010	1,079
A.6	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla		9,961	10,111	10,401
A.7	An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	24,499			
	Forlíontach	(800)			
			23,699	23,308	21,949
A.8	An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin		4,885	4,141	4,002
A.9	An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí		17,532	17,529	16,866
A.10	An Scéim um Orduithe Seirbhíse Pobail		3,075	2,527	1,984
A.11	Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig		14,514	15,110	13,919
A.12	Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéis agus drochíde sa teaghlach		4,104	3,744	2,001
A.13	An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)		439	289	302
A.14	Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil				
	Bunaidh	11,016			
	Forlíontach	(4,000)			
			7,016	2,301	6,815
A.15	Cúnamh Dlí – coiriúil				
	Bunaidh	69,000			
	Forlíontach	8,000			
			77,000	73,466	62,224

A.16	Cúnamh Dlí – saincheisteanna caomhnóireachta				
	Bunaidh	3,000			
	Forlíontach	3,500			
			6,500	6,031	4,257
A.17	An Bord Parúil		1,331	589	133
A.18	Bearta coiscthe coireachta		1,197	1,049	489
A.19	An tÚdarás Slándála Príobháidí		3,835	3,744	3,285
A.20	Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint		2,997	2,700	2,464
A.21	Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann				
	Bunaidh	72,730			
	Géilleadh Iarchurtha	3,900			
			76,630	72,384	33,779
A.22	Oifig an Phaiteolaí Stáit		988	1,119	1,088
A.23	Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta				
	Bunaidh	6,324			
	Forlíontach	1,907			
			8,231	6,658	6,406
A.24	Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)				
			9,674	8,789	6,739
			335,671	**316,117**	**256,209**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €6.97 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an soláthar caipitil iarchurtha), in ainneoin róchaiteachas €3.038 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas i gceist.

A.3 Oifig Chigire na bPríosún

Soláthar meastacháin €1.954 milliún; toradh €1.349 milliún

Is de thoradh moilleanna maidir le hearcú foirne breise go príomha a bhí an choigilt €605,000 ann. Bhí sé réamh-mheasta ag an Oifig go bhféadfaí na poist sin a líonadh níos luaithe sa bhliain, ach mar gheall ar éilimh iomaíocha sa phróiseas ceapachán poiblí, líonadh na poist níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí cuid de na poist fós le líonadh ag deireadh na bliana. Bhí tionchar díreach ag an moill ar earcaíocht ar chostais tacaíochta a réamh-mheasadh do bhaill foirne nua freisin, lena n-áirítear trealamh nua TFC, oiliúint, taisteal agus cothú. Chomh maith leis sin, bhíothas ag súil leis go mbunófaí Painéal Saineolaithe agus go mbeadh sé i mbun oibre le linn 2021, ach is in 2022 a bheidh sé sin i bhfeidhm anois, agus bhí sé seo ina chúis le cuid den choigilt.

A.5 Cigireacht an Gharda Síochána

Soláthar meastacháin €1.315 milliún; toradh €1.01milliún

Gá laghdaithe le caiteachas ar chothabháil oifige ba chúis leis an gcoigilt €305,000, go príomha, rud a tharla mar gheall ar iarchur oibreacha cothabhála, mar gheall nár athsholáthraíodh trealamh, mar gheall ar laghdú ar chostais reatha oifige agus mar gheall ar chostais riaracháin ghinearálta de thoradh aistrithe chuig cianobair d'fhonn cloí le ceanglais sláinte poiblí den chuid is mó den bhliain 2021 (€232,000). Chomh maith leis sin, bhí coigilt sa bhuiséad pá (€73,000) i gceist mar gheall ar an am a thóg sé folúntas a líonadh ag leibhéal an Leas-Phríomhchigire tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

A.7 An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €24.499 milliún; toradh €23.308 milliún

Tháinig coigilteas €1.191 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh mar gheall ar roinnt folúntas agus moilleanna maidir le poist a líonadh. Tá na próisis riachtanacha earcaíochta i bhfeidhm agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na folúntais a líonadh.

A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin

Soláthar meastacháin €4.885 milliún; toradh €4.141 milliún

Tháinig an choigilt €744,000 chun cinn mar gheall nach raibh an caiteachas beartaithe a bhain leis an bhfeistiú oifige i bhfoirgneamh nua na Seirbhíse Promhaidh i Luimneach chomh mór agus a bhíothas ag súil leis agus mar gheall ar laghdú ar chaiteachas taistil agus cothaithe de dheasca shrianta Covid-19 in 2021.

A.10 An Scéim um Orduithe Seirbhíse Pobail

Soláthar meastacháin €3.075 milliún; toradh €2.527 milliún

Tháinig coigilteas €548,000 chun cinn mar gheall ar roinnt folúntas a bheith ann agus na moilleanna a bhí ann ina dhiaidh sin maidir le poist a líonadh.

A.12 Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéis agus drochíde sa teaghlach

Soláthar meastacháin €4.104 milliún; toradh €3.744 milliún

Tháinig coigilt €360,000 chun cinn mar go raibh roinnt eintiteas ann nár chaith an maoiniú a leithdháileadh orthu de dheasca phaindéim Covid-19.

A.13 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)

Soláthar meastacháin €439,000; toradh €289,000

Bhí coigilt €150,000 ann mar gheall nár tháinig méadú ar ualach oibre a rabhthas ag súil leis chun fíre in 2021 de bharr moill ar aistriú an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalair chuig a shuíomh nua ar champas na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath. Meastar anois go dtarlóidh sé sin le linn na bliana 2022 agus, mar thoradh air, beidh méadú ar an líon leapacha a bheidh ar fáil d'othair arna gcoinneáil faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a ndéanann an Bord a gcoinneáil a athbhreithniú.

A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil

Soláthar meastacháin €11.016 milliún; toradh €2.301 milliún

Bhí coigilt €8.715 milliún i gceist i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall, go príomha, ar thrí dhámhachtain mhóra a rinne an Binse nár ghlac na hiarratasóirí leo faoi dheireadh na bliana. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh. Anuas air sin, chuir an Binse ar atráth roinnt éisteachtaí achomhairc sceidealaithe ar cuireadh tús leo in 2021 d'fhonn deis a thabhairt do na hiarratasóirí doiciméid bhreise a chur ar fáil, agus dá réir sin, ní dhearnadh cinneadh ar na cásanna sin le linn na bliana 2021.

A.15 Cúnamh Dlí – coiriúil

Soláthar meastacháin €69 milliún; toradh €73.466 milliún

Tá an farasbarr caiteachais €4.466 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €69 milliún go mór mór mar gheall ar líon méadaithe na n-íocaíochtaí in 2021. Baineann cuid den mhéadú sin le ceisteanna uainithe sa mhéid is go raibh líon mór íocaíochtaí ar leith a bhain leis an mbliain 2020 i gceist sa chéad ráithe den bhliain 2021 mar gheall ar mhoilleanna próiseála in Oifigí Cúirte a bhain le paindéim Covid-19. Mar sin féin, is scéim éileamhbhunaithe í agus tá méadú ann ar líon na n-éileamh ar íocaíocht i gcás na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte ar fad.

A.16 Cúnamh Dlí – saincheisteanna caomhnóireachta

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €6.031 milliún

Is mar thoradh, i bpáirt, ar an méadú ar líon agus ar chostas na n-éileamh faoi chásanna eiseachadta agus barántas gabhála Eorpach a bhí farasbarr caiteachais €3.031 milliún ann i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €3 mhilliún. Mar aon leis sin, áirítear riaráistí costas dlíodóra i gcostais na bliana 2021, a íocadh i ndáil le hiarratais áirithe ar bhannaí a ndéantar foráil dóibh chomh maith faoin scéim seo.

A.17 An Bord Parúil

Soláthar meastacháin €1.331 milliún; toradh €589,000

Tá roinnt mhaith cúiseanna leis an gcoigilt €742,000, lena n-áirítear uainiú bhunú an Bhoird Parúil ar bhonn reachtúil (a tharla ar deireadh ag deireadh mhí Iúil 2021), a raibh coigilteas párolla agus neamhphá mar thoradh air. Choigil an Bord Parúil ar chostais chóiríochta agus ar íocaíochtaí taistil agus cothaithe mar gheall ar thionchar srianta oibríochta bunaithe ar bhearta sláinte poiblí maidir le paindéim Covid-19.

A.18 Bearta coiscthe coireachta

Soláthar meastacháin €1.197 milliún; toradh €1.049 milliún

Tháinig coigilt €148,000 chun cinn de bharr nár leanadh de roinnt tionscnamh coiscthe coireachta mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana 2021.

A.20 Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint

Soláthar meastacháin €2.997 milliún; toradh €2.7 milliún

Tháinig coigilt €297,000 chun cinn mar go raibh roinnt eintiteas ann nár chaith an maoiniú a leithdháileadh orthu de dheasca phaindéim Covid-19 agus de bharr gur thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis tionscadail nua a chur i mbun feidhme.

A.22 Oifig an Phaiteolaí Stáit

Soláthar meastacháin €988,000; toradh €1.119 milliún

Is mar thoradh ar an ngá a bhí ann le paiteolaithe ionaid breise a fhostú chun tacú le seirbhís an Phaiteolaí Stáit le linn na bliana 2021 go príomha a tháinig an farasbarr caiteachais €131,000 chun cinn.

A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €6.324 milliún; toradh €6.658 milliún

Is mar thoradh ar chostais dlí tríú páirtí den chuid is mó, a bhféadfadh sé a bheith deacair an t-uainiú agus an candam a bhaineann leo a thuar go beacht, a bhí farasbarr caiteachais €334,000 ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.324 milliún.

A.24 Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)

Soláthar meastacháin €9.674 milliún; toradh €8.789 milliún

Tháinig an choigilt €885,000 chun cinn i ndáil leis an tionscadal “Maoinithe Tosaigh d’Fhiontair Shóisialta” go príomha. Níor seoladh an scéim seo ach amháin i mí na Samhna 2021 agus, dá réir sin, níor baineadh leas iomlán as an maoiniú a leithdháileadh.

Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá				
	Bunaidh	44,942			
	Forlíontach	4,918			
			49,860	49,819	46,377
B.2	Riarachán - neamhphá				
	Bunaidh	29,755			
	Forlíontach	3,149			
			32,904	31,177	31,037
B.3	Údarás Láir		135	40	62
B.4	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí		1,001	1,000	1,000
B.5	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine		2,999	2,994	2,438
B.6	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann		7,569	7,340	6,730
B.7	An tÚdarás Rialála Cearrbhachais		200	—	—
B.8	An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha		254	—	—
B.9	An Chomhairle Bhreithiúnach		1,754	379	365
B.10	An tSeirbhís Chróinéara				
	Bunaidh	13,055			
	Forlíontach	(5,000)			
			8,055	6,904	4,500
B.11	An Bord um Chúnamh Dlíthiúil		44,575	44,575	42,207
B.12	Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce		294	294	98
B.13	Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta				
	Bunaidh	4,933			
	Forlíontach	(1,796)			
			3,137	2,524	4,373
B.14	An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta				
	Bunaidh	4,750			
	Forlíontach	(1,054)			
			3,696	3,369	3,305

B.15	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	707	496	505
		157,140	**150,911**	**142,997**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €6.01 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús, in ainneoin róchaiteachas €6.299 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an chuid eile den difríocht i gcaiteachas.

B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais

Soláthar meastacháin €200,000; toradh €nialas

Ní raibh aon chaiteachas i gceist sa bhliain 2021. Cé gur tosaíodh clár foirmiúil chun Údarás Rialála Cearrbhachais a bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí roinnt moille i gceist de bharr phaindéim Covid-19 agus tá sé fós ina thús faoi láthair. Meastar go dtabhófar caiteachas sa bhliain 2022 le ceapadh Príomhfheidhmeannaigh ainmnithe, a bhfuil an comórtas lena aghaidh ar bun i Ráithe 1 de 2022.

B.8 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha

Soláthar meastacháin €254,000; toradh €nialas

Ó tharla nach bhfuil an reachtaíocht lena moltar bunú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha achtaithe fós a tháinig an choigilt chun cinn.

B.9 An Chomhairle Bhreithiúnach

Soláthar meastacháin €1.754 milliún; toradh €379,000

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí ann foireann a earcú agus moill iarmhartach tacaí lóistíochtúla eile a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2021 a tháinig an choigilt €1.375 milliún chun cinn. Meastar go gcuirfear foireann bhreise agus struchtúir eile i bhfeidhm in 2022, a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

B.10 An tSeirbhís Chróinéara

Soláthar meastacháin €13.055 milliún; toradh €6.904 milliún

Coiglíodh €6.151 milliún i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €13.055 milliún de bharr, go príomha, nár cuireadh tús leis na gnéithe d'Ionchoisne Stardust a bheadh le feiceáil ag an bpobal in 2021, mar a bhí beartaithe. Cé gur faoi Chróinéir Sinsearach Bhaile Átha Cliath atá sé, agus faoi sin amháin, na hionchoisní a sceidealú, meastar go gcuirfear tús leis na gnéithe de na hionchoisní a bheidh le feiceáil ag an bpobal a luaithe is féidir in 2022 fad a bheidh na réamhéisteachtaí riachtanacha a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2021 tugtha chun críche.

B.13 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €4.933 milliún; toradh €2.524 milliún

Tháinig coigilt €2.41 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €4.933 milliún. Is mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 a bhí costais níos lú i gceist do chomhaltaí painéil san Oifig um Chosaint idirnáisiúnta ná mar a bhíothas ag súil leis mar gurbh éigean éisteachtaí agus agallaimh a chur siar agus a athsceidealú ar aon dul le treoirlíne an Rialtais. Baineadh coigiltí amach freisin ó tharla go raibh líon níos lú aisdúichithe agus díbeartha i gceist ná mar a bhíothas súil leis mar gheall ar shrianta taistil agus mar gheall ar chúinsí eile.

B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €4.750 milliún; toradh €3.369 milliún

Tharla an coigilteas €1.381 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.750 milliún go príomha mar gheall ar tháillí laghdaithe comhaltaí an Bhinse in 2021.Tháinig sé sin chun cinn de bharr laghdú i líon na gcásanna a próiseáladh mar thoradh ar bhearta rialaithe Covid-19. Bhí speansais neamhphárolla eile, amhail costais phoist agus costais ateangaireachta, níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis freisin mar gheall ar na leibhéil níos ísle achomharc a próiseáladh i gcomhthéacs shrianta Covid-19.

B.15 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

Soláthar meastacháin €707,000; toradh €496,000

Baineann an choigilt €211,000 go díreach le méid níos ísle gnó a bhain go príomha le DVDanna a chur ar aghaidh lena n-aicmiú agus dúnadh na bpictiúrlann sa chéad leath den bhliain, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Tháinig laghdú ar líon na mball foirne in 2021 freisin, rud a raibh coigilteas mar thoradh air.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2021	2020
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Táillí i ndáil le cinsireacht scannán				
	Bunaidh	600			
	Forlíontach	150			
			750	822	810
2	Táillí i ndáil le Cosaint Sonraí		—	—	—
3	Fáltais AE				
	Bunaidh	13,000			
	Forlíontach	8,000			
			21,000	21,000	9,691
4	Fáltais ilghnéitheacha		573	628	2,229
5	Táillí i ndáil le clárú inimirce				
	Bunaidh	28,000			
	Forlíontach	7,000			
			35,000	35,547	31,445
6	Táillí i ndáil le víosaí				
	Bunaidh	3,000			
	Forlíontach	(300)			
			2,700	3,019	3,082
7	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine				
	Bunaidh	9,674			
	Forlíontach	(1,400)			
			8,274	8,734	6,598
8	Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí		2,564	2,565	2,643
9	Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta				
	Bunaidh	12,000			
	Forlíontach	(1,600)			
			10,400	9,983	8,852
10	Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla				
	Bunaidh	1,300			
	Forlíontach	(250)			
			1,050	1,050	—

11	Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine				
	Bunaidh	2,000			
	Forlíontach	250			
			2,250	2,250	2,210
12	Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann		680	499	767
13	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí				
	Bunaidh	3,214			
	Forlíontach	946			
			4,160	4,416	3,865
	Iomlán		**89,401**	**90,513**	**72,192**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €13.9 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Léirítear é sin sa leithdháileadh méadaithe €12.796 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. Is mar gheall ar ghlanéifeacht na ndifríochtaí seo a leanas go príomha atá farasbarr ann i bhfáltais.

1 Táillí i ndáil le cinsireacht scannán

Measta €600,000; réadaithe €822,000

Bhain an farasbarr i bhfáltais go príomha le méadú ar líon na scannán a cuireadh ar aghaidh lena n-aicmiú sa dara leath den bhliain, rud a raibh baint dhíreach aige le hathoscailt na bpictiúrlann.

3 Fáltais AE

Measta €13 mhilliún; réadaithe €21 milliún

Ba mar gheall, go príomha, gur cuireadh fáltais bhreise Chiste Sóisialta na hEorpa ar fáil tríd an Údarás Bainistíochta, arb é an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é, a bhí fáltais bhreise AE €8 milliún i gceist. Ba thoradh é seo, den chuid is mó, ar an méadú sa ráta cómhaoinithe a aontaíodh le hAE de dheasca na paindéime d'éilimh a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2020 agus an 30 Meitheamh 2021.

5 Táillí i ndáil le clárú inimirce

Measta €28 milliún; réadaithe €35.547 milliún

D'eascair farasbarr fáltas €7.547 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastachán bunaidh €28 milliún. Is féidir le fáltais faoin gcatagóir seo a bheith dothuartha, in ainneoin thionchar phaindéim Covid-19, mar is féidir iad a bheith faoi réir roinnt athróg, lena n-áirítear an timpeallacht eacnamaíoch. Bhí drochthionchar ag dúnadh na hOifige Clárúcháin i mBaile Átha Cliath ar feadh tréimhse in 2021 ar tháillí clárúcháin. Mar sin féin, bhí rath leanúnach an Chórais Athnuachana Clárúcháin ar Líne d'iarratais lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus athoscailt na hOifige Clárúcháin i mBealtaine 2021, níos túisce ná mar a tuaradh i dtosach, ar na príomhchúiseanna leis an bhfarasbarr i bhfáltais. Bhí líon níos mó iarratas i gceist ná mar a measadh i gcás iarratasóirí céaduaire agus i gcás athnuachaintí araon. Leanadh de chlárú agus d'athnuachan a dhéanamh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, a ndéanann Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) iad a riar, i rith na paindéime mar go raibh Stáisiúin Gardaí fós oscailte.

7 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine

Measta €9.674 milliún; réadaithe €8.734 milliún

Tháinig easnamh €940,000 i bhfáltais chun cinn, go príomha mar nár tarraingíodh anuas go hiomlán maoiniú don tionscadal Maoinithe Tosaigh d'Fhiontair Shóisialta. Seoladh an scéim níos déanaí sa bhliain ná mar a bhíothas ag súil leis i dtosach.

9 Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta

Measta €12 mhilliún; réadaithe €9.983 milliún

Tháinig easnamh €2.017 milliún chun cinn i bhfáltais i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €12 mhilliún. Ní raibh sé indéanta searmanais i bpearsa a reáchtáil sa bhliain 2021 de dheasca shrianta Covid-19 agus, mar sin, cuireadh próiseas nua i bhfeidhm i rith na bliana trínar dhearbhaigh iarratasóirí dílseacht don Stát trí mhionnscríbhinn a shíniú. Leis an bpróiseas sin, bhíothas ábalta breis is 11,500 cinneadh a eisiúint, agus níos mó ná 9,000 Deimhniú Eadóirseachta á mbronnadh ar iarratasóirí. Mar sin féin, ba mar gheall ar ráta glactha níos ísle d'iarratasóirí réamhcheadaithe faoi phróiseas na mionnscríbhinne i gcomparáid leis na searmanais i bpearsa, go príomha, a bhí easnamh in ioncam i gceist.

10 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla

Measta €1.3 milliún; réadaithe €1.050 milliún

Léiríonn an t-easnamh maoinithe €250,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh méid an fhorchúitimh a bhí an tÚdarás in ann a dhéanamh in 2021. Bhain na fáltais iomlána le réamhíocaíocht maoinithe €1 mhilliún a cuireadh ar fáil i ndáil le 2021 agus €50,000 i ndáil le réamhíocaíochtaí maoinithe roimhe sin. Maoinítear an tÚdarás go príomha trí thobhach na gairme dlí (aturnaetha agus abhcóidí) a leagtar amach i gCuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Acht 2015).

11 Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine

Measta €2 mhilliún; réadaithe €2.250 milliún

Léiríonn an t-easnamh maoinithe €250,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh méid an fhorchúitimh a bhí an tÚdarás in ann a dhéanamh. Dá bhrí sin, sheas an t-ioncam ceadúnais an bhliain níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis in 2021.

12 Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Measta €680,000; réadaithe €499,000

Is mar gheall ar tháillí féimheachta €167,000 nár ceadaíodh ach amháin ag deireadh na bliana 2021 agus a tugadh chun cuntais mar leithreasaí-i-gcabhair i dtús na bliana 2022 a bhí an t-easnamh €181,000 i gceist.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €3.214 milliún; réadaithe €4.416 milliún

Baineann an farasbarr €1.202 milliún i bhfáltais go díreach le costais párolla, agus iad níos airde ná mar a bhíothas súil leis.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	26	25
Suim a bailíodh	37	26
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(26)	(25)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**37**	**26**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Roinn	1,578	1,386
Gníomhaireachtaí	1,472	1,406
Iomlán	**3,050**	**2,792**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021 €000	2020 €000
Pá	70,935	66,404
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	182	202
Liúntais eile	2,433	2,099
Ragobair agus tinreamh breise	568	773
ÁSPC an Fhostóra	6,199	5,573
Pá iomlán [a]	**80,317**	**75,051**

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, A.23 agus B.1.

Luach Saothair foirne Gníomhaireachta

	2021 €000	2020 €000
Pá	83,911	76,275
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	111	104
Liúntais eile	2,993	3,027
Ragobair agus tinreamh breise	1,644	1,563
ÁSPC an Fhostóra	5,689	5,188
Pá iomlán [a]	**94,348**	**86,157**

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, B.4, B.5, B.6, B.9, B.10, B.11, B.13, B.14 agus B.15.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	28	6	39,739	28,528
Ragobair nó tinreamh breise	220	16	23,379	40,990
Liúntais uainoibre agus uainchláir	206	17	13,440	13,011
Ilghnéitheach	239	11	23,657	20,614
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	223	125	30,512	27,514
Foireann Ghníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	16	5	24,291	23,239
Ragobair nó tinreamh breise	54	7	19,273	19,384
Liúntais uainoibre agus uainchláir	—	—	—	—
Ilghnéitheach	249	39	23,845	18,846
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	24	12	33,430	35,201

5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €94,354 san iomlán le 16 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2021. Chomh maith leis sin, íocadh €111,384 le 14 iarsheirbhíseach phoiblí a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2021. Cuireadh an riail um laghdú pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Íocadh €2,137,420 san iomlán trí phárolla le 177 nduine aonair i ndáil le dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí agus coimisiúin éagsúla, etc.

Áirítear sa chuntas caiteachas arbh fhiú tuairim is €291,600 é i ndáil le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 13 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	**Líon na bhfaighteoirí**	**2021** **€**	**2020** **€**
Ró-íocaíochtaí [a]	127	554,435	677,900
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	67	347,703	331,812

Rinneadh 11 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le naonúr aonair, arbh ionann a luach agus €10,025, a aistriú chuig seacht gcinn de ranna/oifigí rialtais sa bhliain 2021.

Nóta [a] Ní áirítear san fhigiúr seo suimeanna ró-íocaíochta do 15 fhostaí (2020: 19 bhfostaí) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta ar bith le baill foirne le linn na bliana 2021.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád an Ard-Rúnaí, Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2021	2021 €000	2020 €000
Coimisiúin bhuana				
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a]	1974		298	154
Coimisiúin chuspóra shocraithe				
Binse Morris [b]	2002	68,784	4	5
Suíomh Taisí Íospartach [c]	2007	8,149	79	218
An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 [d]	2014	2,039	319	335
An Binse um Nochtaí Cosanta[e]	2017	14,552	4,926	4,331
An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f]	2017	131	24	27
Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [g]	2018	1,742	660	908
Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [h]	2019	504	194	159
Shane O'Farrell – athbhreithniú scópála ar chúinsí a bhain lena bhás [i]	2019	423	154	269
		96,324	**6,658**	**6,406**

Nóta [a] Beidh na costais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla fós i gceist mar go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus foilsíodh tuarascáil deiridh an Bhinse sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus beagnach €68.8 milliún, agus tuairim is €4,000 á gcaitheamh ar mhionchostais riaracháin ina leith sa bhliain 2021.

[c] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí triúr íospartach fós le haimsiú. Baineann formhór na gcostas le tochailt chun teacht ar thaisí sa chás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dó i leith na n-íospartach ar leosan na taisí atá á lorg aige. Tabhaíodh caiteachas thart ar €79,000 sa bhliain 2021. Íocadh níos mó ná leath na suime sin i leith costais leanúnacha riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus bhain an chuid eile le cuardaigh agus le hobair athshlánaithe. Fágann sé sin gur caitheadh beagán faoi bhun €8.15 milliún san iomlán go dtí seo, agus meastar go mbeidh íocaíochtaí breise i gceist.

[d] I ndiaidh obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun cúig imscrúdú Garda ar leith a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Tháinig deireadh le dhá cheann de na fiosrúcháin sin i mí Aibreáin 2018, tháinig ceann eile chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020, tháinig ceann eile arís chun críche i mí Dheireadh Fómhair,2021 agus tá an ceann eile fós ar siúl. Tabhaíodh caiteachas thart ar €319,000 sa bhliain 2021.

[e] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017 agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse i ndiaidh don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste an tráth sin inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh drochiompar ar siúl i measc an Gharda Síochána. Chuir an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Tabhaíodh caiteachas €2.753m maidir leis an modúl sin sa bhliain 2021. Ní féidir meastachán cruinn a thabhairt ar chostas iomlán chéad mhodúl an Bhinse mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear candam na gcostas dlí tríú páirtí atá fágtha, a meastar go n-íocfar iad sa bhliain 2022.

Ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapachán i mí na Nollag 2018 chun tabhairt faoin bhfiosrúchán ar na téarmaí tagartha atá fágtha agus dá bhforáiltear leis an ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach i ndáil leis an nGarda Nicholas Keogh chun críche i mí Iúil 2021. Meastar go dtabharfaidh an Binse éisteachtaí a bhaineann le beirt chomhaltaí eile den Gharda Síochána chun críche sa chéad leath den bhliain 2022 agus meastar go gcuirfidh an Binse an cúigiú tuarascáil eatramhach uaidh ar na cásanna sin ar aghaidh ag deireadh na bliana 2022.

Rinne an Breitheamh Ryan orduithe ar chostais maidir le Modúl 2 i mí Lúil 2021, ach níor cuireadh an bille ina leith sin chuig an Roinn go fóill.

Tabhaíodh caiteachas €2.173m maidir leis an modúl sin sa bhliain 2021.

[f] Bunaíodh an Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách (CTN) sa bhliain 2017, agus rún ann é a reáchtáil ar feadh tréimhse cúig bliana go 2021. Is comhlacht trasteorann é a bhfuil ceathrar comhaltaí air agus a bunaíodh faoi Chomhaontú Tús Nua na bliana 2015. Bíonn sé i mbun comhairliúcháin leathana chun tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh i dTuaisceart Éireann maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe i gcoinne gach cineáil paraimíleatachais. Cuireadh an tríú tuarascáil ón gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Samhna 2020.

[g] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara. Bunaíodh an Coimisiún chun a shuí cá mhéad eolais, más ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí ar na cionta a rinne Bill Kenneally, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana áirithe sa pholaitíocht sa tréimhse ama lena mbaineann. Cé go rabhthas ag súil ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar chostas tuairim is €1.3 milliún, bhí an obair ullmhúcháin tosaigh níos suntasaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019, ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. D'éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a phost sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021, agus an Breitheamh Onórach Michael White ag teacht isteach ina áit.

[h] Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile i mí na Bealtaine 2019. Thug an grúpa faoi thaighde agus chuaigh sé i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh íospartach agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna). Meastar go gcuirfear tuarascáil deiridh an ghrúpa faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt go gairid.

[i] I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scópála ar roinnt gnéithe a bhí i gceist le cúinsí a bhain le bás Shane O'Farrell. Tá obair an Bhreithimh Haughton ar an gcleachtas scópála ag dul ar aghaidh agus meastar go dtabharfar an tuarascáil chun críche i mbliana.

6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €407,245 (2020: €69,372) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chúnamh Dlí do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim seo maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,924,800 (2020: €1,980,621) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chomhairle Cúnamh Dlí i Stáisiún na nGardaí. Déantar foráil faoin scéim seo go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha sa chás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar choir agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach mbeadh an duine sin in acmhainn íoc as a leithéid de chomhairliúchán.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €489,426 (2020: €158,560) iad maidir le 11 chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

Rinne an tSeirbhís Chróinéara íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,358 (2020: €20,308) iad i ndáil leis an gcostas a bhain le hionadaíocht dlí ag ionchoisne ar bhás duine faoi choimeád an Stáit.

6.3 Ciste na dTionscnamh Frithdhrugaí

Fuarthas €350,183 (2020: €365,425) ó Chiste na dTionscnamh Frithdhrugaí agus tugtar cuntas ar an tsuim sin trí chuntas fionraí. Cuirtear an maoiniú ar fáil faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscnaimh iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

6.4 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn

	Éilimh ag		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	2021	2020
Líon cásanna	5	550	555	395
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	2	309	311	307
Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne				
Cúiteamh	82	409	491	1,311
Costais dlí	19	11,658	11,677	10,363
Costais eile	5	39	44	—
2021 Iomlán	**108**	**12,415**	**12,523** [a]	**11,981**
2020 Iomlán	73	11,908	11,981	

Nótaí

[a] Baineann €9.89m (79%) den tsuim iomlán €12.523 milliún le réimsí inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear feidhm reachtaíochta coiriúla na Roinne, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an tSeirbhís Phromhaidh.

[b] Ag an 31 Nollaig 2021, meastar go bhfuil 629 gcás ann atá fós le réiteach. Níl fáil éasca ann ar an bhfigiúr comparáideach don bhliain 2020.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil agus déantar costais ar bith a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain nua airgeadais. Níl fáil éasca ann ar shonraí maidir le costais ar bith atá fós le híoc ag deireadh na bliana.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2021

	Éilimh ag		Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	
Líon cásanna	5	522	527
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	2	86	88
Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne			
Cúiteamh	82	409	491
Costais dlí	19	11,654	11,673
Costais eile	5	14	19
Iomlán	**108**	**12,163**	**12,271**

Nóta

[a] De ghnáth, bíonn tionchar ag an gcostas iomlán tráth an réitigh i mbliain an réitigh. Is é seo an seasamh go mór mór i dtaobh na gcásanna inimirce arb ionann iad agus formhór an chaiteachais sa réimse seo..

6.5 Maoiniú AE [a]

Áirítear sna torthaí atá taispeánta i bhFo-mhírchinn A.9, A.11 agus B.13 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le fáltais agus na torthaí iarbhír.

Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	Meastachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE)	21,000 [b]	21,000	8,022
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) 2014 – 2020 [c]	—	2,700 [d]	1,577
Fáltais eile AE	—	—	92
	21,000	**23,700**	**9,691**

Nótaí

a Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú freisin ó AE sa bhliain 2021. Déantar an maoiniú sin a riar trí chuntais fionraí.

b €13 mhilliún an meastachán bunaidh ach ardaíodh chuig €21 mhilliún é trí phróiseas an mheastacháin fhorlíontaigh theicniúil (féach Cuid 4.3, fo-mhírcheann 3).

c Fuarthas suim €8.763 milliún mar mhaoiniú AE faoi Chlár Chistí SOLID de chuid AE don tréimhse 2007-2013. Den tsuim sin, mheas iniúchóirí AE €1.003 milliún a bheith neamh-incháilithe. Bhí trí shruth maoinithe shonracha i gceist - An Ciste Eorpach Lánpháirtíochta, an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe agus an Ciste Eorpach um Fhilleadh. Ba é an phríomhchúis leis an gcaiteachas neamh-incháilithe ná nach raibh doiciméid tacaíochta leordhóthanacha ar fáil i ndáil le hidirbhearta áirithe ó chomhlachtaí maoinithe, lena n-áirítear i ndáil le trí thionscadal a díscaoileadh le linn thréimhse an chláir in 2013 nó go gairid ina dhiaidh sin. Dá réir sin, bhí deacracht i gceist maidir le doiciméid bhreise a fháil le linn an iniúchta. Mar gur réamhtheachtaí den Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) atá ann anois é an clár seo, is dócha go gcuirfear laghdú €1,002,546 ar mhaoiniú faoin gclár seo amach anseo. Tabharfar an cheist seo chun críche le linn na bliana 2022 i gcomhar leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bhfuil an ciste seo á riar aici anois. Ní mheastar go dtiocfaidh cás den sórt sin aníos arís mar gheall ar na próisis agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus atá á riar anois ag Aonad Chistí an Aontais Eorpaigh a bunaíodh sa Roinn in 2016.

d Aistríodh freagracht as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn na bliana 2020. I mí na Nollag 2021, áfach, taisceadh fáltas faoin gciste seo sa chuntas bainc de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Sealbhaíodh i gcuntas fionraí é agus cuireadh ar ais chuig an Roinn cheart é ag tús na bliana 2022 (féach Cuid 2.7 Iarmhéideanna sochair eile).

6.6 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €5.122 milliún i gcaiteachais chaipitil i bhfo-mhírcheann A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/ Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	2020	17 Nollaig 2021	29 Nollaig 2021	28 Feabhra 2022
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	2020	29 Deireadh Fómhair 2021	5 Samhain 2021	16 Nollaig 2021
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	2020	21 Nollaig 2021	18 Eanáir 2022	11 Márta 2022
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	2020	21 Nollaig 2021	8 Feabhra 2022	Ar Feitheamh
An tÚdarás Slándála Príobháidí	2020	2 Meitheamh 2021	16 Meitheamh 2021	22 Deireadh Fómhair 2021
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	2020	31 Bealtaine 2021	2 Meitheamh 2021	17 Meán Fómhair 2021
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí	2020	15 Nollaig 2021	25 Feabhra 2022	Ar Feitheamh

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 25

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Réamhrá

Mar Stiúrthóir ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €192,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Choimisiúin

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas. Is é Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc é freisin.

Tá 15 chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd. Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann Uachtarán na hÉireann Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais. Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra mar Oifigeach Cuntasaíochta, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Caithfidh an Coimisiún ráiteas straitéise a ullmhú gach trí bliana a chaithfear a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Cuireadh Ráiteas Straitéise an Choimisiúin le haghaidh 2022–2024 faoi bhráid an Oireachtais i mí na Nollag 2021. Caithfidh an Coimisiún freisin, tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil bhliantúil a ullmhú faoina ghníomhaíochtaí, a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a fhoilsítear ina dhiaidh sin.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, mar aon leis na breiseanna seo a leanas:

Ráta dímheasa le haghaidh feabhsuithe léasachta

Dímheastar feabhsúcháin ar áitribh léasacha ar ráta 5% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim.

Bonn dímheasa
Gearrtar dímheas ar bhonn míosúil.

Luacháil na sócmhainní caipitil

Cuireadh i bhfeidhm tairseach €10,000 le haghaidh chaipitliú na sócmhainní caipitil le haghaidh breiseanna caipitil ón 1 Eanáir 2021 i leith.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir ar an gCoimisiún. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil ann a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún é faoi athbhreithniú,
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nochta dóibh mar bhonn agus thaca ag a cuid oibre agus bunaítear a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

In 2021, d'éirigh cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca as a phost ceithre mhí roimh dheireadh a théarma. Tharla sé sin de bharr moill ar chairt nua a chomhaontú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar an gcaidreamh beacht idir an Coiste agus an Coimisiún agus an tOifigeach Cuntasaíochta a chomhaontú. Meastar go réiteofar na saincheisteanna sin in 2022.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

In 2021, chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte seachas i ngach gcás, seachas cúig chonradh (sa bhreis ar €25,000), dar luach €219,915 (gan CBL a áireamh) san iomlán, a bhfuil mionsonraí fúthu anseo thíos:

- Fuarthas seirbhísí feachtais feasachta dar luach €34,830 i ndiaidh dháta éaga an chonartha.
- Cuireadh ceithre chonradh dar luach €185,085 i bhfeidhm le haghaidh comhairle shaineolach dlí chun tabhairt faoinár bhfeidhmeanna dlíthiúla reachtúla.

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mionsonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhíonn ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus sainaithníodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí a bhíonn siad. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go rialta. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as na rialuithe a oibriú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 a d'éileodh nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh dhá iniúchadh in 2020 inar scrúdaíodh saincheisteanna rialaithe Covid-19, agus cuireadh moltaí na n-iniúchtaí sin i bhfeidhm le linn 2021.

- Measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta ar ár nOifigí ar Shráid na Faiche, i ndiaidh rialuithe coisc Covid-19 a shuiteáil.
- Athbhreithniú iniúchóireachta ar na rialuithe inmheánacha airgeadais a chuimsigh Léargas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar thionchar Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe (Meán Fómhair 2020). Áiríodh leis sin athbhreithniú ar an éifeacht a bheadh ag cianoibriú ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Laurence Bond
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

17 Meitheamh 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	7,014	6,817	6,154
Ollchaiteachas		**7,014**	**6,817**	**6,154**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**81**	**76**	**70**
Glanchaiteachas		**6,933**	**6,741**	**6,084**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**192,105**	**648,867**

Laurence Bond
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		3,642	2,944
Neamhphá		3,175	3,210
Ollchaiteachas		**6,817**	**6,154**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**76**	**70**
Glanchaiteachas		**6,741**	**6,084**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid	(120)		
Dímheas	158	38	78
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(286)	(129)
Caiteachas díreach		**6,493**	**6,033**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		88	8
Glanchostas an chláir		**6,581**	**6,041**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	9	8
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	79	—
		88	**8**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,643	1,681
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		83	214
Réamhíocaíochtaí	2.2	465	190
Iarmhéideanna dochair eile		1	4
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	75	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**624**	**408**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.3	23	34
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	159	140
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	—	78
Iomlán na ndliteanas reatha		**182**	**252**
Glansócmhainní reatha		442	**156**
Glansócmhainní		**2,085**	**1,837**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**2,085**	**1,837**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Feabhsuithe léasachta	Troscán agus feistis	Trealamh TF agus oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,746	360	356	2,462
Breiseanna	—	—	120	120
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,746	360	476	2,582
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	421	170	190	781
Dímheas don bhliain	87	35	36	158
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	508	205	226	939
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,238**	**155**	**250**	**1,643**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,325	190	166	1,681

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	341	52
Costais áitribh oifige	98	128
Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	21	9
Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	5	—
Tuarastail, pá agus liúntais	—	1
	465	**190**

2.3 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	10	6
Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	6	21
Costais áitribh oifige	5	5
Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	2	2
	23	34

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Tuarastail	1	—
Cáin ioncaim	52	49
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	40	34
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí	47	44
Ranníocaíochtaí pinsin	—	4
Muirear sóisialach uilíoch	10	9
Cáin bhreisluacha	8	—
Ticéad TaxSaver	1	—
	159	**140**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	192	649
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(267)	(571)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(75)**	**78**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	83	214
Iarmhéideanna dochair	1	4
	84	218
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(159)	(140)
	(159)	(140)
	(75)	**78**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Glansócmhainní ag an 1 Eanáir			1,837	1,786
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	6,933		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(192)		
Glanvóta			6,741	6,084
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		88	8
Glanchostas an chláir	1		(6,581)	(6,041)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,085**	**1,837**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021** **€000**	**2020** **€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí [a]	1,740	1,217
Cláir dheontais neamhchaipitil	101	13
Dlí agus tionscadail eile	138	115
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**1,979**	**1,345**

Nóta [a] Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €393,896 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Gach leithdháileadh le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, aicmítear é mar chaiteachas riaracháin a chuirtear chun feidhme clár amháin: Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	4,002	3,642	2,944
ii	Taisteal agus cothú	55	4	17
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,573	1,638	1,738
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	40	75	34
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	274	320	413
vi	Costais áitribh oifige	600	511	614
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	470	627	394
		7,014	**6,817**	**6,154**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin: €470,000; toradh: €627,000

Bhí méadú €157,000 ann ar an gcaiteachas ar sheirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar pholasaithe mar gheall ar mhéadú sa sainchúnamh dlí a theastaigh chun tacú lenár ngníomhaíocht mhéadaithe i ndlíthíocht chearta an duine agus an chomhionannais a shaothraigh IHREC de réir a oibleagáidí reachtúla.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	81	73	58
2	Ilghnéitheach	—	3	12
	Iomlán	**81**	**76**	**70**

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**73**	**63**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	3,288	2,639
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas bhreise	13	30
Ragobair	1	—
ÁSPC an Fhostóra	340	275
Pá iomlán	**3,642**	**2,944**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	1	1	12,740	22,829
Ragobair	1	—	934	—

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	5	4,225	—

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag plé leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun féachaint le pleananna aisíocaíochta a chur i bhfeidhm.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ar scála an Stiúrthóra, agus ba é €120,225 (€117,670 amhail an 31 Nollaig 2020) an tuarastal bliantúil comhlán iomlán.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 26

Oideachas

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €27.843 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Aistriú feidhmeanna

Aistríodh na feidhmeanna leasa oideachais arna n-oibriú ag TUSLA ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go dtí an Roinn Oideachais le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa Roinn seo.

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tá seirbhís chomhroinnte á cur ar fáil ag an Roinn don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta thar roinnt réimsí gnó agus corparáideacha. Cuireadh muirear barúlach i bhfeidhm faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní agus na gcostas is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe lena rialaítear na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir próiseas comhfhorbartha leanúnaí agus comhthaifeadta leanúnaigh. Áirítear leis sin comhaontuithe a comhaontaíodh idir an dá Roinn ina leagtar amach na socruithe rialachais, soláthar seirbhíse, ceanglais tuairiscithe maidir le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais agus Seirbhísí TF, pleanáil caipitil agus seirbhísí clár agus feidhmeanna a bhaineann le hairgeadas.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Is comhlacht faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é TUSLA a sholáthraíonn seirbhísí oideachais don Roinn Oideachais. Tá socruithe na Roinne chun na seirbhísí sin a rialú leagtha amach i gcomhaontuithe a chomhaontaítear idir an dá Roinn agus TUSLA.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín fhoirmiúil um bainistíocht tionscadail
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchadh inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair inti agus iad ag feidhmiú de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus is ar an anailís sin a bhunaítear na beartais iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar moltaí atá ar áireamh i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú chun gur féidir leis an lucht bainistíochta iad a chur chun feidhme.

Rannóg laistigh d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Aontais Eorpaigh is ea Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin. Tuairiscíonn sé don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Ós rud é go bhfuil Ciste Sóisialta na hEorpa á bhainistiú ag aonad laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), tuairiscíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Aontais Eorpaigh do Choiste Iniúchóireachta na Roinne sin de réir a Chairte.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gcúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte soláthair ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €524,154 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Ceithre chonradh sa raon luacha €50,000 go €100,000 arbh fhiú €273,470 san iomlán iad i ngeall ar chonarthaí a bheith á dtabhairt ar aghaidh ar chúiseanna leanúnachais gnó go dtí go gcuirfear tús le próiseas tairisceana.

- Creat de chonarthaí arbh fhiú €250,684 iad inar cuireadh síneadh leis na conarthaí ar chúiseanna leanúnachais gnó go dtí go dtabharfar conarthaí nua chun críche.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá bearta á ndéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn réamhghníomhach sa chlár um athchóiriú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creataí láraithe a úsáid nuair is cuí.

Chuir an roinn sonraí 20 conradh neamhiomaíoch ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn ag an Roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn Ceann an Aonaid Ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann mionsonraí sa chlár maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta a bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca, lena n-áirítear

- beartas agus caighdeáin bhainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca meánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maoluithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ina ndéantar achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus
- aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus thaca ag obair na Roinne. Coinnítear é faoi athbhreithniú leanúnach.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil freagracht orthu as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh shainaitheanta.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus le rialú. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair an lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla chun feidhme chun rioscaí slándála d'fhaisnéis, do chórais ríomhaireachta, do mhaoin fhisiciúil agus do shócmhainní eile a sheachaint, a bhrath agus a leigheas agus chun cur ina n-éadan.

Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt ar Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí ar an Roinn.

Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó roinnt eagraíochtaí slándála tríú páirtí. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne ábhartha TFC agus déanann an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú ar shocruithe slándála TFC.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne oibriú ón mbaile go príomha le linn na bliana 2021. Rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach le linn R4 2020 agus R1 2021. Cuireadh torthaí na measúnuithe sin faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta an 24 Márta 2021. Thug na measúnuithe sin dearbhú réasúnach dom go raibh na rioscaí rialaithe airgeadais á mbainistiú ar bhealach leordhóthanach agus go bhfuil siad fós á mbainistiú ar bhealach leordhóthanach. Lean an Roinn freisin d'úsáid a bhaint as doiciméadú leictreonach chun críocha rian iniúchóireachta agus éifeachtúlacht oibre agus ní raibh aon tionchar aige sin ar rialuithe inmheánacha airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2021 ba chúis le caillteanais is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Seirbhísí comhroinnte párolla

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an phróisis dearbhaithe iniúchóireachta agus tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe dom mar atá leagtha amach sa litir sin.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Rialachas corparáideach na hearnála oideachais

Tá na haon chomhlacht stáit déag atá faoi choimirce na Roinne Oideachais á bhformhaoirsiú ag rannóga beartais ábhartha laistigh den Roinn, a fhaigheann tacaíocht ó Rannóga ábhartha eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird i dtrácht ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe orthu seo:

- bunús reachtach an chomhlachta, agus
- *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar leis na hiarscríbhinní tacaíochta a ghabhann leis an gcód sin.

Le linn 2021, lean an Roinn Oideachais de phróiseas athbhreithnithe fhoirmiúil a chur i bhfeidhm, mar atá an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR), chun cuidiú leis an Roinn a bheith cinnte faoin méid a chloíonn na comhlachtaí faoina coimirce atá laistigh dá raon feidhme le croí-chomhpháirteanna Chód Cleachtais 2016. Thug an próiseas athbhreithnithe sin dearbhú freisin faoin méid atá na comhlachtaí faoina coimirce ag comhlíonadh na gceanglas rialachais agus reachtúil atá ag teacht chun cinn.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ón bpróiseas tuairisceán dearbhaithe freisin chun cur ar chumas na Roinne tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais lena gcur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn. Tá sé beartaithe go bhfanfaidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné den chlár oibre um fhormhaoirseacht rialachais in 2022. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú, nuair is cuí, go gcomhlíontar na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe láidre soláthair feidhmíochta nó a gcoibhéisí i bhfeidhm do gach comhlacht. Mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce chun a chinntiú go ndearnadh comhaontú agus taifeadadh ar mhaoluithe am-teoranta nó maoluithe iomlána ar ghnéithe den Chód chun ceanglais 'comhlíon nó mínigh' an chóid a shásamh.

Laistigh den earnáil oideachais i gcoitinne, tá cóid chleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe le Cód Cleachtais 2016 agus leis na creataí áirithe rialála de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Leanann an Roinn de leas a bhaint as ballraíocht d'Fhóram Rialachais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus mar chabhair d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

Cur Chun Feidhme Sheirbhísí Comhroinnte na hEarnála Oideachais

In 2021, lean an Roinn dá plean seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm, agus imscrúdú á dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh tionscnaimh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais ina hiomláine agus ról gníomhach á ghlacadh i seirbhísí comhroinnte traidisiúnta a thabhairt isteach ar fud na Státseirbhíse. Seo iad na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2021.

- **Seirbhísí comhroinnte párolla don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Amhail mí na Nollag 2021, tá aon cheann déag de na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ag fáil seirbhísí párolla ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Tá seirbhísí taistil agus cothaithe á bhfáil ag ceithre cinn de na sé bhord déag. Meastar go leanfar le cur ar fáil na seirbhísí ó thús deireadh 2022 agus go bhfaighidh ceithre Bhord Oideachais agus Oiliúna sa bhreis seirbhísí párolla agus go bhfuil trí Bhord Oideachais agus Oiliúna sa bhreis sceidealta le seirbhísí taistil agus cothaithe a aistriú linn 2022. Aistreofar na Boird Oideachais agus Oiliúna deiridh chuig seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil agus cothabhála le linn R1 and R2 de 2023.

- **Ríomh-earcaíocht don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Tá obair ar bun chun seirbhísí ríomh-earcaíochta breise a chur ar fáil do dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna atá ag aistriú chuig seirbhísí párolla in R2 2022 ar an gcóras reatha párolla Bord Oideachais agus Oiliúna. Is leathnú é seo ar raon feidhme na seirbhísí chun a chinntiú nach mbeidh aon laghdú ar fheidhmiúlacht earcaíochta ag na Boird Oideachais agus Oiliúna deiridh atá ag aistriú go dtí an tseirbhís chomhroinnte agus iad ag aistriú go dtí an córas párolla nua. Leathnófar an clár oibre sin chun na Boird Oideachais agus Oiliúna eile a chlúdach le linn 2022 agus isteach in 2023.

- **Seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna**: Le linn 2021, lean an fhoireann ar aghaidh ag comhdhlúthú na mBord Oideachais agus Oiliúna eile ar an aon ardán bogearraí amháin. Amhail mí na Nollag 2021, bhí deich gcinn de na Boird Oideachais agus Oiliúna ag baint úsáid as an aon réiteach bogearraí amháin. Aistríodh trí cinn eile i dtús mhí Eanáir 2022 agus aistreofar dhá cheann eile i mí Iúil 2022, rud a fhágann go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna amháin le haistriú in R1 2023. Tá dearadh, cur chun feidhme agus cur ar fáil na seirbhísí comhroinnte ar bhonn an loirg bogearraí chomhdhlúite seo faoi athbhreithniú faoi láthair agus tá plean aistrithe le comhaontú níos déanaí in 2022. Tá obair fhairsing curtha i gcrích ag an bhfoireann ar théarmaí agus coinníollacha nua le haghaidh réiteach bogearraí mar sheirbhís (SAAS) le linn 2021 agus tá obair ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le CSSO d'fhonn plean chun soláthair phoiblí nua a fhoilsiú in 2022.

- **Tionscnamh seirbhísí comhroinnte párolla na bhfostaithe scoile:** Is tionscadal é seo chun córais phárolla reatha na Roinne a athsholáthar don fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc. In 2021, leanadh den rannpháirtíocht mhargaidh le hobair fhairsing chun téarmaí agus coinníollacha nua a fhorbairt le haghaidh réiteach bogearraí mar sheirbhís (SAAS). Forbraíodh na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla freisin agus tá obair ar siúl le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le CSSO d'fhonn dul chuig an margadh le linn 2022.

- **Athchóiriú Soláthair**: Tharla an chéad chruinniú de Bhord an Chláir um Sholáthar Oideachais (EPPB) le linn 2021 agus bunaíodh dhá ghrúpa oibre don Fhoirgníocht agus do TFC. Oibreoidh na grúpaí sin chun soláthar a chur chun cinn chun dul i ngleic le bearnaí san Earnáil Oideachais. Leanadh de shonraí a bhailiú trí na pleananna soláthair ilbhliantúla (MAPPS) san earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna. Gabhadh san obair sin eolas úsáideach réamhaisnéise lena sainaithneofar bearnaí agus lena mbrúfar chun cinn an t-éileamh ar chreataí agus conarthaí ar leibhéal lárnach chun dúshláin maidir le comhlíonadh a réiteach le himeacht ama.

- **Mol Tuairiscithe agus Anailísíochta Sonraí don Earnáil.** Cuireadh tús leis an obair in 2021 d'fhonn mol tuairiscithe agus anailísíochta sonraí a bhunú le haghaidh na bhfeidhmeanna seirbhíse comhroinnte. Déanfar tuilleadh forbartha ar an obair sin in 2022.

- **Oifig Bainistíochta Tionscadal a bhunú don Rannóg**. Cuireadh tús le hobair in 2021 ar Oifig Bainistíochta Clár do Rannóg na Mór-oibríochtaí a fhorbairt. Cuirfear an obair sin chun cinn tuilleadh in 2022.

Bernie McNally
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 26 Oideachas

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí spa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Méan Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 26 Oideachas

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta				
Bunaidh	8,960,901			
Forlíontach	320,000			
Ollchaiteachas		**9,280,901**	**9,263,008**	**8,595,589**
Lúide				
B **Leithreasaí-i-gcabhair**				
Bunaidh	317,191			
Forlíontach	53,000			
		370,191	**380,141**	**354,947**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	8,643,710			
Forlíontach	267,000			
		8,910,710	**8,882,867**	**8,240,642**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime dá ndéantar soláthar thar an nglansuim a feidhmíodh dlite le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**27,843,162**	**137,911,743**

Bernie McNally
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		9,160,015	8,496,735
Pá		85,207	83,036
Neamhphá		17,786	15,818
Ollchaiteachas		**9,263,008**	**8,595,589**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**380,141**	**354,947**
Glanchaiteachas		**8,882,867**	**8,240,642**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannachán airgid thirim	(124,308)		
Dímheas	1,855		
Caillteanas ar dhiúscairt	2	(122,451)	(95,917)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	14,276		
Méadú ar stoc	(3)		
		14,273	1,096
Caiteachas díreach		**8,774,689**	**8,145,821**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		27,428	23,799
Measchíosanna		3,196	3,221
Glanchostas an chláir		**8,805,313**	**8,172,841**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile, lúide an costas ar sheirbhísí a soláthraíodh do Vóta 45.

		2021 [a]	**2020** [a]
		€000	**€000**
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	146	127
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	25,122	22,088
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,886	3,079
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	171	150
Vóta 43	Oifig Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	239	—
An Príomh-Chiste - pinsin na n-airí		274	238
Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte do Vóta 45		(1,410)	(1,883)
		27,428	**23,799**

Nótaí [a] Ní chuimsíonn na figiúirí um ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara figiúirí a bhaineann le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne ná le gníomhaireachtaí na Roinne. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, i gcás nár chuí é sin a dhéanamh, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	409,372	285,994
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	171,819	148,319
Stoic		83	80
Réamhíocaíochtaí	2.3	18,519	17,162
Ró-íocaíochtaí in-fhorchúitithe	5.5	7,060	7,168
Costais iasachta i leith forchúitimh		482	611
Suimeanna atá dlite ó AE		10	10
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,898	3,399
Ioncam fabhraithe		2,362	1,986
Iomlán na sócmhainní reatha		**202,233**	**178,735**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	51,582	33,795
Forchúiteamh tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile		—	48
Airgead ó AE atá le dáileadh		8,508	1
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	162,290	151,216
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	2,929	511
Iomlán na ndliteanas reatha		**225,309**	**185,571**
Glansócmhainní reatha		(23,076)	(6,836)
Glansócmhainní		**386,296**	**279,158**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe Stáit	2.8	**386,296**	**279,158**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Tailte agus foirgnimh	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	204,725	7,040	25,357	75,663	312,785
Breiseanna	44,579	—	723	82,445	127,747
Sócmhainní a tugadh chun úsáide	10,086	—	1,169	(11,255)	—
Diúscairtí	(11,530)	—	(49)	—	(11,579)
Coigeartú [a]	—	—	—	9,018	9,018
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	247,860	7,040	27,200	155,871	437,971
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	6,716	20,075	—	26,791
Dímheas don bhliain	—	38	1,817	—	1,855
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(47)	—	(47)
Coigeartuithe	—	—	—	—	—
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	6,754	21,845	—	28,599
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**247,860**	**286**	**5,355**	**155,871**	**409,372**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	204,725	324	5,282	75,663	285,994

Nóta [a] Cuimsíonn an coigeartú de €9.018m caiteachas caipitil roimh 2021 ar ocht láithreán a fuarthas le linn 2021 (€10.109m) agus athshonrú caiteachas caipitil roimh 2021 ar thrí thionscadal chineachta (€1.106m). Déantar an caiteachas breise sin a fhritháireamh trí dheireadh a chur le caiteachas roimh 2021 ar láithreán faoi úinéireacht pátrúin a tuairiscíodh roimhe seo mar shócmhainn atá á forbairt (€2.197m).

Nóta ginearálta faisnéise

Níl aon tailte ná foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá faoi rialú na Roinne Oideachais gan luacháil ach amháin i gcás roinnt ionad Oideachais a bhfuil luacháil fós le déanamh orthu. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad.

1 Aistriú foirgneamh scoile 2021

Caitheann an Roinn le haistriú rialú sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Tá na réadmhaoine scoile, nó na codanna díobh sin, a aistríodh i gcaitheamh 2021 ar áireamh sa tábla thíos.

Ainm na scoile	Luacháil [a]
	€000
Pobalscoil Náisiúnta na gCloch Liath, Co. Chill Mhantáin	10,790
Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Baile an Diosualaigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15	740
	11,530

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sí anois, lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2021 agus nár íocadh astu go fóill agus le haghaidh airgead coinneála.

2 An leibhéal bunscoile

Bhí 3,239 scoil náisiúnta i mbun oibre an 31 Nollaig 2021. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus iad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí.

- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 58 scoil chéad leibhéil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.
- I gcás 168 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bainistiú ag an mBord Bainistíochta. Tá 7 scoil i gcóiríocht shealadach nó bhuan ar láithreáin nach leis an Roinn iad.

3 An leibhéal iar-bhunscoile

Is ann do 728 gcinn d'iar-bhunscoileanna sa tír. Tá 358 gcinn díobh sin faoi úinéireacht phríobháideach. Tá na cinn eile á oibriú mar a leanas.

- Is leis an Aire Oideachais 14 scoil chuimsitheacha, 82 phobalscoil agus 27 meánscoil, ach iad á rialú/á mbainistiú ag boird bhainistíochta.
- Is ann do 247 gcinn d'iar-bhunscoileanna atá dílsithe go príomha i mboird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá 28 gcinn de na scoileanna sin faoi úinéireacht an Aire Oideachais.
- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 36 iar-bhunscoil agus iad á rialú/á mbainistiú aici.

4 Eile

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála páistí amháin ná fógra Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chuig an Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Thug an Roinn ordú do CSSO an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta. Ní áirítear an réadmhaoin sin mar shócmhainn i Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi údarás na hinstitiúide í féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí de chuid Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ar léi agus a choinníonn réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	170,939	147,814
Iarmhéideanna cuntas bainc tráchtála	877	502
Mionairgead	3	3
	171,819	**148,319**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile	8,990	8,905
Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit	182	2,038
Tacaíocht TFC agus conarthaí ceadúnúcháin	1,790	1,409
Réamh-mhaoiniú tionscadal tógála scoile	5,728	991
Cóiríocht shealadach scoile a fháil ar cíos	—	1,257
Seirbhísí Comhroinnte a chur chun feidhme	342	828
Conarthaí leathanbhanda scoile	498	683
Riarachán eile	138	58
Clár eile	851	993
	18,519	**17,162**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	124	21
Suimeanna atá dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh	—	49
Fionraí párolla	1,444	216
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	66	61
An Clár Fuinnimh Foirgnimh	—	2,545
An Scéim pasanna taistil	187	60
Tuarastail in-fhorchúitithe	22	130
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	—	250
Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte	52	64
Íocaíochtaí anonn a bhaineann le haoisliúntas	3	3
	1,898	**3,399**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Clár caipitil na scoileanna	39,856	17,117
Muirir aonadacha Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí na scoileanna	4,560	4,375
Bus Éireann	4,166	8,687
Clár eile	2,188	2,868
Riarachán eile	812	748
	51,582	**33,795**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	79,902	75,808
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	54,990	51,442
Muirear sóisialach uilíoch	15,175	14,502
Cáin mhaoine áitiúil	327	295
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	973	792
Cáin bhreisluacha	4,598	2,381
Ranníocaíochtaí pinsin	42	51
	156,007	145,271
Aistriú feidhmeanna	195	3,684
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	393	1,320
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	—	1
An Clár Fuinnimh Foirgnimh	4,794	—
Fionraí párolla	773	422
Ilghnéitheach	128	518
	162,290	**151,216**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	27,843	137,912
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(24,914)	(137,401)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**2,929**	**511**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	171,819	148,319
Iarmhéideanna dochair eile	1,898	3,399
Suimeanna atá dlite ó AE	10	10
	173,727	151,728
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(156,007)	(145,271)
Airgead ó AE atá le dáileadh	(8,508)	(1)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(6,283)	(5,945)
	(170,798)	(151,217)
	2,929	**511**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			279,158	269,464
Eisíocaíochtaí ó Sholáthar Meastacháin an Vóta	Cuntas	8,910,710		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(27,843)		
Glanvóta			8,882,867	8,240,642
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit éigin eile	1.1		27,428	23,799
Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil [a]	1		(1,040)	(85,127)
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		3,196	3,221
Glanchostas an chláir			(8,805,313)	(8,172,841)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**386,296**	**279,158**

Nóta [a] Cuimsíonn na míreanna neamhairgeadais

	€000
• Cóireáil chuntasaíochta chun sócmhainní tógála a dhiúscairt	(11,530)
• Athshonrú (méadú) na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt chun caiteachas roimh 2021 a chur ar áireamh	9,018
• Glanmhéadú ar fhabhruithe caipitil	(1,967)
• Chostas sócmhainní a cuireadh ar áireamh mar bhreiseanna le clár sócmhainní 2021 ach nach n-íocfar astu go dtí 2022	3,439
	(1,040)

2.9 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig

	2021 €000	2020 €000
Ceangaltais dhomhanda		
Soláthar earraí agus seirbhísí	6,126	7,123
Cláir deontas neamhchaipitil [a&b]	2,180,020	2,171,185
Cláir deontas caipitil [c]	22,800	500
Tionscadail chaipitil [d]	590,553	310,792
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	1,055,903	1,107,272
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**3,855,402**	**3,596,872**

Nóta [a] Áirítear le clár deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí, chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Athshonraíodh figiúr an cheangaltais do chláir deontas neamhchaipitil 2020 chun ceangaltais a áireamh maidir le feidhmeanna a aistríodh go Vóta 26 ó Vóta 40 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 agus chun maoiniú eile a tuairiscíodh roimhe seo mar cheangaltais deontas neamhchaipitil a bhaint.

[c] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne I leith gach tionscadail caipitil, lena n-áirítear boird oideachais agus oiliúna.

[d] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn í féin iad a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú.

Mórthionscadail chaipitil

Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 [b]	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 [b]
	€000	€000	€000	€000	€000
Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) [a&b]	**838,245**	**160,015**	**354,007**	**1,352,267**	**1,003,495**

Nóta [a] Gheofar miondealú ar an tábla thuas faoi Aguisín B.

[b] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an caiteachas iomlán ionchasach caiteachas thar shaolré an tionscadail in 2020 go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tionscadail scoile nua a gealladh de réir conartha in 2021 agus ina bhfuil caiteachas roimh 2021 curtha ar áireamh anois
- ceithre thionscadal a baineadh de bhrí go bhfuil siad tugtha chun críche nó go bhfuil costas iomlán an tionscadail faoi bhun na tairsí €10m anois nó go bhfuil an ceangaltas gan íoc faoi bhun €10,000.

Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí

Go dtí seo, chuaigh an Roinn isteach i sé chonradh ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ná socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthar a sholáthrófaí iad, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirear aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad mhuirear aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre ar gach tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí in Aguisín C.

Ainm an tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021 [a]	Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin	Iomlán an tionscadail 2021	Iomlán an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Cúig threoirscoil	204,636	10,881	67,099	282,616	282,222
An 1ú bheartán	100,162	9,120	134,301	243,583	241,752
An 2ú beartán	124,267	11,933	193,816	330,016	327,627
An 3ú beartán	114,882	14,956	279,419	409,257	406,048
An 4ú beartán	44,103	7,479	157,512	209,094	207,115
An 5ú beartán	23,986	8,175	223,756	255,917	254,544
	612,036	**62,544**	**1,055,903**	**1,730,483**	**1,719,308**

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh 2021 le híocaíochtaí caipitil amháin i.e., muirir aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas ar áireamh sa toradh foriomlán de €63.496 milliún ar fho-mhírcheann A.16. Áirítear leis an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais le scoileanna arna soláthar ag comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Difríochtaí suntasacha i gcostais tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tugtar míniú thíos i gcás inar tháinig méadú/laghdú is mó ná €500,000 ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

Innéacsú

Déanann an Roinn íocaíochtaí míosúla muirir aonadaigh leis an gcuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil comhpháirtíochta príobháidí poiblí atá i mbun feidhme. Dhá mhír atá san íocaíocht muirir aonadaigh, mar atá mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Uile-mhíre Tomhaltóirí. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

Athmhaoiniú

Is féidir cistiú tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí a athmhaoiniú, le toiliú na Roinne, le linn chéim na tógála nó dá héis. Roinntear an gnóthachan ón athmhaoiniú idir an chuideachta comhpháirtíochta príobháidí poiblí agus an Roinn faoi théarmaí atá leagtha amach i gComhaontú Tionscadail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. Rinneadh athmhaoiniú ar Bheartán Scoileanna 4 i mí na Nollag 2018, ar Bheartán Scoileanna 3 i mí Eanáir 2019, agus ar Bheartán Scoileanna 2 i mí na Nollag 2020.

Beartán Scoileanna 1

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.831 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

Beartán Scoileanna 2

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €2.389 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

Beartán Scoileanna 3

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann ceartú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €3.209 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

Beartán Scoileanna 4

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann ceartú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.979 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

Beartán Scoileanna 5

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú as a leanann leasú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.373 milliún ar chostais idir 2020 agus 2021.

Leachtuithe agus scrúdaitheoireachtaí 2021

Maidir le gach ceann de na tionscadail tógála a ndeachaigh leachtú agus/nó scrúdaitheoireacht Carillion agus trí chonraitheoir eile i bhfeidhm orthu, cuireadh i gcrích go substaintiúil iad in 2021.

Caiteachas ar áitreabh sealadach scoile a fháil ar cíos

Le linn 2021, áiríodh le caiteachas faoi fho-mhírcheann A15.3 suimeanna arbh fhiú €29.5 milliún san iomlán iad maidir le foirgnimh shealadacha scoile a fháil ar cíos (2020: €29.4 milliún).

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe tagtha chun aibíochta nár urscaoileadh ag deireadh bliana	**22,426**	**8,479**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Middletown Centre for Autism

D'fhéadfadh dliteanas pinsin de thuairim agus €1,800,000 amhail deireadh 2021 (2020: €480,000) teacht chun cinn maidir leis an gcomhaontú idir Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais. Tá an dliteanas méadaithe inchurtha i leith athrú sna toimhdí achtúireacha a úsáidtear chun luach an dliteanais pinsin a ríomh. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán as aon dliteanais phinsin de chuid Middletown Centre for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó mura mbíonn sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a urscaoileadh. Tá an tIonad i mbun oibre i gcónaí agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas sin chun cinn go gairid.

Dlíthíocht maidir le hArdteistiméireacht 2020 agus gráid ríofa

Ag deireadh na bliana 2021, ní raibh aon imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh fós ar bun maidir le hábhair a d'eascair as Ardteistiméireacht 2020 seachas breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar feitheamh i leith 2 achomharc. Tugadh an cás tosaigh maidir le hagóidí faoin bpróiseas caighdeánaithe náisiúnta maidir le scéim na ngrád ríofa chun críche i mí an Mhárta 2021 le breithiúnas i bhfabhar an Aire. Mar sin féin, dhámh an Ard-Chúirt costais don Iarratasóir toisc gur measadh an cás a bheith ina chás a raibh gné leas an phobail ag baint leis. Maidir leis na costais sa chás sin a bheidh mar phríomhchuid den dliteanas teagmhasach a eascróidh faoin gceannteideal seo, tá siad fós le deimhniú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, a lorgóidh íocaíocht ón Roinn in am trátha. Tarraingíodh siar formhór na gcásanna eile ansin agus ní thagann aon chostais tríú páirtí chun cinn. D'fhéadfadh costais teacht chun cinn fós maidir le hAchomharc Cúirte Uachtaraí in dhá chás agus i leith dhá chás a socraíodh le linn 2021. Ní féidir an caiteachas a chainníochtú ag an am seo go dtí go bhfaighfear na torthaí deiridh sna cásanna faoi seach.

An clár feabhsúcháin scoileanna

Tá an Roinn ag leanúint le himeachtaí dlí a shaothrú maidir le heasnaimh struchtúrtha ar thángthas orthu i 40 scoil ar thóg Western Building Systems iad. D'íoc an Roinn as oibreacha leasúcháin sna scoileanna sin. Íoctar costais an leasúcháin as soláthar teagmhasach sa bhuiséad caipitil.

Rinneadh an obair leasúcháin sna scoileanna sin ionas gur féidir deireadh a chur le formhór na mbeart réamhchúraim. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh leis an leasúchán riachtanach a thabhairt chun críche mar chuid de mhórchlár oibreacha leasúcháin/athchóirithe/iarfheistithe lena chinntiú go seasfaidh na scoileanna an aimsir ó thaobh na haeráide de. Tá forchúiteamh na gcostas leasúcháin don Státchiste faoi réir imeachtaí leanúnacha dlí atá leagtha amach thuas.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithdháileadh an caiteachas riaracháin ar Chlár A chun costais iomlána na gclár a léiriú.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	64,828	65,665	63,906
ii	Taisteal agus cothú	1,658	498	657
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,510	1,493	1,620
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,907	2,737	2,404
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	10,050	9,333	7,717
vi	Costais áitribh oifige	1,388	1,136	1,351
vii	Comhairleoireacht agus seirbhísí eile	114	—	—
viii	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais [a]	21,973	22,131	21,198
		103,428	**102,993**	**98,853**

Nóta [a] Is fo-mhírcheann pá go príomha é an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Leithdháiltear caiteachas pá ar fho-mhírcheann A1 Riarachán pá agus leithdháiltear caiteachas neamhphá ar A2 Riarachán neamhphá faoi Chlár A

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.658 milliún; toradh €498,000

Is leis an laghdú ar thaisteal eachtrach agus intíre ar ghnó oifigiúil na Roinne mar thionchar díreach ag paindéim Covid-19 a bhain an laghdú €1.16 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.907 milliún; toradh €2.737 milliún

Tharla an laghdú caiteachais €830,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro-rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir le haistriú feidhmeanna chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus costais iarbhír phostaithe is mó ná an soláthar meastacháin.

vii Comhairleoireacht agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €114,000; toradh €nialas

Tá an leithdháileadh seo ceaptha le costais chomhairleoireachta a chlúdach d'aonaid ghnó nach bhfuil a mbuiséad féin acu don chineál caiteachais sin. Ní raibh aon ghá in 2021 le tarraingt ar an bhfo-mhírcheann seo.

Clár A – Oideachas Chéad Leibhéil, Oideachas Dara Leibhéal agus Oideachas sna Luathbhlianta

				2021	2020
		Soláthar measctha		Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		83,990	85,207	83,036
A.2	Riarachán – neamhphá		19,438	17,786	15,817
A.3	Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) bunmhúinteoirí				
	Bunaidh	2,727,777			
	Forlíontach	54,000			
			2,781,777	2,781,360	2,603,395
A.4	Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) múinteoirí meánscoile, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna				
	Bunaidh	1,492,837			
	Forlíontach	(21,000)			
			1,471,837	1,460,743	1,432,071
A.5	Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí bord oideachais agus oiliúna				
	Bunaidh	666,810			
	Forlíontach	10,000			
			676,810	667,343	628,141
A.6	Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna				
	Bunaidh	650,134			
	Forlíontach	17,000			
			667,134	669,113	613,725
A.7	Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh)		106,869	104,999	112,036

				2021	2020
		Soláthar measctha		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.8	Aoisliúntas, etc., i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc				
	Bunaidh	1,304,925			
	Forlíontach	8,000			
			1,312,925	1,310,197	1,250,804
A.9	Seirbhísí iompair scoile				
	Bunaidh	321,469			
	Forlíontach	(20,000)			
			301,469	289,511	224,791
A.10	Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais				
	Bunaidh	567,254			
	Forlíontach	58,000			
			625,254	626,347	547,792
A.11	Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais		155,895	142,077	53,955
A.12	Oideachas múinteoirí		38,974	30,748	29,190
A.13	Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú				
	Bunaidh	2,550			
	Forlíontach	10,000			
			12,550	1,641	2,797
A.14	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha				
	Bunaidh	59,479			
	Forlíontach	106,000			
			165,479	161,354	149,777
A.15	Bonneagar bunscoile agus iar-bhunscoile				
	Bunaidh	694,500			
	Forlíontach	98,000			
			792,500	851,086	782,840

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.16	Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha		68,000	63,496	65,422
			9,280,901	**9,263,008**	**8,595,589**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €302.107 milliún ná mar a soláthraíodh ar dtús.

A.9 Seirbhísí iompair scoile

Soláthar meastacháin €321.469 milliún; toradh €289.511 milliún

Ba é ba chúis leis an laghdú €31.958 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastachán go príomha ná na costais laghdaithe a tháinig chun cinn le linn dhúnadh na scoileanna i dtús na bliana agus an t-am a thóg sé chun acmhainn 50% a chur i bhfeidhm de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí.

Mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha, ceadaíodh laghdú €20 milliún ar an soláthar meastacháin don fho-mhírcheann seo. Úsáideadh é sin chun méaduithe forlíontacha sna soláthairtí meastacháin a ceadaíodh le haghaidh fo-mhírchinn eile sa Vóta a fhritháireamh.

A.10 Deontais (caipitíocht san áireamh) is iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna agus eagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais

Soláthar meastacháin €567.254 milliún; toradh €626.347 milliún

Ba de thoradh iad seo a leanas a bhí an méadú €59.093 milliún i gcaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

Deontais Covid-19 do théarma 1 den scoilbhliain 2021/22 a íocadh le scoileanna le haghaidh éadaí cosanta pearsanta, sláintíocht láimhe, glanadh agus maoirseacht a ndearnadh leithdháileadh ina leith ar dtús i gcúlchiste teagmhasach Covid-19 an rialtais láir agus ní i Vóta 26 na Roinne seo (€58 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €58 milliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú i gcaiteachas a d'eascair as deontais Covid-19 i dtéarma 1 den bhliain 2021/22.

A.11 Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais

Soláthar meastacháin €155.895 milliún; toradh €142.077 milliún

Leo seo a leanas go príomha a bhain an laghdú €13.818 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin

- Thaifead an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) coigilteas thar roinnt réimsí, lena n-áirítear earcaíocht a bhí níos moille nár mar a bhí beartaithe, agus coigilteas faoin tSamhail um Chuimsiú Sóisialta agus tionscadail Teiripe Ionscoile (€7.9 milliún).
- Mar gheall ar chealú scrúduithe na sraithe sóisearaí agus an líon laghdaithe scoláirí a rinne scrúduithe na hardteistiméireachta tar éis na gráid chreidiúnaithe a thabhairt isteach, shábháil Coimisiún na Scrúduithe Stáit €4.9 milliún.
- Níor tharla gníomhaíochtaí beartaithe faoin gclár Music Generation mar a bhí beartaithe mar gheall ar shrianta Covid-19 (€1.6 milliún).
- Gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) nár tharla mar a bhí beartaithe de bharr phaindéim Covid-19 (€700,000).
- Méadú ar chaiteachas ar leathnú an chláir críochnaithe scoile le linn 2021 (€1.4 milliún).

A.12 Oideachas múinteoirí

Soláthar meastacháin €38.974 milliún; toradh €30.748 milliún

Leo seo a leanas go príomha a bhain an laghdú €8.226 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin

- Coigilteas mar gheall ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a bheith á reáchtáil ar líne agus lasmuigh d'am teagmhála ranga seachas i bhfoirm duine le duine (€5.5 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar ghlacadh a bhí níos lú ná mar a ceapadh le roinnt clár, lena n-áirítear iad siúd a thairgeann an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (€2.5 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar mhaoiniú a choinnigh Ionaid Tacaíochta Oideachais ag deireadh 2020, rud a frithláiríodh in íocaíochtaí deontais 2021 i gcomhréir le Ciorclán 13/14 (€1.4 milliún).
- Rinneadh coigilteas a fhritháireamh le caiteachas méadaithe i réimsí eile, lena n-áirítear cláir uas-scilithe iarbhunscoile nua agus leathnaithe a sholáthar chun freastal ar an éileamh in ábhair áirithe (€1.4 milliún).

A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Soláthar meastacháin €2.550 milliún; toradh €1.641 milliún

Bhain an laghdú €909,000 ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin go príomha leo seo

- Caiteachas caipitil a leithdháileadh ar son íospartaigh drochúsáide foras gan a bheith déanta in 2021 (€500,000).
- Costais reatha an Bhoird um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2021 a bheith níos ísle ná mar a ceapadh (€425,000).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €10 milliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun costais ionchasacha na scéime ex-gratia a eascraíonn as feidhmiú Bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in O'Keeffe v Éire a chlúdach. Ina dhiaidh sin, áfach, comhaontaíodh gur cheart íocaíocht €4.492 mhilliún as costais den sórt sin a dhéanamh ó fho-mhírcheann A.14.

A.14 Deontais agus Seirbhísí Eile

Soláthar meastacháin €59.479 milliún; toradh €161.354 milliún

Ba astu seo a leanas go príomha a tháinig an méadú caiteachais €101.875 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin

- Caiteachas atá ag éirí as maoiniú breise a fuarthas i mí Iúil 2021 ó AE faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta chun nascacht ardluais leathanbhanda a sholáthar do bhunscoileanna lasmuigh den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (€750,000) agus chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach sna scoileanna (€49.454 mhilliún).
- Caiteachas ar dheontais TFC atá dlite do scoileanna do 2022 a tugadh ar aghaidh le híoc níos luaithe in 2021 (€50 milliún).
- Caiteachas breise ar chlár Leathanbhanda na Scoileanna, rud a d'eascair as nascacht ardluais a sholáthar ar bhealach níos tapúla ná mar a ceapadh (€1.8 milliún).
- Caiteachas breise a d'eascair as leathnú an chláir Forfheidhmithe Seirbhísí Comhroinnte in 2021 (€2.0 milliún)
- Caiteachas ar an scéim ex-gratia a d'eascair as feidhmiú Bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in O'Keeffe v Éire (€4.492 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar líon agus méid laghdaithe na n-imeachtaí oiliúna do mhúinteoirí faoi SFGM - Teicneolaíocht san oideachas de bharr phaindéim Covid-19 (€1.917 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €106 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe ar chaiteachas faoi chlár TFC na Scoileanna (€50m) agus faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta (€56m).

A.15 Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna

Soláthar meastacháin €694.5 milliún; toradh €851.086 milliún

Ba astu seo a leanas go príomha a tháinig an méadú caiteachais €156.586 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin.

- Bainistiú a dhéanamh ar bhrúnna caiteachais suntasacha sa chlár tógála scoile a bhí á mbrú chun cinn go príomha ag an gceanglas chun acmhainn bhreise a sholáthar trí chóiríocht mhodúlach a sholáthar, tionchar an bhoilscithe tógála, Covid-19 agus ganntanas saothair/ábhar ar fud an chláir caipitil fhoriomláin mar aon le brúnna méadaithe ar an Scéim Oibreacha Éigeandála (€126 mhilliún).
- Deontais Mionoibreacha Feabhsaithe a bheith á gcur ar fáil mar chuid de thacaí a bhaineann le Covid-19 do scoileanna le haghaidh aerú agus oibreacha gaolmhara eile (€30 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €98 milliún mar aon le vírmint €50 milliún de choigilteas reatha ar chaiteachas le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar chaiteachas. Soláthraíodh na méaduithe eile ar chaiteachas ó choigilteas caiteachais caipitil a d'eascair as raon fo-mhírchinn eile laistigh den Vóta.

A.16 Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha

Soláthar meastacháin €68 milliún; toradh €63.496 milliún

Bhain an laghdú €4.504 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leo seo:

- Costais a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás mionoibreacha agus costais oibriúcháin sna beartáin scoileanna ar fad (€867,000).
- Leibhéil bhoilscithe in 2021 a bheith níos ísle ná mar a measadh, rud ba chúis le costais innéacsaithe níos ísle ar na beartáin scoileanna uile (€1.41 milliún).
- Íostarraingt a bheith níos ísle ná mar a bhíothas a súil leis ar dheontais TFC agus Céatadán don Ealaín (€271,000).
- Laghdú ar mhuirir aonadacha i gcás teipeanna comhaontaithe ar sheirbhís agus ar infhaighteacht i ngach beartán scoile (€233,000).
- Tharla coigilteas (€95,000) mar thoradh ar mhoill ar an Athbhreithniú ar Threoirscoileanna a chríochnú.
- Costais a bheith níos ísle ná mar a ceapadh a bhaineann le cóiríocht shealadach oideachais riachtanas speisialta ag Pobalscoil Naomh Caimin, Sionainn, Co. an Chláir (€100,000).
- Caiteachas a bhaineann le hInstitiúid Breisoideachais agus Oiliúna Cheatharlach a bheith á íoc as maoiniú breise a soláthraíodh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (€1.4 milliún).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2021	2020
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
B.1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais				
	Bunaidh	147,438			
	Forlíontach	24,000			
			171,438	170,097	172,429
B.2	Fáltais i ndáil le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE [a]		325	1,478	728
B.3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí				
	Bunaidh	161,946			
	Forlíontach	15,000			
			176,946	175,886	169,289
B.4	Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí		3,824	5,480	5,047
B.5	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	3,658			
	Forlíontach	14,000			
			17,658	27,200	7,454
	Iomlán		**370,191**	**380,141**	**354,947**

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE de €1.478 milliún faoi fho-mhírcheann B.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 Maoiniú AE.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus € 100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €62.95 milliún níos mó ná mar a bhí sa mheastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar na difríochtaí:

B.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais

Meastachán €147.438 milliún; réadaithe €170.097 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €22.659 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha ná fáltais a bheith níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. Áirítear leis an méadú sin ranníocaíochtaí de bharr méadú ar líon na múinteoirí (go páirteach mar gheall ar phoist teagaisc bhreise Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm) agus cúntóirí riachtanas speisialta chomh maith le méadú ar thuarastail faoi na comhaontuithe pá seirbhíse poiblí.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €24 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar fháltais.

B.2 Fáltais i ndáil le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE

Meastachán €325,000; réadaithe €1.478 milliún

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €1.153 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

- Fáltais ón gClár Peace IV a ndearnadh próifíl orthu faoi B.5 Ilghnéitheach agus a dtugtar cuntas orthu anois faoin bhfo-mhírcheann seo (€1.1 milliún).
- Íocaíocht i leith an Lárionaid um Scolaíocht Eorpach a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€116,000).

B.3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí

Meastachán €161.946 milliún; réadaithe €175.886 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €13.94 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán ná fáltais a bheith níos airde ná an soláthar a leithdháileadh. Áirítear leis an méadú sin méadú ar líon na múinteoirí (go páirteach mar gheall ar phoist teagaisc bhreise Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm) agus cúntóirí riachtanas speisialta chomh maith le méadú ar thuarastail faoi na comhaontuithe pá seirbhíse poiblí.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €15 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe sin ar fháltais.

B.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí

Meastachán €3.824 milliún; réadaithe €5.48 milliún

Bhain an méadú €1.656 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha le fáltais aisghabhála ró-íocaíochtaí (€400,000) agus aisíocaíochtaí iasachtaithe (€1.2 milliún) a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

B.5 Ilghnéitheach

Measachán €3.658 milliún; réadaithe €27.2 milliún

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €23.542 milliún i gcoibhéis leis an soláthar measacháin:

- fáil na n-aisíocaíochtaí a rinne scoileanna ar dheontais chaipitíochta a bhaineann le paindéim Covid-19 a soláthraíodh don scoilbhliain 2020/21 (€19.257 milliún)
- mar gheall ar nádúr éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo, tá sé deacair a thuar le haon leibhéal cinnteachta cén leibhéal fáltas a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €14 mhilliún le haghaidh an fho-mhírchinn seo chun soláthar a dhéanamh do na fáltais mhéadaithe a d'eascair as aisíocaíochtaí deontas caipitíochta neamhíoctha a bhain le Covid-19. Fuarthas aisíocaíochtaí breise tar éis na figiúirí measacháin forlíontacha a chomhaontú le linn 2021.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais ó airgead coinsiasa	—	2
Aistrithe chuig an Státchiste	—	(2)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Roinn	1,453	1,335
An chéad leibhéal agus an dara leibhéal	92,180	90,966
Gníomhaireachtaí	466	458
Iomlán	**94,099**	**92,759**

5.2 Costais phá

Foireann na Roinne	2021	2020
	€000	€000
Pá	81,140	78,364
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	528	392
Liúntais eile	32	35
Ragobair	876	773
ÁSPC an Fhostóra	6,747	6,268
Pá iomlán	**89,323**	**85,832**

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus liúntais a íoctar le baill foirne riaracháin sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear an figiúr pá iomlán faoi A.1 (€85.207 milliún) agus A.14 (€4.116 milliún le haghaidh tionscadail forfheidhmithe seirbhísí comhroinnte)

Foireann oideachais chéad leibhéal agus dara leibhéal	2021	2020
	€000	€000
Pá	5,171,233	4,939,699
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—
Liúntais eile	6,333	5,866
Ragobair	599	765
ÁSPC an Fhostóra	487,452	450,882
Pá iomlán [a]	**5,665,617**	**5,397,212**

Nóta [a] Athshonraíodh an figiúr pá iomlán do 2020 maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna. Sholáthair na Boird Oideachais agus Oiliúna figiúr pá Bord Oideachais agus Oiliúna maidir le costas tuarastail múinteoirí Bord Oideachais agus Oiliúna, cúntóirí riachtanas speisialta Bord Oideachais agus Oiliúna agus foireann neamhtheagaisc Bord Oideachais agus Oiliúna go díreach. Bhí figiúr pá na mBord Oideachais agus Oiliúna de réir na gcuntas foilsithe 2020 bunaithe ar dhréachtráitis airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna do 2020. Áiríodh liúntais, ragobair agus ÁSPC an Fhostóra faoin gceannteideal pá sna cuntais fhoilsithe do 2020 toisc nach raibh miondealú ar chaiteachas ar fáil. Coigeartaíodh figiúirí comparáideacha 2020 chun an miondealú a sholáthair Boird Oideachais agus Oiliúna a léiriú.

Foireann gníomhaireachta	2021	2020
	€000	€000
Pá	26,335	24,328
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	208	126
Liúntais eile	74	77
Ragobair	1,931	757
ÁSPC an Fhostóra	2,326	2,005
Pá iomlán [a&b]	**30,874**	**27,293**

Nóta [a] Áirítear le costas iomlán do 2021 costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo.

[b] Tá pá iomlán do 2021 bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó ghníomhaireachtaí. Bhí figiúirí 2020 de réir na gcuntas foilsithe do 2020 bunaithe go príomha ar na ráitis airgeadais ghníomhaireachta is déanaí a ndearnadh iniúchadh orthu. Athshonraíodh figiúirí comparáideacha do 2020 agus tá siad bunaithe go príomha ar thuairisceáin ó ghníomhaireachtaí.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Foireann na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	122	16	22,002	20,614
Liúntais eile	17	—	5,509	5,413
Ragobair	253	11	16,215	17,722
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	36	8	15,434	14,849

Ní bhaineann na mionsonraí faoi liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin Roinne agus le foireann na Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - An chéad leibhéal agus an dara leibhéal

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—	—	—
Liúntais eile	3,945	3	26,540	10,269
Ragobair	247	15	21,803	16,105
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	134	—	6,230	13,316

.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - gníomhaireachtaí

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020 [a]
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	61	2	14,606	7,805
Liúntais eile	43	1	13,272	12,940
Ragobair	195	77	37,219	29,642
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	63	39	38,650	12,403

Nóta [a] Ní raibh an Roinn in ann mionsonraí a sholáthar faoi liúntais agus ragobair a íocadh le gníomhaireachtaí do chuntais 2020. Tá an fhaisnéis sin curtha ar áireamh anois.

5.4 Socruithe eile luacha saothair

Cuireadh daichead státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €85,000 (2020: €157,000) agus chuimsigh sin costais taistil agus chothaithe de €1,000 (2020: €18,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí tuarastail leis an bhfoireann riaracháin			
Ró-íocaíochtaí	87	230,865	382,179
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	20	70,370	129,026

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta i leith duine amháin dar luach €3,251 sa bhliain chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/le pearsana nach múinteoirí agus le pearsana ar scor			
Ró-íocaíochtaí	4,958	6,003,349	5,871,335
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	361	1,040,603	1,325,066

I gcaitheamh 2021, aisíocadh 1,462 chás ró-íocaíochta ina n-iomláine agus b'fhiú €1,260,909 an aisíocaíocht.

Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin			
Ró-íocaíochtaí	91	825,924	914,529
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	77	655,233	778,430

Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint den Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí

Sainaithníodh 89 gcás pinsinéara in 2018 mar a ndearnadh fo-asbhaint den laghdú pinsin seirbhíse poiblí, rud ba chúis le ró-íocaíochtaí. Tá na chéad chéimeanna eile á mbreithniú ag an Roinn d'fhonn an ní a thabhairt chun críche. Meastar anois gur thart ar €1 mhilliún luach na ró-íocaíochta.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2021, íocadh iomarcaíocht le 13 chúntóir riachtanas speisialta trí Phárollaí Scoile na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir do scoileanna áirithe. B'ionann agus €160,874 an íocaíocht iomarcaíochta iomlán agus áiríodh léi íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla, de réir mar ba chuí. Fuair triúr daoine aonair íocaíochtaí iomarcaíochta is mó ná €10,000. Ba é €38,382 an tsuim iomarcaíochta ab airde a íocadh in 2021. Ní dhearnadh aon luathíocaíocht pinsin, níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine de na 13 dhuine aonair.

In 2021, ní dhearnadh aon íocaíochtaí iomarcaíochta le daoine aonair trí phárollaí riaracháin na Roinne.

Grád	Scaoilíocaíocht	Blianta breise de sheirbhís bharúlach	Luathíocaíocht pinsin gan aon laghdú achtúireach
	€		
Cúntóir riachtanas speisialta	160,874	—	—
Iomlán	**160,874**	**—**	**—**

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021 bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,155).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021	Caiteachas in 2021	Caiteachas in 2020
		€000	€000	€000
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	1999	84,800	533	598
An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [a, b]	2002	1,245,395	900	1,780
		1,330,195	**1,433**	**2,378**

Nóta [a] Anuas ar an gcaiteachas foriomlán €1.245 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe ag deireadh 2021, tabhaíodh €10 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta a rinneadh sa bhliain 2002, rud ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim um shásamh.

[b] Ag deireadh 2021, ba é €64.5 milliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus €10.03 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe.

An t-iomlán a d'íoc cuallachtaí reiligiúnacha

Rinne na 18 gcuallacht reiligiúnacha a bhainistigh formhór na bhforas cónaithe leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin:

- comhaontú slánaíochta 2002, a bhí ina cheangal dlí lenar soláthraíodh do ranníocaíochtaí de €128 milliún; agus
- na tairiscintí breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Ryan in 2009, lena n-áirítear airgead agus réadmhaoin ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu.

Achoimrítear sa tábla thíos na suimeanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na suimeanna a fuarthas go dtí seo. Tá na suimeanna sin comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid agus luach na n-aistrithe réadmhaoine.

	Tairgthe €milliún	Réadaithe €milliún
Comhaontú slánaíochta 2002	128.00	124.94
Tairiscintí deonacha 2009	352.61 [a]	117.23 [b]
Iomlán	**480.61**	**242.17**

Nóta [a] Is é €352.61 milliún an luacháil a cheap na cuallachtaí.

[b] Tá aistriú na 16 réadmhaoin sin tugtha chun críche anois ach tá luachálacha le fáil fós i gcás amháin.

An tsuim iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha

Fuarthas an t-airgead ar fad a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta 2002, arbh fhiú €65 mhilliún é. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2021, fuarthas ranníocaíochtaí airgid deonacha a tairgeadh in 2009 nó i mblianta ina dhiaidh sin, ar fiú €111.48 milliún iad. Áiríodh leis sin an chéad tráthchuid de ranníocaíocht airgid bhreise de €1 mhilliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear in Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíocht bhreise freisin, a eascróidh as diúscairt réadmhaoine áirithe nár glacadh léi lena haistriú chuig an Stát, ach níl na suimeanna atá i gceist ar eolas go fóill. Ranníocaíochtaí deonacha airgid is ea iad seo, ní miste a rá.

Tá 16 réadmhaoin a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis an dá réadmhaoin eile. Is gá obair eile a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar thairiscint Chuallacht na mBráithre Críostaí. Tá faichí imeartha ar áireamh sa tairiscint sin.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán 2009 na dtairiscintí deonacha de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoine a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé sin de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile chun críche.

Ceangaltais iomlána sa todhchaí

Meastar go ndúnfar an Bord um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú sa chéad tréimhse eile. Meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scrios tráth scor na gcomhlachtaí. Mar sin féin, chinn an Rialtas dá éis go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh, ní féidir na comhlachtaí um Shásamh a scor go dtí go réiteofar staid dheireanach na dtaifead sin. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, rud a bheadh freagrach as taifid a bhaineann le drochúsáid ag forais, lena n-áirítear taifid an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh. Dá bhrí sin, tá dúnadh na gcomhlachtaí ag brath anois ar dhul chun cinn an chuir chuige uile-rialtais sin.

Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012

Foráiltear in alt 43 d'Acht 2012, maidir le ranníocaíochtaí ó chuallachtaí is mó ná an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in alt 29 den Acht, go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid le haghaidh cuspóirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta péidiatraice. In 2021, taisceadh ranníocaíocht bhreise de €500,000 sa chuntas speisialta, rud a thug an t-iomlán a bhí taiscthe sa chuntas go €1.479 milliún.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

6.2 (A) Íocaíochtaí/costais a tabhaíodh sa bhliain

	Éilimh		Iomlán	Iomlán
	Ó fhostaithe	ó dhaoine den phobal	2021	2020
Líon na gcásanna				
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	43	809	852	1,020
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	60	4,849	4,909	1,094
Costais dlí	17	878	895	716
Costais eile	—	265	265	63
Iomlán	**120**	**6,801**	**6,921**	**2,893**

Nóta a Ag an 31 Nollaig 2021, bhí ina héilimh seo a leanas fós gan íoc:

- Pearsanta 88
- Eile 2

6.2 (B) Costais charnacha na gcásanna críochnaithe in 2021

	Éilimh		Iomlán
	Ó fhostaithe	ó dhaoine den phobal	2021
Líon na gcásanna	5	78	83
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	43	818	861
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	71	3,934	4,005
Costais dlí	18	167	185
Costais eile	—	308	308
Iomlán	**132**	**5,227**	**5,359**

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2021	2020
		€000	€000
Calaois	—	—	12
Calaois amhrasta/mírialtachtaí	4	87	—
		87	**12**

Sa tréimhse idir síniú Chuntais Leithreasa 2020 agus an 31 Márta 2022, cuireadh an Roinn ar an eolas maidir le ceithre chás calaoise amhrasta/mírialtachta. Dúnadh ceann de na cásanna sin. Tá na trí chás eile ar oscailt fós agus níor sainaithníodh aon luach fós i gcás amháin.

6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas in 2021 íocaíochtaí de €2,935,491 (2020: €4,599,005) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a tháinig as imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a chlúdach. Bhí 12 chás ann in 2021 (2020: 14 chás). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlí agus gairmiúla.

Athshonraíodh figiúirí 2020 chun táillí moltóra nár tuairiscíodh i gCuntas Leithreasa 2020 a chur ar áireamh.

6.5 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2021 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair mionsonraithe sa tábla thíos:

Catagóir maoinithe AE	2021	2020
	€000	€000
B2.3 Tionscadail oideachais CE	370	471
B2.3 Aisíocaíocht ilghnéitheach Chlár PEACE IV	1,108	257
	1,478	**728**

Tionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh

Áiríodh le fáltais in 2021 faoi thionscadail oideachais an Choimisiúin Eorpaigh íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costas riaracháin a tabhaíodh chun riar ar an Lárionad don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, agus gníomhaíochtaí a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eolais Euydice de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Aisíocaíocht Chlár PEACE IV

Bhain fáltais a fuarthas in 2021 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV, a oibríonn ar bhonn forchúitimh 80% ón gCoimisiún. Íocann Éire 21% de chostais fhoriomlána an chláir, agus íocann Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an chuid eile.

6.6 Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

I dteannta an deontais ón Vóta, ba é seo a leanas cúnamh díreach AE s tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2021:

An comhlacht faoina coimirce	2021 €000	2020 €000
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)	—	43
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	31	—
	31	**43**

An comhlacht faoina coimirce	Cuspóir an chistithe
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	Tionscadail Ionad Euroguidance

6.7 Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

	2021 €000	2020 €000
Ró-íocaíochtaí párolla	15	15
Deontas tuarastail scoile	9	—
Cuntas fionraí rothaíocht chun na hoibre	1	—
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	—	1,190
	25	**1,205**

6.8 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2021 €000	2020 €000
Glan-ús iomlán a íocadh	**15**	**6**

6.9 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais de €2.421 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta atá faoi mhaoirseacht an Rialálaí Carthanas ag deireadh 2021 (2020: €2.083 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na n-iontaobhas oideachais seo i gcónaí.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Oideachais

Tugtar sa tábla seo a leanas liosta de na forais atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste Roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanacha a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)				
An Cabhán agus Muineachán	2020	M.F. 2021.	D. F.2021	Samh 2021
Cathair Bhaile Átha Cliath	2020	Noll 2021	Noll 2021	Fea 2022
Corcaigh	2019	M.F. 2020	DF. 2020	Noll 2020
Dún na nGall	2020	M.F. 2021	M.F. 2021	Samh 2021
Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire	2020	Noll 2021	Ean 2022	Már 2022
Gaillimh agus Ros Comáin	2020	Ean 2022	Ean 2022	Már 2022
Ciarraí	2019	Noll 2020	Ean 2021	Fea 2021
Cill Dara agus Cill Mhantáin	2020	Noll 2021	Ean 2022	Már 2022
Cill Chainnigh agus Ceatharlach	2020	Ean 2022	Fea 2022	A leagan
Laois agus Uíbh Fhailí	2020	Noll 2021	Noll 2021	Fea 2022
Luimneach agus an Clár	2020	Noll 2020	Ean 2021	Már 2021
An Longfort agus an Iarmhí	2020	M.F. 2021	M.F. 2021	Samh 2021
Lú agus an Mhí	2019	Samh 2020	Samh 2020	Ean 2021
Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim	2019	Noll 2020	Ean 2021	Fea 2021
Tiobraid Árann	2020	Noll 2021	Ean 2022	Már 2022
Port Láirge agus Loch Garman	2020	M.F. 2021	D. F. 2021	Samh 2021
Comhlachtaí faoina coimirce				
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)	2020	Meith 2021	Meith 2021	Iúil 2021
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	2020	Noll 2021	Noll 2021	Noll 2021

Coimisiún na Scrúduithe Stáit	2020	Samh 2021	Noll 2021	Ean 2022
An Chomhairle Mhúinteoireachta	2020	Iúil 2021	Iúil 2021	Le cur faoi bhráid
An Foras Taighde ar Oideachas	2020	Meith 2021	Iúil 2021	M.F. 2021
Caranua	2020	Már 2021	Már 2021	Iúil 2021
Cuntas Speisialta Sásaimh	2020	Lún 2021	Lún 2021	M.F. 2021

Aguisín B Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
Fo-mhírcheann A.15		**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
1	Meánscoil Foghlaim le Chéile Páirc Hans, Baile Átha Cliath 15	17,370	—	187	17,557	17,557
2	Gaelscoil na nDéise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge	15,213	—	26	15,239	15,222
3	Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16 [a]	16,326	—	342	16,668	16,617
4	Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	13,653	—	166	13,819	13,756
5	Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin	12,855	—	391	13,246	13,195
6	Bunscoil Naomh Eoin, Rath Maoláin	12,861	250	1,295	14,406	14,355
7	Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	14,773	—	227	15,000	14,936
8	Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	22,835	—	1,226	24,061	24,061
9	Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15	19,984	—	218	20,202	20,138
10	Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise	16,326	21	734	17,081	16,998
11	Scoil Chuimsitheach Newpark, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	14,106	—	481	14,587	14,536
12	Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	14,542	—	222	14,764	14,713
13	Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach	12,503	—	205	12,708	12,708
14	Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman	10,932	—	497	11,429	11,243

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
		€000	€000	€000	€000	€000
15	Scoil Náisiúnta Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman	11,065	—	409	11,474	11,474
16	Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath	13,475	67	3,164	16,706	16,639
17	Coláiste Chluain Caoin, Co. Bhaile Átha Cliath	12,867	—	76	12,943	12,892
18	Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí	11,943	255	19	12,217	11,918
19	Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman	15,705	14	186	15,905	15,840
20	Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin	12,338	8	260	12,606	12,450
21	Scoil Phobail, An Clochán, Co. na Gaillimhe	10,349	111	40	10,500	10,450
22	Scoil Naofa Oilibhear Pluincéid, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath	16,585	961	1,128	18,674	17,356
23	Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20	16,985	2,910	—	19,895	19,479
24	Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	21,358	270	19	21,647	21,469
25	Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach	16,686	102	467	17,255	17,183
26	Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	20,598	—	214	20,812	20,748
27	Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara	46,993	5,009	1,061	53,063	51,702
28	Gaelscoil Theach Giuise, Tamhlacht, BÁC 24	11,809	—	22	11,831	11,831

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
		€000	€000	€000	€000	€000
29	Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara	6,781	2,825	2,532	12,138	10,967
30	Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15	12,272	52	258	12,582	12,501
31	Coláiste Thulach Mhór, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí	11,426	10	105	11,541	11,541
32	Scoil Speisialta an Teaghlaigh Naofa, Muinchille, Co. An Chabháin	11,407	3,740	1,007	16,154	15,835
33	Bunscoil CBS, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir	11,357	189	134	11,680	11,625
34	Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile an Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24	14,324	270	15	14,609	14,558
35	Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe	15,078	271	61	15,410	15,277
36	Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	22,440	860	362	23,662	22,948
37	Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha	16,529	750	485	17,764	16,615
38	Coláiste Dháibhís, Mala, Co. Chorcaí	11,976	462	322	12,760	12,670
39	Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	20,147	939	405	21,491	20,135
40	Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise	9,951	—	157	10,108	10,058
41	Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath	11,032	—	107	11,139	11,088

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
		€000	€000	€000	€000	€000
42	Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Dúglas Thiar, Co. Chorcaí	14,426	253	338	15,017	14,895
43	Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. L. G.	14,846	3,021	524	18,391	16,646
44	Pobalcholáiste Chloch na Coillte, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí	11,234	669	112	12,015	11,821
45	Scoil Náisiúnta Oideachas Le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile an Tírialaigh, Baile Átha Cliath 15	10,822	74	147	11,043	11,016
46	Iar-bhunscoil Shord, Sord, Co. B.A.C.	26,713	279	657	27,649	27,540
47	Pobalcholáiste Nás, Nás, Co. Chill Dara	9,364	11,474	3,597	24,435	24,223
48	Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin	23,613	875	410	24,898	24,692
49	Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9	12,116	335	178	12,629	12,462
50	Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	21,992	16,745	882	39,619	38,042
51	Scoil Náisiúnta Naomh Pól, An Uaimh, Co. na Mí	8,174	4,953	81	13,208	12,286
52	Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara	899	4,780	6,872	12,551	11,913
53	Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara	977	5,231	10,282	16,490	15,325
54	Scoil Náisiúnta Phádraig, An Chorr Dhubh, BÁC 15	1,790	3,701	12,581	18,072	17,876

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
		€000	€000	€000	€000	€000
55	Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara	2,443	7,913	12,791	23,147	22,321
56	Meánscoil an Teaghlaigh Ró-Naofa Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin	1,132	6,463	8,479	16,074	15,809
57	Meánscoil Mhuire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	1,233	7,217	6,535	14,985	14,807
58	Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí	16,586	791	316	17,693	17,490
59	Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí	9,407	1,454	183	11,044	10,623
60	Pobalcholáiste Naomh Conleth, An Droichead Nua, Co. Chill Dara	10,864	5	124	10,993	10,988
61	Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, BÁC 7	1,157	6,556	8,510	16,223	15,436
62	Ag Foghlaim le Chéile, Páirc na Silíní, An Naigín, Baile Átha Cliath 18 [a, b]	17	2,903	12,395	15,315	—
63	Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór [a, b]	763	3,403	13,656	17,822	—
64	Ag Foghlaim le Chéile, Meánscoile Mhullach Íde agus Phort Mearnóg, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b]	472	6,849	9,740	17,061	—
65	Coláiste Éamonn Rís, Baile an Chairpintéaraigh/Caisleán Cnucha, BÁC 15 [a, b]	174	7,586	20,276	28,036	—
66	Meán Scoil an Chlochair, Cill Bheagáin [a, b]	673	1,033	20,247	21,953	—
67	Scoil Mhuire gan Smál, An Bhlarna [a, b]	1,139	6,237	21,322	28,698	—

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
		€000	€000	€000	€000	€000
68	Ag Foghlaim le Chéile Dhúglas/ Bhaile an Róistigh (Cnoc Carr) [a, b]	340	4,128	14,919	19,387	—
69	Ag Foghlaim Chéile, Baile an tSaoir, BÁC 16 [a, b]	289	4,115	14,880	19,284	—
70	Ag Foghlaim le Chéile, Baile an Pheiléid, BÁC 15 [a, b]	600	3,194	9,300	13,094	—
71	Pobalscoil Inis Díomain, Co. an Chláir [a, b]	1,443	3,518	25,638	30,599	—
72	Gaelscoil Cnoc Liamha, Cnoc Lín, BÁC 16 [a, b]	128	3,095	8,722	11,945	—
73	Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig, Claonadh, Co. Chill Dara [a, b]	466	194	12,693	13,353	—
74	Scoil Mhuire, Domhnach Broc, BÁC 4 [a, b]	845	4,423	6,556	11,824	—
75	Scoil Mhichil Naofa, Áth Í, Co. Chill Dara [a, b]	302	207	12,830	13,339	—
76	Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí, Co Chiarraí [a, b]	922	5,069	11,497	17,488	—
77	Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach [a, b]	1,158	500	21,342	23,000	—
78	Scoil an Athar Tadhg, Contae Chorcaí Thoir [a, b]	437	337	9,370	10,144	
79	Scoil Speisialta na nAingeal Beag, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall [a, b]	534	89	15,793	16,416	—
	Iomlán [f]	**838,245**	**160,015**	**354,007**	**1,352,267**	**1,003,495**

Nóta [a] Rinneadh gealltanais chonarthacha maidir le tionscadail in 2021 i gcás ocht scoil déag nua.

[b] Athshonraíodh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an caiteachas iomlán ionchasach caiteachas thar shaolré an tionscadail do 2020 go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tionscadail scoile nua atá geallta de réir conartha in 2021 ina bhfuil caiteachas roimh 2021 curtha ar áireamh anois
- tionscadal a baineadh de réir mar a tugadh chun críche iad, nó tá costas iomlán an tionscadail faoi bhun na tairsí €10m anois nó tá an ceangaltas gan íoc faoi bhun €10,000.

Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15

Tugtar míniú thíos i gcás inar tháinig méadú/laghdú is mó ná €500,000 ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021 ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta.

22 Scoil Naofa Oilibhear Pluincéid, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.318 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i leith iarrataí arna maoiniú ag an mBord Bainistíochta, ithir éillithe, astú aeir, barrithir, réamhshamhlacha agus árachas breise, athruithe meicniúla, tógáil cloiche bhreise suas go dtí an chúirt liathróide agus an carrchlós, píobáin uisce báistí bhreise agus duchtú breise agus oibreacha riachtanacha eile ar dhoirse, ráillí cosanta breise agus painéil ghréine suiteáilte.

27 Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.362 milliún

Bhain an méadú ar cheangaltais go príomha le hathsheicheamhú an chláir oibreacha do thionscadal campas na scoile, a raibh tionchar ag moilleanna a bhain le paindéim Covid-19. Bhí sé sin riachtanach chun a chinntiú go raibh ceann de na scoileanna ar an gcampas in ann an suíomh a oscailt i mí Mheán Fómhair 2021, chun freastal ar riachtanais phráinneacha rollaithe na scoileanna. Tabhaíodh táillí foirne deartha breise a bhain leis an gceist sin freisin.

29 Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.171 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe mar chuid den chonradh oibreacha cumasúcháin chun an foirgneamh a dhéanamh aimsirdhíonach tar éis deireadh a bheith tagtha le hoibleagáid an chonraitheora roimhe na hoibreacha a chríochnú. Deisiúcháin ar dhíon sealadach na scoile, gloiniú a bhfuil damáiste déanta dó ag an aimsir, scafall a athsholáthar, coincréit dhaite ó aimsir a ghlanadh, etc., chun deimhniú a bhaint amach roimh thairiscintí le haghaidh conradh oibreacha críochnaithe.

36 Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €715,000

Bhain an méadú ar cheangaltais le suiteáil cosán sealadach chun sábháilteacht a chinntiú do dhaltaí ar oscailt na scoile agus iad ag fanacht le droichead coise ó Chomhairle Contae na Gaillimhe

agus folaíonn sé freisin slándáil, fálú, athruithe ar leagan amach an tseomra agus táillí foirne deartha breise.

37 Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.149 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i ndáil le feistis bhreise ar fhuinneoga, cóiríocht shealadach a choinneáil, fostruchtúr a atomhas, deighiltí stoda agus síleálacha plástarchlár, athrú ar shuíomh an lasc-sheomra, tairr sheachtrach, athruithe ar aláram dóiteáin agus riachtanais bhreise stad dóiteáin, athruithe agus fórsa oibre breise ag teastáil le linn chéim 1, oibreacha riachtanacha ar an gcóras draenála agus uisce bhréin, athruithe ilghnéitheacha eile a mheastar a bheith riachtanach agus Céatadán don Ealaín agus d'fhóntais.

39 Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.356 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais maidir leis an tionscadal seo go príomha mar gheall ar orduithe athraithe a bhain le saincheisteanna breise maidir le coinníollacha talún agus costais mhoille a bhain leo sin.

43 Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.745 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir le sábháilteacht dóiteáin, bracadh cruach breise, soláthairtí breise leictreachais mar a theastaíonn i scoil speisialta, athruithe ar uisce bréan agus príomhlíonra, caidéil treiseora agus éileamh ar Shíneadh Ama.

50 Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.577 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir leis an ngá gan choinne le hamhábhair bhreise a sholáthar don tionscadal, cruach go príomha, chun saincheisteanna a bhaineann le dearadh an tionscadail a réiteach.

51 Scoil Náisiúnta Naomh Pól, An Uaimh, Co. na Mí

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €922,000

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe i ndáil le dálaí talún gan choinne, pointí luchtaithe carranna agus obair duchtaireachta don leathanbhanda agus Céatadán don Ealaín agus d'fhóntais.

52 Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €637,000

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe do bhearta breise chun tógáil shábháilte a chinntiú le linn éigeandáil Covid-19, oibreacha breise leictreacha agus meicniúla lena n-áirítear pointí sonraí, cáblaí agus luchtairí feithiclí leictreacha, tochailt agus baint ithir éillithe, trinseáil do BSL.

53 Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, an Droichead Nua, Co. Chill Dara

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €1.165 milliún

Tharla an méadú ar cheangaltais go príomha mar gheall ar orduithe athraithe maidir le bearta breise chun tógáil shábháilte a chinntiú le linn éigeandáil Covid-19, suiteáil cóiríochta breise do bhunáit SNU le linn na tógála, gineadóir chuig cóiríocht shealadach roimh ré nó nasc BSL, bailchríocha breise ar bhallaí inmheánacha mar chuid den athchóiriú, cáblaí sonraí chuig cóiríocht shealadach.

55 Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eibhín, Co. Chill Dara

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €827,000

Costais fóntais a próiseáladh in 2021 ba chúis leis an méadú ar cheangaltais go príomha. Baineann formhór na gcostas breise sin go díreach le táillí ceangail ó Uisce Éireann le haghaidh oibreacha chun cóiríocht na scoile a nascadh leis an bpríomhlíonra uisce.

61 Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, Baile Átha Cliath 7

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €787,000

Ba é ba chúis leis an méadú ar cheangaltais go príomha ná méaduithe ar chostais a d'eascair as cur i bhfeidhm an chreata um chomhar Covid-19 i gcomhréir le treoir an Rialtais, chomh maith le méadú ar tháillí foirne dearaidh a bhain le hathruithe éagsúla ar raon feidhme bunaidh na seirbhíse don fhoireann dearaidh.

Aguisín C Nóta Faisnéise ar Thionscadail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

Ag deireadh 2021, bhí sé chonradh ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil, faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ná socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le soláthar a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthar a sholáthrófaí iad, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirear Aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad Mhuirear Aonadach iníoctha a luaithe atá an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí san oideachas a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil (DBFM).

Tá sé thionscadal scoile ann - Treoirscoileanna, agus Beartáin Scoile 1, 2, 3, 4 agus 5. Tá soláthar do thréimhse oibríochtúil 25 bliana i gceist i ngach ceann de na sé chonradh. Beidh na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit ar feadh ré an chonartha, agus deonófar ceadúnas don Chuideachta Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) chun na saoráidí a thógáil agus a chothabháil ar feadh tréimhse 25 bliana.

Cúig Threoirscoil CPP

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith Cúig Threoirscoil CPP a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

An Chéad Bheartán Scoileanna CPP

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil sin ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

An Dara Beartán Scoileanna CPP

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Iúil agus Deireadh Fómhair 2011.

An Tríú Beartán Scoileanna CPP

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún Bleisce, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil sin ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite ar an Tulach, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh an conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa chúigiú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus Coláiste Breisoideachais amháin); i gCeanannas, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus i Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019 agus bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an institiúid breisoideachais i gCeatharlach tús seirbhíse amach in Iúil agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

Aguisín D Maoiniú díreach ó Vóta 26 do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (de réir fo-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an maoiniú díreach a tugadh do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (Boird) i rith 2021 de réir fo-mhírchinn, agus suimeanna comparáideacha do 2020 tugtha.

		2021 Suim an mhaoinithe don Bhord €000	2020 Suim an mhaoinithe don Bhord €000
Clár A - Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta			
A.3	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí	243	25
A.5	Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail múinteoirí na mBord	667,343	628,141
A.6	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	49,318	45,227
A.7	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a áireamh)	75,406	82,434
A.9	Seirbhísí iompair scoile	1,323	610
A.10	Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí eile oideachais	102,357	101,873
A.11	Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	367	380
A.12	Oideachas múinteoirí	1,933	2,079
A.14	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	16,622	18,602
A.15	Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna	164,477	169,022
A.16	Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	18	12
Móriomlán na ndeontas a íocadh le Boird Oideachais agus Oiliúna		**1,079,407**	**1,048,405**

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith, agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €2.752 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha tréimhsiúla, agus rinneadh breiseanna agus feabhsuithe ina dhiaidh sin ar thalamh agus ar fhoirgnimh a iompar ar a gcostas.

Is é an modh athluachála a úsáidtear ná an luach margaidh reatha bunaithe ar dhálaí áitiúla margaidh.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críche an chuntais seo.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta malairte eachtraí

Aistrítear na hidirbhearta sin a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ar leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear idirbhearta a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag ráta malairte an mhargaidh a bhí i bhfeidhm i dtús na míosa sin.

Aisíocaíochtaí deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste um chomhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím go bhfuil de fhreagracht orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí

- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, rud a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

De bharr phaindéim leanúnach Covid-19, lean foireann an Aonaid Meastóireachta agus Iniúchóireachta uirthi ag obair ó chian i rith na bliana. Glacadh an comhthéacs sin san áireamh i bplean oibre an Aonaid don bhliain; cheadaigh an Bord Bainistíochta é (agus chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta é) agus cuireadh chun feidhme é de réir mar a bhí beartaithe. Cuireadh béim níos mó fós ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás conradh amháin (2020: nialas), arb ionann a luach agus €80,000 (2020: €nialas). Bronnadh an conradh sin roimhe sin faoi phróiseas iomaíoch ach leathnaíodh é de bharr phaindéim leanúnach Covid-19. Cuirfear próiseas iomaíoch i gcrích in 2022.

Tá mionsonraí tugtha ag an Roinn faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Comhlíonadh cánach na misean

Is é beartas na Roinne cloí le hoibleagáidí áitiúla cánach agus árachais shóisialta na n-áiteanna ina bhfuil misin lonnaithe. Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna agus an Rannóg Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithnithe deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna tráthrialta misin. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíonadh cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misin i bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Chomh maith leis sin, áiríonn an Roinn oiliúint i rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear.

Ina theannta sin, déanann cuntasóirí cuícháilithe agus iniúchóirí inmheánacha sna misin athbhreithniú ar an gcomhlíonadh sin.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha ó nádúr agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar atá leagtha amach thuas, agus cuireann rialuithe breise i dtíortha comhpháirtíochta mar atá leagtha amach thíos leo.

Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm i dtíortha comhpháirtíochta chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an Ambasadóir tá Ceann Forbartha, atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach ambasáid.
- Chomh maith leis an Ambasadóir agus an Ceann Forbartha, cuimsítear speisialtóirí forbartha agus bainisteoirí/comhairleoirí cláir atá cuícháilithe agus a bhfuil taithí acu ar struchtúr bainistíochta na hambasáide.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála beacht ann do gach clár tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis misin a chuimsíonn leasanna polaitíochta, trádála agus forbartha na hÉireann i ngach cás. Is féidir le straitéisí misin a bheith i bhfeidhm ar feadh suas le cúig bliana, a shocraítear chun oiriúint do dhálaí áitiúla. Déantar gach straitéis misin a mheas ina thús trí phróiseas neamhspleách dearbhaithe cáilíochta sheachtraigh (EQA) sula gceadaítear í; tá gach straitéis misin faoi réir próiseas athbhreithnithe lár téarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le cuspóirí agus spriocanna; agus déantar gach straitéis misin a mheas trí athbhreithniú neamhspleách deiridh roimh an gcéad timthriall straitéise eile.
- Tá próisis bhliantúla láidre phleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú maidir le cur chun feidhme plean gnó agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhairle leis an gceannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus, nuair is gá, déantar iad a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí suntasacha misin don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord Bainistíochta, ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, atá faoi cheannas ag ceann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn don Ambasadóir agus don Rannóg Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar mionsonraithe nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach go mion na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.
- Tá iniúchóirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, a thuairiscíonn go díreach don Ambasadóir, agus tugtar faoina gcuid oibre iniúchóireachta inmheánaí mar chuid de straitéis fhoriomlán iniúchóireachta inmheánaí/plean gnó foriomlán iniúchóireachta inmheánaí na Roinne atá faoi bhainistiú ag Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, maoiniú iltaobhach agus maoiniú sochaí sibhialta), tá sásraí láidre pleanála gnó i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad foriomlán a bheith á cheadú ag an gCoiste Idir-rannach um Chúnamh Forbartha, monatóireacht ar chaiteachas a bheith á dhéanamh ag an nGrúpa Ardbhainistíochta ar bhonn míosúil agus nósanna imeachta láidre bainistíochta deontais roimh an íocaíocht a dhéanamh agus ina diaidh.

Leagtar béim leanúnach ar a chinntiú go bhfuil córas láidir bainistíochta riosca i bhfeidhm ar fud an chláir cúnaimh, lena n-áirítear rialuithe chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le hathruithe sa phróifíl riosca bhraite i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomhaíocht chuí a dhéanamh a luaithe is féidir.

Úsáidtear an gnáthchur chuige maidir le bainistíocht deontas chun na deontais ar fad a bhronnadh, agus ba cheart go gcinnteodh sé sin comhsheasmhacht maidir le cur chuige i leith bainistíocht deontas ar fud an chláir.

Táim tiomanta dá chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras sainaitheanta agus bainistíochta riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Ceangaltais deontais

Tá an Roinn i mbun próiseas chun córas bainistíochta deontais a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm leis gach ceangaltas deontais a rianú agus faisnéis suas chun dáta a chur ar fáil maidir le spriocanna na Roinne i ndáil le ceangaltais chonartha den sórt sin. Nuair nach bhfuil córas den chineál sin ann, ní fhéadfaí an nochtadh mionsonraithe atá á lorg sna cuntais leithreasa i ndáil le ceangaltais deontais a mheas. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí gan íoc ag an 31 Nollaig 2021 curtha ar fáil i Nóta 2.6, áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíocht riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialála Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Ó thús ghéarchéim Covid-19 in 2020 i leith, táim ag déanamh monatóireacht ghéar ar na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim agus a imríonn tionchar ar oibriú na Roinne in Éirinn agus inár misin thar lear. Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta oibriúcháin in 2020 in éineacht leis an mBord Bainistíochta agus leis an nGrúpa Ardbhainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus cuireadh nósanna imeachta in oiriúint do shocruithe cianoibre. Bhí feidhm leis na nósanna imeachta leasaithe sin fós le linn 2021 de réir mar a coinníodh na socruithe cianoibre ar fud 2021. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó ann anois de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus ar dheontais áirithe a soláthraíonn páirtithe forbartha na Roinne iad. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin bearta riachtanacha a bhunú chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar, agus sláinte agus folláine na foirne á gcosaint, agus á chinntiú go gcomhlíonfar srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Joe Hackett
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Comhar Idirnáisiúnta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocrais	571,014	568,273	547,719
Ollchaiteachas		**571,014**	**568,273**	**547,719**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,030**	**1,041**	**1,046**
Glanchaiteachas		**569,984**	**567,232**	**546,673**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**2,752,117**	**3,029,239**

Joe Hackett
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		533,249	515,804
Pá		20,861	18,968
Neamhphá		14,163	12,947
Ollchaiteachas		**568,273**	**547,719**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,041**	**1,046**
Glanchaiteachas		**567,232**	**546,673**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(754)		
Dímheas	372		
Diúscairtí airgid thirim	25		
Brabús ar dhiúscairt	(25)	(382)	199
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(88)		
Méadú ar stoc	(8)	(96)	(39)
Caiteachas díreach		**566,754**	**546,833**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		28	27
Glanchostas an chláir		**566,782**	**546,860**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlansuim caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	**28**	**27**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	13,087	11,623
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	10,091	6,826
Stoic		37	29
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,917	1,652
Iarmhéideanna dochair eile		356	205
Iomlán na sócmhainní reatha		**12,401**	**8,712**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		302	125
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	762	401
Ciste (deontas) um chúnamh déthaobhach agus cúnamh eile	7	8,061	8,905
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	1,624	(2,275)
Iomlán na ndliteanas reatha		**10,749**	**7,156**
Glansócmhainní reatha		1,652	1,556
Glansócmhainní		**14,739**	**13,179**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**14,739**	**13,179**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh	Troscán agus feistis	Feithiclí	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	10,487	2,338	847	3,382	159	17,213
Aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt	122	—	—	—	(122)	—
Breiseanna	—	16	—	35	703	754
Diúscairtí	—	(31)	(30)	(185)	—	(246)
Coigeartú athluachála [a]	1,082	—	—	—	—	1,082
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	11,691	2,323	817	3,232	740	18,803
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	1,967	764	2,859	—	5,590
Dímheas don bhliain	—	139	13	220	—	372
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(31)	(30)	(185)	—	(246)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	2,075	747	2,894	—	5,716
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**11,691**	**248**	**70**	**338**	**740**	**13,087**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	10,487	371	83	523	159	11,623

Nóta [a] Le linn na bliana, rinneadh ocht réadmhaoin ar leis an Roinn iad a athluacháil, a raibh glanmhéadú ar na luachanna tugtha anonn mar thoradh air.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	7,615	4,509
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	317	158
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,159	2,159
	10,091	**6,826**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Cíosanna misin	1,312	1,234
Eile	605	418
	1,917	**1,652**

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	149	132
Cáin bhreisluacha	19	26
	168	**158**
Iarmhéideanna creidmheasa eile	594	243
	762	**401**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	2,752	3,029
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,128)	(5,304)
Glanmhaoiniú Státchiste	**1,624**	**(2,275)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	10,091	6,826
Iarmhéideanna dochair eile	356	205
	10,447	7,031
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(168)	(158)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(594)	(243)
Cuntas (deontas) um chiste déthaobhach agus cúnamh eile	(8,061)	(8,905)
	(8,823)	(9,306)
	1,624	**(2,275)**

2.6 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			13,179	13,336
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	569,984		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	2,752		
Glanvóta			567,232	546,673
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1		28	27
Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil	2.1		1,082	3
Glanchostas an chláir	1		(566,782)	(546,860)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**14,739**	**13,179**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais chíosa [a]	8,964	6,054
Cláir deontas neamhchaipitil	246,103	366,971
Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí	**255,067**	**373,025**

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh ag réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.312 milliún (2020: €1.234 milliún) - Nóta 2.3. Léirítear sna ceangaltais léasa ag an 31 Nollaig 2021 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	21,767	20,861	18,968
ii	Taisteal agus cothú	2,130	982	771
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,240	1,532	1,475
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,810	1,651	1,362
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,515	1,200	1,959
vi	Costais áitribh oifige	6,325	6,321	4,943
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	500	277	395
viii	Tacaí promóisin agus tacaí postuithe	2,350	2,200	2,042
		38,637	**35,024**	**31,915**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.13 milliún; toradh €982,000

Bhain an gannchaitheamh €1.148 milliún ar chaiteachas taistil agus cothaithe le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil leanúnacha Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €2.24 milliún; toradh €1.532 milliún

Bhain an gannchaitheamh €708,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht oibriúcháin ar fud na ceanncheathrún agus misean mar thoradh ar shrianta oibriúcháin leanúnacha de bharr phaindéim Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €277,000

Bhí gannchaitheamh €223,000 ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe i gceist mar gheall ar laghdú ar an éileamh ar na hathbhreithnithe sin a d'eascair as na srianta oibriúcháin a tugadh isteach de dheasca phaindéim Covid- 19.

Clár A Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocrais

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	21,767	20,861	18,968
A.2	Riarachán - neamhphá	16,870	14,163	12,947
A.3	Comhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil	445,668	444,668	414,013
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leas na dtíortha i mbéal forbartha	45,509	45,507	57,137
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile	41,200	43,074	44,654
		571,014	**568,273**	**547,719**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasaí-i-gcabhair	450	465	537
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	576	509
	Iomlán	**1,030**	**1,041**	**1,046**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**597**	**570**

5.2 Pá

	2021	2020
	€000	€000
Pá	18,613	17,096
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	51	21
Liúntais eile	233	46
Ragobair	23	24
ÁSPC an Fhostóra	1,412	1,296
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	529	485
Pá iomlán [a]	**20,861**	**18,968**

Nóta [a] Ina theannta sin, tabhaítear costais foirne do bhaill foirne arna bhfostú ag misin a chuireann slándáil ar fáil agus atá páirteach chun an clár a sholáthar. Déantar na costais sin a mhuirearú ar chostais slándála mar chostais neamhphá riaracháin agus mar chostais chláir, de réir mar is cuí.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	6	2	20,663	10,546
Liúntais eile	74	—	9,293	8,407
Ragobair	11	—	9,139	8,730
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	4	4	20,663	13,582

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach atá ar scor (2020: seisear) agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €10,512 (2020: €18,388).

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	5	18,122	21,860
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	2	6,280	17,048

Níor aistríodh aon phlean aisghabhála ró-íocaíochta chuig comhlachtaí eile rialtais sa bhliain.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Ní ghearrtar tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta chuig an Vóta, ach gearrtar chuig Vóta 28 - Gnóthaí Eachtracha é.

Nóta 6 - Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

Is é seo a leanas miondealú ar íocaíochtaí faoi chlár A.5. Féadfar íocaíochtaí breise a dhéanamh leis na comhlachtaí comhpháirtithe a liostaítear ó fhotheideal A.3.

	2021 €000	2020 €000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	7,750	7,750
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	8,200	8,200
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)	10,500	9,000
Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe	3,500	3,500
Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	2,130	2,000
UNAIDS	3,400	2,400
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	2,000	1,500
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	1,050	1,100
Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	424	345
Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNWRA) [a]	—	6,000
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána	2,000	750
Ciste Iontaobhais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)	250	100
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,100	1,100
Eile - éagsúil	770	909
	43,074	**44,654**

Nóta [a] Maoiníodh íocaíochtaí €9 milliún in 2021 (2020: €6 mhilliún ó Fhotheideal A.5 agus €2 mhilliún ó fhotheideal A.3) le UNWRA ó Fhotheideal A.3 - Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil, de bharr chineál daonnúil na tacaíochta sin do dhídeanaithe Palaistíneacha.

Nóta 7 Cuntas (deontas) um chomhar déthaobhach agus comhair eile

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	8,905	5,388
Deontas	444,668	414,013
Suimeanna a aisghabhadh sa bhliain	856	623
Caiteachas don bhliain	(446,395)	(412,562)
Gluaiseacht in iarmhéideanna bainc arna sealbhú ag misin	27	1,443
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**8,061**	**8,905**

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 28

Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €21.579 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha tréimhsiúla, agus breiseanna le talamh agus foirgnimh agus feabhsuithe ar thalamh agus foirgnimh ina dhiaidh sin á n-iompar de réir costais.

Is é an modh athluachála a úsáidtear an luach margaidh reatha bunaithe ar chúinsí an mhargaidh áitiúil.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críocha an chuntais seo.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta malairte eachtraí

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta malairte eachtraí a dhéanann an cheanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an t-idirbheart.

Speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais ag misin taidhleoireachta

Ní áirítear le speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí ná ceangaltais aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm. Áirítear ann na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- déantar dualgais a dheighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun gníomh leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

De bharr phaindéim Covid-19, lean foireann an Aonaid Iniúchóireachta agus Meastóireachta uirthi ag obair ó chian i rith na bliana. Cuireadh an comhthéacs sin san áireamh i bplean oibre an Aonaid don bhliain, rud ar cheadaigh an Bord Bainistíochta é (agus ar chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta é) agus ar cuireadh i bhfeidhm é de réir mar a bhí beartaithe. Cuireadh arís eile sa phlean béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás seacht gconradh (2020: naoi gcinn) (sa bhreis ar €25,000 gan CBL san áireamh), a raibh luach iomlán €1,326,926 orthu (2020: €1,016,608)

- Cuireadh síneadh le conradh glantacháin tráchtála ar feadh tréimhse níos faide ná dáta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch le linn don Oifig um Sholáthar Rialtais socruithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm (€614,736). Tugadh próiseas tairisceana de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais do na conarthaí sin chun críche i mí na Nollag 2021 agus tá gach ceann de na trí chonradh iomaíoch agus comhlíontach anois.
- Dámhadh dhá chonradh roimhe sin faoi phróiseas tairisceana iomaíoch ach fadaíodh iad de bharr ráig Covid-19 (€432,147). Lorgófar tairiscintí i leith na gconarthaí sin le linn na bliana 2022.
- Fuarthas conradh amháin de bharr ráig Covid-19 agus chun leanúint le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil le linn chéimeanna éagsúla na paindéime (€254,122).
- Bhí conradh amháin ann a dámhadh roimhe sin do sheirbhísí fón póca do mhisean ach sháraigh siad na teorainneacha cuí lenar ceanglaíodh próiseas iomaíoch a thionól (€25,922). Lorgófar tairiscintí i leith an chonartha sin le linn na bliana 2022.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Comhlíonadh cánach an mhisin

Is é polasaí na Roinne na hoibleagáidí áitiúla cánach agus árachais shóisialaigh sna háiteanna ina mbíonn misin lonnaithe a chomhlíonadh. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an Rannán Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíonadh cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misin i bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Soláthraíonn an Roinn oiliúint ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear freisin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus é a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl in am trátha dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar phaindéim Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Ó thús ghéarchéim Covid-19 in 2020, táim ag déanamh monatóireacht ghéar ar na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim, rioscaí a imríonn tionchar ar oibriú na Roinne in Éirinn agus inár misin thar lear. Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta oibriúcháin in 2020 i gcomhar leis an mBord Bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus cuireadh nósanna imeachta in oiriúint do shocruithe cianoibre. Bhí feidhm leis na nósanna imeachta leasaithe sin fós i rith 2021 de réir mar a coinníodh na socruithe cianoibre le linn 2021 ar fad. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó anois ann de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus deontais áirithe a chuireann an Roinn ar fáil. Leanann an Roinn de chur chuige freagrúil maidir le saoránaigh na hÉireann a aisdúichiú a ghlacadh atá sáinnithe in áiteanna de bharr athruithe i srianta taistil Covid-19 ar fud an domhain. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin bearta riachtanacha a bhunú chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí riachtanacha a sholáthar, fad a chosnaítear sláinte agus folláine na foirne, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Joe Hackett
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus an t-athmhuintearas agus an comhar a chur chun cinn (‘Ár nDaoine’)	90,806	86,562	80,756
B	Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn (‘Ár nIonad san Eoraip’)	36,569	34,430	32,201
C	A bheith ag obair ar mhaithe le domhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe (‘Ár gCuid Luachanna’)	56,349	54,928	56,288
D	Cur le Rathúnas na hÉireann trínár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear (‘Ár Rathúnas’)	44,053	39,099	37,251
E	Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach (‘Ár dTionchar’)	53,684	51,331	48,400
Ollchaiteachas		**281,461**	**266,350**	**254,896**
	Lúide			
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**44,701**	**51,169**	**38,264**
Glanchaiteachas		**236,760**	**215,181**	**216,632**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**21,578,623**	**8,811,952**

Joe Hackett
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		72,157	68,275
Pá		109,160	104,510
Neamhphá		85,033	82,111
Ollchaiteachas		**266,350**	**254,896**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**51,169**	**38,264**
Glanchaiteachas		**215,181**	**216,632**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(2,449)		
Diúscairtí airgid thirim	96		
Brabús ar dhiúscairtí	(40)		
Dímheas	2,584	191	1,891
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	778		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí deiridh	7,171		
Laghdú ar stoc	159	8,108	(6,115)
Caiteachas díreach		**223,480**	**212,408**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		24,500	24,902
Measchíosanna		3,209	3,200
Glanchostas an chláir		**251,189**	**240,510**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	60	60
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	18,233	18,771
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	5,263	5,347
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	165	164
Vóta 20	An Garda Síochána	159	194
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	249	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		405	382
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(34)	(16)
		24,500	**24,902**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	193,506	166,885
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	11,140	11,299
Réamhíocaíochtaí	2.4	7,917	15,088
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	7,013	7,445
Iomlán na sócmhainní reatha		**26,070**	**33,832**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,728	3,796
Speansais fhabhraithe	2.5	2,673	1,895
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	3,780	2,887
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	1,505	762
Iomlán na ndliteanas reatha		**9,686**	**9,340**
Glansócmhainní reatha		16,384	24,492
Glansócmhainní		**209,890**	**191,377**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**209,890**	**191,377**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Mótarfheithiclí	Troscán agus Feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt [b, c]	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	159,293	2,695	8,047	62,846	1,033	233,914
Aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt	—	—	—	704	(704)	—
Breiseanna	—	306	73	612	1,458	2,449
Diúscairtí	—	(196)	(476)	(39)	(47)	(758)
Coigeartú athluachála [a]	26,812	—	—	—	—	26,812
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	**186,105**	**2,805**	**7,644**	**64,123**	**1,740**	**262,417**
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	1,951	7,196	57,882	—	67,029
Dímheas don bhliain	—	333	57	2,194	—	2,584
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(188)	(476)	(38)	—	(702)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	2,096	6,777	60,038	—	68,911
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**186,105**	**709**	**867**	**4,085**	**1,740**	**193,506**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	159,293	744	851	4,964	1,033	166,885

Nótaí [a] Cuireadh luachálacha i gcrích ar gach réadmhaoin faoinár n-úinéireacht i rith na bliana.

[b] Is ionann sócmhainní atá á bhforbairt agus sócmhainní don tSeirbhís Pas agus Ireland House atá á fhorbairt i dTóiceo faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche ag an 31 Nollaig 2021.

[c] Taifeadadh sócmhainn a raibh caiteachas €47,000 i gceist léi i sócmhainní atá á bhforbairt in 2020. Meastar nach sócmhainn a bheidh faoi úinéireacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha an tsócmhainn sin atá á forbairt agus, dá bhrí sin, baineadh de shócmhainní atá á bhforbairt í in 2021.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	(26,238)	(21,246)
Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála	6,345	5,149
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim na misean	18,165	12,301
	(1,728)	**(3,796)**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Leabhair phas agus cártaí pas	11,059	11,163
Stoic phrótacail	18	49
Stáiseanóireacht	15	38
Postas réamhíoctha	5	5
Ábhair inchaite TF	43	44
	11,140	**11,299**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Cíosanna misin	1,671	1,948
Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	3,384	9,208
Réamhíocaíochtaí eile	2,862	3,932
	7,917	**15,088**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Fabhruithe riaracháin	1,801	1,025
Fabhruithe clár	789	845
Fabhruithe taistil agus cothaithe	83	25
	2,673	**1,895**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Cuntais roinne agus ghníomhaireachta	5,419	5,271
Cuntais óinchiste agus cuntais fionraí phearsanta	1,081	1,120
Cuntais airleacan tuarastail	5	1
Aisdúichiú [a]	135	626
Cuntais rialaithe párolla	317	324
Féichiúnaithe consail oinigh	47	97
Iarmhéideanna eile	9	6
	7,013	**7,445**

Nóta [a] Caitheadh €1,566,017 ar chostais éigeandála aisdúichithe de bharr phaindéim Covid-19 in 2020 agus in 2021. Aisghabhadh €1,055,061 go dtí seo (lena n-áirítear €435,883 ó AE). Gearradh €40,563 ar chlár A.3 in 2021 (2020: €347,072).

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,284	1,119
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	941	773
Muirear sóisialach uilíoch	261	231
Cáin mhaoine áitiúil	9	7
Cáin bhreisluacha	17	70
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	225	140
	2,737	2,340
Ilchreidiúnaithe [a]	1,043	547
	3,780	**2,887**

Nóta [a] Áirítear ar ilchreidiúnaithe suim €913,988 atá dlite do chreidiúnaithe agus suimeanna fionraí (e.g., asbhaintí as tuarastail arna n-iarraidh) ar fiú €128,982 iad.

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	21,579	8,812
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(20,074)	(8,050)
Glanmhaoiniú Státchiste	**1,505**	**762**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair eile	7,013	7,445
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(1,728)	(3,796)
Dlite don Stát	(2,737)	(2,340)
Iarmhéideanna sochair eile	(1,043)	(547)
	(5,508)	(6,683)
	1,505	**762**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			191,377	186,904
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	236,760		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(21,579)		
Glanvóta			215,181	216,632
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		24,500	24,902
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		3,209	3,200
Míreanna neamhairgid - coigeartuithe i ndáil le sócmhainní caipitil	2.1		26,812	249
Glanchostas an chláir	1		(251,189)	(240,510)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**209,890**	**191,377**

2.10 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí in 2022 agus sna blianta dár gcionn faoi chonarthaí infhorfheidhmithe ceangailteacha.

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an tsuim:		
Ceangaltais léasa [a]	85,579	94,137
Earraí agus seirbhísí a fháil	14,710	—
Iomlán na gCeangaltas	**100,289**	**94,137**

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh i leith réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.671 milliún (2020: €1.948 milliún) - Nóta 2.4. Léirítear sna ceangaltais léasa ag an 31 Nollaig 2021 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	114,443	109,160	104,510
ii	Taisteal agus cothú	6,944	4,716	3,619
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	6,448	3,851	5,062
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	6,986	4,797	4,916
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	26,218	26,327	20,629
vi	Costais áitribh oifige	32,819	31,953	35,744
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	79	130
viii	Tacaí i ndáil le postú	13,597	13,310	12,011
		207,555	**194,193**	**186,621**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin an Vóta (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €6.944 milliún; toradh €4.716 milliún

Bhain an gannchaitheamh €2.228 milliún ar chaiteachas taistil le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €6.448 milliún; toradh €3.851 milliún

Bhain an gannchaitheamh €2.597 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibriúcháin ar fud na ceanncheathrún agus misean mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €6.986 milliún; toradh €4.797 milliún

Ba mar thoradh ar laghdú ar na costais phostais a bhain leis an laghdú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna sa chéad leath den bhliain, de bharr phaindéim Covid-19, a bhí gannchaitheamh €2.189 milliún ann.

Clár A Ár nDaoine

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	30,265	28,868	27,685
A.2	Riarachán - neamhphá	38,668	36,076	32,860
A.3	Coimisiún Fulbright	404	404	404
A.4	Cúnamh éigeandála consalachta	79	53	355
A.5	Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach	12,595	12,912	12,538
A.6	Comhar Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach	5,045	4,895	3,673
A.7	An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	2,650	2,650	2,650
A.8	Gnóthaí diaspóra	1,100	704	591
		90,806	**86,562**	**80,756**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.244 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €3.989 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

A.8 Gnóthaí diaspóra

Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €704,000

D'eascair an gannchaitheamh €396,000 as laghdú ar ghníomhaíocht a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Clár B Ár nIonad san Eoraip

		2021 Soláthar meastacháin €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
B.1	Riarachán – pá	26,152	24,945	24,016
B.2	Riarachán - neamhphá	7,034	5,892	4,803
B.3	Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh	418	284	366
B.4	Rannpháirtíocht AE	965	1,014	910
B.5	Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta	2,000	2,295	2,106
		36,569	**34,430**	**32,201**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2.139 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.349 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

B.3 Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh

Soláthar meastacháin €418,000; toradh €284,000

D'eascair an gannchaitheamh €134,000 as laghdú ar ghníomhaíocht a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid- 19.

B.5 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €2.295 milliún

Ba mar thoradh ar éilimh i leith costais bhreise ó ranna eile a cuireadh isteach agus a íocadh le linn na bliana 2021 a bhí caiteachas breise €295,000 i gceist.

Clár C Ár Luachanna

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	14,235	13,578	12,992
C.2	Riarachán – neamhphá	7,311	6,124	5,411
C.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	34,803	35,226	37,885
		56,349	**54,928**	**56,288**

Clár D - Ár Rathúnas

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	23,070	22,005	21,105
D.2	Riarachán - neamhphá	8,638	7,236	10,387
D.3	Éire a Chur Chun Cinn	9,116	6,404	2,435
D.4	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	3,229	3,454	3,324
		44,053	**39,099**	**37,251**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €4.954 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.467 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

D.3 Éire a Chur Chun Cinn

Soláthar meastacháin €9.116 milliún; toradh €6.404 milliún

Ba mar thoradh ar an laghdú suntasach i ngníomhaíocht cur chun cinn le linn na bliana 2021 mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19 a bhí gannchaitheamh €2.712 milliún i gceist.

D.4 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €3.229 milliún; toradh €3.454 milliún

Ba mar thoradh ar ranníocaíochtaí éigeantacha le ECFE a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí róchaitheamh €225,000 ann.

Clár E Ár dTionchar

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán - pá	20,721	19,764	18,712
E.2	Riarachán - neamhphá	31,461	29,704	28,650
E.3	Seirbhísí eolais	1,502	1,863	1,038
		53,684	**51,331**	**48,400**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €2.353 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.714 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

E.3 Seirbhísí eolais

Soláthar meastacháin €1.502 milliún; toradh €1.863 milliún

Tháinig an róchaitheamh €361,000 chun cinn mar thoradh ar cheanglas chun feachtas leanúnach eolais a chistiú maidir le srianta taistil Covid-19 atá ag athrú agus maidir le hathruithe gaolmhara.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile	41,770	46,857	34,067
2	Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus chothabhála	30	—	1
3	Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta	—	1,287	1,266
4	Ilghnéitheach	500	678	707
5	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,401	2,347	2,223
	Iomlán	**44,701**	**51,169**	**38,264**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.468 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile

Measta €41.77 milliún; réadaithe €46.857 milliún

Bhí ioncam €5.087 milliún níos mó ná mar a réamh-mheasadh de bharr neart iarratas ar phas a fháil sa dara leath den bhliain de réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí ag taisteal de bharr maolú ar shrianta taistil Covid-19.

3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta

Measta €nialas; réadaithe €1.287 milliún

Ba mar thoradh ar an aisíocaíocht CBL agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais eachtracha le misin thar lear a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a tháinig ioncam €1.287 milliún chun cinn. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar le cinnteacht.

4 Ilghnéitheach

Measta €500,000; réadaithe €678,000

Tháinig ioncam €178,000 chun cinn. Baineann sé sin le raon fáltas a fuair an Roinn, lena n-áirítear aisíocaíocht éarlaisí urrúis ar mhaoine ar cíos, aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar le cinnteacht.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**2,059**	**1,816**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	97,656	93,924
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht	—	166
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	196	149
Liúntais eile	268	205
Ragobair	1,179	540
ÁSPC an fhostóra	6,066	5,801
Leas sóisialach/árachas sláinte eachtrach (misin)	3,795	3,725
Pá iomlán	**109,160**	**104,510**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	31	6	22,002	20,100
Liúntais eile	113	1	14,218	6,776
Ragobair	304	33	46,513	31,033
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	59	25	49,189	33,355

5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arbh fhiú €67,133 (2020: €12,455) san iomlán iad le deichniúr (2020: triúr) státseirbhíseach a bhí ar scor agus a coinníodh ar shaintascanna.

5.5 Ró-íocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	63	118,666	152,447
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	20	62,239	100,527

Rinneadh cúig phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le cúigear, arbh ionann a luach agus €5,271, a aistriú chuig cúig chomhlacht eile rialtais le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí

Níor íocadh aon scaoilíochtaí in 2021.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is ag grád an Ard-Rúnaí - Leibhéal II atá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, €201,155).

Aguisín A Cuntais Comhlachtaí agus Cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse dheireanach cuntasaíochta	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) [a]	1 Deireadh Fómhair 2020 - 30 Meán Fómhair 2021	8 Márta 2022	10 Márta 2022	28 Márta 2022

Nóta [a] Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, atá á mhaoiniú ag Rialtais na hÉireann agus Rialtas na Stát Aontaithe i gcomhar lena chéile agus a thacaíonn le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 29

Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil sa bhliain 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €48.092 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais shaindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF/oifige ar fad eile a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam féin. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar leis na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás seacht gconradh (de bhreis ar €25,000) dar luach €494,836 (gan CBL a áireamh) san iomlán.

- Baineann conradh amháin dar luach €42,586 (gan CBL a áireamh) le fadú gearr a cuireadh le conradh comhairleoireachta a dámhadh chun a chinntiú go gcríochnófaí athbhreithniú ar an Scéim Teasa agus Folláine a moillíodh mar thoradh ar phaindéim Covid-19.
- Maidir le trí chonradh dar luach €186,250 (gan CBL a áireamh), a bhaineann le seirbhísí fón móibíleach agus sonraí agus le hoibriú agus bainistiú Phríomhstór Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, fadaíodh iad níos faide ná téarmaí na gconarthaí bunaidh go dtí go gcuirfí comórtais soláthair i gcrích chun conarthaí athsholáthair a fháil le haghaidh na seirbhísí sin. Athsholáthraíodh na conarthaí seirbhísí fón móibíleach agus sonraí trí úsáid a bhaint as Creat-Chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus tá próiseas soláthair ar bun le haghaidh an chonartha príomhstóir. Is é is príomhstór ann ná saoráid thiomnaithe a úsáidtear chun samplaí fisiceacha ithreach agus fo-ithreach a fhaightear san obair léarscáilíochta geolaíche a dhéanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann a stóráil.
- Maidir le dhá chonradh dar luach €160,000 (gan CBL a áireamh) nach raibh aon chonarthaí i bhfeidhm ina leith, baineann siad le seirbhísí teileafón líne talún agus le seirbhísí láimhseála glaonna. Tá doiciméid tairisceana á bhforbairt faoi láthair d'fhonn tús a chur le próisis iomaíocha soláthair sa dara ráithe den bhliain 2022.
- Baineann conradh amháin dar luach €106,000 (gan CBL a áireamh) le réiteach sealadach stórála a fháil ar bhonn aonuaire le haghaidh thionscadal athchóirithe Thor an Bhacaigh.

Tá an Roinn tiomanta fós don líon próiseas soláthair neamhchomhlíontach a dtugtar fúthu a laghdú, agus thug sí roinnt nósanna imeachta nua agus breisithe isteach chun spriocdhíriú go sonrach ar réimsí lena mbaineann neamhchomhlíonadh.

Chuir an Roinn mionsonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na seacht gconradh dá dtagraítear thuas ar áireamh sa tuairisceán sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil, agus coinnítear riosca a bhaineann le príomhthionscadail faoi athbhreithniú leanúnach. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Comhlíonadh cánach

An 3 Márta 2020, fuarthas comhfhreagras ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cuairt láithreáin chun tuiscint a ghnóthú ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, maidir le sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus maidir le haon taifid eile de réir mar ba ghá.

Le linn na bliana 2020, rinneadh dhá iniúchadh, a bhain leo seo: 1) conraitheoirí a úsáid; agus 2) cleachtais bhainistíochta flít inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh cánach. Ag teacht sna sála air sin, tá athbhreithniú inmheánach cánach á chur i gcrích ag an Roinn. Tá an Roinn ag tabhairt an eolais is deireanaí do na Coimisinéirí Ioncaim fud fad an phróisis, a meastar go gcuirfear i gcrích é faoi mhí an Mheithimh 2022.

Thug an Roinn nósanna imeachta breisithe isteach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta, lena n-áirítear údarás tarmligthe a bhaint de lucht bainistíochta na Rannóige lena mbaineann ar bhonn eatramhach go dtí go bhfaighfí an toradh ar an athbhreithniú.

Cáin conarthaí iomchuí

An 11 Márta 2021, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don Roinn gur roghnaíodh í le haghaidh seiceáil fíorúcháin ar a tuairisceáin i ndáil le Cáin Conarthaí Iomchuí don bhliain 2018. Ag teacht sna sála ar na seiceálacha fíorúcháin, shainaithin an Roinn roinnt íocaíochtaí iomchuí nár chuir sí in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim tráth a rinneadh iad. Cuireadh na híocaíochtaí neamhthuairiscithe a sainaithníodh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim i mí Mheán Fómhair 2021. Cé nár cailleadh aon ioncam cánach de bharr na n-íocaíochtaí sin, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógra pionóis €19,993 as fógraí déanacha, rud a fuair an Roinn roimh an deireadh bliana agus a glanadh i mí Feabhra 2022.

Mar fhreagairt don tsaincheist thuas, cuireadh próiseas réitigh cuntas chun feidhme lena gcinnteofar go ndéanfar gach fógra ar bhealach tráthúil as seo amach. De bhreis air sin, cuireadh oiliúint i gcáin iomchuí ar áireamh sna pleananna oiliúna bliantúla le haghaidh bhaill foirne an Aonaid Cuntas.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Le teacht phaindéim Covid-19 go luath sa bhliain 2020, tharla athruithe áirithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus ba ghnáthnós é an chianobair don fhoireann ar fad sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe i nósanna imeachta agus i rialú. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 agus deimhním go leanann rialuithe, idir iad siúd a bhí ann cheana féin agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, de bheith éifeachtach.

Rinne paindéim Covid-19 difear do chaiteachas ar fud gach réimse cláir sa bhliain 2021 agus bhí sí mar chúis le gannchaitheamh suntasach ina lán fo-mhírcheann. Sonraítear an gannchaitheamh sin sna mínithe ar athruithe i Nóta 3.

Mark Griffin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda

Scrúdaíonn Caibidil 9 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2021 ról na Roinne i gcur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Cumarsáid				
	Bunaidh	233,250			
	Géilleadh iarchurtha	15,247			
	Forlíontach	(52,500)			
			195,997	163,722	88,816
B	Fuinneamh				
	Bunaidh	314,438			
	Géilleadh iarchurtha	22,500			
	Forlíontach	28,001			
			364,939	326,989	204,291
C	Acmhainní nádúrtha		24,005	17,750	21,211
D	Iascaigh intíre		34,233	27,941	32,909
E	Comhshaol agus bainistiú dramhaíola				
	Bunaidh	125,128			
	Forlíontach	24,500			
			149,628	127,599	81,040
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	731,054			
	Géilleadh iarchurtha	37,747			
	Forlíontach	1			
			768,802	664,001	428,267
	Lúide				
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**11,078**	**12,286**	**13,120**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	719,976			
	Géilleadh iarchurtha	37,747			
	Forlíontach	1			
			757,724	**651,715**	**415,147**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €57.917 milliún de leithdháiltí caipitil neamhchaite na bliana 2021 anonn chuig Fo-mhírcheann B.4 sa bhliain 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	106,009,093	101,071,705
Géilleadh iarchurtha	(57,917,000)	(37,747,000)
Farasbarr le géilleadh	**48,092,093**	**63,324,705**

Mark Griffin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		628,711	395,609
Pá		28,091	25,406
Neamhphá		7,199	7,252
Ollchaiteachas		**664,001**	**428,267**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**12,286**	**13,120**
Glanchaiteachas		**651,715**	**415,147**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin – airgead tirim	(266)		
Dímheas	895	629	(300)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,436)		
Laghdú ar stoc	15	(1,421)	(263)
Caiteachas díreach		**650,923**	**414,584**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		15,792	15,506
Measchíosanna		1,584	1,584
Glanchostas an chláir		**668,299**	**431,674**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	45	—
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	12,232	11,805
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,322	3,588
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	44	42
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	69	—
Lárchiste – pinsin airí		80	71
		15,792	**15,506**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,559	2,188
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	234,321	95,962 [a]
Stoic	2.3	190	205
Réamhíocaíochtaí	2.4	2,092	2,261
Ioncam fabhraithe		1,563	1,378
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	200	249
Iomlán na sócmhainní reatha		**238,366**	**100,055**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	2,369	3,688
Ioncam iarchurtha		—	101
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	170,811	55,001
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	63,710	41,210
Iomlán na ndliteanas reatha		**236,890**	**100,000**
Glansócmhainní reatha		1,476	55
Glansócmhainní		**3,035**	**2,243**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	**3,035**	**2,243**

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid bainc an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán oifige	Trealamh oifige agus TF	Trealamh speisialta agus mótarfheithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,404	22,689	7,710	31,803
Breiseanna	—	—	266	266
Diúscairtí	—	(1)	—	(1)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,404	22,688	7,976	32,068
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1,258	21,653	6,704	29,615
Dímheas don bhliain	23	341	531	895
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(1)	—	(1)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	1,281	21,993	7,235	30,509
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**123**	**695**	**741**	**1,559**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	146	1,036	1,006	2,188

Nóta Déantar tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit, a bhíonn á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil ar áireamh anseo, a liostú in Aguisín A.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid agus airgead tirim Vóta 29 ag an bPámháistir Ginearálta	69,183	75,701
Iarmhéid an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an bPámháistir Ginearálta [a]	165,138	20,261
	234,231	**95,962**

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid bainc an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Trealamh	47	71
Foilseacháin	129	120
Stáiseanóireacht	14	14
	190	**205**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Riarachán – trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	940	853
Riarachán – trealamh, stórtha agus cothabháil	—	130
Costais riaracháin eile	13	20
Sochaí faisnéise	956	906
Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	67	352
Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	116	—
	2,092	**2,261**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Párolla	29	—
Tuarastail ball foirne ar iasacht	30	112
Míreanna eile ar fionraí	141	137
	200	**249**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	566	282
An Ciste Carbóin	—	271
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	1,026	751
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	—	1,759
Fabhruithe eile	777	625
	2,369	**3,688**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach	552	414
Cáin bhreisluacha	334	311
Cáin conarthaí iomchuí	—	2
Fáltais ón státchiste (nóta 4.3)	165	152
ÍMAT/ÁSPC	745	663
	1,796	1,542
Fionraí		
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	165,138	20,261 [a]
An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide	—	28,000
Dlite don An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	—	1,212
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nóta 4.3)	1,547	1,759
Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam (nóta 7.1)	150	—
Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda atá dlite do GBCN	415	—
Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála	1,267	1,660
Párolla	—	128
Eile	498	439
	169,015	53,459
	170,811	**55,001**

Nóta [a] Tá athrú tagtha ar fhigiúr comparáideach 2020 do bhainc ó fhigiúr an chuntais leithreasa 2020 mar gheall ar áireamh iarmhéid neamhchaite an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh den chéad uair in 2021.

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	48,092	63,325
Géilleadh iarchurtha	57,917	37,747
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(42,299)	(59,862)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**63,710**	**41,210**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	234,321	95,962
Iarmhéideanna dochair: fionraí	200	249
	234,521	96,211
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,796)	(1,542)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(169,015)	(53,459)
	(170,811)	(55,001)
	63,710	**41,210**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			2,243	1,680
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	757,724		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(57,917)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(48,092)		
Glanvóta			651,715	415,147
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		15,792	15,506
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1		1,584	1,584
Glanchostas an chláir	1		(668,299)	(431,674)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,035**	**2,243**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	7,565	1,755
Cláir deontas caipitil	133,706	151,454
Tionscadail agus cláir chaipitil	2,631,557	2,772,694
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**2,772,828**	**2,925,903**

b) Cláir deontas caipitil ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	151,454	142,540
Deontais a íocadh sa bhliain	(93,056)	(109,975)
Ceangaltais maidir le deontais nua	91,258	132,263
Deontais a cealaíodh	(15,950)	(13,374)
Iarmhéid deiridh	**133,706**	**151,454**

c) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos airde ná €10 milliún

Clár/tionscadal	**Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 €000**	**Caiteachas in 2021 €000**	**Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh €000**	**Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2021 €000**	**Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2020 €000**
Postchóid náisiúnta	28,042	1,476	4,425	33,943	32,467
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	42,503	134,729	2,586,768	2,764,000	2,764,000
INFOMAR [a]	55,120	3,381	2,588	61,089	59,664
Tellus [b]	22,071	3,431	2,741	28,243	23,393
	147,736	**143,017**	**2,596,522**	**2,887,275**	**2,879,524**

Nóta [a] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall farraige na hÉireann agus lena dtugtar sonraí bonnlíne faoi earnáil mhuirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer agus úsáid á baint as aerárthaí atá ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutháin agus ar dhríodar srutháin.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i dtaca le haon mhórcheangaltas ina bhfuil athrú is mó ná €500,000 tagtha ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid leis an mbliain 2020.

Postchóid náisiúnta

Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.476 milliún

Léirítear sa mhéadú an ceangaltas bliana deiridh faoin gconradh le haghaidh thionscadal na nÉirchód a bheith ar áireamh, ar ceangaltas é a íocfar go cúlghabhálach sa bhliain 2024. Ní dhéanann sé sin difear do chostas foriomlán an chonartha. Mar gheall ar earráid, fágadh na híocaíochtaí cúlghabhálacha a bhí dlite in 2024 ar lár sna blianta roimhe sin.

INFOMAR

Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.425 milliún

Baineann caiteachas ar an tionscadal INFOMAR le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain.

Tellus

Ardú ar chaiteachas ionchais iomlán: €4.85 milliún

Baineann caiteachas ar an tionscadal Tellus le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Baineann an méadú sa bhliain 2021 go príomha le conradh trí bliana le haghaidh suirbhéanna aeriompartha a bheith á dhámhachtain i mí Mheán Fómhair 2021 ar chostas iomlán €2.5 milliún.

2.11 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh i seilbh an Stáit in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann. Baineann caiteachas le hoibreacha feabhsúcháin talún agus monatóireacht comhshaoil ar an dá láithreán a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.4.

	Caiteachas go deireadh 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais Chonartha	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Abhóca	4,766	35	—	4,801
Béal Átha Gabhann	11,190	—	—	11,190
Monatóireacht comhshaoil	1,689	143	—	1,832
	17,645	**178**	—	**17,823**

2.12 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as freagairt slándála an Rialtais d'aon teagmhais cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta a chomhordú. Comhlíonann an Rialtas na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thuairisciú faoin gclár cumarsáide atá léirithe thíos, agus costais riaracháin a bheith á n-íoc ó Fho-mhírchinn A.1 agus A.2 agus ó mhaoiniú oibríochtúil a soláthraíodh trí Fho-mhírcheann A.5.

	2021 €000	2020 €000
Cibearshlándáil	**3,871**	**3,422**

2.13 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith sa bhliain 2022 agus sna blianta ina diaidh, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid an Aontais Eorpaigh nó ar thorthaí caingne eile dlí, bíodh siad ar siúl, ar feitheamh nó féideartha. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

			2021	2020
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	31,314	28,091	25,406
ii	Taisteal agus cothú	919	231	280
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,226	783	524
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	440	324	375
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,081	3,728	3,586
vi	Costais áitribh oifige	924	614	689
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus ahbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,700	1,399	1,571
viii	Trealamh, stórtha agus cothabháil	196	120	227
		39,800	**35,290**	**32,658**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €31.314 milliún; toradh €28.091 milliún

Tharla an coigilteas €3.223 milliún mar thoradh ar earcaíocht a bheith á hagú ar fud na bliana, rud a d'fhág gur lú costais bhliantúla foirne ná an buiséad lena ndéantar soláthar do chostas lánbhliana na foirne ar fad.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €919,000; toradh €231,000

Tharla an coigilteas €688,000 mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aici ar thaisteal.

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

Soláthar meastacháin €1.226 milliún; toradh €783,000

Tharla an coigilteas €443,000 go príomha mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aige ar chostais oiliúna, taispeántas agus comhdhála.

iv **Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

Soláthar meastacháin €440,000; toradh €324,000

Tharla an coigilteas €116,000 mar thoradh ar laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19, rud ba chúis le caiteachas laghdaithe ar sheirbhísí poist agus teileafóin.

vi **Costais áitribh oifige**

Soláthar meastacháin €924,000; toradh €614,000

Tharla an coigilteas €310,000 mar thoradh ar laghduithe i gcothabháil, slándáil, glantachán, solas agus teas de bharr laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19.

Clár A Cumarsáid

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		8,141	7,303	7,237
A.2	Riarachán – neamhphá		1,995	1,745	1,428
A.3	Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide				
	Bunaidh	211,823			
	Géilleadh iarchurtha	15,247			
	Forlíontach	(52,500)			
			174,570	146,612	53,255
A.4	Forbairtí ilmheán		5,511	6,146	4,455
A.5	Sochaí faisnéise		5,780	1,916	3,981
A.6	Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19 [a]		—	—	18,460
			195,997	**163,722**	**88,816**

Nóta [a] Aistríodh freagracht as an Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 31 Nollaig 2020.

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €84.775 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.088 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €83.687 milliún.

A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Soláthar meastacháin €227.07 milliún; toradh €146.612 milliún

Tharla an coigilteas €80.458 milliún go príomha mar thoradh ar shonraisc sa bhliain 2021 ó Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, ar thuairiscigh sé go mbeadh siad ag teacht chun cinn, a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí aici ar chur i bhfeidhm líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

A.4 Forbairt ilmheán

Soláthar meastacháin €5.511 milliún; toradh €6.146 milliún

Tharla an barrachas €635,000 go príomha mar thoradh ar mhaoiniú breise a bheith á sholáthar don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun seasamh a dhéanamh ar easnamh ina hioncam tráchtála mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

A.5 Sochaí faisnéise

Soláthar meastacháin €5.78 milliún; toradh €1.916 milliún

Tharla an coigilteas €3.864 milliún mar thoradh ar mhoill ar obair athchóirithe a dhéanamh ar shaoráid eatramhach le haghaidh an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála. Táthar ag súil anois go gcuirfear an obair sin i gcrích i samhradh na bliana 2022.

Clár B Fuinneamh

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		7,845	7,038	5,147
B.2	Riarachán – neamhphá		1,956	1,708	1,471
B.3	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta		18,373	16,098	12,385
B.4	Clár fuinnimh inbhuanaithe				
	Bunaidh	255,275			
	Géilleadh iarchurtha	22,500			
	Forlíontach	28,001			
			305,776	291,467	127,164
B.5	Cláir um thaighde ar fhuinneamh		18,360	10,358	7,788
B.6	Seirbhísí gáis		45	44	55
B.7	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta		290	276	281
B.8	Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite		12,294	—	50,000
			364,939	**326,989**	**204,291**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €9.949 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.055 milliún de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €8.894 milliún.

B.3 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta

Soláthar meastacháin €18.373 milliún; toradh €16.098 milliún

Tharla an coigilteas €2.275 milliún mar thoradh ar earcaíocht a bheith á hagú ar fud na bliana, rud a d'fhág gur lú costais bhliantúla foirne ná an buiséad lena ndéantar soláthar do chostas lánbhliana na foirne ar fad.

B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe

Soláthar meastacháin €277.775 milliún; toradh €291.467 milliún

Bhí gannchaitheamh suntasach ann ar fud na scéimeanna Fuinnimh Níos Fearr mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar theorainneacha slabhra soláthair agus saothair. Mar thoradh air sin, fuarthas ceadú le haghaidh €160 milliún a aistriú chuig an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú: feabhas a chur ar rochtain ar thionscadail iarfheistithe chónaithe do theaghlaigh atá i mbaol na tearcrochtana fuinnimh; Scéim Ráthaíochta Iasachta nua um Iarfheistiú Cónaithe a bhunú chun cabhrú le hiasachtaí ísealchostais a sholáthar le haghaidh tionscadail iarfheistithe chónaithe; cur leis an líon tithe a iarfheistítear tríd an Scéim Iarfheistithe Náisiúnta; agus aghaidh a thabhairt ar an méadú suntasach sna praghsanna fuinnimh a mbíonn tomhaltóirí ag déileáil leo (féach Nóta 7.2). Ba í sin an chúis a raibh an caiteachas €13.692 milliún níos mó ná an soláthar meastacháin bunaidh.

B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh

Soláthar meastacháin €18.36 milliún; toradh €10.358 milliún

Tharla an méadú €8.002 milliún ar chaiteachas mar thoradh orthu seo: (1) íostarraingtí ó chomhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le tionscadail taighde, forbartha agus taispeána fuinnimh in-athnuaite a bheith níos ísle ná mar a réamh-mheasadh; agus (2) moilleanna ar chláir fuinnimh aigéin.

B.8 Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite

Soláthar meastacháin €12.294 milliún; toradh €nialas

Is é atá san fho-mhírcheann seo ná soláthar le haghaidh comhlíonadh a cheannach faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite i gcás go dteipfidh ar Éirinn a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh. Mar thoradh ar na haistrithe staitistiúla a chur i gcrích sa bhliain 2020, bhí Éire in ann a hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathuaite a chomhlíonadh sa bhliain 2021 agus ní raibh aon cheannacháin bhreise ag teastáil.

Clár C Acmhainní nádúrtha

		Soláthar meastachái n	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	6,089	5,462	5,852
C.2	Riarachán – neamhphá	1,917	1,592	2,523
C.3	Seirbhísí peitriliam	214	35	35
C.4	Seirbhísí mianadóireachta	2,750	343	1,260
C.5	Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	12,900	10,294	11,416
C.6	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	135	24	125
		24,005	**17,750**	**21,211**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €6.255 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €952,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €5.303 milliún.

C.3 Seirbhísí peitriliam

Soláthar meastacháin €214,000; toradh €35,000

Tharla an coigilteas €179,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí le Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de, a bheith níos ísle ná mar a measadh toisc nach bhfuair an Roinn ach dhá fháltas san iomlán ó na 13 shealbhóir ceadúnais sa bhliain 2021.

C.4 Seirbhísí mianadóireachta

Soláthar meastacháin €2.75 mhilliún; toradh €343,000

Baineann an coigilteas €2.407 milliún leo seo: (1) rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi cheadúnais mhianadóireachta Stáit agus moilleanna dlí, rud ba chúis le híocaíochtaí cúitimh a rinneadh le húinéirí ceart mianraí i ndáil le mianraí príobháideacha arna n-eastóscadh ag cuideachtaí mianadóireachta a bheith níos ísle ná mar a measadh; agus (2) moilleanna ar láithreán a fháil mar chuid d'fheabhsúchán Bhéal Átha Gabhann.

C.5 Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann

Soláthar meastacháin €12.9 milliún; toradh €10.294 milliún

Baineann an coigilteas €2.606 milliún le moilleanna ar dhámhachtainí deontais agus seirbhísí soláthartha a phróiseáil. Bhí roinnt moilleanna ann ar obair allamuigh freisin mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

C.6 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €135,000; toradh €24,000

Tharla an coigilteas €111,000 mar thoradh ar iarraidh íocaíochta gan a bheith faighte ón gCuibhreannas Eorpach le haghaidh Druileáil Taighde Aigéin.

Clár D Iascaigh intíre

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	660	592	687
D.2	Riarachán – neamhphá	229	187	354
D.3	Iascaigh intíre	33,344	27,162	31,868
		34,233	**27,941**	**32,909**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €6.292 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €110,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €6.182 milliún.

D.3 Iascaigh intíre

Soláthar meastacháin €33.344 milliún; toradh €27.162 milliún

Tharla an coigilteas €6.182 milliún mar thoradh ar laghdú in íostarraingt na bliana 2021 ag Iascach Intíre Éireann chun an méid airgid ar láimh sa ghníomhaireacht a laghdú.

Clár E Comhshaol agus bainistiú dramhaíola

				2021	2020
			Soláthar measctha	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá		8,579	7,696	6,483
E.2	Riarachán – neamhphá		2,389	1,967	1,477
E.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil		50,177	48,943	43,212
E.4	An Ciste Carbóin				
	Bunaidh	300			
	Forlíontach	1,500			
			1,800	1,797	320
E.5	Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta				
	Bunaidh	5,000			
	Forlíontach	10,000			
			15,000	14,972	4,500
E.6	Feabhsúchán líontaí talún		26,250	21,306	12,008
E.7	Tionscnaimh aeráide		8,077	5,633	2,857
E.8	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta		3,096	3,021	3,002
E.9	Comhphlé náisiúnta		—	—	—
E.10	Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola				
	Bunaidh	10,260			
	Forlíontach	5,000			
			15,260	13,456	6,329
E.11	An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide				
	Bunaidh	—			
	Forlíontach	8,000			
			8,000	7,636	707
E.12	An Ciste um Aistriú Cóir		11,000	1,172	145
			149,628	**127,599**	**81,040**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €2.471 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh. Bhí an caiteachas riaracháin €1.305 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh agus míníodh é sin cheana féin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú €3.776 milliún.

E.4 An Ciste Carbóin

Soláthar meastacháin €300,000; toradh €1.797 milliún

Tharla an méadú €1.497 milliún ar chaiteachas mar gheall ar aisíocaíocht a rinneadh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) as creidmheas carbóin ar aon dul leis an Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Roimhe sin, rinneadh an aisíocaíocht le GBCN sa bhliain tar éis cheannach an chreidmheasa carbóin. Sa bhliain 2021, áfach, d'iarr GBCN aisíocaíocht i leith na bliana 2020 agus na bliana 2021 araon roimh dheireadh na bliana.

E.5 Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €14.972 milliún

Tharla an méadú ar chaiteachas de €9.972 milliún mar gheall ar chinneadh an Aire ranníocaíocht airgeadais aeráide foriomlán na Roinne a mhéadú. B'ionann an dá thionscadal seo a leanas agus an chuid is mó den chaiteachas breise a tabhaíodh in 2021.

1). Ag COP26, thug Éire gealltanas go gcuirfeadh sí €10 milliún milliún leis an gCiste Oiriúnaithe idir 2021 agus deireadh 2022. Soláthraíodh €5 milliún in 2021, arbh ionann é agus méadú €4.7 milliún ar an tsuim a ranníocadh in 2020.

2). Shínigh Éire socraíocht le Banc Forbartha na hÁise chun Ciste Iontaobhais Deontóra Aonair a bhunú – Ciste Iontaobhais na hÉireann chun Athrú Aeráide agus Athléimneacht Tubaiste a Thógáil i Stáit Forbraíochta Oileáin Bheaga (SIDSanna). Tá Éire tiomanta do €12m a chur ar fáil thar na sé bliana idir 2019 agus 2024 chun tacú le SIDSanna freagairt d'éifeachtaí an athraithe aeráide. Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ranníocaíocht €3 mhilliún in 2021 lena gcuirtear ar chumas na hÉireann an leibhéal maoinithe atá ar fáil do SIDSanna tríd an gCiste Iontaobhais a mhéadú in 2022.

E.6 Feabhsúchán líontaí talún

Soláthar meastacháin €26.25 milliún; toradh €21.306 milliún

Tharla an coigilteas €4.944 milliún mar thoradh ar éilimh ó údaráis áitiúla a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr moilleanna ar oibreacha feabhsúcháin a chur ar aghaidh mar gheall ar phaindéim Covid-19.

E.7 Tionscnaimh aeráide

Soláthar meastacháin €8.077 milliún; toradh €5.633 milliún

Tharla an coigilteas €2.444 milliún mar thoradh ar mhoill ar íocaíocht a dhéanamh le tionscadal de chuid Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh mar gheall ar mhoill ar gharspriocanna a chomhlíonadh de dheasca fadhbanna soláthair agus fhadhbanna phaindéim Covid-19 agus mar gheall ar mhoill ar cheanglais shonracha samhaltaithe agus ar sceidealú íocaíochtaí faoin nGrúpa um Ghníomhú ar Son na hAeráide a Shamhaltú (an Clár Taighde Theicniúil agus Samhaltaithe roimhe sin).

E.10 Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola

Soláthar meastacháin €10.26 milliún; toradh €13.456 milliún

Tharla an méadú €3.196 milliún ar chaiteachas mar thoradh ar Bhonneagar Frithbhuscair agus Tacaí Caipitil a thabhairt isteach, rud a fritháiríodh go páirteach le gannchaitheamh i gcláir chumarsáide dramhaíola agus i gcláir eile um bainistiú dramhaíola.

E.11 An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €7.636 milliún

Tháinig an méadú €7.636 milliún ar chaiteachas chun cinn de bharr íocaíochtaí le haghaidh Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna. Fuarthas cistiú le haghaidh na scéime sin faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, agus scaoilfidh an Plean sin cistí le haghaidh na scéime sin go cúlghabhálach ar na garspriocanna comhaontaithe a chur i gcrích.

E.12 An Ciste um Aistriú Cóir

Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €1.172 milliún

Tharla an coigilteas €9.828 milliún mar thoradh ar mhoilleanna ar chomhaontuithe deontais a thabhairt chun críche idir deontaithe agus an Roinn. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas ar na tionscadail sin sa bhliain 2022.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó fhíneálacha de bharr cionta iascaigh intíre	50	23	21
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960	5,200	6,605	6,699
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam	210	35	35
4	Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	300	342	481
5	Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist	223	85	328
6	Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh	—	—	707
7	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2)	1,070	1,372	997
8	Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí	340	380	232
9	Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,079	3,188	3,069
10	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	606	256	551
	Iomlán	**11,078**	**12,286**	**13,120**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.208 milliún níos mó ná an meastachán. Leagtar mínithe ar athruithe amach thíos.

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960

Meastachán €5.2 milliún; réadaithe €6.605 milliún

Tharla an barrachas €1.405 milliún mar thoradh ar roinnt íocaíochtaí móra dleachtanna amuigh a bheith á ndéanamh ag oibreoirí mianaigh sa bhliain 2021.

3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam

Measachán €210,000; réadaithe €35,000

Tharla an t-easnamh €175,000 mar thoradh ar fháltais ó shealbhóirí ceadúnas taiscéalaíochta teorann a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Sa bhliain 2021, fuair an Roinn dhá fháltas san iomlán ó shealbhóirí ceadúnais.

5 Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist

Measachán €223,000; réadaithe €85,000

Tharla an t-easnamh €138,000 mar thoradh ar ioncam cíosa gan a bheith faighte go dtí mí an Mhárta 2022.

10 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine

Measachán €606,000; réadaithe €256,000

Tharla an t-easnamh €350,000 go príomha toisc nár cuireadh an Scéim um Shlatiascaireacht do Chách ar aghaidh sa bhliain 2021, rud ba chúis le haisíocaíocht ó chistiú na gcuntas díomhaoin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

4.2 Fáltais ilghnéitheacha

	2021 €000	2020 €000
Dleachtanna i dtaca le líonraí achar cathrach	942	911
Dearbhú na Coraibe	21	48
Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile	224	35
Aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail ó bhlianta roimhe [a]	176	—
Eile	9	3
Iomlán	**1,372**	**997**

Nóta [a] Mar ghníomh leantach i leith na litreach bainistíochta don bhliain 2020 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, d'athbhreithnigh an Roinn iarmhéideanna a cuntas fionraí mallghluaisteach. Glanadh na hiarmhéideanna nuair ab fhéidir.

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	152	261
Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí [a]	147,694	122,781
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo	206	193
Díolachán scaireanna NDRC	66	152
Fáltais ó árachas agus ó thionscadail	99	—
Géilleadh deonach tuarastal Aire	21	29
Aistrithe chuig an Státchiste	(148,073)	(123,264)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**165**	**152**

Nóta [a] Is ionann €149.2 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2021. Asbhaintear €1.5 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhfuil fáltas glan €147.7 milliún ann le tabhairt ar ais don Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	438	396
Gníomhaireachtaí [a]	903	875
	1,341	**1,271**

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta atá ar áireamh i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí)

	2021	2020
	€000	€000
Pá	78,709	73,620
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	322	236
Liúntais eile	1,644	1,517
Ragobair	48	48
ÁSPC an Fhostóra	7,620	6,925
Pá iomlán	**88,343**	**82,346**

Nóta Tagraíonn na socruithe luach saothair do ghné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.4, B.1, B.3, C.1, D.1, D.3, E.1, agus E.3. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ciorclán 1 de 2022).

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021	2020
	€000	€000
Pá	25,691	23,331
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	36	20
Liúntais eile	122	101
Ragobair	23	25
ÁSPC an Fhostóra	2,219	1,929
Pá iomlán	**28,091**	**25,406**

Luach saothair fhoireann na ngníomhaireachtaí

	2021	2020
	€000	€000
Pá	53,018	50,289
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	286	216
Liúntais eile	1,522	1,416
Ragobair	25	23
ÁSPC an Fhostóra	5,401	4,996
Pá iomlán	**60,252**	**56,940**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8	2	14,858	4,894
Liúntais eile	18	3	20,318	20,614
Ragobair	12	—	3,799	4,262
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	1	11,328	11,262
Foireann na ngníomhaireachtaí				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	60	3	17,948	9,761
Liúntais eile	330	3	40,534	9,873
Ragobair	13	—	4,513	4,473
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	57	7	18,982	14,124

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Tá oibrí earnála poiblí amháin atá ag fáil pinsean earnála poiblí fostaithe ag an Roinn ar bhonn buan, agus tá na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €397,831 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le trí oifigeach déag a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc na gníomhaireachtaí inar oibrigh siad a dtuarastail.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	28	143,663	107,379
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	10	86,925	78,846

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ar ghrád Leibhéal Ard-Rúnaí II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (b'ionann é agus €201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn B.4, C.5 agus E.11 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus trí Fhís 2021.

Íoctar fáltais CFRE go díreach isteach sa Chiste Lárnach agus cuirtear caiteachas gaolmhar ar fáil i bhFo-mhírchinn B.4 (2021: Nialas-; 2020: €23.394 milliún) agus E.11 (2021: €7.636 milliún; 2020: €nialas).

Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú €926,000 ón Aontas Eorpach i dtaca le tionscadail Fhís 2021 agus cuirtear caiteachas gaolmhar ar fáil i bhFo-mhírcheann C.5 (2021: €549,000; 2020: €808,000).

6.2 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €57.917 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas sa bhliain 2021 a tugadh anonn chuig an mbliain 2022.

	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	
A.3 Cláir theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide	27,958
A.5 Sochaí faisnéise	2,599
B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh	7,814
B.8 Comhlíonadh fuinnimh in-athnuaite	12,294
C.5 Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	2,570
D.3 Iascaigh intíre	2,514
E.6 Feabhsúchán líontaí talún	2,168
	57,917

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi líomhain calaoise amhrasta a bhféadfadh gur tharla sí i soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú deontais. Tá an cás sin á imscrúdú ag na húdaráis chuí, agus tá an Roinn ag fanacht leis an toradh a fháil.

Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	6,072	6,091
Fáltais	685	38
Íocaíochtaí	(768)	(57)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**5,989**	**6,072**

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) sa bhliain 1997 agus is iad cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu arna eisiúint ag an Roinn a mhaoiníonn é. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir thacaíochta áitiúla a láidriú, trí bhailiú sonraí taighde a mhaoiniú agus trí thaighde 'talamhbhunaithe' i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Déanann an Oifig Rialaithe Geo-Eolaíochta sa Roinn riar ar an gCiste.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	20,261	20,968
Fáltais	165,138	—
Infheistíochtaí	—	—
Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide	(20,261)	—
Aisíocaíocht leis an Vóta i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide	—	(707)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**165,138**	**20,261**

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad cuspóirí an Chiste ná (1) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (2) forbairt margaidh le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Sholáthair an Rialtas €35 mhilliún ó Chiste an Ioncaim ón Tobhach Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tá maoiniú €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Meaitseáiltear an infheistíocht ón Stát in IEEI le maoiniú earnála príobháidí. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI. Chinn an tAire, i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in IEEI i ndiaidh mhí na Bealtaine 2018. Dar leis an luacháil is déanaí amhail an 30 Meán Fómhair 2021, b'ionann luach infheistíocht an Stáit in IEEI agus €15.802 milliún.

Agus cead faighte ón Rialtas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chinn an tAire an t-airgead a bhí fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a shannadh don Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide. Ba é €20.261 milliún an t-iarmhéid sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an 31 Nollaig 2020, agus aistríodh é sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide an 8 Meitheamh 2021.

Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáileadh ó IEEI sa bhliain 2020 dar luach iomlán €1.212 milliún. Go dtí go mbeidh cinneadh déanta ar an gcaoi a gcaithfear leis an dáileadh sin, rinneadh é a thaisceadh go sealadach i gcuntas fionraí Vóta agus bhí sé ar áireamh mar iarmhéid creidmheasa i Nóta 2.5 sa chuntas leithreasa don bhliain 2020. Íocadh an fáltas sin isteach sa Chiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide i mí an Mhárta 2021.

Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, trí dháileadh ó IEEI sa bhliain 2021 dar luach iomlán €5.138 milliún. Aistreofar na cistí sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide, faoi réir cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I mí na Nollag 2021, rinneadh íocaíocht aonuaire €160 milliún ó fho-mhírcheann B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe de Vóta 29 leis an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh, le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé mar chuspóir leis an maoiniú sin éascú a dhéanamh ar ghníomhartha atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach i mBuiséad 2022 chun tacú le teaghlaigh trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtí. Tá sé mar aidhm leis sin an tionchar atá ag méaduithe ar phraghsanna fuinnimh a laghdú do líon níos airde teaghlach trí chur leis an rochtain ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Éascaíodh an íocaíocht ó fho-mhírcheann B.4 le gannchaitheamh suntasach a tháinig chun cinn san fho-mhírcheann a tharla de bharr phaindéim Covid-19, móide €28.001 milliún a aistríodh isteach san fho-mhírcheann trí mheastachán forlíontach teicniúil.

Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na réadmhaoine seo a leanas.

1 Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2 Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na réadmhaoine sin faoi léasanna nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá iascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste comhlachta/roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	**Dáta na tuarascála iniúchta**	**An dáta a fuair an tAire/an Roinn í**	**An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í**
An Post	2020	16 Aib 2021	23 Aib 2021	28 Bea 2021
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide [a]	2020	31 Már 2021	29 Aib 2021	13 Iúil 2021
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	2020	31 Lún 2021	29 MF 2021	24 Sam 2021
Bord na Móna	2020	24 Mei 2020	16 Iúil 2020	22 Iúil 2020
An Coimisiún um Rialáil Fóntais	2020	21 Bea 2021	29 Mei 2021	18 DF 2021
Eirgrid [b]	2020	29 Ean 2021	29 Ean 2021	20 Bea 2021
BSL	2020	26 Fea 2021	3 Már 2021	15 Aib 2021
Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann	2020	10 Mei 2021	21 Mei 2021	23 Iúil 2021
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	2020	24 Mei 2021	25 Mei 2021	23 Iúil 2021
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	2020	29 Mei 2021	30 Mei 2021	8 DF 2021
Iascach Intíre Éireann	2020	20 Nol 2021	21 Nol 2021	—
Gníomhaireacht na Lochanna	2020	21 Nol 2021	4 Ean 2022	28 Fea 2022
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	2020	29 Mei 2021	1 Iúil 2021	11 DF 2021
An Ciste Comhshaoil	2020	15 Nol 2021	15 Nol 2021	4 Fea 2022
An Ciste um Ghníomhú ar Son na hAeráide	2020	20 Nol 2021	20 Nol 2021	7 Fea 2022

Nóta [a] Tréimhse an chuntais: an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

[b] Tréimhse an chuntais: an 1 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 30

Talmhaíocht, Bia agus Muir

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastal agus caiteachas Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais agus fóirdheontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus feabhsúchán Inis Sionnach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €157.977 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Déantar sócmhainní sa chatagóir mótarfheithiclí a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta deich mbliana. Léiríonn an ráta sin cineál tionsclaíoch na sócmhainní sin.

Níl aon luacháilacha ar thalamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

Seirbhísí comhroinnte

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tar éis próiseas iniúchóireachta a chur i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Cuimsítear na nithe seo a leanas sa dearbhú sin:

- Obair iniúchóireachta inmheánaí arna déanamh ag aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Iontaofachta (ISAE 3402), atá deartha chun tuairisciú a dhéanamh do ranna is úsáideoirí agus a n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Tuairiscíonn na hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm in 2021.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dearbhaithe faoi mo bhráid maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta inmheánaí, mar aon le tuarascálacha ar fheidhmiú na rialuithe le linn 2021.

Braithim ar thuairisc Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar an gcóras rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus na freagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Is é atá mar bhonn lena cuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus is bunaithe ar an anailís sin atá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá roinnt sásraí i bhfeidhm ag an Roinn chun a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach. Cuimsítear iontu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchóireachta agus a córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilimse i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn ar dhéileáil le saincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus ar na ceanglais chreidiúnaithe arna leagan síos sa rialachán le haghaidh ghníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí atá á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – ar gnólacht cuntasaíochta gairmiúil é – a dheimhníonn cuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). In 2021, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,276 dhaonlá iniúchóireachta a bheith á ndéanamh ag na comhlachtaí sin. Thug mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh chuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha ar fad a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i ndáil le 64 chonradh dar luach iomlán €3,787,740 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh roimhe sin deich gconradh dar luach €711,749 ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin.
- D'eascair trí chonradh dar luach €454,945 as moilleanna idirthréimhseacha ar aistriú chuig soláthraithe seirbhíse nua.
- Bhain cúig chonradh déag dar luach €117,149 le soláthairtí beaga neamhiomaíocha nár cuireadh ar áireamh roimhe sin i bpróiseas neamhiomaíoch comhlíontach a ceadaíodh roimhe sin.
- D'eascair aon chonradh is tríocha dar luach €2,304,961 as moilleanna ar phróiseas iomaíoch a chur i gcrích, mar gheall ar chineál fíortheicniúil na míreanna a bhí i gceist.
- Tháinig conradh amháin dar luach €35,823 a sháraigh suim iomlán roinnt ceannachán beag an tairseach soláthair.
- Tháinig ceithre chonradh dar luach €163,113 chun cinn ar ina leith nár lorgaíodh cead roimh sheirbhísí tréidliachta ionaid práinneacha a sholáthar go neamhiomaíoch.

Tá an Roinn tiomanta don leibhéal soláthairtí neamhchomhlíontacha a chuirtear i gcrích a laghdú agus leanann sí le díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach modheolaíoch pleanáilte.

Thug an Roinn sonraí faoi 85 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le ciorclán 40/02 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Leanadh le córas bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú i rith 2021.

- Tá an Oifig Rioscaí, atá lonnaithe sa Rannóg Airgeadais, ag obair go lánaimseartha chun gníomhaíocht bainistíochta riosca a fhorbairt agus a threisiú ar fud na heagraíochta.
- Buaileann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Chúnta ar a bhfuil freagracht as rialachas agus ag a bhfuil ionadaíocht ar leibhéal an Chinn Rannóige ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé maoirseacht ar obair na hOifige Rioscaí.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Rinne an Bord Bainistíochta beartas riosca na Roinne a athbhreithniú agus a fhaomhadh i mí Iúil 2020.
- Rinne an Oifig Rioscaí Córas Bainistíochta Riosca nua – eRisk, ar cuid é de thacar feidhmchlár Built-to-Share ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – a chur i bhfeidhm i leith bhaill foirne na Roinne sa bhliain 2020. Leanadh le hoiliúint agus tacaíocht foirne a sholáthar i ndáil le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leanadh le húsáid a bhaint as an gcóras eRisk i rith 2021.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla tuairiscithe agus monatóireachta frithchalaoise chun feidhme agus coimeádann an Rannóg Airgeadais clár calaoise.

- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun Beartas Calaoise na Roinne, a chuimsíonn an Straitéis Frithchalaoise, a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2021 agus cuirfear i gcrích é in 2022.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Rioscaí airgeadais suntasacha

Brexit

Ón 1 Eanáir 2021 i leith, tá an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, lasmuigh de Mhargadh Aonair AE agus den Aontas Custaim. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag nósanna imeachta nua maidir le gnóthaí a aistríonn earraí chuig nó tríd an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, nó a aistríonn earraí ón Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann. Tháinig Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) AE-na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ag an am céanna. Foráiltear leis an gcomhaontú sin don trádáil atá saor ó tharaifí agus ó chuótaí le haghaidh earraí cáilitheacha de chuid AE agus na Ríochta Aontaithe, ach tá an comhaontú teoranta maidir le héascú na hearnála agraibhia, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann neamhchosaint na hearnála ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus cineál rí-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, go bhfuil sí leochaileach go háirithe d'éifeachtaí Brexit.

Le linn 2021, chomh maith le costais leanúnacha a bhaineann le rialuithe allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm ar allmhairí táirgí bia ón Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021, thabhaigh an Roinn costais bhreise a bhaineann le Brexit maidir le hullmhúcháin chun tacú leis an earnáil dul i ngleic le ceanglais rialuithe allmhairiúcháin nua na Ríochta Aontaithe i ndáil le táirgí agraibhia, go mór mór ó thaobh dheimhniúchán sláinte na n-earraí allmhairiúcháin. Áiríodh leis na costais foireann bhreise a earcú, bonneagar TF feabhsaithe a chur ar fáil, oiliúint bhreise agus costais chumarsáide chun tacú leis an earnáil a bheith réidh chun ceanglais nua na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, táthar tar éis roinnt scéimeanna tacaíochta a thabhairt isteach agus tá siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair Brexit ar earnálacha áirithe, go háirithe maidir le hearnáil an iascaigh. Cuireadh an caiteachas seo ar fáil tríd an bpróiseas meastacháin agus déanfar breithniú ar a aisghabháil mar chuid d'éileamh na hÉireann faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit AE. Leanadh ar aghaidh le caiteachas eile a bhaineann le bearta tacaíochta Brexit don earnáil agraibhia in 2021 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an earnáil baincéireachta, agus é á ghiaráil trí mhaoiniú tosaigh ón Roinn.

Laigí i rialú ar shócmhainní seasta

Bunaíodh aonad tiomnaithe bainistíochta sócmhainní i mí Eanáir 2017. Tá an t-aonad freagrach as cláir sócmhainní na Roinne a fhíorú. Cuimsítear san obair sin seiceáil a dhéanamh an ann do shócmhainní caipitil atá á dtógáil, agus iad a chatagóiriú agus a ghabháil, mar aon le mionsonrú iomlán sócmhainní. Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2021 agus rinneadh coigeartuithe ar an gclár sócmhainní de réir mar ba chuí.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm anois chun a chinntiú gurb é atá sa chlár sócmhainní anois ná taifead cruinn go bhfuil na sócmhainní ann agus ar a luacháil, agus tá na laigí rialuithe a tuairiscíodh cheana maolaithe anois.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin go rialta. Tá nósanna imeachta cúltaca/athshlánaithe doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh na sonraí criticiúla ar fad, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí seachtracha stórála sláine agus saoráidí athshlánaithe ó thubaiste. Tá aonaid thiomnaithe chomhordaithe slándála TFC agus chibearshlándála ag an Roinn agus déanann sí obair réamhghníomhach ar shlándáil faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag rannóg iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Lena chois sin, tá an Roinn, ina ról mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoi chaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándáil Faisnéise, mar bhonn lena slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, tá an Roinn faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla lena chinntiú go bhfuil caighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 á chomhlíonadh go leanúnach.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

D'ainneoin go raibh paindéim Covid-19 fós ar siúl in 2021, lean próisis chigireachta agus deimhniúcháin na Roinne ag feidhmiú mar a bhí roimhe sin. Bhí an phaindéim mar bhonn le roinnt athruithe sa timpeallacht oibre agus rialaithe i réimsí eile gnó laistigh den Roinn agus thosaigh daoine ag obair ó chian agus go fíorúil mar ghnás. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, chuir an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe i gcrích. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann cheana agus iad sin a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Brendan Gleeson
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar/faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cás/cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conradh/conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe				
	Bunaidh	322,973			
	Géilleadh iarchurtha	600			
	Forlíontach	(1,500)			
			322,073	301,657	278,683
B	Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála				
	Bunaidh	937,088			
	Géilleadh iarchurtha	31,000			
	Forlíontach	(37,899)			
			930,189	823,914	871,290
C	Beartas agus Straitéis				
	Bunaidh	398,281			
	Forlíontach	30,300			
			428,581	402,846	392,808
D	An Earnáil Bia Mara				
	Bunaidh	167,776			
	Forlíontach	9,100			
			176,876	164,301	132,213
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	1,826,118			
	Géilleadh iarchurtha	31,600			
	Forlíontach	1			
			1,857,719	**1,692,718**	**1,674,994**
	Lúide				
E	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**363,789**	**386,665**	**388,488**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	1,462,329			
	Géilleadh iarchurtha	31,600			
	Forlíontach	1			
			1,493,930	**1,306,053**	**1,286,506**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó aon chuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €29.9 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta anonn go 2022 (Nóta 6.6).

	2021 €	2020 €
Farasbarr	187,877,467	135,953,184
Géilleadh iarchurtha	(29,900,000)	(31,600,000)
Farasbarr le géilleadh	**157,977,467**	**104,353,184**

Brendan Gleeson
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costais an chláir		1,392,409	1,389,124
Pá		211,253	192,835
Neamhphá		89,056	93,035
Ollchaiteachas		**1,692,718**	**1,674,994**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**386,665**	**388,488**
Glanchaiteachas		**1,306,053**	**1,286,506**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(4,296)		
Brabús ar dhiúscairtí	(24)		
Diúscairtí airgid thirim	24		
Dímheas	2,736	(1,560)	(1,405)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méaduithe ar fhabhruithe deiridh	5,886		
Laghdú ar stoc	220	6,106	8,537
Caiteachas díreach		**1,310,599**	**1,293,638**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		82,773	77,664
Measchíosanna		8,026	8,027
Glanchostas an chláir		**1,401,398**	**1,379,329**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	6	13
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	78,077	73,040
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,476	3,472
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	371	369
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	560	495
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		283	275
		82,773	**77,664**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	8,491	14,051
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	166,402	82,501
Stoic	2.3	2,067	2,287
Ioncam fabhraithe:			
Maoiniú CETFT atá dlite ó AE		158,537	152,437
Suimeanna eile atá dlite ó AE		5,162	5,562
Ró-íocaíochtaí scéime	6.2	668	1,367
Dlite le haghaidh seirbhísí		11,027	11,227
Réamhíocaíochtaí	2.4	39,059	44,332
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	542	1,157
Iomlán na sócmhainní reatha		**383,464**	**300,870**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	18,908	13,494
Ioncam iarchurtha		4	4
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	28,920	26,593
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	138,024	57,065
Iomlán na ndliteanas reatha		**185,856**	**97,156**
Glansócmhainní reatha		197,608	203,714
Glansócmhainní		**206,099**	**217,765**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**206,099**	**217,765**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Mótarfheithiclí agus innealra eile	Troscán agus feistis	Trealamh oifige agus trealamh eile	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	145,696	7,891	14,795	92,581	260,963
Breiseanna	1,335	797	—	2,164	4,296
Diúscairtí	—	(148)	—	(652)	(800)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní [a]	(113,223)	(658)	(10,570)	(61,747)	(186,198)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní [b]	(28,990)	(947)	(4,107)	(8,976)	(43,020)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	**4,818**	**6,935**	**118**	**23,370**	**35,241**
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	138,452	6,159	14,256	88,045	246,912
Dímheas don bhliain	804	518	13	1,401	2,736
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(148)	—	(652)	(800)
Coigeartú le haghaidh tionscadal fíoraithe sócmhainní [a]	(113,223)	(658)	(10,568)	(61,746)	(186,195)
Coigeartú le haghaidh tairseach tuairiscithe sócmhainní [b]	(23,492)	(819)	(3,675)	(7,917)	(35,903)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	**2,541**	**5,052**	**26**	**19,131**	**26,750**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**2,277**	**1,883**	**92**	**4,239**	**8,491**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	7,244	1,732	539	4,536	14,051

Nótaí

[a] Cuireadh an tionscadal fíoraithe sócmhainní i gcrích in 2021 agus bhí coigeartú ag teastáil chun sócmhainní a aistarraingíodh agus sócmhainní atá imithe i léig a bhaint den chlár.

[b] Mar a luadh cheana i gCiorclán 27/2019 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a áireamh ar an ráiteas ar shócmhainní caipitil go €10,000 i gcás sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn an beartas seo in 2021 agus baineann an coigeartú seo le sócmhainní aonair a mbaineann luach faoi bhun €10,000 leo a bhaint den chuntas.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	165,934	81,123
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	468	1,378
	166,402	**82,501**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthairtí tréidliachta	1,743	1,415
Beostoc	276	202
Stoc talmhaíochta	39	111
Trealamh sábháilteachta	9	22
Soláthairtí agus ceimiceáin saotharlainne	—	516
Stoic ola	—	16
Soláthairtí glantacháin	—	5
	2,067	**2,287**

Nóta Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna stoic in 2021, baineadh catagóirí míre íseal-luacha agus ardláimhdeachais den iarmhéid stoic.

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (Nóta 6.5)	25,000	25,000
Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin	7,892	2,711
Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise	3,543	2,937
An Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí	1,114	11,000
Eile	1,032	490
Síntiúis	478	2,194
	39,059	**44,332**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Airleacain tuarastal	3	551
Óinchistí agus costais taistil in-fhorchúitithe	69	104
Réamhíocaíochtaí le OOP	470	381
Eile	—	121
	542	**1,157**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Fabhruithe clár sonrach	16,701	11,273
Speansais riaracháin	1,278	1,976
Seirbhísí agus tacaíocht TF	929	245
	18,908	**13,494**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,299	2,880
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	2,041	1,781
Cáin shiarchoinneálach	1,887	1,493
Cáin bhreisluacha	1,149	804
Cáin conarthaí iomchuí	23	15
Ranníocaíochtaí pinsin	402	721
Cáin mhaoine áitiúil	20	30
Muirear sóisialach uilíoch	644	572
	9,465	8,296
Urrúis	3,052	2,506
Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí	375	180
Airleacan AE	11,797	13,007
Ilghnéitheach	4,231	2,604
	28,920	**26,593**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	157,977	104,353
Géilleadh iarchurtha	29,900	31,600
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(49,853)	(78,888)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**138,024**	**57,065**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	166,402	82,501
Iarmhéideanna dochair: fionraí	542	1,157
	166,944	83,658
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(9,465)	(8,296)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(19,455)	(18,297)
	(28,920)	(26,593)
	138,024	**57,065**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			217,765	224,898
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,493,930		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(29,900)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(157,977)		
Glanvóta			1,306,053	1,286,506
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		82,773	77,664
Míreanna neamhairgid - coigeartú le haghaidh fíorú sócmhainní agus le haghaidh tairseach tuairiscithe sócmhainní	2.1		(7,120)	—
Míreanna neamhairgid - sócmhainní aistrithe	2.1		—	(1)
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		8,026	8,027
Glanchostas an chláir	1		(1,401,398)	(1,379,329)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**206,099**	**217,765**

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	146,680	78,672
Cláir deontas neamhchaipitil	448,490	395,731
Cláir deontas caipitil	662,035	617,319
Mórthionscadal caipitil	70	600
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,257,275**	**1,092,322**

Ceangaltais clár deontas neamhchaipitil

			2021	2020
	Dlite 2022 **€000**	**Blianta ina dhiaidh sin** **€000**	**Iomlán** **€000**	**Iomlán** **€000**
An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin	195,816	39,339	235,155	242,190
An Clár Domhanda Bia	25,000	25,000	50,000	—
Scéimeanna faoi stiúir áitiúil – reatha	23,645	5,975	29,620	34,671
Deontais don earnáil orgánach	19,123	7,466	26,589	15,947
Leas na gcaorach	18,860	2,500	21,360	19,500
Taighde ar bhia	16,250	51,478	67,728	62,458
Clár géanómaíochta sonraí mairteola	4,775	—	4,775	15,184
An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - Babhta Nua	3,897	1,670	5,567	—
An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh	2,300	2,796	5,096	2,936
Beart Ionchorpraithe Tuí	517	—	517	—
An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht	385	100	485	877
Íocaíochtaí anáidí feirme	149	1,202	1,351	1,500
Bainne agus torthaí scoile	111	111	222	333
Aistriú eolais	25	—	25	135
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**310,853**	**137,637**	**448,490**	**395,731**

Ceangaltais clár deontas caipitil

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	617,319	609,011
Deontais a íocadh sa bhliain	(186,737)	(171,655)
Ceangaltais nua	282,553	214,386
Dídhílsithe deontas	(51,100)	(34,423)
Iarmhéid deiridh	**662,035**	**617,319**

Ceangaltais clár deontas caipitil

			2021	2020
	Dlite 2022 €000	**Blianta ina dhiaidh sin €000**	**Iomlán €000**	**Iomlán €000**
Foraoisiú	87,031	422,695	509,726	505,868
Scéimeanna nuachóirithe talmhaíochta spriocdhírithe	75,044	—	75,044	64,662
An clár caipitil um Lárionaid Chuanta Iascaigh	19,332	1,370	20,702	18,730
Deontais infheistíochta caipitil	7,000	28,000	35,000	901
Tionscnaimh bhia LEADER	4,000	6,500	10,500	7,930
Scéim ghairneoireachta	3,721	—	3,721	2,651
An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal	2,753	1,180	3,933	—
Scéimeanna faoi stiúir áitiúil - caipiteal	24	—	24	70
Scéimeanna iasachta Brexit - SBCI	—	3,385	3,385	14,000
Mol Nuálaíochta Bia	—	—	—	1,150
An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal	—	—	—	1,357
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**198,905**	**463,130**	**662,035**	**617,319**

Ceangaltais mórthionscadal caipitil

Tionscadal	**Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 €000**	**Caiteachas in 2021 €000**	**Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000**	**Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2021 €000**	**Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020 €000**
Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach	25,337	450	70	25,857	25,937

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Oibríochtaí AE

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí shealadach faoi Chlár Oibríochtúil Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) na hÉireann mar thoradh ar mhoill a bheith ar chur chun feidhme chóras pointí AE faoi Rialacháin AE.

   Ó shin i leith, bhunaigh an tAire rialacháin a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais ábhartha a bhaineann le córas na bpointí do shealbhóirí ceadúnas bád iascaireachta mara. Tá na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi na rialacháin seo i bhfeidhm anois.

   Tá foráil choiteann ann in alt 15(4) den Acht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, go dtiocfaidh an tAcht i bhfeidhm díreach tar éis a achtaithe trí thosach feidhme ina sonrófar lá/dáta achtaithe fhorálacha an Achta. Tá sé beartaithe go gcuirfear an tAcht i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Shínigh an tUachtarán an Bille Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 (uimh. 2 de 2022), ina dhlí an 15 Márta 2022.

   Cé go ndéanann Éire gach iarracht na hoibleagáidí faoi Rialachán AE maidir le Rialú ar Iascach a chomhlíonadh, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála d'Éirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmiúcháin ar fionraí in 2018 agus bhí €24.437 milliún in íocaíochtaí ar fionraí á siarchoinneáil ag deireadh 2021.

   Foráiltear le Rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair atá ceanglais chóras na bpointí á gcomhlíonadh go hiomlán ag Éirinn.

2. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha a bhaineann le nithe a sainaithníodh i ndiaidh Fiosrúchán Riaracháin de bhua Airteagal 102(2) de Rialachán Rialaithe 1224/2009 ó AE maidir le hábhair a bhaineann le rialú ar iascach mara. Fuair an tAire cinntí ó Choimisiún AE agus tá an Roinn agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, a bhfuil freagracht dhlíthiúil air as rialú oibríochtúil, i mbun rannpháirtíocht iomlán leis an gCoimisiún chun na cúrsaí seo a chur ar aghaidh, agus lean an rannpháirtíocht seo ar aghaidh le linn 2021. Baineann éiginnteacht fós le cineál agus uainiú aon dliteanas ionchasach.

3. Chomh maith leis sin, tá an Roinn ar an eolas faoi dhícheaduithe féideartha maidir leis na próisis iniúchóireachta seo a leanas atá ar siúl faoi láthair. Baineann éiginnteacht fós le suim nó uainiú aon dliteanas féideartha.

- Iniúchadh neamh-IACS 2019 ó CETFT - Rinneadh an t-iniúchadh i mí na Samhna 2019 agus reáchtáladh cruinniú déthaobhach i mí na Samhna 2020. Tá an próiseas comhréitigh curtha i gcrích anois agus táthar ag feitheamh le haghaidh an bhreithnithe dheireanaigh.
- Iniúchadh ar Theidlíochtaí (NR/YFS) 2021 – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach an 22 Márta 2022 agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara fós ag fanacht chun miontuairiscí an chruinnithe a fháil. Ba cheart go bhfaighfí iad laistigh de 30 lá. Chomh maith leis sin, léirigh an Coimisiún go mbeadh tuilleadh eolais á lorg acu i miontuairiscí an chruinnithe.
- Glanadh Cuntas 2020 (a bhaineann le GLAS / OFS) – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach maidir leis an iniúchadh i mí na Samhna 2021, agus ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuilleadh eolais ar fáil. Táthar ag fanacht anois ar fhreagra ó DGAGRI.

- Iniúchadh Deisce ANC 2021 – Fuarthas na miontuairiscí déthaobhacha an 11 Feabhra 2022 agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag ullmhú a freagra faoi láthair.
- Iniúchadh na hEagraíochta Táirgeoirí 2021 – Reáchtáladh cruinniú déthaobhach ar an 8 Márta 2022 táthar ag fanacht chun miontuairiscí an chruinnithe a fháil.

Eile

Tá an Roinn gafa le roinnt áirithe imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Baineann éiginnteacht le suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	214,031	211,253	192,835
ii.	Taisteal agus cothú	7,299	5,400	5,706
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	7,918	5,357	5,101
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	5,302	4,348	4,376
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	59,581	48,489	42,299
vi	Costais áitribh oifige	23,473	15,456	26,818
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	218	192	85
viii	Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint	870	1,088	837
ix	Seirbhísí saotharlainne	8,447	8,726	7,813
		327,139	**300,309**	**285,870**

Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €7.299 milliún; toradh €5.4 milliún

D'eascair an t-easnamh €1.899 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as taisteal laghdaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ar aon dul le srianta rialtais, níor mhol an Roinn ach taisteal riachtanach, rud ba chúis le laghdú foriomlán ar chostais taistil agus chothaithe don bhliain.

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

Soláthar meastacháin €7.918 milliún; toradh €5.357 milliún

Bhain an t-easnamh €2.561 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Rinneadh coigilteas €859,000 in oiliúint sláinte agus sábháilteachta agus i gcostais ghinearálta um oiliúint foirne, toisc gur cuireadh oiliúint ar fáil go fíorúil seachas a bheith bunaithe sa seomra ranga. Rinneadh coigilteas €479,000 i soláthar cuntasaíochta teicniúla a bhí ag ligean d'easnaimh in airgeadra eachtrach nach raibh ag teastáil. Rinneadh coigilteas €316,000 i gcúrsaí fógraíochta toisc nár leanadh ar aghaidh le roinnt feachtas faisnéise a bhí beartaithe. Anuas air sin, ní raibh an soláthar a bhí déanta le haghaidh cás dlí ag teastáil.

vi **Costais áitribh oifige**

Soláthar meastacháin €23.473 milliún; toradh €15.456 milliún

Bhain an t-easnamh €8.017 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. D'eascair coigilteas €667,000 ó chostais fuinnimh de réir mar a leanann an Roinn ar aghaidh ag laghdú costais fuinnimh i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus toisc gur fhill líon ní ba lú foirne ar na hoifigí in 2021. D'eascair coigilteas €2.629 milliún freisin ó thaobh costas cíosa as soláthar méadaithe a bhí ann mar thoradh ar neamhchinnteacht go méadófaí costais chíosa. D'eascair coigilteas €3.651 milliún ón gcaitheamh caipitil i bPort Bhaile Átha Cliath de bharr meascán de thosca, lena n-áirítear moilleanna tógála de dheasca phaindéim Covid-19 agus obair eile nach ndeachaigh ar aghaidh mar thoradh ar chostais a bheith ag ardú.

viii **Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint**

Soláthar meastacháin €870,000; toradh €1.088 milliún

Tharla an méadú €218,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar chostais a bhain leis an iniúchadh comhlachta deimhniúcháin, ar costais iad a ghearrtar ar bhonn bhliain airgeadais AE agus lenar áiríodh íocaíocht de réir dul chun cinn ar an iniúchadh (Deireadh Fómhair 2021-Deireadh Fómhair 2022). Níor cuireadh uainiú na híocaíochta de réir dul chun cinn san áireamh sa mheastachán do 2021.

Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá		125,081	123,458	112,694
A.2	Riarachán − neamhphá				
	Bunaidh	71,045			
	Forlíontach	(1,500)			
			69,545	55,877	61,956
A.3	Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe				
	Soláthar meastacháin	126,847			
	Géilleadh iarchurtha	600			
			127,447	122,322	104,033
			322,073	**301,657**	**278,683**

Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá		61,206	60,411	55,144
B.2	Riarachán − neamhphá				
	Bunaidh	28,468			
	Forlíontach	(6,500)			
			21,968	22,458	21,097
B.3	Scéimeanna um agra-chomhshaol				
	Bunaidh	290,089			
	Forlíontach	(21,350)			
			268,739	226,665	228,164
B.4	Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha				
	Bunaidh	250,000			
	Forlíontach	(1,000)	249,000	246,812	247,324
B.5	Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt				
	Soláthar meastacháin	59,911			
	Géilleadh iarchurtha	31,000			
	Forlíontach	(3,300)			
			87,611	73,158	81,193
B.6	Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola		85,350	78,068	130,126
B.7	Aistriú eolais		500	58	2,476
B.8	Scéim leasa ainmhithe le haghaidh caorach				
	Bunaidh	17,000			
	Forlíontach	1,500	18,500	17,881	16,755
B.9	An scéim luathscoir		—	(27)	(30)
B.10	Foraoiseacht agus bithfhuinneamh				
	Bunaidh	103,243			
	Forlíontach	(7,000)			
			96,243	69,567	79,218
B.11	Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile				
	Bunaidh	17,720			
	Forlíontach	1			
			17,721	14,556	9,752
B.12	Scéimeanna Eile				
	Bunaidh	601			
	Forlíontach	(250)			
			351	93	71

			2021	2020
		Soláthar measatacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.13	Bearta cánach carbóin	23,000	14,214	—
		930,189	**823,914**	**871,290**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas i ndáil le Clár B €144.174 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrú €6.805 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €137.369 milliún.

B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil

Soláthar measatacháin €290.089 milliún; toradh €226.665 milliún

Baineann an t-easnamh caiteachais €63.424 milliún i gcoibhneas leis an measatachán bunaidh le coigilteas ar fud roinnt scéimeanna; seo a leanas na cinn phríomha:

Rinneadh coigilteas €14.812 milliún sa Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear laghdú i líon na rannpháirtithe gníomhacha i dtráinsí GLAS 1 agus GLAS 2 agus laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha in GLAS 3.

Rinneadh coigilteas €15.049 milliún i scéimeanna níotráití toisc nár thosaigh scéim amháin go dtí mí na Samhna 2021 agus tá scéim eile beartaithe le tosú in 2022.

Rinneadh coigilteas €27.684 milliún faoin bpacáiste téarnaimh Next Generation EU (NGEU) ar na cúiseanna éagsúla seo a leanas: bhain an gannchaitheamh €7.215 milliún faoi Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe II (TAMS II) go príomha le huainiú an mhaoinithe a bheith ar fáil toisc nach raibh ach ceaduithe a eisíodh ón 1 Aibreán 2021 incháilithe agus tá 12 mhí ag iarratasóirí éileamh a dhéanamh seo agus, mar sin, feicfear an caitheamh in 2022; bhain an gannchaitheamh €4.578 milliún i Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí le líon ní ba lú rannpháirtithe sa scéim ná mar a bhíothas ag súil leis agus níor eisíodh na réamhíocaíochtaí do na rannpháirtithe go léir mar gheall ar éilimh nach raibh na bailíochtaí iomchuí bainte amach acu fós; bhain an gannchaitheamh €2.886 milliún i scéimeanna na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht le leithdháileadh bliana iomláine sna meastacháin nuair nár cuireadh tús leis an nGlao go dtí lár na bliana 2021; tharla an t-easnamh €3.276 milliún faoin mBeart Ionchorpraithe Tuí toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh agus bhí líon na n-iarratas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis; agus tharla an gannchaitheamh €10 milliún sa Scéim Agra-Chomhshaoil toisc nár thosaigh an scéim go dtí 2022.

B.5 Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt

Soláthar meastacháin €90.911 milliún; toradh €73.158 milliún

Baineann an t-easnamh caiteachais €17.753 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas €15.643 milliún a d'eascair i scéimeanna TAMS II agus a bhain le luach mór na gceadanna a d'imigh in éag in 2021, agus leis na srianta tromchúiseanna a cuireadh i bhfeidhm san earnáil tógála de dheasca fadhbanna le slabhra an tsoláthair a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus Brexit.

B.6 Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola

Soláthar meastacháin €85.35 milliún; toradh €78.068 milliún

Tháinig an t-easnamh caiteachais €7.282 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh do scéimeanna mairteola chun cinn toisc go raibh scéim idirthréimhseach i bhfeidhm in 2021 le haghaidh rannpháirtithe sa Chlár Sonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP). Tháinig laghdú ar líon na rannpháirtithe gníomhacha ó BDGP I chuig an scéim idirthréimhseach in 2021.

B.7 Aistriú eolais

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €58,000

Bhain an t-easnamh caiteachais €442,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le haistarraingtí ón scéim a bheith á bpróiseáil go leanúnach, agus níor chuir roinnt rannpháirtithe ceanglas uile na scéime i gcrích, agus mar sin bhí na híocaíochtaí ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

B.8 Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh

Soláthar meastacháin €17 milliún; toradh €17.881 milliún

D'eascair an méadú ar chaiteachas de €881,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar mhéadú ar an uimhir thagartha d'ainmhithe a bhí i dteideal íocaíochta.

B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh

Soláthar meastacháin €103.243 milliún; toradh €69.567 milliún

Bhain an t-easnamh €33.676 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le heasnamh €33.666 milliún sna scéimeanna foraoiseachta.

Bhain an t-easnamh €31.058 milliún i gcaiteachas caipitil le roinnt tosca criticiúla, e.g., toisc go bhfuil an scéim bunaithe ar éileamh agus nach raibh an t-éileamh chomh mór agus a bhíothas ag súil leis, ós rud é i bpáirt go raibh moilliú ann ó thaobh ceadúnas foraoiseachta a eisiúint toisc go raibh nósanna imeachta nua i bhfeidhm agus ionchur éiceolaíochta ní ba mhó ag teastáil. Lena chois sin, roghnaigh roinnt daoine aonair ligean dá bpréimheanna carnadh chun bulc-éileamh a dhéanamh am éigin amach anseo.

Bhí líon na n-achomharc a bhain le deonú ceadúnas foraoiseachta le haghaidh plandú, agus le haghaidh tógáil bóithre foraoise, mar bhonn le riaráistí suntasacha agus bhí tionchar aige ar eisiúint íocaíochtaí freisin. Ní dhearnadh ach leath de na heicteáir a ceadaíodh in 2021 a phlandú.

Bhí gannchaitheamh €2.608 milliún i gceist ar an gcaiteachas reatha toisc go raibh roinnt mhaith tionscadal tacaíochta coillte déanach ag tosú agus ní dhearna siad éileamh in 2021. Níor reáchtáladh geall le himeacht promóisin duine le duine ar bith in 2021 agus ciorraíodh gníomhaíochtaí lenar bhain obair allamuigh de dheasca phaindéim Covid-19, mar aon leis an Scéim Aistrithe Eolais Foraoiseachta.

B.11 Costais scéimeanna rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile

Soláthar meastacháin €17.72 milliún; toradh €14.556 milliún

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €3.164 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €2.25 milliún sa scéim idirghabhála a bhaineann le stóráil phoiblí táirgí talmhaíochta. Ní dhearnadh aon chaiteachas sa réimse seo toisc nach raibh aon táirge á choinneáil faoi stóráil phoiblí. Is cinneadh a dhéantar ag leibhéal AE agus a chuireann staid an mhargaidh san áireamh é an cinneadh chun táirge a cheannach agus a chur faoi stóráil phoiblí. Chun a chinntiú go bhfuil an Roinn in ann a leithéid de scéim a bhainistiú, tá gá ann le buiséad bliantúil a choinneáil.

B.12 Scéimeanna eile

Soláthar meastacháin €601,000; toradh €93,000

Bhain an t-easnamh caiteachais €508,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas €500,000 ar threoirscéim athlonnaithe clós feirme a bhíonn buailte ag tuilte. Thionscain an Roinn staidéar féidearthachta maidir le scéim a bhaineann le hathlonnú deonach clós feirme agus bhí an obair sin á déanamh laistigh de théarmaí an Ghrúpa Beartais Idir-Rannaigh um Thuilte, ach níor eascair caiteachas caipitil ar bith in 2021.

B.13 Bearta cánach carbóin

Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €14.214 milliún

Bhain an t-easnamh caiteachais €8.786 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh go príomha le coigilteas a rinneadh sa Chlár Píolótach Agra-Chomhshaoil Torthaí-Bhunaithe (REAP) toisc go bhfuil cuid mhór den íocaíocht REAP bunaithe ar thorthaí, agus leibhéal na híocaíochta bunaithe ar chóras scórchárta. Toisc gur treoirthionscadal í an scéim, bhí na meastacháin bhunaidh bunaithe ar luachanna scórchárta measta a bhí ní b'airde ná na luachanna measúnaithe iarbhír nuair a rinneadh anailísiú ar na sonraí éilimh. Bhain coigilteas breise le líon ní ba lú iarratas ceadaithe ná mar a bhíothas ag súil leis, agus leis an gcaiteachas freisin i leith 2021 a thitfidh isteach in 2022 toisc gur féidir éilimh a chur isteach suas go dtí an 31 Iúil 2022.

Clár C Beartas agus Straitéis

	2021		2020
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000

C.1	Riarachán – pá		17,442	17,216	15,715
C.2	Riarachán – neamhphá		7,178	5,706	5,258
C.3	Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán		29,893	29,510	26,094
C.4	Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn		15,422	5,567	3,999
C.5	Deontas do Theagasc		145,793	141,943	144,373
C.6	Deontas do Bhord Bia		52,550	51,550	46,935
C.7	An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con		97,500	96,000	84,000
C.8	Ciste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe Cedra		1,500	1,487	1,497
C.9	Tabhartais chúnaimh bia – an Clár Domhanda Bia				
	Bunaidh	—			
	Forlíontach	25,000			
			25,000	25,000	25,700
C.10	Scéimeanna iasachta SBCI				
	Bunaidh	11,400			
	Forlíontach	7,300			
			18,700	16,198	25,705
C.11	Seirbhísí eile				
	Bunaidh	19,603			
	Forlíontach	(2,000)			
			17,603	12,669	13,532
			428,581	**402,846**	**392,808**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas i ndáil le Clár C €4.565 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €1.698 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain iarmhéid an róchaithimh frithairithe dar luach €6.263 milliún leis na nithe seo a leanas go príomha.

C.4 Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn

Soláthar meastacháin €15.422 milliún; toradh €5.567 milliún

Bhain an t-easnamh €9.855 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- D'eascair coigilteas €7 milliún as Scéim Infheistíochta Caipitil Brexit toisc go mbíonn scéimeanna infheistíochta caipitil den sórt sin casta agus bíonn gá le hullmhú suntasach agus pleanáil shuntasach agus, mar sin, ní dhearna cuideachta ar bith éileamh in 2021. Beidh an Scéim ar siúl ar feadh roinnt blianta agus tarraingeofar maoiniú anuas de réir mar a chuirtear tionscadail chaipitil i gcrích. Tá na meastacháin bunaithe ar chomhairle ó Fhiontraíocht Éireann. Táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tionscadail in 2022.
- Rinneadh coigilteas €971,000 agus oifig nua á bunú - an tOmbudsman Náisiúnta Bia. Mar bheart idirthréimhseach, bhí Oifigigh na Roinne ag feidhmiú mar fhoireann an údaráis nua agus, mar sin, ní raibh aon ghá le maoiniú ó bhuiséad an Ombudsman Bia a úsáid le haghaidh cúrsaí foirne, áitribh nó seirbhísí coimhdeacha in 2021. Rinneadh coigilteas breise €300,000 toisc go raibh an caitheamh ar leathnú an Ionaid Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus rinneadh coigilteas €329,000 toisc go raibh glacadh mall ann le Ciste Tionscnaimh Bia LEADER toisc go raibh gnólachtaí cúramach ina ngníomhaíochtaí mar thoradh ar an neamhchinnteacht gheilleagair a bhí ann de dheasca Brexit agus phaindéim Covid-19.

C.9 Tabhartais chúnaimh bia – an Clár Domhanda Bia

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €25 mhilliún

D'eascair an méadú €25 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as eisíocaíocht airleacain i ndáil le ranníocaíocht na hÉireann in 2022 faoin gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí 2022-2024, rud a rinneadh i mí na Nollag 2021 i ndiaidh iarraidh a fháil ón gClár Domhanda Bia. Tá an tsuim seo curtha ar áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

C.10 Scéimeanna iasachta SCBI

Soláthar meastacháin €11.4 milliún; toradh €16.198 milliún

Bhain an t-easnamh caiteachais €4.798 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na ranníocaíochtaí luathaithe ar an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

C.11 Seirbhísí eile

Soláthar measctacháin €19.603 milliún; toradh €12.669 milliún

Bhain an t-easnamh €6.934 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an measctachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- Rinneadh coigilteas €2.736 milliún toisc nach raibh an soláthar stuama bliantúil le haghaidh seirbhísí dlíthiúla ag teastáil le linn na bliana. Rinneadh coigilteas €2 mhilliún sa Chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chomhairleoirí toisc nár síníodh an conradh don tairiscint ardáin ach amháin i ráithe a ceathair de 2022 agus nár síníodh an tairiscint ábhair ach amháin in 2022.
- Rinneadh coigilteas €641,000 freisin ós rud é nár reáchtáladh imeachtaí Eachspórt Éireann de dheasca phaindéim Covid-19.

Clár D An Earnáil Bia Mara

				2020	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán − pá		10,302	10,168	9,282
D.2	Riarachán − neamhphá		6,417	5,015	4,724
D.3	Iascach				
	Bunaidh	42,907			
	Forlíontach	(4,900)			
			38,007	36,375	29,828
D.4	Deontas d'Fhoras na Mara				
	Bunaidh	43,990			
	Forlíontach	5,000			
			48,990	48,351	37,105
D.5	Deontas don Bhord Iascaigh Mhara				
	Bunaidh	38,750			
	Forlíontach	11,000			
			49,750	45,900	37,500
D.6	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara				
	Bunaidh	24,810			
	Forlíontach	(2,000)			
			22,810	18,042	13,197
D.7	Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach		600	450	577
			176,876	**164,301**	**132,213**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000). Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil le Clár D €3.475 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an t-athrú €1.536 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €1.939 milliún.

D.3 Iascach

Soláthar meastacháin €42.907 milliún; toradh €36.375 milliún

Bhain an t-easnamh €6.532 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na seo a leanas go príomha.

- D'eascair coigilteas €3.81 milliún i mbuiséad na Rannóige Innealtóireachta Muirí as moilleanna ar thionscadail leanúnacha agus as moilleanna ó thaobh tionscadail nua a thosú de dheasca phaindéim Covid-19.

- D'eascair coigilteas €1.585 milliún sa chlár Forbartha Bia

Mara go príomha as tearc-chaitheamh ar thionscadail um Pleanáil Spásúlachta Muirí faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) arna ndéanamh ag Foras na Mara agus ós rud é nár thosaigh an córas TF a bhí á fhorbairt chun CEMI a sheirbhísiú mar a bhíothas ag súil leis go déanach in 2021.

- D'eascair coigilteas €917,000 sa réimse um Chomhlíonadh Comhshaoil as gannchaitheamh laistigh de Scéim Bithéagsúlachta Muirí CEMI thar réimse tionscadal éagsúil arna gcur i bhfeidhm ag Foras na Mara. I measc na gcúiseanna a bhain leis na moilleanna seo, bhí moilleanna ó thaobh tionscadail a cheadú, tosú, soláthar agus saotharlanna a bheith dúnta nó gann ar fhoireann.

D.4 Deontas d'Fhoras na Mara

Soláthar meastacháin €43.99 milliún; toradh €48.351 milliún

Rinneadh an méadú caiteachas €4.361 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar mheastachán forlíontach €5 mhilliún a ceadaíodh i mí na Nollag 2021 maidir le dliteanais Chreat Bailithe Sonraí Fhoras na Mara. Cuireadh an tsuim sin ar fáil chun réiteach a dhéanamh ar an aimhrialtacht stairiúil a bhaineann le maoiniú bliantúil vótáilte as an státchiste a thugann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara d'Fhoras na Mara le haghaidh an Chreata Bailithe Sonraí, rud a íocadh roimhe sin bliain amháin i riaráiste seachas sa bhliain reatha. Leis an leithdháileadh forlíontach speisialta aonuaire seo, is féidir na dliteanais seo a íoc ó leithdháiltí na bliana reatha.

D.5 Deontas don Bhord Iascaigh Mhara

Soláthar meastacháin €38.75 milliún; toradh €45.9 milliún

Rinneadh an méadú caiteachais €7.15 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar fhorlíonadh aonuaire a tugadh don Bhord Iascaigh Mhara chun an Scéim Shealadach Brexit um Fhlít a Chur le Balla a mhaoiniú.

D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

Soláthar meastacháin €24.81 milliún; toradh €18.042 milliún

Bhain an t-easnamh caiteachais dar luach €6.768 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas pá €2.391 milliún mar gheall ar uainiú earcaíochta lín foirne a bhí ceadaithe cheana féin agus le coigilteas dar luach €378,000 i gcostais phinsin mar thoradh ar líon ní ba lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ag dul ar scor. Tharla coigilteas €1.246 milliún i gcostais neamhphá go príomha mar thoradh ar laghdú i dtaisteal agus cothú de dheasca phaindéim Covid-19 agus le coigilteas i gcostais tacaíochta. D'eascair coigilteas €381,000 as roinnt tionscadal caipitil agus bhain coigilteas €2.372 milliún le tionscadail eile a bhí beartaithe le haghaidh 2021 ach a cuireadh siar go 2022.

D.7 Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach

Soláthar meastacháin €600,000; toradh €450,000

D'eascair an t-easnamh caiteachais €150,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as uainiú scaoileadh na n-íocaíochtaí coinneála deiridh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		Fo-mhírcheann	2021 Measta	2021 Réadaithe	2020 Réadaithe
			€000	€000	€000
1	Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigeach atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha		720	605	1,122
2	Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil, aisíocaíocht easpórtála, etc., de chuid AE		1	364	6
3	Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile	A.3	14,737	17,247	19,362
4	Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo	A.3	723	871	928
5	Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta	A.3	4,050	4,712	8,116
6	Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc., a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil	A.3	675	559	530
7	Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc., agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin	C.3	2,349	3,415	2,970
8	Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú	A.3	7,001	7,866	7,853
9	Fáltais Choimisiún na Talún		300	173	194
10	Fáltais eile		4,548	7,579	2,587
11	Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht)	B.11	975	—	—
			2021		2020

		Fo-mhírcheann	Measta	Réadaithe	Réadaithe
			€000	€000	€000
12	Caillteanais stoc idirghabhála, etc.	B.11	—	866	1,027
13	CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)	B.4, B.3, B.5 agus B.9	270,000	311,939	306,002
14	An Ciste Tréidliachta	A.3	4,675	4,711	7,865
15	Fáltais Ráthaíochta eile ó AE (Talmhaíocht)	B.11	—	41	33
16	Fáltais fíneálacha agus forghéillte i ndáil le hiascach mara	D.3	100	171	40
17	Fáltais faoin Acht Imeall Trágha, 1933, agus faoin Acht Maoine Stáit, 1954	D.3	100	147	76
18	Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú	D.3	—	—	—
19	Táillí ceadúnais dobharshaothraithe	D.3	406	772	529
20	Fáltais AE le haghaidh CEMID	D.3	13,500	13,042	19,482
21	CEI (Iascach) 2007-2013	D.3	—	—	—
22	Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann		200	113	59
23	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí		10,729	10,096	9,707
24	Fáltais NGEU	B.3	28,000	1,258	—
25	Fáltais cheadúnaithe foraoise	B.10	—	118	—
	Iomlán		**363,789**	**386,665**	**388,488**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €22.876 milliún níos mó ná an measachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

1 Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigeach atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha

Measta €720,000; réadaithe €605,000

Tá laghdú €115,000 ann toisc gur fhill oifigeach in 2021 ó bheith ar iasacht agus toisc go raibh roinnt sonrasc fós amuigh ag deireadh na bliana.

2 Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil, aisíocaíocht easpórtála, etc, de chuid AE

Measta €1,000; réadaithe €364,000

Rinneadh méadú €363,000 i bhfáltais toisc nár éirigh le roinnt trádálaithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus, mar sin, d'fhorghéill siad a n-urrúis. Ní dhéantar ach soláthar comharthach bliantúil toisc go bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh roimh ré maidir le forghéilleadh ar bith a d'fhéadfadh tarlú.

3 Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile

Measta €14.737 milliún; réadaithe €17.247 milliún

Baineann an méadú €2.51 milliún le méadú i leibhéil mharaithe speiceas áirithe agus méadú ó thaobh leibhéal gníomhaíochta arís in 2021.

4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo

Measta €723,000; réadaithe €871,000

Baineann an méadú €148,000 le leibhéal ní b'airde easpórtálacha ainmhithe ná mar a bhíothas ag súil leis agus ós rud é gur tugadh isteach táillí lena gcur ar chapaill a bhíonn á n-easpórtáil chuig an mBreatain Mhór ó 2021 ar aghaidh.

5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta

Measta €4.05 milliún; réadaithe €4.712 milliún

Bhain an méadú €662,000 le gníomhaíocht mhéadaithe san earnáil déiríochta. Chomh maith leis sin, baineann éagsúlacht le tobhaigh a fhaightear in aon bhliain ar leith toisc go mbraitheann siad ar an méid táirgiúlachta a bhaineann le gach oibreoir gnó bia.

6 Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc., a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil

Measta €675,000; réadaithe €559,000

Rinneadh an laghdú €116,000 i bhfáltais le haghaidh tástáil saotharlainne tréidliachta toisc gur córas tástála atá bunaithe ar éileamh atá i gceist ó chleachtais tréidliachta príobháideacha, gan aon ráthaíocht gur féidir spriocanna measta a bhaint amach.

7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc., agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin

Measta €2.349 milliún; réadaithe €3.415 milliún

Bhí méadú €436,000 i gceist i dtáillí clárúcháin lotnaidicídí, rud a léiríonn leibhéal ní b'airde clárúchán ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí an méadú sin bunaithe ar leas/éileamh tráchtála seachtrach, go háirithe éileamh ar dhíghalráin lámh.

Tháinig méadú €338,000 ar tháillí deimhniúcháin síolta gránach toisc go bhfuil an tseirbhís seo faoi thionchar cliant ag na díolamóirí agus saothróirí síolta agus d'fhéadfadh breithnithe tráchtála bliantúla na ndíolamóirí agus saothróirí síolta tionchar a imirt orthu, agus d'fhéadfadh cúinsí bliantúla difear a dhéanamh do líon na síolta a shaothraítear freisin.

8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú

Measta €7.001 milliún; réadaithe €7.866 milliún

Spreagadh an méadú €865,000 sna tobhaigh um ghalair bhólachta go príomha leis na tobhaigh bhreise a bailíodh in aghaidh an lítir bainne a phróiseáiltear, rud a léiríonn an leathnú leanúnach san earnáil déiríochta. Tá sé deacair líon iomlán na dtobhach atá le bailiú, ar bhonn bliantúil, a thuar, mar gheall ar luaineacht ar fheidhmiúlacht na hearnála déiríochta.

9 Fáltais Choimisiún na Talún

Measta €300,000; réadaithe €173,000

Bhain an laghdú €127,000 le laghdú i líon na gcuntas gníomhach.

10 Fáltais eile

Measta €4.548 milliún; réadaithe €7.579 milliún

Bhain an méadú €3.031 milliún go príomha le híocaíocht aonuaire €2.559 milliún ó Teagasc as ranníocaíochtaí pinsin a rinneadh mar thoradh ar athrú sa bhealach a rinneadh na ranníocaíochtaí a coinníodh a riar.

Fuarthas €508,000 sa bhreis ar an tsuim thuartha ó thionscnaimh thaighde iomaíocha faoi cheannas AE freisin toisc go n-athraíonn na suimeanna incháilithe d'aisíocaíocht ar bhonn gach cáis agus léiríonn siad an tsuim a chaith na páirtithe conarthacha.

11 Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta eile rannóg FEOGA (Ráthaíocht)

Measta €975,000; réadaithe €nialas

Bhain an laghdú €975,000 le dea-dhálaí margaidh agus, mar sin, níor coinníodh aon táirge faoi stóráil phoiblí.

12 Caillteanais stoc idirghabhála, etc.

Measta €nialas; réadaithe €866,000

Rinneadh an méadú €866,000 toisc gur tháinig na fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo ó fhorálacha i Rialacháin AE lena gcumasaítear don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 20% de mhírialtachtaí agus 25% d'fhiachas traschomhlíonta ar chistí EAGF a choimeád. Tá sé deacair na leibhéil fiachais agus an téarnamh ina dhiaidh sin a thuar, agus mar sin, bíonn difríocht ann idir suimeanna tuartha agus suimeanna iarbhír.

13 CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)

Measta €270 milliún; réadaithe €311.939 milliún

Baineann an méadú €41.939 milliún i bhfáltais ó chistí CETFT le ranníocaíochtaí méadaithe i leith scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) agus leis an ráta maoiniúcháin a bheith ní b'airde ná mar a tuaradh ag 85% in 2021, anuas ar phróifíl caiteachais ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud as ar eascair leibhéal ní b'airde aisíocaíochta ó AE.

19 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe

Measta €406,000; réadaithe €772,000

Bhain an méadú €366,000 le méadú ar líon na láithreán dobharshaothraithe ceadúnaithe.

23 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €10.729 milliún; réadaithe €10.096 milliún

Bhain an laghdú €633,000 go príomha le méadú ar an líon ball foirne a d'imigh ar scor, rud a d'fhág go raibh an ranníocaíocht fhoriomlán foirne don tobhach pinsin in 2021 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

24 Fáltais NGEU

Measta €28 milliún; réadaithe €1.258 milliún

Rinneadh an laghdú €26.742 milliún mar gheall ar uainiú chaiteachas agus rolladh amach Next Generation EU (NGEU), rud a bhí ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil leis agus, mar sin, bhí leibhéal na haisíocaíochta ó AE ní b'ísle freisin.

25 Fáltais cheadúnaithe foraoise

Measta €nialas; réadaithe €118,000

Rinneadh an méadú €118,000 toisc gur tugadh isteach táillí iarratais foraoiseachta ag deireadh 2020, agus mar sin, ní raibh aon bhonn stairiúil ann chun an soláthar le haghaidh 2021 a dhéanamh.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Maoin Teagasc a dhíol	3,436	—
Tobhaigh shiúcra	48	—
Earráidí riaracháin a réiteach	—	112
Cuntais fionraí a ghlanadh	—	6
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(3,484)	(118)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	3,692	3,565
Gníomhaireachtaí [a]	1,615	1,594
	5,307	**5,159**

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne a mbaineann gné pá lena ndeontas, mar a sholáthraítear i meastacháin na Roinne: Bord Bia; an Bord Iascaigh Mhara; Foras na Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; agus Teagasc

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021 €000	2020 €000
Pá	188,334	174,077
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí	—	265
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	309	284
Liúntais eile	2,313	1,456
Ragobair	2,912	2,617
Liúntais uainoibre	2,298	925
ÁSPC an fhostóra	15,061	13,156
Pá iomlán	**211,227**	**192,780**

Luach saothair gníomhaireachta

	2021 €000	2020 €000
Pá	85,889	82,198
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,119	1,112
Liúntais eile	471	607
Ragobair	120	132
Íocaíochtaí aisce	216	847
ÁSPC an fhostóra	3,972	3,752
Pá iomlán	**91,787**	**88,648**

Nóta Ní bhaineann na liúntais, an ragobair agus na sonraí luach saothair eile i nótaí 5.3 go 5.5 thíos ach amháin le baill foirne na Roinne a n-íoctar go díreach leo ón Vóta faoi chláir A go D. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe luach saothair chomhlachtaí Stáit comhlachaithe na Roinne ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	104	2	12,858	11,937
Liúntais uainoibre	311	61	24,232	19,939
Liúntais eile	962	17	22,002	22,088
Ragobair	728	71	32,156	28,563
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	510	218	59,156	33,620

5.4 Socruithe eile luach saothair

Ar an iomlán, íocadh suim chomhlán €19,040 le deichniúr státseirbhíseach a bhí ar scor, a bhfuil pinsin státseirbhíse á bhfáil acu agus a athfhostaíodh ar bhonn táille. Cuireadh prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm nuair a íocadh na táillí sin.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	233	530,506	531,512
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	70	216,171	319,081

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ó AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaí margaidh agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir cheadaithe forbartha tuaithe.

Cuimsítear i ngníomhaíochtaí na Roinne bearta a mhaoinítear go hiomlán ó EAGF agus gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó CETFT agus ón Vóta.

Cuimsítear i gClár B caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad trí CETFT. Cuimsítear freisin i gClár C caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta AE. Cuimsítear i gCláir C agus D caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), 2014-2020, de chuid AE. Cuimsítear i gClár B muirear dar luach €4,870,950 chuig an Vóta le haghaidh Maoiniú ó AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí imréitigh comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha dar luach €857,472.

Cuimsítear sa chuntas ús dar luach €160,603 a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €670 milliún a fuarthas ar iasacht in 2020 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2021, i dteannta úis.

Fuarthas cistí gearrthéarmacha dar luach iomlán €655 mhilliún ar iasacht in 2021 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE in 2022. Tá na hiasachtaí sin léirithe i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI), oibríochtaí Éireannacha.

Ioncam agus caiteachas arna maoiniú ag AE atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

	2021	2020
	€m	€m
Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/na n-íocaíochtaí bunúsacha	1,171	1,187
Tacaí eile margaidh	12	6.9
Eile	(6)	(4)

Fáltais chómhaoinithe (bearta a gcómhaoiníonn AE iad) [a]

	2021	2020
	€m	€m
Cláir Forbartha Tuaithe CETFT	313	306
An Ciste Tréidliachta	4	7
Fáltais chómhaoinithe eile	1	1
Iascach		
CEMI - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 [b]	13	19
Pá iomlán	**1,508**	**1,523**

Nótaí
[a] Ní léirítear sa tábla seo ach cómhaoiniú AE ar na cláir seo.
[b] Coimeádtar fáltais CEMI dar luach €11.7 mhilliún i gcuntas fionraí (airleacain AE) de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí.
[c] Faoi Airteagal 28 de Rialachán 908/2014 ó AE, déantar na suimeanna a aisghabhtar a dhearbhú agus a ghlanluacháil in aghaidh chaiteachas na scéime ar ina leith a tháinig an dliteanas don aisghabháil chun cinn.

6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

	2021	2020
	€000	€000
Ró-íocaíochtaí scéime ag an 1 Eanáir	1,367	2,640
Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain	13,130	13,330
Ceartúcháin	(998)	(1,212)
Aisghabhálacha	(12,787)	(12,672)
Nithe a díscríobhadh (nóta 6.3)	(44)	(719)
Ró-íocaíochtaí scéime ag an 31 Nollaig	**668**	**1,367**

6.3 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain	2021	2020
	€	€
Ró-íocaíochtaí scéime:		
An scéim foraoisithe	5,625	379,174
An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe	23,166	126,024
Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéarbhunaithe	1,843	2,936
Préimheanna ilghnéitheacha Vóta	1,748	1,539
An scéim luathscoir	12,117	208,354
Cleachtóirí tréidliachta príobháideacha	—	753
	44,499	**718,780**
Custaiméirí:		
Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil níos mó	123,805	107,022
Ceadúnais dobharshaothraithe atá imithe in éag/géillte agus nach bhfuil athnuaite	2,158	—
Fiachais a bhaineann le tuarastal	—	22,960
Cúiseanna eile	31,279	10,100
	157,242	**140,082**
	201,741	**858,862**

6.4 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**2021**	**2020**
Líon na gcásanna	7	8	15	29
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	63	63	51
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	112	79	191	531
Costais dlí	62	335	397	481
Costais eile	12	1	13	—
Iomlán 2021	**186**	**478**	**664**	**1,063**
Iomlán 2020	33	1,030	1,063	

Nótaí [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, tá na héilimh seo a leanas fós amuigh:

- Cásanna dlíthíochta ginearálta 42

[b] Amhail an 31 Nollaig 2021, tá an Roinn tar éis €340,000 a áireamh i gCreidiúnaithe eile atá dlite mar iomlán na gcostas dlí atá fós dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh ag		
	fostaithe	**daoine den phobal**	**Iomlán**
Líon na gcásanna	7	5	12
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	45	45
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne			
Cúiteamh	112	34	146
Costais dlí	62	27	89
Costais eile	12	1	13
Iomlán	**186**	**107**	**293**

6.5 Tabhartais chúnaimh bia

Shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2022- 2024 i mí na Nollag 2021. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar thacaíocht mhéadaithe le haghaidh an Chláir Dhomhanda Bia sa tréimhse sin, faoi réir leithreasaí bliantúla buiséid ag Dáil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar íos-suim €25 mhilliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha sa bhliain, agus bheadh an t-iomlán trí bliana leithdháilte faoin gcomhaontú cothrom le €75 mhilliún ar a laghad.

Déantar an leithdháileadh sin chun tacú go leanúnach le cuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, is iad sin:

- deireadh a chur leis an ocras, trí rochtain ar bhia a sholáthar
- cothú a fheabhsú
- slándáil bhia a chinntiú
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- oibriú i gcomhpháirt ar mhaithe le torthaí SDG.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire toilteanach eisíocaíocht luath leithdháileadh 2022 a cheadú. Chomhaontaigh an Roinn le luathíocaíocht €25 mhilliún a dhéanamh ó leithdháileadh 2022, agus rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag 2021, agus tá an tsuim sin curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) príomhghníomhaireacht speisialaithe na Náisiún Aontaithe atá i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain a threorú, slándáil bhia a chinntiú do chách, agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar dhóthain bia ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Úsáidtear síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le FAO chun cúnamh a sholáthar do 130 tír chun cabhrú leo córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fhorbairt. In 2021, b'ionann ranníocaíocht na hÉireann (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) le FAO agus €3.558 milliún (2020: €3.675 milliún).

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €29.9 milliún i gcaiteachas caipitil in 2021, faoi na fo-mhírchinn seo a leanas, a tugadh anonn go 2022.

		€000
A.3	Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe	500
B.5	Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt	12,000
B.10	Foraoiseacht agus bithfhuinneamh	13,000
C.4	Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn	2,400
D.3	Iascach	2,000
		29,900

6.7 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon cásanna	2021 €000	2020 €000
Calaois	—	—	—
Calaois amhrasta	2	87	—
		87	**—**

Tháinig an Roinn ar an eolas faoi dhá chás calaoise amhrasta le linn 2021 (2020: ceann ar bith).

Nóta 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais (fo-mhírcheann C.7)	96,000	84,000
Íocaíochtaí		
Rásaíocht Capall Éireann	(76,800)	(67,200)
Rásaíocht Con Éireann	(19,200)	(16,800)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha orthu

Maoin	Achar ina Heicteáir
Corcaigh	
Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana)	45.7
Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modhfheirme	—
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme	2.8
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe	56.5
Ceapach foraoise, Baile Átha hÚlla	1.0
Ceapach foraoise, Bealach Eabhra	1.6
Ceapach foraoise, Dún ar Aill	1.1
Ceapach foraoise, Dún Mánmhaí	0.8
Ceapach foraoise, Cill an Mhuilinn	0.1
Ceapach foraoise, Cill Ia	7.0
Ceapach foraoise, Cill Uird	0.8
Ceapach foraoise, Átha Trasna	1.5
Ceapacha foraoise, Bántír	6.2
Ceapacha foraoise, Dúiche Ealla	6.5
Ceapacha foraoise, Cineál Aodha	5.9
Ceapacha foraoise, Ros Ó gCairbre	11.0
Dún na nGall	
Ionad Tástála Prátaí, Ráth Bhoth	78.0
Ceapach foraoise, Leitir Ceanainn	0.2
Baile Átha Cliath	
Ceapach foraoise, Coill an Chaoich	0.7
Gaillimh	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Cúil Lú	52.1
Cill Chúile	1.7
Coill na Meille	1.3
Míleac Mór	12.4
Ros Mór	3.2
An Saighleán	1.7
Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí	14.0
Ciarraí	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Baile Uí Dhoinnléibhe	284.6
An Gleann Liath	4.0

Ceapach foraoise, Neidín	0.2
Cill Dara	
Coláiste Steach Cuimne, Bacastún	—
Teach an Bhainisteora Feirme, Bacastún	—
Tailte, Bacastún	150.0
Cill Chainnigh	
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh	0.9
Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill	18.0
Liatroim	
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, an Ros Beag	79.0
Luimneach	
Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach	3.2
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach	1.2
Ceapacha foraoise, Áth Dara	3.0
Maigh Eo	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Baile Mhic Craith	12.1
Doire	34.8
Ceapach foraoise, Béal Easa	3.0
Uíbh Fhailí	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Eanach Mór	69.4
Baile Uí Aogáin	44.7
An Cloichreán	8.2
Coill an Eanaigh	0.4
Ráth Lumar	7.2
Ceapacha foraoise, Tulach Mhór	2.5
Ros Comáin	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Baile na hAbhann/Béal Coille	4.6
Cloonakillig	0.7
Cluain Seanmhaoil	22.4
Cluain Fada	2.9
Cloonboley	4.9
Cloonacolly	4.4
Cléithín	0.6
Cluain Ruacháin	21.9

An Tearmann Mór	55.3
An Tóin Riabhach	10.8
Cluain Seamhair	18.4
Cluain Riabhach	25.7
An Múr	32.6
Lissergool	5.3
Ceapacha foraoise, Loch Cé	16.0

Sligeach

Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach	1.4
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin	244.0
Ceapach foraoise, Binn Ghulbain	0.5

Tiobraid Árann

Ceapach foraoise, an Chloichín	1.3
Ceapach foraoise, Cluain Meala	3.2
Ceapach foraoise, Crois na Rae	0.5
Ceapacha foraoise, Cill Síoláin	1.9

An Iarmhí

Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Clonthread	26.6
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain	1.7
Ceapach foraoise, Loch Ainninn	14.5

Loch Garman

Ceapach foraoise, Fotharta	4.8
Ceapacha foraoise, Guaire	11.1

Cill Mhantáin

Ceapach foraoise, Shelton	0.2
Ceapach foraoise, Abhainn Mhór	1.0
Ceapach foraoise, Áth na Sceire	4.0
Ceapach foraoise, Gleann Dá Loch	7.6
Ceapach foraoise, Teach Sagard	1.4
Ceapach foraoise, Gleann Ó Máil	3.0

Maoin ag calafoirt iascaigh

Lena chois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuanta iascaigh dílsithe don Aire. Déantar cuntas orthu ar leithligh i gcuntas an Chiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh.

Aguisín B Cuntas na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste/comhlacht roinne	Tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála	Dáta a fuair an tAire/an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe	2020	30 Meitheamh 2021	1 Deireadh Fómhair 2021	2 Samhain 2021
Bord Bia	2020	30 Meitheamh 2021	2 Meán Fómhair 2021	27 Deireadh Fómhair 2021
An Bord Iascaigh Mhara	2020	23 Meitheamh 2021	23 Iúil 2021	20 Meán Fómhair 2021
Coillte Teoranta [a]	2020	1 Aibreán 2021	9 Aibreán 2021	24 Lúnasa 2021
An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh	2020	21 Nollag 2021	21 Nollag 2021	21 Márta 2022
Rásaíocht Capall Éireann	2019	6 Iúil 2020	23 Meán Fómhair 2020	21 Nollaig 2020
Bord Rialála Rásaíocht Capall Éireann	2020	1 Samhain 2021	4 Samhain 2021	14 Eanáir 2022
Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b]	2020	31 Márta 2021	1 Aibreán 2021	11 Meitheamh 2021
Foras na Mara	2020	4 Lúnasa 2021	25 Lúnasa 2021	2 Samhain 2021
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c]	2020	11 Márta 2021	10 Samhain 2021	29 Márta 2022
Rásaíocht Con Éireann	2020	20 Aibreán 2021	29 Aibreán 2021	23 Meitheamh 2021
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	2020	10 Meitheamh 2021	8 Iúil 2021	21 Meán Fómhair 2021
Teagasc	2020	24 Meitheamh 2021	6 Lúnasa 2021	21 Meán Fómhair 2021
Iontaobhaí Poiblí na hÉireann	2020	18 Márta 2021	18 Márta 2021	24 Aibreán 2021

Nótaí

[a] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Coillte, ós comhlacht stáit tráchtála féinmhaoinithe é; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta, 1988, faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta, 1945, faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 31

Iompar

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus ar sheirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag an Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021 as leithreasaí neamhchaite 2020 faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €193.382 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a fhorbairt. Sa litir sin, pléitear leis an gcreat rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus cuimsítear tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh den timpeallacht seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá creat bainistíochta airgeadais aibí i bhfeidhm ag an Roinn, rud a feabhsaíodh go luath in 2021 trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus níos déanaí sa bhliain trí thástáil phíolótach rathúil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chumas uathoibrithe próisis róbaitigh sa réimse próiseála cuntas. Ina theannta sin, tá timpeallacht ghníomhach iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm. Coinníonn an Roinn súil ghéar ar fhorbairtí i mbainistíocht airgeadais phoiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus, chomh maith lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí comhlíonta, táimid á dtiomáint ag an dea-chleachtas agus ag ceanglais tuairiscithe neamhairgeadais atá ag teacht chun cinn.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ar bun laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú, agus
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh Rannóg Airgeadais na Roinne caighdeán ISO 9001:2015 suas go 2023. Sonraítear leis an gcaighdeán idirnáisiúnta sin, arna fhoilsiú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeáin (ISO), na ceanglais maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Is córas foirmiúil é QMS lena ndoiciméadaítear próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí le haghaidh beartais cháilíochta agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh bliantúil ar QMS na Rannóige Airgeadais i gcoinne cheanglas ISO agus tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh sé ISO 9001:2015 suas go mí Feabhra 2023.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an Ard-Rúnaí. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Ard-Rúnaí, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Le linn 2021, rinne feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne roinnt príomh-mholtaí le linn na dtrí iniúchadh seo a leanas.

Iniúchadh ar an bpróiseas nochta chosanta (trí ardchinneadh)

Chinn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí gurb amhlaidh, cé go raibh beartas nochta chosanta i bhfeidhm, nach raibh aon chur chuige comhsheasmhach ann maidir le hathbhreithniú agus measúnú ar nochtaí cosanta ar fud na Roinne ná maidir leis an dóigh a gcaitear leo, agus mhol sé don Roinn

- doiciméadú foirmiúil a dhéanamh ar chur chuige comhsheasmhach, aonfhoirmeach agus struchtúrtha maidir le nochtaí cosanta laistigh den bheartas
- a chinntiú go gcuirtear an beartas, lena n-áirítear an cur chuige, in iúl do gach ball foirne sa Roinn
- a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an mbeartas agus go bhfaightear an faomhadh/síniú riachtanach ar bhonn bliantúil
- a chinntiú go ndéantar aon imeacht ón gcur chuige a dhoiciméadú agus a choinneáil sa chomhad um nochtaí cosanta.

Tá an Roinn tiomanta d'athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar an mbeartas ina iomláine faoi dheireadh na bliana, agus ar na próisis ghaolmhara, bunaithe ar thorthaí an iniúchta sin agus don Roinn a ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, rud a síníodh ina dhlí i mí Iúil 2022 (ach níor cuireadh tús leis fós).

Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm maidir le bainistíocht agus monatóireacht ar chibearshlándáil sa Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe Feithiclí (DVCSD) (dhá ardchinneadh)

Chinn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí nach bhfuil pearsanra/buiséad atá tiomanta do chibearshlándáil ag DVCSD agus rinne sé ceithre mholadh sa chomhthéacs sin a bhfuil DVCSD ag obair leis na feidhmeanna AD agus TFC chun dul chun cinn a dhéanamh ina leith. Ina theannta sin, rinneadh ceithre mholadh maidir le bainistíocht rochtana. Tá trí mholadh curtha i bhfeidhm. Maidir leis an gceathrú moladh – Tá DVCSD ag obair le soláthraithe seirbhíse faoi láthair chun fíordheimhniú ilfhachtóirí a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF).

Athbhreithniú ar chórais TF agus cleachtais stórais Gharda Cósta na hÉireann (ICG) (ardchinneadh amháin).

Chun a chinntiú go ndéanann ICG bainistiú éifeachtach ar na stórais ar fud an rannáin, mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go ndéanfadh ICG doiciméadú ar bheartas agus nósanna imeachta stórais atá foirmiúil chun mionsonrú a dhéanamh ar na sreafaí próisis a bhaineann le gníomhaíochtaí an rannáin agus freagracht a shannadh d'úinéirí ar leith as gach céim den phróiseas. A luaithe a nuashonraítear an beartas, ba cheart é a chur in iúl go foirmiúil do gach ball foirne atá freagrach as stórais a bhainistiú. Mar fhreagra ar an moladh, bunóidh an lucht bainistíochta grúpa oibre ar a mbeidh ionadaithe ó na geallsealbhóirí uile lena mbaineann chun beartas agus nós imeachta cuimsitheach a fhorbairt, rud a chuirfear i bhfeidhm go déanach in 2022 nó go luath in 2023.

Athbhreithniú ar an bpróiseas P2P reatha agus sa todhchaí thar Rannáin éagsúla

I rith na bliana rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, i gcomhar le Ernst & Young, athbhreithniú ar an bpróiseas Soláthair go hÍoc de chuid an Stáit, rud a bhí mapáilte laistigh den Roinn agus mhol siad

- gur cheart an próiseas a bheith leagtha amach go soiléir i ndoiciméad treorach
- gur cheart an próiseas a chur in iúl don fhoireann ar fad laistigh de gach rannán den Roinn agus é a fhoilsiú ar mhol na Roinne.

Tá mapa an phróisis curtha in iúl do na rannáin ábhartha.

Stocáireamh Gharda Cósta na hÉireann

Níor chríochnaigh an Roinn stocáireamh stórais an Gharda Cósta ag deireadh na bliana agus cuireadh meastachán €2.258 milliún san áireamh sa chuntas. Críochnaíodh comhaireamh iomlán i mí Iúil 2022, inar aithníodh difríochtaí doréitithe i roinnt míreanna agus difríocht fhoriomlán €70,000 nó 3.1% idir luach iarbhír agus luach ionchais.

Tá bearta feabhais ar bun chun stocáireamh rialta a chur i bhfeidhm, rud a chiallóidh go n-earcófar coimeádaí stórais agus bainisteoir siopa. D'fhógair an Roinn comórtas idir-rannach do Choimeádaí Stórais le bheith lonnaithe i mBaile Uí Chúlainn, agus í ag glacadh le hiarratais go dtí an 30 Meán Fómhair. Ina theannta sin, tá iarraidh ar thairiscintí á hullmhú chun sainchúnamh a fháil chun nósanna imeachta a fhorbairt do na nithe seo a leanas

- córas TF stórais a oibriú
- stoic a bhainistiú i stórais.

Beidh comhaireamh rollach stórais ar siúl ó Mheán Fómhair 2022 le háirimh ar na catagóirí is airde go seachtainiúil agus seiceálacha stoic iomlána ag deireadh na ráithe.

Soláthar feithiclí Gharda Cósta na hÉireann

D'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le soláthar feithiclí ag Garda Cósta na hÉireann. Áiríodh sa tuarascáil roinnt moltaí, ar ghlac an Roinn leo go léir agus a cuireadh i bhfeidhm agus a cuireadh i ngníomh.

Teicneolaíocht fís oíche agus oiliúint le haghaidh cuardaigh agus tarrthála

Áiríodh sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020* a d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste caibidil ar chaiteachas Gharda Cósta na hÉireann ar theicneolaíocht fís oíche agus oiliúint do chuardach agus tarrtháil. Tá oiliúint foirne in úsáid na teicneolaíochta críochnaithe ach amháin i bPort Láirge, áit a mbeidh sí críochnaithe faoi Nollaig 2022.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de cheithre chonradh/íocaíocht (ar mhó a luach ná €25,000), arbh fhiú €604,500 san iomlán iad. Tá sonraí na gconarthaí/na n-íocaíochtaí sin leagtha amach anseo thíos.

- Leanadh de thrí chonradh dar luach iomlán €538,500 a bhain le línte ar léas gan próiseas iomaíoch in 2021 mar gheall ar ghanntanas foirne agus tosaíocht tionscadal. Bhí na conarthaí seo neamhchomhlíontach.

- Baineann conradh amháin dar luach €66,000 le stóráil doiciméad atá ag fanacht le húdarú scriosta ón gCartlann Náisiúnta. Leanadh den chonradh seo ar feitheamh an údaraithe sin. Bhí an conradh seo neamhchomhlíontach.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar na himthosca inar dámhadh na conarthaí/íocaíochtaí seo agus leanann sí ar aghaidh ag tabhairt faoi athbhreithniú críochnúil ar gach soláthar agus conradh chun cosc a chur ar dhámhachtain conarthaí comhchosúla neamhchomhlíontacha sa todhchaí. Tá sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá creat bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Roinn rud ina bhfuil beartas riosca, cláir rioscaí a thaifeadann rioscaí oibriúcháin agus straitéiseacha, oifigeach riosca agus coiste riosca, agus ailíniú riosca le pleanáil ghnó bhliantúil. Taifeadann trí chlár riosca riosca, a chlúdaíonn an Roinn ar an iomlán chomh maith leis na saincheisteanna sonracha a bhaineann le hoibríochtaí Gharda Cósta na hÉireann agus seirbhísí ríomhaireachta tiománaithe agus feithiclí. Déanfar athbhreithniú ráithiúil ar na cláir riosca ar leibhéal an lucht bainistíochta agus ar leibhéal na gcoistí riosca agus iniúchóireachta. Is buanmhír iad rioscaí ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta, ionas go gcoimeádtar an bhéim ar phríomhrioscaí gnó a bhainistiú agus go ndéantar cultúr cuntasachta a chomhtháthú i ngach gné dár gcuid oibre.

Áirítear le forbairtí suntasacha i mbainistíocht riosca le linn 2021

- Obair dhian i gcomhar le tacaí lárnacha chun a chinntiú go raibh córais na Roinne sách láidir le cosaint in aghaidh rioscaí cibearshlándála, thar gach réimse, lena n-áirítear athbhreithniú ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó theagmhais FSS agus oiliúint éigeantach don fhoireann ar fad. Cuireadh acmhainní breise ar bun chun tacú le Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí, an réimse is mó riosca ina leith seo.
- Bainistíocht ghníomhach ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla láimhdeachas foirne, lena n-áirítear ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta agus réamh-mheas ar rioscaí féideartha, mar shampla seisiúin réamhghníomhacha faisnéise do chomhaltaí de Choistí Oireachtais, grúpaí maidir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), Creat Náisiúnta Infheistíochta Iompar Éireann (NIFTI).
- Lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar rioscaí a bhaineann le Brexit in oibríochtaí a cuid earnálacha éagsúla a bhfuil tionchar íosta ag an vóta airgeadais orthu.
- Cuireadh córas taifeadta Build to Share eRisk ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) i bhfeidhm le linn 2021.
- Go hinmheánach, chabhraigh prótacal um fhilleadh ar an obair leis na rioscaí féideartha foirne a mhaolú agus thacaigh sé le scileanna bainistíochta d'obair hibrideach.

In 2022, leanfar ar aghaidh ag díriú ar riosca go háirithe

- Struchtúir nua – scarfar riosca agus soláthar ón Rannán Airgeadais, agus scarfar rialachas ón Rannóg Comhordaithe Lárnach, chun feidhm riosca agus rialachais nua a bhunú le Príomhoifigeach i gceannas agus acmhainní feabhsaithe, lena n-áirítear roinnt oifigeach tiomnaithe le taithí ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta. Soláthróidh sé seo tacaíocht bhreise do bhainisteoirí líne agus tabharfaidh sé treoir bhreise dóibh, agus gheobhaidh siad tacaíocht freisin ina róil trí oiliúint nua.
- Beartas riosca nua a thabhairt chun críche, clár aonair rioscaí a fhorbairt, agus tuilleadh athbhreithnithe agus athnuachana a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige riosca lena chinntiú go bhfanann siad cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn leanúnach.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

I rith ráithe 1 de 2020, i bhfianaise phaindéim Covid-19 a bhí ag teacht chun cinn, bhunaigh an Roinn roinnt socruithe maoirseachta chun a chinntiú go raibh gach tionchar ar an Roinn féin agus ar a hearnálacha gnó araon á measúnú agus á rianú. Bunaíodh grúpa inmheánach Covid-19 a bhí comhdhéanta de cheannairí Rannáin chun an tionchar a rianú agus a mheasúnú go hinmheánach ónar soláthraíodh faisnéis nuashonraithe. Cuireadh faisnéis ar fáil freisin don fhoireann tríd an inlíon foirne. Leanadh ar aghaidh leis seo i rith 2021 agus tháinig laghdú ar mhinicíocht agus an bhliain ag druidim chun deiridh.

Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm roinnt gníomhartha maolaithe lena chinntiú go leanaimid ag feidhmiú timpeallacht rialaithe éifeachtach. Leanann foireann na Roinne de bheith feistithe go teicniúil le cianrochtain ar chórais, a chuireann ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag obair gan mórán cur isteach agus tacaíocht a thabhairt do thimpeallacht oibre chumaisc, rud a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2021.

Bhain an fhoireann úsáid fhairsing as córais aontaithe chumarsáide deisce chun teagmháil a dhéanamh lena gcomhghleacaithe laistigh den roinn agus freisin le comhlachtaí seachtracha. Níor tugadh cead isteach san oifig ach do bhaill foirne nárbh fhéidir a n-obair phráinneach a dhéanamh go cianda. Leanadh ar aghaidh leis seo le linn 2021 ach mhaolaigh sé nuair a cuireadh socruithe um Fhilleadh ar an Ionad Oibre i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Bhí bonneagar TFC ar bun cheana féin chun cianrochtain a chumasú ar bhealach slán ar a bonneagar trí ghléasanna atá rialaithe ag an Roinn agus trí ghléasanna pearsanta. Ag tús na paindéime, éascaíodh ceannach riachtanach trealaimh bhreise agus ceadúnas breise trí sholáthar éigeandála. Níor seachnaíodh ná níor laghdaíodh na rialuithe slándála bunúsacha. Ós rud é gurbh eol go raibh an phaindéim in úsáid ag cibearchoirpigh, cuireadh baill foirne na Roinne ar an eolas faoi leochaileachtaí féideartha tríd an inlíon foirne agus trí oiliúint cibearshlándála ar líne. Cuireadh an deasc seirbhíse ar an eolas faoin méadú féideartha ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta agus ullmhaíodh é dá bharr.

Ní raibh aon tionchar ann ar an timpeallacht rialaithe ná ar an gcuntas leithreasa.

Bhí tionchar ag Covid-19 ar roinnt soláthairtí de chuid na Roinne in 2020. Nuair a tharla tionchair, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun treoir a lorg ar an gcleachtas is fearr agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chun comhairle dlí a lorg, nuair ba ghá. Lean an Roinn de theagmháil a dhéanamh le OGP agus CSSO maidir le soláthairtí atá á gcur chun cinn le linn 2021.

D'athbhreithnigh an Roinn na cineálacha cur chuige a ghlactar, agus í ag baint úsáide as an treoir ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a bhí sí ar fáil, agus tá iniúchadh (inmheánach) ar siúl freisin chun na ceachtanna a foghlaimíodh a ghabháil.

Modhanna dearbhaithe TFC

Tá córas bainistíochta slándála faisnéise curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus tá Grúpa gníomhach Bainistíochta Slándála Faisnéise ina chuid lárnach den chóras sin. Páirteach sa ghrúpa tá cinn feidhmeanna ó Rannáin ionadaíocha ar fud na Roinne agus oibríonn an cathaoirleach ar leibhéal an Rúnaí Chúnta. Tagann an grúpa le chéile ar bhonn démhíosúil agus déanann sé formhaoirseacht ar gach gné de shlándáil faisnéise.

Chuir EY iniúchadh inmheánach ar chibearshlándáil i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas amach go raibh na rialuithe TFC laistigh den Roinn leordhóthanach agus éifeachtach.

Príomhfhócas de chuid na Rannóige Seirbhíse Faisnéise (ISD) is ea an chibearshlándáil, agus déantar í a chomhordú ar leibhéal na Roinne trí chruinnithe rialta an Ghrúpa tras-Rannáin um Bainistíocht Slándála Faisnéise. Tar éis an ionsaithe bogearraí éirice ar FSS, chuaigh an Roinn i dteagmháil láithreach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) agus d'úsáid sí a threoir agus a mholtaí chun feabhas a chur ar an treochlár cibearshlándála a bhí againn cheana. Tá roinnt ardán breise cibearfhaireacháin agus coiscthe curtha i bhfeidhm againn, rinneamar scanadh leochaileachta agus treá agus dhíríomar go mór ar fheasacht agus oiliúint foirne ar na rioscaí, na veicteoirí agus na céimeanna coisctheacha chun dul i ngleic le cibearbhagairtí. Leanadh den obair seo in 2022 agus cuireadh nótaí comhairleacha breise a bhaineann leis an gcoinbhleacht san Úcráin san áireamh. I mbliana freisin, aistreoidh an Roinn príomhsheirbhísí chuig ardáin seirbhísí comhroinnte rialtais a thairgeann cibearchosaint agus monatóireacht níos fearr fós.

Tá na hiarrachtaí seo mar chuid de thionscnamh níos leithne chun straitéis teicneolaíochta ilbhliantúil a fhorbairt don Roinn iomlán a cuireadh i bhfeidhm i Ráithe 2 de 2022. Díreoidh an straitéis seo ar ár n-ardáin a dhaingniú, ár n-acmhainn nuálaíochta a fhorbairt de réir phleananna an rialtais do shamhail oibriúcháin 'Digital First' agus cur chuige athbhreithnithe rialachais a sholáthar chun infheictheacht, ailíniú agus seachadadh clár teicneolaíochta ar fud na Roinne a fheabhsú.

Ken Spratt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

21 Meán Fómhair 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 31 Iompar

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Fáltais ó mhótarcháin

I gCaibidil 18 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh a ndéanann an Roinn mótarcháin a riar agus a bhailiú, agus a mhéid a chuir an Roinn na moltaí a tugadh i dtuarascáil roimhe chun feidhme.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 31 Iompar

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Eitlíocht shibhialta				
	Bunaidh	109,806			
	Géilleadh iarchurtha	8,800			
	Forlíontach	90,000			
			208,606	175,336	28,346
B	Iompar ar tír				
	Bunaidh	3,338,885			
	Géilleadh iarchurtha	139,680			
	Forlíontach	7,348			
			3,485,913	3,187,426	2,554,453
C	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí				
	Bunaidh	108,150			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
	Forlíontach	(6,000)			
			105,150	97,390	96,788
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	3,556,841			
	Géilleadh iarchurtha	151,480			
	Forlíontach	91,348			
			3,799,669	**3,460,152**	**2,679,587**
	Lúide				
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**20,990**	**35,956**	**17,800**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	3,535,851			
	Géilleadh iarchurtha	151,480			
	Forlíontach	91,348			
			3,778,679	**3,424,196**	**2,661,787**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €161.1 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírchinn A.3, B.3, B.5 – B.8 agus C.3 ar aghaidh go 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	354,482,398	385,886,299
Géilleadh iarchurtha	(161,100,000)	(151,480,000)
Farasbarr le géilleadh	**193,382,398**	**234,406,299**

Ken Spratt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

21 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		3,419,649	2,640,560
Pá		34,626	33,307
Neamhphá		5,877	5,720
Ollchaiteachas		**3,460,152**	**2,679,587**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**35,956**	**17,800**
Glanchaiteachas		**3,424,196**	**2,661,787**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin – airgead tirim	(1,645)		
Diúscairtí – airgead tirim	104		
(Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí	(99)		
Dímheas	3,576	1,936	1,226
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Gluaiseacht i bhfabhruithe	2,550		
Gluaiseacht i réamhíocaíochtaí	(410)		
Gluaiseacht i stoc	(1,343)	797	682
Caiteachas díreach		**3,426,929**	**2,663,695**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		16,840	19,503
Measchíosanna		3,721	3,947
Glanchostas an chláir		**3,447,490**	**2,687,145**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	33	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	15,051	12,353
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,148	6,636
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	57	60
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	86	—
An Príomh-Chiste − Pinsin na nAirí		465	424
		16,840	**19,503**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	8,830	10,766
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	162,931	182,594
Stoic	2.3	2,354	1,011
Réamhíocaíochtaí	2.4	2,507	2,097
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	2,177	1,731
Iomlán na sócmhainní reatha		**169,969**	**187,433**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	3,766	1,216
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,466	1,808
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	163,642	182,517
Iomlán na ndliteanas reatha		**168,874**	**185,541**
Glansócmhainní reatha		1,095	1,892
Glansócmhainní		**9,925**	**12,658**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	**9,925**	**12,658**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótar-fheithiclí	Sain-trealamh	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,714	12,625	1,530	17,153	27,303	60,325
Breiseanna	323	640	—	56	626	1,645
Diúscairtí	—	(1,151)	(50)	(434)	(639)	(2,274)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	2,037	12,114	1,480	16,775	27,290	59,696
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	11,638	22	14,199	23,701	49,560
Coigeartuithe [a]	—	(1,393)	1,391	—	—	(2)
Dímheas don bhliain	—	938	18	1,109	1,511	3,576
Diúscairtí	—	(1,146)	(49)	(434)	(639)	(2,268)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	10,037	1,382	14,874	24,573	50,866
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**2,037**	**2,077**	**98**	**1,901**	**2,717**	**8,830**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,714	987	1,508	2,954	3,603	10,766

Nóta [a] Baineann coigeartuithe le hathaicmiúcháin laistigh de throscán agus feistis agus trealamh oifige agus le suim choigeartaithe amháin laistigh de throscán agus feistis

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	162,818	182,498
Iarmhéideanna cuntas bainc tráchtála	113	96
	162,931	**182,594**

Cuntais bhainc tráchtála

Chomh maith leis an gcuntas bainc tráchtála dá dtagraítear thuas, tá cuntas bainc ag an Roinn chun bailiú agus leithdháileadh mótarchánach a éascú agus chun fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Íoctar an t-airgead go léir a fhaightear go díreach leis an Státchiste cé is moite de tháillí bainc. Ba í an tsuim a bhí á sealbhú ag deireadh 2021 ná €35,000 (2020: €6,771).

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Ábhar inchaite TF	95	80
Sainábhar inchaite (Garda Cósta na hÉireann)	2,259	931
	2,354	**1,011**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Ceadúnais bogearraí agus cothabháil	2,273	1,792
Cíosanna	129	197
Eile	105	108
	2,507	**2,097**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí	1,130	954
Párolla ar fionraí	737	756
Eile	310	21
	2,177	**1,731**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stobart Air	2,093	—
An Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí: costais oibriúcháin	909	577
Aerfort Réigiúnach: rothlaithe maidir le Baile Átha Cliath - Aerfort Dhún na nGall	343	—
Táillí comhairleoireachta gairmiúla	110	57
Oifig na nOibreacha Poiblí	4	150
Bonneagar Iompair Éireann	—	94
Eile	307	338
	3,766	**1,216**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim agus muirear sóisialach uilíoch	595	564
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	303	279
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	55	40
Cáin bhreisluacha	348	245
Cáin conarthaí iomchuí	22	8
Muirir phinsin	75	51
Fáltais bhreise Státchiste	36	480
	1,434	1,667
Aistriú feidhmeanna	—	7
Míreanna sochair eile ar fionraí	32	134
	1,466	**1,808**

2. 8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	193,382	234,406
Géilleadh iarchurtha	161,100	151,480
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(190,840)	(203,369)
Glanmhaoiniú Státchiste	**163,642**	**182,517**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	162,931	182,594
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2,177	1,731
	165,108	184,325
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,434)	(1,674)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(32)	(134)
	(1,466)	(1,808)
	163,642	**182,517**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			12,658	14,566
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,778,678		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(161,100)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(193,382)		
Glanvóta			3,424,196	2,661,787
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		16,840	19,503
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		3,721	3,947
Glanchostas an chláir	1		(3,447,490)	(2,687,145)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**9,925**	**12,658**

2. 10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	119,689	177,449
Cláir deontas neamhchaipitil	—	50
Cláir deontas caipitil	71,469	85,088
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**191,158**	**262,587**

Ceangaltais faoi fho-mhírchinn soláthair	**2021 €000**	**2020 €000**
Seirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála [a]	96,000	150,000
Aerfoirt [b]	1,028	8,031
Ceadúnú feithicle/tiománaithe [c]	18,390	15,006
An tAonad um Athrú Aeráide	86	—
An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí [d]	756	1,133
Teicneolaíocht faisnéise	531	558
Iniúchadh inmheánach	—	22
Soghluaisteacht inbhuanaithe (infheistíocht agus beartas) [e]	828	—
Bainistíocht saoráidí	469	184
Seirbhísí an Gharda Cósta [f]	1,433	2,515
Suirbhé Mara	168	—
	119,689	**177,449**

Nótaí

[a] Cuireadh tús leis an gconradh seirbhíse reatha le CHC Ireland le haghaidh héileacaptar cuardaigh agus tarrthála an 1 Iúil 2012 ar feadh tréimhse 10 mbliana. Tá rogha ann an tréimhse/na tréimhsí a fhadú ar feadh tréimhse bhreise suas go trí bliana. Fadaíodh an conradh in 2020 ar feadh tréimhse bliana ar dtús go mí Iúil 2023. In 2021, fadaíodh an conradh ar feadh bliana eile go 2024. Cuireadh na faduithe sin, arna bhfaomhadh ag an Aire, i bhfeidhm chun soláthar seirbhíse nua a éascú i gcomhréir le ceanglais an *Chóid Caiteachais Phoiblí* agus aistriú gan uaim a chinntiú ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

[b] Laghdú mar gheall ar leachtú Stobart Air.

[c] Conarthaí nua a dámhadh do Version 1 le haghaidh tacaíocht agus forbairt TF.

[d] Laghdú ar cheanglas préimheanna árachais Willis Tower Watson.

[e] Conradh nua a dámhadh do Ove Arup and Partners Ireland Limited le haghaidh athbhreithniú iarnróid straitéiseach uile-Oileáin.

[f] Laghdú mar gheall ar chríochnú 11 chonradh.

Cláir deontas neamhchaipitil	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	50	128
Deontais a íocadh sa bhliain	(416)	(78)
Ceangaltais nua deontais	366	—
Iarmhéid deiridh	**—**	**50**

Cláir deontas caipitil	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	85,088	168,334
Aistriú feidhmeanna	—	(126,440)
Deontais a íocadh sa bhliain	(33,469)	(9,141)
Ceangaltais nua deontais	22,616	52,629
Deontais a cuireadh ar ceal	(2,766)	(294)
Iarmhéid deiridh	**71,469**	**85,088**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Measachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**2,554**	**943**

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh na gcásanna sin a thuar.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos leithroinnte ar fud na gclár, ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	35,630	34,626	33,307
ii	Taisteal agus cothú	1,220	510	580
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,592	1,756	1,565
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	321	217	241
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	2,861	2,196	2,038
vi	Costais áitribh oifige	1,245	862	761
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,015	336	535
		43,884	**40,503**	**39,027**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.22 milliún; toradh €510,000

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar laghdú ar éileamh taistil de dheasca Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.592 milliún; toradh €1.756 milliún

Bhí méadú ann ar chaiteachas ar theagmhais do chúiréirí, etc., mar gheall ar bhaill foirne a bheith ag obair ón mbaile. Chomh maith leis sin, i gcomparáid le 2020, bhí méadú ann ar an éileamh ar oiliúint freisin, go háirithe oiliúint ar líne.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €321,000; toradh €217,000

Bhí na costais níos ísle ná mar a measadh mar thoradh ar spleáchas níos mó ar chumarsáid leictreonach ná mar a bhí roimhe.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.245 milliún; toradh €862,000

Bhí na costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar mhoill ar oibreacha a bhí beartaithe in 2021 a bheith curtha siar go 2022 mar gheall ar Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €1.015 milliún; toradh €336,000

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar níos lú tairiscintí comhairleoireachta a bheith ag dul ar aghaidh in 2021 ná mar a bhíothas ag súil leis.

Clár A Eitlíocht shibhialta

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		3,956	3,809	3,664
A.2	Riarachán – neamhphá		1,302	646	628
A.3	Aerfoirt réigiúnacha				
	Soláthar meastacháin	21,300			
	Géilleadh iarchurtha	8,800			
			30,100	16,997	13,884
A.4	Seirbhísí eitlíochta ilghnéitheacha		10,148	9,624	10,170
A.5	Tacaí eitlíochta Covid-19				
	Bunaidh	73,100			
	Forlíontach	90,000	163,100	144,260	—
			208,606	**175,336**	**28,346**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €56.7 milliún níos mó ná mar a measadh ar dtús. Is iad seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

A.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin €1.3 milliún; toradh €646,000

D'eascair an tearc-chaiteachas mar gheall ar thearc-chaiteachais ar theagmhais taistil agus chothaithe mar thoradh ar éileamh laghdaithe ar thaisteal de dheasca Covid-19. Bhí éileamh laghdaithe ann ar chomhairleoireacht freisin.

A.3 Aerfoirt réigiúnacha

Soláthar meastacháin €30.1 milliún; toradh €17 milliún

Is é is cúis go príomha leis an laghdú €13.1 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh

- Coigilteas arbh fhiú thart ar €600,000 é mar gheall ar bhriseadh 6 seachtaine ar sheirbhísí PSO ar an mbealach idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath agus athrú ar an soláthraí seirbhíse.
- Coigilteas toisc nach bhfuil an bealach idir Ciarraí agus Baile Átha Cliath ag feidhmiú mar bhealach PSO a thuilleadh - ag feidhmiú ar bhonn tráchtála ó mhí Iúil 2021 gan aon ghá le maoiniú státchiste (€1.6 milliún).
- Costais tuarastail laghdaithe aerfoirt mar thoradh ar shíneadh na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) (€3.1 milliún).
- Níor críochnaíodh roinnt tionscadal caipitil le linn 2021. Ina measc seo bhí rúidbhealaí aerfort Phort Láirge, tionscadal droichead bordála paisinéirí, tionscadal Scagtha Bagáiste Sealbhaithe (HBS) agus tionscadal claífoirt a faomhadh le haghaidh maoinithe ag Aerfort na Sionainne in 2021 nár críochnaíodh mar gheall ar mhoilleanna sa soláthar agus tógáil de dheasca Covid-19 (€7.8 milliún).

A.4 Seirbhísí eitlíochta ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €10.1 milliún; toradh €9.6 milliún

Eascraíonn an difríocht de bharr tearc-chaiteachas ar shíntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus costas polasaí árachais eitlíochta a bheith níos ísle ná mar a próifílíodh.

A.5 Tacaí Eitlíochta Covid-19

Soláthar meastacháin €73.1 milliún; toradh €144.2 milliún

Is é is cúis go príomha leis an méadú €72 mhilliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh

- Coigilteas i gcistí a aisíocadh le IAA as aisíocaíochtaí reachtúla a riar sé le haghaidh aisíocaíocht paisinéirí i gcás aisdúichithe ó áiteanna thar lear nó caillteanais de bharr cliseadh gníomhaireachtaí taistil (€14 mhilliún).
- Costais tuarastail laghdaithe aerfoirt mar thoradh ar shíneadh na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (EWSS) (€4 mhilliún).
- Tacaíocht bhreise Covid-19 a bhain le heitlíocht d'aerfoirt réigiúnacha (€90 milliún).

Ceadaíodh suim fhorlíontach €90 milliún don fho-mhírcheann seo do thacaíocht bhreise Covid-19 a bhain le heitlíocht do na haerfoirt réigiúnacha.

Clár B Iompar ar tír

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		14,770	14,543	13,989
B.2	Riarachán – neamhphá		3,373	2,468	2,402
B.3	Feabhsúchán/cothabháil bóithre				
	Bunaidh	1,413,473			
	Géilleadh iarchurtha	15,850			
	Forlíontach	1,000			
			1,430,323	1,429,698	1,223,196
B.4	Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre		6,118	6,658	6,087
B.5	Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe				
	Bunaidh	22,900			
	Géilleadh iarchurtha	2,580			
	Forlíontach	1,348			
			26,828	22,034	20,191
B.6	Laghdú carbóin				
	Bunaidh	64,100			
	Géilleadh iarchurtha	4,650			
	Forlíontach	30,000			
			98,750	84,762	1,938
B.7	Íocaíochtaí soláthair seirbhíse poiblí				
	Soláthar meastacháin	673,563			
	Géilleadh iarchurtha	100			
			673,663	580,179	623,471
B.8	Clár Infheistíochta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe				
	Bunaidh	1,101,880			
	Géilleadh iarchurtha	116,500			
	Forlíontach	(25,000)			
			1,193,380	1,012,983	646,157
B.9	Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí		38,630	34,033	16,958
B.10	Seirbhísí ilghnéitheacha		78	68	65
			3,485,913	**3,187,426**	**2,554,454**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €29 1.1 milliún níos lú ná mar a measadh ar dtús. Is iad seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

B.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin €3.4 milliún; toradh €2.5 milliún

Eascraíonn an difríocht go príomha mar gheall ar an laghdú ar éileamh ar thaisteal, ar éileamh ar oiliúint, ar chostais phoist agus mar gheall ar choigilteas caipitil de bharr cianobair foirne.

B.4 Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre

Soláthar meastacháin €6.1 milliún; toradh €6.7 milliún

Eascraíonn an difríocht €600,000 go príomha as na nithe seo a leanas:

- Íocaíochtaí breise a rinneadh leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) chun méaduithe leanúnacha ar chostais oibriúcháin a mhaoiniú (€160,000).
- In 2021, ag teacht lena hoibleagáidí AE, chuir Éire tús le próiseas chun Údarás um Fhaireachas Margaidh Feithicleach (AMSA) a bhunú agus rinneadh vírmint de €380,000 leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i dtreo dheireadh 2021 chun aghaidh a thabhairt ar easnamh maoinithe.

B.5 Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe

Soláthar meastacháin €25.5 milliún; toradh €22 mhilliún

Is é is cúis go príomha leis an laghdú €3.5 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh

- Níor tugadh gné de chlár athnuachana teicneolaíochta NVDF chun críche (€3 mhilliún).
- Coigilteas i riarachán agus costais ghinearálta um cheadúnú tiománaithe feithiclí (€1.8 milliún)
- Tabhaíodh caiteachas neamhbhuiséid breise ar thabhairt isteach scéim tástála éigeandála Covid-19 HGV a d'íoc an Stát chun a chinntiú go bhfanfadh slabhraí soláthair riachtanacha ar oscailt (€1.3 milliún)

Ceadaíodh suim fhorlíontach €1.3 milliún don fho-mhírcheann seo le haghaidh íocaíochtaí a tabhaíodh mar thoradh ar scéim tástála éigeandála Covid-19 HGV a thabhairt isteach.

B.6 Laghdú carbóin

Soláthar meastacháin €68.8 milliún; toradh €84.8 milliún

Is é is cúis go príomha leis an méadú €16 mhilliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh

- Éileamh suntasach faoin scéim Deontais Feithiclí Leictrí (EV) sa bhreis ar na cistí a leithdháileadh ar an scéim a bheith á chaitheamh (€35.6 milliún).
- Tearc-chaiteachas ar thionscadail Dícharbónaithe (€19.6 milliún)

Ceadaíodh suim fhorlíontach €30 milliún don fho-mhírcheann seo chun an t-éileamh ar fheithiclí leictreacha a mhéadú.

B.7 Íocaíochtaí soláthair seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin €673.7 milliún; toradh €580.2 milliún

Tá an difríocht ann mar gheall ar mhaoiniú éigeandála a cuireadh ar fáil do sheirbhísí iompair neamhthráchtála. Toisc go raibh an t-ioncam ó tháillí paisinéirí ag tréimhsí i rith 2021 níos airde ná cásanna réamhaisnéise an Údaráis Náisiúnta Iompair agus na seirbhísí iompair, ní raibh gá leis an maoiniú éigeandála PSO ar fad.

B.8 Clár Infheistíochta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe

Soláthar meastacháin €1,218.4 milliún; toradh €1,013 milliún

Is é is cúis go príomha leis an laghdú €205.4 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh:

- Dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ar thionscadail/caiteachas soghluaisteachta inbhuanaithe, i bpáirt mar gheall ar shrianta Covid-19 (€48.4 milliún).
- Tearc-chaiteachas ar Thaisteal Gníomhach agus ar bhealaí glasa go príomha mar gheall ar mhoill ar údaráis áitiúla a bheith ag cur lena n-acmhainn agus a bpunann tionscadal chun tionscadail a sholáthar agus an maoiniú leithdháilte a infheistiú go hiomlán (€78.2 milliún).
- Tearc-chaiteachas ar chlár rothaíochta agus siúil (€78.5 milliún).

Mar chuid den mheastachán forlíontach, ceadaíodh laghdú €25 mhilliún ar an soláthar meastachán don fho-mhírcheann seo. Úsáideadh é seo chun frithváireamh a dhéanamh ar mhéaduithe forlíontacha sna soláthairtí meastacháin a ceadaíodh d'fho-mhírchinn eile sa vóta.

B.9 Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí

Soláthar meastacháin €38.6 milliún; toradh €34 mhilliún

Tá an difríocht ann mar gheall ar thearc-chaiteachas ar phá agus neamhphá an Údaráis Náisiúnta Iompair toisc nár tharla an fostú foirne breise a bhí beartaithe.

Clár C Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá		16,904	16,275	15,654
C.2	Riarachán – neamhphá		3,579	2,762	2,690
C.3	Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann				
	Bunaidh	86,577			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
	Forlíontach	(6,000)			
			83,577	77,778	75,654
C.4	Seirbhísí ilghnéitheacha		1,090	575	2,790
			105,150	**97,390**	**96,788**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €13.8 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús. Is iad seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

C.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin €3.6 milliún; toradh €2.8 milliún

Eascraíonn an difríocht go príomha mar gheall ar an laghdú ar an éileamh ar thaisteal, ar an éileamh ar oiliúint, ar chostais phoist agus mar gheall ar choigilteas caipitil mar gheall ar fhoireann a bheith ag obair go cianda.

C.3 Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann

Soláthar meastacháin €89.6 milliún; toradh €77.8 milliún

Is é is cúis go príomha leis an laghdú €11.8 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh tearc-chaiteachas caipitil €11.8 milliún maidir le dul chun cinn mall ar dheisiúcháin ar stáisiúin an Gharda Cósta agus forbairt Stáisiúin Garda Cósta nua i gCathair na Mart agus sna Clocha Liatha de dheasca Covid-19.

C.4 Seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €575,000

Tharla an difríocht mar gheall nár caitheadh an leithdháileadh iomlán caipitil ar ghlanadh comhshaoil na gcalafort.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
	Riarachán			
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,118	2,459	2,127
	Eitlíocht shibhialta			
2	Aisíoc síntiús ag Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta	6,558	6,910	6,449
3	Forchúiteamh cíosanna, etc., ag Údarás Eitlíochta na hÉireann	394	394	395
4	Íocaíocht Údaráis Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara	2,800	2,826	2,747
	Iompar ar tír			
5	Táillí ceadúnais iompair de bhóthar	800	1,309	1,070
6	Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír	6,480	4,368	4,151
	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí			
7	Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht Radio-Thelegrafaíochta, 1919	500	469	470
	Fáltais ilghnéitheacha			
8	Fáltais ilghnéitheacha	340	17,221	391
	Iomlán	**20,990**	**35,956**	**17,800**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €15 mhilliún níos airde ná an meastachán. Seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí.

1 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €3.1 milliún; réadaithe €2.5 milliún

Bhí an meastachán ag brath ar leibhéal áirithe earcaíochta a bheith á bhaint amach ag an Roinn agus ar a líon foirne a mhéadú faoi dheireadh 2021. Ach, mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear caillteanas foirne i gcomórtais idir-Rannacha, ní raibh an Roinn in ann an sprioc a socraíodh don bhliain a bhaint amach.

2 Fáltais ó aisíoc síntiús ag Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Measta €6.6 milliún; réadaithe €6.9 milliún

Forchúitíonn an Roinn airgead ó Údarás Eitlíochta na hÉireann chun síntiúis a íoc le heagraíochtaí áirithe eitlíochta idirnáisiúnta. In 2021, bhí easnamh €352,000 ann i leithdháileadh an chláir.

5 Táillí ceadúnais iompair de bhóthar

Measta €800,000; réadaithe €1.3 milliún

Bíonn tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta san earnáil agus sa gheilleagar i gcoitinne ar an tsuim a fhaightear i dtáillí ceadúnaithe iompair de bhóthar. Íoctar táillí ní hamháin ar iarratais ar cheadúnais ach freisin as feithiclí a chur le ceadúnais reatha tarlaithe chun cabhlaigh a mhéadú. I gcomhthéacs Brexit agus éiginnteachtaí gaolmhara, measadh go raibh sé oiriúnach an meastachán do 2021 a choinneáil ag €800,000, ach sháraigh fáltais iarbhír na hionchais.

6 Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír

Measta €6.5 milliún; réadaithe €4.4 milliún

Tharla an difríocht seo mar gheall ar thearc-aisghabháil caiteachais caipitil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do sheirbhísí a chuir an Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí (DVCSD) ar fáil agus maoiniú níos ísle ná mar a ceapadh ó dheontais ó AE.

8 Fáltais ilghnéitheacha

Measta €340,000; réadaithe €17.2 milliún

Tá fáltais ilghnéitheacha níos airde ná mar a measadh go príomha mar thoradh ar aisíocaíocht €13.1 milliún i leith mhaoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Údaráis Náisiúnta Iompair (PSO) agus deontas feithiclí leictreacha €3.5 milliún a fuarthas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	480	33
Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a]	10	11
Aisíocaíochtaí deontais	—	6
Fáltas AE do Thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach	—	937
Ranníocaíochtaí pinsin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus seirbhís bharúlach [b]	490	473
Tionscadal NELS – córas loingseoireachta muirí Loran-C	20	—
Uasghrádú Ten-T	—	2,209
Cistí Choimisiún an Aontais Eorpaigh	—	550
Aisíocaíocht NTA	—	856
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta [c]	2,517	—
Íocaíocht tionscadail TN ITS GO	20	—
Géilleadh deonach pá	22	13
Ilchineálach	2	—
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(3,525)	(4,608)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**36**	**480**

Nótaí

[a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (SAA) thar ceann an Aire.

[b] Feidhmíonn an Roinn mar idirghabhálaí chun íoc anonn bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó fhoireann RSA. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

[c] Faoin oibleagáid bhithbhreosla, ceanglaítear ar sholáthraithe breoslaí áirithe chuig an margadh iompair de bhóthar sciar áirithe de bhithbhreoslaí a áireamh mar chuid dá meascán breosla. Ligeann muirear ceannaigh amach, áfach, do pháirtithe faoi oibleagáid faoin scéim a n-oibleagáid bhithbhreosla iomlán, nó cuid di, a chomhlíonadh trí mhuirear ceannaigh amach a íoc. Socraíodh é seo ag €0.45 in 2021 faoi IR 644/2010: Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Táille Ceannaigh Amach Oibleagáide Bithbhreosla), 2010 . Tá sé seo á mhéadú go €1 in 2022 chun páirtithe faoi oibleagáid a dhíspreagadh a n-oibleagáidí bithbhreosla a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as an muirear ceannaigh amach.

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Roinn	545	534
Gníomhaireachtaí	1,000	903
	1,545	**1,437**

5.2 Pá – Roinn agus gníomhaireachtaí

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021	2020
	€000	€000
Pá	29,914	28,997
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	887	796
Ragobair	421	382
Liúntais eile	790	680
ÁSPC an fhostóra	2,614	2,452
Pá iomlán	**34,626**	**33,307**

Luach saothair foirne gníomhaireachta

Pá	60,363	55,663
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	718	227
Ragobair	442	273
Liúntais eile	561	535
ÁSPC an fhostóra	5,564	4,861
Pá iomlán	**67,648**	**61,559**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	120	62	39,777	38,832
Ragobair	76	16	29,059	20,506
Liúntais eile	66	4	21,884	7,700
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	72	55	53,121	46,482
Foireann gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	144	7	16,133	53,461
Ragobair	174	—	7,835	15,001
Liúntais eile	118	2	16,048	15,771
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	49	5	14,841	23,486

5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €144,992 maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal. Cuireadh forchúiteamh iomlán an chaiteachais ghaolmhair i gcrích i Ráithe 1 de 2022.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le naonúr oifigeach ar iasacht a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc ranna/oifigí Rialtais eile a dtuarastal.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	38	123,108	99,180
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	19	61,874	36,714

Rinneadh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí, arbh fhiú €16,666 iad agus a bhain le beirt, a aistriú chuig Ranna eile i rith na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2021, níor íocadh aon íocaíochtaí iomarcaíochta ná scaoilíocaíochtaí le baill foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €213,859 ag baint leis an ról (€211,742 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh Bord Athbhreithnithe in 2020 chun athscrúdú a dhéanamh ar thorthaí áirithe sa dréacht-tuarascáil deiridh ar an imscrúdú ar an tionóisc a bhain le Rescue 116 ag an bhFód Dubh, Co. Mhaigh Eo, an 14 Márta 2017. Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil (IR) Uimh. 460 de 2009: Na Rialacháin um Aerloingseoireacht (Tionóiscí, Teagmhais Thromchúiseacha agus Teagmhais a Fhógairt agus a Imscrúdú), 2009. Foilsíodh tuarascáil an Bhoird Athbhreithnithe an 5 Samhain 2021 agus fuarthas amach gurbh iad na cúiseanna dóchúla leis an timpiste ná an drochaimsir agus airde an héileacaptair agus an fíoras nach an fhoireann ar an eolas faoi chonstaic 282 troigh ar an gcosán eitilte go dtí an pointe bealaigh tosaigh ar cheann de bhealaí réamhchláraithe an Chórais Bainistíochta Eitilte (FMS).

Ba é an costas iomlán suas go deireadh 2021 ná €366,465 (2021: €266,170; 2020: €100,295)

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag fostaithe	Éilimh ag daoine den phobal	Iomlán 2021	Iomlán 2020
Líon cásanna	3	13	16	7
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	14	14	262
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	213	556	769	135
Costais dlí	129	169	298	—
Costais eile	1	5	6	—
Iomlán 2021	**343**	**744**	**1,087**	**397**
Iomlán 2020	—	397		397

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh ag fostaithe	Éilimh ag daoine den phobal	Iomlán
Líon cásanna	3	11	14
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	—	—
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne			
Cúiteamh	150	3	153
Costais dlí	90	—	90
Costais eile	3	—	3
Iomlán	**243**	**3**	**246**

6.3 Ús ar íocaíocht dhéanach

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis i dtéarmaí Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

6.4 Calaois agus calaois amhrasta

Níor aimsíodh aon chalaois le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

6.5 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhFo-mhírcheann B.8 Infheistíocht soghluaisteachta inbhuanaithe íocaíocht i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Bhí moilleanna ama ann ar éilimh mar thoradh ar roinnt moilleanna agus síneadh ar thionscadail Ghlasbhealaí INTERREG. Fuair an Roinn €682,000 mar mhaoiniú agus d'íoc sí éilimh arbh fhiú €551,000 san iomlán iad, rud a d'fhág gur tugadh farasbarr maoinithe €131,000 anonn go 202.

		2021 Meas-tachán	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann				
B.8	Infheistíocht soghluaisteachta inbhuanaithe	683	551	3,579

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas €161.1 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas in 2021, rud a tugadh anonn go 2022.

		€000
A.3	Aerfoirt réigiúnacha - íocaíochtaí	7,640
A.5.1	Tacaí éigeandála eitlíochta	410
B.5	Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe	4,000
B.7.2	Tionscadail iompair tuaithe	350
B.8.3	Bonneagar iompair phoiblí - NTA	36,800
B.8.5	Clár rothaíochta agus siúil	70,000
B.8.6	Caiteachas glasbhealaí (caipitil)	39,000
C.3.1	Caipiteal - IRCG	2,000
C.3.2	Caipiteal - CIL	400
C.4.3	Glanadh comhshaoil	500
		161,100

6.7 Aersheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

Ó 2015, shealbhaigh Stobart Air, trí chomhaontú saincheadúnais le Aer Lingus, an conradh chun aersheirbhísí PSO arna thacú ag an Rialtas a oibriú ar dhá bhealach: Dún na nGall/Baile Átha Cliath agus Ciarraí/Baile Átha Cliath.

Fuair an Roinn fógra an 17 Meitheamh 2021 á rá go raibh leachtaitheoirí sealadacha ceaptha chuig Stobart Air. Choinnigh an Roinn siar roinnt íocaíochtaí a bhí dlite do Stobart Air i leith aersheirbhísí a chuir sé ar fáil in 2020 agus in 2021 faoi scéim aersheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) na Roinne Iompair de bhun roinnt oibleagáidí tuairiscithe neamhchomhlíonta. Tá sé seo réitithe, áfach, agus déanfar na híocaíochtaí sin a luaithe a bheidh na leachtaitheoirí deiridh ceaptha chuig Stobart Air.

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Iompair

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an 21 Meán Fómhair 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cén uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste/Comhlacht Roinne	Tréimhse chuntas-aíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Bus Éireann	2021	6 Aib 2022	29 Mei 2022	29 Mei 2022
Bus Átha Cliath	2021	6 Aib 2022	23 Bea 2022	6 Iúil 2022
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	2020	29 MF 2021	28 DF 2021	2 Nol 2021
An Coimisiún um Rialáil Iarnróid	2021	7 Nol 2021	10 Nol 2021	18 Fea 2022
Córas Iompair Éireann (CIÉ)	2021	6 Aib 2022	29 Aib 2022	23 Mei 2022
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	2021	20 Bea 2022	20 Bea 2022	27 Mei 2022
Comhlacht Chalafort Átha Cliath	2021	25 Már 2022	31 Már 2022	1 Iúil 2022
Iarnród Éireann	2021	6 Aib 2022	30 Mei 2022	30 Mei 2022
Údarás Eitlíochta na hÉireann	2021	31 Már 2022	1 Aib 2022	20 Bea 2022
An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú	2021	30 Mei 2021	30 Mei 2021	7 Iúil 2021
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	2021	17 Mei 2022	12 Iúil 2020	—
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	2021	24 Mei 2022	28 Mei 2022	—
Cuideachta Phort Chorcaí	2021	1 Aib 2022	24 Aib 2022	1 Iúil 2022
Cuideachta Phort Phort Láirge	2021	28 Már 2022	15 Aib 2022	1 Iúil 2022
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	2021	23 Mei 2022	23 Mei 2022	25 Iúil 2022
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge	2021	25 Már 2022	22 Aib 2022	1 Iúil 2022

Ciste/Comhlacht Roinne	Tréimhse chuntas-aíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Grúpa na Sionainne PLC	2021	24 Már 2022	29 Már 2022	11 Bea 2022
Bonneagar Iompair Éireann	2021	30 Mei 2022	1 Iúil 2022	2 Lún 2022
Cuntas Mótarchánach	2021	27 Mei 2022	29 Mei 2022	—

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 32

Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €156.674 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú Feidhmeanna

Tháinig athruithe ar struchtúr na Roinne in éifeacht an 1 Eanáir. Maidir leis sin, ghlac an Roinn freagracht as an tionscnamh Cothromaíocht um Ghnó Níos Fearr ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh freisin, ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, freagracht as Scéim na nDearbhán Trádála ar Líne, a chuirtear ar fáil trí na hOifigí Fiontair Áitiúla.

Aistríodh roinnt d'fheidhmeanna na Roinne chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, lena n-áirítear

- freagrachtaí áirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003
- freagrachtaí áirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993
- freagracht as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus
- freagracht maidir le ballraíocht d'eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe.

Tá an fhreagracht as feidhmeanna faoi réir scrúdú leanúnach i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Oideachais araon. Is féidir, mar thoradh air sin, go gcuirfear moltaí aistrithe breise faoi bhráid an Rialtais má mheastar é sin a bheith cuí. Níor moladh aon mholtaí aistrithe eile in 2021 ná go dtí seo in 2022.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Déantar sócmhainní a dhímheas gach bliain ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta, ag tosú le dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an cheannaigh agus gan cuid ar bith a mhuirearú i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de thrí chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €139,650 iad san iomlán (gan CBL a áireamh). Tá na mionsonraí leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €72,088 le soláthar fadaithe comhairle dlí maidir leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa a fuarthas ar dtús de réir nóta faisnéise na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) maidir le 'Covid-19 (Coróinvíreas) agus Soláthar Poiblí'. I bhfianaise nádúr speisialaithe agus teicniúil na Scéime, níor measadh gur chuí soláthraí seirbhísí dlí na Scéime a athrú.
- Bhain an dara conradh dar luach €37,814 le soláthar stórála comhad ar thaifid de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) lasmuigh den láithreán. Cé gur ceapadh soláthraí nua i mí an Mhárta 2020 tar éis comórtas soláthair, chuir srianta Covid-19 aistriú iomlán ábhar CRO siar go Deireadh Fómhair 2021. Lean an soláthraí a bhí ann roimhe sin ag soláthar seirbhísí go dtí go raibh aistriú na dtaifead curtha i gcrích.
- Bhain an tríú conradh dar luach €29,748 le cúrsaí idirghabhála ar líne a sholáthar don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Ceanglaítear ar oifigigh chaidrimh thionsclaíoch idirghabháil réamhbhreithnithe a sholáthar faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus, sa chomhthéacs sin, ceanglaíonn an WRC orthu freastal ar chúrsa oiliúna ábhartha. Ba é an soláthraí a roghnaíodh an t-aon chomhlacht a bhí in ann ag an am an oiliúint ábhartha a sholáthar ar líne; mar gheall ar shrianta Covid-19, níor rogha í oiliúint duine le duine.

Thug an Roinn mionsonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe a oibriú do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Ós rud é go raibh paindéim Covid-19 ar siúl fós in 2021, leanadh le tionchar na paindéime a mheas ar fud aonaid ghnó na Roinne agus a hOifigí, lena n-áirítear tionchar na foirne ag obair ón mbaile ar feadh cuid mhaith den bhliain. Áiríodh leis sin measúnuithe rioscaí maidir le rialuithe airgeadais, rialuithe inmheánacha, rialuithe TFC, éifeachtacht na gcainéal cumarsáide, prótacail sláinte agus sábháilteachta, folláine foirne agus nascacht. Bhí na measúnuithe sin dírithe ar shláine thimpeallacht rialaithe na Roinne a chaomhnú agus a chinntiú gur lean an Roinn agus a hOifigí orthu ag soláthar seirbhís iomlán do chliaint.

An Dr Orlaigh Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht agus tá comhlíonta agam na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Forbairt post agus fiontar				
	Bunaidh	824,451			
	Géilleadh iarchurtha	101,261			
	Forlíontach	(7,999)			
			917,713	722,576	1,273,470
B	Nuálaíocht				
	Bunaidh	219,128			
	Géilleadh iarchurtha	4,939			
	Forlíontach	8,000			
			232,067	218,741	413,743
C	Rialáil		98,562	85,760	77,465
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	1,142,141			
	Géilleadh iarchurtha	106,200			
	Forlíontach	1			
			1,248,342	**1,027,077**	**1,764,678**
	Lúide				
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**53,982**	**69,051**	**49,781**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	1,088,159			
	Géilleadh iarchurtha	106,200			
	Forlíontach	1			
			1,194,360	**958,026**	**1,714,897**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglansuim a chuirtear i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €79.66 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na n-eilimintí caipitil d'Fho-mhírchinn A.5, A.7, A.9, agus B.4 ar aghaidh go 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	236,333,519	182,421,683
Géilleadh iarchurtha	(79,660,000)	(106,200,000)
Farasbarr le géilleadh	**156,673,519**	**76,221,683**

An Dr Orlaigh Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		987,847	1,727,733
Pá		30,723	28,838
Neamhphá		8,507	8,107
Ollchaiteachas		**1,027,077**	**1,764,678**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**69,051**	**49,781**
Glanchaiteachas		**958,026**	**1,714,897**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(142)		
Dímheas	1,723		
Caillteanas ar dhiúscairtí	44	1,625	(153)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	9,393		
Laghdú ar stoc	31	9,424	(1,671)
Caiteachas díreach		**969,075**	**1,713,073**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)		26,022	24,854
Measchíosanna (neamhairgid)		2,847	2,847
Glanchostas an chláir		**997,944**	**1,740,774**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	61	63
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	21,550	20,029
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,622	4,082
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	120	113
Vóta 20	An Garda Síochána	162	208
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	147	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na n-airí		360	359
		26,022	**24,854**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	6,030	7,655
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		111,324	117,795
Stoic	2.2	213	244
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,733	1,556
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	536	1,004
Ioncam fabhraithe		168	551
Iomlán na sócmhainní reatha		**113,974**	**121,150**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.5	1,269	939
Ioncam iarchurtha		11,183	2,326
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	5,216	5,169
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	106,644	113,630
Iomlán na ndliteanas reatha		**124,312**	**122,064**
Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)		(10,338)	(914)
Glansócmhainní		**(4,308)**	**6,741**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**(4,308)**	**6,741**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	38,208	3,225	25	41,458
Breiseanna	10	—	132	142
A tugadh isteach chun úsáide sa bhliain	125	—	(125)	—
Diúscairtí	(33)	(4)	(25)	(62)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	38,310	3,221	7	41,538
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	30,986	2,817	—	33,803
Dímheas don bhliain	1,651	72	—	1,723
Dímheas ar dhiúscairtí	(18)	—	—	(18)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	32,619	2,889	—	35,508
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**5,691**	**332**	**7**	**6,030**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	7,222	408	25	7,655

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	128	162
Soláthairtí TF	55	69
Ábhair ghlantacháin	30	13
	213	**244**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,483	1,338
Riarachán	250	218
	1,733	**1,556**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig		2021	2020
	€000	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le OOP		25	112
Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha		483	818
Caiteachas in-fhorchúitithe:			
Taisteal	—		
Seirbhísí comhroinnte	28		
		28	74
		536	**1,004**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta atá dlite	694	—
Costais riaracháin	295	427
Forchúitimh idir-rialtasacha	132	21
Seirbhísí agus tacaíocht TF	76	155
Costais dlí	72	126
Scéim faoisimh dhaonnúil	—	210
	1,269	**939**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,084	966
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	623	592
Cáin mhaoine áitiúil	6	7
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	149	90
Cáin bhreisluacha ar fháltais laistigh den Aontas Eorpach	115	52
Muirear sóisialach uilíoch	198	182
	2,175	1,889
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní	1,932	1,806
Íocaíochtaí foirne	463	687
Dliteanas pinsin fostóirí	(16)	125
Tuarastail in-fhorchúitithe	159	159
Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile	503	503
	5,216	**5,169**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	156,674	76,222
Géilleadh iarchurtha	79,660	106,200
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(129,690)	(68,792)
Glanmhaoiniú Státchiste	**106,644**	**113,630**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	111,324	117,795
Iarmhéideanna dochair eile	536	1,004
	111,860	118,799
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,175)	(1,889)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(3,041)	(3,280)
	(5,216)	(5,169)
	106,644	**113,630**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			6,741	4,917
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,194,360		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(79,660)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(156,674)		
Glanvóta			958,026	1,714,897
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		26,022	24,854
Caiteachas neamhairgid – measchíos			2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1		(997,944)	(1,740,774)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**(4,308)**	**6,741**

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda [a] ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	177,338	185,523
Cláir deontas neamhchaipitil	3,965	10,854
Cláir deontas caipitil	1,258,845	2,115,494
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,440,148**	**2,311,871**

b) Cláir deontas neamhchaipitil	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	10,854	1,550
Deontais a íocadh sa bhliain	(19,355)	(38,434)
Ceangaltais deontas nua	14,784	51,695
Deontais a cuireadh ar ceal	(2,318)	(3,957)
Iarmhéid deiridh	**3,965**	**10,854**

c) Cláir deontas caipitil	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	2,115,494	1,819,969
Aistriú feidhmeanna [b]	(757,945)	—
Deontais a íocadh sa bhliain	(617,225)	(686,794)
Ceangaltais deontas nua	826,602	1,121,402
Deontais a cuireadh ar ceal	(308,081)	(139,083)
Iarmhéid deiridh	**1,258,845**	**2,115,494**

Nótaí

[a] Áirítear leis seo ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse a ghinfidh comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne.

[b] Aistríodh roinnt feidhmeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Áiríodh leis sin freagrachtaí as Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, baineadh na ceangaltais i ndáil leo atá ar áireamh san iarmhéid tosaigh in 2021.

d) Mórthionscadail chaipitil

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán de €10 milliún nó níos mó.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail 2020 [a]
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Ceangaltais Ghníomhaireachta					
GFT Éireann (A.5)	15,000	31,500	143,100	189,600	107,330
Fiontraíocht Éireann (A.7)	356,562	61,723	187,926	606,211	508,317
Fiontraíocht Éireann (B.4)	31,065	5,532	13,094	49,691	50,303
Ceangaltais na Roinne					
INTERREG (A.10)	10,814	3,665	6,521	21,000	21,000
Scéimeanna iasachta Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)	87,323	38,335	709	126,367	127,231
	500,764	**140,755**	**351,350**	**992,869**	**814,181**

Nóta [a] Ní áirítear leis seo tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2020.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le haon mhórcheangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas ionchasach iomlán i gcomparáid le 2020.

GFT Éireann (A.5)

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €82 mhilliún

Baineann an t-ardú le seacht dtionscadal nua le meáncheangaltas €12 mhilliún do gach tionscadal.

Fiontraíocht Éireann (A.7)

Méadú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €98 milliún

Baineann an t-ardú go príomha le €83 mhilliún do chúig thionscadal nua agus méadú €15 mhilliún ar cheangaltais thar dheich dtionscadal.

Fiontraíocht Éireann (B.4)

Laghdú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €600,000

Baineann an laghdú le tionscadal amháin inar laghdaíodh an tsuim ceadaithe faoi €600,000.

Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)

Laghdú ar an gcaiteachas ionchasach iomlán: €900,000

Tharla an laghdú de bharr deontas €600,000 faoin Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí agus deontas €300,000 faoi Scéim Chaipitil Oibre CBSÉ a bheith curtha ar ceal.

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	**46**	**215**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa

Leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit de 80% tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe ar iasachtaí incháilithe nó bannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana (FBManna).

Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 orthu. Soláthraíonn an CCGS ráthaíocht stáit de 80% d'iasachtóirí creidiúnaithe ar shaoráidí iasachta suas le huas-suim €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach Cúnaimh Stáit an Choimisiúin Eorpaigh agus tá sí ar fáil do FBManna, cuideachtaí beaga meánchaipitlithe (fiontair nach FBM iad ach a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu) agus príomhtháirgeoirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

I gcás an CGS agus an CCGS araon, íocann an Stát (an 'ráthóir') an ráthaíocht leis an iasachtóir ar an bpríomh-iarmhéid neamh-aisghafa gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

An 31 Nollaig 2021, clúdaíodh leis an dá scéim €502.8 milliún san iomlán in iasachtaí gan íoc (2020: €113 mhilliún). B'ionann neamhchosaint uasta iomlán na Roinne maidir le hiasachtaí gan íoc an 31 Nollaig 2021 agus €395.86 milliún (2020: €80.067 milliún).

Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as an CGS nó as an CCGS préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-mhírcheann A.9. Íoctar ón bhfo-mhírcheann sin freisin íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) chun an scéim a oibriú.

Leagtar amach thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí a bhaineann leis an scéim seo.

		2021		2012-2021
		€000		€000
Fáltais i ndáil le préimheanna a íocann FBManna		1,348		4,062
Caiteachas na scéime:				
Riarachán na scéime	(1,794)		(5,118)	
Éilimh a íocadh	(378)		(1,213)	
Costas iomlán na scéime		(2,172)		(6,331)
Glanchostas na scéime		(824)		(2,269)

Dliteanais theagmhasacha eile

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi aon suim iarbhír ná faoi uainiú aon dliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	32,345	30,723	28,838
ii	Taisteal agus cothú	500	153	338
iii	Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,505	1,605	1,461
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	300	332	294
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	4,221	4,179	4,352
vi	Costais áitribh oifige	805	869	613
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,280	877	889
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise	360	492	160
		41,316	**39,230**	**36,945**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €153,000

Mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thaisteal intíre, AE agus idirnáisiúnta, rinneadh coigilt shuntasach ar chaiteachas réamh-mheasta taistil agus cothaithe.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €1.28 milliún; toradh €877,000

Níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadail chomhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2021 mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/cealuithe/ athbheartú tosaíochtaí.

viii Acmhainní fógraíochta agus faisnéise

Soláthar meastacháin €360,000; toradh €492,000

Tharla an róchaitheamh €132,000 go príomha mar gheall ar roinnt feachtais chumarsáide a reáchtáladh i mí na Nollag 2020 nach bhfuarthas sonraisc chomhaontaithe dóibh le haghaidh íocaíochta go dtí 2021.

Clár A Forbairt Post agus Fiontar

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá		11,561	11,564	10,207
A.2	Riarachán − neamhphá		2,952	2,491	2,575
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta		39,757	39,912	39,250
A.4	Idir-Thrádáil Éireann		11,036	11,025	12,724
A.5	GFT Éireann				
	Soláthar meastacháin	217,533			
	Géilleadh iarchurtha	17,400			
			234,933	201,333	198,177
A.6	NSAI – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta		8,823	6,850	5,798
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	Bunaidh	415,956			
	Géilleadh iarchurtha	40,000			
	Forlíontach	(8,549)			
			447,407	338,872	844,487
A.8	Forbairt fiontar áitiúil				
	Soláthar meastacháin	52,781			
	Géilleadh iarchurtha	15,000			
			67,781	58,119	79,475
A.9	Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa pháirtigh		25,500	2,172	975
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG		5,800	3,665	4,080
A.11	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.		2,343	2,764	2,460
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		201	50	—
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile		130	21	13
A.14	Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann				
	Soláthar meastacháin	30,075			
	Géilleadh iarchurtha	8,260			
			38,335	38,335	48,292
A.15	Scéim faoisimh dhaonnúil				
	Bunaidh	1			
	Forlíontach	550			
			551	403	167

A.16	Micrea-Airgeadas Éireann				
	Soláthar meastacháin	1			
	Géilleadh iarchurtha	15,001			
			15,002	5,000	24,790
A.17	An tIonad Náisiúnta Dearaidh				
	Soláthar meastacháin	1			
	Géilleadh iarchurtha	5,600			
			5,601	—	—
			917,713	**722,576**	**1,273,470**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár A agus €203.136 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí tearc-chaitheamh de €458,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus tharla iarmhéid an athraithis, ar gannchaitheamh €202.678 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas.

A.5 GFT Éireann

Soláthar meastacháin €234.933 milliún; toradh €201.333 milliún

Coigilteas €33.6.8 milliún ar chostas caipitil agus coigilteas €800,000 ar phá ba chúis leis an tearc-chaitheamh €33.6 milliún. Tharla an gannchaitheamh €32.8 milliún mar gheall ar choigilteas tógála €18.8 milliún, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tógála a bheith dúnta ag an Rialtas, agus mar gheall ar thearc-chaitheamh €14 mhilliún eile a d'eascair as moilleanna ama ar éilimh dheontais faoi Scéim Táirgí Covid-19. Is mar gheall ar mhoill ar fholúntais a líonadh is mó a bhí an tearc-chaitheamh seo pá de €800,000.

A.6 NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta

Soláthar meastacháin €8.823 milliún; toradh €6.85 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €1.973 milliún go príomha mar gheall ar dheacrachtaí chun baill foirne bhreise a bhí ceadaithe don Údarás a earcú.

A.7 Fiontraíocht Éireann

Soláthar meastacháin €455.956 milliún; toradh €338.872 milliún

Coigilteas €117.084 milliún ar chaiteachas caipitil a bhí sa tearc-chaitheamh €117.419 milliún ar chaipiteal, a fritháiríodh le barrachas €335,000 i gcaiteachas reatha. Tharla an gannchaitheamh €117.419 milliún go príomha de bharr tarraingt anuas a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ón gCiste um Fhiontraíocht a Chothú, an Ciste Téarnaimh Luathaithe agus an Scéim um Chúnamh maidir le COVID-19 do Ghnólachtaí Beaga (SBASC).

De bharr nádúr na dtacaí sin, is féidir go mbeidh aga moille idir ceadú na n-iarratas agus na dtionscadal atá mar bhunús le hiarratais den sórt sin agus na tionscadail atá mar bhunús le hiarratais den sórt sin a bheith curtha i gcrích agus curtha isteach le haghaidh íocaíochta. Mar thoradh ar na hagaí moille sin, ní dhearnadh íocaíochtaí faoi roinnt de na tacaí/scéimeanna a tharraingt anuas mar a bhíothas ag súil leis. Ina theannta sin, laghdaíodh an gá a bhí leis na tacaí sin toisc gur athosclaíodh an geilleagar ar bhealach níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis.

Bhí an róchaitheamh reatha €335,000 comhdhéanta de €2.335 milliún i ndáil le híocaíochtaí pinsin agus cnapshuime a fritháiríodh le coigilt €2 mhilliún a bhain le ciorrú suntasach ar thaisteal foirne mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.8 Forbairt fiontar áitiúil

Soláthar meastacháin €67.781 milliún; toradh €58.119 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €9.662 milliún go príomha de bharr coigilteas €10.03 milliún ar chaiteachas caipitil a fritháiríodh le róchaitheamh €368,000 ar chaiteachas reatha.

Maidir le tearc-chaipiteal, gheall an Rialtas ina spreagthach i mí Iúil 2020 go méadófaí an tréimhse saor ó ús d'iasachtaí do mhicrifhiontair, lena n-áirítear iasachtaí a socraíodh chuig na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna). Áiríodh leis an leithdháileadh caipitil do na OFÁnna foráil chun an ghné bhreise sé mhí saor ó ús d'iasachtaí den sórt sin a chlúdach. Bhí an barrachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an tarraingt anuas ar an tsaoráid lacáiste úis i leith roinnt tairiscintí iasachta micrifhiontair agus ba é sin an phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh caipitil.

Go bunúsach, tharla an barrachas sin €368,000 i gcaiteachas reatha mar gheall ar mhaoiniú breise a bhí ag teastáil chun na 63 bhall foirne shealadacha OFÁ a choinneáil ar feadh 6 mhí chun cabhrú leis na OFÁnna freastal ar an éileamh méadaithe a tháinig ar a gcuid seirbhísí de dheasca na paindéime.

A.9 Scéim Shealadach Ráthaíochta Creidmheasa Pháirtigh

Soláthar meastacháin €25.5 milliún; toradh €2.172 milliún

Is é cuspóir na scéime ná caiteachas a chlúdach i leith scéimeanna iasachta a chuirtear i bhfeidhm faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa, 2012, arna leasú. Baineann caiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo leo seo:

- éilimh a íoc le soláthraithe maoinithe faoin ráthaíocht Stáit i leith iasachtaí ar mainníodh iontu
- costais riaracháin arna dtabhú ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) chun an scéim a fheidhmiú agus costais eile amhail comhairle dlí agus seirbhísí dlí.

Tá scéimeanna a oibríonn faoin Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Chreidmheasa Covid-19, bunaithe ar dhliteanas teagmhasach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon chostas ar an Stát ach amháin mura bhfuil fiontar rannpháirteach in ann an iasacht a íoc ar ais agus go n-éilíonn an soláthraí maoinithe an ráthaíocht don 80% den iarmhéid gan íoc.

Foráladh leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa maidir le Covid-19, a seoladh i Meán Fómhair 2020, go bhféadfadh iasachtaithe leas a bhaint as moratóirí íocaíochta i gcás gur thairg iasachtóirí iad. Ní mór iasachtaí a bheith gan íoc ar feadh níos mó ná 90 lá sula bhféadfaidh an t-iasachtóir an ráthaíocht a iarraidh. Ba de bhrí nach bhfuarthas na chéad éilimh ar an ráthaíocht go dtí go déanach in 2021 agus de bhrí go raibh líon i bhfad níos lú acu ann ná mar a bhíothas ag súil leis a tharla an tearc-chaitheamh €23.328 milliún**.**

A.10 Maoiniú meaitseála do INTERREG

Soláthar meastacháin €5.8 milliún; toradh €3.665 milliún

Tá sé deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas faoin gClár INTERREG mar gur clár ilbhliantúil é atá scaipthe thar sheacht mbliana. Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar chaiteachas in 2021, rud a chuir isteach ar ghníomhaíocht agus ar tharraingt anuas an mhaoinithe faoin gClár. Ina ainneoin sin, is ionann agus €21 mhilliún fós ceangaltas foriomlán ranníocaíochta RFTF thar na seacht mbliana den bhabhta reatha den Chlár.

A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.

Soláthar meastacháin €2.343 milliún; toradh €2.764 milliún

Tháinig méadú ar tháille bhallraíochta na hÉireann leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Is é is cúis leis sin, go bunúsach, go ríomhtar an táille ar bhonn sciar na hÉireann de luach iomlán na trádála, atá tar éis méadú, mar aon le ráta céatadáin níos airde de ranníocaíocht bhallraíochta a bheith á chur i bhfeidhm in 2021.

A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €201,000; toradh €50,000

Baineann an gannchaitheamh €151,000 seo le costais a bhaineann le Comhchoimisiúin Eacnamaíochta (JEC). Mar gheall ar shrianta taistil Covid-19, níor gníomhaíodh roinnt tograí ó Ambasáidí na hÉireann, rud a d'fhág coigiltis i dtionscadail nach bhfuil ag dul chun cinn agus i gcúrsaí taistil. Ina theannta sin, ní raibh Éire in ann Comhchoimisiún Eacnamaíochta na hÉireann-na Rúise a óstáil in 2021.

A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €130,000; toradh €21,000

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

A.15 Scéim faoisimh dhaonnúil

Soláthar meastacháin €1,000; toradh €403,000

Cabhraíonn an scéim faoisimh dhaonnúil le gnólachtaí agus eintitis incháilithe eile a fhulaingíonn damáiste ó thuilte agus nach féidir leo árachas tuile a fháil chun na costais a bhaineann lena n-áitreabh a thabhairt ar ais chuig a riocht réamhthuilte. Tá an scéim á riar thar ceann na Roinne ag Crois Dhearg na hÉireann. Ós rud é go mbíonn tacaíocht faoin scéim ag brath ar an aimsir, is deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas. Cuireadh soláthar iomlán €1,000 ar fáil sa mheastachán. Bhí dhá imeacht tuile ar leith ann i mí na Nollag 2021, rud a d'fhág gur sháraigh an caiteachas an meastachán bunaidh.

A.16 Micrea-Airgeadas Éireann (MFI)

Soláthar meastacháin €15.002 milliún; toradh €5 mhilliún

Soláthraíonn Micrea-Airgeadas Éireann (MFI) iasachtaí do mhicrifhiontair nach féidir leo iasachtaí a fháil ó sholáthraithe tráchtála. Chuir sé ceann de na chéad tacaí ar fáil do ghnólachtaí a raibh tionchar ag éifeachtaí Covid-19 orthu nuair a tugadh iasacht isealchostais Covid-19 uaidh isteach. In 2021, bhí a oiread iasachtaí ann agus a bhíodh sular tugadh isteach iasachtaí Covid-19.

Níor theastaigh tuilleadh tarraingt anuas ó MFI mar go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais aige cheana féin. Níl drochleibhéil fiachais le feiceáil a bheag nó a mhór mar gheall ar iasachtaí a bheith athstruchtúraithe nó de bharr moratóirí aisíocaíochta.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinne MFI comhaontú le CBSÉ chun maoiniú fiachais a sholáthar do MFI chun saoráidí iasachta a sholáthar. Tá €30 milliún geallta ag CBSÉ do MFI, rud a mhéadaíonn go mór acmhainneacht iasachtaithe MFI agus a chumas chun tacú le níos mó fiontar beag agus micrifhiontar. Chuir sé sin deireadh leis an ngá le tuilleadh maoinithe a bhaint as an Státchiste go ceann i bhfad.

A.17 An tIonad Náisiúnta Dearaidh

Soláthar meastacháin €5.601 milliún; toradh €nialas

Mar gheall ar an ngá le freagairt leantach do thionchar leanúnach Covid-19 agus ar an mbéim phráinneach ar thacaí gnó agus ar thacaí eile Covid-19, níorbh fhéidir dul ar aghaidh le tionscadal an Ionaid Náisiúnta Dearaidh in 2021 mar a bhí beartaithe. Is tionscadal infheistíochta tosaíochta é Ionad Náisiúnta Dearaidh a bhunú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá an Roinn tiomanta don tionscadal seo a fhorbairt thar shaolré an Phlean.

Clár B Nuálaíocht

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá		7,389	7,375	7,806
B.2	Riarachán − neamhphá		2,402	2,428	2,207
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann		3,172	3,120	3,069
B.4	Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta				
	Soláthar meastacháin	155,254			
	Géilleadh iarchurtha	4,000			
			159,254	152,056	332,490
B.5	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.				
	Bunaidh	18,780			
	Géilleadh iarchurtha	939			
	Forlíontach	8,000			
			27,719	27,717	24,370
B.6	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	1	—
B.7	Costais dlí agus seirbhísí eile		130	—	4
B.8	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha		32,000	26,044	19,300
—	Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)		—	—	24,497
			232,067	**218,741**	**413,743**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €5.326 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). An méid seo a leanas ba chúis leis sin den chuid is mó.

B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Soláthar meastacháin €159.254 milliún; toradh €152.056 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €7.198 milliún comhdhéanta de choigilteas €6.998 milliún ar chaipiteal agus de choigilteas €200,000 ar neamhphá. Is mar thoradh ar leibhéal níos ísle ná an leibhéal iarratas a rabhthas ag súil leis ar Scéim Táirgí Covid-19 is mó a bhí an tearc-chaitheamh caipitil €6.998 milliún, rud ab ionann agus coigilteas €4.998 milliún. Tháinig coigilteas breise chun cinn maidir le comhchistiú náisiúnta Mhoil Nuálaíocht Dhigiteach na hEorpa, a tharla go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar leibhéal AE maidir leis na tairiscintí buacacha a roghnú.

B.5 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin: €19.719 milliún; toradh €27.717 milliún

Tháinig an barrachas €7.998 milliún chun cinn go príomha mar thoradh ar €8 milliún breise a íocadh le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) nuair a sainaithníodh gur sháraigh an fáltas chuig cuideachtaí Éireannacha trí chláir ESA ranníocaíocht na hÉireann leis na cláir sin, agus chun go bhféadfadh cuideachtaí Éireannacha leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí leanúnacha teicneolaíochta agus forbartha táirgí.

B.7 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €130,000; toradh €nialas

Is bainistíocht stuama vóta é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Le linn 2021, ní raibh aon chaiteachas ann.

B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Soláthar meastacháin €32 mhilliún; toradh €26.044 milliún

Mar gheall ar nádúr casta an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, lena mbaineann 270 tionscadal i gcuibhreannas suas le 13 chomhpháirtí atá comhdhéanta de FBManna, de chomhlachtaí ilnáisiúnta agus d'Eagraíochtaí Déanta Taighde, ghlac plé conarthaí do roinnt tionscadal níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis. Dá bharr sin, níor cuireadh tús le roinnt tionscadal a ceadaíodh le haghaidh maoinithe faoi ghlaoch 3 in 2021. Ina theannta sin, mar thoradh ar thionchar Covid-19 i ngach réimse den rialtas agus den tsochaí, cuireadh moill ar dhul chun cinn roinnt tionscadal faoi ghlaonna 1 agus 2.

Clár C Rialáil

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá	13,395	11,784	10,825
C.2	Riarachán − neamhphá	3,617	3,588	3,325
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre	19,590	17,422	15,949
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumainn – airgeadteoranta	900	866	900
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	24,755	22,422	18,122
C.6	Cónascadh ceardchumainn	60	—	118
C.7	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	6,057	5,004	4,306
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	16,736	14,023	12,700
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	349	295	144
C.10	Tacaíocht do thomhaltóirí	70	67	70
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	7,964	6,677	7,427
C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	1,950	1,410	1,220
C.13	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1,462	1,481	1,419
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	359	162	20
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile	808	325	346
C.16	An Coimisiún um Pá Íseal	490	234	574
		98,562	**85,760**	**77,465**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le clár C €12.802 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaiteachas €1.64 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana féin, agus tharla iarmhéid an athraithis, ar tearc-chaitheamh de €11.162 milliún é, go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas.

C.3 An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre

Soláthar meastacháin €19.59 milliún; toradh €17.422 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €2.168 milliún mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- tearc-chaitheamh ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le Covid-19, laghdú mór ar chostais taistil agus chothaithe nuair nárbh fhéidir freastal ar éisteachtaí cúirte sna réigiúin, laghduithe ar chostais chíosa seomraí, costais aistriúcháin agus ateangairí agus laghdú ar chaiteachas trí chéile.
- tearc-chaitheamh sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT) de bhrí nach rabhthas in ann éisteachtaí a reáchtáil mar gheall ar shrianta Covid-19, rud a d'fhág nach raibh aon chostais taistil agus chothaithe ná aon chostais chíosa seomraí ann.
- tearc-chaitheamh ar chaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas a líonadh, agus tearc-chaitheamh i gcaiteachas neamhphá mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, amhail leanúint de chigireachtaí deascbhunaithe le speansais taistil agus chothaithe atá laghdaithe go mór agus laghdú dá bharr sin ar chostais choimhdeacha.

C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta

Soláthar meastacháin: €24.755 milliún, toradh: €22.422 milliún

D'eascair an tearc-chaitheamh €2.333 milliún go príomha as coigilteas ar phá mar gheall ar mhoill ar fholúntais a líonadh de bharr timpeallacht earcaíochta dhúshlánach agus de bharr an mhargaidh saothair chasta do shainchigirí grád.

C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Soláthar meastacháin €6.057 milliún; toradh €5.004 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €1.053 milliún comhdhéanta de choigilteas €1.278 milliún ar phá a fritháiríodh go páirteach le róchaitheamh €225,000 ar neamhphá. D'eascair an tearc-chaitheamh pá €1.278 milliún as deacrachtaí a bhain le folúntais a tháinig chun cinn le linn na bliana a líonadh chomh maith le moilleanna ar bhaill foirne nua a earcú maidir le haistriú ODCE ina ghníomhaireacht neamhspleách. Bhí an tearc-chaitheamh neamhphá €225,000 mar thoradh ar chostais dlí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo, a bhíonn de réir a nádúir thar a bheith deacair a thuar nó a rialú ó thaobh uainithe de.

C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Soláthar meastacháin €16.736 milliún; toradh €14.023 milliún

Tharla an gannchaitheamh €2.713 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas ar phá de bharr deacrachtaí a bhí ann folúntais a líonadh.

C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann

Soláthar meastacháin €7.964 milliún; toradh €6.677 milliún

As an tearc-chaitheamh foriomlán €1.287 milliún, baineadh amach €1.161 milliún mar choigilteas neamhphá agus baineadh amach €126,000 trí choigilteas pá.

Tháinig an coigilteas neamhphá chun cinn, go bunúsach, mar gheall ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe a chur ar fionraí in 2021 chomh maith le córas leictreonach nua a thabhairt isteach chun aighneachtaí a phróiseáil agus ríomhphost a chur in áit cóipeanna crua a bhí ann roimhe seo le haghaidh feachtais neamhchomhlíonta, agus bhí laghduithe ann dá bharr sin ar chostais phriontála agus phostais.

C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Soláthar meastacháin €1.95 milliún; toradh €1.41 milliún

D'eascair an tearc-chaitheamh €540,000 den chuid is mó as moilleanna a bhain le roinnt baill foirne a earcú chuig an Údarás. Ag deireadh na bliana bhí 31 bhall foirne san iomlán fostaithe ag an Údarás as an líon foirne ceadaithe atá aige, arb é 43 bhall foirne é.

C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €359,000; toradh €162,000

Áiríodh sa tearc-chaitheamh €197,000:

- Tearc-chaitheamh €78,000 ar an tionscnamh Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr de bharr cinneadh go soláthrófaí seirbhísí preasa go hinmheánach agus de bharr moill a bhain le paindéim Covid-19 ar ócáid seolta na tuarascála ar Chothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr go dtí Nollaig 2021, rud a d'fhág nár tháinig na fógraí ábhartha chun bheith iníoctha go dtí 2022.
- tearc-chaitheamh €50,000 i gcaiteachas ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí mar gheall ar na cruinnithe go léir a bheith á reáchtáil go cianda, agus sábháladh costais cruinnithe dá bharr.
- coigiltis ilghnéitheacha €69,000 i leith caiteachas a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ag Comhchoistí Saothair, ag an nGrúpa um Rialáil Gnó, ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Díolacháin, ag Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre agus ag Fiosrúcháin um Dhlí Cuideachtaí.

C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €808,000; toradh €325,000

Is bainistíocht stuama vóta é leibhéal éigin de chistiú teagmhasach a sholáthar ar eagla go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

C.16 An Coimisiún um Pá Íseal

Soláthar measatacháin €490,000; toradh €234,000

Bhí an tearc-chaitheamh €256,000 comhdhéanta de choigilteas €193,000 ar phá agus €63,000 ar neamhphá. Tharla an tearc-chaitheamh pá €193,000 mar gheall ar an leithdháileadh pá d'fhoireann an Choimisiúin um Pá Íseal, a d'aistrigh isteach in RFTF le linn 2020, a bheith á chomhlíonadh ar dtús ó bhuiséad pá riaracháin na Roinne seachas ón bhfo-mhírcheann. Tharla an tearc-chaitheamh neamhphá €63,000 de thoradh éifeachtaí leanúnacha Covid-19 ar chruinnithe, comhairliúcháin, etc., a bheith á seoladh ag an gCoimisiún.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	100	112	67
2	Táillí ceada fostaíochta	10,000	22,375	11,662
3	Ceadúnais ghníomhaireachta fostaíochta	355	408	374
4	Fógraí pionós seasta WRC	22	—	3
5	Costais dámhachtana cúirte WRC	20	189	27
Árachas agus Dlí na gCuideachtaí				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,200	16,268	12,882
7	Clárlaitheoir na gCara-Chumann	50	—	28
8	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis	50	148	32
Trádáil, iomaíochas agus cearta margaidh				
9	Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964	9,000	10,272	9,842
10	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Creidmheas Tomhaltóirí	501	587	433
12	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Costais Chúirte	1	38	—
13	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Fógraí Íocaíochta Seasta	6	3	3
14	Fógraí cumaisc	320	584	336
Eile				
15	ODCE dlíthiúil	50	—	—
16	Ilghnéitheach	100	422	581
17	Beartas fiontraíochta [a]	7,779	6,684	4,120
18	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b]	1,500	1,171	1,555
19	Aoisliúntas PIAB	1,168	1,224	1,152
20	Aoisliúntas HSA	200	626	98

		2021		2020
		Méasta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
21	An Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachtaí	408	1,348	179
22	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí	557	523	448
23	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair seirbhíse poiblí	5,594	6,069	5,959
	Iomlán	**53,982**	**69,051**	**49,781**

Nótaí [a] Léirítear sa bheartas fiontar suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontar reatha agus iarghníomhaireachtaí maidir le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí atá ann Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, FÉ, agus iarghníomhaireachtaí SFI agus SFADCo.

[b] Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-fhorchúiteamh ar an gcaiteachas faoi fho-mhírcheann C.8.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Bhí leithreasaí-i-gcabhair foriomlána €15.069 milliún ná an meastachán. Tá mínithe ar dhifríochtaí leagtha amach thíos:

2 Táillí ceada fostaíochta

Meastachán €10 milliún; réadaithe €22.375 milliún

Tharla an barrachas €12.375 milliún i bhfáltais de bharr méadú suntasach ar líon na gceadanna a eisíodh go príomha mar gheall ar mhaolú shrianta Covid-19 le linn na bliana agus, dá bharr sin, tháinig méadú ar bhrúnna sa mhargadh saothair agus ar a sheal chruthaigh sin méadú ar an éileamh ar cheadanna. Mar shampla, ceadaíodh 3,000 cead breise don earnáil próiseála feola agus don earnáil gairneoireachta nach rabhthas ag súil leo sa mheastachán.

5 Costais dámhachtana cúirte WRC

Meastachán €20,000; réadaithe €189,000

Tá sé deacair measteacháin chruinne a dhéanamh ar dhámhachtainí cúirte i bhfianaise na ndámhachtainí sin a bheith ina n-ábhair i ndeireadh na dála le cinneadh ag na cúirteanna.

Bhain an méadú rí-eisceachtúil ar ioncam do 2021 le dámhachtain stairiúil aonair ón mBinse Comhionannais de €163,000 a fuarthas le linn 2021.

8 Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis

Measatachán €50,000; réadaithe €148,000

Bhí an measatachán bunaithe ar thaithí theoranta mar nach raibh in 2021 ach an dara bliain iomlán d'oibriú an Chláir Úinéireachta Tairbhiúla (RBO). Ó tugadh isteach an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2021, i mí na Bealtaine 2021, cuirtear ceanglas ar institiúidí airgeadais agus ar sheirbhísí eile an RBO a iniúchadh mar chuid dá ndícheall cuí airgeadais. Chuir sé sin go mór le húsáid an RBO agus, mar thoradh air sin, tháinig méadú faoi cúig ar líon na dtuarascálacha comhlánaithe de chuid an RBO in 2021 i gcomparáid le 2020.

9 Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964

Measatachán €9 milliún; réadaithe €10.272 milliún

Tharla an barrachas €1.272 milliún go príomha mar gheall ar ioncam táillí ó athnuachan iarratais ar Phaitinn Eorpach a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

14 Fógraí cumaisc

Measatachán €320,000; réadaithe €584,000

Tharla an barrachas €264,000 mar thoradh ar an líon fógraí cumaisc a cuireadh faoi bhráid CCPC a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

16 Ilghnéitheach

Measatachán €100,000; réadaithe €422,000

Mar gheall ar nádúr na bhfáltas ilghnéitheach, is deacair iad a mheas go cruinn in aon bhliain amháin. Bhain cuid shuntasach de na fáltais (€305,000) le rannpháirtíocht Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann i roinnt gníomhaíochtaí agus cláir chomhair de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

17 Beartas fiontraíochta

Measatachán €7.779 milliún; réadaithe €6.684 milliún

D'eascair an t-easnamh €1.095 milliún go príomha as laghdú €1.6 milliún mar gheall ar aisíocaíochtaí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh frithláireamh ar bheagán de sin trí mhéadú €505,000 ar fháltais phinsin a tháinig go príomha as aisíocaíochtaí ó roinnt de ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne atá ann cheana agus dá cuid iarghníomhaireachtaí nach raibh réamh-mheasta sa tsuim a measadh don bhliain.

18 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.171 milliún

Tharla an t-easnamh €329,000 de bharr CCPC a bheith ag bogadh chuig samhail nua mhaoinithe in 2021, rud a chiallaíonn nach raibh réamhíocaíocht ag teastáil uathu ón Roinn.

20 Aoisliúntas HSA

Meastachán €200,000; réadaithe €626,000

Suas go dtí deireadh 2020, cheadaigh an Roinn, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta an costas a bhaineann le cnapshuim phinsin a íoc le pinsinéirí ó na ranníocaíochtaí aoisliúntais a baineadh d'fhostaithe. Tar éis athrú ar an mbeartas sin in 2021, déantar gach asbhaint aoisliúntais a íoc ina iomláine leis an Roinn anois agus bíonn íocaíochtaí cnapshuime le híoc as maoiniú deontais HSA. Is mar gheall ar an athrú beartais sin a tharla barrachas €426,000 d'fháltais aoisliúntais.

21 Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachtaí

Meastachán €408,000; réadaithe €1.348 milliún

Scéimeanna atá ag feidhmiú faoin Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19, soláthraíonn siad ráthaíocht le tacaíocht stáit ar iasachtaí faoi na scéimeanna. Éilíonn iasachtaí a thógtar faoi na scéimeanna go n-íoctar préimh bheag.

Is scéim iasachta faoi thionchar éilimh í an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 a seoladh i Meán Fómhair 2020 agus a forbraíodh de réir Chreat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúnamh Stáit. Éilíonn an creat go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíocht le tacaíocht Stáit. Tá préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, méid na cuideachta agus téarma na n-iasachtaí. Bhí na préimheanna a fuarthas €940,000 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an éileamh a bhí ar an scéim.

23 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €5.594 milliún; réadaithe €6.069 milliún

Baineann an tsuim bhreise €475,000 i bhfáltais atá bainteach le pinsean le méadú ar earcaíocht de chuid na Roinne i rith na bliana.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha [a]	—	1
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal [b]	—	16
Fiontraíocht Éireann –ioncam breise acmhainní dílse [c]	102,937	10,789
Fiontraíocht Ireland – deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais [d]	9,138	2,795
Ilghnéitheach	—	6
A aistríodh chuig an Státchiste	(112,075)	(13,607)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nótaí

[a] Oifigí Fiontair Áitiúla − reatha: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfo-mhírcheann A.8 ar phá agus neamhphá.

[b] Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfo-mhírcheann A.8 ar chláir chaipitil ar leith.

[c] Fiontraíocht Éireann – ioncam breise acmhainní dílse: baineann sé seo le hioncam acmhainní dílse a ghineann Fiontraíocht Éireann de bhreis ar an tsuim a cheadaigh PER dá n-úsáid féin sa bhliain.

[d] Fiontraíocht Ireland – deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais: d'éiligh téarmaí na Scéime Atosaithe go dtabharfaí gach ciste neamhúsáidte ar ais don Státchiste. Is iad na húdaráis áitiúla i gcomhar le Fiontraíocht Éireann a rinne an Scéim a riar. Is ionann an tsuim €9.138 milliún agus deontais neamhúsáidte a thug údaráis áitiúla ar ais d'Fhiontraíocht Éireann, a thug airgead ar ais ar a seal don Roinn agus don Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana		
An Roinn agus na hOifigí:		
Roinn [a]	536	496
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	40	41
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	190	173
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	35	35
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	106	111
An Chúirt Oibreachais	32	33
	939	**889**
Gníomhaireachtaí [b]	1,761	1,752
	2,700	**2,641**

Nótaí
[a] Áirítear leis seo foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.
[b] Áirítear leis seo fostaithe de chuid an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

5.2 Pá – An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2021 €000	2020 €000
Pá	172,965	172,050
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,151	870
Liúntais eile	2,694	2,561
Ragobair	291	230
ÁSPC an Fhostóra	13,331	13,642
Pá iomlán	**190,432**	**189,353**

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

5.3 Roinn

	2021 €000	2020 €000
Pá [a b]	49,040	46,553
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	715	622
Liúntais eile	1,167	1,129
Ragobair	182	133
ÁSPC an Fhostóra	3,809	3,431
Pá iomlán [c]	**54,913**	**51,868**

Nótaí
[a] Áirítear leis seo íocaíochtaí pinsin le 23 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais, an tÚdarás Iomaíochta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (ar a dtugtar an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).
[b] Ní áirítear leis seo táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad, e.g., moltóirí
[c] Áirítear leis an bpá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7, C.11 agus C.16). Tagraíonn an tsuim atá ar áireamh le haghaidh pá i Nóta 1 d'fho-mhírchinn riaracháin amháin.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	95	13	46,053	46,078
Liúntais eile	90	10	237,683	230,089
Ragobair	99	2	16,027	8,415
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	25	6	38,683	47,379

Nóta [a] Athshonraíodh figiúirí do 2020.

5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá ar áireamh anseo an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, IdirThrádáil Éireann agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus, dá bhrí sin, níl faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais ag an Roinn maidir le baill foirne ghníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

	2021 €000	2020 €000
Pá	123,925	125,497
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	436	248
Liúntais eile	1,527	1,432
Ragobair	109	97
ÁSPC an Fhostóra	9,522	10,211
Pá iomlán	**135,519**	**137,485**

5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne ghníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	119	6	52,031	52,389
Liúntais eile	257	28	99,355	84,460 [a]
Ragobair	35	2	28,652	23,214
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	6	2	101,618	20,774[a]

Nóta [a] Athshonraíodh figiúirí do 2020.

5.7 Socruithe eile luach saothair

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann go dtí gur fhág sé i mBealtaine 2021. Níl carr cuideachta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua.

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus pinsean státseirbhíse á fháil aige ar bhonn táillí ar chostas iomlán €25,160. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €149,199 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag feidhmiú lasmuigh den Roinn do 2021 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

5.8 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €201,154).

5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	57	144,545	200,412
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	22	99,896	116,934

Aistríodh seacht bplean aisghabhála ró-íocaíochta i leith seisir dar luach €6,001 chuig cúig roinn eile sa bhliain.

5.10 Scaoilíocaíochtaí /íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearna an Roinn aon scaoilíocaíochtaí ná íocaíochtaí iomarcaíochta in 2021.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú AE

Fuair an Roinn, agus na comhlachtaí seo a leanas atá faoi choimirce na Roinne, cabhair AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

Fo-mhírchea nn	Cur síos	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
A.4	IdirThrádáil Éireann	1,284	911
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG	2,934	880
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	235	707
B.4	Fondúireacht Eolaíochta Éireann [a]	—	254
B.4	Fiontraíocht Éireann	2,436	1,014
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	6	31
		6,895	**3,797**

Nóta [a] Aistríodh roinnt feidhmeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta. Áiríodh leo sin na freagrachtaí as Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an bhunaithe	2021	2020
		€000	€000
Buan/oscailte			
Comhchoistí Saothair	1946	6	6
Comhchoimisiúin Eacnamaíochta [a]	2020	49	—
Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí	2000	50	14
Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Díolacháin	2009	—	1
Coiste Iniúchóireachta na Roinne	2004	3	2
Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr [b]	2021	105	—
		213	**23**

Nóta [a] Aistríodh an fhreagracht as Comhchoimisiúin Eacnamaíochta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha in 2020.

[b] Aistríodh an fhreagracht as Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige in 2021.

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	2021	2020
Líon na gcásanna	6	3	9	9
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	82	156	238	100
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/ a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí		23	23	24
Costais eile	—	—	—	69
Iomlán 2021	**82**	**179**	**261**	**193**
Iomlán 2020	100	93	193	

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh ag		
	fostaithe	**daoine den phobal**	**Iomlán**
Líon na gcásanna	**—**	**1**	**1**
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	—	156	156
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn/ a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	—
Costais eile			
Iomlán	**—**	**156**	**156**

6.4 An tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna a socraíodh ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Bíonn suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh á bhfáil fós ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar é go míosúil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Íoctar an t-airgead ar a seal leis an Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987.

	2021	**2020**
	€000	**€000**
A fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim	26	33
A íocadh isteach sa Státchiste	27	32

6.5 Pionóis íocaíochta déanaí

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Ús agus cúiteamh	**9**	**27**

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas in 2021 de €79.66 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas, a tugadh anonn go dtí 2022.

	€000
Cur síos ar fho-mhírcheann:	
A.5 GFT Éireann	7,500
A.7 Fiontraíocht Éireann	41,000
A.9 Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa pháirtigh	30,000
B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta	1,160
	79,660

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas í
GFT Éireann	2020	18 Meitheamh 2021	21 Meitheamh 2021	12 Lúnasa 2021
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	2020	8 M. Fómh. 2021	22 M. Fómh. 2021	12 D. Fómh 2021
Fiontraíocht Éireann	2020	17 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	16 Iúil 2021
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	2020	30 M. Fómh. 2021	8 D. Fómh 2021	13 D. Fómh 2021
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	2020	28 Meitheamh 2021	5 Iúil 2021	28 Iúil 2021
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	2020	12 Aibreán 2021	25 Meitheamh 2021	30 Iúil 2021
Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	2020	4 Meitheamh 2021	24 Meitheamh 2021	2 Iúil 2021
IdirThrádáil Ireland	2020	9 Lúnasa 2021	9 Samhain 2021	21 Márta 2022

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 33

Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €22.159 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Aistriú feidhmeanna

Tháinig an t-aistriú feidhmeanna i leith Aonad Iarratas Forbartha na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i bhfeidhm ón 24 Meitheamh 2021 faoin Ordú Oidhreachta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021 (I.R. Uimh. 302 de 2021).

Tháinig an t-aistriú feidhmeanna i leith an Chiste Oidhreachta ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, (Vóta 33) i bhfeidhm ón 31 Márta 2021 faoin Ordú um an gCiste Oidhreachta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021 (I.R. Uimh. 185 de 2021).

Léirítear sa chuntas leithreasa, nach mór a bheith ag teacht le foirm agus formáid an mheastacháin iomchuí, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine. Mar sin, tugtar cuntas ar na feidhmeanna aistrithe go léir i gcuntas leithreasa 2021.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Sócmhainní oidhreachta

Níl aon luacháil déanta ar shócmhainní oidhreachta áirithe, lena n-áirítear déantúsáin agus lámhscríbhinní.

Dímheas

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain de réir méid cothrom. Déantar innealra agus gléasra, trealamh oifige agus TF agus troscán agus feistis a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré mheasta úsáideach, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

- innealra agus gléasra; troscán agus feistis – 10%
- trealamh oifige agus TF – 20%

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte sin in 2021 seachas i gcás ceithre chonradh ar mhó a luach ná €25,000 an ceann agus ar a raibh luach iomlán €359,101. Bhain na conarthaí sin go léir le seirbhísí glantacháin agus conarthaí eile fóntas ar cuireadh síneadh i ndiaidh na tréimhse bunaidh conartha leo. Táthar i mbun na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta nó tá siad tugtha chun rialtachta cheana féin. De bharr go sáraíonn na conarthaí sin an tairseach tuairiscithe €25,000 faoi fhorálacha Chiorclán 40/2002, tá sonraí na gconarthaí curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil a cuireadh ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin gCiorclán.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Socraíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim

Tar éis athbhreithniú inmheánach ag an Roinn, rinneadh nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim agus rinneadh íocaíocht €193,601 ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021. Bhain sé sin le cánacha párolla agus dliteanais chánach siarchoinneálaí ar sheirbhísí gairmiúla don tréimhse 2017 go 2021, agus iad ag baint go príomha le daoine arna bhfostú faoi chonarthaí seirbhíse.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe mar gheall ar thús phaindéim Covid-19 in 2020 agus is ó chian agus go fíorúil a dhéantar an obair de ghnáth anois sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Mar thoradh ar an bpaindéim, chuir an Roinn roinnt athruithe rialaithe agus athruithe nós imeachta i bhfeidhm. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, cuireadh clár rioscaí sa bhreis atá sonrach do Covid-19 i bhfeidhm chun na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne mar thoradh ar Covid-19 a shainaithint. Scoireadh den chlár ar leith sin a chothabháil tar éis ráithe 3 de 2021 agus rinneadh an breithniú ar rioscaí a bhaineann le Covid-19 a chur san áireamh sa Chlár Rioscaí caighdeánach, rud a ndéanann an Bord Bainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.

Katherine Licken
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

21 Meán Fómhair 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 33 mar chuid den scrúdú sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Seirbhísí Turasóireachta				
	Soláthar meastacháin	220,930			
	Géilleadh iarchurtha	1,000	221,930	221,533	189,626
B	Ealaíona agus Cultúr				
	Soláthar meastacháin	341,285			
	Géilleadh iarchurtha	6,037	347,322	313,254	242,030
C	Gaeltacht				
	Soláthar meastacháin	78,601			
	Géilleadh iarchurtha	2,225	80,826	72,641	66,217
D	Spórt agus Seirbhísí Áineasa				
	Bunaidh	170,433			
	Géilleadh iarchurtha	7,630			
	Forlíontach	35,000	213,063	207,370	203,163
E	Craolachán		280,454	272,094	271,027
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	1,091,703			
	Géilleadh iarchurtha	16,892			
	Forlíontach	35,000			
			1,143,595	**1,086,892**	**972,063**
	Lúide				
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**250,606**	**234,822**	**234,462**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	841,097			
	Géilleadh iarchurtha	16,892			
	Forlíontach	35,000			
			892,989	**852,070**	**737,601**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a cuireadh i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite uile nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh nó lena caitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil de na fo-mhírchinn seo a leanas anonn go 2022: Fo-mhírchinn B.7 (€6 milliún), B.14 (€1 milliún), C.8 (€1.5 milliún), D.3 (€6 milliún) agus D.7 (€3.9 milliún).

	2021 €	2020 €
Farasbarr	40,919,030	49,804,346
Géilleadh iarchurtha	(18,400,000)	(16,892,000)
Farasbarr le géilleadh	**22,519,030**	**32,912,346**

Katherine Licken
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

21 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,064,724	950,779
Pá		19,504	17,679
Neamhphá		2,664	3,605
Ollchaiteachas		**1,086,892**	**972,063**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**234,822**	**234,462**
Glanchaiteachas		**852,070**	**737,601**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(174)		
Dímheas	575	401	(387)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(1,845)	(237)
Caiteachas díreach		**850,626**	**736,977**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		13,421	16,649
Measchíosanna		1,362	1,193
Glanchostas an chláir		**865,409**	**754,819**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	45
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	10,432	10,424
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,192	5,335
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	39	79
Vóta 24	Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte	524	507
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	58	92
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		146	167
		13,421	**16,649**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	4,160	10,147
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	23,185	20,342
Stoic	2.3	62	62
Réamhíocaíochtaí	2.4	11,901	3,539
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	8,893	642
Iomlán na sócmhainní reatha		**44,041**	**24,585**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	7,909	1,392
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,042	939
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	31,036	20,045
Iomlán na ndliteanas reatha		**39,987**	**22,376**
Glansócmhainní reatha		4,054	2,209
Glansócmhainní		**8,214**	**12,356**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**8,214**	**12,356**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	9,664	8,819	2,074	20,557
Breiseanna	—	124	50	174
Suim a aistríodh chuig Vóta 34 [a]	(6,068)	(261)	—	(6,329)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	3,596	8,682	2,124	14,402
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1,366	7,195	1,849	10,410
Dímheas don bhliain	72	489	14	575
Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 34	(667)	(76)	—	(743)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	771	7,608	1,863	10,242
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**2,825**	**1,074**	**261**	**4,160**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	8,298	1,624	225	10,147

Nóta [a] I measc na sócmhainní a aistríodh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) tá ceithre fhoirgneamh ar Shráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath, agus roinnt sócmhainní TFC. Aistreofar sócmhainní breise TFC chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil nuair a bheidh próiseas bailíochtaithe leanúnach curtha i gcrích in 2022.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	23,016	20,121
Iarmhéid mionairgid	2	2
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála [a]	167	219
	23,185	**20,342**

Nóta [a] Áirítear in iarmhéid 2021 an chuntais bainc tráchtála €133,512 (2020: €153,641) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht [a]	6	6
Ábhair inchaite threalaimh	4	4
Soláthairtí feighlithe agus garchabhair	1	1
Ábhair inchaite TF	51	51
	62	**62**

Nóta [a] Mar gheall ar shrianta a bhain le paindéim Covid-19, níorbh fhéidir an stoc ábhar inchaite TF ná stoic stáiseanóireachta ag ceithre láthair amhail an 31 Nollaig 2021 a áireamh. Measadh gur garmheastachán réasúnach ar leibhéil stoic amhail an 31 Nollaig 2021 iad na figiúirí stocáirimh ag na láithreacha sin amhail an 31 Nollaig 2020.

2.4 Réamhíocaíochtaí

	2021 €000	2020 €000
Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	119	203
Bonneagar agus forbairt cultúir	630	—
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	780	780
Cathair Chultúir na hEorpa	—	1,500
Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta	541	453
Scéimeanna tacaíochta Gaeilge	1,116	75
An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010- 2030	389	329
Cuntais dhíomhaoine	—	109
Ilghnéitheach	326	90
Ciste craolacháin	8,000	—
	11,901	**3,539**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Oifig na nOibreacha Poiblí	8,654	75
Paypath	192	461
Míreanna dochair eile ar fionraí	47	106
	8,893	**642**

2.6 Speansais fhabhraithe

	2021 €000	2020 €000
An Chartlann Náisiúnta	190	21
Bonneagar agus forbairt cultúir	6,657	216
Cultúr Éireann	188	73
Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922	205	48
Scéimeanna tacaíochta Gaeilge	504	152
Mórimeachtaí	111	736
Ilghnéitheach	54	146
	7,909	**1,392**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	341	300
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	193	158
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	47	14
Cáin bhreisluacha	25	8
Asbhaintí pinsin	7	—
	613	480
Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2)	148	148
Eile	281	311
	1,042	**939**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr	22,519	32,912
Géilleadh iarchurtha	18,400	16,892
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(9,883)	(29,759)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**31,036**	**20,045**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	23,185	20,342
Iarmhéideanna dochair: fionraí	8,893	642
	32,078	20,984
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(613)	(480)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(429)	(459)
	(1,042)	(939)
	31,036	**20,045**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			12,356	66,107
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	892,989		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(18,400)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(22,519)		
Glanvóta			852,070	737,601
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		13,421	16,649
Caiteachas neamhairgid - aistrithe sócmhainní seasta	2.1		(5,586)	(54,375)
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		1,362	1,193
Glanchostas an chláir	1		(865,409)	(754,819)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**8,214**	**12,356**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	29,953	33,792
Cláir deontas neamhchaipitil (b)	28,322	23,911
Cláir deontas caipitil (c)	108,823	107,154
Tionscadail chaipitil	20,066	12,315
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**187,164**	**177,172**

b) Cláir deontas neamhchaipitil [a]	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	23,911	36,958
Suim a aistríodh amach	—	(16,652)
Suim a aistríodh isteach	—	8,500
Deontais a íocadh sa bhliain	(22,287)	(30,150)
Ceangaltais deontas nua	27,603	26,353
Deontais a cealaíodh	(905)	(1,098)
Iarmhéid deiridh	**28,322**	**23,911**

c) Cláir deontas caipitil	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	107,154	41,132
Suim a aistríodh amach	—	(21,406)
Suim a aistríodh isteach	—	126,368
Deontais a íocadh sa bhliain	(29,907)	(41,237)
Ceangaltais deontas nua	32,901	9,692
Deontais a cealaíodh	(1,325)	(7,395)
Iarmhéid deiridh	**108,823**	**107,154**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Measachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**68**	**7**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	20,713	19,504	17,679
ii	Taisteal agus cothú	855	109	155
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,294	815	401
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	493	183	348
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,760	1,230	2,143
vi	Costais áitribh oifige	572	327	362
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	340	—	196
		26,027	**22,168**	**21,284**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €885,000; toradh €109,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar leibhéil laghdaithe taistil i ngach réimse den Roinn mar gheall ar shrianta Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.294 milliún; toradh €815,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar shrianta Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €493,000; toradh €183,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar shrianta Covid-19.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €1.76 milliún; toradh €1.23 milliún

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €572,000; toradh €327,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €340,000; toradh €nialas

Sábháladh an t-airgead seo mar thoradh ar pholasaí chun a laghad airgid agus is féidir a chaitheamh mar gheall ar bhrúnna buiséid a bhí ann agus mar thoradh ar shrianta Covid-19.

Clár A Seirbhísí Turasóireachta

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		1,937	1,765	1,713
A.2	Riarachán – neamhphá		481	256	357
A.3	Fáilte Éireann		121,886	121,886	81,533
A.4	Turasóireacht Éireann Teoranta		17,003	17,003	16,239
A.5	Ciste Margaíochta na Turasóireachta		46,823	46,823	46,823
A.6	Forbairt an táirge turasóireachta				
	Soláthar meastacháin	32,800			
	Géilleadh iarchurtha	1,000			
			33,800	33,800	42,961
			221,930	**221,533**	**189,626**

Clár B Ealaíona agus Cultúr

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		9,716	9,065	7,747
B.2	Riarachán – neamhphá		2,129	1,041	1,391
B.3	Íocaíochtaí chun acmhainní a chruthaíonn an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil		40	35	25
B.4	Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta		2,066	1,396	938
B.5	Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (Nóta 7.1)		23,183	15,596	13,912
B.6	Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha		71,370	70,063	20,862
B.7	Bonneagar agus forbairt cultúir				
	Soláthar meastacháin	27,100			
	Géilleadh iarchurtha	6,037			
			33,137	14,070	22,458
B.8	Cultúr Éireann		4,600	2,905	4,368
B.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		130,046	130,046	105,002
B.10	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann		15,178	15,178	14,259
B.11	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann		8,383	8,383	7,915
B.12	Fís Éireann		30,093	30,093	24,066
B.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann		11,381	11,381	10,657
B.14	Cathair Chultúir na hEorpa		1,000	—	7,100
B.15	Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922		5,000	4,002	1,330
			347,322	**313,254**	**242,030**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €34.068 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.739 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €32.329 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

B.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta

Soláthar meastacháin €2.066 milliún; toradh €1.396 milliún

Sábháladh €670,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, go príomha mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis.

B.5 Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford

Soláthar meastacháin €23.183 milliún; toradh €15.596 milliún

Sábháladh €7.587 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar obair ollmhór a bhí de dhíth chun dul chun cinn a dhéanamh ar aistriú na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta chuig an gCeoláras Náisiúnta a bheith ag tógáil níos mó ama ná mar a measadh ar dtús agus, mar thoradh air sin, níor tharla an t-aistriú in 2021.

B.7 Bonneagar agus forbairt cultúir

Soláthar meastacháin €33.137 milliún; toradh €14.07 milliún

Sábháladh €19.067 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall nár cuireadh roinnt tionscadal mórscála thar roinnt scéimeanna ar aghaidh laistigh dá n-achar ama mar gheall ar fhadhbanna éagsúla, fadhbanna a bhain le Covid-19 san áireamh.

B.8 Cultúr Éireann

Soláthar meastacháin €4.6 milliún; toradh €2.905 milliún

Sábháladh airgead toisc gur cuireadh roinnt imeachtaí idirnáisiúnta beartaithe ar ceal nó siar mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

B.14 Cathair Chultúir na hEorpa

Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €nialas

Níor tarraingíodh anuas an soláthar €1 mhilliún in 2021 toisc gur bogadh tús tionscnamh leagáide ar aghaidh go 2022 mar gheall ar shíneadh a bheith curtha leis an mbliain teidil amach go 2021.

B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922

Soláthar meastacháin €5 milliún; toradh €4.002 milliún

Sábháladh airgead den chuid is mó mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm de dheasca phaindéim Covid-19 ar roinnt tionscadail a raibh tacaíocht faighte acu a sholáthar agus bhí tionchar aige sin dá réir ar chumas chomhpháirtithe agus pháirtithe leasmhara an tionscadail a leithdháileadh iomlán a tharraingt anuas in 2021.

Clár C Gaeltacht

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá		5,152	4,403	4,336
C.2	Riarachán – neamhphá		1,567	773	1,047
C.3	Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta		10,199	8,338	9,740
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		7,650	6,359	6,492
C.5	An Coimisinéir Teanga		887	881	821
C.6	Údarás na Gaeltachta – riarachán		12,580	13,041	10,852
C.7	Údarás na Gaeltachta – caiteachas reatha cláir		4,750	4,750	4,250
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh				
	Soláthar meastacháin	14,454			
	Géilleadh iarchurtha	2,225			
			16,679	13,980	13,275
C.9	Comhoibriú trasteorann		16,362	16,017	12,585
C.10	Próiseas pleanála teanga		5,000	4,099	2,819
			80,826	**72,641**	**66,217**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €8.185 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.543 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €6.642 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

C.3 Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta

Soláthar meastacháin €10.199 milliún; toradh €8.338 milliún

Sábháladh €1.861 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna ar thionscadail chaipitil a chur ar aghaidh agus laghdú ar an líon iarratas a fuarthas de bharr saoráidí pobail a bheith dúnta mar gheall ar phaindéim Covid-19.

C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge

Soláthar meastacháin €7.65 milliún; toradh €6.359 milliún

Sábháladh €1.291 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall nár cuireadh tionscadail chaipitil bheartaithe ar aghaidh mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar phaindéim Covid-19.

C.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh

Soláthar meastacháin €16.679 milliún; toradh €13.98 milliún

Sábháladh €2.699 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar Covid-19 ar dhul chun cinn an chláir oibreacha caipitil. Tugadh €1.5 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2022.

C.10 Próiseas pleanála teanga

Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €4.099 milliún

Sábháladh €901,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an dul chun cinn ar na pleananna teanga a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Clár D Spórt agus Seirbhísí Áineasa

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		2,653	2,807	2,419
D.2	Riarachán – neamhphá		640	267	344
D.3	Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta				
	Soláthar meastacháin	27,935			
	Géilleadh iarchurtha	7,630	35,565	23,735	26,171
D.4	Linnte snámha		4,100	—	—
D.5	Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)				
	Bunaidh	104,510			
	Forlíontach	35,000			
			139,510	164,745	163,054
D.6	Maoiniú ó chiste na gcuntas díomhaoin do bhearta spóirt		10,000	10,000	7,975
D.7	Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála		14,600	417	—
D.8	Mórimeachtaí		5,995	5,399	3,200
			213,063	**207,370**	**203,163**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €5.693 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €219,000 níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €5.474 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

D.3 Deontas d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta

Soláthar meastacháin €35.565 milliún; toradh €23.735 milliún

Braitheann íostarraingt na ndeontas faoi na babhtaí éagsúla den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt ar an éileamh atá ann. Bhí moilliú ar ghníomhaíocht tógála, gníomhaíocht a bhain le tionscadail spóirt san áireamh, sa bhliain 2021 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

D.4 Linnte snámha

Soláthar meastacháin €4.1 milliún; toradh €nialas

Ní raibh aon chaiteachas ann faoin bhfo-mhírcheann seo in 2021 toisc nach raibh an deontaí i dtionscadal suntasach amháin in ann an deontas €3.8 milliún a íostarraingt toisc nár comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla an deontais go fóill, cé go bhfuil an tionscadal á thógáil faoi láthair.

D.5 Spórt Éireann

Soláthar meastacháin €104.51 milliún; toradh €164.745 milliún

Rinneadh maoiniú a aistriú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn brú a bhí ag teacht chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo mar gheall ar thionchar Covid-19 a mhaolú.

D.7 Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála

Soláthar meastacháin €14.6 milliún; toradh €417,000

Fógraíodh na chéad deontais faoin gciste nua bonneagair spóirt ar mhórscála i dtús na bliana 2020. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar dhul chun cinn na scéime sin in 2021.

D.8 Mórimeachtaí

Soláthar meastacháin €5.995 milliún; toradh €5.399 milliún

Bhí gannchaitheamh €596,000 i gceist mar gheall den chuid is mó nár tugadh an tairiscint chomhpháirteach ar Chorn Rugbaí an Domhain 2031 chun críche ar deireadh agus go raibh an caiteachas féidearthachta maidir le Corn Domhanda FIFA níos ísle ná mar a bhí measta.

Clár E Craolachán

		2021 Soláthar meastacháin €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
E.1	Riarachán – pá	1,255	1,464	1,464
E.2	Riarachán – neamhphá	497	327	466
E.3	Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin	208,622	196,087	197,645
E.4	Íocaíocht le An Post as táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú	12,457	9,885	10,030
E.5	Deontas i leith Theilifís na Gaeilge	40,733	40,733	39,133
E.6	An Ciste Craolacháin	16,890	23,598	21,777
E.7	Speictream RTÉ	—	—	512
		280,454	**272,094**	**271,027**

Difríochtaí suntasacha
Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €8.36 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €39,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €8.399 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

E.3 Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin

Soláthar meastacháin €208.622 milliún; toradh €196.087 milliún

Braitheann fáltais Táillí Ceadúnais Craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus, mar gheall air sin, tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí le RTÉ, le An Post agus leis an gCiste Craolacháin a mheas go cruinn. De bharr go raibh díolachán níos ísle maidir le táillí ceadúnais i gceist, bhí díolacháin iomlána na bliana 2021 níos ísle ná cinn na bliana 2020, agus níor bhain siad amach an sprioc. Chiallaigh sé sin go raibh titim ar an ioncam iomlán ó cheadúnais teilifíse agus bhí tionchar aige sin dá réir ar mhaoiniú ceadúnas teilifíse do RTÉ.

E.4 Íocaíocht le An Post as táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú

Soláthar meastacháin €12.457 milliún; toradh €9.885 milliún

Íoctar le An Post coimisiún ar scála aistritheach ag brath ar leibhéal dhíolacháin na dtáillí ceadúnais. Níor baineadh an sprioc díolacháin amach mar gheall ar thionchar Covid-19. Mar thoradh air sin, in éineacht le hathbhreithniú ar na híocaíochtaí coimisiúin faoin gcomhaontú seirbhíse, rinneadh íocaíocht níos lú le An Post.

E.6 An Ciste Craolacháin

Soláthar meastacháin €16.89 milliún; toradh €23.598 milliún

Rinneadh maoiniú a aistriú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn brúnna a bhí ag teacht chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo a bhain leis an gCiste Fuaime agus Físe a mhaolú.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann	300	341	332
2	An Chartlann Náisiúnta	40	35	26
3	Fáltais ilghnéitheacha	636	895	970
4	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,366	2,728	2,515
5	Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin	10,000	10,000	7,974
6	Fáltais phinsin Spórt Éireann	134	92	93
7	Táillí ceadúnais craolacháin	237,130	220,731	222,552
	Iomlán	**250,606**	**234,822**	**234,462**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €15.784 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

3 Fáltais ilghnéitheacha

Measta €636,000; réadaithe €895,000

Bhí difríocht €259,000 ann mar gheall go príomha ar fháltais phinsin ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €2.366 milliún; réadaithe €2.728 milliún

Bhí difríocht €362,000 ann mar gheall go príomha ar fháltais ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

7 Táillí ceadúnais craolacháin

Measta €237.13 milliún; réadaithe €220.731 milliún

Braitheann fáltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal dhíolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí. De bharr go raibh díolachán níos ísle maidir le Táillí Ceadúnais i gceist mar thoradh ar Covid-19, bhí díolacháin iomlána na bliana 2021 níos ísle ná cinn na bliana 2020, agus níor bhain siad amach an sprioc.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	31	17
Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta	1	12
Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí	21	19
Fáltas ó Archives Portal Europe network of excellence (APEX)	—	22
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(31)	(39)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**22**	**31**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	365	335
Gníomhaireachtaí	1,462	1,320
	1,827	**1,655**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021 €000	2020 €000
Pá	17,807	16,197
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	64	59
Liúntais eile	159	134
Ragobair	30	32
ÁSPC an fhostóra	1,444	1,257
Pá iomlán [a]	**19,504**	**17,679**

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.

Luach saothair gníomhaireachta [b]

	2021 €000	2020 €000
Pá	80,864	75,030
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	234	216
Liúntais eile	189	201
Ragobair	221	229
ÁSPC an fhostóra	4,441	3,557
Pá iomlán	**85,949**	**79,233**

Nóta [b] Tá na sonraí maidir le liúntais agus ragobair agus íocaíochtaí a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe go hiomlán ar thuairisceáin a chuir na comhlachtaí/ gníomhaireachtaí sin isteach.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8	4	15,453	14,325
Liúntais eile	14	4	22,002	20,614
Ragobair	12	1	10,591	11,303
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	2	16,432	17,245
Foireann gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	56	3	13,411	12,564
Liúntais eile	117	2	30,000	12,564
Ragobair	65	—	9,765	7,328
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	19	—	7,772	8,621

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €4,655. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas caiteachas €11,599 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal nó a tuarastal.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le deichniúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais a d'íoc na hoifigigh sin go díreach.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	19	63,983	51,787
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	1	1,383	1,426

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus t-olltuarastal bliantúil €192,474 ag baint leis an ról (€190,568 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**2021**	**2020**
Líon cásanna	—	—	—	3
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	—	—	—	7
Íocaíochtaí a rinne an Roinn nó a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	—	—	—
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán 2021	—	—	—	**7**
Iomlán 2020	1	6	7	

6.2 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

			2021	2020
		Meastachán	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann				
B.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	130,046	130,046	105,002
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	7,650	6,359	6,492
D.3	Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta	35,565	23,735	26,171
D.5	Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	139,510	164,745	163,054
		312,771	**324,885**	**300,719**

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 agus faoi fho-mhírcheann D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

6.3 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €18.4 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas, rud a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

		€000
Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:		
B.7	Bonneagar agus forbairt cultúir	6,000
B.14	Cathair Chultúir na hEorpa	1,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh	1,500
D.3	An clár caipitil agus trealaimh spóirt	6,000
D.7	Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála	3,900
		18,400

Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláras Náisiúnta agus Ghaillearaí Ealaíne Crawford (Fo-mhírcheann B.5)

	2021	2020
	€000	€000
Íocaíochtaí		
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	6,410	6,014
Leabharlann Chester Beatty	3,216	2,837
An Ceoláras Náisiúnta	4,237	3,562
Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh	1,733	1,499
	15,596	**13,912**

7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815-1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	148	156
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	—	(8)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**148**	**148**

7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Gaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2001, agus aisíocaíochtaí ina leith:

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	173	187
Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh	4	4
Ús a díscríobhadh	—	(6)
Aisíocaíochtaí príomhshuime	(1)	(5)
Íocaíochtaí úis	—	(7)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**176**	**173**

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/ Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	2020	30 Mei 2021	20 Iúi 2021	18 Ean 2022
Leabharlann Chester Beatty	2020	15 MF 2021	23 MF 2021	9 Nol 2021
An Ceoláras Náisiúnta	2020	11 Mei 2021	14 MF 2021	20 Nol 2021
Gailearaí Ealaíne Crawford	2020	30 Mei 2021	14 Iúi 2021	8 DF 2021
An Chomhairle Ealaíon	2020	30 Iúi 2021	1 MF 2021	12 Sam 2021
Ard-Mhúsaem na hÉireann	2020	30 Mei 2021	7 Iúi 2021	25 Ean 2022
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	2020	13 DF 2021	30 Sam 2021	9 Nol 2021
Fís Éireann	2020	8 Sam 2021	19 Sam 2021	9 Fea 2022
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	2020	23 Sam 2021	2 Fea 2022	9 Fea 2022
Údarás na Gaeltachta	2020	22 Nol 2021	21 Fea 2022	—
An Foras Teanga	2019	29 Aib 2021	6 Bea 2021	19 Sam 2021
An Coimisinéir Teanga	2020	16 Nol 2021	21 Nol 2021	3 Már 2022
Fáilte Éireann	2020	30 Mei 2021	7 DF 2021	16 Nol 2021
Spórt Éireann	2020	10 Sam 2021	12 Sam 2021	4 Fea 2022
Turasóireacht Éireann	2020	14 DF 2021	30 Sam 2021	16 Nol 2021
Údarás Craolacháin na hÉireann	2020	30 Mei 2021	2 Iúi 2021	6 DF 2021
Raidió Telefís Éireann	2020	29 Aib 2021	30 Aib 2021	17 Iúi 2021
Teilifís na Gaeilge	2020	29 Mei 2021	29 Mei 2021	6 DF 2021

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 34

Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile i dtaca le tithíocht, le seirbhísí uisce, le scéimeanna ilghnéitheacha, le fóirdheontais, le deontais agus le híocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2021 as leithreasaí neamhchaite in 2020, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €116.672 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus nótaí 1 go 7.

Aistriú feidhmeanna

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) d'Aonad na nIarratas ar Fhorbairt (AIF) den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in éifeacht an 24 Meitheamh 2021 faoi I.R. Uimh. 302 de 2021: an tOrdú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021.

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) d'Aonad na nIarratas ar Fhorbairt (AIF) den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in éifeacht an 31 Márta 2021 faoi I.R. Uimh. 185 de 2021: an tOrdú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021.

Léirítear sa chuntas leithreasa freisin, a chaithfidh foirm agus formáid an mheastacháin lena mbaineann a leanúint, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn lánbhliana. Dá bhrí sin, tugtar cuntas ar na feidhmeanna aistrithe uile i gcuntas leithreasa 2021.

Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an

Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Luacháil ar shócmhainní

Tá úinéireacht na sé pháirc náisiúnta dílsithe don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, eadhon:

Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin
Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine

Ní dhearnadh talamh, foirgnimh ná sócmhainní oidhreachta atá suite laistigh de na páirceanna náisiúnta a luacháil, agus ní léirítear iad sa ráiteas faoi shócmhainní seasta. Cuirtear sócmhainní eile atá suite sna páirceanna, amhail trealamh agus feithiclí, ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní seasta.

Dímheas

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ar bhonn míosúil ón mí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh ag ráta 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí ag ráta 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra ag ráta 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair ag ráta 6.66% in aghaidh na bliana

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bpárolla, acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €80,950 ar an iomlán leo (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Fuair an Roinn conradh le haghaidh sliotáin ama sa Phailliún Tailte Portaigh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP 26) a reáchtáladh i nGlaschú idir an 31 Deireadh Fómhair agus an 12 Samhain 2021, agus an caiteachas cothrom le €45,000 (gan CBL a áireamh). Ní raibh aon sliotán ama eile ar fáil seachas na sliotáin ama sin nuair a bhí an Roinn ag iarraidh freastal ar an imeacht.
- Dámhadh conradh le haghaidh tacaíocht comhairleoireachta comhshaoil i ndáil le hiarratais imeall trá, agus an caiteachas sa bhliain cothrom le €35,950 (gan CBL a áireamh) trí leas a bhaint as próiseas léirithe spéise ar bhonn práinne/seiftiúlachta amháin chun leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais imeall trá a éascú. Tá sé beartaithe go mbunófar creat le haghaidh mionchomórtais d'iarrataí den sórt sin tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais i dtús na bliana 2022.

Tá mionsonraí tugtha ag an Roinn faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Déantar athbhreithniú ar an gclár rioscaí go lárnach agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar gach riosca ardleibhéil ar bhonn rialta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

D'fhorbair an Roinn clár rioscaí Covid-19 agus plean freagartha Covid-19 chun cuidiú le bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le Covid-19. Áirítear sa phlean réimse rioscaí idir fholláine foirne agus rioscaí slándála TFC agus tá sé ar fáil do choistí áitiúla Covid-19 agus do choistí Roinne Covid-19 chun cuidiú le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a thagann chun cinn de bharr Covid-19.

Chuir an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a cuid iniúchtaí in oiriúint chun na rioscaí a bhaineann le paindéim Covid-19 a mheas maidir leis an timpeallacht rialaithe agus le héifeachtacht na rialuithe agus na straitéisí maolaithe atá curtha i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta.

Graham Doyle
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht san aguisín leis an tuarascáil seo.

Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

I gCaibidil 7 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an úsáid a baineadh as Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta.

Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 34 mar chuid den scrúdú sin.

Fíneáil AE a íoc

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta i nóta 2.14 gurb amhlaidh in 2021 a d'íoc an Roinn fíneáil €5.476 milliún leis an gCoimisiún Eorpach. D'eascair an fhíneáil as breithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019. Bhain an cás Cúirte le mainneachtain ag Éirinn a chinntiú go ndearnadh measúnacht tionchair timpeallachta chúlghabhálach i ndáil le feirm ghaoithe a tógadh i gContae na Gaillimhe.

Tá an fhíneáil ar fhorchuir an Chúirt í comhdhéanta d'íocaíocht cnapshuime €5 mhilliún (a íocadh in 2020) móide fíneáil laethúil €15,000 i leith gach lae ar a leanann an sárú ar aghaidh, móide costais dlí. Faoi dheireadh na bliana 2021, d'íoc an Roinn fíneálacha arbh ionann iad agus €13.2 milliún san iomlán. Fabhraíodh dliteanas breise €3.495 milliún freisin. Lean an fhíneáil laethúil ar aghaidh, agus d'fhéadfadh sí a bheith ina cúis le dliteanas breise féideartha a bheidh cothrom le €5.5 milliún i leith na bliana 2022.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Iúil 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Tithíocht				
	Soláthar meastacháin	3,116,896			
	Géilleadh iarchurtha	117,000			
			3,233,896	2,782,675	2,561,784
B	Seirbhísí Uisce				
	Soláthar meastacháin	1,405,371			
	Géilleadh iarchurtha	10,000			
			1,415,371	1,371,624	1,389,694
C	Rialtas Áitiúil				
	Bunaidh	225,084			
	Forlíontach	197,300			
			422,384	720,217	1,086,129
D	Pleanáil				
	Soláthar meastacháin	189,254			
	Géilleadh iarchurtha	84,000			
			273,254	109,854	113,904
E	Met Éireann		42,821	33,659	28,267
F	Oidhreacht				
	Bunaidh	139,011			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
	Forlíontach	1,615			
			143,626	124,995	92,783
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	5,118,437			
	Géilleadh iarchurtha	214,000			
	Forlíontach	198,915			
			5,531,352	**5,143,024**	**5,272,561**
	Lúide				
G	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**61,932**	**66,076**	**55,318**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	5,056,505			
	Géilleadh iarchurtha	214,000			
	Forlíontach	198,915			
			5,469,420	**5,076,948**	**5,217,243**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair chaipitiúil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €275.8 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi Chláir A, D agus F ar aghaidh chuig 2022, le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	392,471,868	226,544,445
Géilleadh iarchurtha	(275,800,000)	(214,000,000)
Farasbarr le géilleadh	**116,671,868**	**12,544,445**

Graham Doyle
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		5,041,916	5,181,338
Pá		79,557	74,562
Neamhphá		21,551	16,661
Ollchaiteachas		**5,143,024**	**5,272,561**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**66,076**	**55,318**
Glanchaiteachas		**5,076,948**	**5,217,243**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(4,314)		
Dímheas	2,495	(1,819)	(3,270)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	2,662		
Méadú ar stoc	(341)	2,321	701
Caiteachas díreach		**5,077,450**	**5,214,674**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		30,625	26,062
Measchíosanna		4,006	3,949
Glanchostas an chláir		**5,112,081**	**5,244,685**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	37	14
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	28,134	24,391
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	702	1,305
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	141	124
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	1,504	121
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		107	107
		30,625	**26,062**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	63,425	57,163
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	384,818	233,112
Stoic	2.3	916	575
Réamhíocaíochtaí	2.4	1,466	1,536
Ioncam fabhraithe	2.5	8,971	7,492
Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta	7.2	68,070	68,460
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	2,143	2,816
Iomlán na sócmhainní reatha		**466,384**	**313,991**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	20,721	18,250
Ioncam iarchurtha	2.8	10,364	9,160
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.9	25,436	21,461
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.10	361,525	214,467
Iomlán na ndliteanas reatha		**418,046**	**263,338**
Glansócmhainní reatha		48,338	50,653
Glansócmhainní		**111,763**	**107,816**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.11	**111,763**	**107,816**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Fearas, innealra agus mótarfheithiclí	Troscán agus feistis	Trealamh oifige agus TF	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	41,281	9,990	4,001	24,548	7,587	87,407
Coigeartuithe na bliana roimhe	—	—	—	—	(4)	(4)
Breiseanna [b]	141	1,789	39	502	1,836	4,307
Sócmhainní a tugadh isteach san úsáid	—	11	—	19	(30)	—
A aistríodh isteach [c]	6,068	—	—	236	—	6,304
Diúscairtí	—	(78)	(149)	(13)	—	(240)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	47,490	11,712	3,891	25,292	9,389	97,774
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	133	7,111	2,435	20,564	—	30,243
Coigeartuithe na bliana roimhe [d]	71	—	—	(30)	—	41
Dímheas don bhliain	345	899	87	1,164	—	2,495
Dímheas ar aistrithe	1,669	—	—	141	—	1,810
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(78)	(149)	(13)	—	(240)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2,218	7,932	2,373	21,826	—	34,349
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**45,272**	**3,780**	1,518	**3,466**	**9,389**	**63,425**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	41,148	2,879	1,566	3,984	7,586	57,163

Nótaí

[a] Ní chuirtear talamh, foirgnimh agus sócmhainní oidhreachta na bpáirceanna náisiúnta ar áireamh.

[b] Cuirtear an tairseach chéanna le sócmhainní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) i bhfeidhm i Sócmhainní Oidhreachta a aistrítear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) in 2020 i.e., faoi luach €10,000. Ní áirítear sócmhainní arna mbainistiú ag lucht TFC oidhreachta sna figiúirí seo, ní bhíonn siad le feiceáil in RTRÁO ach amháin nuair atá siad fíoraithe. Is próiseas leanúnach é seo; féach nóta c.

[c] Áirítear sna sócmhainní a aistrítear ó RTCEGSM ceithre fhoirgneamh i Sráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath, agus roinnt sócmhainní TFC (a bhfuil costas breis agus €10,000 orthu ina n-aonar). Aistreofar tuilleadh sócmhainní TFC isteach nuair a thabharfar próiseas leanúnach bailíochtaithe chun críche in 2022.

[d] Cuireann RTCEGSM ráta dímheasa 2% i bhfeidhm ar fhoirgnimh; éilítear coigeartú €71,000 chun é a ailíniú le ráta 5% a chuireann RTRÁO i bhfeidhm lúide coigeartú €30,000 chun é a ailíniú le ráta mícheart dímheasa a cuireadh i bhfeidhm cheana ar threalamh radair a raibh an ráta cuí 6.6% i gceist leis.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	384,772	233,088
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	46	24
	384,818	**233,112**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Ábhair inchaite TF	235	28
Ábhair inchaite mheitéareolaíochta	146	170
Beostoc	91	85
Ábhair thógála	68	129
Stáiseanóireacht	44	43
Breoslaí agus leasacháin	42	33
Ábhair ghlantacháin	33	23
Eile	257	64
	916	**575**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tacaíocht i leith bogearraí	1,151	1,052
Ranníocaíocht Idirnáisiúnta	150	250
Riarachán	4	75
Réamhíocaíochtaí eile	161	159
	1,466	**1,536**

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Fáltais imeall trá	5,105	3,160
Tobhach pinsin	2,243	2,410
Fáltais Met Éireann	1,592	1,730
Táillí iniúchta	20	192
Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	11	—
	8,971	**7,492**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tionscadail oidhreachta		
Comhpháirtíocht Straitéiseach Fáilte Éireann	361	347
Cairde Éanlaith Éireann 2020/2021	202	—
Teach Chill Airne	161	190
Coill na dTóimí	142	500
Tionscadail eile	241	117
Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí	789	1,354
Costais in-fhorchúitithe tuarastail	134	92
An scéim maidir le pas taistil in-fhorchúitithe	40	41
Costais taistil in-fhorchúitithe	6	6
Óinchistí	3	3
Míreanna dochair eile ar fionraí	64	166
	2,143	**2,816**

2.7 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	291	236
Fabhrú clár		
A - Tithíocht	14,735	11,260
B - Uisce	69	1,238
C - Rialtas Áitiúil	128	9
D - Pleanáil	3,923	3,748
E - Met Éireann	72	845
F - Oidhreacht	884	509
Caiteachais riaracháin	619	405
	20,721	**18,250**

2.8 Ioncam iarchurtha

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Ceadúnais imeall trá	10,364	9,160
	10,364	**9,160**

2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin bhreisluacha	1,337	653
Cáin ioncaim	1,166	1,027
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	787	664
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	511	337
Ranníocaíochtaí pinsin	270	233
Muirear sóisialach uilíoch	233	207
	4,304	3,121
An Ciste Forbraíochta Uirbí [a]	6,683	8,385
Dúlra an Atlantaigh Fhiáin, LIFE [b]	3,578	2,710
Tionscadal comhtháite LIFE [b]	3,326	2,164
An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe	2,447	1,257
Tionscadal LIFE an Mhachaire [b]	2,221	—
Tionscadal LIFE Crex an Atlantaigh [a]	1,241	1,306
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	326	308
Tionscadal LIFE Chiarraí [b]	182	201
Tionscadal athchóirithe LIFE um Portaigh Ardaithe [b]	158	1,242
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	970	767
	25,436	**21,461**

Nótaí

[a] Féach Nóta 7.1.

[b] Is é ia clár LIFE ann ná uirlis maoiniúchán AE a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail chomhshaoil, do thionscadail um chaomhnú an dúlra agus do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide tríd an Aontas Eorpach. Is é atá de chuspóir go ginearálta le LIFE ná cur le beartas agus reachtaíocht AE maidir le cúrsaí timpeallachta agus aeráide a chur chun feidhme, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána a bhfuil breisluach Eorpach leo a chómhaoiniú.

[c] Baineann an t-iarmhéid atá léirithe thuas le réamh-mhaoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) go dtí go bhfaighfear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair. Bunaíodh CAFT mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus cuirtear infheistíocht ar fáil leis chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine iontu, agus i limistéir fhorimeallacha. Déanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é a riar. Áirítear ar na príomhthorthaí tacú le forbairt inbhuanaithe pobail agus geilleagair i gceantar tuaithe na hÉireann, lena n-áirítear trí bhailte beaga agus sráidbhailte beaga a athghiniúint agus trí fhiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh chun tacú le poist a chruthú i gceantair thuaithe. Faoin gcéad ghlao ar thionscadail, sannadh maoiniú thart ar €5.4 milliún do bhreis agus 30 tionscadal aonair ar fud líonra láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Is ionann an maoiniú sin agus 75% de chostais an tionscadail agus áirítear ar na tionscadail conairí a uasghrádú agus a fhorbairt ar fud líonra na bpáirceanna agus na n-anaclann, tuilleadh áiseanna do chuairteoirí agus comharthaíocht/brandáil fheabhsaithe. Ceannaíodh busanna leictreacha i bpáirceanna náisiúnta roghnaithe chomh maith chun cuidiú le lorg charbóin ghníomhaíochtaí na gcuairteoirí a laghdú.

2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr	116,672	12,544
Géilleadh iarchurtha	275,800	214,000
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(30,947)	(12,077)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**361,525**	**214,467**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	384,818	233,112
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2,143	2,816
	386,961	235,928
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(4,304)	(3,121)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(21,132)	(18,340)
	(25,436)	(21,461)
	361,525	**214,467**

2.11 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			107,816	61,180
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	5,469,420		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(275,800)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(116,672)		
Glanvóta			5,076,948	5,217,243
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		30,625	26,062
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		4,006	3,949
Sócmhainní a aistríodh isteach sa Roinn	2.1		4,494	44,067
Athaicmiú na sócmhainní oidhreachta			(45)	—
Glanchostas an chláir	1		(5,112,081)	(5,244,685)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**111,763**	**107,816**

2.12 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	6,358	4,126
Cláir deontas neamhchaipitil	1,174,083	1,074,726
Cláir deontas caipitil	2,075,841	2,333,985
Tionscadail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	603,377	627,511
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**3,859,659**	**4,040,348**

b) Cláir deontas neamhchaipitil

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	1,074,726	982,895
Deontais a íocadh sa bhliain	(1,022,108)	(864,018)
Ceangaltais deontais nua	1,121,465	955,849
Iarmhéid deiridh	**1,174,083**	**1,074,726**

c) Cláir deontas caipitil

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	2,333,985	1,543,599
Deontais a íocadh sa bhliain	(1,490,604)	(1,347,099)
Ceangaltais deontais nua	1,232,460	2,137,485
Iarmhéid deiridh	**2,075,841**	**2,333,985**

d) Ceangaltais mórthionscadal caipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
Tionscadail tithíochta	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Tógáil					
Arna gcómhaoiniú [a]					
Aislinn, Bóthar Chill Rois Inis, Contae an Chláir:					
Údarás áitiúil	—	1,548	—	1,548	—
Roinn	667	4,985	3,334	8,986	10,534
	667	6,533	3,334	10,534	10,534
Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí:					
Údarás áitiúil	347	1,080	—	1,427	347
Roinn	7,669	5,728	2,365	15,762	16,842
	8,016	6,808	2,365	17,189	17,189
Athchóiriú Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13:					
Údarás áitiúil	10,288	—	—	10,288	10,288
Roinn	24,216	—	13,696	37,912	37,912
	34,504	—	13,696	48,200	48,200
Sráid Dhoiminic (an Taobh Thoir), Cathair Bhaile Átha Cliath:					
Údarás áitiúil	3,434	—	—	3,434	3,434
Roinn	23,411	—	2,458	25,869	25,869
	26,845	—	2,458	29,303	29,303
Bóthar Bhun Raite (Céim 1), Baile Átha Cliath 17:					
Údarás áitiúil	1,224	2,564	—	3,788	1,224
Roinn	13,529	10,089	1,812	25,430	27,994
	14,753	12,653	1,812	29,218	29,218
Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A), Cathair Bhaile Átha Cliath:					
Údarás áitiúil	1,139	—	—	1,139	1,139
Roinn	9,532	5,139	4,859	19,530	19,530
	10,671	5,139	4,859	20,669	20,669

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12:					
Údarás áitiúil	1,017	—	—	1,017	1,017
Roinn	8,765	9,397	3,197	21,359	21,100
	9,782	9,397	3,197	22,376	22,117
Sráid Chorcaí, Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8:					
Údarás áitiúil	—	1,593	—	1,593	—
Roinn	7,085	8,011	3,764	18,860	20,453
	7,085	9,604	3,764	20,453	20,453
Sráid an Rí Thuaidh, Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7:					
Údarás áitiúil	—	882	—	882	—
Roinn	5,583	4,838	1,623	12,044	12,926
	5,583	5,720	1,623	12,926	12,926
Ard Bhaile Uí Ógáin, Baile Uí Ógáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	89	—	—	89	—
Roinn	—	—	18,961	18,961	—
	89	—	18,961	19,050	—
Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	5,413	—	—	5,413	5,413
Roinn	6,205	—	305	6,510	6,510
	11,618	—	305	11,923	11,923
Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	5,041	—	—	5,041	5,041
Roinn	4,630	—	412	5,042	5,042
	9,671	—	412	10,083	10,083
Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	—	6,985	—	6,985	—
Roinn	—	2,709	12,261	14,970	21,955
	—	9,694	12,261	21,955	21,955

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1), Fine Gall:					
Údarás áitiúil	2,260	—	—	2,260	2,260
Roinn	8,872	731	18	9,621	9,348
	11,132	731	18	11,881	11,608
Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe:					
Údarás áitiúil	48	615	—	663	48
Roinn	14,797	2,646	—	17,443	17,240
	14,845	3,261	—	18,106	17,288
Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, An Baile Bán Mór, Cathair na Gaillimhe:					
Údarás áitiúil	—	327	—	327	—
Roinn	2,805	1,806	9,212	13,823	14,150
	2,805	2,133	9,212	14,150	14,150
St Aiden’s, Gort an tSrutháin, Tamhlacht:					
Údarás áitiúil	4,276	—	—	4,276	4,276
Roinn	14,942	7	597	15,546	15,546
	19,218	7	597	19,822	19,822
Cuidbhricht, Cluain Dolcáin (Céim 1), Baile Átha Cliath Theas:					
Údarás áitiúil	2,988	—	—	2,988	2,988
Roinn	8,405	—	817	9,222	9,222
	11,393	—	817	12,210	12,210
Baile Baodáin, Ráth Fearnáin:					
Údarás áitiúil	2,303	—	—	2,303	2,303
Roinn	9,765	26	737	10,528	10,528
	12,068	26	737	12,831	12,831
Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22;					
Údarás áitiúil	101	438	—	539	101
Roinn	236	2,142	9,940	12,318	12,756
	337	2,580	9,940	12,857	12,857

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Ascaill Mharcais, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22:					
Údarás áitiúil	32	267	—	299	—
Roinn	41	675	9,604	10,320	—
	73	942	9,604	10,619	—
Bóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22:					
Údarás áitiúil	—	663	—	663	—
Roinn	871	589	27,161	28,621	—
	871	1,252	27,161	29,284	—
Ashtown Lane, Baile Chill Mhantáin, Cill Mhantáin:					
Údarás áitiúil	—	660	—	660	—
Roinn	1,811	8,749	1,808	12,368	13,029
	1,811	9,409	1,808	13,028	13,029
Maoinithe ag an Roinn					
Bóthar na Tulaí, Ceatharlach:	7,163	6,103	16	13,282	13,142
Cluain Gréine, Inis, an Clár:	—	—	18,535	18,535	—
Bóthar na hEaglaise, Cathair Chorcaí:	11,851	—	139	11,990	11,990
Cúirt Chnoc na Seamar, Bóthar Bessboro, Machain, Cathair Chorcaí:	34	2,043	13,485	15,562	—
Carraig an Deagánaigh, an Tóchar, Cathair Chorcaí:	16,142	144	943	17,229	17,229
Crois Denroche, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí:	—	—	14,185	14,185	14,185
Muileann Uí Bheoláin roimhe seo, Seanbhóthar Mhala, Cathair Chorcaí:	—	2,800	14,637	17,437	—
Bóthar Chúrsa an Uisce, an Linn Dubh, Corcaigh, Cathair Chorcaí:	1,680	1,676	8,291	11,647	11,647
Sráid an Fhaoitigh, Cathair Chorcaí:	12,538	163	—	12,701	12,701
Cúirt Wolsey, an Linn Dubh, Cathair Chorcaí:	—	—	15,773	15,773	—

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Contae Chorcaí:	11,689	1,221	364	13,274	13,274
Hazelbrook, Ballyvinter, Mala, Contae Chorcaí:	8,100	5,094	3,330	16,524	16,524
Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Contae Chorcaí:	—	1,761	15,846	17,607	17,118
Bóthar an Mhuilinn, Avoncore, Bloomfield, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí:	2,585	8,426	—	11,011	11,011
Convent Road, Carn Domhnach, Dún na nGall:	—	—	11,720	11,720	11,720
Ard Mireann, Srath an Urláir, Dún na nGall:	—	—	10,588	10,588	10,588
Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8:	9,936	9,120	1,996	21,052	21,052
Gort na Silíní, Baile Formaid/ Bruach na Coille/ Ráth Bhile, Cathair Bhaile Átha Cliath:	16,728	—	3,145	19,873	19,873
Springvale, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8:	12,975	12,586	3,703	29,264	29,264
Baile Mastún, Domhnach Bat, Fionnghlas:	—	—	70,585	70,585	—
Tailte Cheapaí (Céim 3), Bóthar Cheapaí, Fionnghlas	15	6,164	12,511	18,690	18,690
Church Fields, Céim 2B, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15, Fine Gall	16	1,656	19,419	21,091	—
Garraí Caol (Suíomh Bhóthar an Chósta), Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe	1,000	—	13,266	14,266	14,266

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Radharc na Gréine (Suíomh Theach na Gloine), Bóthar Mhuine Mheá (Céim 1), Cathair na Gaillimhe	17,673	1,217	194	19,084	19,084
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí	—	—	17,915	17,915	—
Fána Bhuí, Tuaim, Gaillimh	883	5,952	3,730	10,565	10,565
Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh	4,464	8,765	100	13,329	13,171
Tullahill, Baile Locha Riach, Gaillimh	14,439	2,485	20	16,944	16,569
Lohercannon, Trá Lí, Ciarraí	4,242	5,085	6,287	15,614	15,614
An Baile Nua, Bóthar Ard Cloch, Cill Droichid, Cill Dara	—	—	18,190	18,190	—
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	802	—	15,411	16,213	16,213
Seansuíomh na gCríostaithe, An Ráth Bhán, Luimneach	6,678	3,902	764	11,344	11,344
Gort Buí, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú	6,830	7,179	243	14,252	14,251
Páirc Wadman, Baile Héine, Dún Dealgan, Co. Lú	17,329	—	88	17,417	17,417
Rehins Fort, Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	152	1,472	9,943	11,567	—
Clochar na nUrsalach, Sligeach	—	—	20,646	20,646	—
Mount William, Baile Liam, Cathair Phort Láirge	325	13,222	162	13,709	13,709

Cluain Haistin, Inis Córthaidh, Loch Garman	—	—	11,255	11,255	11,255
Lána Chill Bhríde, Bré, Cill Mhantáin	16,851	228	263	17,342	17,342
Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin	11,440	28	349	11,817	11,817
Iomlán	**428,397**	**194,381**	**486,978**	**1,109,756**	**820,990**

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	**Caiteachas in 2021**	**Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
An Scéim Cúnaimh Caipitil					
25-26 Oileán Uiséir, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8:					
Údarás áitiúil	122	143	264	529	529
Roinn	1,013	3,425	29,073	33,511	31,587
	1,135	3,568	29,337	34,040	32,116
Bloc 70, An Plaza, An Pháirc Thiar, Baile Átha Cliath 12	—	—	14,199	14,199	14,199
Iomlán	**1,135**	**3,568**	**43,536**	**48,239**	**46,315**
Athghiniúint					
Cómhaoinithe [a]					
Teach an Charnáin, Baile Átha Cliath 8:					
Údarás áitiúil	1,490	—	—	1,490	1,490
Roinn	22,610	—	1,747	24,357	24,357
	24,100	—	1,747	25,847	25,847
Maoinithe ag an Roinn					
Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath	20,415	1,689	875	22,979	21,100
Athghiniúint Chorcaí (Céim 2), Cnoc na hAoine/ Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí	11,417	—	436	11,853	11,853
Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach	19,460	—	128	19,588	19,588

Ionad Áitiúil an Chnoic Theas, Luimneach	12,717	58	51	12,826	12,826
Páirc Mhic Cosgair/ Páirc Dhál gCais, Luimneach	754	667	21,105	22,526	—
Ionad Áitiúil an Chnoic Theas-Céim 2, Luimneach	214	187	12,301	12,702	—
Iomlán	**89,077**	**2,601**	**36,643**	**128,321**	**91,214**

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Bonneagar					
Na Dugaí Theas, Cathair Chorcaí	4,368	2,651	4,771	11,790	11,710
Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath	638	—	11,172	11,810	11,810
Coill na Silíní, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	3,186	430	8,044	11,660	11,630
Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall	10,785	—	—	10,785	10,785
Maigh Nuad, Co. Chill Dara	641	249	10,140	11,030	11,000
Baile Adaim, Baile Átha Cliath Theas	3,816	5,983	5,376	15,175	15,129
Iomlán	**23,434**	**9,313**	**39,503**	**72,250**	**72,064**

Nóta [a] Cómhaoinítear roinnt tionscadal tríd an Roinn agus trí chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i limistéar údaráis áitiúil go háitiúil). D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar cheangaltais na Roinne sna blianta ina dhiaidh sin dá mbeadh údaráis áitiúla sa riocht a gcistí dílse a úsáid ó choinneáil CMÁ.

Difríochtaí suntasacha

Tá míniú tugtha thíos maidir le haon mhórcheangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2020.

Bóthar Bhaile an Mhóinín

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €817,796

Baineann an méadú sa chostas don scéim seo le difríochtaí/orduithe athraithe ar an gconradh le linn na tréimhse tógála. Táthar ag fanacht leis an gcuntas deiridh don tionscadal ón údarás áitiúil. Tar éis don Roinn é a mheas, cinnteofar an difríocht iomlán i gcostais don scéim.

25-26 Oileán Uiséir

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.924 milliún

Fágadh Caiteachas 2020 dar luach €1.135 milliún ar lár i gcostais tionscadail de bhotún ag an 31 Nollaig 2020. Baineann an méadú ar mhaoiniú ceadaithe le hoibreacha atá de dhíth chun iniúchtaí/tástáil seandálaíochta a dhéanfar i ndiaidh na tairisceana a éascú.

Gairdíní San Treasa

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.879 milliún

Tháinig méadú €1.879 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh chun costais mórthionscadal a áireamh ann, lena n-áirítear táillí na foirne deartha.

e) Íocaíochtaí aonadacha tionscadal comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Tá gealltanas tugtha ag an Roinn go bhforbródh sí Clár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um Thithíocht Shóisialta ina gcuimseofaí trí bheartán tionscadal. Chuathas i mbun na gconarthaí le haghaidh dhá bheartán go dtí seo. Baintear úsáid as samhail leis na bearta seo ar a dtugtar samhail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí 'bunaithe ar infhaighteacht', áit a ndéanann cuideachta earnála príobháidí aonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil i gcomaoin muirir aonadaigh mhíosúil. Tosófar ag íoc na híocaíochta sin nuair a bheidh na haonaid críochnaithe, agus íocfar í ar feadh 25 bliana ó dháta thabhairt chun críche na tógála ar gach láithreán. Cuimsítear sna híocaíochtaí gach costas faoin gconradh, lena n-áirítear costais tógála tosaigh na n-aonad, chomh maith le costais maidir le cothabháil, le hoibriúchán, le saolré, le bainistíocht tionóntachtaí agus le maoiniú. Cuimsítear dhá ghné sna híocaíochtaí, arb iad sin gné costais sheasta agus gné inathraitheach (innéacsaithe), gné a athraíonn de réir boilscithe.

Beartán 1

Tugadh Beartán 1 chun críche in R2 2021, agus cuirtear 534 aonad ar fud sé láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar fáil leis. Tá dhá cheann de na suíomhanna sin suite i gCathair Bhaile Átha Cliath, agus na cinn eile suite i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus i Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conarthach chun Beartán 1 a sholáthar.

Beartán 2

Tugadh Beartán 2 chun críche in R4 2021 agus cuirtear 465 aonad ar fud ocht suíomh ar fáil leis. Tá trí cinn de na láithreáin suite i limistéar údarás áitiúil Chontae Chorcaí, a bhfuil ceann amháin díobh i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge, sa Chlár, i gCill Dara agus i Ros Comáin. Tá Comhairle Chontae Chorcaí ag gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conarthach le haghaidh Bheartán 2.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin	Iomlán na dtionscadal in 2021 [b]	Iomlán na dtionscadal in 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Beartán 1 [a]	1,498	24,702	313,526	339,726	339,631
Beartán 2 [a]	—	2,360	289,851	292,211	289,378
Iomlán	**1,498**	**27,062**	**603,377**	**631,937**	**629,009**

Nóta [a] Léirítear sa tábla seo oibleagáidí muirir aonadaigh maidir le beartáin Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um thithíocht shóisialta atá curtha i gcrích go dtí seo, lena n-áirítear an 31hain bhreisluacha mheasta ar na híocaíochtaí muirir aonadaigh.

[b] Is mar gheall ar bhoilsciú a bhí níos airde ná mar a bhí measta in 2021 a tháinig méadú ar iomláin na dtionscadal in 2021. Mar is gnách do thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, bíonn ráta bliantúil boilscithe 2% in aghaidh na bliana ar an ngné innéacsaithe den mhuirear aonadach. Áirítear ar na figiúirí cothrom le dáta an fíor-ráta boilscithe do 2021, a bhí níos airde ná an ráta measta, agus é cothrom le 2%. Tá tionchar aige sin ar na blianta amach romhainn mar cuirtear an figiúr 2% atá measta i bhfeidhm i ngné innéacsaithe a bhfuil bonn níos airde i gceist leis.

2.13 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	72	34

2.14 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí, a bhféadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh chaingne AE agus ar chaingne eile dlí atá ann cheana, atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

Comhlíonadh AE: Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin:

Le linn 2021, d'íoc an Roinn dhá thráthchuid d'fhíneálacha laethúla arbh ionann a n-iomlán agus €5.476 milliún. Baineann na fíneálacha le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin). Leis an mbreithiúnas, éilíodh measúnacht tionchair timpeallachta shiarghabhálacha a chur i gcrích agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcead pleanála. Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas an 4 Feabhra 2022 agus chinn BSL an fheirm ghaoithe a dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin. Buailfidh oifigigh sa Roinn lena gcontrapháirtithe sa Choimisiún Eorpach in am trátha chun an tionchar a bheidh ag an gcinneadh ón mBord Pleanála ar an gcás sáraithe i gcoinne an Stáit, agus na fíneálacha lena mbaineann, a phlé. Tá fíneálacha laethúla leanúnacha i dtaca leis an gcás seo, áfach, a bhféadfadh dliteanas €5.5 milliún eascairt astu in 2022.

An Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha:

Is ranníocaíocht dheonach eisceachtúil i bhfoirm scéim deontais í an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha, ar bhunaigh an Roinn í agus ar cheadaigh an Rialtas í chun cuidiú le húinéirí tí áirithe lochtanna atá ar a dteaghais a chur ina gceart. Leis an scéim sin, cruthófar glao measta €2.15 billiún (gan boilsciú a áireamh) ar chistí Státchiste i gcaitheamh tréimhse cúig bliana déag agus déanfar í a reachtú faoin mBille um Theaghaisí a nDearnadh Díobháil dóibh toisc Bloic Choincréite Lochtacha a bheith Úsáidte, 2022.

An Clár Ilbhliantúil Réitigh um Bonneagar Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí:

Thug an Roinn clár ilbhliantúil isteach in 2019 chun an réiteach forchéimnitheach d'fhothacar eastát cónaithe nach bhfuil ceannas glactha orthu agus nach bhfuil a seirbhísí uisce nasctha leis an líonra poiblí (Uisce Éireann) a éascú, trí iad a uasghrádú nó réitigh inbhuanaithe nua a chur ina n-áit.

Beidh gá le roinnt clár maoinithe, a bhfuil costas caipitil measta €293 mhilliún i gceist leo, chun eastáit a réiteach go hiomlán agus go forchéimnitheach le bonneagar arna sholáthar ag forbróirí. Is é an chéad chéim ná an chéad bhabhta de leithdháiltí, arb ionann iad agus €3.36 milliún agus ar fhógair an tAire iad i mí Mheán Fómhair 2020, agus áirítear ann líon beag tionscadal taispeántais le haghaidh infheistíocht faoin gclár ilbhliantúil. Tá Uisce Éireann i mbun staidéir faoi láthair chun eolas níos fearr a dhéanamh don chostas measta chun bonneagar arna sholáthar ag forbróirí a réiteach.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

				2021	2020
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	83,306			
	Forlíontach	880			
			84,186	79,557	74,562
ii	Taisteal agus cothú		2,233	978	1,002
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		2,538	2,124	1,792
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		1,481	1,296	1,000
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Bunaidh	21,709			
	Forlíontach	735			
			22,444	14,236	10,728
vi	Costais áitribh oifige		4,247	2,542	2,025
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		83	—	14
viii	Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)		199	72	1
ix	Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe)		80	38	39
x	Oibríochtaí Earcaíochta agus AD		332	265	60
			117,823	**101,108**	**91,223**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin an Vóta (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.233 milliún; toradh €978,000

Bhí an caiteachas €1.255 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr caiteachas níos lú ná mar a measadh a bheith ar thaisteal mar thoradh ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm maidir le Paindéim Covid-19.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €21.709 milliún; toradh €14.236 milliún

Áirítear san fhotheideal seo meastachán forlíontach €735,000, a aistríodh chuig an Roinn mar chuid d'aistriú na bhfeidhmeanna ó RTCEGSM. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €8.208 milliún níos ísle ná an meastachán de bharr iarmhairtí phaindéim Covid-19 go príomha. Tharla moilleanna ar thionscadail agus uasghráduithe caipitil suntasacha a ndearna Met Éireann agus Aonad TFC na Roinne iad a sceidealú mar thoradh ar bhristeacha sa slabhra soláthair domhanda. Bhí moill ar thionscadail sheachtracha a bhí dian ar acmhainní freisin mar aon le soláthar lárnach na huirlise bainistíochta tionscadail. Tharla costais laghdaithe mar thoradh ar aistriú chuig SharePoint ar líne agus tiomsú láraithe chun iarratais a chomhroinnt.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €4.247 milliún; toradh €2.542 milliún

Bhí an caiteachas €1.705 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin toisc nár cuireadh máistirphlean Theach an Chustaim agus tionscadail chaipitil eile i gcrích in 2021, mar gheall ar dhúnadh na hearnála tógála de bharr phaindéim Covid-19.

viii Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)

Soláthar meastacháin €199,000; toradh €72,000

Bhí an caiteachas €127,094 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr shrianta Covid-19 lenar coisceadh taighde agus tionscadail athbhreithnithe ábhartha a thosú.

Clár A Tithíocht

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		15,481	17,244	17,409
A.2	Riarachán - neamhphá		3,471	2,320	3,135
A.3	Tithíocht údaráis áitiúil				
	Soláthar meastacháin	1,078,559			
	Géilleadh iarchurtha	58,000			
			1,136,559	960,676	890,575
A.4	Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta		250,000	271,900	197,357
A.5	An scéim um chóiríocht ar cíos		133,000	121,995	132,964
A.6	An scéim um íocaíocht cúnaimh Tithíochta		558,000	541,693	464,649
A.7	An scéim um chúnamh caipitil		96,000	93,047	90,749
A.8	An scéim um iasachtaí caipitil agus fhóirdheontas		54,500	53,880	53,087
A.9	Áiseanna pobail		500	122	78
A.10	Morgáiste go Cíos		23,000	13,988	11,732
A.11	Saoráid airleacain caipitil agus léasaithe		220,350	220,350	158,799
A.12	Cóiríocht agus tacaíocht do Thaistealaithe		21,310	21,301	19,818
A.13	Cóiríocht do dhaoine gan dídean		218,000	223,500	270,900
A.14	Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta		1,370	838	512
A.15	Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit		73,000	43,779	65,203
A.16	Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú				
	Soláthar meastacháin	25,000			
	Géilleadh iarchurtha	40,000			
			65,000	25,284	66,092
A.17	An scéim deisiúcháin agus léasúcháin		11,000	4,276	4,003
A.18	Deontais tithíochta príobháidí		60,000	53,990	44,407
A.19	Liúntais mhorgáiste		500	471	408
A.20	Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte		3,000	1,855	2,325
A.21	Ciste bonneagair		88,000	19,903	31,650

A.22	Leasúchán piríte agus míoca – airgeadteoranta				
	Soláthar meastacháin	21,000			
	Géilleadh iarchurtha	19,000			
			40,000	19,050	13,775
A.23	An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe		10,875	9,456	8,750
A.24	An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe		11,012	11,012	6,870
A.25	Cigireacht ar chóiríocht ar cíos		12,500	5,263	4,555
A.26	Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe		1,274	1,050	—
A.27	Cothabháil/folúis atá beartaithe		13,000	32,146	—
A.28	Cothromas comhroinnte inacmhainne agus cíos de réir costais		110,000	9,253	—
A.29	Seirbhísí eile		3,194	3,033	1,982
			3,233,896	**2,782,675**	**2,561,784**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €451.2 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €612,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár A, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €451.8 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

A.3 Tithíocht údaráis áitiúil

Soláthar meastacháin €1.137 billiún; toradh €960.676 milliún

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €58 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €175.883 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr thionchar shrianta breisithe Leibhéal 5 Covid-19 go príomha a tugadh isteach i mí Eanáir, arbh é an toradh a bhí orthu ná stop a chur le formhór na tógála cónaithe ar feadh breis agus trí mhí, rud a raibh tionchar aige ar sholáthar agus ar chaiteachas faoin bhfotheideal.

Ba é 3,362 aonad an sprioc tógála a bhí ag an Roinn in 2021 (gan tithíocht a bhaineann le Cuid V agus le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a áireamh). Bhí tionchar ag moilleanna ar thógáil a bhain le Covid-19 ar thithíocht a sholáthar, ar soláthraíodh 1,381 aonad mar thoradh orthu. Cé nár baineadh na spriocanna tithíochta sóisialta údaráis áitiúil amach faoin bhfotheideal seo, rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail tithíochta tríd an gcéim tógála ar an láithreán. Bhí roinnt tithe sóisialta ar an láithreán/i mbun tógála lenar tabhaíodh caiteachas suntasach in 2021 ag deireadh 2021, cé nár cuireadh i gcrích iad laistigh den bhliain, de bharr moilleanna a bhain le paindéim Covid-19.

A.4 Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta

Soláthar meastacháin €250 milliún; toradh €271.9 milliún

Ba mar thoradh ar mhéadú ar éilimh thosaigh, arbh é sin c.1,000 réadmhaoin in 2021 (3,749 gcinn in 2020 i gcomparáid le 4,757 gcinn in 2021), a tharla méadú €21.9 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó, ar méadaíodh costais éilimh an dá aonad nua agus costais na n-éileamh ráithiúil ar aonaid atá ann cheana le linn na bliana mar thoradh air.

A.5 An scéim um chóiríocht ar cíos (SCC)

Soláthar meastacháin €133 mhilliún; toradh €121.995 milliún

Bhí an caiteachas €11.005 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr athruithe ar nósanna imeachta aisghabhála SCC d'íocaíochtaí cíosa le tiarnaí talún príobháideacha a tugadh isteach in 2021, agus líon méadaithe daoine a d'éalaigh ó SCC le linn na bliana go príomha.

A.9 Áiseanna pobail

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €121,534

Is áiseanna breise iad tionscadail áiseanna pobail chun cur le tionscadail tógála na Scéime Cúnaimh Caipitil. Bhí an caiteachas €378,466 níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr srianta oibre a bhain leis an earnáil tógála, a bhí mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an gclár a bheith bunaithe ar éileamh.

A.10 Morgáiste go Cíos

Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €13.988 milliún

Bhí an caiteachas €9.012 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar leanúnach shrianta Covid-19 go príomha, agus bhí moilleanna leanúnacha ann ar idirbhearta 'Morgáiste go Cíos' (MGC) a dhúnadh dá bharr sin. Ina theannta sin, bhí líon laghdaithe éileamh caipitil ar obair deisiúcháin ar réadmhaoine MGC a fuarthas ó údaráis áitiúla de bharr shrianta Covid-19 ar obair thógála. Maoiníodh caiteachas breise scéime €1.755 milliún ó CMÁ in 2021, rud a rinne an tearc-chaitheamh a pháirt-fhritháireamh.

A.14 Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta

Soláthar meastacháin €1.37 milliún; toradh €838,000

Bhí an caiteachas €532,269 níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr nár caitheadh an leithdháileadh iomlán €300,000 d'Oifigigh Cothaithe Tionóntachtaí (OCT) do dhaoine a bhfuil míchumas meabhairshláinte orthu. Oibríonn roinnt OCTanna go páirtaimseartha, rud a chiallaíonn nach mbaineann an tuarastal iomlán leo. Ina theannta sin, níor leithdháileadh maoiniú caipitil €500,000 ar ceadaíodh é chun scéim deontais tithíochta do dhaoine scothaosta a thabhairt isteach chun a chur ar a gcumas cónaí a bheith orthu sna tithe atá acu cheana i gcónaí, seachas iad a bhogadh isteach chuig cúram cónaithe, de bharr saincheisteanna dlí a sainaithníodh lenar cuireadh cosc ar an scéim a chur ar bun.

A.15 Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit

Soláthar meastacháin €73 mhilliún; toradh €43.779 milliún

Bhí an caiteachas €29.221 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr iarmhairtí dhúnadh láithreán mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus de bharr fadhbanna sa slabhra soláthair a bhí ag údaráis áitiúla. Tabhaíodh coigiltí ar oibreacha leasúcháin agus ar Scéim Deontais do Dhaoine Faoi Mhíchumas freisin mar gheall nach raibh údaráis áitiúla in ann conraitheoirí a fháil chun an obair a dhéanamh laistigh den bhliain inar ceadaíodh iad.

A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú

Soláthar meastacháin €65 mhilliún; toradh €25.284 milliún

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €40 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €39.716 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr na srianta a cuireadh i bhfeidhm san earnáil tógála agus de bharr na moilleanna a bhí i gceist leis an gclár a chur chun feidhme ag na húdaráis áitiúla mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19, rud a d'fhág go raibh caiteachas níos lú ná mar a measadh.

A.17 An scéim deisiúcháin agus léasúcháin

Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €4.276 milliún

Bhí an caiteachas €6.724 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, agus srianta Covid-19 mar chuid den chúis leis, ar srianta iad a raibh tionchar acu ar sholáthar agus ar shuirbhé a dhéanamh ar aonaid fholmha.

A.18 Deontais tithíochta príobháidí

Soláthar meastacháin €60 milliún; toradh €53.99 milliún

Bhí an caiteachas €6.01 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr na deacrachta a bhí ann an spriocleibhéal deontas a sholáthar (10,700 deontas i gcomhréir le gealltanais ón Rialtas) de bharr thionchar shrianta Covid-19 arbh é a bhí mar thoradh air formhór na n-údarás áitiúil gan a bheith in ann iomlán a leithdháiltí a tharraingt anuas mar chuir srianta Rialtais srian le gníomhaíochtaí na foirne teicniúla, le hacmhainní teiripeora saothair agus le hinfhaighteacht acmhainní tógála, rud a d'fhág nach raibh iarratais cheadaithe comhlánaithe agus nach rabhthas in ann dul ar aghaidh go dtí an chéim aisghabhála.

A.20 Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.855 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €1.145 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin de bharr caiteachas níos lú ná mar a measadh a bheith ar líon na dteaghlach incháilithe faoin scéim tithíochta inacmhainne agus úinéireachta roinnte, (níl na scéimeanna seo beo d'iarratasóirí nua agus, dá bhrí sin, ní féidir ach le teaghlaigh a ceadaíodh cheana cáiliú nó gan cháiliú don fhóirdheontas de réir mar a thagann athrú ar an ngeilleagar). De réir mar a tháinig feabhas ar an ngeilleagar in 2021, bhí iarratasóirí ann a bhí ceadaithe faoi na scéimeanna i dtosach a thit amach as na bandaí ioncaim cáilithe le haghaidh na scéimeanna tithíochta inacmhainne agus úinéireachta roinnte, rud a d'fhág an caiteachas a bheith níos ísle ná mar a measadh.

A.21 Ciste bonneagair

Soláthar meastacháin €88 milliún; toradh €19.903 milliún

Bhí an caiteachas €68.097 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr easpa spéise i gCiste na Láithreán Seirbhísithe (CLS) agus athchóiriú a rinneadh air ina dhiaidh sin. Rinneadh an ciste a athchóiriú mar gheall nár síníodh ach ceithre chomhaontú deontais idir an Roinn agus údaráis áitiúla de na 40 tionscadal CLS le ceadú i bprionsabal, agus faoi dheireadh 2021 ní raibh ach trí thionscadal CLS ar an láithreán. Is é atá ann anois an Ciste Tithíochta Inacmhainne (CTI), agus táthar ag glacadh le hiarratais ar thionscadail nua nó le hathiarratais ar thionscadail CLS atá ann cheana ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann. Níl tionscadail arna gceadú ag CTI ach ag dul ar aghaidh chuig an gcéim caiteachais anois.

Bhí caitheamh an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú níos ísle ná mar a measadh in 2021 de bharr thionchar shrianta Leibhéal 5 Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm sa chéad leath den bhliain 2021, a raibh laghdú ar ghníomhaíocht agus líon níos ísle éileamh a bhíothas ag cur isteach mar thoradh air. Níor tharla roinnt tionscadal a rabhthas ag súil le tús a chur leo in 2021 de bharr fadhbanna pleanála agus maoinithe go príomha.

A.22 Leasúchán piríte agus míoca — airgeadteoranta

Soláthar meastacháin €40 milliún; toradh €19.05 milliún

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €19 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €20.95 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán agus is é an t-aschur leasúcháin a bheith níos ísle ná mar a measadh is cúis leis de bharr tionchar a bheith ag srianta Covid-19 ar obair leasúcháin a sceidealú agus a chur chun feidhme. Ní rabhthas in ann iarratais a dhéanamh ar an scéim leasúcháin míoca go dtí mí an Mheithimh 2020, agus mar aon le grúpa oibre a chur chun feidhme maidir le bloic choincréite lochtacha, cuireadh líon níos lú iarratas isteach in 2021.

A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe

Soláthar meastacháin €10.875 milliún; toradh €9.456 milliún

Bhí an caiteachas €1.419 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, a mbaineann €0.548 milliún de le moill a bheith ar chostais socraithe Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus iad gan a bheith tabhaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta, agus a mbaineann €0.430 milliún de le roinnt folúntas nach raibh líonta ag an nGníomhaireacht Tithíochta mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad. Ina theannta sin, bhí imeachtaí beartaithe ar siúl ar líne de bharr shrianta Covid-19, a raibh coigiltí ann mar thoradh air sin.

A.25 Cigireacht ar chóiríocht ar cíos

Soláthar meastacháin €12.5 milliún; toradh €5.263 milliún

Bhí an caiteachas €7.237 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar tá fóirdheontais na Roinne a thugann sí d'údaráis áitiúla bunaithe ar líon na gcigireachtaí comhlíontachta um rialacháin íoschaighdeán cíosa a dhéantar ar theaghaisí, a raibh tionchar tromchúiseach orthu de bharr shrianta na paindéime in 2021.

A.26 Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Soláthar meastacháin €1.274 milliún; toradh €1.05 milliún

Bunaíodh Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe go foirmiúil i mí Feabhra 2021. Bhíothas ag súil go mbeadh difríochtaí sa mhéid a bheifí in ann a sholáthar/a bhaint amach in 2021, de réir mar a d'fhorbair sé a chlár oibre le linn na bliana. Tá an tearc-chaitheamh €223,660 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr cur chun feidhme TFC a bheith céimnithe thar trí bliana in áit caitheamh mór amháin in 2021 go príomha.

A.27 Cothabháil/folúis atá beartaithe

Soláthar meastacháin €13 mhilliún; toradh €32.146 milliún

Fuarthas leithdháileadh breise €31.2 milliún ar chlár na bhfolús in 2021, lenar éascaíodh úsáid ghníomhach a bhaint arís as 1,475 aonad níos mó ná na meastacháin thosaigh. Bhí na haonaid bhreise sin ag teastáil mar chuid de ghníomhaíocht maolaithe i bhfianaise thionchar suntasach dhúnadh na hearnála tógála ar thithíocht nuathógtha a sholáthar.

A.28 Cothromas comhroinnte inacmhainne agus cíos de réir costais

Soláthar meastacháin €110 milliún; toradh €9.253 milliún

Bhí an caiteachas státchiste €100.747 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr na scéime cothromais comhroinnte inacmhainne (Scéim an Chéad Bhaile), ar athraíodh dáta seolta na scéime lena rabhthas ag súil go dtí R2 2022, de bharr nádúr casta dhearadh an táirge agus bhunú na huirlise chun an méid céanna a sholáthar. Bhí an caitheamh ar an iasacht chothromais 'cíos de réir costais' níos lú ná mar a measadh mar bhí tionscadail a bhí ceaptha a bheith curtha i gcrích in 2021 fós ar bun in 2022 de bharr moilleanna a d'eascair as srianta Leibhéal 5 Covid-19 go príomha.

A.29 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €3.194 milliún; toradh €3.033 milliún

Bhí an caiteachas €161,216 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar shrianta Covid-19, rud a d'fhág nár cuireadh roinnt tionscadal pleanála agus taighde tithíochta i gcrích in 2021. Bhí an caiteachas ar sheirbhísí dlí éagsúil ón soláthar meastacháin mar is réimse éileamhbhunaithe é seo agus ní féidir costais ná sceidil íocaíochta a thuar do chásanna dlí.

Clár B Uisce

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		3,525	5,754	5,686
B.2	Riarachán – neamhphá		789	596	828
B.3	Clár cáilíochta uisce		26,213	21,423	22,618
B.4	Clár uisce tuaithe		56,500	48,056	43,988
B.5	Uisce Éireann				
	Soláthar meastacháin	1,296,200			
	Géilleadh iarchurtha	10,000			
			1,306,200	1,276,059	1,303,189
B.6	Údaráis áitiúla		13,590	17,892	12,374
B.7	Saincheisteanna comhshaoil oidhreachta maidir le huisce		5,000	165	43
B.8	Muirthimpeallacht		3,200	1,507	945
B.9	Comhlacht Comhairleach Uisce		320	48	18
B.10	Seirbhísí eile		34	124	5
			1,415,371	**1,371,624**	**1,389,694**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €43.747 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €2.036 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár B, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €45.783 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

B.3 Clár cáilíochta uisce

Soláthar meastacháin €26.213 milliún; toradh €21.423 milliún

Bhí an caiteachas €4.79 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar bhí tearc-chaitheamh ar roinnt clár ón gCreat-Treoir Uisce de bharr gníomhaíocht laghdaithe mar thoradh ar shrianta Covid-19 sa chéad leath den bhliain. Thairis sin, bhí moill ar an dréachtphlean bainistíochta abhantraí a fhoilsiú, rud a d'fhág gur cuireadh siar go leor imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ar bhonn an phlean sin. Ina theannta sin, bhí tearc-chaitheamh suntasach ar chlár INTERREG V (bearta comhshaoil) ó AE mar bhí tarraingt anuas na dtionscadal níos moille ná mar a measadh.

B.4 Clár uisce tuaithe

Soláthar meastacháin €56.5 milliún; toradh €48.056 milliún

Bhí an caiteachas €8.444 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin maidir le caiteachas caipitil agus le caiteachas reatha araon de bharr fadhbanna pleanála a bhain leis na tionscadail, de bharr shrianta Covid-19 agus de bharr ganntanais acmhainní foirne údaráis áitiúil.

B.6 Údaráis áitiúla

Soláthar meastacháin €13.59 milliún; toradh €17.892 milliún

Ba mar thoradh ar dheis a tháinig chun cinn d'údarás áitiúil chun aisíocaíocht luath a dhéanamh ar iasacht gan íoc ó sheirbhísí uisce oidhreachta, rud a d'fhéadfadh coigilteas €1.7 milliún a sholáthar thar thréimhse na hiasachta, a tharla méadú €4.302 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó.

B.7 Saincheisteanna comhshaoil oidhreachta maidir le huisce

Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €165,000

Bhí an caiteachas €4.835 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar bhí na héilimh faoin gclár um Bonneagar arna Soláthar ag Forbróirí níos moille ná mar a measadh de bharr gur éilíodh ar údaráis áitiúla teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara (úinéirí talún, Uisce Éireann), de bharr saincheisteanna pleanála agus de bharr soláthair. Dá bhrí sin, bíonn tréimhse shuntasach ama i gceist chun na tionscadail a thabhairt chun críche.

Is scéim éileamhbhunaithe í an phríomhscéim leasúcháin deontais agus bíonn sé deacair caiteachas a thuar. Tá an Roinn ag scrúdú na slí le feabhas a chur ar ghlacadh na scéime seo faoi láthair.

B.8 Muirthimpeallacht

Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €1.507 milliún

Bhí an caiteachas €1.693 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr srianta Covid-19 nua a bhí ag teacht chun cinn agus ag imirt tionchar ar roinnt cláir oibre agus tionscadail taighde. Áirítear air sin obair a bhí beartaithe ag Foras na Mara faoin gcomhaontú seirbhíse ilbhliantúil, 2019 go dtí 2023, áit nár tarraingíodh anuas maoiniú mar a bhíothas ag súil leis.

B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce

Soláthar meastacháin €320,000; toradh €48,000

Bhí an caiteachas €272,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar shrianta Covid-19 ar chláir an Chomhlachta Chomhairligh Uisce. Tionóladh na cruinnithe ar fad ar líne agus, mar sin, níor tabhaíodh aon chaiteachas taistil ná cruinnithe. Ní raibh aon táillí comhdhála i gceist, agus níor tabhaíodh an caiteachas ionchais ar oiliúint de bharr na srianta ach oiread.

Clár C Rialtas Áitiúil

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá		7,971	9,810	10,728
C.2	Riarachán – neamhphá		1,785	1,253	1,752
C.3	An Ciste Rialtais Áitiúil				
	Bunaidh	192,331			
	Forlíontach	197,300			
			389,631	699,300	1,056,060
C.4	Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála		18,366	8,399	15,557
C.5	Toghchóras		3,040	622	365
C.6	Seirbhísí eile		1,591	833	1,667
			422,384	**720,217**	**1,086,129**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €297.833 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Bhí róchaitheamh €1.307 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár C, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar róchaitheamh €296.526 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

C.3 An Ciste Rialtais Áitiúil

Soláthar meastacháin €192.331 milliún; toradh €699.3 milliún

Bhí an méadú ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin de bharr an ghá le tuilleadh tacaí Covid-19 in 2021 den chuid is mó. B'ionann an tacaíocht iomlán a cuireadh ar fáil agus €558.9 milliún. Ba é €507.3 milliún costas breise na tacaíochta sin don Státchiste, mar gur tháinig €51.6 milliún ó iarmhéideanna sa Chiste (€38.4 milliún ó airgead i gcomhair tacaíocht Covid-19 in 2020 a tugadh ar aghaidh agus €13.2 milliún ó chúlchistí Ciste). Cuireadh maoiniú Státchiste €197.3 milliún ar fáil tríd an meastachán forlíontach, agus clúdaíodh an t-iarmhéid le vírmint €310 milliún.

C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála

Soláthar meastacháin €18.366 milliún; toradh €8.399 milliún

Bhí an caiteachas €9.967 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gur cuireadh moill ar thionscadail chun stáisiúin dóiteáin a thógáil mar thoradh díreach ar shrianta Covid-19. Bhí tionchar ollmhór ar mhórchaiteachas eile ar shainfhearas dóiteáin freisin, a bhfuil a aga tionscanta sínithe go dhá bhliain anois.

C.5 Toghchóras

Soláthar meastacháin €3.040 milliún; toradh €622,000

Bhí an caiteachas €2.418 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall nach bhfuil an Coimisiún Toghcháin ag pointe go fóill ag a dtabhódh sé caiteachas TFC, mar aon le dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ar fhorbairt gnéithe áirithe de thionscadal nuachóirithe an chláir toghthóirí.

C.6 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €1.591 milliún; toradh €833,000

Bhí an caiteachas €757,935 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr tosca lena n-áirítear caiteachas €500,000 nár theastaigh a aisghabháil i ndáil leis an bhfotheideal díobhálacha mailíseacha, caiteachas a bhí €128,600 níos ísle ná mar a bhí súil leis a bhain le Tionscadal INSPIRE, ceangaltas leanúnach dlí faoi Threoir ó AE, mar nach raibh roinnt soláthraithe sonraí sa riocht chun seirbhísí a iarraidh, agus caiteachas €170,000 ar sheirbhísí dlí. Is réimse éileamhbhunaithe é seo agus ní féidir costais ná sceidil íocaíochta do chásanna dlí a thuar, agus tháinig méadú €52,000 ar chaiteachas i ndáil le damáiste a rinneadh de dheasca stoirmeacha, ar a dtagann athrú ó bhliain go bliain.

Clár D Pleanáil

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		5,747	4,097	5,000
D.2	Riarachán – neamhphá		1,288	767	1,345
D.3	An Bord Pleanála		17,127	17,127	19,531
D.4	An Binse Pleanála		4,000	657	4,322
D.5	Oifig an Rialálaí Pleanála		3,088	2,992	2,481
D.6	Beartas pleanála		725	715	366
D.7	Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach		275	163	219
D.8	Mo phlean		185	152	115
D.9	Athnuachan/athghiniúint uirbeach				
	Soláthar meastacháin	66,010			
	Géilleadh iarchurtha	84,000			
			150,010	40,898	39,564
D.10	Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha		1	—	—
D.11	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann		18,658	18,625	18,055
D.12	An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA)		65,000	16,600	14,100
D.13	Imeall trá		3,340	765	803
D.14	Pleanáil spásúlachta muirí		1,050	783	188
D.15	Beartas pleanála comhshaoil		350	36	65
D.16	Seirbhísí eile		2,410	5,477	7,750
			273,254	**109,854**	**113,904**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €163.4 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €2.171 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €161.229 milliún é.

D.4 An Binse Pleanála

Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €657,000

Bhí an caiteachas €3.343 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go raibh an líon éileamh dlí a socraíodh in 2021 níos ísle ná mar a bhí súil leis. Níl smacht ar bith ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí arna ndámhachtain ag an mBinse Fiosrúcháin agus níl sé indéanta an t-am a shocrófar costais tríú páirtí a bhíonn dlite ag aon am ar leith a thuar.

D.7 Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach

Soláthar meastacháin €275,000; toradh €163,000

Bhí an caiteachas €111,541 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr nárbh fhéidir, mar gheall ar shrianta Covid-19, dóthain dul chun cinn a dhéanamh ar shraith Threoirlínte Alt 28 ar measadh go bhfoilseofaí iad in 2021. Dá bhrí sin, níor tháinig na costais ghaolmhara a bhain lena bhfoilseachán chun cinn in 2021. Chomh maith leis sin, ba lú ná a beartaíodh a bhí an méid taighde a rinne ESRI in 2021.

D.9 Athnuachan/athghiniúint uirbeach

Soláthar meastacháin €150.01 milliún; toradh €40.898 milliún

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €84 mhilliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €109.112 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar nádúr agus cineál na dtionscadal ar tacaíodh leo faoi Chlár an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (tógann sé am chun cláir chaipitil nua a chur ar bun) agus mar gheall gur cuireadh deireadh le tionscadail tógála in 2021 de dheasca shrianta Covid-19, a raibh moilliú ar dhul chun cinn tionscadal, chomh maith le costais tionscadal a bheith i bhfad níos lú ná an meastachán don bhliain 2021, mar thoradh air.

D.12 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Soláthar meastacháin €65 mhilliún; toradh €16.6 milliún

Bhí an caiteachas €48.4 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, mar gheall, go príomha, gur cuireadh moill ar thógáil a bhí beartaithe, agus a bhí le tosú in 2021, de thoradh shrianta Covid-19. Chomh maith leis sin, diúltaíodh don iarratas pleanála ar láithreán Dhún Uí Dhubhuí sa Nás.

D.13 Imeall trá

Soláthar meastacháin €3.34 milliún; toradh €765,000

Bhí an caiteachas €2.575 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall nár tháinig aon bhun ar roinnt forálacha le linn na bliana. Áirítear air seo foráil do theagmhais Imeall Trá agus socruithe a rabhthas ag súil leo maidir le cásanna áirithe dlí nár tharla in 2021. Ina theannta sin, bhí an caiteachas ar tháillí dlí agus ar luachálacha níos ísle ná mar a bhí súil leis.

D.14 Pleanáil spásúlachta muirí

Soláthar meastacháin €1.05 milliún; toradh €783,000

Bhí an caiteachas €267,155 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, arbh éigean go leor gnéithe den Chreat Náisiúnta deiridh um Pleanáil Mhuirí a chur siar nó a chur ar ceal dá réir. Bhí tearc-chaitheamh i gceist freisin mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh faoin gcomhaontú seirbhíse idir an Roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Foras na Mara de dheasca shrianta Covid-19.

D.15 Beartas pleanála comhshaoil

Soláthar meastacháin €350,000; toradh €36,000

Bhí an caiteachas €313,775 níos ísle ná an soláthar meastacháin. Aistríodh cuid d'acmhainní an aonaid óna chlár oibre le go bhféadfaí díriú ar reachtaíocht riachtanach a bhí ag teastáil mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19 a chur chun cinn, agus bhí sé sin ar cheann de na príomhchúiseanna a bhain leis an tearc-chaitheamh. Chomh maith leis sin, cuireadh moill ar an Athbhreithniú ar Shoilse Tráchta, a bhí mar chuid den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, mar gheall gurbh éigean don aonad tairiscint a chur amach arís chun sainchomhairleoir nua a fháil.

D.16 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €2.41 milliún; toradh €5.477 milliún

Tháinig glanmhéadú €3.067 milliún ar chaiteachas fotheidil. Bhí caiteachas neamhbheartaithe €5.066 milliún ag teastáil i ndáil le pionóis ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cás C-261/18 – Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin. Rinneadh é sin a pháirt-fhritháireamh trí thearc-chaitheamh €2 mhilliún i ndáil le hIonad Imeachtaí Chorcaí, ar ceist do Chomhairle Cathrach Chorcaí í a fhorbairt, de bharr nach ndearnadh dul chun cinn ar an tionscadal agus nár tabhaíodh caiteachas ar bith dá réir.

Clár E Met Éireann

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	15,021	13,816	13,573
E.2	Riarachán – neamhphá	17,600	11,145	8,577
E.3	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta	8,100	7,729	5,101
E.4	Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte	2,100	969	1,016
		42,821	**33,659**	**28,267**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €9.162 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €7.66 milliún i gceist, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €1.502 milliún é.

E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte

Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €969,000

Bhí an caiteachas €1.131 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar na córais nua samhaltaithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill agus difríochtaí a tharla mar gheall ar mhoilleanna ar an bpróiseas tairisceana agus ar earcú foirne araon.

Clár F Oidhreacht

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
				€000	€000
F.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	35,561			
	Forlíontach	880			
			36,441	28,836	22,166
F.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	7,969			
	Forlíontach	735			
			8,704	5,470	1,024
F.3	An Chomhairle Oidhreachta (á páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta)		9,561	9,651	7,394
F.4	Oidhreacht thógtha		9,970	10,396	7,165
F.5	Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)		28,882	25,794	17,979
F.6	Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann		1,150	2,150	650
F.7	An scéim infheistíochta oidhreachta tógtha		3,000	2,906	2,404
F.8	Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh				
	Soláthar meastacháin	14,000			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
			17,000	9,874	6,988
F.9	Uiscebhealaí Éireann		28,918	29,918	27,013
			143,626	**124,995**	**92,783**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár F €18.631 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €10.839 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €7.792 milliún é.

F.5 Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)

Soláthar meastacháin €28.882 milliún; toradh €25.794 milliún

Bhí an caiteachas €3.088 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go mór mór mar gheall ar mhoilleanna ar íocaíochtaí plean feirme a phróiseáil de thoradh acmhainn comhairleora feirme a bheith teoranta agus, ar bhealach níos ginearálta, mar gheall ar an bhfáil theoranta a bheith ar chonraitheoirí i gcás na sraithe tionscadal arna reáchtáil ag an Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta, cé nár baineadh amach an leibhéal deontas ar measadh go ndámhfaí iad faoi scéim rannpháirtíochta pobail na dtailte portaigh.

F.6 Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann

Soláthar meastacháin €1.15 milliún; toradh €2.15 milliún

Tharla an méadú €1 mhilliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cur ar chumas Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann tionscadail bunriachtanacha a chur i gcrích ag Teach Fóite agus ag Caisleán Bhaile Sheáin.

F.8 Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh

Soláthar meastacháin €17 milliún; toradh €9.874 milliún

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €3 mhilliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €7.126 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall gur imir srianta Covid-19 tionchar suntasach ar chomhairliúchán páirtithe leasmhara, a raibh moill ar Scéim Dreasachta Airgid a chur i bhfeidhm agus ar oibreacha ar thalamh ar roinnt láithreán a thosú mar thoradh air sin. Cuireadh moill ar roinnt ceannachán mórthalún freisin mar gheall ar shaincheisteanna tíolactha agus bhí roinnt láithreán tailte portaigh ann a bhí le forbairt ach nach ndearnadh dul chun cinn orthu mar a bhí súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí is iníoctha ag na húdaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh	1,956	2,168	1,747
2	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh arna n-áitiú i dtaca le hÁrachas Sóisialach (an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005)	741	741	741
3	Fáltais Met Éireann	12,000	10,596	6,361
4	Fáltais ilghnéitheacha	755	652	1,060
5	Fáltais imeall trá	2,400	2,300	1,776
6	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	420	395	377
7	Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair	35,978	40,516	36,002
8	Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le bearta comhshaoil INTERREG V	4,000	5,502	4,073
9	Ciste na gCuntas Díomhaoin - Tús Áite don Tithíocht a Chur Chun Feidhme	3,000	3,000	3,000
10	Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Clár INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh	108	—	—
11	Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Tionscadal RAGES	14	—	15
12	Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra	465	161	137
13	Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó ligean ar cíos agus cearta iascaireachta, etc.)	95	45	29
	Iomlán	**61,932**	**66,076**	**55,318**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €4.144 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

1 Táillí is iníoctha ag na húdaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh

Meastachán: €1.956 milliún; réadaithe: €2.168 milliún

Bhí méadú €211,999 i gceist mar go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a thugtar iniúchtaí chun críche agus bhí an clár níos tráthúla in 2021 ná mar a bhí súil leis.

3 Fáltais Met Éireann

Meastachán: €12 mhilliún; réadaithe: €10.596 milliún

Ba mar thoradh ar mhoilleanna ar fháltais a raibh súil leo i ndáil le muirir eitlíochta de dheasca thionchar shrianta Covid-19 a bhí an t-easnamh €1.404 milliún i gceist.

4 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán €755,000; réadaithe: €652,000

Bhí easnamh €103,048 i gceist mar go mbíonn sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go beacht.

7 Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair

Meastachán: €35.978 milliún, réadaithe: €40.516 milliún

Ba mar thoradh, go príomha, ar leibhéal méadaithe earcaíochta agus luach saothair san earnáil údarás áitiúil, mar aon le roinnt ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó 2020 a bheith á bhfáil in 2021, a bhí méadú €4.538 milliún i gceist.

8 Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le bearta comhshaoil INTERREG V

Meastachán €4 mhilliún; réadaithe: €5.502 milliún

Baineann an méadú €1.502 milliún go díreach le híostarraingt in B.3.4. Is féidir leis sin a bheith éagsúil, ar bhonn an mhéid a tharraingítear anuas in aon bhliain amháin.

10 Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Clár INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh

Meastachán €108,000; réadaithe: €nialas

Ba mar thoradh ar an tionchar a d'imir srianta Covid-19 ar thionscadail INTERREG ar fad, ar thacaigh an Rannóg Muirthimpeallachta leo, a bhí an t-easnamh €108,000 i gceist den chuid is mó. Ina theannta sin, tá saincheisteanna leanúnacha i gceist le tairseach TF an chláir INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh arna oibriú ag an AE, rud a imríonn tionchar ar éilimh airgeadais a chur isteach.

12 Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra

Meastachán €465,000; réadaithe: €161,000

Ba mar thoradh ar shrianta Covid-19 a bhí an t-easnamh €303,447 i gceist. Cé gur fhan ár bpáirceanna agus spásanna faoin spéir ar oscailt, dúnadh ár n-ionaid cuairteoirí ar dtús de bharr na dianghlasála agus cuireadh teorainn leis an líon daoine a ceadaíodh isteach sna hionaid nuair a d'oscail siad arís. Bhí tionchar aige sin ar fháltais maidir le táillí iontrála.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Aisíocaíochtaí faoi Chlár Infheistíochta um Thithíocht Shóisialta (CITS) na nÚdarás Áitiúil	503	3,423
Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe	193	91
Aisíocaíochtaí	61	—
Fuascailt tionscadal arna maoiniú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil Tithíochta Deonaí	10	—
Léas imeall trá	—	3,066
Aisghabhálacha faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013	—	2,330
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(767)	(8,910)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	1,366	1,207
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	213	220
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	102	104
An Bord Pleanála	180	184
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe	89	89
An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe	118	111
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	15	15
Oifig an Rialálaí Pleanála	24	21
An Ghníomhaireacht Forbartha Talún	54	39
An Chomhairle Oidhreachta	19	13
Uiscebhealaí Éireann	344	333
Iomlán	**2,524**	**2,336**

5.2 Pá – Roinn

	2021 €000	2020 €000
Pá	71,534	66,516
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	474	721
Liúntais eile	1,718	1,711
Ragobair	1,075	1,028
ÁSPC an Fhostóra	6,259	5,613
Pá iomlán	**81,060**	**75,589**

5.2 Pá – gníomhaireachtaí

	2021 €000	2020 €000
Pá	59,831	54,652
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	90	87
Liúntais eile	994	937
Ragobair	1,008	695
ÁSPC an Fhostóra	5,589	4,966
Pá iomlán	**67,512**	**61,337**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn [a]

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	211	15	22,002	27,290
Liúntais eile	187	79	28,676	28,134
Ragobair	238	28	32,613	31,120
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	208	77	40,805	48,159

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntas agus luach saothair eile atá thuas leis na baill foirne de chuid na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go F.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — gníomhaireachtaí

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	37	2	17,960	23,325
Liúntais eile	295	26	15,680	15,556
Ragobair	296	26	23,614	30,663
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	203	67	13,276	25,014

5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh ocht státseirbhíseach déag atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €79,448. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €192,695 i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastail leo.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	39	133,688	69,799
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	14	30,628	20,422

Aistríodh duine amháin chuig an Roinn sa bhliain lenar bhain ró-íocaíocht dar luach €236.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021 b'ionann olltuarastal bliantúil an Oifigigh Cuntasaíochta agus €213,859 (b'ionann é agus €211,742 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2021	2021	2020
		€000	€000	€000
Binse fiosrúcháin maidir le cúrsaí áirithe pleanála agus íocaíochtaí [a]	1997	141,301	658	4,322

Nóta [a] Beidh íocaíochtaí breise i gceist a bhaineann leis an mBinse. Ní féidir costais dheiridh a shuí ag an bpointe seo toisc go bhfuiltear ag fanacht le cinneadh ar na costais dlí tríú páirtí maidir leis an tréimhse ó 2002. Ar bhonn mheastachán agus chaiteachas an Bhinse go deireadh 2021, d'fhéadfadh costais bhreise tuairim is €5 mhilliún teacht chun cinn, a bhainfidh go príomha le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig sa bhliain [a, b]

	Éilimh arna ndéanamh ag:			Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**Fíneálacha AE**	**2021**	**2020**
Líon na gcásanna	3	21	1	25	14
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	—	—	—	—	49
Fíneálacha AE [c]	—	—	5,476	5,476	7,745
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann					
Cúiteamh	7	81	—	88	529
Costais dlí	6	609	—	615	283
Costais dlí eile	—	13	—	13	—
Iomlán	**13**	**703**	**5,476**	**6,192**	**8,606**

Nótaí [a] Ag an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas gan íoc

- Díobháil phearsanta: 4 (2020:2)
- Éilimh eile: 1 (2020: 1)
- Fíneálacha AE: 1 (2020: 1)

[b] Ag an 31 Nollaig 2021, tá creidiúnaithe dlite eile curtha ar áireamh ag an Roinn. Is é €244,600 (2020: Nialas) iomlán na gcostas dlí gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

[c] D'íoc an Roinn dhá thráthchuid d'fhíneálacha laethúla arbh ionann iad agus €5.476 milliún in 2021. Baineann na fíneálacha le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin), agus tá siad ag teacht le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an mbreithiúnas a réiteach agus na fíneálacha laethúla a íoc.

Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2021

	Éilimh arna ndéanamh ag:		Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	
Líon na gcásanna	2	13	15
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	—	212	212
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	2	85	87
Costais dlí	6	194	200
Costais eile	—	40	40
Iomlán	**8**	**531**	**539**

6.3 Ús i ndáil le híocaíochtaí déanacha

	2021 €	2020 €
Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh	**10,384**	**13,385**

6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

		2021 Meastachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
Míniú ar an bhfotheideal:				
A.9	Áiseanna pobail	500	122	78
A.18	Deontais tithíochta príobháidí	6,121	6,121	5,829
F.3	An Chomhairle Oidhreachta	9,561	9,651	7,394
		16,182	**15,894**	**13,301**

Tá na híocaíochtaí sin á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta agus is féidir sonraí a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne: https://www.gov.ie/en/collection/129d3-national-lottery-funding/

6.5 Maoiniú ó AE

Áirítear íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa sa toradh a léirítear i bhfotheideal B.3. Is mar seo a leanas a bhí meastacháin maidir le caiteachas agus na torthaí iarbhír.

		2021 Meastachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
Míniú ar an bhfotheideal:				
B.3	Clár cáilíochta uisce	5,572	3,972	5,472

6.6 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas maidir le calaois líomhnaithe lena mbaineann údarás áitiúil amháin, ar calaois í a bhaineann le híocaíochtaí as seirbhísí uisce a sholáthar. Tá an Garda Síochána i mbun imscrúdaithe ar an gcás sin agus tá an Roinn ag fanacht le toradh an imscrúdaithe a fháil.

6.7 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €275.8 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fotheidil seo a leanas in 2021 a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

		€000
A.3	Tithíocht údaráis áitiúil	175,000
A.7	An scéim cúnaimh caipitil	2,900
A.10	Morgáiste go Cíos	1,000
A.14	Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta	500
A.15	Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit	4,200
A.16	Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú	20,500
A.21	Ciste bonneagair	30,500
A.22	Leasúchán piríte agus míoca – airgeadteoranta	700
A.27	Cothabháil/folúis atá beartaithe	12,000
D.9	Athnuachan/athghiniúint uirbeach	25,000
F.8	Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh	3,500
		275,800

Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

7.1 Cuntas an Chiste Forbartha Uirbí

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	8,385	14,111
Fáltais	—	—
Caiteachas don bhliain	(1,702)	(5,726)
	6,683	**8,385**

Is ionann an Ciste Forbartha Uirbí agus clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) chun tacú le tionscnaimh athghiniúna chomhtháite i lárionaid uirbeacha ainmnithe. Tá an scéim á hoibriú ag tionóil réigiúnacha atá ag bainistiú na n-údarás bainistíochta atá freagrach as caiteachas incháilithe a dhearbhú ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (le treoir ón údarás bainistíochta agus faoi réir fhíorú an údaráis bainistíochta) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn maoinithe chomhfhreagraigh. Rinneadh iarratais ar incháilitheacht faoin gCiste a bhreithniú i mí na Nollag 2015 agus bhí an clár á reáchtáil don tréimhse sin go dtí deireadh 2020. Leanfaidh íocaíochtaí faoin gclár ar aghaidh go dtí na míonna tosaigh den bhliain 2023. Is léiriú é an t-iarmhéid sa Chiste ar réamh-mhaoiniú a chuir CFRE ar fáil go dtí go bhfaighfear éilimh fhíoraithe i leith na dtionscadal lena mbaineann.

7.2 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	68,460	69,393
Costais neamh-inghnóthaithe [a]	(413)	(983)
Ioncam cíosa	23	50
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**68,070**	**68,460**

Nóta [a] Costais áirithe a thabhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta (GT) amhail costais dlí agus costais ghairmiúla chomh maith le costais chun tithíocht a fháil, níl siad inghnóthaithe agus, dá bhrí sin, laghdaíonn siad iarmhéid foriomlán an Chiste. Is ionann figiúr na gcostas neamh-inghnóthaithe in 2021 agus €412,607.

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta, arb ionann é agus ciste imrothlach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, agus é mar chuspóir aige tuairim is 1,600 aonad a fháil mar éadáil i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2021 chun iad a úsáid i gcomhair tithíocht shóisialta. Sa tréimhse ó cuireadh tús leis an gciste sa bhliain 2017 go deireadh na bliana 2021, tá 868 réadmhaoin faighte mar éadáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag úsáid an chiste sin chun réadmhaoine folmha a fháil mar éadáil ó bhainc, ó infheisteoirí agus ón margadh oscailte (le haghaidh réadmhaoine Tús Áite don Tithíocht go príomha) i limistéir a bhfuil ardleibhéal éilimh ar thithíocht shóisialta iontu. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair i ndlúthchomhairle le húdaráis áitiúla chun a chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine oiriúnacha ach amháin i limistéir a bhfuil éileamh ar thithíocht shóisialta iontu. Díolann an Ghníomhaireacht Tithíochta na tithe, ar a gcostas, le comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun an ciste a athlíonadh. Nuair a bheidh an clár tugtha chun críche, déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta aon iarmhéid deiridh den Chiste a aisíoc leis an Roinn.

Cé nár éirigh le ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta an sprioc 1,600 aonad a bhaint amach, de bharr dálaí margaidh den chuid is mó, éascaíodh 1,490 teach a fháil i gcomhair tithíocht shóisialta ó 2016 go 2021 [a] toisc gurbh ann do chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta agus d'fhoireann fáltais na Gníomhaireachta Tithíochta a bhaineann leis an gciste. Amhail deireadh R4 2021, fuarthas 868 [b] réadmhaoin trí chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta a úsáid. Cuireadh 52 réadmhaoin eile ar fáil faoi chlár chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta ach cheannaigh údaráis áitiúla go díreach iad in 2019/2020, agus maoiniú caipitil tríd an gClár Infheistíochta Caipitil um Thithíocht Shóisialta á úsáid.

Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta fáil 572 réadmhaoin mar éadáil chun críche agus í ag gníomhú thar ceann na n-údarás áitiúil.

Nótaí [a] Chuir an Roinn síolchistiú ar fáil sa bhliain 2016 sular bunaíodh an ciste go foirmiúil.

[b] Tháinig saincheist chun cinn le dhá cheann de na réadmhaoine a fuarthas, mar sin díoladh ar an margadh oscailte ina dhiaidh sin iad agus níor úsáideadh iad i gcomhair tithíocht shóisialta.

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne in 2021 agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/ Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Bord Pleanála	2020	30 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	14 Nollaig 2021
Ervia agus Líonraí Gáis Éireann	2020	30 Márta 2021	20 Bealtaine 2021	23 Iúil 2021
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	2020	25 Márta 2021	6 Iúil 2021	13 Iúil 2021
An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [a]	2020	7 Nollaig 2021	18 Feabhra 2022	21 Aibreán 2022
Uisce Éireann	2020	30 Márta 2021	20 Bealtaine 2021	13 Meán Fómhair 2021
An Ciste Rialtais Áitiúil	2020	26 Samhain 2021	26 Samhain 2021	10 Nollaig 2021
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	2020	28 Bealtaine 2021	16 Iúil 2021	22 Iúil 2021
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe	2020	15 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	13 Meán Fómhair 2021
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	2020	13 Nollaig 2021	15 Feabhra 2022	4 Márta 2022
Oifig an Rialálaí Pleanála	2020	11 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	30 Iúil 2021
An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA)	2020	17 Meitheamh 2021	18 Meitheamh 2021	20 Eanáir 2022
An Chomhairle Oidhreachta	2020	29 Meán Fómhair 2021	14 Deireadh Fómhair 2021	2 Feabhra 2022
Uiscebhealaí Éireann	2020	14 Nollaig 2021	—	—

Nóta [a] Áirítear air seo an Bord um Réiteach Piríte

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 35

Arm-Phinsin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ullmhaithe agam sa chuntas a ghabhann leis seo ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí Óglaigh na hÉireann nó ina leith agus le comhaltaí eagraíochtaí míleata eile, etc., agus ina leith agus le haghaidh il-ranníocaíochtaí agus ilchaiteachais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntais sheachreachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €2.73 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte párolla pinsin a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta ar an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, ag a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Taifeadadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn, lena n-áirítear Vóta na nArm-Phinsean, neamhchosanta orthu, agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Le linn 2021, chríochnaigh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh i réimse Vóta na nArm-Phinsean. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus déantar iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leis freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh shainaitheanta.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 sna míonna tosaigh de 2020, tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe trí chianoibriú agus oibriú fíorúil a thabhairt isteach nuair ab indéanta agus ba chuí, ag féachaint do nádúr na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, idir iad sin atá ann cheana féin agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, de bheith éifeachtach.

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 35 Arm-Phinsin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 35 Arm-Phinsin

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann	262,650	259,903	251,027
Ollchaiteachas		**262,650**	**259,903**	**251,027**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**5,000**	**4,983**	**4,986**
Glanchaiteachas		**257,650**	**254,920**	**246,041**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**2,729,751**	**8,109,287**

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

	2021	2020
		€000
Costas an chláir	259,835	250,963
Pá	64	61
Neamhphá	4	3
Ollchaiteachas	**259,903**	**251,027**
Lúide		
Leithreasaí-i-gcabhair	**4,983**	**4,986**
Glanchaiteachas	**254,920**	**246,041**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,875	2,793
Glanchostas an chláir	**257,795**	**248,834**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile, maidir le riar sochar pinsin agus seirbhísí eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,121	1,147
Vóta 36	Cosaint	1,728	1,646
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	26	—
		2,875	**2,793**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		2,819	51
Iarmhéideanna dochair eile		1	—
Sócmhainní reatha iomlána		**2,820**	**51**
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.1	2,499	36
Glanmhaoiniú Státchiste	2.2	321	15
Dliteanais reatha iomlána		**2,820**	**51**
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		**—**	**—**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe stáit	2.3	**—**	**—**

2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	2,054	1
Muirear sóisialach uilíoch	327	—
Cáin mhaoine áitiúil	61	—
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	1	—
	2,443	1
Íocaíochtaí pinsin á gcoinneáil ar fionraí	56	35
	2,499	**36**

2.2 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	2,730	8,109
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(2,409)	(8,094)
Glanmhaoiniú Státchiste	**321**	**15**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	2,819	51
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1	—
	2,820	51
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,443)	(1)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(56)	(35)
	(2,499)	(36)
	321	**15**

2.3 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	257,650		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,730)		
Glanvóta			254,920	246,041
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		2,875	2,793
Glanchostas an chláir	1		(257,795)	(248,834)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**—**	**—**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Clár A Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	70	68	64
A.2	Scéimeanna (pinsean) Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i leith seirbhíse aistrithe	253,105	251,230	242,855
A.3	Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo	9,000	8,290	7,820
A.4	Íocaíochtaí le céilí iarlaochra i gCogadh na Saoirse	150	104	154
A.5	Íocaíochtaí cúitimh	225	73	74
A.6	Fearais liachta agus costais taistil agus teagmhasacha	100	138	60
		262,650	**259,903**	**251,027**

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.747 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais an chláir (+/- 5% agus €100,000).

A.3 Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo

Soláthar meastachán €9 milliún; toradh €8.29 milliún

Tá an gannchaiteachas de €710,000 ann mar gheall ar an líon dámhachtainí nua cnapshuime míchumais agus cnapshuime a tháinig chun bheith iníoctha in 2021 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Is iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar chaiteachas ná líon agus toradh na n-iarratas nua ar phinsean míchumais. Mar gheall ar nádúr an éilimh atá ann, bíonn sé deacair caiteachas san fho-mhírcheann seo a thuar ó bhliain go bliain. Toisc eile in 2021 ba ea nach raibh Bord na nArm-Phinsean a imscrúdaíonn iarratais ar phinsin mhíchumais agus aiscí míthreorach in ann cruinnithe a thionól ag amanna áirithe sa bhliain mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.5 Íocaíochtaí cúitimh

Soláthar meastacháin €225,000; toradh €73,000

Eascraíonn an gannchaiteachas de €152,000 mar go ndéanann an phríomheilimint 'teagmhasachta' den fho-mhírcheann seo soláthar do chúiteamh cnapshuime speisialta a bheith á íoc ag an Roinn Cosanta as básanna a bhaineann le seirbhís nó le míchumas comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus iad ag seirbheáil thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus le misin áirithe eile. Ní raibh aon íocaíochtaí den sórt sin sa chatagóir seo le linn 2021.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Ranníocaíocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann	3,347	3,169	3,223
2	Ranníocaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean) Óglaigh na hÉireann	1,500	1,762	1,692
3	Aisghabháil ró-íocaíochtaí	40	48	70
4	Íocaíochtaí a fuarthas i leith seirbhís aistrithe	40	—	—
5	Ilghnéitheach	70	2	—
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	3	2	1
	Iomlán	**5,000**	**4,983**	**4,986**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

1 Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann

Meastachán €3.347 milliún; réadaithe €3.169 milliún

Tharla an t-easnamh de €178,000 toisc go raibh ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí ó phearsanra na mBuan-Óglach ar seirbhís níos ísle ná mar a ceapadh. Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe pearsanra, tuilleamh inphinsin agus dul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglach. Is deacair mar sin leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

2 Ranníocaíochtai le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Óglaigh na hÉireann

Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.762 milliún

Tharla an barrachas de €262,000 toisc go raibh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna pinsean ó phearsanra na mBuan-Óglaigh níos airde ná mar a ceapadh. Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe pearsanra, tuilleamh inphinsin agus dul chun cinn gairme ar fud na mBuan-Óglach. Is deacair mar sin leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Líon foirne	**1**	**1**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	62	59
ÁSPC an fhostóra	2	2
Pá iomlán [a]	**64**	**61**

Nóta [a] Áirítear leis an bhfigiúr pá thuas tuarastal ball foirne lánaimseartha amháin de chuid na Roinne Cosanta (féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean, agus táillí a íocadh le beirt chomhaltaí den Bhord in 2021. Muirearaítear na costais phá sin agus na costais taistil ghaolmhara de €4,000 ar fho-mhírcheann A.1.

Faoi láthair, tá 23.9 fostaí (coibhéisí lánaimseartha) de chuid na Roinne Cosanta ag gabháil go sonrach do shocruithe aoisliúntais agus míchumais Óglaigh na hÉireann a riar. Muirearaítear a luach saothair, arb ionann é agus thart ar €1,149,000 ar Vóta 36.

5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meáníocaíochtaí le pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann atá ar scor [a]

Catagóir an phinsinéara	Líon faighteoirí pinsin ag deireadh na bliana		Meáníocaíocht aonair (slánaithe)	
	2021	2020	2021	2020
			€	€
Oifigigh ar scor	1,854	1,853	32,580	32,100
Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor	9,202	9,086	17,700	17,100
Cleithiúnaithe agus eile [b]	1,834	1,833		
Iomlán	**12,890**	**12,772**		

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 líon iomlán na ndaoine le haghaidh gach catagóire faighteoirí ó gach fo-mhírcheann ábhartha amhail ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá roinnt pearsan scortha ag fáil pinsean scoir míleata agus pinsean míchumais míleata araon, agus tá íocaíochtaí comhchosúla iníoctha le roinnt céilí/leanaí le pearsana éagtha: ní chomhairtear na faighteoirí déacha sin ach uair amháin chun críocha líon na ndaoine thuas. Ríomhtar an mheáníocaíocht pinsin aonair a thaifeadtar do phearsana ar scor trí thagairt a dhéanamh don chaiteachas iomlán ar phinsin scoir amhail ag deireadh na bliana faoi fho-mhírcheann A.2.

[b] Níor taifeadadh an mheáníocaíocht aonair thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' toisc go n-athraíonn na suimeanna mar gheall ar na catagóirí éagsúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa sin. Ba é meánphinsean iomlán na gcleithiúnaithe a bhain le haoisliúntas do 1,417 bhfaighteoir in 2021 ná €9,500, atá cosúil leis an bhfigiúr do 2020.

5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí nuair a imíonn duine ar scor ar an bpinsean [a]

Catagóir pinsinéara	Líon faighteoirí		Meáníocaíocht aonair (slánaithe)	
	2021	2020	2021	2020
			€	€
Pinsinéirí nua ar an bpinsean sa bhliain				
Oifigigh	20	25	122,752	99,250
NCOanna agus saighdiúirí singile	278	267	41,976	44,550
Iomlán	**298**	**292**		

Nóta [a] Athraíonn an leibhéal pinsin agus aiscí scoir de réir céim scoir, tuilleamh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, etc.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Muirearaítear tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta ar Vóta 36 Cosaint.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 91 ró-íocaíocht gan íoc ag deireadh na bliana (2020: 83), arbh fhiú €83,659 iad, agus baineann €31,617 de sin le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí de €129,869 chun solais in 2021, dar aisghabhadh €75,146 agus dar díscríobhadh €2,681. Tá iarrachtaí ar siúl chun na suimeanna gan íoc a aisghabháil. Baineann formhór mór na ró-íocaíochtaí sin leis an gcuid den phinsean a íocadh sa tréimhse tar éis dáta báis pinsinéara, nuair a bhí an párolla míosúil próiseáilte cheana féin don mhí sin.

		2021	2020
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		**64,686**	**54,224**
Ró-íocaíochtaí aitheanta sa bhliain		129,869	102,652
		194,555	156,876
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021	75,146		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021	27,306	102,452	87,676
		92,103	69,200
Díscríofa			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021	2,681		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021	5,763	8,444	4,514
Iarmhéid deiridh		**83,659**	**64,686**

6.2 Íocaíochtaí atá faoi réir lacáiste pinsin seirbhíse poiblí

Seachas na figiúirí ag 6.1 thuas, bhí 16 ró-íocaíocht eile gan íoc ag deireadh na bliana arbh fhiú €53,969 iad (féach an tábla thíos). Bhain siad sin le hiarchomhaltaí de na Buan-Óglaigh a bhí ag fáil pinsin scoir mhíleata agus a chuaigh i mbun fostaíochta in áit eile sa tseirbhís phoiblí ina dhiaidh sin. Tá pinsin den sórt sin faoi réir fhorálacha lacáiste Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. I ngach cás, d'eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna ar thaobh an fhostóra seirbhíse poiblí lenar bhain maidir le fógra a thabhairt don Roinn Cosanta faoi athfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí de €22,993 chun solais in 2021 maidir le seacht gcás, dar aisghabhadh €1,091.

		2021	2020
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		**40,327**	**50,201**
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain		22,993	8,136
		63,320	58,337
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2021	1,091		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2021	8,260	9,351	18,010
Iarmhéid deiridh		**53,969**	**40,327**

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar an Oifig sin, ar phá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €29.513 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Stoc a luacháil

Déantar stoic mhíleata a luacháil ar a meánchostas. Déantar stoic an Aerchóir a luacháil ar a bpraghas ceannaigh. Déantar stoic na Roinne a luacháil ar an bpraghas ceannaigh is déanaí a bhí orthu. Tá earraí áirithe a rinneadh a athchóiriú ar áireamh i stoic Mhíleata agus an Aerchóir.

Sócmhainní caipitil

Méadaíodh an tairseach chun breiseanna sócmhainní caipitil a chur ar áireamh do ranna agus oifigí rialtais sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil aníos go dtí €10,000 i gcás sócmhainn aonair le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Ón dáta sin i leith, leanann an Roinn Cosanta le breiseanna a chur i dtaifead i sócmhainní caipitil ar luachanna aonair níos lú ná €10,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear ar áireamh iad i sócmhainní caipitil (nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta in aguisín A. Úsáidtear iad sin ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoine uathúla agus tiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go dtugtar chun úsáide iad, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta ar áireamh mar chuid de nóta 2.2 – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

Dímheas

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata agus ar mhótarfheithiclí Cosanta Sibhialta anuas chuig luachanna iarmharacha ar rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a bhfuil Cathaoirleach inmheánach aige chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.

- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Oibríonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre á treorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás 14 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán in 2021 agus €461,289 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- méadaíodh ceithre chonradh ar a raibh luach €57,711 os cionn an bhunluacha mheasta
- bhí trí chonradh ar a raibh luach €88,697 go dtí go gcríochnófaí socruithe lárnacha ceannaigh
- cuireadh moill ar sheacht gconradh ar a raibh luach €314,881 go dtí go bhfaighfí an toradh ar athbhreithniú inmheánach beartais.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na 14 chonradh seo, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí sin rialacha maidir le soláthar iomaíoch a thapúla agus is féidir.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi 122 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí sonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a dhéanann an Roinn curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Mar thoradh ar thosach phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus tugadh oibriú cianda agus fíorúil isteach, i gcás gur phraiticiúil agus gur chuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, thug an lucht bainistíochta faoi mheasúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, na rialuithe reatha agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2021 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

30 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36 Cosaint

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 36 Cosaint

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus aschuir oibriúcháin	809,781	786,405	780,999
Ollchaiteachas		**809,781**	**786,405**	**780,999**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**24,320**	**30,457**	**30,210**
Glanchaiteachas		**785,461**	**755,948**	**750,789**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**29,513,137**	**6,171,741**

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		758,570	754,376
Riarachán – pá		20,905	19,691
Riarachán – neamhphá		6,930	6,932
Ollchaiteachas		**786,405**	**780,999**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**30,457**	**30,210**
Glanchaiteachas		**755,948**	**750,789**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(106,095)		
Dímheas	62,066		
Caillteanas ar dhiúscairtí	1,110		
Diúscairtí airgid thirim	257	(42,662)	(64,120)
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí airgid thirim		(16,051)	(11,714)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(7,776)		
Méadú ar stoc	(13,806)	(21,582)	(5,092)
Caiteachas díreach		**675,653**	**669,863**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	12,988		
Measchíosanna	1,339		
		14,327	**12,849**
Glanchostas an chláir		**689,980**	**682,712**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh maidir le vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 1	Teaghlachas an Uachtaráin	(448)	(432)
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	(88)	(85)
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	24	4
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	13,094	11,813
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	579	643
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,018	1,002
Vóta 35	Pinsin Airm	(1,728)	(1,646)
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	404	71
An Lárchiste – Pinsin na n-airí		133	140
		12,988	**11,510**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	583,534	587,408
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	11,032	6,660
		594,566	**594,068**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	27,467	17,038
Stoic	2.4	234,043	220,237
Réamhíocaíochtaí	2.5	200,656	152,906
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	512	521
Ioncam fabhraithe		3,305	3,085
Sócmhainní reatha iomlána		**465,983**	**393,787**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	4,306	10,656
Ioncam iarchurtha		40	32
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	10,464	11,384
Glanmhaoiniú Státchiste	2.9	17,515	6,175
Dliteanais iomlána reatha		**32,325**	**28,247**
Glansócmhainní reatha		433,658	365,540
Glansócmhainní		**1,028,224**	**959,608**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe stáit	2.10	**1,028,224**	**959,608**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh míleata	Trealamh Cosanta Sibhialta	Troscán oifige agus trealamh TF	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,291,598	4,684	54,988	1,351,270
Breiseanna	56,841	205	2,513	59,559
Diúscairtí	(21,256)	(138)	(2,498)	(23,892)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	1,327,183	4,751	55,003	1,386,937
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	716,527	2,532	44,803	763,862
Dímheas don bhliain	58,108	358	3,600	62,066
Dímheas ar dhiúscairtí	(19,987)	(93)	(2,445)	(22,525)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	754,648	2,797	45,958	803,403
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 [a]	**572,535**	**1,954**	**9,045**	**583,534**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	575,071	2,152	10,185	587,408

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta gabháltais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag láithreacha iolracha ar fud na tíre, ar measc an d'áiseanna oibríochtúla míleata, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta agus réadmhaoin eile iad, faoi mar a leagtar amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

	Conarthaí tógála
	€000
Suimeanna a tugadh anonn ag an 1 Eanáir 2021	6,660
Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain	16,051
Tionscadail a críochnaíodh [a]	(11,679)
Suimeanna a tugadh anonn ag an 31 Nollaig 2021	**11,032**

Nóta [a] Nuair a chuirtear tionscadail chun talamh agus foirgnimh a fhorbairt i gcríoch, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta (PMG)	26,364	15,697
Iarmhéideanna eile cuntas bainc agus airgid thirim	1,103	1,341
	27,467	**17,038**

Cuntais bhainc neamh-Vóta

Tá 13 chuntas bainc eile ann a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riar sna beairicí. Ní eisítear aon chistiú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. Ba é €22,795 an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2021 (2020: €16,261). Ní chuirtear an t-iarmhéid seo ar áireamh sa tsuim maidir le 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

2.4 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stoic mhíleata [a]	232,907	219,115
Cosaint Shibhialta	1,051	1,045
Páipéarachas	15	19
Tomhaltáin TF	70	58
	234,043	**220,237**

Nóta [a] B'ionann díscríobh agus stoc míleata imithe as feidhm sa bhliain agus €888,000.

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Aerárthaí patróil mhuirí	162,340	116,803
Cothabháil agus oiliúint aerárthaí	7,277	—
Príomharmáil a nuachóiriú	6,156	3,669
Clár cothabhála agus uasghrádaithe an fhlít iompróirí armúrtha pearsanra	6,103	8,321
Feithiclí iompair saighdiúirí	3,700	5,546
Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh	3,587	—
Trealamh Óglaigh na hÉireann a fháil	471	2,836
Clár diúracáin sleá	—	3,624
Eile	11,022	12,107
	200,656	**152,906**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Párolla	—	38
Óinchiste	286	314
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	168	129
Thar lear	5	3
Míreanna eile ar fionraí	53	37
	512	**521**

2.7 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Fabhruithe cláir – reatha	2,237	4,202
Fabhruithe cláir – caipiteal	1,833	6,307
Costais riaracháin	236	147
	4,306	**10,656**

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	4	4
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	15	14
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	366	250
Cáin bhreisluacha	9,642	10,677
Ranníocaíochtaí pinsin	(5)	22
Muirear sóisialach uilíoch	1	—
Cáin chonarthaí iomchuí	143	176
	10,166	11,143
Asbhaintí párolla á gcoimeád ar fionraí	8	10
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	290	231
	10,464	**11,384**

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	29,513	6,172
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(11,998)	3
Glanmhaoiniú Státchiste	**17,515**	**6,175**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	27,467	17,038
Iarmhéideanna dochair: fionraí	512	521
	27,979	17,559
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(10,166)	(11,143)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(298)	(241)
	(10,464)	(11,384)
	17,515	**6,175**

2.10 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			959,608	889,748
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	785,461		
Farasbarr	Cuntas	(29,513)		
Glanvóta			755,948	750,789
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		12,988	11,510
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus a críochnaíodh sa bhliain	2.2		(11,679)	(11,066)
Caiteachas neamhairgid – measchíosanna	1		1,339	1,339
Glanchostas an chláir	1		(689,980)	(682,712)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**1,028,224**	**959,608**

2.11 Ceangaltais

a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a fháil	9,282	11,682
Tionscadail chaipitil	141,405	192,324
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**150,687**	**204,006**

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail in 2021	Caiteachas ionchasach iomlán thar shaolré an tionscadail in 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Clár athsholáthair agus tionscadal armála árthaí cabhlaigh	287,591	3	—	287,594	287,594
Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra	68,508	15,233	11,259	95,000	95,000
Tionscadal ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF	12,122	389	—	12,511	12,800
Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha	47,223	495	—	47,718	47,810
Athoiriúnú lárshaoil LÉ Róisín	10,622	1,485	193	12,300	12,300
Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh	1,928	3,683	6,689	12,300	12,300
Aerárthaí patróil mhuirí	116,803	45,537	65,959	228,299[a]	222,102
Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna (FFR)	9,135	3,973	5,070	18,178	18,178
Feithiclí iompair saighdiúirí	5,546	9,499	9,555	24,600	24,600
Iomlán	**559,478**	**80,297**	**98,725**	**738,500**	**732,684**

Nóta [a] Mar gheall ar chostais bhreise chun freastal ar leasú conartha in 2021 chun trealamh áirithe breise a sholáthar agus a shuiteáil a bhí an méadú €6.197 milliún ar chaiteachas ionchasach iomlán an tionscadail.

2.12 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	**389**	**177**

2.13 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní cinnte aon suim iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	22,000	20,905	19,691
ii	Taisteal agus cothú	650	443	374
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	400	388	299
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	880	462	616
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	4,510	4,368	4,090
vi	Costais áitribh oifige	1,865	1,193	1,429
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	195	76	124
		30,500	**27,835**	**26,623**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €650,000; toradh: €443,000

Ba shrianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar phaindéim Covid-19 ba chúis leis an tearc-chaitheamh €207,000.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin: €880,000; toradh: €462,000

Bhí an tearc-chaitheamh €418,000 ann mar gheall ar chaitheamh ní ba lú ná mar a bhí coinne leis ar threalamh cumarsáide agus ar sheirbhísí poist.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €1.865 milliún; toradh: €1.193 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh €672,000 éilimh ní b'ísle ar sheirbhísí tógála mar thoradh ar shrianta Covid-19 agus freastal ní ba lú ar an láthair.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais

Soláthar measctacháin: €195,000; toradh: €76,000

Ba é ba phríomhchúis leis an tearc-chaitheamh €119,000 ná nár tháinig íocaíocht a raibh súil léi aníos mar gheall gur cuireadh síneadh le tionscadal isteach in 2022.

Clár A Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin

			2021	2020
		Soláthar measctacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	22,000	20,905	19,691
A.2	Riarachán − neamhphá	8,500	6,930	6,932
A.3	An Buanfhórsa Cosanta: pá	445,500	419,471	405,459
A.4	An Buanfhórsa Cosanta: liúntais	48,000	51,990	46,488
A.5	An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.	2,000	1,830	1,015
A.6	Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais	1,250	1,098	1,116
A.7	Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.	23,000	20,583	20,180
A.8	Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta	94,000	91,307	128,436
A.9	An tAerchór: trealamh agus tacaíocht	18,350	26,776	20,403
A.10	Iompar míleata	17,790	23,483	21,002
A.11	An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht	14,000	16,600	11,720
A.12	Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí	15,650	15,269	13,009
A.13	Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	37,000	24,938	20,835
A.14	Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	15,120	14,729	15,892
A.15	Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	11,940	16,688	15,390
A.16	Oideachas míleata agus oiliúint mhíleata	2,550	2,564	2,386
A.17	Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	4,000	2,470	3,236
A.18	Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann	7,130	7,569	6,822
A.19	Tailte	786	629	563
A.20	Eachaíocht	1,000	1,195	845
A.21	Costais dlíthíochta agus chúitimh	7,500	5,557	6,997

A.22	Caiteachas ilghnéitheach	4,100	5,132	3,679
A.23	Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE	2,000	2,873	2,445
A.24	Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin)	5,640	4,844	5,493
A.25	Cros Dhearg na hÉireann	975	975	965
		809,781	**786,405**	**780,999**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000).

A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá

Soláthar meastacháin: €445.5 milliún; toradh: €419.471 milliún

B'earcaíocht ní b'ísle ná mar a tuaradh in 2021, ónar eascair líonta ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis de phearsanra a bheith ag fónamh sa Bhuanfhórsa Cosanta le linn na bliana ba chúis leis an tearc-chaitheamh €26.029 milliún.

A.4 An Buanfhórsa Cosanta: liúntais

Soláthar meastacháin: €48 milliún, toradh: €51.99 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €3.99 milliún méadú ar íocaíocht liúntas mar gheall ar dhualgais a bhain le paindéim Covid-19.

A.5 An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.

Soláthar meastacháin: €2 mhilliún; toradh: €1.83 milliún.

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €170,000 ná go raibh na leibhéil foirne ní ba lú ná mar a bhí beartaithe agus ba lú an oiliúint íoctha ar tugadh fúithi, dá bharr, ná mar a bhí coinne leis.

A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais

Soláthar meastacháin: €1.25 milliún; toradh: €1.098 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €152,000 mar gheall gur earcaíodh líon ní ba lú de shéiplínigh in 2021 ná mar a bhí coinne leis.

A.7 Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.

Soláthar meastacháin: €23 milliún, toradh: €20.583 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €2.417 milliún ná gur lú an líon fostaithe sibhialtacha ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall go ndearnadh ní ba lú earcaíochta ná mar a bhí coinne leis.

A.9 An tAerchór: trealamh agus tacaíocht

Soláthar meastacháin: €18.35 milliún; toradh: €26.776 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €8.426 milliún caiteachas breise ar fheithiclí tarrthála tuairteanna agus tacaíocht agus oiliúint a sholáthar in aerárthaí áirithe an Aerchóir.

A.10 Iompar míleata

Soláthar meastacháin: €17.79 milliún; toradh: €23.483 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €5.693 milliún gur ghá feithiclí míleata athsholáthair a cheannach. Bhí an róchaitheamh sin fritháirithe go páirteach ag costais bhreosla a bhí ní b'ísle.

A.11 An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht

Soláthar meastacháin: €14 mhilliún, toradh: €16.6 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €2.6 milliún gur soláthraíodh comhpháirteanna agus seirbhísí cothabhála.

A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil

Soláthar meastacháin: €37 milliún, toradh: €24.938 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €12.062 milliún ná moilleanna ar an bpróiseas soláthair don chlár caipitil, anuas ar bhearta coimeádta ar an láthair a theastaigh le linn phaindéim Covid-19.

A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin: €11.94 milliún; toradh: €16.688 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €4.748 milliún gur ghá trealamh agus soláthairtí agus trealamh breise bunriachtanach teileachumarsáide a sholáthar.

A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin: €4 mhilliún; toradh: €2.47 milliún.

Bhí an tearc-chaitheamh €1.53 milliún ann de dheasca costais taistil a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.18 Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin: €7.13 milliún; toradh: €7.569 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €439,000 ná cóireálacha breise a thit amach in 2021 agus a cuireadh ar ceal in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.19 Tailte

Soláthar meastacháin: €786,000; toradh: €629,000

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €157,000 ná nárbh fhéidir leanúint ar aghaidh le roinnt tionscadail chomhshaoil a bhí ar na bacáin in 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.20 Eachaíocht

Soláthar meastacháin: €1 mhilliún; toradh: €1.195 milliún

Ba í príomhchúis an róchaithimh €195,000 ná méadú ar chostas cothabhála na gcapall i Scoil Eachaíochta an Airm agus costas ceannaigh roinnt capall.

A.21 Costais dlíthíochta agus chúitimh

Soláthar meastacháin: €7.5 milliún; toradh: €5.557 milliún

Tháinig an tearc-chaitheamh €1.943 milliún aníos mar gheall gur deacair an caiteachas seo a thuar mar gheall go mbíonn sé faoi réir roinnt athróg dothuartha, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn cásanna, agus líon, luach agus uainiú dámhachtainí agus socraíochtaí.

A.22 Caiteachas ilghnéitheach

Soláthar meastacháin: €4.1 milliún; toradh: €5.132 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €1.032 milliún costais a bhain leis an gCoimisiún um Óglaigh na hÉireann, caiteachas gan choinne ar an tionscadal Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus costais bhreise fógraíochta agus chumarsáide a bhain leis na feachtais earcaíochta míleata.

A.23 Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE

Soláthar meastacháin: €2 mhilliún; toradh: €2.873 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €873,000 ná méadú ar chostais choiteanna AE agus ar chistiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

A.24 Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin)

Soláthar meastacháin: €5.64 milliún; toradh: €4.844 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €796,000 ná nár leanadh ar aghaidh mar a raibh súil leis le tionscadail de dheasca saincheisteanna soláthair agus phaindéim Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.	8,113	12,769	13,234
2	Fáltais ó AE maidir le costais chosanta iascaigh	—	—	—
3	Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile	1,300	1,364	1,445
4	Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla	90	160	140
5	Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht	450	623	347
6	Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht	20	24	25
7	Fáltais le haghaidh breosla eitlíochta	40	13	48
8	Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin	50	129	104
9	Tailte agus áitreabh			
	(a) cíosanna, etc.	462	443	407
	(b) díolacháin	100	—	1
10	Stórtha farasbairr a dhíol	100	395	311
11	Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	50	168	67
12	Ilghnéitheach	300	440	601
13	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	11,895	12,986	12,475
14	Fáltais ón gCuntas Díomhaoin	1,350	943	1,005
	Iomlán	**24,320**	**30,457**	**30,210**

Difríochta suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.137 milliún ní ba mhó ná mar a tuaradh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.

Meastachán: €8.113 milliún; réadaithe: €12.769 milliún

Bhí an barrachas €4.656 milliún mar gheall ar fháltais ní ba mhó ná mar a bhí coinne leis ó NA maidir le costais trealaimh agus saighdiúirí. Is deacair uainiú fáltas ó NA a thuar. Féach Nóta 6.1.

5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht

Meastachán: €450,000; réadaithe: €623,000

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €173,000 ná gur aisíocadh ní ba mhó ciondálacha ná mar a bhí coinne leis.

9 Talamh agus áitreabh

Meastachán: €562,000; réadaithe: €443,000

Bhí an t-easnamh €119,000 de bharr nár tugadh roinnt idirbheart chun críche de dheasca saincheisteanna dlíthiúla.

10 Stórtha farasbairr a dhíol

Meastachán: €100,000; réadaithe: €395,000

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an mbarrachas €295,000 ná go ndearnadh feithiclí a thrádáil isteach de bharr uasghráduithe flít.

11 Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht

Meastachán: €50,000; réadaithe: €168,000

Ba é ba chúis leis an mbarrachas €118,000 ná go bhfuarthas ní ba mhó aisíocaíochtaí ná mar a bhí coinne leis.

12 Ilghnéitheach

Meastachán: €300,000; réadaithe: €440,000

Ba é ba phríomhchúis leis an mbarrachas €140,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a bhí coinne leis d'fháltais i dtaca le haisíocaíochtaí as táillí oiliúna agus oideachais.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €11.895 milliún; réadaithe: €12.986 milliún

Tháinig an barrachas €1.091 milliún aníos mar gheall gur deacair fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann, nuair a chuirtear an réimse saincheisteanna ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna ar áireamh, lena n-áirítear liostáil, scoir, réimse liúntas etc.

14 Fáltais ón gCuntas Díomhaoin

Meastachán: €1.35 milliún; réadaithe: €943,000

Ba é ba phríomhchúis leis an easnamh €407,000 tionchair phaindéim Covid-19 ar an slabhra soláthair a chuir moill ar an bpróiseas ceannaigh do Chosaint Shibhialta.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**9,298**	**9,396**

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile

	2021	2020
	€000	€000
Pá	417,690	403,752
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	211	220
Ragobair	286	373
Liúntas sealoibre agus uainchláir	271	240
Liúntais mhíleata agus eile	44,945	40,515
ÁSPC an Fhostóra	42,721	40,972
Pá iomlán [a, b]	**506,124**	**486,072**

Nóta [a] Ní chuirtear ar áireamh sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, arb ionann é sin agus ceathrar pearsanra agus pá iomlán €289,360. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith le chéile.

[b] Is ionann pá iomlán agus na gnéithe pá d’fho-mhírchinn A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

5.3 Státseirbhísigh

	2021	2020
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana [a]	370	357

Nóta [a] Tá 14 dhuine de na pearsana sin leabaithe in aonaid Óglaigh na hÉireann agus tá siad fostaithe go lánaimseartha i dtaobh tacaíocht a sholáthar do na haonaid siúd.

	2021	2020
	€000	€000
Pá	19,407	18,337
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	122	87
Liúntais eile	52	51
Ragobair	61	99
ÁSPC an fhostóra	1,263	1,117
Pá iomlán	**20,905**	**19,691**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	12	6	22,002	20,722
Liúntais eile	15	—	9,248	8,645
Ragobair	45	—	8,930	23,551
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	9	2	24,700	15,410

5.4 Fostaithe sibhialtacha

	2021	2020
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana	440	444

	2021	2020
	€000	€000
Pá	17,349	16,882
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	89	133
Ragobair	225	274
Liúntais sealoibre agus uainchláir	271	240
Liúntas am taistil	421	445
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	213	202
ÁSPC an fhostóra	1,839	1,831
Pá iomlán	**20,407**	**20,007**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	58	—	8,853	9,361
Ragobair	111	—	9,304	9,375
Liúntais sealoibre agus uainchláir	40	4	14,821	15,935
Liúntas am taistil	59	12	13,335	13,257
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	248	—	3,235	3,298
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	156	34	27,995	26,158

5.5 Buanfhórsa Cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

	2021	2020
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana	8,488	8,595

	2021 €000	2020 €000
Pá agus liúntais le haghaidh seirbhís mhíleata	380,934	368,533
Liúntais thar lear	20,934	19,371
Liúntais le haghaidh dualgas slándála	17,230	14,186
Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn	2,042	2,128
Liúntas le haghaidh dualgas patróil	1,663	1,743
Liúntais ilghnéitheacha	2,390	2,389
ÁSPC an fhostóra	39,619	38,024
Pá iomlán	**464,812**	**446,374**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Liúntais thar lear	1,775	1,079	42,950	41,376
Liúntais le haghaidh dualgas slándála	7,294	122	20,551	21,815
Liúntas le haghaidh dualgas ar an teorainn	459	2[a]	26,384	5,840
Liúntas le haghaidh dualgas patróil	502	6	12,435	9,015
Liúntais ilghnéitheacha	800	96	10,974	15,147
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2,745	1,165	37,995	41,024

Nóta [a] Fuair an bheirt ar íocadh Liúntas i gcomhair Dualgais ar an Teorainn de bhreis ar €10,000 leo in 2021 riaráistí maidir le blianta roimhe.

5.6 Íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Rinneadh íocaíocht €74,079 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 as sochar comhchineáil maidir le táillí reachtúla ospidéil phoiblí a gearradh ar chleithiúnaithe ball liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta in 2020.

5.7 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €1,127,272 ar an iomlán le 33 phearsa scortha Óglaigh na hÉireann a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, idir €13,487 agus €89,243, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2021. Anuas air sin, íocadh €29,710, ar an iomlán, idir €150 agus €5,330, le 15 fhostaí scortha seirbhíse poiblí a raibh pinsin seirbhíse poiblí a bhfáil acu agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2021. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €346,492 maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus nach ndearna an Roinn a dtuarastail a fhorchúiteamh. Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais. D'íoc na ranna/na hoifigí ina raibh siad ag fónamh a dtuarastail.

5.9 Ró-Íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
Líon faighteoirí	106	137
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	24	45
	€	**€**
Ró-íocaíochtaí	171,872	175,210
Luach na bpleananna aisghabhála	56,769	78,454

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2021.

5.10 Cóir leighis

Soláthraíodh seirbhísí d'othair chónaitheacha agus sheachtracha don phearsanra liostáilte agus dá gcleithiúnaithe in ospidéil phoiblí gan an muirear reachtúil a chur i bhfeidhm.

5.11 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí ná íocaíochtaí iomarcaíochta in 2021.

5.12 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ar ghrád Ard-Rúnaí Leibhéal II (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta)[a], agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €202,604 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €200,598).

Nóta [a] Íocann fostaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh ráta Aicme A de ranníocaíocht ÁSPC agus íocann siad ranníocaíocht fostaí maidir le sochair aoisliúntais phearsanta (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Misin thar lear

Áirítear leis an gcuntas seo na suimeanna a thugtar le fios thíos maidir le luach saothair an phearsanra mhíleata a fhónann le hoibríochtaí tacaíochta síochána NA agus AE agus le heagraíochtaí éagsúla, anuas ar chostais taistil agus chothaithe agus iompair:

	2021	2020
	€000	€000
Misin NA agus AE:		
UNIFIL (an Liobáin)	32,084	31,235
UNDOF (Arda Golan)	13,088	12,581
KFOR (an Chosaiv)	1,420	1,463
EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	589	567
Misin eile NA agus AE	5,423	4,878
	52,604	50,724
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	2,653	2,103
Cathghrúpa na Gearmáine	314	1,611
An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip	247	183
Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil)	658	682
FCSÉ i gCabúl	21	—
Iomlán	**56,497**	**55,303**

As an tsuim €52.6 milliún a sonraíodh do mhisin na Náisiún Aontaithe agus AE, baineann €7.4 milliún le misin, a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuílleach €45.2 milliún le UNIFIL, UNDOF agus MINUSMA (Mali), a ndearnadh socruithe i ndáil leo leis na Náisiúin Aontaithe agus Fórsaí Armtha na Gearmáine go ndéanfaí costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin.

Ba í an tsuim a fuarthas trí leithreasaí-i-gcabhair in 2021 ná €12.8 milliún, ina raibh suim €6.7 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €6.1 milliún le haghaidh costais trealaimh. Ba é €3.2 milliún an tsuim a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana (costais phearsanra €1.7 milliún agus costais trealaimh €1.5 milliún).

6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún um Óglaigh na hÉireann i Nollaig 2020 agus thuairiscigh sé i bhFeabhra 2022. Áiríodh lena théarmaí tagartha breithniú a dhéanamh ar acmhainní, struchtúir agus soláthar foirne cuí don Arm, don Aerchór, don tSeirbhís Chabhlaigh agus do na hÓglaigh Chúltaca. Ba iad costais an Choimisiúin go dtí an 31 Nollaig 2021 ná €358,000.

6.3 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Tá suim iomlán €468,829 sa chuntas seo maidir le luach saothair pearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíocha agus costais riaracháin áirithe ghaolmhara.

6.4 Suimeanna a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain.

	2021	2020
	€000	€000
Damáiste d'fheithiclí míleata	49	73
Caillteanas stóras, trealaimh nó réadmhaoine nó damáiste dóibh sin	—	35
Fiachas a díscríobhadh	38	11
	87	**119**

6.5 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2021	2020
		€000	€000
Calaois	—	—	—
Calaois amhrasta/neamhrialtacht	2	33	—
		33	**—**

Cuireadh an Roinn ar an eolas ar dhá chás amhrasta calaoise/neamhrialtachta le linn 2021 (2020: nialas). Meastar gurb í an tsuim iomlán atá i gceist ná €33,000. Tá an dá chás sin á n-imscrúdú ag an nGarda Síochána.

6.6 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh uathu seo		Iomlán 2021	Iomlán 2020
	fostaithe	daoine den phobal		
Líon na gcásanna	387	36	423	948
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	923	35	958	1,481
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	2,740	133	2,873	3,166
Costais dlí	1,570	52	1,622	2,471
Costais eile	172	9	181	-
Iomlán 2021	**5,405**	**229**	**5,634**	**7,118**
Iomlán 2020	6,759	359	7,118	

Nóta Bhí 521 éileamh fós le réiteach an 31 Nollaig 2021 (2020: 548 n-éileamh).

Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2021

	Éilimh uathu seo		Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal	
Líon na gCásanna	98	10	108
	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne í féin	371	58	429
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	1,944	363	2,307
Costais dlí	991	144	1,135
Costais eile	125	14	139
Iomlán	**3,431**	**579**	**4,010**

6.7 Eadráin agus idir-réiteach

Tabhaíodh costais €7,389 in 2021 (2020: €3,000) maidir le trí chás eadrána agus idir-réitigh (2020: cás ar bith).

Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

1. Dílsithe san Aire Cosanta

Réadmhaoin	Achar (heicteáir) [a]
An Clár	
Campa Chnoc an Lisín	51.24
Corcaigh	
Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh	0.89
Dún Uí Choileáin, Corcaigh	24.22
Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin	—
An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí	4.23
Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí	0.40
Áitreabh RDF, Cill Chrócháin	0.40
Plásóg Chuimhneacháin Mhíchil Uí Choileáin, Béal na mBláth	0.004
Áitreabh RDF, an Sciobairín	0.20
Áitreabh RDF, Mala	0.03
Baile Átha Cliath	
Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear ionad séarachais ar thalamh in aice láimhe	276.93
Asplanád, Dún Uí Choileáin	0.20
Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	0.40
Gaillimh	
Raon Raidhfilí Órán Mór	216.10
Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór	—
Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh	29.95
Ciarraí	
Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí	6.07
Dún na Sionainne, Tairbeart	0.81
Áitreabh RDF, Cill Orglan	0.10
Cill Dara	
Campa agus Tailte an Churraigh	1,968.12
Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara	—
Uimhreacha 2, 78 agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach	0.06
Dún Mhic Aodha, Cill Dara	1.99
Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach	14.37
Cill Chainnigh	
Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh	5.67

Réadmhaoin	Achar (heicteáir) [a]
Lú	
Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan	5.46
An Mhí	
Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin	105.62
Áitreabh an RDF, Uaimh	0.20
Uíbh Fhailí	
Iar-Dhún Míleata, Biorra	1.98
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Carna	114.53
Tiobraid Árann	
Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin	5.46
Port Láirge	
Dún Míleata, Port Láirge	0.28
An Iarmhí	
Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr	9.61
Dún Chostúim, Baile Átha Luain	5.26
Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain	5.97
Cill Mhantáin	
Raon Airtléire Ghleann Ó Máil	2,698.85
Campa agus Tailte Chúil Mhuine	97.53
Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré	1.95
Post Maor Raoin, an Seisceann	0.40

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réadmhaoin	Achar (heicteáir) [a]
An Clár	
Áitreabh RDF, Inis	0.10
Corcaigh	
Campa agus Raon Chill Uird	1,377.55
Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar do TII	10.69
An tOileán Mór	91.05
Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach [b]	33.99
Fort Davis, an Geata Bán	22.04
Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne	14.97
Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra	—
Cé Tuirlingthe, an Cóbh	—
Dún na nGall	
Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin	337.01
Baile Átha Cliath	
Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	18.62
Uimhreacha 17-28, Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	0.27
Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7	18.21
64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7	0.02
Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7	3.24
Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	—
2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	0.01
Laois	
Áitreabh RDF, Port Laoise	0.03
Luimneach	
Dún an tSáirséalaigh, Luimneach	5.99
Lú	
Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan	7.28
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Cuisle	56.25
Dún Míleata, Mainistir na Búille	0.20
Tiobraid Árann	
Dún Míleata, an tAonach	1.20
Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór	0.16

Réadmhaoin	**Achar (heicteáir) [a]**
Loch Garman	
Dún Míleata, Loch Garman	0.40
Cill Mhantáin	
Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde	636.98

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

[b] Arna aistriú go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar iarláithreán ISPAT.

Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste Comhlachta/Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	2020	30 M.F. 2021	7 D.F. 2021	20 D.F. 2021
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	2020	17 Bea 2021	25 Bea 2021	1 Mei 2021

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 37

Coimirce Shóisialach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain

agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €143.68 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar

Leanann an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íoca don Roinn Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a íoc agus chun íocaíochtaí pinsean leanúnacha Chriostal Phort Láirge a dhéanamh faoi Alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn maoiniú anuas ón bPríomh-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil i mí Dheireadh Fómhair 2017. Déanann an Roinn Airgeadais na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna Cuntais Airgeadais.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Ró-íocaíochtaí a aisghabháil

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam, agus laghdú comhfhreagrach á dhéanamh ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an

príomhfhaighteoir fáltas ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), de réir mar is cuí.

- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam don bhliain reatha chuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

Íocaíochtaí a aithint

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur ghá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách gur mar réamhíocaíochtaí a aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí chistí leictreonacha a aistríonn bainc nó luathchasadh ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin. Faoi shocruithe nua baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm le linn 2020, eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Leanadh leis an bpróiseas seo in 2021 agus cuirtear na híocaíochtaí maoinithe sin ar áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Sócmhainní caipitil a rialú

Leanadh in 2021 le plean ilbhliana chun aghaidh a thabhairt ar shainaithint sócmhainní lena n-áirítear díscríobh agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla, rud ar tosaíodh ar a gcur chun feidhme in 2019.

Lean an Roinn lena hathbhreithniú ar na cláir sócmhainní i rith 2021. Mar thoradh air seo, sainaithníodh sócmhainní bogearraí TF ar an gclár a bhí as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a cuireadh in ionad agus sócmhainní troscáin agus feisteas a bhí as feidhm agus/nó a raibh luachanna aonair faoi bhun €1,000 orthu. Roimh mhí an Mhárta 2020, rinne an Roinn sócmhainní ar lú a luach ná an tairseach €1,000 a chaipitliú (€10,000 anois). Díscríobhadh thart ar €78.68 milliún de shócmhainní in 2021. Bhí glanluach leabhar na sócmhainní seo nialas ag an 31 Nollaig 2021. Leanfaidh glanadh sonraí leanúnach an chláir sócmhainní lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní ar ais go fardal fisiceach nó a chomhionann.

Forbraíodh formáid nua clibeanna/barrachód in 2019 i gcomhar le conraitheoirí tacaíochta TF na Roinne. Tá an fhormáid barrachód sócmhainní comhoiriúnach le pleananna Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais amach anseo. Tá clibeanna á dtáirgeadh ag an Roinn faoi láthair le haghaidh bhreiseanna na bliana 2017 (clibeáladh breiseanna sócmhainní seasta na mblianta 2018 agus 2019 in 2020), agus ceanglófar clibeanna sócmhainní na bliana 2017 le sócmhainní ábhartha le linn 2022. Leanfar le sócmhainní a fuarthas níos luaithe agus atá fós in úsáid a chlibeáil in 2022.

Úsáideann an Roinn pacáiste bogearraí sócmhainní seasta ar a dtugtar Lansweeper chun tabhairt faoi scanadh fardail seachtainiúil ar chrua-earraí agus bogearraí TF. Is féidir leis an Roinn tuairiscí a rith ar bhonn seachtainiúil, míosúil, nó ad hoc chun a fháil amach cad iad na sócmhainní TF atá nasctha le líonra na Roinne.

Tar éis an mhór-athbhreithnithe ar na cláir sócmhainní atá sonraithe thuas, sheol an Roinn sonraí fardail chuig 46 réimse gnó chun a dheimhniú go bhfuil troscán agus feistis ann. B'ionann luach iomlán na bhfardal seo agus €3.04 milliún (costas bunaidh). Cuirfear an próiseas seo i gcrích ar bhonn uainíochta chun clúdach gach réimse gnó a chinntiú thar roinnt blianta.

Réitigh fiachais

Cumasaítear le córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) na Roinne fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a rinneadh a aisghabháil in oifigí INTREO, óna cuntais bhainc fála agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ó tugadh CCFF isteach go déanach in 2014, rinneadh sna ráitis bhliantúla faoi rialú inmheánach airgeadais tagairt do dhifríochtaí neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain le CCFF, suimeanna a aisghabhadh agus iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm sa réimse seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

Suimeanna neamh-mheaitseáilte

Déanann custaiméirí ró-íoctha aisíocaíochtaí, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an fiachas seo agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. Ní bhíonn sé sin ag tarlú chomh minic céanna ó d'aistrigh an Roinn a cuntais chuig Danske Bank in 2020. D'fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte suimeanna a próiseáladh sular tháinig fiachais agus íocaíochtaí custaiméara aníos a dteastaíonn aisíocaíochtaí uathu. Ó cuireadh CCFF i bhfeidhm in 2014, próiseáladh breis agus €549 milliún d'fháltais agus aisghabhálacha ró-íocaíochtaí asbhainte scéime. Amhail an 31 Nollaig 2021, is é an tsuim iomlán a cuireadh i gcuntas i gcóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí €3.8 milliún (2019: €4.7 milliún).

Leanann an obair ar na suimeanna neamh-mheaitseáilte seo a réiteach. Is éard a bhaineann leis an obair atá á déanamh: (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara atá ar fionraí ar CCFF a réiteach le fáltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne; agus (b) anailís ar aois na bhfáltas sin d'fhonn na suimeanna sin a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nár réitíodh go fóill a chur i gcuntas go buan.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 93 chonradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €32,209,365 (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos:

- Cúig chonradh is fiche le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €18,622,933 in 2021 chun seirbhísí fostaíochta áitiúla a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill ar na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta de dheasca na paindéime. Foilsíodh iarrataí ar thairiscintí (RFT) chun na seirbhísí sin a athnuachan in 2021 (céim 1 i Ráithe 2 agus céim 2 i Ráithe 4). Dámhadh conarthaí do chéim 1 i mí na Nollag 2021. Tá cleachtadh soláthair déanta don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua. Tháinig deireadh le gach conradh de chuid na Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla an 31 Lúnasa 2022. Fógraíodh na tairgeoirí roghnaithe do Chéim 2 don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua, tá na socruithe conartha á dtabhairt chun críche agus tá oibríochtaí á slógadh i 16 cinn de na 17 mBeart a fógraíodh. Tá moill ar an gconradh a thabhairt ar ais i gceist le Beart amháin.
- Ceithre chonradh is fiche le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €8,578,242 in 2021 chun an tSeirbhís Infhostaitheachta a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill dhosheachanta ar chéimeanna chun na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Tá tús curtha ag an Roinn le teagmháil leis na páirtithe leasmhara agus leis na comhlachtaí ionadaíocha a oibríonn na seirbhísí seo faoi láthair thar ceann na Roinne. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an Roinn ar an gcaoi ar cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus a sheachadadh ar bhonn leanúnach de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí.
- Daichead conradh le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €4,197,749 in 2021 chun seirbhís na gClubanna Post a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill ar na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta de dheasca na paindéime. Foilsíodh iarrataí ar thairiscintí chun na seirbhísí seo a athnuachan in 2021 (céim 1 i Ráithe 2 agus céim 2 i Ráithe 4). Dámhadh conarthaí do chéim 1 i mí na Nollag 2021. Tá cleachtadh soláthair déanta don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua. Tháinig deireadh le gach conradh do Chlubanna Post an 31 Lúnasa 2022. Fógraíodh na tairgeoirí roghnaithe do Chéim 2 don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua, tá na socruithe conartha á dtabhairt chun críche agus tá oibríochtaí á slógadh i 16 cinn de na 17 mBeart a fógraíodh. Tá moill ar an gconradh a thabhairt ar ais i gceist le Beart amháin.

- Cuireadh síneadh le conradh amháin chun cláir oideachais a sholáthar d'fhoireann RCS ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann (CCÉ) go mí Iúil 2023 chun soláthar na sraithe reatha clár oideachais creidiúnaithe a éascú go dtí go rachaidh dámhachtainí QQI in éag i mí na Samhna 2023. Tabhaíodh caiteachas €69,020 (gan CBL a áireamh) in 2021. Tá próiseas iarrata ar siúl faoi láthair, agus é beagnach críochnaithe.
- Conradh amháin a rinneadh chun feabhsuithe a dhéanamh ar ParP/Oracle Financials do Chuntas Steirling nua CÁS mar chuid den aistriú chuig Danske Bank, rud a thabhaigh caiteachas €162,754. Tá an conradh seo críochnaithe anois.
- Chuir OGP in iúl don Roinn an 26 Iúil go dtiocfadh conradh nua d'earraí inchaite TFC i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2021. Bhí deacrachtaí ag an soláthraí nua roinnt táirgí a aimsiú ar dtús agus níor cuireadh dóthain ama ar fáil don chreat nua chun nósanna imeachta oibríochta nua a bhunú don fhoireann a bhí ag ordú earraí ó iliomad suíomhanna. D'fhonn ár seirbhísí a choinneáil ar bun do chustaiméirí agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí riachtanais leanúnachais ghnó, ba ghá leanúint ar aghaidh leis an soláthraí roimhe go dtí go réiteofaí na deacrachtaí leis an soláthraí nua. Mar thoradh air sin, tabhaíodh caiteachas €259,149 in 2021.
- Conradh leanúnach seirbhísí aistriúcháin atá liostaithe ar thuairisceán na bliana 2020 maidir le ciorclán 40/02, rud a thabhaigh caiteachas €319,518 in 2021. Bhí agóidí dlí ann maidir le hiarraidh ar thairiscintí a d'eisigh an Roinn agus, chun leanúnachas gnó a chinntiú, bhí sé riachtanach an conradh seo a choinneáil i bhfeidhm. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí i mí Iúil. Ba é an 26 Lúnasa 2022 an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí agus tá siad á meas faoi láthair.

Chuir an Roinn sonraí faoi 99 gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

B'ionann caiteachas iomlán tacaíochta Covid-19 le linn 2021 agus €8.6 billiún, rud a bhí roinnte idir Vóta 37 (€4.6 billiún) agus CÁS (€4 billiún). Maoiníodh íocaíochtaí na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) le Vóta 37 agus mhaoinigh CÁS caiteachas na hÍocaíochta Dífhostaíochta Paindéime do 2021.

Riarann na Coimisinéirí Ioncaim SFSP agus SFPF araon thar ceann na Roinne. Gearradh íocaíochtaí €4.6 billiún san iomlán ar Vóta 37 do 2021 – €16.1 milliún i ndáil le SFSP agus €4.6 billiún i ndáil le SFPFS.

Reachtaíodh SFSP faoi alt 28 den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

Reachtaíodh SFPF faoin Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, agus síníodh ina dhlí é an 1 Lúnasa 2020. Cuireadh Alt 28B isteach san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020. Foráladh leis sin do SFPF a thabhairt isteach an 1 Meán Fómhair 2020, rud a tháinig in áit SFSP.

Cé gur chríochnaigh SFSP an 30 Lúnasa 2020, tugadh faoi thascanna riaracháin áirithe as ar eascair íocaíochtaí SFSP i gcásanna áirithe le linn 2021.

Bím ag brath ar litreacha dearbhuithe ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir leis an riarachán agus na híocaíochtaí a dhéantar faoin dá scéim.

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais i gCuntais 2020 na Roinne, tharla sé, i rith na bliana sin, gur ghá ath-imlonnú forleathan a dhéanamh ar an bhfoireann laistigh den Roinn agus srianta a chur i bhfeidhm ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhaíochtaí mar gheall ar na srianta sláinte poiblí. Bhí tionchar urghnách aige sin ar an margadh saothair, rud as ar tháinig méadú gan fasach ar an dífhostaíocht. Sa chomhthéacs seo, b'éigean cuid de na gnáthbhearta rialaithe a d'oibreodh i dtimpeallacht chaighdeánach (mar shampla, cuardaitheoirí poist a ghlaoch chun agallaimh in ionaid Intreo) a chiorrú nó a chur ar fionraí. Bhí na bearta a rinneadh cuí agus comhréireach araon chun cloí leis na srianta sláinte poiblí agus chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn acmhainní foirne a úsáid chun freastal ar an gcúram tosaíochta a bhaineann le próiseáil, íoc agus coinneáil éileamh a bhaineann le Covid-19. Nuair ab fhéidir, agus nuair a ceadaíodh infhaighteacht foirne agus srianta sláinte poiblí, athbhunaíodh bearta rialaithe den sórt sin nó baineadh úsáid as modhanna malartacha a mhéid is féidir (e.g., agallaimh ghutháin le custaiméirí).

Cé gur lean an tionchar ar rialuithe scéime ar aghaidh in 2021, bhí na tionchair sin níos lú, tríd is tríd, ná iad sin in 2020 mar gheall ar roinnt rialuithe scéime a athbhunú tuilleadh agus bearta rialaithe malartacha a thabhairt isteach, nuair ab fhéidir de réir foinsiú foirne.

John McKeon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

28 Meán Fómhair 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu faoi eisceacht.

Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

I gCaibidil 10 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tagraítear d'íocaíochtaí leasa atá de bhreis ar theidlíocht faoi scéimeanna arna n-oibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim an leibhéal measta íocaíochtaí neamhrialta leasa a bheith ábhartha do Vóta 37, mar atá mínithe sa chaibidil.

Aisghabháil íocaíochtaí sochair agus cúnaimh tar éis dámhachtainí cúitimh

I gCaibidil 11 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear na próisis atá i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil ó dhámhachtainí cúitimh arna ndéanamh le héilitheoirí mar thoradh ar éilimh dhíobhála pearsanta. Taifeadtar sa chuntas leithreasa na haisghabhálacha a fuarthas i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh a muirearaíodh ar Vóta 37 ar dtús.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
	Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh				
Riarachán				
Bunaidh	606,503			
Géilleadh iarchurtha	910			
Forlíontach	(40,000)			
		567,413	544,707	536,309
Pinsin				
Bunaidh	1,066,077			
Forlíontach	19,593			
		1,085,670	1,083,119	1,048,546
Aois oibre – tacaí ioncaim				
Bunaidh	2,450,199			
Forlíontach	(27,169)			
		2,423,030	2,354,248	3,794,149
Aois oibre – tacaí fostaíochta				
Bunaidh	3,290,654			
Forlíontach	1,898,084			
		5,188,738	5,171,571	4,717,276
Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí				
Bunaidh	3,308,293			
Forlíontach	(39,235)			
		3,269,058	3,257,599	3,203,725
Leanaí				
Bunaidh	2,635,040			
Forlíontach	(76,100)			
		2,558,940	2,557,600	2,608,327
Íocaíochtaí forlíontacha, etc.				
Bunaidh	565,434			
Forlíontach	9,785			
		575,219	577,641	564,028
Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh				
Bunaidh	3,764,837			
Forlíontach	(1,174,677)			
		2,590,160	2,606,030	—

	Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Ollchaiteachas				
Bunaidh	17,687,037			
Géilleadh iarchurtha	910			
Forlíontach	570,281			
		18,258,228	**18,152,515**	**16,472,360**
Lúide				
Leithreasaí-i-gcabhair				
Bunaidh	297,070			
Forlíontach	96,740			
		393,810	**432,977**	**201,541**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	17,389,967			
Géilleadh iarchurtha	910			
Forlíontach	473,541			
		17,864,418	**17,719,538**	**16,270,819**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €1.2 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 (v) agus A.2 (vi) anonn go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	144,880,093	862,853,290
Géilleadh iarchurtha	(1,200,000)	(910,000)
Farasbarr le géilleadh	**143,680,093**	**861,943,290**

John McKeon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

28 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		17,607,808	15,936,051
Pá		310,417	298,995
Neamhphá		234,290	237,314
Ollchaiteachas		**18,152,515**	**16,472,360**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**432,977**	**201,541**
Glanchaiteachas		**17,719,538**	**16,270,819**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(15,890)		
Dímheas	26,676		
Caillteanas ar dhiúscairt/díscríobh	1	10,787	(6,657)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(869)		
Laghdú ar stoc	86	(783)	13,136
Caiteachas díreach		**17,729,542**	**16,277,298**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		98,351	92,663
Measchíosanna		14,386	14,386
Glanchostas an chláir		**17,842,279**	**16,384,347**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a]	287	370
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	83,572	77,101
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	12,714	14,441
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	697	686
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	1,014	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		67	65
		98,351	**92,663**

Nóta [a] Níor áiríodh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19, an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus scéim Aisíocaíochta Covid-19 d'Fhostóirí a riar toisc go raibh feidhmiú na scéimeanna sin comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	138,653	145,336
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	191	277
Réamhíocaíochtaí	2.4	60,580	65,884
Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh [a]		229,970	—
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	218,388	88,530
Iomlán na sócmhainní reatha		**509,129**	**154,691**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	385,384	15,475
Speansais fhabhraithe	2.6	56,726	62,899
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	27,656	25,697
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	35,318	47,358
Iomlán na ndliteanas reatha		**505,084**	**151,429**
Glansócmhainní reatha		4,045	3,262
Glansócmhainní		**142,698**	**148,598**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**142,698**	**148,598**

Nóta [a] Is ionann é agus airleacain ó Vóta 37 chuig cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	20,352	302,490	32,419	355,261
Coigeartú [a]	—	330	13,100	13,430
Breiseanna	—	402	15,488	15,890
Diúscairtí	—	—	—	—
Díscríobh [b]	(13,035)	(65,644)	—	(78,679)
Aistrithe	—	38,373	(38,373)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	7,317	275,951	22,634	305,902
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	18,118	191,807	—	209,925
Coigeartú [c]	—	9,326	—	9,326
Dímheas don bhliain	620	26,056	—	26,676
Dímheas ar dhiúscairtí/díscríobh	(13,034)	(65,644)	—	(78,678)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	5,704	161,545	—	167,249
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**1,613**	**114,406**	**22,634**	**138,653**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	2,234	110,683	32,419	145,336

Nótaí

[a] Rinneadh coigeartuithe €13.1 milliún san iomlán ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (CAUD) toisc go raibh caiteachas a tabhaíodh i mblianta roimhe sin i leith thionscadail CAUD aicmithe go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil.

[b] Is éard atá i gceist le díscríobh ná bogearraí, crua-earraí TF, troscán agus trealamh, lena n-áirítear meaisíní frainceála, fótachóipeálaithe, táblaí, cathaoireacha, etc. Leanadh le glanadh suntasach sonraí ar an gclár sócmhainní i rith 2021. Shainaithin an Roinn roinnt sócmhainní bogearraí TF ar an gclár a bhí as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a cuireadh in ionad agus sócmhainní troscáin agus feisteas a bhí as feidhm agus/nó a raibh luachanna sócmhainne faoi bhun €1,000 orthu.

[c] Rinneadh coigeartuithe arbh fhiú €9.326 milliún san iomlán iad ar dhímheas maidir le sócmhainní atá in úsáid ag an Roinn cheana féin agus ba cheart iad a aistriú ó CAUD chuig trealamh oifige i mblianta roimhe sin, agus chuig sócmhainní ar ina leith a leasaíodh an saol úsáideach i rith na bliana.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Iarmhéideanna airleacain An Post [a]	134,064	197,920
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta (rótharraingt)	(525,026)	(222,697)
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	5,578	9,302
	(385,384)	**(15,475)**

Nóta [a] Mar ghníomhaire íoca scéime, réamh-mhaoinítear An Post trí Vóta 37 agus trí CÁS chun dliteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Ag deireadh 2021, b'ionann an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS agus €231.2 milliún. B'ionann an t-iarmhéid comhcheangailte comhfhreagrach ag deireadh 2020 agus €335.6 milliún.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Stáiseanóireacht	160	226
Ábhar inchaite TF	31	51
	191	**277**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Réamhíocaíochtaí le cláir shonracha [a]	55,886	63,660
Tacaíocht bogearraí	2,514	1,841
Riarachán	2,180	108
Réamhíocaíochtaí eile	—	275
	60,580	**65,884**

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí chun scéimeanna a sholáthar. Áirítear leo sin réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do shreabhadh airgid a íoctar le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Post sula dtosaítear iad chun íoc as na costais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, tríd is tríd, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as costais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh gach íocaíocht a dhéanamh. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Airleacain chuig An Post le haghaidh caiteachas postais	1,007	1,007
Airleacain chuig OOP le haghaidh troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach	244	1,251
Airleacain chuig Pobal	5,350	4,922
Airleacain chuig na Coimisinéirí Ioncaim [a]	7,411	20,436
Réamhíocaíochtaí scéime [b]	161,354	24,650
Míreanna dochair eile ar fionraí	2,454	4,212
Dlite ó CÁS maidir leis na nithe seo a leanas		
• fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh trí CÁS	18,809	18,927
• íocaíochtaí a rinneadh ón Vóta thar ceann CÁS	21,758	12,456
• íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS	1	669
	218,388	**88,530**

Nótaí [a] Baineann an t-airleacan chuig na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá araon.

[b] Áirítear le réamhíocaíochtaí scéime íocaíochtaí scéime a rinneadh sa bhliain agus nár gearradh sa bhliain reatha.

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Fabhruithe clár sonrach [a]	49,658	49,963
Fabhruithe eile	5,556	6,004
Seirbhísí agus tacaíocht TF	808	406
Speansais riaracháin	704	6,526
	56,726	**62,899**

Nóta [a] Airgead atá dlite d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,740	3,407
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,001	2,676
Muirear sóisialach uilíoch	702	654
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	3,974	3,626
Cáin bhreisluacha	16	54
Ranníocaíochtaí pinsin	2,446	1,295
Cáin mhaoine áitiúil	51	42
Fáltais bhreise ón Státchiste	1	1
	13,931	11,755
Asbhaintí párolla	2,235	2,176
Dlite do CÁS maidir leis na nithe seo a leanas		
• íocaíochtaí a rinneadh le CÁS thar ceann an Vóta	4,035	5,784
• íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS	2,167	(6)
Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí	3,846	4,639
Aisghabháil fiachais thar ceann thíortha eile AE	877	869
Míreanna sochair eile ar fionraí	565	480
	27,656	**25,697**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	143,680	861,943
Géilleadh iarchurtha	1,200	910
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(109,562)	(815,495)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**35,318**	**47,358**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	218,388	88,530
CÁS: fionraí	229,970	—
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(385,384)	(15,475)
Dlite don Stát	(13,931)	(11,755)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(13,725)	(13,942)
	(413,040)	(41,172)
	35,318	**47,358**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			148,598	153,112
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	17,864,418		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(1,200)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(143,680)	17,719,538	
Glanvóta				16,270,819
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		98,351	92,663
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		14,386	14,386
Coigeartú i leith sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus sócmhainní seasta	2.1		4,104	1,965
Glanchostas an chláir	1		(17,842,279)	(16,384,347)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**142,698**	**148,598**

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	72,832	51,386
Tionscadail chaipitil	9,957	4,701
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**82,789**	**56,087**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Measachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**114**	**122**

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i 70 cás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		Soláthar meastacháin		2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	315,172			
	Forlíontach	(3,072)			
			312,100	310,417	298,995
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	4,155			
	Forlíontach	(3,546)			
			609	562	1,478
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	16,889			
	Forlíontach	(3,984)			
			12,905	10,978	12,867
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	13,977			
	Forlíontach	523			
			14,500	13,793	11,967
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF				
	Bunaidh	74,465			
	Géilleadh iarchurtha	620			
	Forlíontach	(6,855)			
			68,230	59,282	59,257
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	21,365			
	Géilleadh iarchurtha	290			
	Forlíontach	(580)			
			21,075	17,619	16,841
vii	Seirbhísí comhairleoireachta				
	Bunaidh	1,100			
	Forlíontach	(300)			
			800	487	346
viii	Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta				
	Bunaidh	142,880			
	Forlíontach	(21,986)			
			120,894	117,276	121,650

ix	Tionscadail a bhaineann le ríomh-Rialtas				
		Bunaidh	16,500		
		Forlíontach	(200)		
				16,300	14,293	12,908
				567,413	**544,707**	**536,309**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar dhifríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €4.2 milliún; toradh €562,000

Cúis leis an ngannchaitheamh €3.6 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea gur tháinig laghdú ar riachtanais taistil in 2021 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Cuireadh gach taisteal neamhriachtanach d'oifigigh na Roinne ar fionraí agus bogadh go leor gníomhaíochtaí ar líne.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €16.9 milliún; toradh €11 milliún

Cúis leis an ngannchaitheamh €5.9 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea na nithe seo a leanas:

- Baineadh €2 milliún de choigiltis amach ar sheirbhísí foirne mar gheall ar stoc dóthanach Trealaimh Chosanta Phearsanta (TCP) a bheith ann. Bhí soláthar déanta do stoic bhreise TCP ach níor theastaigh siad sin in 2021.
- Baineadh €3.9 milliún de choigiltis amach ar chostais theagmhasacha éagsúla, lena n-áirítear tacaí taighde (€900,000), oiliúint foirne (€800,000), teagmhas (€500,000), fruiliú seomraí (€500,000), táillí aistriúcháin (€300,000), táillí dlí (€500,000), muirir bhainc (€200,000) agus muirir ilghnéitheacha eile (€200,000).

vii Seirbhísí comhairleoireachta

Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €487,000

Cúis leis an ngannchaitheamh €613,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea na nithe seo a leanas:

- Athsceidealaíodh go 2022 tionscadal amháin dar luach €400,000 do sheirbhísí achtúireacha, rud a ceadaíodh ar dtús do 2021.
- Cuireadh moill ar thrí thionscadal mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, níor tarraingíodh anuas an leithdháileadh iomlán buiséid do 2021 agus táthar ag súil anois go dtabhófar caiteachas €213,000 san iomlán in 2022.

Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

				2021	2020
		Soláthar measctha		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá				
	Bunaidh	315,172			
	Forlíontach	(3,072)			
			312,100	310,417	298,995
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	291,331			
	Géilleadh iarchurtha	910			
	Forlíontach	(36,928)			
			255,313	234,290	237,314
Pinsin					
A.3	Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)				
	Bunaidh	1,066,077			
	Forlíontach	19,593			
			1,085,670	1,083,119	1,048,546
Aois Oibre - Tacaí Ioncaim					
A.4	Liúntas Cuardaitheora Poist				
	Bunaidh	1,643,600			
	Forlíontach	(5,900)			
			1,637,700	1,567,383	1,656,771
A.5	Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora				
	Bunaidh	553,567			
	Forlíontach	6,853			
			560,420	561,233	564,887
A.6	Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)		13,200	12,691	13,425
A.7	Liúntas Banchéile Thréigthe		830	635	859
A.8	Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach				
	Bunaidh	112,621			
	Forlíontach	(18,241)			
			94,380	94,865	115,212
A.9	Cúnamh Feirme				
	Bunaidh	61,742			
	Forlíontach	(2,802)			
			58,940	59,030	66,414

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.10	Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha				
	Bunaidh	46,020			
	Forlíontach	(3,750)			
			42,270	43,089	41,029
A.11	Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim				
	Bunaidh	18,619			
	Forlíontach	(3,329)			
			15,290	15,322	18,076
	Covid-19 – Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime		—	—	*1,317,476*
Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta					
A.12	Clár Fostaíochta Pobail				
	Bunaidh	362,704			
	Forlíontach	(44,414)			
A.13	Scéim Shóisialta Tuaithe		318,290	320,213	340,612
	Bunaidh	52,193			
	Forlíontach	(2,653)			
			49,540	49,476	52,745
A.14	Tús				
	Bunaidh	98,776			
	Forlíontach	(16,536)			
			82,240	78,557	83,568
A.15	Tionscnamh Post		12,670	13,116	14,973
A.16	Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair				
	Bunaidh	64,821			
	Forlíontach	(35,461)			
			29,360	28,881	39,274
A.17	Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg				
	Bunaidh	2,440			
	Forlíontach	(1,860)	580	563	2,015
A.18	Liúntas chun Filleadh ar Oideachas				
	Bunaidh	96,500			
	Forlíontach	(41,410)			
			55,090	54,322	65,921

				2021	2020
		Soláthar measctha	ain	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.19	JobsPlus				
	Bunaidh	28,300			
	Forlíontach	(25,052)			
			3,248	3,315	5,376
A.20	An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla				
	Bunaidh	25,800			
	Forlíontach	(6,960)			
			18,840	18,623	18,156
A.21	Clubanna Post				
	Bunaidh	7,950			
	Forlíontach	(3,670)			
			4,280	4,198	4,452
A.22	Clár Socrúcháin Taithí Oibre				
	Bunaidh	135,700			
	Forlíontach	(134,900)			
			800	596	—
A.23	Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta				
	Bunaidh	33,800			
	Forlíontach	(21,150)			
			12,650	13,111	12,333
A.yy	Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19				
	Bunaidh	10,000			
	Forlíontach	6,100			
			16,100	16,071	2,706,962
A.zz	Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)				
	Bunaidh	2,359,000			
	Forlíontach	2,226,050			
			4,585,050	4,570,529	1,370,889
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí					
A.24	Liúntas Míchumais		1,836,909	1,828,845	1,811,854
A.25	Pinsean na nDall		12,811	12,255	12,641
A.26	Liúntas Cúramóra				
	Bunaidh	953,893			
	Forlíontach	(22,463)			
			931,430	930,556	926,352

				2021	2020
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.27	Liúntas Cúram Baile				
	Bunaidh	199,840			
	Forlíontach	3,265			
			203,105	202,445	193,104
A.28	Deontas Tacaíochta Cúramóra				
	Bunaidh	265,200			
	Forlíontach	(8,220)			
			256,980	257,223	227,543
A.29	Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais				
	Bunaidh	13,660			
	Forlíontach	(3,007)			
			10,653	10,375	13,875
A.30	Scéim Fóirdheontais Pá				
	Bunaidh	25,980			
	Forlíontach	(8,810)			
			17,170	15,900	18,356
Leanaí					
A.31	Sochar Linbh				
	Bunaidh	2,119,120			
	Forlíontach	(34,370)			
			2,084,750	2,090,446	2,102,329
A.32	Íocaíocht Teaghlaigh Oibre				
	Bunaidh	376,860			
	Forlíontach	(38,760)			
			338,100	338,407	377,312
A.33	Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair		12,560	10,248	12,978
A.34	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil		53,500	51,651	54,054
A.35	Scéim Béilí Scoile				
	Bunaidh	65,100			
	Forlíontach	(3,600)			
			61,500	58,386	53,468
A.36	Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí				
	Bunaidh	7,900			
	Forlíontach	630			
			8,530	8,462	8,186

				2021	2020
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha					
A.37	Forlíonadh Cíosa				
	Bunaidh	116,190			
	Forlíontach	7,470			
			123,660	122,962	133,090
A.38	Liúntas Tacaíochta Teileafóin		8,400	8,467	8,326
A.39	Pacáiste Sochar Teaghlaigh				
	Bunaidh	76,189			
	Forlíontach	2,860			
			79,049	84,432	77,347
A.40	Saorthaisteal		95,000	91,266	94,529
A.41	Liúntas Breosla				
	Bunaidh	186,512			
	Forlíontach	10,608			
			197,120	195,261	181,446
A.42	Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh				
	Bunaidh	62,222			
	Forlíontach	(10,032)			
			52,190	59,037	55,993
A.43	Seirbhísí Ilghnéitheacha				
	Bunaidh	20,921			
	Forlíontach	(1,121)			
			19,800	16,216	13,294
A.44	Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005				
	Bunaidh	3,764,837			
	Forlíontach	(1,174,677)			
			2,590,160	2,606,030	—
	An Coimisiún um Pá Íseal		—	—	*3*
Iomlán			**18,258,228**	**18,152,515**	**16,472,360**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €105.7 milliún níos lú ná na Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise a cuireadh ar fáil. Bhí an difríocht sin comhdhéanta de na nithe seo a leanas.

- Bhain gannchaitheamh €22.7 milliún de sin le caiteachas riaracháin. Tá míniú tugtha cheana féin ar na difríochtaí suntasacha i bhfo-mhírchinn aonair (+/-25% agus €100,000)
- Baineann gannchaitheamh €83 mhilliún le fo-mhírchinn scéime agus seirbhíse. Tá cur síos déanta thíos ar na príomhdhifríochtaí.

A.7 Liúntas Banchéile Thréigthe

Soláthar meastacháin €830,000; toradh €635,000

An gannchaitheamh €195,000, a bhí mar gheall ar an meánlíon faighteoirí (64) a bheith 20 duine níos lú ná mar a measadh (84).

A.8 Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach

Soláthar meastacháin €112.6 milliún; toradh €94.9 milliún

Bhí an gannchaitheamh €17.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon faighteoirí iarbhír (10,520) 3,031 duine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (13,551) mar gheall ar níos lú daoine a bheith ag dul i muinín íocaíochtaí liúntas bunúsach Leasa Forlíontach a d'eascair as amanna próiseála feabhsaithe ar scéimeanna príomhúla amhail Liúntas Míchumais agus Cuardaitheoirí Poist. Choigil sé sin €33 mhilliún.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí coigeartuithe iarbhír idirscéime (€22.3 milliún) a aisghabhadh ó scéimeanna príomhúla amhail Liúntas Míchumais agus cuardaitheoirí poist €12.4 milliún níos lú ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€34.7 milliún), arís mar gheall ar níos lú tréchur éileamh ar an Liúntas Bunúsach Leasa. Chosain sé sin €12.4 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhír (€213.44) agus €5.06 níos mó ná mar a measadh (€208.38). Chosain sé sin €2.9 milliún, agus bhain €700,000 de sin le híocaíocht Bhónas na Nollag, rud nach ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh.

A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha (ENP)

Soláthar meastacháin €46 mhilliún; toradh €43.1 milliún

Maoiníonn an fo-mhírcheann ENP íocaíochtaí aonuaire de chineál riachtanas eisceachtúil nó práinneach. Ar an gcúis seo, tá difríocht níos mó ann i líon agus luachanna íocaíochtaí ná mar a d'fhéadfadh duine a fheiceáil le haghaidh gnáthscéim trína ndéantar íocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla. Bhí an gannchaitheamh €2.9 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Íocaíochtaí iarbhír (51,774) a bheith níos lú ná mar a measadh (89,700). Choigil sé sin €19.5 milliún.
- Fritháiríodh é sin le meaníocaíochtaí iarbhír (€832.74) a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€513.04) mar gheall ar an dinimic athraitheach d'íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla, trína bhfuil an ghné tithíochta d'íocaíochtaí méadaithe ó 66% in 2020 go 74% d'íocaíochtaí in 2021. Chosain sé sin €16.6 milliún.

A.11 Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim

Soláthar meastacháin €18.6 milliún; toradh €15.3 milliún

Bhí an gannchaitheamh €3.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas €11.1 milliún ar Liúntais Costas Laethúil i gcomparáid le meastachán €13.1 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle ná an meán. Choigil sé sin €2 mhilliún.
- Caiteachas €4.1 milliún ar Fhorlíontaí Eile i gcomparáid le meastachán €5.3 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle. Choigil sé sin €1.2 milliún.
- Caiteachas €100,000 ar Chabhair Dhaonnúil i gcomparáid le meastachán €200,000. Choigil sé sin €100,000.

A.12 Clár Fostaíochta Pobail

Soláthar meastacháin €362.7 milliún; toradh €320.2 milliún.

Bhí an gannchaitheamh €42.5 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (19,270) 2,570 duine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó in FREV 2021 (21,840). Srianta Covid-19 ba chúis leis sin, a d'fhág go raibh sé deacair folúntais ar thograí Fostaíochta Pobail a líonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €34.1 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€255.15) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€255.34). Choigil sé sin €200,000.
- Meánluach íocaíochta iarbhír do mhaoirseoirí (€755.37) a bheith níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€824.67). Choigil sé sin €4.6 milliún.
- Cúinsí eile ba chúis le gannchaitheamh €5 mhilliún, go príomha laghdú ar chostas Pleananna Foghlama Aonair (€2.3 milliún), mar thoradh ar shrianta Covid-19 agus airleacain a eisíodh/iarmhéideanna a aisghabhadh ó chomhlachtaí forfheidhmithe (€1.8 milliún).

Frithairíodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €1.4 milliún mar gheall ar an líon iarbhír maoirseoirí (1,282) a bheith 33 dhuine níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (1,249).

A.13 Scéim Shóisialta Tuaithe

Soláthar meastacháin €52.2 milliún; toradh €49.5 milliún

Bhí an gannchaitheamh €2.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon rannpháirtithe iarbhír (3,040) a bheith 107 nduine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (3,147). Choigil sé sin €1.5 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír rannpháirtí (€258.17) níos ísle ná mar a measadh (€266.91). Choigil sé sin €1.4 milliún.

Frithairíodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon iarbhír maoirseoirí (133) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (130). Chosain sé sin €100,000 breise.
- €100,000 mar gheall ar chostais reatha neamh-phárolla a bheith níos airde.

A.14 Tús - Socrúchán Oibre Pobail

Soláthar meastacháin €98.8 milliún; toradh €78.6 milliún

Bhí an gannchaitheamh €20.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (4,620) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (5,684) mar gheall ar shrianta Covid-19, a d'fhág go raibh sé deacair folúntais ar thionscadail Tús a líonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €14.4 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta rannpháirteacha iarbhír (€252.11) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€259.79). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €1.8 milliún i gceist.
- Costais reatha neamh-phárolla a bheith níos ísle (€7.3 milliún) ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€9.5 milliún). Choigil sé sin €2.2 milliún.
- An líon maoirseoirí a bheith níos ísle (283) ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (330), agus coigilt €1.8 milliún ann.

A.16 Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair

Soláthar meastacháin €64.8 milliún; toradh €28.9 milliún

Bhí an gannchaitheamh €35.9 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon faighteoirí iarbhír (2,610) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (5,824) mar gheall ar shrianta Covid-19, a laghdaigh glacadh an Liúntais Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair in 2021. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €35.8 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€213.29) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€214.22). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €100,000 i gceist.

A.17 Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg

Soláthar meastacháin €2.4 milliún; toradh €563,000

Bhí an gannchaitheamh €1.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

D'fhág srianta Covid-19 ar feadh tréimhsí suntasacha le linn 2021 nach bhféadfaí dul i dteagmháil le fostóirí agus le cuardaitheoirí poist a thairiscint agus áiteanna a ghlacadh ar YESS.

- Gannchaitheamh €1.9 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle (40) ná mar a rinneadh soláthar dó i Meastachán 2021 (198).

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €100,000 mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta a bheith níos airde in 2021 (€271.63) ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa bhunleagan REV €236.51.

A.18 Liúntas chun Filleadh ar Oideachas (BTEA)

Soláthar meastacháin €96.5 milliún; toradh €54.3 milliún

Bhí an gannchaitheamh €42.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír thar an mbliain acadúil (5,446) níos ísle ná mar a measadh (10,860). Choigil sé sin €43.3 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€217.67) d'fhaighteoirí a íocadh i rith na bliana níos ísle ná mar a measadh (€222.95). Choigil sé sin €200,000.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír i rith an tsamhraidh (2,720) níos airde ná mar a measadh (2,400). Chosain sé sin €1.3 milliún. Mar a tharla in 2020, thug an Roinn beart a bhain le Covid-19 isteach d'fhaighteoirí BTEA in 2021, beart a rinne foráil d'fhormhór na bhfaighteoirí BTEA a bheith ag fanacht ar an scéim do mhíonna an tsamhraidh.

A.19 JobsPlus

Soláthar meastacháin €28.3 milliún; toradh €3.3 milliún

Bhí an gannchaitheamh €25 mhilliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (696) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (4,850) mar gheall ar shrianta Covid-19, a laghdaigh glacadh JobsPlus in 2021. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €24.2 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta rannpháirteacha iarbhír (€396.79) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€486.25). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €800,000 i gceist.

A.20 An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla

Soláthar meastacháin €25.8 milliún; toradh €18.6 milliún

Áiríodh leis an meastachán leithdháileadh breise €6.5 milliún chun Seirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil leathnaithe (LEAS) a sholáthar, mar chuid de Spreagadh Post Iúil 2020. Tar éis riachtanais a scóipeáil agus a shainiú, tairgeadh é seo i mí na Bealtaine 2021 le dáta cur chun feidhme in 2022 le haghaidh dhá Sheirbhís Nua Fostaíochta Poiblí ar Conradh (CPES).

Bhí an gannchaitheamh €7.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €nialas ar LEAS leathnaithe i gcomparáid le €6.5 milliún a cuireadh ar fáil sa mheastachán. Choigil sé sin €6.5 milliún.

- Bhí caiteachas iarbhír €18.6 milliún ar an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES) atá ann cheana níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€19.3 milliún). Tá sé seo amhlaidh toisc nach n-íoctar eagraíochtaí atá ar conradh chun LES a chur ar fáil ach amháin as costais a thabhaítear. Choigil sé sin €700,000.

A.21 Clubanna Post

Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €4.2 milliún

Áiríodh leis an meastachán leithdháileadh breise €2.8 milliún chun acmhainn bhreise a mhaoiniú do Chlubanna Post, mar chuid de Spreagadh Post Iúil 2020. Tar éis riachtanais a scóipeáil agus a shainiú, tairgeadh é seo i mí na Bealtaine 2021 le dáta cur chun feidhme in 2022 le haghaidh dhá Sheirbhís Nua Fostaíochta Poiblí ar Conradh (CPES).

Bhí an gannchaitheamh €3.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €nialas ar an tSeirbhís clubanna post leathnaithe i gcomparáid leis an meastachán (€2.8 milliún). Choigil sé sin €2.8 milliún.
- Caiteachas iarbhír €4.2 milliún ar an tseirbhís Clubanna Post atá ann cheana i gcomparáid leis an €5.2 milliún a cuireadh ar fáil sa mheastachán. Ba é ba chúis le coigilt €1 mhilliún ná ciorrú atreoruithe agus costais níos lú taistil agus chothaithe mar gheall ar líon níos lú duine a atreorú le duine le haghaidh teagmhála le cuardaitheoirí poist atá ann cheana.

A.22 Clár Socrúcháin Taithí Oibre

Soláthar meastacháin €135.7 milliún; toradh €596,000

Fógraíodh an Clár Taithí Socrúcháin Oibre (WPEP) mar thomhas faoi Spreagadh Post Iúil 2020 le dáta beartaithe cur i bhfeidhm do Shamhain 2020. Rinneadh soláthar sa chlár do 10,000 socrúchán taithí oibre thar shaolré na scéime do chuardaitheoirí poist le fostóirí óstacha ar feadh 6 mhí ar a laghad. Bhí WPEP ina ghné lárnach den straitéis um Bealaí chun na hOibre 2021 – 2025.

€135.7 milliún an meastachán bunaidh, €600,000 an toradh a bhí air agus gannchaitheamh €135.1 milliún mar thoradh air.

Ullmhaíodh agus tugadh chun críche an meastachán bunaidh i lár mhí Mheán Fómhair 2020 chun bonn eolais a chur faoi mheastacháin Bhuiséad 2021 a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Glacadh leis go seolfaí WPEP go luath i mí na Samhna 2020 agus ó sin go deireadh 2021 le huaslíon 10,000 rannpháirtí chomhthráthacha. Glacadh leis freisin go mbeadh an meánluach íocaíochta seachtainiúil in aghaidh an rannpháirtí cothrom le €352.42. Tá sé seo gar go leor don mheánluach íocaíochta seachtainiúil de thart ar €346 thar an gcéad 12 mhí den scéim suas go mí Iúil 2022.

Seoladh an scéim WPEP i mí Iúil 2021, agus líon na rannpháirtithe ag fáil íocaíocht ag sroicheadh 155 dhuine faoi lár mhí na Nollag 2021. I measc na gcúiseanna a bhí leis an ngannchaitheamh bhí

- Moill ar sheoladh na scéime mar gheall ar shrianta leanúnacha Covid-19.

- An soláthar i meastacháin 2021 a bheith ag ardú de réir a chéile go dtí an t-uaslíon 10,000 áit chomhthráthacha. Ba é an rún a bhí ag spreagadh Post Iúil 2020 ná soláthar a dhéanamh do 10,000 áit thar shaolré na scéime.
- Maidir le Cuardaitheoirí Poist, is é an t-eolas atá againn ná go raibh siad ag lorg fostaíochta seachas taithí oibre. Tá sé sin le feiceáil freisin ó na leibhéil arda rannpháirtíochta sa mhargadh saothair anois, agus an geilleagar athoscailte. Tá obair ag leanúint ar aghaidh ag cur feasachta ar an gclár chun cinn i measc fostóirí agus cuardaitheoirí poist.

Luaigh fostóirí roinnt cúiseanna le neamh-rannpháirtíocht leis an gclár go dtí seo:

- Brú ar oibríochtaí gnó a choinneáil nó a atosú i dtimpeallacht Covid-19;
- Teannadh an mhargaidh saothair, mar aon le laghdú sna leibhéil dífhostaíochta;
- Tosaíocht do bhaill foirne a earcú chun folúntais a líonadh in ionad socrúcháin oibre a sholáthar, agus ceanglais fhoirmiúla ann chun oiliúint a sholáthar agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcéanna.

A.23 Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta

Soláthar meastacháin €33.8 milliún; toradh €13.1 milliún

Bhain an gannchaitheamh €20.7 milliún go príomha le srianta Covid-19, a mhair níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis agus a chuaigh i bhfeidhm ar an éileamh ar dheontais tacaíochta éagsúla. Is éard a bhí ann an méid seo a leanas

- Caiteachas iarbhír €3.9 milliún ar an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta i gcomparáid leis an tsuim €15 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Cuimsíonn an scéim seo dhá ghné, iarfhaighteoirí Íocaíochta Dífhostaíochta Paindéime (PUP) a d'oscail a ngnó arís agus tacaíocht do rannpháirtithe an Liúntais Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair. Choigil sé sin €11.1 milliún.
- Caiteachas iarbhír €2 mhilliún ar an Deontas Tacaíochta Oiliúna i gcomparáid le €11.3 milliún sa mheastachán. Choigil sé sin €9.3 milliún.
- Caiteachas iarbhír €nialas ar thacaí gníomhachtaithe spriocdhírithe i gcomparáid leis an tsuim €2.5 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Ba é a bhí i gceist leis an tionscnamh seo spriocdhíriú ar na daoine dífhostaithe is faide ón margadh saothair ach níor lean sé ar aghaidh mar gheall ar dhíriú ar thosaíochtaí eile a bhaineann le Covid-19, rud a d'fhág go raibh coigilt €2.5 milliún i gceist.
- Caiteachas iarbhír €200,000 ar Oiliúint Tacaíochta Teaghlaigh i gcomparáid le meastachán €600,000. Choigil sé sin €400,000.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €4.5 milliún ar an Dreasacht Poist Pháirtaimseartha do Dhaoine Féinfhostaithe (PTJISE) i gcomparáid leis an tsuim €2.6 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Chosain sé sin €1.9 milliún agus bhí PTJISE le síneadh níos faide ná R1 2021, mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán.
- Caiteachas iarbhír €1.8 milliún ar an Dreasacht Poist Páirtaimseartha i gcomparáid leis an tsuim €1.1 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall ar an líon rannpháirtithe a bheith níos airde. Chosain sé sin €700,000.

A.yy Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19

Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €16.1 milliún

D'oibrigh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP) mar scéim éigeandála ó Mhárta 2020 go Lúnasa 2020, nuair a tháinig an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) ina háit. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a riarann an scéim SFSP, agus í á maoiniú trí Vóta na Roinne. Bhí róchaitheamh €6.1 milliún ann mar gheall ar riaráistí a bheith níos mó ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán.

A.zz Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)

Soláthar meastacháin €2,359 milliún; toradh €4,570.5 milliún

Bhí róchaitheamh €2,211.5 milliún ar EWSS in 2021. Mhaoinigh meastachán bunaidh 2021 an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. Chuir cinntí an Rialtais ina dhiaidh sin síneadh leis an scéim suas go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2022.

A.29 Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais

Soláthar meastacháin €13.7 milliún; toradh €10.4 milliún

Bhí an gannchaitheamh €3.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- laghdú €2.8 milliún ar chaiteachas ar an tSeirbhís Infhostaitheachta, dár bhain €1.5 milliún le hoiliúint agus tacaí eile a fógraíodh i mBuiséad 2021 chun feabhas a chur ar infhostaitheacht cuardaitheoirí poist faoi mhíchumas nár glacadh le linn 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19, agus an t-iarmhéid mar gheall ar chaiteachas níos ísle ar thuarastail na Seirbhíse Infhostaitheachta agus ar chostais eile.
- laghdú €400,000 ar chaiteachas ar Chumas mar gheall ar Covid-19, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha do thionscadail a mhaoinítear faoin gclár Cumas chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí míchumais.
- €100,000 mar gheall ar réimse tosca, lena n-áirítear slánú.

A.30 Scéim Fóirdheontais Pá (WSS)

Soláthar meastacháin €26 milliún; toradh €15.9 milliún

Maoiníonn an fo-mhírcheann seo WSS do dhaoine faoi mhíchumas agus don Scéim Tacaíochta Fostaíochta (ESS) atá dúnta le roinnt blianta anuas.

Bhí an gannchaitheamh €10.1 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon rannpháirtithe iarbhír WSS (1,265) 687 nduine níos ísle ná mar a measadh (1,952), agus cuireadh sos ar éilimh mar gheall ar fhostóirí rannpháirtithe a bheith ag baint leas as an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF). Coigilt €8.8 milliún a bhí mar thoradh air sin.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír do rannpháirtithe WSS (€231.66) níos ísle ná mar a measadh (€246.25). Choigil sé sin €900,000.
- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír ar an Scéim Tacaíochta Fostaíochta (39) 37 nduine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (76), mar gheall ar fhostóirí rannpháirtithe a bheith ag baint leas as SFPFS. Coigilt €300,000 a bhí mar thoradh air sin.

A.32 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre

Soláthar meastacháin €376.9 milliún; toradh €338.4 milliún

Bhí an gannchaitheamh €38.5 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An meánlíon faighteoirí iarbhír (45,880) a bheith níos lú ná mar a measadh (47,957) mar gheall ar ghlacadh níos ísle tacaí in-oibre cosúil le hÍocaíocht Teaghlaigh Oibre mar gheall ar níos lú daoine le teaghlaigh ar ioncam níos ísle a bheith i bhfostaíocht de dheasca shrianta Covid-19. Choigil sé sin €16.3 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€141.89) níos ísle ná mar a measadh (€151.01). Choigil sé sin €21.8 milliún.
- Bhí coigeartuithe iarbhír idirscéime a gearradh ar scéimeanna eile cothrom le laghdú €100,000 i gcomparáid le €300,000. Choigil sé sin €400,000.

A.33 Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair

Soláthar meastacháin €12.5 milliún; toradh €10.2 milliún

Bhí an gannchaitheamh €2.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon faighteoirí iarbhír (2,965) a bheith 826 dhuine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (3,791). Choigil sé sin €2.7 milliún.
- Frithairíodh é sin le meánluachanna íocaíochta iarbhír (€66.45) a bheith €2.78 níos airde ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€63.67). Chosain sé sin €400,000.

A.35 Scéim Béilí Scoile

Soláthar meastacháin €65.1 milliún; toradh €58.4 milliún

Dúnadh scoileanna le linn na paindéime ó mhí Eanáir 2021 ba chúis leis an ngannchaitheamh €6.7 milliún a bhí ar an Scéim Béilí Scoile in 2021. Cé go raibh maoiniú na scéime Béilí Scoile fós ar fáil ó thús deireadh, níor bhain gach scoil leas as an rogha seo. As na scoileanna a bhain leas aisti, níor thug go leor acu tacaíocht ach do leanaí na dteaghlach is leochailí ó thaobh airgeadais de.

Baineadh é seo amach den chuid is mó trí bheartáin bhia a bheith á seachadadh ag soláthraithe chuig an mbaile. Cuireadh moill ar an síneadh a bhí beartaithe ar an gclár béilí scoile te ó Eanáir 2021 go dtí Aibreán 2021 agus chuir roinnt scoileanna an síneadh siar go dtí Meán Fómhair 2021.

A.36 Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí

Soláthar meastacháin €7.9 milliún; toradh €8.5 milliún

Bhí an róchaitheamh €600,000 mar gheall ar an méid seo a leanas:

- B'ionann an caiteachas iarbhír ar Íocaíocht Neamhranníocach an Chaomhnóra (GPNC), i gcomparáid le meastachán €7.6 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí iarbhír (560) a bheith níos airde ná mar a measadh (532). Chosain sé sin €400,000
- Luachanna íocaíochta iarbhír do GPNC (€270.77) a bheith €2.90 níos airde ná mar a rinneadh dóibh sa mheastachán bunaidh (€267.87). Chosain sé sin €90,000, agus is mar gheall ar íocaíocht Bhónas na Nollag nach ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh atá sé.
- Caiteachas iarbhír €450,000 ar Dheontas do Thuismitheoir ar Baintreach é nó í i gcomparáid le meastachán €360,000. Chosain sé sin €90,000.

A.37 Forlíonadh Cíosa

Soláthar meastacháin €116.2 milliún; toradh €123 mhilliún

Bhí an róchaitheamh €6.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon faighteoirí iarbhír (18,320) a bheith níos airde ná mar a measadh (17,690). Chosain sé sin €4.1 milliún.
- Meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhír (€129.21) a bheith níos airde ná mar a measadh (€126.31). Chosain sé sin €2.8 breise milliún.

Frithairíodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €100,000 i níos lú coigeartuithe ná próifílithe.

A.39 Pacáiste Sochar Teaghlaigh

Soláthar meastacháin €76.2 milliún; toradh €84.4 milliún

Bhí an róchaitheamh €8.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon teaghlach a fuair Liúntas Leictreachais a maoiníodh ó Vóta 37 (125,825) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (123,952). Chosain sé sin €800,000.
- Bhí meánluach íocaíochta míosúil don Liúntas Leictreachais a maoiníodh ó Vóta 37 (€38.67) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€35.00). Chosain sé sin €5.5 milliún.
- Bhí meánluach íocaíochta míosúil don Liúntas Gáis a maoiníodh ó Vóta 37 (€39.98) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€35). Chosain sé sin €700,000.
- Bhí an líon ceadúnas teilifíse saor in aisce a maoiníodh ó Vóta 37 (139,543) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (129,625). Chosain sé sin €1.5 milliún.

Frithairíodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí meánlíon na dteaghlach a fuair Liúntas Gáis a maoiníodh ó Vóta 37 (11,666) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (11,857). Choigil sé sin €100,000.
- Bhí meánchostas ceadúnais teilifíse saor in aisce a maoiníodh ó Vóta 37 (€146.53) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán. Choigil sé sin €200,000.

A.42 Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Soláthar meastacháin €62.2 milliún; toradh €59 milliún

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh ná an tionchar a bhí ag Covid-19 ar sheirbhísí faoi stiúir éilimh amhail Abhaile, MABS, MABS, DMA MABS, SFS agus tuilleadh gannchaithimh ar TFC.

A.43 Seirbhísí Ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €20.9 milliún; toradh €16.2 milliún

Bhí an gannchaitheamh €4.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Ní raibh aon chaiteachas ann ar an bhFóirdheontas don Údarás Pinsean i gcomparáid leis an tsuim €3 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall nach ndeachaigh tionscadail a beartaíodh faoi raon feidhme an leithdháilte ar aghaidh. Choigil sé sin €3 mhilliún.
- Caiteachas iarbhír €6.3 milliún ar Chúnamh Bia do na Daoine is Díothaí i gcomparáid leis an tsuim €8 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall ar shrianta a thabhaigh eagraíochtaí comhpháirtíochta agus iad ag rolladh amach seirbhísí mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.44 Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

Soláthar meastacháin €3,764.8 milliún; toradh €2,606 milliún

Go traidisiúnta, maoiníodh caiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) ar bhonn tríphártí – le ranníocaíochtaí ón Státchiste, nuair is gá, fostóirí agus fostaithe/daoine féinfhostaithe. Go dlíthiúil, is é an Státchiste maoinitheoir iarmharach ranníocaíochtaí CÁS agus ba iad ranníocaíochtaí ón Státchiste an caighdeán le breis agus 40 bliain ó 1952 go 1997. Thaifead CÁS farasbarr gach bliain idir 1998 agus 2007 agus ó 2016 go 2019. Thaifead sé easnamh gach bliain ó 2008 go 2015 agus in 2020 agus 2021.

Maoiníonn an fo-mhírcheann seo an t-easnamh ar CÁS nuair a sháraíonn caiteachas ioncam agus nuair nach leor an farasbarr carntha ó bhlianta roimhe sin chun caiteachas a mhaoiniú.

Bhí an gannchaitheamh €1,158.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí ioncam iarbhír CÁS (€11,839.4 milliún) €709.8 milliún níos mó ná mar a measadh (€11,129.6 milliún) mar gheall ar fháltais ÁSPC a bheith níos airde ó níos mó daoine ag an obair. Choigil sé sin €709.8 milliún.

- Bhí caiteachas iarbhír CÁS (€14,870.9 milliún) agus €473.7 milliún níos lú ná mar a measadh (€15,344.6 milliún). Choigil sé sin €473.7 milliún. Áiríodh iad seo a leanas leis na scéimeanna ar a raibh caiteachas níos ísle:
    - Sochar Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine Féinfhostaithe (€1,230.7 milliún) mar gheall nár aistríodh ó Íocaíochtaí Dífhostaíochta Paindéime (PUP) chuig cuardaitheoirí poist tar éis mhí an Mheithimh 2021 mar gheall ar shíneadh PUP.
    - Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta (€31.2 milliún).
    - Sochar Breoiteachta (€63.2 milliún) mar gheall ar níos lú daoine ag an obair.
    - €25.3 milliún níos lú mar gheall ar réimse tosca fritháirimh.

    Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

    - Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (€695.5 milliún) mar gheall ar shíneadh scéime níos faide ná Meitheamh 2021.
    - Maoiniú bhónas na Nollag a íoc le faighteoirí scéimeanna ciste árachais shóisialaigh (€181.4 milliún).

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an farasbarr leasaithe a tugadh ar aghaidh ó 2020 (€425.4 milliún) €24.7 milliún níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€450.1 milliún). Chosain sé sin €24.7 milliún.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37				
1	Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh	126,400	145,930	121,980
Leithreasaí-i-gcabhair: eile				
2	Aisghabhálacha cúnaimh shóisialaigh a ró-íocadh			
	Bunaidh	47,500		
	Forlíontach	(550)		
		46,950	47,504	49,071
3	Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisaialach			
	Bunaidh	4,000		
	Forlíontach	(560)		
		3,440	3,323	5,698
4	Fáltais faoin bhforáil ‘dliteanas chun teaghlach a chothabháil’ i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005			
	Bunaidh	300		
	Forlíontach	90		
		390	394	332
5	Fáltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin			
	Bunaidh	340		
	Forlíontach	130		
		470	462	253
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	Bunaidh	7,030		
	Forlíontach	140		
		7,170	7,103	6,820

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
7	Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa				
	Bunaidh	7,100			
	Forlíontach	(2,100)			
			5,000	5,000	17
8	Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)				
	Bunaidh	10,200			
	Forlíontach	(7,400)			
			2,800	5,061	4,538
9	Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne				
	Bunaidh	600			
	Forlíontach	80			
			680	686	582
10	Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha		—	—	156
11	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine		5,000	5,000	3,216
12	Fáltais ó Chiste Domhandaithe na hEorpa		—	—	—
13	Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais				
	Bunaidh	1,800			
	Forlíontach	250			
			2,050	2,220	1,923
14	Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí				
	Bunaidh	4,800			
	Forlíontach	(4,340)			
			460	3,928	5,235
15	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	1,000			
	Forlíontach	(500)			
			500	11,370	1,720

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
16	Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil le haghaidh éileamh in 2020				
	Bunaidh	80,000			
	Forlíontach	92,200			
			172,200	174,705	—
17	Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta in 2021 ar éilimh in 2020				
	Bunaidh	1,000			
	Forlíontach	19,300			
			20,300	20,291	—
	Iomlán		**393,810**	**432,977**	**201,541**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €39.2 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Measta €126.4 milliún; réadaithe €145.9 milliún

Déantar san fho-mhírcheann seo soláthar chun costais a thabhaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí le linn scéimeanna a mhaoinítear ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a riar a aisghabháil. Tá na fáltais bhreise go príomha mar gheall ar chostas iomlán na ndeimhnithe leighis a íoctar le dochtúirí maidir le Sochar Breoiteachta, Sochar Díobhála agus Sochar Páirt-acmhainne a gearradh ar dtús ar Vóta 37 Riarachán atá á aisghabháil anois ó CÁS.

3 Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialach

Measta €4 mhilliún; réadaithe €3.3 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun Aisghabháil Cúnaimh Shóisialaigh ó CÁS a thaifeadadh nuair a dhéantar coigeartú idirscéime tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Is féidir le fáltais a bheith éagsúil go mór ó mhí go mí. Mar shampla, cuimsíonn sé custaiméirí ar íocadh an íocaíocht Liúntas bunúsach Leasa Forlíontach (SWA) (a mhaoinítear ó Vóta 37) leo agus iad ag fanacht le cinneadh maidir lena n-éileamh ar Shochar Breoiteachta (IB), Pinsean Easláine (IP) nó Pinsean Stáit - Ranníocach (SPC). Ina dhiaidh sin, aisghabhtar suim na liúntas bunúsach a íocadh ó CÁS nuair a chinntear a n-éileamh IB, IP nó SPC. Nuair a dhéantar an cinneadh i mbliain níos déanaí ná an bhliain inar tharla an íocaíocht, taifeadtar an téarnamh ó CÁS mar ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo.

Is féidir le fáltais a bheith éagsúil go mór ó mhí go mí, idir €44,000 agus beagnach €800,000 sa mhí in 2021.

5 Fáltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin

Measta €340,000; réadaithe €462,000

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais a thaifeadadh le haghaidh deimhnithe Breithe, Báis agus Pósta arna soláthar go díreach ag an bPríomh-Oifig Chlárúcháin. Bhí fáltais ag laghdú gach bliain ó bheagnach €700,000 in 2010 go dtí €253,000 in 2020. In 2021, tháinig an chéad mhéadú ar fháltais le roinnt blianta anuas agus ba é an líon ab airde é ó 2016 é (€423,000).

7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa

Measta €7.1 milliún; réadaithe €5 milliún

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine chun cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a throid, rud a fhágann go bhfuil lucht saothair na hEorpa níos feistithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua.

Ardleibhéal, táscach, a rinneadh roimh anailís níos mionsonraithe ar an éileamh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ba ea an meastachán bunaidh €7.1 milliún. Fuarthas €5 mhilliún, dár bhain €2 mhilliún leis an Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair (BTWEA) agus dár bhain €3 mhilliún le JobsPlus. Coinníodh iarmhéid €600,000 ar feitheamh iniúchadh deiridh ar scéimeanna BTWEA agus JobsPlus ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Táthar ag súil leis an tsuim eile sin in 2022.

8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)

Measta €10.2 milliún; réadaithe €5.1 milliún

Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna maidir le hoiliúint a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe ar scéimeanna tacaíochta fostaíochta éagsúla arna maoiniú ag an Roinn. Bhí fáltais €5.1 milliún níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an méid seo a leanas:

- laghdú €1.0 milliún ar an tsuim a fuarthas le haghaidh oiliúint a chur ar rannpháirtithe Fostaíochta Pobail mar gheall ar níos lú oiliúna a cuireadh ar fáil de bharr shrianta Covid-19. €3.2 milliún a réadaíodh i gcomparáid leis an tsuim €4.2 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.
- laghdú €4.2 milliún ar an tsuim a aisghabhadh maidir leis an Deontas Tacaíochta Oiliúna mar gheall ar an nglacadh leis an Deontas Tacaíochta Oiliúna a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. €1.8 milliún a réadaíodh i gcomparáid leis an tsuim €6 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.
- Frithláireamh é sin le fáltais €100,000 le haghaidh oiliúint a chur ar rannpháirtithe an Chláir Taithí Áit Oibre (WPEP) nuair nár cuireadh aon soláthar ar fáil dó sin sa mheastachán.

13 Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais

Measta €1.8 milliún; réadaithe €2.2 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais ó dhámhachtainí cúitimh árachais a thaifeadadh maidir le faighteoirí Liúntas Míchumais.

Is féidir le fáltais athrú ó mhí go mí, le toradh in aon mhí ag brath ar shuíonna cúirte. In 2021, bhí fáltais mhíosúla idir €100,000 agus beagnach €300,000 sa mhí.

14 Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí

Measta €4.8 milliún; réadaithe €3.9 milliún

Tacaíonn an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) le gníomhartha thíortha AE chun cabhair ábhartha (lena n-áirítear bia agus éadaí) a sholáthar do na daoine is díothaí. Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais ó chiste FEAD. Bhí na fáltais níos ísle in 2021, den chuid is mó mar gheall ar mhaoiniú €700,000 a fháil go luath i mí na Nollag 2020, rud a rabhthas ag súil leis i Ráithe 1 2021 tráth an mheastacháin.

15 Ilghnéitheach

Measta €1 milliún; réadaithe €11.4 milliún

Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais a bhfuil a luach beag nó nach raibh súil leo nuair a ullmhaíodh an meastachán. I measc na bhfáltas in 2021 bhí:

- €7.8 milliún mar gheall ar fharasbarr a ghéilleadh arna charnadh ag cuideachtaí seachadta seirbhíse BFS.
- €2.7 milliún mar gheall ar ró-íocaíocht a bhaineann le 2020 a aisghabháil ó Bus Éireann Expressway.
- €400,000 a bhaineann le seiceanna cealaithe.
- fáltas €400,000 ó chlár AE um Chiste Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI) maidir leis an tionscadal Gníomhachtaithe Tuismitheoirí Aonair.
- €100,000 ó réimse míreanna níos lú.

16 Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil le haghaidh éileamh in 2020

Measta €80 milliún; réadaithe €174.7 milliún

Taifeadann an fo-mhírcheann seo aisghabháil ró-íocaíochtaí ó fhostóirí a bhaineann leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim agus leanann sé athbhreithniú ar éilimh SFSP ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí fáltais idir €1.9 milliún agus €34.6 milliún in aghaidh na míosa.

17 Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta in 2021 ar éilimh in 2020

Measta €1 milliún; réadaithe €20.3 milliún

Déantar san fho-mhírcheann seo soláthar chun ró-íocaíochtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim a aisghabháil ó fhostóirí a bhaineann leis an scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF). Tháinig SFPF in ionad SFSP ó Mheán Fómhair 2020. Meastachán sealadach a bhí sa mheastachán €1 mhilliún, ós rud é go raibh an scéim ina céimeanna luatha. Bhain aisghabháil ró-íocaíochtaí €20.3 milliún le héilimh 2020.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1	6
Airgead coinsiasa	2	10
Costais finnéithe	1	1
Fíneálacha an Údaráis Pinsean	—	—
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(3)	(16)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1**	**1**

4.3 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a aisghabháil

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. [a]

Seo a leanas an seasamh achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa arna mbainistiú ag LAF ag an 31 Nollaig 2021:

		2021 Toradh		2020 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 1 Eanáir 2021		390,894		381,195
Coigeartú [b]		28		(4)
Iarmhéid tosaigh coigeartaithe ag an 1 Eanáir 2021		390,922		381,191
Glan-ró-íocaíochtaí a taifeadadh				
Calaois amhrasta	15,464		17,829	
Earráid éilitheora	33,652		31,452	
Earráid oifigiúil	1,058		918	
Cásanna eastáit	22,016		25,826	
		72,190		76,025
		463,112		457,216
Lúide:				
Suimeanna a aisghabhadh [c]	(51,179)		(56,604)	
Coigeartú na n-aisghabhálacha [d]	237		432	
		(50,942)		(56,172)
Fiachas na bliana roimhe a cuireadh ar ceal [e]		(5,118)		(5,254)
Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála [f]		(27,878)		(4,896)
Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 31 Nollaig [g]		**379,174**		**390,894**

Nótaí

[a] Is é réimse na scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhála fiachais a eascraíonn as comhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó leibhéal seirbhíse le haonáin chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna amhail Sochair Chóireála agus Fostaíocht Phobail, agus níl siad luaite anseo. B'ionann an aisghabháil iomlán do na scéimeanna sin in 2021 agus €660,000.

In 2021, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus ní thuairiscítear anseo iad. Déantar aisghabhálacha €79.9 milliún do ró-íocaíochtaí 2021 a ghlanadh as caiteachas scéim SFPF 2021.

[b] Is é is aidhm don choigeartú iarmhéid tosaigh ná an t-iarmhéid tuairiscithe a thabhairt i gcomhréir leis an liosta féichiúnaithe tosaigh ag an 1 Eanáir 2021.

[c] Déantar anailís ar an tsuim fiachais a aisghabhadh in 2021 mar a leanas:
(a) €46.6 milliún a cuireadh suas chuig ioncam i leith fiachas blianta roimhe sin
(b) €4.6 milliún a cuireadh suas in aghaidh caiteachais i leith fhiachas na bliana reatha.

[d] Baineann coigeartú €237,000 le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2021.

[e] Is ionann fiachas na bliana roimhe sin a cuireadh ar ceal agus ar fiú €5.1 milliún é agus ró-íocaíochtaí a bailíodh i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2021.

[f] Le linn 2021, chuir an Roinn tionscadal i gcrích chun cásanna aonair d'fhiachas níos sine a dhíscríobh a measadh a bheith do-aimsithe. Bhí sé sin sa bhreis ar dhíscríobh leanúnach i ngnáthchúrsaí gnó. Iarradh ceadú sonrach agus fuarthas é ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tionscadal seo faoinar díscríobhadh 9,595 chás ar fad a raibh luach €27.2 milliún orthu le linn 2021. (Vóta: €23.7 milliún; CÁS: €3.5 milliún). Ní raibh a mhacasamhail de thionscadal ann in 2020 ach díscríobhadh fiachas €4.9 milliún i ngnáthchúrsaí gnó. San áireamh sa tsuim dhíscríofa iomlán €27.9 milliún, tá fiachas a díscríobhadh do 715 custaiméir ag a raibh fiachais aonair níos mó ná €10,000, agus suim iomlán €19.8 milliún a díscríobh.

[g] I gcomhréir leis an scéim PUP atá á cur ar bhonn reachtúil scoite, a mhaoinítear ó CÁS, taifeadtar gníomhaíocht ró-íocaíochta PUP i CÁS.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Roinn	6435	6,402
Gníomhaireachtaí [a]	153	157
	6,588	**6,559**

Nóta [a] An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	307,723	297,019
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,096	1,025
Liúntais eile	1,587	348
Ragobair	3,080	4,097
ÁSPC an fhostóra	22,499	20,743
Pá iomlán	**335,985**	**323,232**

Luach saothair fhoireann na Roinne

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas do ghnéithe pá d'fho-mhírchinn A.1 (i), A.2 (viii) agus A.2 (ix).

	2021 €000	2020 €000
Pá	297,989	288,422
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,015	914
Liúntais eile	1,587	348
Ragobair	3,078	4,097
ÁSPC an fhostóra	21,507	19,858
Pá iomlán	**325,176**	**313,639**

Luach saothair foirne gníomhaireachta

	2021 €000	2020 €000
Pá	9,734	8,597
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	81	110
Liúntais eile	—	—
Ragobair	2	1
ÁSPC an fhostóra	992	885
Pá Iomlán	**10,809**	**9,593**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	368	19	26,456	21,445
Liúntais eile	369	25	59,158	12,719
Ragobair	1,465	46	18,534	22,513
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	262	76	28,129	11,224
Foireann ghníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	13	2	17,488	17,839
Ragobair	2	—	1,228	733

5.4 Socruithe luach saothair eile

B'ionann costas na foirne a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2021 agus €708,899 maidir le 12 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais sin a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2021 €000	2020 €000
Ró-íocaíochtaí	504	1,946	1,970
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	237	934	1,023

Rinneadh 32 dhuine aonair a raibh pleananna aisghabhála dar luach €40,436 i bhfeidhm ina leith a aistriú chuig ranna eile sa bhliain.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2021, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €12,268 le beirt bhall foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht. Níor íocadh aon scaoilíocaíochtaí ar bith.

5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ighnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag					Iomlán 2021	Iomlán 2020
	fostaithe		daoine den phobal				
	Díobhálacha pearsanta [a]	Sárú ar pholasaithe AD/fostaíochta	Díobhálacha pearsanta [c]	Scéimeanna na Roinne [d]	Eile [e]		
Líon na gcásanna	22	2	8	5	14	51	498
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne féin	287	—	65	—	13	365	188
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a íocadh thar a ceann							
Cúiteamh	306	12	1	—	—	319	3,856
Costais dlí	36	77	—	196	238	547	649
Costais eile	7	—	—	—	—	7	—
Iomlán 2021	**636**	**89**	**66**	**196**	**251**	**1,238**	**4,693**
Iomlán 2020	291	15	183	4,126	78	4,693	

Nótaí

[a] Cásanna iomlána 22. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €10 agus €112,269.

[b] Cásanna iomlána 2. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €12,360 agus €76,743.

[c] Cásanna iomlána 8. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €53 agus €50,183.

[d] Cásanna iomlána 5. B'ionann an íocaíocht aonair is mó agus €169,161. Íocadh suim €3.539 milliún (439 gcás) le marthanóirí Neachtlanna Maighdilíneacha le linn 2021 (€3.566 milliún (458 gcás) in 2020). Ní raibh caingne dlí a rinneadh i gcoinne na Roinne i gceist le híocaíochtaí le marthanóirí Neachtlanna Maighdilíneacha agus tá siad eisiata ó fhigiúirí 2021.

[e] Cásanna iomlána 14. Bhí costais iomlána aonair sa raon idir €3,551 agus €66,163. Baineann 10 gcás le costais dlí le páirtithe eile. Baineann 2 chás le cinneadh ó chláraitheoir ceannfoirt (SR). Baineann na costais eile le Comhairleoir Dlí atá faoi chonradh ag an Roinn.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021

	Éilimh ag					
	fostaithe		daoine den phobal			Iomlán
	Díobhálacha pearsanta	Sárú ar pholasaithe AD/ fostaíochta	Díobhálacha pearsanta	Scéimeanna na Roinne	Eile	
Líon na gcásanna	8	2	2	5	12	29
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	298	—	3	—	—	301
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann						
Cúiteamh	36	17	—	—	—	53
Costais dlí	233	77	—	196	238	744
Costais eile	2	—	—	—	—	2
Iomlán 2021	**569**	**94**	**3**	**196**	**238**	**1,100**

6.2 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírchinn A.1 agus A.42 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá á gcómhaoiniú ag AE. Taifeadtar meastacháin agus fáltais iarbhír i Nóta 4.1, fo-mhírchinn 7, 14 agus 15.

Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:	Measta	2021 Réadaithe	2020 Réadaithe
	€000	€000	€000
Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta	5000	5,000	17
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí	460	3,928	5,235
Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI)	—	374	—

Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) treoir airgeadais an Aontais Eorpaigh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean ESF cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a throid, chun go mbeidh lucht saothair agus comhlachtaí na hEorpa níos feistithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus chun cosc a chur ar dhaoine teagmháil a chailleadh leis an margadh saothair. Bhí Clár Oibríochta PEIL ESF ar siúl ó 2014 go 2020 agus ba é ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh é chun na críche sin. In 2021, fuarthas €3 milliún agus €2 milliún ó ESF do scéimeanna JobsPlus agus Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair na Roinne faoi seach le haghaidh caiteachais le linn thréimhse PEIL. Is é an clár comharba ESF do PEIL ná Clár Oibríochta ESF+, agus beidh sé seo ar siúl ó 2021 go 2027.

An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí

Fuarthas maoiniú €3.9 milliún ó AE i ndáil leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), rud a thacaíonn le gníomhartha thíortha AE chun cúnamh ábhartha (lena n-áirítear bia agus éadaí) a sholáthar do na daoine is díothaí. Tá caiteachas €26 mhilliún tabhaithe in oibriú an chláir seo suas go Nollaig 2021. Cuireann an tAontas maoiniú ar fáil do bhallstáit a thagann leis an maoiniú seo, faoi réir íosmhéid 15%. Tá caiteachas incháilithe go dtí an 31 Nollaig 2023.

Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta

Is ionstraim mhaoinithe ar leibhéal AE é an clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI) chun ardleibhéal fostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a chur chun cinn, chun coimirce shóisialach leordhóthanach agus réasúnach a ráthú, chun eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac agus chun dálaí oibre a fheabhsú. D'oibrigh an Roinn lenár gcomhghleacaithe leasa shóisialaigh sa Ghréig agus san Fhionlainn (agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha sna trí thír rannpháirteacha) chun tionscadal darb ainm "Lone Parents Digital Activation" a reáchtáil le cómhaoiniú ó AE faoin mbeart EASI. Is é €1,245,926.97 (80% de bhuiséad foriomlán an tionscadail) uasmhéid deontais AE don tionscadal agus clúdaíonn sé seo tréimhse cur chun feidhme tionscadail 30 mí ó mhí na Samhna 2021 go dtí Aibreán 2024. Tá RCS ag soláthar €105,000 mar chómhaoiniú, le suimeanna cómhaoinithe den chineál céanna ón bhFionlainn agus ón nGréig. Fuarthas an tráinse tosaigh €373,778 ó EASI i mí na Nollag 2021. Leanfaidh tuilleadh tráinsí ag na pointí 12 mhí, 24 mhí agus 30 mí (íocaíocht chothromaithe deiridh).

6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2021 €000	2020 €000
Íocaíochtaí úis	**8**	**12**

6.4 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas €1.2 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas in 2021 a tugadh anonn go 2022.

	€000
Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:	
A.2 (v) Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	820
A.2 (vi) Costais áitribh oifige	380
	1,200

Aguisín A An Roinn Coimirce Sóisialaí – Achoimre ar Chaiteachas Cláir

	2021 €milliún	2020 €milliún
Vóta 37		
Ollchaiteachas	**18,152**	**16,472**
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(545)	(536)
Fóirdheontas CÁS	(2,606)	—
Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	(59)	(56)
Seirbhísí ilghnéitheacha agus deontais don Choimisiún um Pá Íseal	(6)	(4)
Caiteachas scéime Vóta 37 (A)	**14,936**	**15,876**
An Ciste Árachais Shóisialaigh		
Ollchaiteachas	**15,668**	**14,823**
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(244)	(221)
Tobhach Náisiúnta Oiliúna	(797)	(717)
Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)	**14,627**	**13,885**
Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)	**29,563**	**29,761**

Miondealú ar chaiteachas scéime

Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire	2021 €milliún	2020 €milliún
Pinsin		
Pinsean Stáit (Ranníocach)	6,186	5,835
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	1,083	1,049
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	1,651	1,586
Deontas Méala	—	—
Iomlán	**8,920**	**8,470**
Aois Oibre - Tacaí Ioncaim		
Liúntas Cuardaitheora Poist	1,567	1,657
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	561	565
Sochar Cuardaitheora Poist	336	416
Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	25	48
Sochar Máithreachais	267	258
Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtála	50	19
Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach	95	115
Cúnamh Feirme	59	66
Sochar Banchéile Thréigthe	64	68
Aois Oibre Eile - Tacaí Ioncaim	15	18
Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha	43	41
Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	116	92
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	13	14
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	1
Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19	4,019	4,979
Iomlán	**7,231**	**8,357**
Íocaíochtaí Forlíontacha		
Liúntas Cíosa	—	—
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD)	6	5
Neachtlanna Maighdilíneacha agus Íocaíochtaí i leith Institiúidí eile	4	4
Forlíonadh Cíosa	123	133
Pacáiste Sochar Teaghlaigh	274	263
Liúntas Tacaíochta Teileafóin	18	18
Liúntas Breosla	316	290
Saorthaisteal	91	95
Iomlán	**832**	**808**

Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta		
Clár Fostaíochta Pobail	320	341
Liúntas chun Filleadh ar Oideachas	54	66
Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair	29	39
TÚS – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail	79	84
JobsPlus	3	5
Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta	13	12
Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige/Socrúchán Oibre	1	2
Scéim Shóisialta Tuaithe	50	53
Tionscnamh Post	13	15
Scéim Fostaíochta Áitiúla	19	18
Clubanna Post	4	4
Sochar Cumais Pháirtigh	25	25
Fóirdheontas Pá Covid-19	16	2,707
Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta	4,571	1,371
Iomlán	**5,197**	**4,742**
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí		
Liúntas Míchumais	1,829	1,812
Sochar Breoiteachta	677	650
Pinsean Easláine	730	760
Íocaíocht Cúramóra	978	975
Deontas Tacaíochta Cúramóra	257	228
Liúntas Cúramóra Baile	202	193
Scéim Fóirdheontais Pá	16	18
Sochar Míthreorach	70	70
Pinsean na nDall	12	13
Sochar Báis	10	10
Sochar Díobhála agus Cúram Leighis	11	12
Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais	10	14
Iomlán	**4,802**	**4,755**
Leanaí		
Sochar Linbh	2,090	2,102
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	338	377
Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair	10	13
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil	52	54
Béilí Scoile	58	53
íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí	33	30
Iomlán	**2,581**	**2,629**
Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir	**29,563**	**29,761**

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ar dháta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Ciste Árachais Shóisialaigh	2020	22 MF 2021	22 MF 2021	7 DF 2021
An tÚdarás Pinsean	2021	24 Meith 2022	28 Meith 2022	—
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	2020	20 Nollaig 2021	21 Nollaig 2021	30 Már 2022

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 38

Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus ar sheirbhísí áirithe eile a thug an Oifig sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €394.234 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Athruithe ar struchtúr an Vóta

Ullmhaíodh an cuntas de réir an Mheastacháin Athbhreithnithe don tSláinte, 2021.

Cuireadh dhá fho-mhírcheann nua leis chun costais Covid-19 na Roinne in 2021 a chur i gcuntas. Bunaíodh fo-mhírcheann B.4 chun costais a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde Covid-19 a chumhdach. Bunaíodh fo-mhírcheann E.5 chun tionscnaimh éagsúla Covid-19 a mhaoiniú, lena n-áirítear coraintín éigeantach in óstán, deimhnithe vacsaínithe Covid-19 agus foirmeacha aimsithe paisinéirí.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Íocaíochtaí le FSS

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar a leibhéil chaiteachais cheadaithe amach. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2021 agus €21.339 billiún (2020: €20.475 billiún). Tugtar cuntas air sin ar fud 14 fho-mhírcheann — gach fo-mhírcheann ó I go M.4, cé is moite d'fho-mhírcheann M.1, a bhain le caiteachas caipitil de chuid gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a sholáthraíonn feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte (e.g., acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn den timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn sí a neartú in 2022.

Cibirionsaí

I ndiaidh cibirionsaithe i mí na Bealtaine 2021, d'iarr an Roinn ar a sainchomhairleoirí slándála feabhas a chur ar na bearta slándála agus athbhreithniú iomlán á dhéanamh ar an teagmhas agus ar an mbonneagar. Cuireadh seirbhís choisctheach, monatóireachta, braite agus freagartha a bhíonn i mbun oibre 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, i bhfeidhm chun córais a chosaint trí mhonatóireacht uathoibríoch agus monatóireacht de láimh. Trí bhogearraí braite agus freagartha sínte a úsáid, soláthraítear anailís fíor-ama a mbíonn seirbhísí imscrúdaitheacha mar chúltaca leo agus, más gá, soláthraítear seirbhísí freagartha agus leasúcháin. Cabhróidh sé sin le fadhbanna a chosc trí fhógra agus freagra luath a thabhairt, agus tá sé i gcomhréir le cleachtas reatha an tionscail. Cuireadh le feasacht agus oiliúint na foirne maidir le saincheisteanna cibearshlándála agus cuirfidh an Roinn clár feasachta éigeantach ar chibearshlándáil i bhfeidhm go luath chun clár oibre leanúnach um chibearshlándáil a fhorbairt agus a sheachadadh, i gcomhréir le beartais na Roinne, lena soláthrófar ábhar tráthúil spéisiúil chun feasacht ar an gcibearshlándáil a chur chun cinn agus chun cultúr dea-chleachtais a neartú.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go mbíonn díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. In 2021, níor lean an Roinn na gnáthphróisis iomaíocha um sholáthar conarthaí i gcás 26 chonradh arbh fhiú €34.767 milliún iad. Áirítear leo sin dhá chonradh freagartha Covid-19 ar leith arbh fhiú €30.123 milliún san iomlán iad. Airítear leis na mionsonraí a leagtar amach thíos conradh amháin ar bhain caiteachas neamhiomaíoch agus caiteachas iomaíoch leis.

- Agus í ina treoir-Roinn sa fhreagairt do phaindéim Covid-19, bhí ardleibhéal neamhghnách caiteachais neamhiomaíoch i gceist in 2021. Dámhadh/mionathraíodh trí chonradh déag ar fiú €33,331,403 san iomlán iad mar thoradh díreach ar cheanglais phráinneacha Covid-19.
- Bhain €907,573 le sé chonradh a soláthraíodh ó chonraitheoirí de dheasca práinne.
- Bhain €188,262 le dhá chonradh a mhionathraíodh mar thoradh ar oibreacha breise riachtanacha nárbh fhéidir a áireamh sa bhunphróiseas soláthair.
- Bhain €115,942 le dhá chonradh le haghaidh bogearraí dílsithe a ceannaíodh ó sholáthraí aonair na dtáirgí sin.

- Bhain €93,974 le conradh i ndáil le tacaíocht leanúnach bogearraí i gcás nach mbeadh sna himpleachtaí costais agus sna hamlínte chun pacáiste nua a fhorbairt luach ar airgead don Státchiste.

Measadh nár chomhlíon trí chonradh arbh fhiú €130,107 iad na treoirlínte soláthair ar an mbonn seo a leanas.

- Bhain €26,016 le conradh monatóireachta meán a cuireadh amach chun tairisceana roimhe sin ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Meastar an tseirbhís sin a bheith riachtanach chun an gá leanúnach um monatóireacht meán a éascú i ndáil leis an staid athraitheach sláinte poiblí, de réir mar a thuairiscítear í sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé ar intinn ag an Roinn tabhairt faoi chleachtadh soláthair chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá leis an tseirbhís seo amach anseo.
- Bhain €63,735 le seirbhísí dearaidh ghrafaigh agus bhain an chuid ba mhó den chaiteachas sin le próisis soláthair um 'iarratas ar luachan'. Tugadh faoi chomórtas tairisceana nua in R4 2021 agus tá críoch curtha le creat maidir le soláthar seirbhísí dearaidh ghrafaigh.
- Bhain €40,356 le seirbhísí físléiriúcháin a úsáidtear go minic. Sa chuid is mó den bhliain, déanann seirbhís inmheánach freastal ar an riachtanas sin. Tá sé ar intinn ag an Roinn tairiscintí a lorg don tseirbhís chúltaca seo in 2022.

Tá an Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soláthair neamhchomhlíontaigh. Tá an Roinn i mbun a beartas agus a nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair a neartú agus tugtar tuairiscí chun dáta don fhoireann ar fad chuige sin. I gcás gur cuí, baineann an Roinn leas as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht é feabhas a chur ar phróisis reatha bhainistíochta conarthaí agus tá siad á gur i bhfeidhm go hinmheánach i láthair na huaire. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú agus í ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. I measc na mbeart a glacadh in 2021 chun an fheidhm a neartú chun na cúinsí ina bhfeidhmíonn an Roinn, cúinsí a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí, a léiriú, méadaíodh líon na gcoibhéisí lánaimseartha agus ceadaíodh samhail comhfhoinsithe. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Déanann an Roinn riosca a bhainistiú trína hOifig Oibríochtaí Corparáideacha féin, le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre Riosca ina bhfuil ionadaithe ó réimsí éagsúla ar fud na Roinne. Cuirfidh an Oifig Oibríochtaí Corparáideacha tuarascálacha faoi bhráid Fhochoiste Rialachais Inmheánaigh nuabhunaithe an Bhoird Bainistíochta ar bhonn Rialta, ar fochoiste é a thugann comhairle agus dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus láidreacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Roinne.

Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn ar mholtaí a tháinig as athbhreithniú seachtrach a rinneadh ar bhainistíocht riosca in 2020, lena n-áirítear a clár rioscaí corparáideacha a fhorbairt, ráiteas inghlacthachta riosca a dhréachtú agus oiliúint foirne a chur ar fáil chun a chinntiú go gcuirtear clár rioscaí i gcrích de réir caighdeán comhsheasmhach. Cuireadh cur chun feidhme roinnt moltaí ar sos de dheasca phaindéim Covid-19 agus de dheasca athruithe struchtúrtha laistigh den Roinn; táthar ag súil, áfach, go dtabharfar aghaidh ar an gcuid is mó díobh in 2022.

Rialachas san earnáil sláinte

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2021 bunaithe ar an g*Cód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, agus iad faoi stiúir ag leibhéal an Phríomhoifigigh, le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord agus Cathaoirleach gach Boird, freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce go príomha

- leis an reachtaíocht bhunúsach lenar bunaíodh an comhlacht, agus
- leis na ceanglais atá leagtha amach i *gCód Cleachtais* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin *gCód Cleachtais* athbhreithnithe, bhí comhaontuithe formhaoirseachta agus comhaontuithe soláthair feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne amhail an 31 Nollaig 2021, seachas FSS agus Chumann Cógaiseoirí na hÉireann. Díríonn an cur chuige sin ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. Comhaontaíodh agus ceadaíodh plean náisiúnta seirbhíse FSS do 2022 i mí Feabhra 2022 agus níl ach an comhaontú maoirseachta fós le comhaontú ag an bpointe sin.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, leanann FSS le plean seirbhíse náisiúnta a ullmhú gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean sin. Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus tionóltar cruinnithe míosúla ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó éiritheacha agus bearta a chinneadh chun feabhas a chur ar réimsí imní.

Maidir leis na comhlachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, foráiltear le reachtaíocht, i bhformhór na gcásanna, do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna sin, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Lean paindéim Covid-19 ar aghaidh in 2021. Cumhdaíodh riachtanais mhaoiniúcháin sa phróiseas meastachán agus ní raibh aon ghá le maoiniú breise/forlíontach in 2021.

Leis na struchtúir reatha formhaoirseachta idir an Roinn Sláinte, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear grúpa maoirseachta an bhuiséid sláinte, mar aon le struchtúir agus próisis nua, leanadh le cinnteoireacht thráthúil a éascú le linn na paindéime agus cinntíodh gur coinníodh ardchaighdeáin rialachais ar siúl ag an am céanna.

Thuairiscigh FSS don Roinn gach seachtain maidir leis an gcaiteachas measta neamhchaipitil agus caipitil a bhain le Covid-19 a tabhaíodh go dtí sin. Sna tuarascálacha sin, mionsonraíodh an caiteachas a tabhaíodh i ngach réimse chomh maith le meastachán ar na costais a bhaineann le tionchar indíreach na paindéime, amhail cailleadh ioncaim.

Ar mhaithe le comhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile arís i rith 2021. Ionas gur féidir a chinntiú go leantar ar aghaidh le hobair riachtanach na Roinne, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile trí nasc slán chuig gréasán príobháideach fíorúil. Leasaíodh rialuithe airgeadais chun na himthosca athraithe ina raibh an Roinn ag feidhmiú le linn 2020 agus 2021 a léiriú.

Cuireadh Iniúchadh Inmheánach dar teideal '*Iniúchadh ar rialuithe airgeadais an Aonaid Cuntasaíochta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 agus ar oibriú ón mbaile*' i gcrích in 2021 agus tugadh rátáil dearbhaithe 'substaintiúil' ag an deireadh.

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 38 Sláinte

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála

I gCaibidil 12 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tagraítear do thionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála a rinneadh i mí na Bealtaine 2021 ar chórais áirithe TFC, lena n-áirítear iad sin de chuid na Roinne Sláinte agus de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 38 mar chuid den scrúdú sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 38 Sláinte

Cuntas Leithreasa 2021

Seirbhís			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1	Tuarastail, pá agus liúntais	44,800	44,916	36,117
A.2	Taisteal agus cothú	275	112	194
A.3	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	3,304	3,127	2,649
A.4	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	180	143	158
A.5	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	2,541	2,706	1,850
A.6	Costais áitribh oifige	972	654	624
A.7	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	2,000	371	456
Deontais				
B.1	Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile	46,450	40,952	40,756
B.2	Ciste Éire Shláintiúil	22,450	10,401	6,609
B.3	Tionscnamh Drugaí	16,928	5,395	6,729
B.4	Gníomhaíocht Taighde COVID-19	5,000	4,998	—
Seirbhísí eile				
C	Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile	2,700	3,192	1,968
D	Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha	10,465	11,155	9,363
E.1	Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha	98,744	81,505	91,862
E.2	An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia	5,691	5,343	5,341
E.3	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	100,022	100,000	80,000
E.4	INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann	5,300	1,686	3,013
E.5	Gníomhartha COVID-19	45,000	56,061	—

Seirbhís			2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Seirbhísí eile (ar lean)					
F.1	Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde		495	402	380
F.2	Íocaíochtaí i leith daoine a maíonn go ndearna vacsaíniú dochar dóibh		1	—	—
F.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002		18,900	10,923	9,245
F.4	Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002		2,100	2,434	1,229
G	Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí cúram sláinte		1,150	1,395	2,611
H	Sláintecare		22,600	8,390	21,540
Riarachán corparáideach					
I	Glanchostais phinsin		590,610	583,250	517,520
Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS					
J.1	FSS (forbairtí seirbhísí san áireamh)		13,217,386	12,477,781	11,697,124
J.2	FSS – Gníomhartha COVID-19		1,666,000	2,193,152	2,351,156
Seirbhísí eile FSS					
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		4,513	376	1,879
K.2	Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006		1,700	—	150
K.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais		1,000	252	1,686
K.4	Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát		410,000	465,136	377,452

Seirbhís				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
K.5	Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)		2,700	204	997
Clár cúraim					
L.1	Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil		3,516,000	3,433,301	3,238,400
L.2	Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - gníomhartha Covid-19		10,000	17,672	140,031
L.3	Cúram cónaithe fadtéarmach		1,044,230	1,017,600	998,146
Seirbhísí caipitil					
M.1	Deontais maidir le tógáil, trealmhú (lena n-áirítear TFC)		14,527	13,346	12,466
M.2	Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú				
	Soláthar meastacháin	783,000			
	Géilleadh iarchurtha	68,174			
			851,174	749,855	607,726
M.3	Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte		255,000	245,500	221,996
M.4	Gníomhartha caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC)		155,000	155,000	320,566
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	22,129,734			
	Géilleadh iarchurtha	68,174			
			22,197,908	**21,748,684**	**20,809,989**
	Lúide				
N	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**432,770**	**481,780**	**487,723**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	21,696,964			
	Géilleadh iarchurtha	68,174			
			21,765,138	**21,266,904**	**20,322,266**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €104 mhilliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil d'fho-mhírcheann M.2 agus M.3 ar aghaidh go dtí 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	498,233,827	119,933,743
Géilleadh iarchurtha	(104,000,000)	(68,174,000)
Farasbarr le géilleadh	**394,233,827**	**51,759,743**

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Caiteachas ar riarachán na Roinne		52,028	42,048
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		21,696,656	20,767,941
Ollchaiteachas		**21,748,684**	**20,809,989**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**481,780**	**487,723**
Glanchaiteachas		**21,266,904**	**20,322,266**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(11)		
Dímheas	33	22	(46)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	154		
Laghdú ar stoc	4	158	(1,022)
Caiteachas díreach		**21,267,084**	**20,321,198**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		20,439	19,288
Glanchostas an chláir		**21,287,523**	**20,340,486**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile. Is measatacháin iad na figiúirí thíos atá bunaithe ar fhigiúirí sealadacha toraidh arna gcur ar fáil ag an Rannóg Seirbhísí Lárnacha sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1,214	50
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	11,259	10,800
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	7,508	8,031
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	72	62
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	105	83
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		281	262
		20,439	**19,288**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	74	79
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	94,800	51,654
Stoic	2.3	14	18
Réamhíocaíochtaí	2.4	858	2,036
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	18,033	14,675
Ioncam fabhraithe		127	102
Sócmhainní reatha iomlána		**113,832**	**68,485**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	916	1,915
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	3,477	2,644
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	109,356	63,685
Dliteanais iomlána reatha		**113,749**	**68,244**
Glansócmhainní reatha		83	241
Glansócmhainní		**157**	**320**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe Stáit	2.9	**157**	**320**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000
Ollsócmhainní		
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	113	113
Breiseanna	11	11
Coigeartuithe [a]	59	59
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	183	183
Dímheas carntha		
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	34	34
Dímheas don bhliain	33	33
Coigeartuithe [a]	42	42
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	109	109
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**74**	**74**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**79**	**79**

Nóta [a] Is ann don choigeartú seo mar thoradh ar bhogearraí áirithe TF a bheith á mbaint go mícheart den chlár sócmhainní in 2020.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	94,800	51,579
Iarmhéideanna cuntais bainc eile	—	75
	94,800	**51,654**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	10	12
Tomhaltáin TF	4	6
	14	**18**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Ciste Éire Shláintiúil	764	1,330
Ciste lánpháirtíochta Sláintecare	—	620
Réamhíocaíochtaí eile	94	86
	858	**2,036**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	19	—
Caiteachas scéime pas taistil in-fhorchúitithe	57	41
An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a]	16,911	13,561
Míreanna dochair eile ar fionraí	1,046	1,073
	18,033	**14,675**

Nóta [a] Faoi réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanann fo-mhírcheann F.3 íocaíochtaí le Cuntas Speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002, agus déanann fo-mhírcheann F.4 íocaíochtaí le Ciste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais freagrach as an gCuntas Speisialta agus as an gCiste Cúitimh.

Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte.

Léiríonn an t-iarmhéid ag deireadh na bliana na costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse agus nár forchúitíodh maoiniú ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh ina leith go fóill.

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Costais riaracháin	394	658
Táillí dlí	286	630
Ciste Éire Shláintiúil	163	9
An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte	—	612
Fabhruithe eile	73	6
	916	**1,915**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	613	560
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	388	334
Muirear sóisialach uilíoch //tobhach ioncaim	119	114
Cáin mhaoine áitiúil	2	2
Cáin bhreisluacha	65	54
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	70	100
	1,257	1,164
Cuntas speisialta RISF	—	50
Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí	45	239
Maoiniú ó AE	1,724	898
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	451	293
	3,477	**2,644**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	394,234	51,760
Géilleadh iarchurtha	104,000	68,174
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(388,878)	(56,249)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**109,356**	**63,685**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	94,800	51,654
Iarmhéideanna dochair: fionraí	18,033	14,675
	112,833	66,329
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,257)	(1,164)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(2,220)	(1,480)
	(3,477)	(2,644)
	109,356	**63,685**

2.9 An cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			320	43
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	21,765,138		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(104,000)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(394,234)		
Vóta glan			21,266,904	20,322,266
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		20,439	19,288
Caiteachas neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil			17	(791)
Glanchostas an chláir	1		(21,287,523)	(20,340,486)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**157**	**320**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a fháil	2,371	2,007
Cláir deontas neamhchaipitil	16,782	19,148[a]
Cláir deontas caipitil	47,641	25,721
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**66,794**	**46,876[a]**

b) Cláir deontas neamhchaipitil

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	19,148	30,530
Deontais a íocadh sa bhliain	(15,858)	(27,691)
Ceangaltais nua deontais	16,588	19,147[a]
Deontais a cuireadh ar ceal	(3,096)	(2,838)[a]
Iarmhéid deiridh	**16,782**	**19,148[a]**

Nóta [a] Athluaitear figiúr 2020 de dheasca earráid a tugadh faoi deara agus ceangaltas á ríomh.

c) Cláir deontas caipitil

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	25,721	32,909
Deontais a íocadh sa bhliain	(10,001)	(9,574)
Ceangaltais nua deontais	33,273	2,409
Deontais a cuireadh ar ceal	(1,352)	(23)
Iarmhéid deiridh	**47,641**	**25,721**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

2.12 Iarmhéid FSS

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Dliteanas tosaigh ag an 1 Eanáir	—	(53,990)
Cinneadh	(21,627,500)	(19,451,541)
Deontais a eisíodh	21,334,052	19,451,541
Barrachas na bliana roimhe sin a cuireadh i bhfeidhm	268,117	53,990
Dliteanas deiridh ag an 31 Nollaig	(25,331)	—
Deontas a iarchuireadh [a]	24,377	—
Iarmhéid glan le FSS	**(954)**	**—**

Nóta [a] I measc na ndeontas a eisíodh chuig FSS bhí €24.377 milliún i maoiniú aonuaire ar leith a sholáthair an tAire i mí na Nollag 2021 i leith seirbhísí Meabhair-Shláinte (€7.9 milliún), seirbhísí Míchumais (€6.4 milliún) agus Seirbhísí um Chúram Maolaitheach (€10 milliún). Chaith FSS leis sin mar ioncam iarchurtha ina ráitis airgeadais.

Aistríodh maoiniú deontais ab fhiú €21,334 mhilliún chuig FSS le linn 2021 chun a riachtanais láithreach airgid a chomhlíonadh. Bhí sé sin €293.448 milliún níos lú ná an glanmhéid cinntiúcháin do 2021. Nochtar i ráitis airgeadais FSS le haghaidh 2020 barrachas €200.7 milliún ar a chuntas ioncaim agus caiteachais neamhchaipitil agus barrachas €67.4 milliún ar a chuntas ioncaim agus caiteachais caipitil. I mí Feabhra 2022, d'ordaigh an tAire, de bhun alt 33 den Acht Sláinte 2004 (arna leasú), gur cheart gach barrachas a chur i bhfeidhm i leith dhliteanas an Státchiste do FSS do 2021.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais ina raibh an toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírcheann riaracháin áirithe). Íocadh an róchaitheamh ar roinnt fo-mhírcheann trí aistriú coigilteas ar fho-mhírchinn eile.

Caiteachas riaracháin

A.2 Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €275,000; toradh €112,000

Tharla an gannchaiteamh €163,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú mar thoradh ar riachtanais laghdaithe taistil de dheasca phaindéim Covid-19.

A.6 Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €972,000; toradh €654,000

Tharla an gannchaiteamh €318,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige mar gheall ar chostais chóiríochta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr socruithe cianoibre a bheith i bhfeidhm ar feadh an chuid is mó de 2021.

A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais

Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €371,000

Tharla an gannchaitheamh €1.629 milliún ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairleoireachta mar gheall ar mhoilleanna ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal a cheadú de dheasca leithdháileadh acmhainní mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Deontais do ghníomhaireachtaí

B.1 Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile

Soláthar meastacháin €46.45 milliún; toradh €40.952 milliún

Tharla an gannchaitheamh €5.498 milliún den chuid is mó de dheasca thionchar phaindéim Covid-19 ar sheirbhísí/cláir arna n-eagrú ag gníomhaireachtaí amhail an Chlárlann Náisiúnta Ailse, an Coiste Náisiúnta um Eitic Thaighde, Taighde ar Árais Máithreacha is Leanaí agus TILDA.

B.2 Éire Shláintiúil

Soláthar meastacháin €22.45 milliún; toradh €10.401 milliún

Tharla an gannchaitheamh €12.049 milliún toisc go ndearnadh maoiniú €7.7 milliún a bhí le caitheamh ar phobail shláintiúla agus ar chúrsaí lachta a phríomhshruthú. Mar thoradh air sin, tá €7.7 milliún le haistriú chuig fo-mhírcheann J.1. Baineann an difríocht atá fós i gceist le moilleanna uainíochta de dheasca phaindéim Covid-19.

B.3 Tionscnamh drugaí

Soláthar meastacháin €16.928 milliún; toradh €5.395 milliún

Tharla an gannchaitheamh €11.533 milliún toisc nach rabhthas in ann roinnt tionscnamh taighde a chur ar aghaidh de dheasca shrianta Covid-19. Áiríodh €9.262 milliún sa mheastachán le haghaidh tionscnaimh de chuid FSS maidir le handúil, le hionchuimsitheacht shóisialta agus le paindéim Covid-19, agus aistreofar €8.3 milliún de go fo-mhírchinn J.1 agus J.2.

C Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí Idirnáisiúnta eile

Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €3.192 milliún

Tharla an róchaitheamh €492,000 go príomha toisc nár íocadh ballraíocht gníomhaireachta 2020 go dtí mí Feabhra 2021.

D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €10.465 milliún; toradh €11.155 milliún

Tharla an róchaitheamh €690,000 go príomha mar thoradh ar uainiú éisteachtaí cúirte de dheasca phaindéim Covid-19.

E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha

Soláthar meastacháin €98.744 milliún; toradh €81.505 milliún

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Chuir ráig Covid-19 i dtús 2021 isteach go mór ar na seirbhísí/cláir arna reáchtáil ag roinnt gníomhaireachtaí agus cuireadh moill ar riachtanais mhaoiniúcháin dá bharr. Bhí gannchaitheamh mór i gceist ar fud na heagraíochtaí seo a leanas: an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil; an Coimisiún Meabhair-Shláinte; an Tascfhórsa um Shláinte Ban; Tionscnaimh um Shábháilteacht Othar; agus an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagthástáil.

E.4 INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann

Soláthar meastacháin €5.3 milliún; toradh €1.686 milliún

Lorgaíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a dhéantar le tionscadail faoin scéim seo. Bhí an caiteachas €3.614 milliún níos lú ná an meastachán mar thoradh ar uainiú na n-iarratas ar an maoiniú tionscadail.

E.5 Gníomhartha Covid-19

Soláthar meastacháin €45 mhilliún; toradh €56.061 milliún

Bhain an róchaitheamh le costais oibríochta a bheith níos airde ná mar a bhí tuartha le haghaidh chláir an coraintín éigeantaigh in óstán. Tá oll-íocaíochtaí €35.044 milliún cláraithe agus tá na fáltais ghaolmhara €11.435 milliún ó rannpháirtithe cláraithe faoi fháltais ilghnéitheacha i leithreasaí-i-gcabhair.

F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002

Soláthar meastacháin €18.9 milliún; toradh €10.923 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais de €7.977 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc go raibh líon agus luach na ndámhachtainí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002

Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €2.434 milliún

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-íocfar suimeanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. In 2020, bhí moilleanna ann ar shuíonna an Bhinse de dheasca phaindéim Covid-19 agus bhí líon agus luach na ndámhachtainí ag an mbinse níos lú ná mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad don bhliain sin. Mar thoradh air sin, bhí íocaíochtaí ón gciste cúitimh €334,000 níos airde ná an buiséad do 2021 de réir agus a tháinig íocaíochtaí suas le dáta.

G Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte

Soláthar meastacháin €1.15 milliún; toradh €1.395 milliún

Tharla an róchaitheamh €245,000 de dheasca caiteachas Covid-19 a bheith níos airde ná mar a bhí beartaithe.

H Sláintecare

Soláthar meastacháin €22.6 milliún; toradh €8.390 milliún

Tharla an gannchaitheamh i Sláintecare toisc go raibh na híocaíochtaí le haghaidh comhairleoireachta níos lú ná mar a bhí tuartha, toisc go raibh moill i gceist le babhta 1 de dheasca phaindéim Covid-19 agus de bharr uainíocht bhabhta 2 de Sláintecare i ndiaidh athruithe in oifig Chlár Sláintecare sa dara leath de 2021. Cuirfear tús le babhta 2 anois in 2022.

Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS

J.1 FSS (Forbairtí Seirbhíse san áireamh)

Soláthar meastacháin €13,217.386 milliún; toradh €12,477.781 milliún

Tharla an laghdú €739.605 milliún go príomha mar thoradh ar chúlchistí láidre airgid thirim FSS. Tá sé beartaithe go n-aistreofar coigilteas i bhfo-mhírcheann J.1 go fo-mhírcheann J.2 chun róchaithimh sna fo-mhírchinn a bhaineann le Covid-19 a fhritháireamh.

J.2 Gníomhartha FSS i leith COVID -19

Soláthar meastacháin €1,666 mhilliún; toradh €2,193.152 milliún

Tharla an méadú €527 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur bhain costas riachtanais maoiniúcháin a bhí níos airde ná mar a bhí beartaithe le clár vacsaínithe Covid-19 (€264 mhilliún) agus le tástáil agus rianú (€171 mhilliún). Baineann an difríocht eile le caitheamh a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar ospidéil phríobháideacha, ar chostais lia-chleachtóirí agus ar an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh.

Seirbhísí eile FSS

K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)

Soláthar meastacháin €4.513 milliún; toradh €376,000

Tharla an t-easnamh caiteachais de €4.137 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár íocadh na deontais go dtí gur comhlíonadh coinníollacha an deontais. Tharla moilleanna de dheasca ceanglas faisnéise atá fós amuigh.

K.2 Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006

Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €nialas

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €1.7 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo a bheith de chineál a d'fhág go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má bhíonn ceisteanna le réiteach sa phróiseas físoraithe agus, dá bhrí sin, féadfar uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, caithfidh an Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san fho-mhírcheann ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais

Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €252,000

Tharla an laghdú caiteachais €748,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur próiseas garbhreithiúnach é seo atá bunaithe ar éilimh a taisceadh agus bíonn éagsúlacht mhór ann i nádúr na n-éileamh agus na híocaíochtaí ó bhliain go bliain.

K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Soláthar meastacháin €410 milliún; toradh €465.136 milliún

Tharla an róchaitheamh €55.136 milliún go príomha mar thoradh ar uainiú éisteachtaí cúirte in 2021.

K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)

Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €204,000

Bhí an caiteachas sa réimse seo €2.496 milliún níos lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire mar cuireadh tionscadail siar mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar acmhainní.

Clár cúraim

L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - Gníomhartha Covid-19

Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €17.672 milliún

Bhí caiteachas €7.672 milliún níos airde ná an meastachán mar thoradh ar an maoiniú méadaithe a bhí ag teastáil ó lia-chleachtóirí chun clinic tiomnaithe riospráide a reáchtáil ina gcleachtais le haghaidh othar a bhfuil diagnóis deimhnithe nó dóchúil Covid-19 orthu.

Seirbhísí caipitil

M.1 Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)

Soláthar meastacháin €14.527 milliún; toradh €13.346 milliún

Tharla an gannchaitheamh €1.181 milliún toisc nár tabhaíodh an caiteachas a rabhthas ag súil leis in 2021 i leith gníomhaireachtaí nach FSS iad.

M.2 Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú

Soláthar meastacháin €851.174 milliún; toradh €749.855 milliún

Tharla an gannchaitheamh €101.319 milliún de dheasca roinnt imthosca, lena n-áirítear tionchar phaindéim Covid-19 (a chuir isteach ar rochtain ar shuíomhanna i dtimpeallachtaí sláinte beo), cúrsaí shlabhra an tsoláthair, agus moilleanna uainíochta ó thaobh tionscadal a chur ar aghaidh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil	245,000	270,000	270,000
2	Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac	167,605	167,605	167,605
3	Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh	2,450	4,609	5,807
4	Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh	2,450	2,283	3,126
5	Fáltais ilghnéitheacha	4,300	32,179	24,615
6	Cuntais dhíomhaoine	2,700	350	11,247
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	4,015	3,831	3,510
8	Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE.	4,250	923	1,813
9	Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	—	—	—
	Iomlán	**432,770**	**481,780**	**487,723**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhír seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €49.01 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

1 Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil

Meastachán: €245 mhilliún; réadaithe €270 milliún

B'ionann an tsuim a gnóthaíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh agus €25 mhilliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar an tsuim a fhaightear a chaibidliú le linn na bliana agus ní bhítear cinnte faoi cén tsuim a gheofar sula ndéanfar idirbheartaíocht le linn na bliana.

3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Meastachán: €2.45 milliún; réadaithe €4.609 milliún

Tharla an méadú de €2.159 milliún toisc go raibh sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí oftalmacha a thuar. Tá moill ama i gceist le hinfhaighteacht faisnéise ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

4 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Meastachán: €2.45 milliún; réadaithe €2.283 milliún

Tharla an méadú de €167,000 toisc go raibh sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí fiaclóireachta a thuar. Tá moill ama i gceist le hinfhaighteacht faisnéise ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

5 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán: €4.3 milliún; réadaithe €32.179 milliún

Tharla an méadú €27.879 milliún go príomha mar thoradh ar fháltais ó choraintín éigeantach in óstán agus fáltas ó Chiste Dlúthpháirtíochta Éigeandála Sláinte i mí na Nollag 2021. Mar chuid de na fáltais ilghnéitheacha freisin, bhí aistrithe cistí nár úsáideadh ó chuntas fionraí maoinithe fionraí an Aontais Eorpaigh, fáltais i ndáil le táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus táillí saorála faisnéise.

6 Cuntais dhíomhaoine

Meastachán: €2.7 milliún; réadaithe €350,000

Bhí na fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin €2.35 milliún níos lú ná an meastachán mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhain le huainiú caiteachais i leith tionscadal a ceadaíodh le haghaidh cistiúcháin faoi phleananna gníomhaíochta chiste na gcuntas díomhaoin do 2016, 2017 agus 2018.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €4.015 milliún; réadaithe €3.831 milliún

Bhí an tsuim a fuarthas ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais €184,000 níos lú ná an tsuim a measadh de bharr laghdú sna ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE

Meastachán: €4.25 milliún; réadaithe €923,000

B'ionann agus €3.327 milliún níos lú ná mar a bhíothas súil leis na fáltais a fuarthas maidir le Cláir Speisialta AE mar thoradh ar chineál an chláir INTERREG, a fhágann go bhfuil sé deacair uainiú na bhfáltas seo a thuar.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	53	48
Aistriú chuig an Státchiste	(53)	(48)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Roinn	673	596
Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	85,508	81,192
Fostaithe (Alt 38) seirbhísí deonacha géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine	46,815	44,982
Gníomhaireachtaí eile [a]	1,868	1,787
Líon foirne ag deireadh na bliana	**134,864**	**128,557**

Nóta [a] Cuimsíonn 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht a oibríonn faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021 €000	2020 €000
Pá	41,041	34,346
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	284	257
Liúntais eile	5	11
Ragobair	182	255
ÁSPC an Fhostóra	3,404	2,624
Pá iomlán	**44,916**	**37,493**

Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

	2021 €000	2020 €000
Pá	4,330,114	4,074,480
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	526,645	488,601
Riaráistí	21,052	44,240
Ragobair	240,339	210,830
ÁSPC an Fhostóra	507,363	471,299
Aoisliúntas	811,377	766,704
Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	6,436,890	6,056,154
Costais foirne gníomhaireachta	568,450	390,098
Pá iomlán [a]	**7,005,340**	**6,446,252**

Nóta [a] Ní chuimsíonn na costais phá thuas costais fostaithe san earnáil dheonach.

Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]

	2021 €000	2020 €000
Pá	65,531	60,047
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	126	150
Liúntais eile	114	123
Ragobair	38	12
ÁSPC an Fhostóra	6,764	6,173
Pá iomlán	**72,573**	**66,505**

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	An líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	46	13	22,002	22,029
Liúntais eile	9	—	2,166	1,878
Ragobair	52	5	17,611	23,399
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	4	4	22,264	20,918
Foireann gníomhaireachtaí eile [a]				
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	43	5	14,648	28,625
Liúntais eile	20	—	6,394	11,436
Ragobair	30	—	8,903	2,906
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	—	2,960	3,445

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Níor athfhostaíodh aon iar-státseirbhíseach ar bhonn tuarastail in 2021.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €62,613 maidir le beirt oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2021 nó ar feadh tréimhse le linn 2021 agus a raibh a dtuarastal á íoc ag an Roinn.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	An líon faighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	21	35,450	54,712
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	17,089	16,025

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba ionann agus €294,920 olltuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta (€183,882 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra shocraithe	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2021	Caiteachas in 2021	Caiteachas in 2020
		€000	€000	€000
Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara)	2017	6,014	964	1,376
Binse CervicalCheck	2020	2,342	495	1,847
Fiosrúchán Scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck	2018	2,181	—	190
		10,537	**1,459**	**3,413**

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Muirearaítear caiteachas an Choimisiúin ar Fho-mhírcheann D - fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais dlí ilghnéitheacha.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse um CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi Alt 4 den Acht fán mBinse um CervicalCheck 2019, a chuireann tuarascáil an Bhreithimh Onóraigh Charles Meenan i bhfeidhm maidir le *Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Éiríonn as CervicalCheck*. Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe chuig an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020, rud a d'éascaigh an Binse tús a chur lena chuid oibre. Muirearaítear caiteachas an Bhinse ar Fho-mhírcheann D freisin.

Íocadh an íocaíocht dheireanach maidir leis an bhfiosrúchán scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck in 2020.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh a rinne daoine den phobal	Iomlán 2021	Iomlán 2020
Líon na gcásanna	60	60	13
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	1,314	1,314	1,816
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	7,327	7,327	575
Costais dlí	486	486	2,341
Costais eile	228	228	—
Iomlán 2021	**9,355**	**9,355**	**4,732**
Iomlán 2020	4,732	4,732	

6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éilimh obstatraice sonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ag an 31 Nollaig 2021, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.947 milliún (2020: €4.95 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fo-mhírcheann		2021 Measatachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	4,513	376	1,879
		4,513	**376**	**1,879**

6.5 Maoiniú AE

Déanann an tAontas Eorpach cómhaoiniú ar chaiteachas faoi fho-mhírcheann E.4.

6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

	2021 €000	2020 €000
Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh	**22**	**6**

6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €104 mhilliún i gcaiteachas caipitil in 2021 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go dtí 2022.

		€000
Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:		
M.2	Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú	94,500
M.3	Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte	9,500
		104,000

6.8 Coraintín éigeantach in óstán

Tugadh isteach coraintín éigeantach in óstán mar bheart eisceachtúil sláinte poiblí chun an riosca go dtiocfadh athraithigh Covid-19 ar díol imní iad isteach sa tír a íoslaghdú ar eagla go ndéanfaí an tseirbhís sláinte a phlúchadh agus an bonn a bhaint den chlár náisiúnta vacsaínithe.

In 2021, b'ionann na híocaíochtaí a rinneadh i leith coraintín éigeantach in óstán agus €35.044 milliún agus tá siad cláraithe faoi fho-mhírcheann E.5, gníomhartha Covid-19. Taifeadadh fáltais €11.435 milliún i leith íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn Sláinte faoi fháltais ilghnéitheacha i leithreasaí-i-gcabhair sna cuntais.

Bunaíodh próiseas iarchurtha íocaíochtaí le haghaidh daoine i gcruachás airgeadais agus bhí taistealaithe in ann údarú a lorg ó ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann thar lear chun an íocaíocht a iarchur roimh dóibh taisteal, nó é a lorg ó Oifigeach Idirchaidrimh Stáit iad tar éis an tsaoráid ainmnithe a shroicheadh. I gcás gur deonaíodh údarú don taistealaí chun an íocaíocht a iarchur, bhí siad in ann iarratas a dhéanamh ar an Aire ina dhiaidh sin chun díolúine a fháil ón oibleagáid na táillí a íoc. Fuair 125 dhuine díolúine.

Nuair a cuireadh stop le coraintín éigeantach in óstán, coinníodh foireann bheag sa Roinn chun leibhéal an fhiachais fós amuigh a ríomh, chun iarchuir íocaíochta a phróiseáil agus chun córas a chur i bhfeidhm chun airgead dlite a aisghabháil. Tá an fhoireann tar éis teagmháil a dhéanamh le 1,400 duine a bhain leas as iarchuir, ag lorg íocaíocht uathu agus ag próiseáil iarratais ar dhíolúintí nuair a fhaightear iad. Tá an próiseas comhaontaithe curtha i gcrích anois agus táthar tar éis airgead tirim dar luach €42,596 a aisghabháil agus díolúintí dar luach €89,070 a dheonú.

Amhail an 16 Feabhra 2022, ní raibh thart ar 800 duine tar éis dul i dteagmháil leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochtaí agus is ionann an fiachas atá fós amuigh agus €928,797.

Cé go ndearnadh obair shuntasach, ba mhó ar fad an costas a bhain leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochtaí a oibriú ná an tsuim airgid a fuarthas ar ais.

Tá an Roinn tar éis scrúdú a dhéanamh ar roghanna éagsúla, lena n-áirítear foireann thiomnaithe a choinneáil leis an iarmhéid atá fós amuigh a lorg, ach ní dócha go léiríonn sé sin luach ar airgead don Roinn. Ar an mbonn seo, tá sé beartaithe ag an Roinn ceadú a lorg chun an tsuim sin a dhíscríobh go bunúsach.

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Ospidéal Beaumont [a]	2019	14 Bealtaine 2020	27 Bealtaine 2020	19 Meitheamh 2020
Sláinte Leanaí Éireann [a]	2020	21 Nollaig 2021	21 Eanáir 2022	—
Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath	2020	5 Samhain 2021	17 Samhain 2021	24 Eanáir 2022
Ospidéal San Séamas	2020	22 Samhain 2021	16 Nollaig 2021	10 Eanáir 2022
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	2020	2 Nollaig 2021	13 Nollaig 2021	14 Eanáir 2022
Bord Forbartha an Ospidéil Péidiatraice Náisiúnta	2020	30 Samhain 2021	6 Nollaig 2021	20 Nollaig 2021
An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia	2020	30 Meitheamh 2021	14 Iúil 2021	26 Iúil 2021
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	2020	29 Meitheamh 2021	21 Iúil 2021	23 Lúnasa 2021
Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia	2020	20 D. Fómhair 2021	24 Samhain 2021	15 Nollaig 2021
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	2020	28 Aibreán 2021	10 Bealtaine 2021	27 Bealtaine 2021
An Bord Taighde Sláinte	2020	3 Nollaig 2021	10 Nollaig 2021	31 Eanáir 2022
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2020	28 Bealtaine 2021	10 Meitheamh 2021	1 Iúil 2021
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)	2020	16 M. Fómhair 2021	14 Deireadh Fómhair 2021	22 Deireadh Fómhair 2021
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	2020	25 Meitheamh 2021	6 Iúil 2021	29 Iúil 2021
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	2020	29 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	4 Lúnasa 2021

Comhlacht/Ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Coimisiún Meabhair-Shláinte	2020	29 Meitheamh 2021	2 Iúil 2021	26 Iúil 2021
An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse	2020	25 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	22 Iúil 2021
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	2020	30 Meitheamh 2021	27 Iúil 2021	20 Lúnasa 2021
An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil	2020	22 Nollaig 2021	14 Eanáir 2022	4 Márta 2022
An tÚdarás Árachais Sláinte	2020	30 Meitheamh 2021	5 Lúnasa 2021	25 Lúnasa 2021
An Ciste um Chothromú Fiontar	2020	30 Meitheamh 2021	5 Lúnasa 2021	25 Lúnasa 2021
Comhairle Fiaclóireachta [b]	2020	15 Nollaig 2021	20 Nollaig 2021	24 Eanáir 2022
An Bord Altranais agus Cnáimhseachais [a]	2020	20 Nollaig 2021	18 Eanáir 2022	—
Comhairle na nDochtúirí Leighis	2020	17 Bealtaine 2021	5 Lúnasa 2021	16 Lúnasa 2021
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b]	2020	25 Márta 2021	31 Márta 2021	18 Meitheamh 2021
Maoin Phríobháideach Othar Comhdhlúite	2020	30 Samhain 2021	2 Nollaig 2021	18 Eanáir 2022
An Scéim Aisíoca Sláinte (Ciste Deonacháin)	2020	29 Samhain 2021	2 Nollaig 2021	18 Eanáir 2022
Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte	2020	29 Samhain 2021	2 Nollaig 2021	18 Eanáir 2022
Scéim Árachais – Hep C	2020	29 Samhain 2021	6 Nollaig 2021	20 Nollaig 2021

Nótaí

[a] Tá comhlacht amháin ag feitheamh go gcuirfear iniúchadh bliantúil reachtúil 2020 i gcrích agus tá socruithe á ndéanamh anois go gcuirfear na cuntais eile faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 39

An Oifig um Sholáthar Rialtais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2021 amach as leithreasaí 2020 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha arna mbunú le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear farasbarr €1.761 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Is de réir méid cothrom a ghearrtar dímheas.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhíse comhroinnte (e.g., Acmhainní Daonna).

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do theipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus do ghníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 39.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.
- cinntíonn an oifig go mbíonn fócas iomchuí ann ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go mbítear ag cloí leis na treoirlínte bainteacha go léir, lena n-áirítear na ceanglais atá leagtha amach i gciorclán 40/2002.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt or na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí roimh an Oifig agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhartha a bheidh ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus ar na freagrachtaí i leith fheidhmiú na rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistíocht agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i dtaca le 2021 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus is iad seo a leanas na torthaí:

- Cuireadh ar chumas gach baill foirne obair go cianda le linn na paindéime agus bhíothas in ann leanúint go réidh d'oibríochtaí ar fud na bliana. Fuarthas réiteach ríomhshínithe, rud a d'fhág go rabhthas in ann síniú digiteach a chur le creat-chomhaontuithe, le conarthaí agus le doiciméid eile.
- D'eisigh an lucht ardbhainistíochta teachtaireachtaí ar bhonn rialta chun an t-eolas is deireanaí ar an eagraíocht a chur ar fáil don fhoireann le tacú lena folláine agus tugadh isteach roinnt uirlisí agus tacaí don fhoireann. Tugadh isteach oiliúint forbartha ceannaireachta le cabhrú leis an bhforbairt foirne agus soláthraíodh roinnt cúrsaí ar thopaicí éagsúla don fhoireann.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

23 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Oifig um Sholathar Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Seirbhís lárnach soláthair a chur ar fáil				
	Bunaidh	18,900			
	Géilleadh iarchurtha	59			
			18,959	17,246	16,497
Ollchaiteachas			**18,959**	**17,246**	**16,497**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**400**	**483**	**453**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	18,500			
	Géilleadh iarchurtha	59			
			18,559	**16,763**	**16,044**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a cuireadh ar fáil os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar an tsuim ar fad nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €35,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le heilimintí caipitil Fhotheideal A.2 ar aghaidh go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	1,795,855	2,367,301
Géilleadh iarchurtha	(35,000)	(59,000)
Farasbarr le géilleadh	**1,760,855**	**2,308,301**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

23 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir		1,715	1,980
Pá		14,359	13,177
Neamhphá		1,172	1,340
Ollchaiteachas		**17,246**	**16,497**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**483**	**453**
Glanchaiteachas		**16,763**	**16,044**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas	67	67	197
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	40		
Laghdú ar stoc	1	41	111
Caiteachas díreach		**16,871**	**16,352**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		2,517	1,841
Measchíosanna		50	50
Glanchostas an chláir		**19,438**	**18,243**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	84	75
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	290	573
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,820	925
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	24	23
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	299	245
		2,517	**1,841**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	145	277
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		664	555
Stoic		6	7
Réamhíocaíochtaí	2.2	472	470
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	22	44
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,164**	**1,076**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		168	126
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	515	483
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	171	116
Iomlán na ndliteanas reatha		**854**	**725**
Glansócmhainní reatha		310	351
Glansócmhainní		**455**	**628**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**455**	**628**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TFC	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	843	152	6	1,001
Breiseanna	—	—	—	—
Coigeartú [a]	(144)	(152)	(6)	(302)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	699	—	—	699
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	627	91	6	724
Dímheas don bhliain	67	—	—	67
Coigeartú [a]	(140)	(91)	(6)	(237)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	554	—	—	554
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**145**	—	—	**145**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	216	61	—	277

Nóta [a] Baineann an coigeartú le luachanna sócmhainní aonair faoi bhun €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní. Tá na sócmhainní in úsáid fós.

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Ceadúnais bogearraí	198	217
Síntiúis	102	93
Oiliúint agus forbairt	89	102
Tacaíocht TF	56	16
Eile	27	42
	472	**470**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Caiteachas in-fhorchúitithe ar scéim na bpasanna taistil	12	27
Airleacain le OOP	—	3
Míreanna dochair eile ar fionraí	10	14
	22	**44**

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	195	175
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	146	130
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	18	28
Cáin bhreisluacha	25	33
Ranníocaíochtaí pinsin	50	44
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	38	34
	473	445
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	41	37
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	1	1
	515	**483**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	1,761	2,308
Géilleadh iarchurtha	35	59
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,625)	(2,251)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**171**	**116**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	664	555
Iarmhéideanna dochair: fionraí	22	44
	686	599
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(473)	(445)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(42)	(38)
	(515)	(483)
	171	**116**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			628	936
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	18,559		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(35)		
Farasbarr	Cuntas	(1,761)		
Glanvóta			16,763	16,044
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		2,517	1,841
Míreanna neamhairgid – coigeartuithe maidir le sócmhainní caipitil			(65)	—
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		50	50
Glanchostas an chláir	1		(19,438)	(18,243)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**455**	**628**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**97**	**157**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais aicmithe mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear le haghaidh clár amháin: Seirbhís lárnach soláthair a chur ar fáil.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	15,106	14,359	13,177
ii	Taisteal agus cothú	102	2	60
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	621	578	654
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	102	97	81
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	230	419	408
vi	Costas áitribh oifige	117	75	137
		16,278	**15,530**	**14,517**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas cuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €230,000; toradh €419,000

Is í an phríomhthoisc a bhí taobh thiar den fhotheideal seo ná íocaíocht le OGCIO as soláthar seirbhíse agus trealamh oifige TF. Baineann na difríochtaí go mór mór le ceadúnais bogearraí bhreise, troscán agus trealamh TF a bhí ag teastáil mar chuid den fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Clár A Seirbhís lárnach soláthair a chur ar fáil

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		15,106	14,359	13,177
A.2	Riarachán – neamhphá		1,172	1,172	1,340
A.3	Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile				
	Bunaidh	2,622			
	Géilleadh iarchurtha	59			
			2,681	1,715	1,980
			18,959	**17,246**	**16,497**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas cuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €1.654 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €747,000 den fhigiúr sin le caiteachas riaracháin agus bhain an difríocht €907,000 go príomha leis na nithe seo a leanas:

A.3 Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile

Soláthar meastacháin €2.681 milliún; toradh €1.715 milliún

Baineann an tearc-chaitheamh seo go príomha le moilleanna agus le hamanna tionscnaimh a bhí níos faide ná mar a bhíothas ag súil leo i roinnt eochairthionscadal. D'eascair na moilleanna sin, den chuid is mó, as an bpaindéim atá i réim, mar gheall ar shaincheisteanna amhail infhaighteacht, nascacht agus atreorú acmhainní chun dul i ngleic le tionchar Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	400	353	330
2	Ilghnéitheach	—	130	123
	Iomlán	**400**	**483**	**453**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas cuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, tháinig leithreasaí-i-gcabhair isteach €83,000 os cionn an mheastacháin bunaidh. Tá míniú ar an difríocht leagtha amach thíos.

2 Ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €130,000
Tháinig méadú €130,000 chun cinn cionn is nár cuireadh an figiúr ilghnéitheach ar áireamh nuair a bhíothas ag réiteach an mheastacháin.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Bailithe	75	121
Aistrithe chuig an Státchiste	(75)	(121)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**244**	**231**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	13,039	11,993
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	32	33
Liúntais eile	—	3
Ragobair	6	4
ÁSPC an Fhostóra	1,282	1,144
Pá iomlán	**14,359**	**13,177**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021 €	2020 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	3	2	16,424	13,945
Liúntais eile	—	—	—	2,580
Ragobair	3	—	5,545	1,821

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	15	25,986	12,928
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	5	7,532	7,027

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin. Nochtar a leibhéal tuarastail sa Chuntas Leithreasa le haghaidh Vóta 11.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais ag freagairt faoi láthair do dhá shraith d'imeachtaí dlí a bhaineann le comórtais soláthair ón aon dlíthí amháin.

- Sa chéad chás, bhí éisteacht shubstainteach ann i mí Eanáir 2022. Táthar ag fanacht leis an mbreithiúnas.
- Sa dara cás, bhí éisteacht shubstainteach ann i mí Eanáir 2022. Chuaigh an breithiúnas i bhfabhar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ach tá sé faoi réir achomhairc.

Tá an dá chás á gcosaint le tacaíocht ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) agus ó Oifig an Ard-Aighne.

Rinneadh sraith eile d'imeachtaí ar leithligh a dhiúscairt in 2021, leis an dlíthí céanna, roimh aon éisteacht shubstainteach. Rinne an Chúirt Uachtarach ordú in 2021 maidir le dámhachtain roinnt míreanna costais i dtaca le héisteachtaí nós imeachta a bhaineann leis an gcás seo. Ní fios fós an costas dlí agus tá OPAS tar éis bille costas ón dlíthí a chur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 40

Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le haghaidh seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin agus deontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €95.312 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

In 2021, bhí athrú ann maidir le comhdhéanamh agus freagrachtaí na Roinne. Bhain an t-athrú le maoiniú maidir le Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus leis an tSeirbhís Mheasúnaithe agus Clárúcháin Oideachais Mhalartach (AEARS). Tá éifeacht le caiteachas agus freagrachtaí maidir leis na réimsí sin a aistríodh chuig an Roinn Oideachais ón 1 Eanáir 2021.

Ina theannta sin, aistríodh dualgais maidir le maoiniú ar an gclár "Balance for Better Business" chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Aistríodh freagracht as an tionscnamh sin roimhe sin chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige mar chuid den aistriú feidhmeanna ón Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2020.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach aga an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Déantar sócmhainní a dhímheas gach bliain ar bhonn líne dírí thar a saol úsáideach measta, agus dímheas bliana iomlán á ghearradh i mbliain an cheannaigh agus gan aon dímheas á ghearradh i mbliain na diúscartha.

Tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe don Aire agus tá sé ar áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Dímheastar foirgnimh ag ráta 2% in aghaidh na bliana ar bhonn líne dírí thar a saol úsáideach measta. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar ar mhótarfheithiclí thar chúig bliana ag ráta 20% in aghaidh na bliana.

Íocaíochtaí le Pobal

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Íocann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g., mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis) ar ais leis an Roinn. Déantar an ghlansuim a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha vóta sa bhliain (féach nóta 6.1).

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais na gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte maidir le seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí freisin faoi nósanna imeachta airgeadais phoiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo. Tá litir dearbhaithe freisin ag Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh ón gCeann Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt chun seirbhísí TFC a sholáthar.

Seirbhísí gníomhaireachta

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne i measc raon clár luathbhlianta agus raon clár gaolmhar a bhaineann leis an óige. In 2021, cuireadh glanmhaoiniú €602 mhilliún chun cinn chuig Pobal ina leith seo (nóta 6.1).

Tá an gaol idir an Roinn agus an Pobal á rialú ag comhaontú uileghabhálach seirbhíse atá mar thuiscint ghinearálta ar chuspóir, comhthéacs, cuspóirí agus téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhaontú seirbhíse reatha in 2021, agus comhaontaíodh comhaontú seirbhíse leasaithe idir Pobal agus an Roinn, de réir an phróisis shonraithe a comhaontaíodh idir an dá pháirtí. Mairfidh an comhaontú reatha go dtí an 31 Nollaig 2022. Eisíodh litir chompoird chuig Pobal ag admháil an athbhreithnithe reatha ar an tsamhail oibriúcháin laistigh de Chúram

Luathfhoghlama agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (ELC/SAC) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toradh an athbhreithnithe agus na moltaí atá beartaithe aige. Chuige sin, tá sé beartaithe síneadh a chur leis an gcomhaontú seirbhíse reatha go dtí an 31 Nollaig 2024 chun a chinntiú gur féidir le Pobal leanúint ar aghaidh ag fostú na foirne riachtanaí agus na seirbhísí conartha seachtracha a theastaíonn chun tacú leis an earnáil fad is a bheidh cur chun feidhme na moltaí ón athbhreithniú ar siúl.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cuireann daoine de lucht bainistíochta na Roinne a n-ainm le ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Tá na ráitis sin ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus go n-oibrítear é i gcomhréir le Cairt scríofa atá faofa agamsa. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil d'obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Buailim leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ó thráth go chéile. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne plé ar mhiontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Cuntasóir gairmiúil é an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí (an CII) agus tá aige foireann atá comhdhéanta de bheirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus de bheirt Oifigeach Feidhmiúcháin. Anuas ar an soláthar foirne buan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta leis an bhfeidhm iniúchóireachta, a soláthraíonn conraitheoir seachtrach iad. Tugtar faoi iniúchtaí de réir chaighdeáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe/Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. De bhreis ar a dhualgais leanúnacha, d'ainmnigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lanpháirtíochta agus Óige an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí mar Údarás Iniúchóireachta le haghaidh an Chiste um Thearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht ar an bhfeidhm i mí Feabhra 2020 agus ba é an tátal a baineadh as ná gur "chloígh sé go mór, tríd is tríd, leis na caighdeáin".

Cheadaigh an tOifigeach Cuntasaíochta ag an am an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2021 an 9 Feabhra 2021.

Le linn 2021 d'eisigh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí naoi dtuarascáil. Ní raibh 'aon dearbhú' ná tuairim iniúchta 'dearbhaithe theoranta' déanta ar ócáid ar bith.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí de bhun thuarascálacha agus mholtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go n-áirithíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na treoirlínte ábhartha uile. Tá sonraí curtha ar fáil ag an Roinn faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

- 54 chonradh ar a raibh luach comhcheangailte €90,716,650 a bhaineann le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta a sholáthar
- conradh amháin ar a raibh luach €35,355 a bhaineann leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin Árais Mháithreacha agus Naíonán
- conradh amháin ar a raibh luach €101,905 maidir leis na bogearraí agus an tacaíocht do chóras bainistíochta airgeadais na Roinne.

Leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh bearta suntasacha chun dul i ngleic le soláthar neamhchomhlíontach i gcúrsaí a bhaineann le seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta. De bharr cainteanna fada le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun Comhaontú Painéil Cóiríochta Shaincheaptha a Sholáthar do Dhaoine atá ag Lorg Cosaint Idirnáisiúnta a fhorbairt de réir Rialacháin 74-77 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dámhachtain Conarthaí Údarás Poiblí), 2016 (I.R. Uimh. 284/2016), áfach, níor foilsíodh é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh go dtí mí Eanáir 2022.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn creat beartais bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca, ina bhfuil gach comhalta den Bhord Bainistíochta, riosca a fhormhaoirsiú. Déanaimse cathaoirleacht ar an gCoiste mar Oifigeach Cuntasaíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal aonaid aonair. Tugtar mionfhaisnéis don Aire faoin riosca corparáideach ar bhonn tráthrialta.

Is é atá i gceist leis an gcóras bainistíochta riosca ná sainaithint a dhéanamh ar riosca ar fud na Roinne agus ar na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí siúd a mhaolú.

Tacaíonn clár rioscaí leis an gcóras lena sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus na rioscaí ar leibhéal aonaid atá roimh an Roinn, agus déantar gach ceann a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a dtabharfar fúthu chun riosca a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca leis an gcóras freisin, atá i bhfeidhm don Roinn. Cé go bhfuilimid sásta glacadh le rioscaí rialaithe chun deiseanna nua a thapú agus bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a thabhairt chun cinn, ní ghlacfaimid a thuilleadh le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin nó ár gceanglais rialála.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais stiúrtha ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Luathbhlianta — comhlíonadh rialacha an chláir

Lean paindéim Covid-19 de thionchar suntasach a imirt ar oibriú na scéimeanna éagsúla Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS), agus bhí seiceálacha comhlíonta deascbhunaithe fós i bhfeidhm i rith 2021, ach amháin ar feadh tréimhse i ráithe a haon nuair a cuireadh seiceálacha ar fionraí mar gheall ar sheirbhísí a bheith dúnta nó a bheith ag obair le hacmhainn laghdaithe. Aithnítear go bhfuil seiceálacha comhlíonta deascbhunaithe teoranta de réir mar a dhéantar iad lasmuigh den láthair.

I gcás nach bhféadfaí seiceálacha a dhéanamh mar gheall ar theorainneacha an chuir chuige dheascbhunaithe, lorgaíodh féindearbhuithe maidir le cloí le rialacha na scéime. In ainneoin na dteorainneacha riaracháin a bhaineann le seiceálacha deascbhunaithe, agus an ghníomhaíocht bhreise comhlíonta/fíoraithe a d'eascair as scéimeanna nua maoinithe, lena n-áirítear an Scéim Shealadach um Fhóirdheontas Pá Cúram Leanaí a bhí faoi stiúir ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, bhí seiceálacha comhlíontachta deascbhunaithe ar siúl ar fud 2021 maidir le gach scéim Covid-19. Go dtí seo, sainaithníodh suim thart ar €465,000 san iomlán i ró-éilimh faoin Scéim Shealadach um Fhóirdheontas Pá Cúram Leanaí, ar forchúitíodh an chuid is mó di, cé is moite de shuim €3,000 atá amuigh fós ag deireadh mhí Lúnasa 2022.

In 2020, rinneadh réamhíocaíochtaí faoin Scéim Shealadach um Fhóirdheontas Pá Cúram Leanaí leis an earnáil chun a chinntiú go mbeadh maoiniú ar fáil agus, mar thoradh air sin, bhí barrachas maoinithe ann, agus €300,000 amuigh fós ag deireadh mhí Lúnasa 2022. Tá pleananna aisíoctha i bhfeidhm maidir le €100,000 de agus i gcás an chuid eile, atá cothrom €200,000, meastar nach féidir í a fháil ar ais agus aistreofar í chuig córas bainistíochta fiachais.

Is ábhar imní é nach raibh roinnt scéimeanna ag cloí le rialacha na gclár ó thaobh maoinithe de agus, i roinnt cásanna, is mar gheall ar roinnt gnéithe de na scéimeanna bunaidh, a tharla sé sin. Cuireadh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2019 chun feabhas a chur ar an staid fhoriomlán maidir le rialachas agus le comhlíonadh rialacha na scéime ag soláthraithe. Cuireadh tús le seiceálacha comhlíonta ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí den chéad uair trí sheiceálacha deascbhunaithe i mí Iúil 2021, agus cuireadh tús le cigireachtaí ar an láthair i mí na Samhna 2021.

Don bhliain féilire 2021, ina raibh codanna de dhá bhliain chláir (2020/2021 agus 2021/2022), bhí torthaí neamhchomhlíonta a raibh tionchar airgeadais acu ag 20 ceann (24%), den 82 chonradh faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a ndearnadh cigireacht orthu. Ba é 1.11% an ráta ró-éileamh foriomlán mar chéatadán den leithdháileadh a ndearnadh cigireacht air. Cuirtear gach ró-éileamh aitheanta ar leataobh lena fhorchúiteamh i gcoinne maoiniú amach anseo. Tá an meánlíon torthaí neamhchomhlíontacha díreach os cionn 2 cheann as gach 28 seiceáil in aghaidh na seirbhíse agus tá 3 cinn nó níos lú de thorthaí neamhchomhlíontacha ag 80% de sheirbhísí. Tar éis toradh neamhchomhlíontach faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus féindearbhuithe maidir le comhlíonadh amach anseo a chur isteach. Rinne 94% de na seirbhísí a ndearnadh cigireacht orthu in 2021 na gníomhartha ceartúcháin riachtanacha. Aon seirbhís nach ndearna gníomhartha ceartúcháin, ní bhfuair sí Íocaíocht Tacaíochta Cláir don chlárbhliain 2021/2022, trí smachtbhanna.

Críochnaíodh an chéad athbhreithniú agus meastóireacht ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, tar éis na chéad bhliana ina raibh sí ar bun, i gcomhréir leis an Acht um Thacaíocht Cúram Leanaí, 2018, agus foilsíodh a thorthaí i mí na Nollag 2021.

Maidir le cigireachtaí deascbhunaithe ar an Scéim Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige ECCE, Coigilteoirí an Chláir Fóirdheontais Cúram Leanaí Pobail (CCSP) agus na Samhla Rochtana agus Cuimsithe (AIM), aimsíodh, den 192 chigireacht a rinneadh in 2021, go raibh 19% “mór-neamhchomhlíontach”. Tá gníomhaíocht comhlíonta dírithe ar réimsí riosca agus mar sin b'fhéidir nach mbeadh an leibhéal sin de mhór-neamhchomhlíonadh ionadaíoch don daonra i gcoitinne. Cuireadh tús arís i mí Eanáir 2022 le seiceálacha comhlíonta ar an láthair do ECCE, AIM agus Coigilteoirí CCSP.

Maidir le comhlíonadh foriomlán, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar an gcreat comhlíonta, lena n-áirítear sraith mhéadaitheach smachtbhannaí agus tacaí chun comhlíonadh seirbhísí a fheabhsú. Is creat trí bliana é seo. Cé gur cuireadh an bunchreat comhlíonta ar fionraí mar gheall ar neamhábaltacht athchuairteanna ar an láthair a thabhairt, bhí gach soláthraí a d'fhan ar an gcreat agus i gconradh tar éis an timthrialla cláir 2019/2020 faoi réir cigireacht dheascbhunaithe faoin scéim CCSP nó faoi scéim na hÍocaíochta Tacaíochta Athoscailte (RSP) i dtimthriall 2020/21 agus faoi réir tuilleadh cigireachta ar an láthair in 2021/22. In 2021, cuireadh cúig sheirbhís bhreise ar an gcreat tar éis torthaí neamhchomhlíonta neamhcheartaithe don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Tá Céim 2 den athbhreithniú ar an gcreat comhlíonta ar siúl faoi láthair agus tá forbairtí suntasacha le linn 2021 tar éis éifeachtúlacht oibriú an chreata comhlíonta a neartú don todhchaí. Áiríonn sé sin go bhfuil sé níos éasca seirbhísí a cuireadh ar an gCreat a rianú.

Ag deireadh na bliana 2021, thaifead próiseas bainistíochta fiachais Pobal iarmhéid féichiúnaithe de thart ar €3.9 milliún i gcoinne gach cláir Roinne. Áiríodh leis seo cláir seachas na scéimeanna ELC agus SAC a oibríodh an bhliain sin, agus thart ar €3 mhilliún bainteach le tionscadail chaipitil stairiúla ag dul siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn agus ag Pobal ar na fiacha leagáide agus tá siad sna céimeanna deiridh maidir leis na chéad chéimeanna eile den phróiseas a mholadh, lena n-áirítear suimeanna a mheastar a bheith do-aisghafa a shainaithint. Tabharfar an próiseas bainistíochta féichiúnaithe sin chun críche trí nós imeachta socraithe a bhunú chun fiacha a shainaithint agus a láimhseáil sa todhchaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

Cibirionsaí TFC

Tar éis chruthú na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), lean an Roinn Sláinte (RS) ag soláthar seirbhísí TFC do RLCMLÓ. I mí na Nollag 2019, bhain RLCMLÓ an chuid is mó dá seirbhísí TFC den tseirbhís Build to Share (BTS) a chuir Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) ar fáil. Ba í an tSeirbhís Bainistíochta Airgeadais (FMS) an tseirbhís a bhí fágtha ar bhonneagar RS. In 2020, cuireadh tús le tionscadal chun FMS RLCMLÓ a bhogadh ó fhreastalaithe RS go freastalaithe Phríomhoifigeach Faisnéise Oifig an Rialtais (OGCIO). Bhí an chéim tástála sroichte ag an tionscadal seo agus bhí sé sceidealta le bheith críochnaithe sa ráithe dheireanach de 2021.

Dé hAoine an 14 Bealtaine 2021, rinneadh cibirionsaí tromchúiseach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), trí insíothlú coiriúil a dhéanamh ar a chórais TF (ríomhairí pearsanta, freastalaithe, etc.), ag baint úsáid as bogearraí éirice Conti[1]. Rinne FSS an cinneadh gach córas TF de chuid FSS a dhúnadh agus an líonra a dhícheangal ón idirlíon, chun tionchar an chibirionsaithe a shrianadh agus a mheasúnú. Dhún an Roinn Sláinte roinnt seirbhísí ar eagla an éillithe.

1 Tuarascáil iomlán PWC ar chibear-ionsaí Conti ar FSS.

Mar thoradh láithreach air sin, chaill RLCMLÓ rochtain ar an bhfreastalaí ar a raibh an FMS. Mar sin, ní raibh rochtain ag an Aonad Airgeadais ar an gcóras a úsáideadh chun íocaíochtaí a phróiseáil agus a thaifeadadh ar bhonn laethúil chomh maith le tuarascálacha airgeadais éagsúla.

Chun a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí a dhéantar lasmuigh den FMS, ceapadh próisis athraithe agus cuireadh chun feidhme iad don tréimhse ón 21 Bealtaine 2021 go dtí an 26 Meitheamh 2021 agus, ina dhiaidh sin, cuireadh FMS RLCMLÓ ar fhreastalaithe OGCIO arís agus filleadh ar na gnáthphróisis.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Bhí an measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 ina fhócas leanúnach ag an bhfoireann ardbhainistíochta agus na haonaid ghnó ar fud na Roinne ar fud 2021. Lean an tAonad Bainistíochta Freagartha Covid-19 (lena n-áirítear Bainistíocht Saoráidí), a bunaíodh in 2020, ar aghaidh ag measúnú agus ag bainistiú thionchair Covid-19 ar an Roinn i rith 2021. Bhunaigh an Roinn Grúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 in 2020 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an bhfreagairt do Covid-19 in RLCMLÓ, a ndéantar cathaoirleacht air ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta.

Coinníonn an Roinn liosta de rioscaí corparáideacha a ndéanann an Coiste Riosca athbhreithniú air ar bhonn ráithiúil. In 2020, áiríodh riosca corparáideach a bhí sonrach do phaindéim Covid-19 chun tionchar phaindéim Covid-19 ar chumas na Roinne, agus ar chumas na gcomhlachtaí atá faoina coimirce, chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar is gnách agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh a léiriú.

Leanadh le clár oibre ar fud 2021 chun obair na Roinne a éascú agus chun tacú leis:

- Lean an tAonad Freagartha Covid-19 lena chuid oibre i rith 2021. Bhí obair an Aonaid treoraithe ag Prótacal an Rialtais um Obair go Sábháilte, a foilsíodh in 2021. Nuashonraíodh na bearta atá i bhfeidhm chun leathadh víreas Covid-19 a chosc i gcomhréir le leasuithe ar Phrótacal an Rialtais um Obair go Sábháilte agus le treoir náisiúnta eile.
- Tacaíodh leis an bhfoireann go léir leanúint ar aghaidh ag obair go cianda. Cuireadh ar chumas gach baill foirne nua ar fáil chun oibriú ón mbaile (TFC agus troscán). Rinneadh socruithe chun cianmheasúnuithe eirgeanamaíochta a sholáthar don fhoireann lena sláinte agus sábháilteacht a chinntiú agus iad ag obair ina spásanna oibre baile. Déanfar measúnú in 2022 ar líon beag ball foirne nach bhfuair cianmheasúnuithe eirgeanamaíochta in 2021.
- Bhí tinreamh in oifigí na Roinne teoranta do líon beag ball foirne riachtanach, agus bhí prótacail dhiana i bhfeidhm don tinreamh sin. Éascaíodh baill foirne ar ghá dóibh freastal ar an oifig ar bhonn ad hoc le haghaidh gnó riachtanach.
- Ullmhaíodh modúl oiliúna speisialta Covid-19 de chuid RLCMLÓ agus seachadadh é ar an bhfoireann ar fad mar ullmhúchán le filleadh ar an oifig.
- Cuireadh tús le filleadh sábháilte céimnithe ar an oifig i Meán Fómhair 2021. Mar sin féin, cuireadh srian leis sin mar gheall ar theacht chun cinn an athraithigh Omicron.

- Bhí ionadaíocht ag an Roinn ar choistí lárnacha éagsúla faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhreagraí uile na Roinne do phaindéim Covid-19, lena n-áirítear Grúpa na nOifigeach Sinsearach (a thuairiscíonn don Choiste Comh-aireachta), an Grúpa Cumarsáide agus grúpaí Earnála na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. D'fhorbair an Roinn Plean Gníomhaíochta RLCMLÓ a mhionsonraíonn tionchair Covid-19 ar sheachadadh seirbhíse, riaráistí/éileamh seasta ar réimsí earnála RLCMLÓ do Roinn an Taoisigh ar aon dul le Teacht Aniar agus Téarnamh Covid-19 2021 – An Bóthar Amach Romhainn ón Rialtas. Cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil freisin do Roinn an Taoisigh maidir le COVID-19: Cur Chuige Nua i leith an Dúshláin, ag Leanúint leis an Téarnamh agus Athcheangal a Dhéanamh ón Rialtas.
- Coinníodh dlúth-theagmháil le gach comhlacht atá faoi choimirce na Roinne, ar lena linn a measúnaíodh an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 agus a cuireadh bearta freagartha i bhfeidhm nó ar tacaíodh leo nuair ba ghá.
- Lean an Bord Bainistíochta dá fhormhaoirseacht ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an Roinn agus ar chomhlachtaí atá faoina coimirce, agus coinníodh an tAire ar an eolas fúithi go hiomlán.

Kevin McCarthy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

31 Márta 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair ina lán cásanna i ndáil le conarthaí a bhí i mbun oibre sa bhliain 2021.

An tSeirbhís Caomhnóirí ad Litem - tuarascáil leantach

Caibidil 13 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tugtar an t-eolas is deireanaí ar fhorbairtí na chuig an tseirbhís Guadian as Litem, atá maoinithe ó Vóta 40.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Cuntas Leithreasa 2021

			2021		2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh				
	Soláthar meastacháin	892,014			
	Géilleadh iarchurtha	1,812			
			893,826	887,622	876,045
B	Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga				
	Soláthar meastacháin	730,256			
	Géilleadh iarchurtha	2,288			
			732,544	680,612	600,685
C	Clár beartais agus reachtaíochta		36,681	28,896	27,621
D	Sochaí chothrom ionchuimsitheach		30,128	26,634	19,530
E	Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtúil d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta		229,503	200,460	189,109
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	1,918,582			
	Géilleadh iarchurtha	4,100			
			1,922,682	**1,824,224**	**1,712,990**
Lúide					
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**39,121**	**39,175**	**35,646**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	1,879,461			
	Géilleadh iarchurtha	4,100			
			1,883,561	**1,785,049**	**1,677,344**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite uile le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €3.2 milliún i leithdháiltí neamhchaite maidir leis na gnéithe caipitil d'fhotheidil A.3, A.4, B.5 agus B.6 anonn go 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	98,511,940	122,726,899
Géilleadh iarchurtha	(3,200,000)	(4,100,000)
Farasbarr le géilleadh	**95,311,940**	**118,626,899**

Kevin McCarthy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,794,047	1,687,215
Pá		25,252	21,711
Neamhphá		4,925	4,064
Ollchaiteachas		**1,824,224**	**1,712,990**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**39,175**	**35,646**
Glanchaiteachas		**1,785,049**	**1,677,344**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(524)		
Caillteanas ar dhiúscairtí	—		
Dímheas	4,263	3,739	(246)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar stoc	(1)		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(8,846)		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	536	(8,311)	(7,054)
Caiteachas díreach		**1,780,477**	**1,670,044**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		5,997	6,050
Glanchostas an chláir		**1,786,474**	**1,676,094**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	38
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,126	1,825
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,129	3,751
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	60	49
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	581	355
An Príomh-Chiste - pinsin na n-airí		71	32
		5,997	**6,050**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	63,701	67,440
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	35,669	31,979
Stoic		6	5
Réamhíocaíochtaí	2.3	24,363	15,517
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	349	246
Iomlán na sócmhainní reatha		**60,387**	**47,747**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	2,324	1,788
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	5,051	2,652
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	2.7	25,117	24,314
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	5,850	5,259
Iomlán na ndliteanas reatha		**38,342**	**34,013**
Glansócmhainní reatha		22,045	13,734
Glansócmhainní		**85,746**	**81,174**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	**85,746**	**81,174**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán, feistis agus mótarfheithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	61,194	14,818	922	76,934
Breiseanna	524	—	—	524
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	61,718	14,818	922	77,458
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	5,911	3,208	375	9,494
Dímheas don bhliain	1,234	2,944	85	4.263
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	7,145	6,152	460	13,757
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**54,573**	**8,666**	**462**	**63,701**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**55,283**	**11,610**	**547**	**67,440**

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	32,900	31,974
Iarmhéideanna eile bainc	2,769	5
	35,669	**31,979**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Costais iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	13,174	11,047
Pobal	10,659	4,106
Riarachán/oibríochtúil	357	364
Taighde	173	—
	24,363	**15,517**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Airleacain chuig OPW	24	1
Tuarastail in-fhorchúitithe	76	121
Míreanna dochair eile ar fionraí	249	124
	349	**246**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	617	599
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	449	412
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	54	61
Cáin bhreisluacha	54	36
Cáin mhaoine áitiúil	6	6
Muirear sóisialach uilíoch	119	114
Asbhaintí párolla á coimeád ar fionraí	—	210
	1,299	1,438
Tuairisceáin bhreise Státchiste	2,967	538
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	785	676
	5,051	**2,652**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Costais iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	1,565	825
Comhtháthú dídeanaithe agus imirceach	197	246
Fabhruithe clár eile	244	439
Riarachán/oibríochtúil	318	153
Cuntais Dhíomhaoine	—	125
	2,324	**1,788**

2.7 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Fáltais ó AE	**25,117**	**24,314**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	95,312	118,627
Géilleadh iarchurtha	3,200	4,100
Deontas ón státchiste nár tarraingíodh	(92,662)	(117,468)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**5,850**	**5,259**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	35,669	31,979
Iarmhéideanna dochair: fionraí	349	246
	36,018	32,225
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,299)	(1,438)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(3,752)	(1,214)
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	(25,117)	(24,314)
	(30,168)	(26,966)
	5,850	**5,259**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			81,174	63,917
Coigeartú			—	9,912
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,883,561		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(3,200)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(95,312)		
Glanvóta			1,785,049	1,677,344
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		5,997	6,050
Coigeartú - glanaistriú sócmhainní	2.1		—	45
Glanchostas an chláir	1		(1,786,474)	(1,676,094)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**85,746**	**81,174**

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	33,362	35,347
Caipiteal	153	—
Cláir deontas neamhchaipitil	—	10
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**33,515**	**35,357**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	**1,972**	**1,534**

2.12 Dliteanas teagmhasach

Shocraigh an Roinn ocht n-athbhreithniú bhreithiúnacha i mí na Nollag 2021. Beidh costais dlí na n-iarratasóirí iníoctha ag an Roinn in 2022. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair.

Tá baint ag an Roinn le 48 gcás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha.

Tá cúig athbhreithniú bhreithiúnacha ionchasacha agus 54 chás díobhála pearsanta ann freisin a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha.

Tá féidearthacht ann go dtiocfaidh dliteanas measta airgeadais €200,000 chun cinn mar gheall ar thrasuí déanach na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (WAD) ag Éirinn. D'fhéadfadh go mbeadh an caiteachas breise measta ag teastáil chun cur chun feidhme a dhéanamh ar phlean a cuireadh faoi bhráid Choimisiún an AE chun easnamh athbhreithnithe na hÉireann sa bhliain 2021 a cheartú.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	32,025	25,252	21,711
ii	Taisteal agus cothú	471	126	102
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	1,889	1,885	1,221
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	186	101	113
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,648	952	1,025
vi	Costais áitribh oifige	1,496	1,721	1,533
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	732	140	70
		38,447	**30,177**	**25,775**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €471,000; toradh €126,000

Baineann an gannchaitheamh go príomha le cur isteach ar ghnáthghníomhaíochtaí gnó mar thoradh ar phaindéim leanúnach Covid-19. Cuireadh ciorrú ar thaisteal ar feadh an chuid is mó den bhliain de réir treoir sláinte poiblí.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar measatacháin €1.648 milliún; toradh €952,000

Níor tharla roinnt tionscadal TFC a bhí beartaithe le bheith ar siúl in 2021. Tharla sé sin toisc go raibh moill ann sa phróiseas tairisceana maidir le seirbhísí anailíse gnó, mar a éilíonn an Bord Rialachais TFC, maidir le tionscadail le haghaidh feidhmchláir dhigiteacha atá le rochtain ag an bpobal. Ina theannta sin, bhí moill ann de bharr na ndúshlán a bhí ann chun sonraí iontaofa a fháil ó fheidhmchláir Lotus Note a bhí as daáa agus toisc go raibh aonaid ghnó ag fanacht go n-achtófaí an reachtaíocht a theastaíonn chun tús a chur le tionscadail bheartaithe. Bhí tearc-chaitheamh ann freisin mar thoradh ar an sainordú 'obair ón mbaile' a bhí i bhfeidhm ar feadh an chuid is mó den bhliain 2021.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar measatacháin €732,000; toradh €140,000

Níor tháinig an caiteachas a rabhthas ag súil leis ar chomhairleoireacht chun cinn sa bhliain.

Clár A Leanaí agus tacaíocht teaghlaigh

			2021	2020
		Soláthar measctacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	4,229	3,283	3,511
A.2	Riarachán − neamhphá	1,125	886	496
A.3	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach			
	Soláthar measctacháin	857,961		
	Géilleadh iarchurtha	1,482		
		859,443	857,345	840,080
A.4	Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh			
	Soláthar measctacháin	27,853		
	Géilleadh iarchurtha	330		
		28,183	26,108	23,831
A.5	Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóirí ad Litem	845	—	127
A.6	Tacaí a bhaineann le Covid-19 ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	1	—	8,000
		893,826	**887,622**	**876,045**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €6.204 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

A.4 Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

Soláthar measctacháin €28.183 milliún; toradh €26.108 milliún

Tharla an t-easnamh €2.075 milliún i gcaiteachas chun cinn den chuid is mó mar gheall ar oibreacha caipitil a bheith moillithe de bharr deacrachtaí a d'eascair i bpáirt as shrianta agus réamhchúraimí Covid-19.

A.5 Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóirí ad Litem

Soláthar measctacháin €845,000; toradh €nialas

Cuireadh bunú Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóirí ad Litem ar athló.

Clár B Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	8,003	6,313	6,087
B.2	Riarachán − neamhphá	1,513	1,182	849
B.3	Cláir réamhscoile ECCE agus AIM	334,500	323,154	243,661
B.4	An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile	214,726	185,958	118,772
B.5	Cláir chúraim leanaí: tacaí seachadta agus tionscnaimh eile			
	Soláthar meastacháin	88,716		
	Géilleadh iarchurtha	2,288		
		91,004	84,411	62,796
B.6	Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	69,789	68,575	64,701
B.7	Éire Ildánach	100	7	14
B.8	Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (maoinithe ag Cuntais Dhíomhaoine)	10,008	9,388	9,586
B.9	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	2,900	1,624	2,244
B.10	Tacaí a bhaineann le COVID-19 do Luathfhoghlaim agus Cúram (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC)	1	—	82,697
	Cláir um chosc agus idirghabháil luath	—	—	*9,278*
		732,544	**680,612**	**600,685**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €51.932 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

B.4 An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile

Soláthar meastacháin €214.726 milliún; toradh €185.958 milliún

Ba é ba chúis leis an easnamh €28.8 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó ná coigilteas a tháinig chun cinn mar thoradh ar shrianta R1 mar gheall ar an gceathrú tonn paindéime, e.g., dúntaí, agus srian a chur le spásanna cúraim leanaí do leanaí leochaileacha agus do leanaí oibrithe riachtanacha. Ina theannta sin, bhí na leibhéil chlárúcháin tar éis athoscailte faoi bhun na leibhéal a rabhthas ag súil leo ar dtús, de réir mar a d'athoscail agus an earnáil go mall.

B.5 Cláir chúraim leanaí: tacaí seachadta agus tionscnaimh eile

Soláthar meastacháin €91.004 milliún; toradh €84.410 milliún

Tháinig an t-athraitheas caiteachais de €6.594 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar chostais laghdaithe seachadta seirbhíse mar thoradh ar shrianta R1 agus ar an éileamh laghdaithe ar thacaí géarchéime de bhun thacaí leanúnacha an rialtais i leith Covid-19 a forbraíodh in 2020, ar cuireadh síneadh leo in 2021. Sainaithníodh coigilteas bunaidh €16 mhilliún i gcostais seachadta seirbhíse agus i raon tionscnamh eile. Athraíodh an cuspóir le haghaidh suim €10 milliún de na coigiltis sin agus úsáideadh í chun soláthar a dhéanamh do Scéim Aerála Covid-19 don earnáil cúraim leanaí.

B.8 Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (maoinithe ag Cuntais Dhíomhaoine)

Soláthar meastacháin €10.008 milliún; toradh €9.388 milliún

Tháinig an t-easnamh €620,000 i gcaiteachas chun cinn den chuid is mó mar thoradh ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar imeachtaí i bpearsa, ag laghdú líon na dtionscadal a bhí ar siúl.

B.9 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Soláthar meastacháin €2.9 milliún; toradh €1.624 milliún

Is ann don easnamh €1.276 milliún i gcaiteachas mar go rabhthas ag súil leis go mbeadh líon níos mó uaireanta teagmhála i bpearsa ag tionscadail in 2021 ná mar a cruthaíodh mar gheall ar shrianta sláinte poiblí. Coinníodh seirbhísí ar bun ar líne agus i bpearsa nuair ab fhéidir, ar aon dul leis an treoir sláinte poiblí. Ina ainneoin sin, ba é an toradh a bhí air sin ná caiteachas a bhí níos ísle ná mar a measadh ar dtús ar fud an dá thionscadal déag óige a bhí i gceist.

Clár C Beartas agus reachtaíocht

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	10,086	7,828	7,271
C.2	Riarachán − neamhphá	1,975	1,478	1,015
C.3	Táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha	539	—	2
C.4	An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir thaighde eile	4,810	3,833	2,380
C.5	Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile	6,898	6,048	5,458
C.6	Údarás Uchtála na hÉireann	5,626	4,219	5,151
C.7	Oifig an Ombudsman do Leanaí	2,955	2,955	2,450
C.8	An Coimisiún Imscrúdaithe	2,792	1,981	2,354
C.9	Ciste Magdalen	1,000	554	1,540
		36,681	**28,896**	**27,621**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.785 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

C.3 Táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €539,000; toradh €nialas

Ba é ba chúis leis an easnamh €539,000 i gcaiteachas ná cineál athraitheach an chaiteachais san fho-mhírcheann agus na deacrachtaí a bhí ann go ginearálta dá bharr maidir leis na torthaí agus na costais a bhaineann le cásanna agus cúrsaí dlí a thuar.

C.4 An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir thaighde eile

Soláthar meastacháin €4.81 milliún; toradh €3.833 milliún

Is é is cúis leis an easnamh €977,000 i gcaiteachas ná an mhoill ar thús a chur leis an obair allamuigh don staidéar fadaimseartha de bharr shrianta Covid-19. Rinneadh obair allamuigh ó chian den chuid is mó seachas i dtithe.

C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile

Soláthar meastacháin €6.898 milliún; toradh €6.048 milliún

Tháinig an difríocht €850,000 chun cinn mar thoradh ar thearc-chaitheamh roinnt tionscadal/clár aonair mar gheall ar thionchair Covid-19 go príomha, rud ba chúis le feachtais sceidealta a bheith á moilliú agus á gcur siar ar fud gach réimse den fho-mhírcheann. Tháinig roinnt coigiltí as leanúint leis an gcianobair in 2021 freisin.

C.6 Údarás Uchtála na hÉireann

Soláthar meastacháin €5.626 milliún; toradh €4.219 milliún

Bhí an difríocht €1.407 milliún faoi bhun na próifíle ann mar thoradh ar mhoilleanna earcaíochta, mar thoradh ar chostais dlí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo agus mar thoradh ar laghdú ar chostais taistil de bharr na paindéime.

C.8 An Coimisiún Imscrúdaithe

Soláthar meastacháin €2.792 milliún; toradh €1.981 milliún

Tháinig an t-easnamh €811,000 i gcaiteachas chun cinn i bpáirt mar gheall ar chostais dlí a bheith moillithe go dtí 2022, chomh maith le coigilteas ar phá agus an méid mór éiginnteachta maidir leis na costais a bhaineann leis an tuarascáil deiridh a chur isteach le linn shrianta Covid-19.

C.9 Ciste Magdalen

Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €554,000

Is é is cúis leis an easnamh €446,000 i gcaiteachas ná nádúr éileamhbhunaithe na scéime faoina bhfuil iarratais agus íocaíochtaí dothuartha. Fuarthas níos lú iarratas ná mar a bhíothas ag súil leis in 2021.

Clár D Sochaí chothrom ionchuimsitheach

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	1,186	1,010	681
D.2	Riarachán − neamhphá	213	148	318
D.3	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	5,178	4,754	4,218
D.4	Comhtháthú dídeanaithe agus imirceach	7,700	4,814	4,345
D.5	Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta na mban	556	556	525
D.6	Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach	4,925	4,914	3,579
D.7	Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne	3,650	3,414	1,825
D.8	Tionscnaimh chomhionannais agus LADTI	920	1,670	779
D.9	Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta	5,800	5,354	3,260
		30,128	**26,634**	**19,530**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €3.494 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

D.3 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Soláthar meastacháin €5.178 milliún; toradh €4.754 milliún

Tá an t-easnamh i gcaiteachas €430,000 ar thaobh an phá den chuid is mó mar thoradh ar shrianta maidir le foireann bhreise a fhostú chomh maith le saoire bhreise gan phá.

D.4 Comhtháthú dídeanaithe agus imirceach

Soláthar meastacháin €7.7 milliún; toradh €4.814 milliún

Is é an t-easnamh €2.9 milliún i gcaiteachas is cúis leis an tionchar a bhí ag srianta taistil phaindéim Covid-19 in 2021. Cuireadh ciorrú ar mhisin agus ar an gcaiteachas bainteach ar fad. Bhí níos lú teifeach ag teacht go hÉirinn freisin, chomh maith le lonnaíochtaí agus tionscadail laghdaithe a rinneadh le linn na tréimhse sin.

D.7 Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne

Soláthar meastacháin €3.65 milliún; toradh €3.414 milliún

Tá an t-easnamh €250,000 i gcaiteachas mar gheall ar mhoilleanna ar TF agus cumarsáid a bhí le bheith mar chuid de thuairisciú bearna pá inscne a thabhairt isteach. Aistríodh na costais sin go 2022. Réadaíodh coigilteas freisin mar gheall ar chomhdhálacha agus imeachtaí beartaithe a bheith curtha ar athló agus/nó a bheith curtha ar siúl go fíorúil in 2021.

D.8 Tionscnaimh chomhionannais agus LADTI

Soláthar meastacháin €920,000; toradh €1.67 milliún

Tá an méadú €750,000 ar chaiteachas mar gheall ar ghlao breise maoinithe a bheith curtha i gcrích in 2021 do na seirbhísí pobail LADTI+. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe vírmint chun an costas sin a chlúdach.

D.9 Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta

Soláthar meastacháin €5.8 milliún; toradh €5.354 milliún

Tá an t-easnamh €450,000 i gcaiteachas ann mar gheall ar mhoill ar thionscadal TFC a chur i bhfeidhm.

Clár E Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	8,521	6,818	4,161
E.2	Riarachán − neamhphá	1,596	1,231	1,386
E.3	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	1,386	1,580	355
E.4	Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta	218,000	190,831	183,207
		229,503	**200,460**	**189,109**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €29.043 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

E.3 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

Soláthar meastacháin €1.386 milliún; toradh €1.58 milliún

Tá an méadú €190,000 ar chaiteachas ann mar gheall ar íocaíochtaí deontais moillithe ó 2020 a bheith á bpróiseáil in 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19 in 2020. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe vírmint chun an costas sin a chlúdach.

E.4 Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €218 milliún; toradh €190.831 milliún

Tá an t-easnamh €27.169 milliún i gcaiteachas ann mar gheall ar éileamh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chóiríocht i gcaitheamh na bliana iomláine agus mar gheall ar mhoilleanna ar mhaireachtáil neamhspleách a chur i bhfeidhm i roinnt ionad.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	8,893	8,580	8,933
2	Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	670	656	653
3	Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann	1	—	—
4	Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí	2	—	—
5	Ilghnéitheach	336	469	507
6	Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine	10,008	9,389	9,585
7	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	2,370	1,330	1,839
8	Fáltais ó AE	8,200	9,699	5,444
9	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	8,641	9,052	8,685
	Iomlán	**39,121**	**39,175**	**35,646**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €54,000 níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

5 Ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €336,000; réadaithe €469,000

Ní féidir na fáltais ilghnéitheacha seo a thuar agus is deacair iad a thuar go cruinn.

6 Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine

Soláthar meastacháin €10.008 milliún; réadaithe €9.389 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €619,000 in 2021 ná an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar thionscnamh spriocdhírithe tacaíochta infhostaitheachta don aos óg. Tá sé i gceist go gcaithfear formhór an mhaoinithe a chuirtear ar fáil don tionscnamh seo le linn 2022.

7 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Soláthar meastacháin €2.370 milliún; réadaithe €1.330 milliún

Tá an t-easnamh €1.04 milliún i bhfáltais don Chlár Síochána agus Athmhuintearais ann mar gheall ar dhifríochtaí san am a gheobhaidh SEUPB aisíocaíochtaí ó mhaoiniú ERDF, rud a chuireann sé ar aghaidh chuig an Roinn ansin. Ní sholáthraíonn AE an maoiniú sin do SEUPB ach amháin tar éis próiseas bailíochtaithe a dhéanamh maidir le caiteachas tionscadail. Is féidir leis na hamscálaí maidir leis an bpróiseas a bheith éagsúil agus is deacair iad a thuar.

8 Fáltais ó AE

Soláthar meastacháin €8.2 milliún; réadaithe €9.699 milliún

Meastachán ba ea an figiúr €8.2 milliún ar fháltais ó AE a bhí le fáil in 2021. Tá leibhéal na leithreasaí-i-gcabhair a scaoiltear i mbliain áirithe bunaithe ar éilimh a cuireadh isteach agus ar íocaíochtaí a fuarthas ó AE. Mar thoradh air sin, is deacair uainiú na bhfáltas agus leibhéal na leithreasaí-i-gcabhair in aon bhliain ar leith a thuar go cruinn.

9 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair poiblí

Soláthar meastacháin: €8.641 milliún, réadaithe €9.052 milliún

Baineann an méadú €411,000 go príomha le foireann na Roinne agus le foireann an Champais Coinneála Leanaí mar thoradh ar athchóiriú pá i mí Iúil do ghráid áirithe, agus mar thoradh ar an ardú pá i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, a dhéanann difear d'asbhaintí pinsin.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	538	(158)
Coigeartú ar an iarmhéid tosaigh	(98)	—
Fáltais: Pobal	8,149	4,482
Bon Secours	—	2,500
Boird Oideachais agus Oiliúna	1,959	226
Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	81	67
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	—	25
Eile	686	132
A aistríodh chuig an Státchiste	(8,347)	(6,736)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**2,968**	**538**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	486	365
An Coimisiún Imscrúdaithe	8	11
Gníomhaireachtaí na Roinne (nóta 5.2)	4,921	4,938
	5,415	**5,314**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne	2021	2020
	€000	€000
Pá	24,233	21,421
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	98	100
Ragobair	148	100
ÁSPC an Fhostóra	2,111	1,771
Pá iomlán [a]	**26,590**	**23,392**

Luach saothair fhoireann na gníomhaireachta	2021	2020
	€000	€000
Pá [b]	279,525	260,248
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	4,385	12,388
Liúntais eile	51	46
Ragobair	1,509	1,126
ÁSPC an Fhostóra	28,789	27,520
Pá iomlán	**314,259**	**301,328**

Nóta [a] Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1, E.1 agus C.8.

[b] Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí. Tá tuilleadh faisnéise maidir le líon fostaithe agus pá i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.
Is iad na gníomhaireachtaí ná an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA), Údarás Uchtála na hÉireann (AAI), an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	16	5	22,002	20,614
Liúntais eile	4	1	13,887	2,730
Ragobair	50	3	13,880	10,619
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	—	2,684	2,564
Foireann gníomhaireachtaí na roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	965	120	20,275	23,526
Liúntais eile	37	1	12,608	7,218
Ragobair	602	31	36,029	26,445
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	417	60	46,571	33,598

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí	40	74,950	17,118
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	6	16,077	15,161

Nóta Forchúitíodh 30 ró-íocaíocht ina n-iomláine ó dheireadh 2021 i leith, agus tá an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) ag déanamh bainistiú agus dul chun cinn ar phleananna forchúitimh le haghaidh iarmhéid na ró-íocaíochtaí.

5.5 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus pinsean státseirbhíse á fháil aige ar bhonn táillí ar chostas iomlán €9,000. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €51,572 (tuarastal, aoisliúntas an fhostaí agus ÁSPC an fhostóra san áireamh) i leith oifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh cuid den bhliain 2021 sa Roinn Dlí agus Cirt agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus an t- olltuarastal bliantúil cothrom le €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €190,568).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Íocaíochtaí le Pobal

De réir pholasaí cuntasaíochta na Roinne, muirearaíodh an ghlansuim a aistríodh chuig Pobal sa bhliain (€602 mhilliún) ar na fo-mhírchinn ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

Le linn 2021, chuir Pobal cistí ar ais arbh fhiú €9.434 milliún san iomlán iad chuig an Roinn. Tugadh na cistí go léir a bhaineann leis an mbliain reatha ar ais chuig na fo-mhírchinn ábhartha. Tugadh na cistí a bhain le blianta roimhe sin ar ais don Státchiste mar fháltais bhreise Státchiste (féach nóta 4.2).

		2021	2020
		€000	€000
Fo-mhírcheann			
B.3	Cláir réamhscoile ECCE agus AIM	323,154	243,661
B.4	Scéim cúraim leanaí inacmhainne agus cláir chúraim leanaí eile	185,958	118,772
B.5	Cláir chúraim leanaí: tacaí seachadta agus tionscnaimh eile	75,668	55,213
B.6	Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	14,209	12,260
B.8	Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (maoinithe ag Cuntais Dhíomhaoine)	1,210	3,898
B.10	Tacaí a bhaineann le COVID-19 do Luathfhoghlaim agus Cúram (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC)	—	82,697
C.5	Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile	1,886	1,755
	Iomlán a íocadh le Pobal	**602,085**	**518,256**

Nóta Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí ceangaltais deontais €10.6 milliún ag Pobal a bhain le cláir a bhí á riar thar ceann na Roinne.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh uathu seo		Iomlán	Iomlán
	fostaithe	**daoine den phobal**	**2021**	**2020**
Líon na gcásanna	28	16	44	32
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	—	—	—	—
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	444	100	544	299
Costais dlí	410	242	652	44
Costais eile	35	25	60	32
Iomlán 2021	**889**	**367**	**1,256**	**375**
Iomlán 2020	291	84	375	

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2021

	Éilimh uathu seo		
	fostaithe	**daoine den phobal**	**Iomlán**
Líon na gcásanna	11	8	19
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na Roinne í féin	-	-	-
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann			
Cúiteamh	316	112	428
Costais dlí	175	157	332
Costais eile	30	25	55
Iomlán	**521**	**294**	**815**

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2021 €000	2020 €000
Calaois	1	80	—
Calaois amhrasta	2	98	65

Nóta Ní raibh aon tuairisc ar eachtraí calaoise laistigh den Roinn. Tuairiscíodh in 2021 eachtra calaoise amháin arbh ionann é agus €80,000 a tharla i soláthraí seirbhíse a fuair cistí vótáilte. Tuairiscíodh freisin dhá eachtra calaoise amhrasta in 2021 a tharla in dhá sholáthraí seirbhíse a fuair cistí vótáilte. Meastar gur suimeanna €100,000 agus €22,738 iad na suimeanna atá i gceist.

6.4 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdaithe Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Choimisiún Imscrúdaithe (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Gaolmhara Áirithe), 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015). Díscaoileadh an Coimisiún Imscrúdaithe ag deireadh mhí Feabhra 2021.

Tugtar cuntas ar chaiteachas an Choimisiúin i bhfo-mhírcheann C.8 agus áirítear leis suim €1.092 milliún a bhaineann le costais phá.

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2021 €000	2021 €000	2020 €000
C.8 − Coimisiún Imscrúdaithe – Tithe Máithreacha agus Naíonán	2015	16,273	1,484	2,354

6.5 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá fo-mhírcheann B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

	2021 Meastachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
Fo-mhírcheann			
B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige	69,709	68,501	63,847

6.6 Maoiniú ó AE

Áirítear ar an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírchinn B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá á gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíochta. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

	2021 Meastachán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
Fo-mhírcheann			
B.9 – An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	2,900	1,624	2,244
D.4 - Comhtháthú dídeanaithe agus imirceach	7,700	4,814	4,345
E.3 - An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht [a]	1,386	1,580	355

Nóta [a] B'ionann caiteachas an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht don bhliain agus €1.58 milliún. Scaoiltear fáltais AE maidir le maoiniú an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht sna cuntais trí leithreasaí-i-gcabhair nuair a mheastar iad a bheith cinnte. Tá iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh isteach sna cuntais le fáil i Nóta 2.7 agus baineann siad sin le maoiniú le haghaidh caiteachas a tuairiscíodh roimhe seo faoin bhfo-mhírcheann seo.

6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas in 2021 de €3.2 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

	Neamhchaite €000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	
A.3 An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tulsa)	2,097
A.4 Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	2,309
B.5 Cláir chúram leanaí: tacaí seachadta agus tionscnaimh eile	1,806
B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige	76
	6,288 [a]

Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	**Tugtha Anonn €000**
A.3 An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tulsa)	1,000
A.4 Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	250
B.5 Cláir chúram leanaí: tacaí seachadta agus tionscnaimh eile	750
B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige	1,200
	3,200

Nóta [a] Faoi thagairt chiorcláin DPE 029/11/12 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le tabhairt caipitil anonn, ní fhéadfaidh Ranna níos mó ná 10% dá leithdháileadh caipitil vótáilte iomlán a thabhairt anonn. Mar thoradh air sin, ní fhéadfadh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ach €3.2 milliún den chaipiteal neamhchaite €6.3 milliún in 2021 a thabhairt anonn go 2022.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Comhlacht	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas í
Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	2020	2 Nollaig 2021	6 Nollaig 2021	6 Nollaig 2021
Údarás Uchtála na hÉireann	2020	29 Meitheamh 2021	15 Iúil 2021	29 Iúil 2021
Oifig an Ombudsman do Leanaí	2020	30 Meán Fómhair 2021	22 Deireadh Fómhair 2021	3 Samhain 2021
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	2020	30 Meitheamh 2021	7 Iúil 2021	22 Iúil 2021
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	2020	23 Iúil 2021	22 Samhain 2021	2 Nollaig 2021

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €840,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015. An Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí atá san Údarás.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chomhlíonadh.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as na nithe seo a leanas

- bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus iad a threorú
- comhlíonadh agus gach oibleagáid reachtúil is infheidhme
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an lucht ardbhainistíochta a choinneáil cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí
- nithe a bhaineann le hiniúchóireacht, rialachas agus bainistíocht riosca
- a chinntiú gurb ann do chórais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus go gcuirtear chun feidhme iad
- plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh, agus
- tuarascáil bhliantúil an Údaráis a ullmhú.

Tá an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* glactha ag an Údarás agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2022. Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2021 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2022.

Nochtadh i gCuntas Leithreasa 2020 gurb amhlaidh, de bhun thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta, atá sé beartaithe comhlacht reachtúil nua a bhunú, áit a ndéanfar Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta a chumasc. Cé go ndearnadh dul chun cinn mór i dtaobh na reachtaíochta nua sa bhliain 2021, tá rith na reachtaíochta tríd an Oireachtas fós ar feitheamh agus, dá bhrí sin, tá feidhmeanna reachtúla reatha an Údaráis chomh maith lena ról formhaoirseachta fós i bhfeidhm.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an fheidhm Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Údarás faoi Chomhaontú Seirbhíse. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá na freagrachtaí atá orm maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá na hOifigigh Chuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon á rá go bhfeidhmítear córais chuí i ndáil le rialachas agus rialú inmheánach maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht ag dul leo dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla i gcomhair teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.

- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann, lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta gach mí ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. De bharr mhéid na gníomhaireachta, déantar an fheidhm seo a sheachfhoinsiú chuig gnólacht seirbhísí gairmiúil, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáth-atairisceana i gcomhréir le nósanna imeachta soláthair. Is í anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta a chuireann bonn eolais faoina chuid oibre agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís seo. Is é aidhm na bpleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis, athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le soláthar, go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Údarás, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun tabhairt faoi na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Is ann do chlár rioscaí ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Údarás, agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir tábhachta. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a fheidhmiú atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear próisis agus easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 ar gá iad a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Le linn na bliana 2021, leanadh le hobair agus formhaoirseacht an Údaráis gan aon laghdú, agus rinneadh an chuid is mó den obair sin go cianda. Thionóil an tÚdarás 18 gcruinniú san iomlán sa bhliain 2021, agus iad go léir á dtionól ar líne. De réir oibleagáidí reachtúla an Údaráis, bhí teacht ag an bpobal ar chúig cinn de na cruinnithe sin. Thionóil fochoistí an Údaráis 20 cruinniú san iomlán sa bhliain 2021, agus iad go léir á dtionól ar líne.

Lean an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, iniúchóirí inmheánacha agus an tÚdarás d'aird ghéar a thabhairt ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn an tÚdarás.

Amach sa bhliain 2021, thug iniúchóirí inmheánacha an Údaráis faoi athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí gnó. Shocraigh na hiniúchóirí go bhféadfaí dearbhú suntasach a leagan ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe maolaithe agus na bainistíochta riosca maidir le tionchar Covid-19.

Leanadh d'aird ghéar a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe de réir mar a tháinig timpeallacht níos normalaithe in áit chéim éigeandála phaindéim Covid-19.

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

9 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Údarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2021

		Soláthar meastacháin	2021 Toradh	2020 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A.	Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	3,797	2,975	2,817
	Ollchaiteachas	**3,797**	**2,975**	**2,817**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	47	65	66
	Glanchaiteachas	**3,750**	**2,910**	**2,751**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**840,341**	**615,165**

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

9 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Riarachán - pá		2,236	2,087
Riarachán - neamhphá		739	730
Ollchaiteachas		**2,975**	**2,817**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**65**	**66**
Glanchaiteachas		**2,910**	**2,751**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	—		
Dímheas	10	10	(19)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(24)		
Laghdú ar stoc	4		
		(20)	(15)
Caiteachas díreach		**2,900**	**2,717**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		332	315
Glanchostas an chláir		**3,232**	**3,032**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 41 comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	263	253
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	5	5
Vóta 24	Dlí agus Ceart	56	49
		332	**315**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	25	35
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		69	130
Stoic	2.2	9	13
Réamhíocaíochtaí		22	14
Iarmhéideanna dochair eile		29	42
Iomlán na sócmhainní reatha		**129**	**199**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		5	21
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	98	129
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	—	43
Iomlán na ndliteanas reatha		**103**	**193**
Glansócmhainní reatha		26	6
Sócmhainní reatha		**51**	**41**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**51**	**41**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	47	36	83
Breiseanna	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	47	36	83
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	17	31	48
Dímheas don bhliain	9	1	10
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	26	32	58
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**21**	**4**	**25**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	30	5	35

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	7	11
Lónadóireacht	1	—
Glanadh	1	2
	9	**13**

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	50	63
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	25	24
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	10	19
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	8	6
	93	112
Míreanna sochair eile ar fionraí	5	17
	98	**129**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr	840	615
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(840)	(572)
Glanmhaoiniú Státchiste	—	**43**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	69	130
Míreanna dochair: ar fionraí	29	42
	98	172
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(93)	(112)
Míreanna sochair: ar fionraí	(5)	(17)
	(98)	(129)
	—	**43**

2.5 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			41	7
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,750		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(840)		
Glanvóta			2,910	2,751
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		332	315
Glanchostas an chláir	1		(3,232)	(3,032)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**51**	**41**

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Deontais	10	—
Soláthar earraí agus seirbhísí	109	37
	119	**37**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riarachán

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,247	2,236	2,087
ii	Taisteal agus cothú	50	2	7
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,095	549	525
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	50	13	12
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	125	130	139
vi	Costais áitribh oifige	130	44	45
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	1	2
		3,797	**2,975**	**2,817**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/-25% agus €100,000).

iii. Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.095 milliún; toradh €549,000

Tháinig méadú €350,000 ar an soláthar meastacháin don bhliain 2021 chun obair bhreise a dhéanamh ar phróisis earcaíochta na nGardaí a uasdátú. Ba mar thoradh ar mhoilleanna soláthair nach rabhthas ag súil leo a bhí toradh €44,000 i gceist i leith na hoibre sin in 2021. Is de bharr na toisce sin, mar aon le cur isteach leanúnach atá á dhéanamh i réimsí oibre de bharr éigeandáil Covid-19 a bhí gannchaitheamh €546,000 i gceist (2020: €220,000).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		Measta €000	2021 Réadaithe €000	2020 Réadaithe €000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	47	63	57
2	Ilghnéitheach	—	2	9
	Iomlán	**47**	**65**	**66**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon ball foirne ag deireadh na bliana	**38**	**36**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	2,029	1,903
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—
ÁSPC an fhostóra	207	184
Pá iomlán	**2,236**	**2,087**

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Naonúr comhaltaí den Údarás, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhí ann sa bhliain 2021 (2020: ochtar). Tháinig an tÚdarás le chéile i gcruinniú iomlánach 18 n-uaire san iomlán (cúig huaire go poiblí) (2020: 21 (cúig huaire go poiblí)) agus tionóladh 20 cruinniú fochoiste san iomlán (2020: 27).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €140,799 san iomlán le comhaltaí den Údarás le linn na bliana 2021 (2020: €150,907). B'ionann agus €247 na speansais a íocadh le comhaltaí sa bhliain 2021 (2020: €3,269). Rinneadh na táillí agus na speansais a mhuirearú ar fho-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha.

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh naonúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú le dul i mbun dualgais éagsúla in 2021 (2020: cúigear) ar chostas iomlán €45,472 (2020: €27,903). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le pearsanra atá ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba ag scála an Rúnaí Chúnta (PPC) a bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta, i.e. olltuarastal bliantúil iomlán €164,549 (€162,920 ag an 31 Nollaig 2020).

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 42

Forbairt Tuaithe agus Pobail

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm an cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2021, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair don bhliain.

Dlitear farasbarr €41.45 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Íocaíochtaí le Pobal

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.3).

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar don Roinn seo.

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24) a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur ormsa le linn dom na freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

Nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí

- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil freagracht tharmligthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) as slándáil TFC a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil i bhfeidhm.

Iniúchadh Inmheánach agus Coistí Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil ag an Roinn feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne eolas dá cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, déanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte sin in 2021 seachas i gcás inar síneadh conradh a raibh luach €910,000 i gceist leis (gan CBL a áireamh) i ndáil le seirbhísí aeir a sholáthar chuig Árainn, mar a tuairiscíodh i dtuairisceán bliantúil na Roinne i ndáil le ciorclán 40 de 2002. Bhí gá leis an síneadh chun seirbhísí leanúnacha iompair riachtanacha a sholáthar fad is a bhí conradh nua fadtéarmach maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí á chur i bhfeidhm. Fógraíodh cáipéisí tairisceana do na seirbhísí sin ar eTenders i bhFeabhra na bliana 2022. I ndiaidh próiseas iomaíoch, dámhadh an conradh an 7 Meitheamh 2022.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos mionsonraí. Tá rialuithe i bhfeidhm fós chun comhlíonadh a chinntiú sa réimse sin.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Mionsonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Forchúiteamh an mhaoinithe tionscadail faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Cuireann an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) maoiniú ar fáil d'fhonn bonneagar caithimh aimsire lasmuigh nua a fhorbairt agus d'fhonn bonneagar caithimh aimsire lasmuigh atá ann cheana féin a chothabháil, a fheabhsú nó a chur chun cinn i gceantair thuaithe na hÉireann. Déanann an Roinn maoiniú ar suas go dtí 90% de chostais an tionscadail cheadaithe, agus suas go dtí €500,000 d’aon tionscadal ar leith. Is féidir an maoiniú deontais geallta a íoc i ndiaidh don obair a bheith curtha i gcrích. Mura gcuirtear an obair cheadaithe i gcrích faoi spriocdhátaí na scéime ábhartha, d’fhéadfadh nach gcuirfí amach an maoiniú uile nó cuid den mhaoiniú nó d’fhéadfadh go mbeadh aon mhaoiniú a cuireadh amach cheana le haisíoc leis an Roinn.

Chuir Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne tús le hiniúchadh ar chomhlíonadh na scéime do shampla de shé thionscadal ORIS i mBealtaine na bliana 2020. Is éard a bhí san iniúchadh ná an caiteachas a bhaineann le cuairteanna ar an láthair a thabhairt ar údaráis áitiúla ábhartha chun caiteachas a dheimhniú agus cigireacht fhisiceach a dhéanamh ar an obair atá déanta. Sainaithníodh san iniúchadh ábhair imní ardleibhéil i ndáil le tionscadal a bhainistigh Comhairle Contae Mhaigh Eo, a bhí dírithe ar dhroichead crochta 45 mhéadar ar fad a sholáthar mar chuid de shlí rothar Ghlasbhealach Acla. Gheall an Roinn go ndéanfadh sí €200,000 a íoc mar mhaoiniú ORIS, i gcomhthéacs chostas measta €250,000 an tionscadail. Fuarthas amach san iniúchadh nár gearradh ach caiteachas €59,000 suas le cód an tionscadail ar chóras cuntasaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ach gur bhain €27,000 den chaiteachas sin le sonraisc a íoc le tionscadail eile. Tabhaíodh an €32,000 a bhí fanta i ndáil le táillí gairmiúla agus duchtáil faoi thalamh do thionscadal an droichid. In ainneoin an leibhéil ísil caiteachais, d'éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo suim iomlán an deontais de €200,000 an 31 Deireadh Fómhair 2019, arbh é an dáta sin an scoithdháta chun an tionscadal a chur i gcrích chun críocha maoinithe deontais.

De bharr na bhfionnachtana maidir le tionscadal droichid Acla, scrúdaigh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ceithre thionscadal ORIS eile ar bhainistigh Comhairle Contae Mhaigh Eo iad. I ngach cás, sainaithníodh san iniúchadh nach raibh obair ar bith ná cuid d'obair an tionscadail déanta nuair a d'éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo an maoiniú tionscadail gaolmhar, arbh ionann a luach agus €850,000 do na ceithre thionscadal. Sainaithníodh freisin in dhá cheann de na tionscadail nach raibh na costais curtha i gcód i gceart.

Lorg an Roinn míniúcháin ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo i Nollaig na bliana 2020, maidir le fionnachtana na tuarascála iniúchta, agus na rialuithe a bhí i bhfeidhm sa Chomhairle ar thionscadail mhaoinithe. Ina dhiaidh sin, bhí rannpháirtíocht shuntasach ann idir an Chomhairle agus an Roinn. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin, sainaithníodh deich dtionscadal ORIS i gcás inar éiligh an Chomhairle maoiniú sular cuireadh na tionscadail i gcrích. Chuir an Roinn in iúl don Chomhairle i Samhain na bliana 2021 go raibh sí ag cur deireadh leis na comhaontuithe maoinithe do cheithre cinn de na deich dtionscadal sin, agus go raibh sí ag cur deireadh leis an maoiniú do chuid de thionscadal amháin. D'iarr an Roinn €1.09 milliún a aisíoc i dtaca leis sin. Ina theannta sin, chuir an Roinn smachtbhanna forchúitithe €161,000 i bhfeidhm i ndáil leis na tionscadail a bhí fágtha, a d'aontaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le cur i gcrích laistigh de thréimhse shainithe.

Chomh maith leis sin, i Samhain na bliana 2021, threoraigh an Roinn fionnachtana an iniúchta inmheánaigh agus toradh na rannpháirtíochta le Comhairle Contae Mhaigh Eo a tharla i ndiaidh sin chuig an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Lean an Roinn freisin ag dul i dteagmháil le Comhairle Contae Mhaigh Eo lena chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha atá aici curtha i bhfeidhm chun gealltanas riachtanach a chur ar fáil.

Choinnigh an Roinn ar bhealach níos ginearálta na córais rialaithe atá aici ar ORIS agus ar scéimeanna deontais eile faoi athbhreithniú leanúnach. Neartaigh an Roinn na rialuithe roimh fhionnachtana iniúchta ORIS agus lean an Roinn ag athbhreithniú agus ag neartú na rialuithe inmheánacha le haghaidh scéimeanna deontais. I measc na bhfeabhsuithe a rinneadh bhí;

- ceanglas ar dheontaithe chun fianaise bhreise ar chaiteachas tabhaithe a chur isteach roimh fhorchúiteamh, lena n-áirítear tuarascáil chás-staidéir a bhfuil grianghraif 'roimh ré agus ina dhiaidh' inti; liosta de shonraisc, agus na héilimh a bheith sínithe ag leibhéal an Stiúrthóra Seirbhísí
- aighneacht maidir le tuarascáil ar dhul chun cinn dhá thionscadal ar a laghad
- ráta cigireachta méadaithe, lena n-áirítear cigireachtaí réamhíocaíochta
- forbairt acmhainne méadaithe d'fhoireann an údaráis áitiúil
- oiliúint bhreise d'fhoireann na Roinne maidir le héilimh ar dheontais a dhearbhú
- Lámhleabhar Bainistíochta Scéime de chuid na roinne a fhorbairt chun tacú leis an bhfoireann atá páirteach i mbainistiú scéime.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus is iad seo a leanas na torthaí. Chuir an Roinn próisis láidre i bhfeidhm i dtús na paindéime lena chinntiú go leanfar leis na híocaíochtaí a phróiseáil agus le héifeachtacht na rialuithe i dtimpeallacht chianoibre. Forbraíodh na próisis agus rialuithe sin i gcomhar le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt. Tá na próisis sin daingnithe go maith laistigh den eagraíocht. Tá na próisis sin ina ngnáthnós imeachta oibriúcháin agus beidh siad fós i bhfeidhm i gcomhthéacs na cianoibre a bheidh mar chuid de chur chuige oibre cumaisc amach anseo. Maidir le scéimeanna maoinithe, bhí €10 milliún ar fáil ag an Roinn sa bhliain 2021 don Chiste Cobhsaíochta Covid-19. Leanadh leis sin ó scéimeanna maoinithe den chineál céanna sa bhliain 2020, ach bhí an maoiniú laghdaithe go mór don bhliain 2021. Bhí soláthar agus formhaoirseacht na scéime seanbhunaithe don mhaoiniú seo sa bhliain 2021. Thabhaigh an Roinn caiteachas €16.899 milliún san iomlán ar thacaí a bhain le Covid-19 (€64.908 milliún sa bhliain 2020).

Mary Hurley
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

14 Meán Fómhair 2022

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Maoiniú deontais a aisghabháil ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur shainaithin Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne neamhrialtachtaí maidir le roinnt tionscadal ar mhaoinigh an Roinn iad san am atá thart faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS). Sainaithníodh san iniúchadh nach ndearnadh aon obair, nó nach ndearnadh ach cuid den obair chomhaontaithe, faoin am a d'éiligh Comhairle Contae Mhaigh Eo suim iomláin an mhaoinithe deontais gheallta, rud a bhí contrártha do na coinníollacha a socraíodh le haghaidh na scéime. Sainaithníodh san iniúchadh freisin speansais mhíchódaithe a tabhaíodh le haghaidh tionscadail eile a muirearaíodh ar roinnt de thionscadail ORIS.

D’fhoirceann an Roinn na comhaontuithe maoiniúcháin le haghaidh ceithre thionscadal agus laghdaigh sí a ceangaltas maoiniúcháin le haghaidh tionscadal eile. D’iarr sí ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo suim €1.09 milliún a aisíoc ina leith sin freisin. De bhreis air sin, d’fhorchuir sí smachtbhanna forchúitimh €161,000 maidir le tionscadail eile.

Tugtar breac-chuntas sa ráiteas faoi rialuithe inmheánacha freisin ar na hathruithe atá déanta ag an Roinn chun treisiú leis na rialuithe a oibríonn sí i ndáil le scéimeanna deontais.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais freisin gur tharla teagmhas ábhartha nár comhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair ann i ndáil le conradh a bhí i mbun oibre sa bhliain 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir						
A	Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha					
		Soláthar meastacháin	177,648			
		Géilleadh iarchurtha	13,180			
				190,828	169,159	152,735
B	Forbairt Pobal			168,773	171,164	202,511
C	An tÚdarás Rialála Carthanas			4,606	4,127	4,172
Ollchaiteachas						
		Soláthar meastacháin	351,027			
		Géilleadh iarchurtha	13,180			
				364,207	**344,450**	**359,418**
	Lúide					
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**			**43,027**	**81,580**	**84,677**
Glanchaiteachas						
		Soláthar meastacháin	308,000			
		Géilleadh iarchurtha	13,180			
				321,180	**262,870**	**274,741**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.
Tugadh €16.86 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'fho-mhírcheann A.7 Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus A.8 Oileáin ar aghaidh go dtí an bhliain 2022 (féach Nóta 6.4)

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	58,310,228	18,701,021
Géilleadh iarchurtha	(16,860,000)	(13,180,000)
Farasbarr le géilleadh	**41,450,228**	**5,521,021**

Mary Hurley
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

31 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		333,120	349,096
Pá		10,394	9,318
Neamhphá		936	1,004
Ollchaiteachas		**344,450**	**359,418**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**81,580**	**84,677**
Glanchaiteachas		**262,870**	**274,741**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas		342	—
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh		12,276	(17,900)
Méadú ar stoc		(5)	(5)
Caiteachas díreach		**275,483**	**256,836**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,881	1,984
Glanchostas an chláir		**277,364**	**258,820**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1	12
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	185	328
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,123	1,111
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	21	21
Vóta 24	Dlí agus Ceart	341	337
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	210	175
		1,881	**1,984**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	10,355	10,697
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	17,864	15,825
Stoic	2.3	10	5
Réamhíocaíochtaí	2.4	21,363	48,850
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	71	207
Ioncam fabhraithe	2.6	24,368	9,117
Iomlán na sócmhainní reatha		**63,676**	**74,004**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	62	22
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	1,066	618
Glanmhaoiniú Státchiste	2.9	16,869	15,414
Iomlán na ndliteanas reatha		**17,997**	**16,054**
Glansócmhainní reatha		45,679	57,950
Glansócmhainní		**56,034**	**68,647**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.10	**56,034**	**68,647**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	TF agus trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	11,602	1,006	210	12,818
Breiseanna	—	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	11,602	1,006	210	12,818
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	1,328	749	44	2,121
Dímheas don bhliain	232	89	21	342
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	1,560	838	65	2,463
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**10,042**	**168**	**145**	**10,355**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	10,274	257	166	10,697

2.2 Bainc agus airgead tirim

Is ionann an banc agus airgead tirim agus na hiarmhéideanna a bhí ann ag deireadh na bliana i gcuntas Phámháistir Ginearálta na Roinne.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	5	1
Ábhair inchaite TF	5	4
	10	**5**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Athghiniúint agus forbairt tuaithe	7,705	27,945
Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte	1,723	8,760
Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne	2,944	3,907
Forbairt eacnamaíochta réigiúnach	2,946	2,449
An Clár um Sheirbhísí Pobail	1,035	2,420
Tacaí tuaithe	2,450	1,494
Leader - fochlár geilleagair tuaithe	2,368	1,242
Bearta na gcuntas díomhaoin	125	472
Coistí forbartha pobail áitiúil	—	85
Riarachán	67	76
	21,363	**48,850**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Scéimeanna na bpasanna taistil	17	5
Tuarastal ar fionraí	52	202
Míreanna dochair eile ar fionraí	2	—
	71	**207**

2.6 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig		2021 €000	2020 €000
Fo-mhírcheann	**Cur síos**		
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	8,189	6,816
A.7	Athghiniúint agus forbairt tuaithe - scéim um bonneagar caithimh aimsire lasmuigh [a]	1,253	—
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	14,926	2,301
		24,368	**9,117**

Nóta [a] Baineann an t-ioncam fabhraithe seo leis an aisíocaíocht atá luaite sa chuid den ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais lena bpléitear laigí sna rialuithe.

2.7 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	7	5
Fabhruithe clár sainiúil	39	-
Caiteachais riaracháin	11	7
Fabhruithe eile	5	10
	62	22

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	190	199
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	106	94
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	52	26
Cáin bhreisluacha	39	16
	387	335
Bailte slachtmhara	612	230
Eile	67	53
	1,066	**618**

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	41,450	5,521
Géilleadh iarchurtha	16,860	13,180
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(41,441)	(3,287)
Glanmhaoiniú Státchiste	**16,869**	**15,414**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	17,864	15,825
Iarmhéideanna dochair: fionraí	71	207
	17,935	16,032
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(1,066)	(618)
	(1,066)	(618)
	16,869	**15,414**

2.10 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			68,647	40,433
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	321,180		
Géilleadh iarchurtha		(16,860)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(41,450)		
Glanvóta			262,870	274,741
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		1,881	1,984
Míreanna neamhairgid - sócmhainní caipitil a aistríodh	2.1		—	10,309
Glanchostas an chláir	1		(277,364)	(258,820)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**56,034**	**68,647**

2.11 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2021 €000**	**2020 €000**
Earraí agus seirbhísí a fháil	292	61
Cláir deontas neamhchaipitil	109,106	106,703
Cláir deontas caipitil	244,996	191,459
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**354,394**	**298,223**

b) Cláir deontas neamhchaipitil	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	106,703	110,497
Deontais a íocadh sa bhliain	(163,432)	(188,823)
Ceangaltais deontas nua	165,835	185,029
Iarmhéid deiridh	**109,106**	**106,703**

c) Cláir deontas caipitil	**2021 €000**	**2020 €000**
Iarmhéid tosaigh	191,548	232,283
Deontais a íocadh sa bhliain	(163,815)	(154,232)
Ceangaltais deontas nua	217,263	113,408
Iarmhéid deiridh	**244,996**	**191,459**

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,579	10,394	9,318
ii	Taisteal agus cothú	372	95	129
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	663	373	325
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	72	53	146
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	402	205	320
vi	Costais áitribh oifige	313	43	64
vii	Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	330	167	20
viii	Taighde	100	—	—
		12,831	**11,330**	**10,322**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €372,000; toradh €95,000

Bhí an t-easnamh €277,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe i gceist mar gheall ar thionchar leanúnach na paindéime agus ar an méadú ar úsáid áiseanna cruinnithe ar líne.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €663,000; toradh €373,000

Bhí an t-easnamh €290,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an meastachán mar gheall ar thionchar leanúnach na paindéime ar dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha chomh maith. Tá an dara ceann acu sin in ann a bheith ag athrú agus bhí siad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €402,000; toradh €205,000

Bhí an t-easnamh €197,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall go raibh sé deacair trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha a fháil de dheasca phaindéim Covid-19.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €313,000; toradh €43,000

Bhí an t-easnamh €270,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus áiseanna oifige ag suíomhanna i mBéal an Átha agus in Trinity Point araon a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí sé dúshlánach obair agus uasghrádú na hoifige a chur i gcrích le linn na paindéime.

vii Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €330,000; toradh €167,000

Bhí an t-easnamh €163,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar úsáid comhairleoirí a bhí níos lú ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus mar gheall ar an tionchar leanúnach a bhí ag an bpaindéim ar an gcineál sin oibre.

viii Taighde

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Ba mar gheall ar amlínte a bhí níos faide ná mar a bhí beartaithe i dtaobh tionscadal taighde ilbhliantúil a sholáthar a bhí an t-easnamh €100,000 sa chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá		6,040	6,427	5,218
A.2	Riarachán - neamhphá		1,146	500	572
A.3	Coimisiún Forbartha an Iarthair		2,166	2,150	1,969
A.4	Tacaí tuaithe [a]		23,243	31,928	18,702
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe		44,000	55,954	45,439
A.6	Forbairt eacnamaíoch réigiúnach		3,070	3,836	3,374
A.7	Athghiniúint agus forbairt tuaithe [b]				
	Soláthar meastacháin	87,000			
	Géilleadh iarchurtha	11,780			
			98,780	58,011	67,996
A.8	Oileáin				
	Soláthar meastacháin	10,983			
	Géilleadh iarchurtha	1,400			
			12,383	10,353	9,465
			190,828	**169,159**	**152,735**

Nótaí [a] A.4 - Áirítear i dtacaí tuaithe an clár ar a dtugtar CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus Scéim na Siúlóidí.

[b] A.7 - Is éard atá i gceist le hathghiniúint agus forbairt tuaithe ná an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte (TVRS), agus an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS).

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €21.669 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €259,000 den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €21.41 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha:

A.4 Tacaí tuaithe

Soláthar meastacháin €23.243 milliún; toradh €31.928 milliún

Soláthraítear faoin bhfo-mhírcheann seo maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna seo, lena n-áirítear Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Bhí méadú €8.685 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar éileamh breise den chuid is mó faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, a maoiníodh le coigiltí ó áiteanna eile.

A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Soláthar meastacháin €44 mhilliún; toradh €55.954 milliún

Tháinig méadú €11.954 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall gur clár ilbhliantúil é Leader agus mar go raibh leibhéil seachadta in 2021 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis de réir mar a bhí an clár ag teacht chun críche, maoiníodh an t-éileamh breise le coigiltí in áiteanna eile.

A.6 Forbairt eacnamaíoch réigiúnach

Soláthar meastacháin €3.07 milliún; toradh €3.836 milliún

Bhí méadú €766,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhaoiniú breise go príomha faoin gClár um Nuálaíocht Dhigiteach, a maoiníodh le coigiltí ó áiteanna eile.

A.7 Athghiniúint agus forbairt tuaithe

Soláthar meastacháin €98.78 milliún; toradh €58.011 milliún

Bhí an t-easnamh €40.769 milliún ar chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar choigiltí den chuid is mó faoi ghné an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) den fho-mhírcheann seo. Cuireadh moill ar thógáil na dtionscadal caipitil mórscála i gceantair thuaithe mar gheall ar na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm agus, mar thoradh air sin, dúnadh suíomhanna tógála go dtí Bealtaine na bliana 2021. Chuir sé sin moill ar thionscadail a bhí á dtógáil agus tionscadail nua araon a bhí ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála. Baineadh úsáid as na coigiltí in áiteanna eile chun soláthar breise a mhaoiniú faoin gclár Leader, faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúla, faoin gClár um Fheabhsú Pobail agus faoi Thionscadail Nuálaíochta Digití. Tugadh €15 mhilliún den choigilt ar aghaidh le húsáid sa bhliain 2022 tríd an socrú géillte iarchurtha.

A.8 Oileáin

Soláthar meastacháin €12.383 milliún; toradh €10.353 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar na tionscadail chaipitil a sholáthar ar oileáin amach ón gcósta a tharla an t-easnamh €2.03 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Mar gheall ar dhúnadh na suíomhanna tógála go dtí Bealtaine 2021, cuireadh moill leis na tionscadail chaipitil a sholáthar agus ar an leibhéal éilimh laistigh den earnáil tógála, leanadh de dhúshláin a chruthú maidir le hobair a chonrú do na hoileáin i bhfianaise an ualaigh bhreise ar chonraitheoirí maidir le hinnealra a thabhairt chuig na hoileáin agus amach astu. Tugadh €1.86 milliún den choigilt ar aghaidh le húsáid sa bhliain 2022 tríd an socrú géillte iarchurtha.

Clár B Forbairt Pobail

			2021	2020
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá	4,392	3,931	4,007
B.2	Riarachán - neamhphá	1,027	430	424
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	17,545	17,542	16,571[a]
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	45,066	45,066	44,065
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)	2,405	2,399	2,193
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste	6,500	6,500	6,500
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin	12,570	12,481	12,570
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)	—	—	37,000
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	6,967	6,967	9,862
B.9	Sábháilteacht Uisce na hÉireann	1,179	1,179	1,154
B.10	Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne	7,731	7,731	7,731
B.11	An Clár um Fheabhsú Pobail	4,501	8,048	11,237
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail	48,890	48,890	46,890
B.13	Ciste Cobhsaíochta Covid-19	10,000	10,000	—
B.14	Líonraí rannpháirtíochta poiblí	—	—	2,307
		168,773	**171,164**	**202,511**

Nóta [a] Leis an toradh €16.571 milliún do B.3 do 2020, áirítear €325,000 i gcaiteachas a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann B.13 Aonaid um Uilechuimsitheacht Shóisialta. Cuireadh an fo-mhírcheann sin ar scor sa bhliain 2021 agus cumascadh é le fo-mhírcheann B.3 mar gheall ar an ailíniú a bhí ann leis an réimse sin. Don bhliain 2021, baineadh úsáid as fo-mhírcheann B.13 le haghaidh caiteachais faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19.

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). €168.773 milliún an meastachán a bhí ann ar dtús. Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2.391 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí easnamh €1.058 milliún ar chaiteachas i gceist leis an méid sin maidir le caiteachas riaracháin, a míníodh roimhe seo, agus bhí méadú €3.499 milliún ar chaiteachas ann maidir le caiteachas clár eile. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a bhí caitheamh breise ann:

B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail

Soláthar meastacháin €4.501 milliún; toradh €8.048 milliún

Bhí méadú €3.547 milliún ar chaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar éileamh breise a tháinig chun cinn faoin gClár um Fheabhsú Pobail, agus bhí maoiniú breise dírithe go sonrach ar thacaí riachtanacha maoinithe caipitil a sholáthar do ghrúpaí pobail agus deonacha i gcomhthéacs phaindéim Covid-19, agus an maoiniú atá ar fáil faoi láthair faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19 á chomhlánú.

Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	147	36	93
C.2	Riarachán - neamhphá	79	7	8
C.3	An tÚdarás Rialála Carthanas	4,370	4,084	4,071
C.4	An Binse Achomhairc Carthanas	10	—	—
		4,606	**4,127**	**4,172**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €479,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €183,000 den tsuim sin le caiteachas riaracháin agus míníodh é cheana. Tharla iarmhéid na difríochta €296,000 mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha.

C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas

Soláthar meastacháin €4.37 milliún; toradh €4.084 milliún

Ba mar thoradh ar chostais chláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr dúshláin leanúnacha earcaíochta a bhí easnamh €286,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021	2020
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Ilghnéitheach	100	36,734	180
2	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	26,987	31,278	27,821
3	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	3,000	690	6,724
4	Cuntais dhíomhaoine - caiteachas clár	12,570	12,481	49,570
5	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	370	397	377
	SICAP - An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail	—	—	*5*
	Iomlán	**43,027**	**81,580**	**84,677**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €38.553 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Ilghnéitheach

Meastachán €100,000; réadaithe €36.734 milliún

Tháinig fáltais bharrachais €36.634 milliún chun cinn go príomha toisc go bhfuarthas maoiniú €36 mhilliún faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ó AE i Meán Fómhair na bliana 2021. Ní raibh an fáltas sin in ann a bheith mar chuid de Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne don bhliain 2021 mar nach raibh próiseas ceadaithe AE curtha i gcrích ag an am sin, agus mar nach raibh forchúiteamh na gcistí cinnte. Is mar thoradh ar roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas i ndáil le deontais a eisíodh i mblianta roimhe sin, agus nach raibh súil ar bith leo, a bhí na fáltais bharrachais €634,000 a bhí fágtha i gceist sa bhliain 2021.

2 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Meastachán €26.987 milliún; réadaithe €31.278 milliún

Is mar gheall ar leibhéil mhéadaithe íocaíochtaí faoi chlár Leader de chuid AE le linn na bliana 2021, a raibh méadú comhfhreagrach i leibhéal na bhfáltas AE a fuair an Roinn mar thoradh air, a bhí fáltais bhreise €4.291 milliún i gceist.

3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Meastachán €3 mhilliún; réadaithe €690,000

Tá laghdú €2.31 milliún i gceist mar gheall ar fháltais a rabhthas ag súil leo sa bhliain 2021 gan a bheith eisithe go dtí an bhliain 2022.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	7	15
Géilleadh deonach tuarastal Airí	16	7
A aistríodh chuig an Státchiste	(7)	(15) [a]
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**16**	**7** [a]

Nótaí [a] Leasaíodh figiúirí na bliana 2020 chun léiriú a thabhairt ar aistriú bliantúil na n-iarmhéideanna a fágadh amach as cuntais fhoilsithe na bliana 2020.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2021	2020
Roinn	166	166
Gníomhaireachtaí	76	73
Iomlán	**242**	**239**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2021 €000	2020 €000
Pá	9,557	8,557
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	110	106
Ragobair	20	15
ÁSPC an Fhostóra	707	640
Pá iomlán	**10,394**	**9,318**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2021 €	2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	12	4	22,002	20,613
Ragobair	1	1	16,828	15,139
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	1	22,444	20,246

Nóta Baineann na sonraí pá, liúntas agus luach saothair eile atá i 5.2 agus 5.3 thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta. Is féidir teacht ar fhaisnéis mhionsonraithe a bhaineann le líon na bhfostaithe agus a bpá maidir le gníomhaireachtaí na Roinne sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	7	9,967	4,607

Cuireadh pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le ró-íocaíochtaí in 2021.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta faoi láthair ag grád an Ard-Rúnaí, Leibhéal III, agus is ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, €190,568).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fo-mhírcheann	Cur síos	2021 Measatchán €000	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	10,848	10,848	10,528
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	2,733	2,733	2,855
		13,581	**13,581**	**13,383**

Nóta

Is iad na scéimeanna atá páirtmhaoinithe ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.3 ná an Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta agus an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta. Ba é an toradh iomlán dóibh sin don bhliain 2021 ná €5.988 milliún agus €4.86 milliún faoi seach. Tá an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta páirtmhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin freisin, mar gheall ar an leibhéal éilimh atá ann don scéim, agus áirítear sa toradh do na blianta 2020 agus 2021 araon €3 mhilliún atá maoinithe trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus tá an farasbarr páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta. Úsáidtear na deontais atá páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.4 le haghaidh obair nó tionscadail atá lasmuigh den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail de chuid na Roinne ach laistigh dá héiteas, agus díriú á leagan ar eagraíochtaí a sholáthraíonn tacaí dóibhsean atá faoi mhíbhuntáiste.

6.2 Maoiniú AE

Is cómhaoinithe ag AE atá caiteachas faoi fho-mhírchinn A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe, B.4 Tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí SICAP (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) agus B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas.

6.3 Íocaíochtaí le Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn suimeanna ar fiú €72.143 milliún san iomlán iad in 2021 chun tacú leis na cláir sin mar atá leagtha amach thíos.

Fo-mhírcheann	Cur síos	2021 Toradh €000	2020 Toradh €000
A.4	Tacaí tuaithe	1,450	983
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	1,698	916
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	9,059	8,208
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	1,500	1,336
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)	107	85
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste	1,000	1,000
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin	3,939	3,680
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)	—	31,750
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail	48,890	46,852
B.13	Ciste Cobhsaíochta Covid-19	4,500	—
	Iomlán [a]	**72,143**	**94,810**

Nóta: [a] Shainaithin Pobal suimeanna ar fiú €6.86 milliún san iomlán iad nach bhfuil caite go fóill i ndáil le híocaíochtaí in 2021 (€17.14 milliún sa bhliain 2020). Ara on dul le ciorclán 13/2014, cuirtear aon iarmhéideanna den sórt sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh le Pobal.

6.4 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €16.86 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

		€000
Míniú ar an bhfo-mhírcheann:		
A.7	Athghiniúint agus forbairt tuaithe	15,000
A.8	Oileáin	1,860
		16,860

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn a ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

Comhlacht	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Pobal	2020	19 Meán Fómhair 2021	13 Deireadh Fómhair 2021	15 Deireadh Fómhair 2021
An tÚdarás Rialála Carthanas	2020	28 Bealtaine 2021	28 Bealtaine 2021	25 Samhain 2021
Coimisiún Forbartha an Iarthair	2020	9 Nollaig 2021	10 Eanáir 2022	18 Feabhra 2022
Sábháilteacht Uisce hÉireann	2020	12 Samhain 2021	18 Samhain 2021	6 Eanáir 2022

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 43

Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43. Dá réir sin, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus chostais Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €316,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorcláin 1 agus 9 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 43.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht tuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Slándáil sonraí

Ina ról mar sholáthraí seirbhíse do roinnt comhlachtaí earnála poiblí, cuireann an Oifig cur chuige ilchisealach domhainchosanta chun feidhme i leith cibearshlándála agus i leith córais, bonneagair agus seirbhísí TFC a chosaint. Bhain sí deimhniú ISO 27001 amach trí 'Certification Europe', ar comhlacht deimhniúcháin a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige é. Soláthraítear leis an gcóras sin creat rialachais foriomlán do shlándáil faisnéise, leagtar síos leis beartais, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas i réimse na slándála, agus cinntítear leis go gcuirtear feabhas leanúnach ar bhainistíocht slándála faisnéise. Baintear straitéis slándála domhainchosanta na hOifige amach trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht a úsáid chun tacú le seirbhísí slándála TFC a chur chun feidhme.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás conradh amháin (ar mhó a luach ná €25,000), ar luach €316,580 (gan CBL), tá sonraí leagtha amach thíos.

I mí Feabhra 2021, chuir an Oifig síneadh 18 mí leis an gconradh a bhí aici le DQ Networks i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach i Rialachán 32(2)(c) de I.R. Uimh. 284/2016 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dámhachtain Conarthaí Údaráis Phoiblí), 2016. Bhí an Oifig ag obair i ndlúth-chomhpháirt le DQ Networks ag an am chun bainistiú a dhéanamh ar mhéadú suntasach ar an éileamh ar ár gcuid seirbhísí go léir, lena n-áirítear bandaleithead, teileafónaíocht agus slándáil. Fágfaidh síneadh an chonartha go dtí deireadh mhí Lúnasa 2022 go mbeidh am ann le haghaidh comórtas soláthair a reáchtáil agus le haghaidh na foirne tacaíochta nua agus reatha a oibriú i gcomhthráth ar feadh roinnt míonna chun aistriú réidh a éascú sa chás go n-éireodh le comhpháirtí nua sa chomórtas tairisceana.

Chuir an Oifig sonraí ar chúig chonradh neamhiomaíocha ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár rioscaí cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha is gá le rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus le haon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus is iad seo a leanas na torthaí ar thángthas orthu:

Cuireadh bearta leanúnachais gnó i bhfeidhm le déileáil le tionchar Covid-19 agus chuir sé sin ar chumas na hOifige bheith lánfheidhmiúil le linn 2021. Mar gheall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Oifig féin, ar sheachfhoinsiú na cuntasaíochta oibríochtúla go dtí an Roinn Airgeadais agus ar sheachfhoinsiú an phárolla go dtí an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ar na córais TF a lig don Oifig oibriú go hiomlán go cianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020, is beag tionchar a bhí ag na bearta a bhain leis an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na hOifige.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

23 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtaisdon bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Méan Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhísí TFC an Rialtais	22,941	22,664	21,436
Ollchaiteachas		**22,941**	**22,644**	**21,436**
	Lúide			
B	Leithreasaí-i-gcabhair	**142**	**181**	**143**
Glanchaiteachas		**22,799**	**22,483**	**21,293**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**316,307**	**410,596**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

23 Márta 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		15,576	14,599
Pá		5,068	4,334
Neamhphá		2,020	2,503
Ollchaiteachas		**22,664**	**21,436**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**181**	**143**
Glanchaiteachas		**22,483**	**21,293**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(1,246)		
Dímheas	2,760	1,514	(44)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	743	743	(3,562)
Caiteachas díreach		**24,740**	**17,687**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(5,132)	(2,627)
Glanchostas an chláir		**19,608**	**15,060**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 43 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 7	Airgeadas	100	70
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	300	300
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,262	961
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	7	6
		1,669	1,337
Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(6,801)	(3,964)
		(5,132)	**(2,627)**

Nóta De bhreis ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil saor in aisce do Vótaí eile atá léirithe anseo (€6.8 milliún), cuireadh seirbhísí eile arbh ionann a luach agus thart ar €777,100 ar fáil saor in aisce freisin do chomhlachtaí neamhvótáilte poiblí eile.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020
Sócmhainní caipitil	2.1	5,179	7,588
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		457	445
Réamhíocaíochtaí	2.2	3,132	3,612
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	347	40
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	—	71
Iomlán na sócmhainní reatha		**3,936**	**4,168**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		313	50
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	608	556
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	196	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,117**	**606**
Glansócmhainní reatha		2,819	3,562
Glansócmhainní		**7,998**	**11,150**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**7,998**	**11,150**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	20,730	126	20,856
Breiseanna	1,246	—	1,246
Coigeartú [a]	(2,803)	(109)	(2,912)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	19,173	17	19,190
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	13,209	59	13,268
Coigeartú	(1,968)	(49)	(2,017)
Dímheas don bhliain	2,758	2	2,760
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	13,999	12	14,011
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**5,174**	**5**	**5,179**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	7,521	67	7,588

Nóta [a] Baineann an coigeartú seo le míreanna aonair ar lú a luach ná €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní seasta, ar aon dul le coigeartú na tairsí caipitlithe. Tá na míreanna sin fós in úsáid.

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Seirbhísí TF	1,100	1,099
Ceadúnais	1,484	1,721
Cothabháil bogearraí	81	181
Seirbhísí teileachumarsáide	430	602
Barántas	37	9
	3,132	**3,612**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Gréasáin Rialtais	343	38
Míreanna dochair eile ar fionraí	4	2
	347	**40**

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	92	81
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	46	41
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	144	206
Cáin bhreisluacha	285	157
Ranníocaíochtaí pinsin	14	12
	581	497
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	13	12
Míreanna sochair eile ar fionraí	14	47
	608	**556**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	316	411
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(120)	(482)
Glanmhaoiniú Státchiste	**196**	**(71)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	457	445
Iarmhéideanna dochair: fionraí	347	40
	804	485
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(581)	(497)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(27)	(59)
	(608)	(556)
	196	**(71)**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		—	11,150	—
Eisíocaíochtaí as an vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	22,799		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(316)		
Glanvóta			22,483	21,293
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		(5,132)	(2,627)
Míreanna neamhairgid – aistriú sócmhainní caipitil			—	7,544
Míreanna neamhairgid – coigeartú ar shócmhainní caipitil	2.1		(895)	—
Glanchostas an chláir	1		(19,608)	(15,060)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**7,998**	**11,150**

2.7 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	1,937	393
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,937**	**393**

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**—**	**10**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos curtha san áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a léiriú.

		2021		2020
		Soláthar meastachá in	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	5,735	5,068	4,334
ii	Taisteal agus cothú	50	11	51
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	142	86	53
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	297	268	232
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,200	1,629	2,142
vi	Costais áitribh oifige	40	26	25
		7,464	**7,088**	**6,837**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhír seo a leanas na cúiseanna le haon difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

v ***Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha***

Soláthar meastacháin *€1.2 milliún;* toradh *€1.629 milliún*

Baineann an róchaiteachas €429,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin le cúnamh seachtrach a theastaigh ón Oifig chun a cuid seirbhísí a sholáthar. Dá bharr sin, maoiníodh an róchaiteachas sin ó choigilteas i bhfo-mhírcheann an phá riaracháin.

Clár A Seirbhísí TFC an Rialtais

		2021	2020
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	5,735	5,068	4,334
A.2	Riarachán – neamhphá	1,729	2,020	2,503
A.3	Seirbhísí TFC an Rialtais	15,477	15,576	14,599
		22,941	**22,664**	**21,436**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021	2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	12	16	16
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	130	165	127
	Iomlán	**142**	**181**	**143**

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	25	—
Aisíocaíocht le Fiontraíocht Éireann	—	25
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(25)	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**25**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**73**	**68**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	4,538	3,902
Liúntais eile	64	50
Ragobair	58	55
ÁSPC an Fhostóra	408	327
Pá iomlán	**5,068**	**4,334**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	An íocaíocht aonair is airde
			2021	2020
			€	€
Liúntais eile	7	3	12,543	11,459
Ragobair	14	2	15,859	15,788
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	5	3	23,815	25,854

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí	4	6,023	10,671
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	4,114	8,576

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is ionann an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá a thuarastal nochta sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain a bhunaithe	2021	2020
		€000	€000
An Bord um Rialachas Sonraí [a]	2021	3	—

Nóta [a] Bunaíodh an Bord um Rialachas Sonraí leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Imríonn an Bord ról lárnach maidir le forálacha an Achta a chur chun feidhme.

Faoin reachtaíocht, tá ag an mBord sraith cumhachtaí agus oibleagáidí dlíthiúla atá sainithe go soiléir agus tabharfaidh sé comhairle don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- bunchlárlanna a shainainmniú agus a oibriú (chun sonraí saoránach a stóráil)
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin bhainistíochta sonraí agus treoirlínte bainistíochta sonraí a thabhairt isteach
- comhlachtaí earnála poiblí do chomhlíonadh na gcaighdeán agus na dtreoirlínte thuasluaite a chur chun cinn agus tuairisc a thabhairt air
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le bailiú sonraí áirithe ag comhlachtaí earnála poiblí a thoirmeasc
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le hordú a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí sonraí a chomhroinnt faoin Acht
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le sainainmniú agus oibriú bunchlárlann, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe uile um chomhroinnt sonraí faoin Acht.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 44

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus costais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.33 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú feidhmeanna corparáideacha

Lean an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag déanamh dul chun cinn ar aistriú feidhmeanna corparáideacha ar leith ón Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2021. Síníodh Ordú ón Aire i mí na Samhna 2021 inar ceapadh an Coimisinéir um Chosaint Sonraí mar Údarás Cuí, faoi alt 20(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá an fhoireann a bhí fostaithe roimhe sin ag an Roinn Dlí agus Cirt anois ina bhfostaithe den Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi chomhaontú seirbhíse.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus déantar iniúchadh uirthi faoi phróisis deimhnithe ISAE 3402 i leith an dearbhaithe sin.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis na rialuithe iomchuí a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar d'fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chun, inter alia, riachtanais oiliúna na foirne a aithint, lena n-áirítear scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint atá de dhíth a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta i bhfeidhm.
- Bíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Le linn 2021, chuir rannóg teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí áirithe TFC ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Chuir rannóg TFC na Roinne Dlí agus Cirt ráiteas dearbhaithe ar fáil faoi chomhaontú seirbhíse, ag cur síos ar na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm in 2021.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, ar feidhm sheachfhoinsithe í lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige, agus go n-oibríonn sí de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach . I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí ocht gcruinniú sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch ná neamhchomhlíontach de bhreis ar €25,000 gan CBL a áireamh i gceist sa bhliain 2021.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus déantar na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta chun feidhme le linn na tréimhse a chlúdaítear sa chuntas chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Ardbhainistíochta, nuair ab iomchuí.

Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na foirne ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19, agus cáipéis Léargas Iniúchta ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á cur san áireamh. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus ba é an toradh a bhí air sin ná nach raibh tionchar diúltach ann ar na rialuithe inmheánacha de bharr na paindéime. Deimhním go ndearna mé féin agus an fhoireann ardbhainistíochta monatóireacht leanúnach ar rialuithe inmheánacha a chothabháil sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021.

Helen Dixon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

31 Márta 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 44 An Coimisíun um Chosaint Sonraí

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 44 An Coimisíun um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 44 An Coimisíun um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le Coimisíun um Chosaint Sonraí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meitheamh 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Cuntas Leithreasa 2021

			2021	2020
		Soláthar meastachá in	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Rialáil Cosanta Sonraí a Sholáthar	19,128	14,757	12,218
Ollchaiteachas		**19,128**	**14,757**	**12,218**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**230**	**189**	**155**
		18,898	**14,568**	**12,063**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**4,329,514**	**4,622,680**

Helen Dixon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Pá		9,326	7,844
Neamhphá		5,431	4,374
Ollchaiteachas		**14,757**	**12,218**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**(189)**	**(155)**
Glanchaiteachas		**14,568**	**12,063**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(151)		
Dímheas	35	(116)	(115)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	111		
Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh	(3)		
Méadú ar stoic dheiridh	(2)	106	(121)
Caiteachas díreach		**14,558**	**11,827**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		151	125
Glanchostas an chláir		**14,709**	**11,952**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 44 a tabhaíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	78	76
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	17	—
Vóta 24	Dlí agus Ceart	56	49
		151	**125**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	889	773
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	173	222
Stoic		9	7
Réamhíocaíochtaí	2.3	190	187
Iarmhéideanna dochair eile		142	—
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	162	33
Iomlán na sócmhainní reatha		**676**	**449**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		184	73
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	477	255
Iomlán na ndliteanas reatha		**661**	**328**
Glansócmhainní reatha		15	121
Glansócmhainní		**904**	**894**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**904**	**894**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh TF agus oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	2	187	668	857
Breiseanna	—	—	151	151
Diúscairtí	—	(2)	—	(2)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	2	185	819	1,006
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	2	82	—	84
Dímheas don bhliain	—	35	—	35
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(2)	—	(2)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	2	115	—	117
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	**—**	**70**	**819**	**889**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	—	105	668	773

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	173	222
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	—	—
	173	**222**

Chomh maith leis an gcuntas ag an bPámháistir Ginearálta, tá cúig chuntas tráchtála bainc eile ag an gCoimisiún a raibh iarmhéid nialasach i gceist leo ag an 31 Nollaig 2021.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Costais áitribh oifige	178	176
Cumarsáid	8	4
Eile	4	7
	190	**187**

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	250	—
Cáin bhreisluacha ar shonraisc choimhthíocha	6	2
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	114	162
	370	164
Míreanna eile ar fionraí	107	91
	477	**255**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	4,330	4,623
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,492)	(4,656)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(162)**	**(33)**
Arna léiriú ag:		
Banc agus airgead tirim	173	222
Iarmhéideanna dochair: fionraí	142	—
	315	222
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(120)	(164)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(357)	(91)
	(477)	(255)
	(162)	**(33)**

2.6 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			894	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar measctacháin		18,898		
Farasbarr le géilleadh		(4,330)		
Glanvóta			14,568	12,063
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		151	125
Aistriú isteach sócmhainní			—	658
Glanchostas an chláir	1		(14,709)	(11,952)
			904	**894**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Earraí agus seirbhísí a fháil	514	593
Tionscadal caipitil	216	199
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**730**	**792**

2.8 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir leis an méid iarbhír ná tráthúlacht na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: rialáil cosanta sonraí a sholáthar.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,764	9,326	7,844
ii	Taisteal agus cothú	110	2	19
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus speansais dlí	2,447	3,399	2,582
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	45	35	29
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,612	830	858
vi	Costais áitribh oifige	1,700	826	844
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	440	339	42
viii	Taighde	10	—	—
		19,128	**14,757**	**12,218**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €12.764 milliún; toradh €9.326 milliún

Bhain an t-easnamh €3.438 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin leis an earcaíocht níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus roinnt feachtais earcaíochta á gcur ar aghaidh go dtí an bhliain 2022. Bhain sé freisin leis an ngá a bhí ann chun críocha meastachán chun tuarastail foirne a phróifíliú ar bhonn bliantúlaithe agus ar bhonn lárphointe an scála, chomh maith le laghdú ar an bhfoireann.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €110,000; toradh €2,000

Bhain an t-easnamh €108,000 i gcaiteachas le taisteal foirne atá níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa bhliain 2021 de bharr phaindéim Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha agus speansais dlí

Soláthar meastacháin €2.447 milliún; toradh €3.399 milliún

Bhain an farasbarr €952,000 i gcaiteachas den chuid is mó le costais dlí a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis atá fritháirithe ag caiteachas níos lú ar oiliúint agus forbairt foirne agus speansais theagmhasacha eile. Tríd is tríd, sháraigh costais dlí DPC, a bhí cothrom le thart ar €3.2 milliún, an buiséad leithdháilte do chostais dlí faoi €1.2 milliún. Bhí gnéithe suntasacha ann a chuir leis an róchaiteachas sin amhail ardú i ndlíthíocht ón mbliain roimhe sin, costais shuntasacha a tabhaíodh i roinnt sraitheanna casta agus criticiúla imeachtaí dlí agus gá níos mó le seirbhísí dlí seachtracha go háirithe maidir le saincheisteanna conspóideacha a thagann chun cinn i bhfiosrúcháin trasteorann.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €1.612 milliún; toradh €830,000

Bhain an t-easnamh €782,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó le cinneadh gan dul ar aghaidh le tionscadal mór ascnaimh sonraí. Bhain an t-easnamh i gcaiteachas freisin le muirir TFC a bheith níos lú mar a bhíothas ag súil leo mar gheall ar líon foirne níos ísle ná mar a bhí tuartha agus roinnt feidhmchlár gnó a bhí le cur i bhfeidhm sa bhliain 2021 a bheith á dtabhairt ar aghaidh don bhliain 2022.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €826,000

Bhain an t-easnamh €874,000 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó le costais oibriúcháin a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chianobair agus ar an moill a bhí ann ar spás oifige breise a fháil agus ar thús a chur leis an obair feistithe nuair atá sé faighte.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €440,000; toradh €339,000

Bhain an t-easnamh €101,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó leis an ngá le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2021		2020
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	10	—	—
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	220	189	155
	Iomlán	**230**	**189**	**155**

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais ó fhíneálacha riaracháin	800	75
Aistrithe chuig an Státchiste	(800)	(75)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

4.3 Fíneálacha

Faoi shainchúram reachtúil DPC, is féidir fíneálacha riaracháin a fhorchur. Ní fhéadfar fíneáil ar bith a fhorchuireann DPC a bhailiú go dtí go ndeimhnítear í le hordú ón gCúirt (cibé acu ar achomharc nó ar iarratas deimhnithe).

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid tosaigh	710	—
Fíneálacha a forchuireadh sa bhliain	225,261	785
Fíneálacha a bailíodh (féach nóta 4.2)	(800)	(75)
Fíneálacha a coigeartaíodh/a díscríobhadh	—	—
Iarmhéid deiridh	**225,171**	**710**

D'fhorchuir DPC cúig fhíneáil sa bhliain 2021 lenar bhain luach iomlán €225,261,500. Tá ceann amháin de na fíneálacha sin, lenar bhain luach €225,000,000, faoi réir achomhairc agus deimhniú ón gCúirt faoi láthair. De na cúig fhíneáil thuas, bailíodh ceann amháin ina iomláine sa bhliain 2021 lenar bhain luach €90,000. Chomh maith leis an bhfíneáil sin, bailíodh sé fhíneáil eile sa bhliain 2021 lenar bhain luach iomlán €710,000, mar gheall ar fhíneálacha a d'fhorchuir DPC sa bhliain 2020.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**190**	**145**

5.2 Pá

	2021 €000	2020 €000
Pá	8,459	7,120
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	16	15
Liúntais eile	—	—
Ragobair	—	—
ÁSPC an fhostóra	851	709
Pá iomlán	**9,326**	**7,844**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	2	—	7,564	6,186
Ragobair	1	—	217	217
Liúntais eile	—	—	—	—
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021	2020
		€	€
Ró-íocaíochtaí a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	4	24,959	32,733
Ró-íocaíochtaí nach raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	6	15,090	3,738
	10	**40,049**	**36,471**

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is ag grád an Rúnaí Chúnta atá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta, áit arb ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €164,549 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €162,920).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig sa bhliain

	Éilimh a rinne daoine den phobal	Iomlán Iomlán 2021	Iomlán Iomlán 2020
Líon na gcásanna	44	44	34
	€000	**€000**	**€000**
Costais dlí na hoifige í féin	1,218	1,218	626
Íocaíochtaí a rinne an Bord/a rinneadh thar a cheann			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	—	85
Costais eile	—	—	—
Iomlán 2021	**1,218**	**1,218**	**711**
Iomlán 2020	711	711	

Nótaí
[a] Amhail an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon éileamh fós le réiteach.
[b] Amhail an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon suim dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

6.2 Costais Dlí

Áirítear i gcostais dlí iomlán €1.218 milliún costais €1.139 milliún a tabhaíodh i ndáil le 44 shraith d'imeachtaí in aghaidh DPC (lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach, imeachtaí iomlánacha agus achomhairc reachtúla a rinneadh in aghaidh DPC).

Chomh maith leis sin, áirítear freisin sa tsuim iomlán €1.218 milliún costais dlí DPC i ndáil le 14 shraith bhreise d'imeachtaí ar chuir DPC é féin tús leo. Is éard a bhí i gceist leo sin ná seacht n-ionchúiseamh margaíochta a thug DPC os comhair na Cúirte Dúiche faoi I.R. Uimh. 336/2011* agus seacht n-iarratas deimhnithe a rinne DPC os comhair na Cúirte Cuarda faoi alt 143 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun fíneálacha riaracháin a dheimhniú, arbh fhíneálacha iad a d'fhorchuir DPC ar eagraíochtaí le linn na mblianta 2020 agus 2021. Ba é €81,902 an tsuim iomlán a bhí sna costais dlí i ndáil leis na 14 shraith d'imeachtaí. Mar sin féin, mar gheall ar thrí cinn de na hionchúisimh mhargaíochta sin, dámhadh costais ionchúisimh dar luach €3,095 san iomlán do DPC. Laghdaigh sé sin na costais dlí iomlána a bhain leis na himeachtaí a rinne DPC sa bhliain 2021 go €78,807.

Sa chás DPC v. Facebook Ireland agus Maximilian Schrems, d'ordaigh an Ard-Chúirt do DPC costais an Uas. Schrems a íoc, agus tá breith le tabhairt (ag Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil san Ard-Chúirt) ar na costais sin mura mbíonn comhaontú ann idir na páirtithe. Tá na himeachtaí atá ann chun an méid costas atá le híoc ag DPC a shocrú ar feitheamh fós os comhair Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil. Ag an am céanna, tá idirbheartaíocht fós ar bun idir cuntasóirí costas dlí na bpáirtithe faoi seach. Tá an idirbheartaíocht sin ar siúl ar bhonn 'gan aon dochar a dhéanamh'. Rinne DPC íocaíocht eatramhach €450,000 le hionadaí dlíthiúil an Uas. Schrems sa bhliain 2020, agus táthar ag súil go n-íocfar sa bhliain 2022 an chuid eile de na costais atá le híoc ag DPC.

**I.R. Uimh. 336/2011 — Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 (dá ngairtear na Rialacháin Ríomhphríobháideachais).*

6.3 Maoiniú ó AE

Chuaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun comhpháirtíochta le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije (an Bhruiséil) maidir le tionscadal arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht. Fuarthas maoiniú €91,000 ó AE sa bhliain 2020 maidir leis an tionscadal sin. Lean DPC ag cur leis na spriocanna inghnóthaithe atá leagtha amach ag AE mar chuid den ról atá aige laistigh d'Fheachtas Múscailte Feasachta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá dírithe ar FBManna.

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 45

Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 45, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €12.138 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Aistriú Feidhmeanna

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta tar éis feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais a aistriú ón Roinn Oideachais le héifeacht ón 21 Deireadh Fómhair 2020. Aistríodh feidhmeanna breise i ndáil le taighde, nuálaíocht agus eolaíocht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

Tá an fhreagracht as feidhmeanna faoi réir scrúdú leanúnach i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta araon. D'fhéadfadh go molfaí tuilleadh moltaí aistrithe don Rialtas mar thoradh air sin, má fhaightear amach go bhfuil sé sin oiriúnach. Níor moladh go n-aistreofaí aon fheidhmeanna eile in 2021 ná go dtí seo in 2022.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Leithdháileadh Costas

Cuireann an Roinn Oideachais seirbhís chomhroinnte ar fáil don Roinn seo le haghaidh roinnt feidhmeanna de chineál corparáideach ar cuireadh muirear i bhfeidhm ina leith sna cuntais ar bhonn líon na ndaoine. Dá réir sin, chun costais foirne pá-choibhneasa a léiriú, cuireadh muirear barúlach i bhfeidhm faoi ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) agus, i gcás costais riaracháin ábhartha neamhphá, cuireadh muirear ar leith i bhfeidhm sna cuntais.

Níl aon sócmhainní seasta ag an Roinn seo. Tá sócmhainní, a chuimsíonn trealamh oifige agus troscán agus feistis a úsáideann an Roinn seo, faoi úinéireacht agus faoi rialú na Roinne Oideachais agus taifeadtar faoi Vóta 26 iad. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní sin ag an Roinn a léiriú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú sa Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Mar Roinn nuabhunaithe gan aon bhunfheidhmeanna corparáideacha a bheith aici cheana féin, baineann an Roinn seo leas as socrú seirbhísí comhroinnte leis an Roinn Oideachais maidir le roinnt réimsí gnó agus corparáideacha, lena n-áirítear acmhainní daonna, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, TFC agus pleanáil caipitil. Tá na socruithe mionsonraithe lena rialaítear na seirbhísí comhroinnte sin faoi réir próisis chomhfhorbartha agus tá doiciméadacht agus comhaontuithe i bhfeidhm maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear: soláthar TFC agus soláthar seirbhísí comhroinnte don earnáil threasach; pleanáil caipitil; agus airgeadas. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar chomhaontuithe lena gcumhdaítear feidhmeanna seirbhíse comhroinnte atá fós gan réiteach.

Tá seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) don Roinn seo freisin le haghaidh feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna.

Ó thaobh seirbhísí comhroinnte a fháil, bhí mé ag brath ar na rialuithe cuí a bheith á gcur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus ag NSSO araon. Glacaim dearbhú as an gcóras rialuithe mar a thuairiscigh gach Oifigeach Cuntasaíochta dom, mar atá leagtha amach sna litreacha dearbhaithe a chuir an dá eagraíocht ar fáil.

Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá faoi choimirce na Roinne seo, a fhaigheann tacaíocht ó rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne agus ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne Oideachais.

Ar an gcéad dul síos, tá gach bord agus cathaoirleach an bhoird faoi seach freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn seo agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas

- bunús reachtach an chomhlachta
- an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ó DPER agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gcód.

Oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce i gcónaí lena chinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus go bhfuil comhaontuithe láidre soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm i ngach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena chinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód Cleachtais chun ceanglais ‘comhlíon nó mínigh’ an chóid a shásamh.

De réir na gceanglas cóid, ceanglaítear ar na comhlachtaí faoi seach pleananna corparáideacha a ghlacadh chun comhlíonadh na straitéise a chlúdach ar bhonn ilbhliantúil. Is féidir na pleananna sin a úsáid chun straitéis chorparáideach agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

Le linn 2021, tugadh faoi phróiseas foirmiúil athbhreithnithe, a raibh i gceist leis tuairisceán dearbhaithe comhlíonta a chomhlánú, chun cabhrú le dearbhú maidir leis an méid a chloíonn na comhlachtaí neamhthráchtála atá faoi choimirce na Roinne leis na bun-chomhpháirteanna den chód cleachtais. Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ón bpróiseas sin freisin chun cur ar chumas na Roinne breathnú ar chineálacha cur chuige maidir le cláir oibre rialachais sa todhchaí.

Laistigh den mhórearnáil oideachais, tá cóid chleachtais earnála atá ailínithe le creataí sonracha reachtacha agus rialála ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta i bhfeidhm. Tá an t-athchóiriú ar shocruithe rialachais institiúideacha laistigh den earnáil ardoideachais leagtha amach i mBille an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Tá an Roinn ina ball den Fhóram Rialtais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí faisnéise ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Clúdaíodh san athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais a sholáthair Coiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais iad sin a bhí i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin le linn na tréimhse 2021.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn agus, le linn 2021, go raibh sé sin bunaithe ar riosca a bheith faoi úinéireacht aonad gnó aonair a d'aistrigh ón Roinn Oideachais
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal
- go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil an díriú cuí ann ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchóireacht inmheánach, iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Coiste Iniúchóireachta

I rith 2021, d'fhostaigh an Roinn seo gnólacht iniúchóireachta seachtrach, a soláthraíodh trí chreat iniúchóireachta na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), chun oibriú in éineacht lenár gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí nuacheaptha. Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta freisin agus cuireadh plean iniúchóireachta inmheánaí 2022 – 2024 i bhfeidhm. Ina theannta sin, chríochnaigh an Roinn Oideachais iniúchadh ar an Rannóg Maoinithe Ardoideachais, rud a comhaontaíodh sular bunaíodh an Roinn seo.

Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoi obair an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí, agus is ar an anailís sin a bhunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna iniúchóireachta inmheánaí na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá an Roinn seo freagrach as beartas agus bainistiú Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) in Éirinn. Próiseáiltear éilimh ar íocaíocht tríd an Roinn seo agus leithdháiltear iad ar chomhlachtaí idirmheánacha éagsúla, cuid acu atá lasmuigh den Roinn seo (e.g., an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Coimirce Sóisialaí).

Tá Údarás Iniúchóireachta CSE (ESFAA), ar rannóg laistigh d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais é, freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an gciste seo agus tá sé neamhspleách go feidhmiúil ar Aonad Beartais agus Oibríochtaí CSE agus CECD na Roinne seo, agus ar Údaráis Bhainistíochta agus Deimhniúcháin CSE.

Feidhmíonn ESFAA le húdarás díreach an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le téarmaí I.R. Uimh. 188/2017 agus i gcomhréir lena chairt scríofa féin. Tuairiscíonn ESFAA do Choiste Iniúchóireachta na Roinne seo agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Tá Coiste Iniúchóireachta na Roinne seo freagrach as breithniú a dhéanamh ar thorthaí, moltaí agus saincheisteanna suntasacha a eascróidh as an iniúchadh ar CSE, i bhfianaise na béime faoi leith ar na freagrachtaí laistigh den Roinn seo i leith na nÚdarás Deimhniúcháin agus Bainistíochta Náisiúnta.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an díriú cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha soláthair. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás conradh amháin (ar mhó a luach ná €25,000), arbh fhiú €47,800 (gan CBL a áireamh) é. Dámhadh an conradh i ngeall ar na scileanna sonracha a bhí de dhíth agus chun maolú a dhéanamh ar an riosca moille i gcás amlínte cur chun feidhme an tionscadail.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le ciorcláin agus treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Tá bearta á ndéanamh chun riosca soláthair a bhainistiú, lena n-áirítear clár conarthaí a chur i bhfeidhm, nuashonruithe a dhéanamh ar an bplean soláthair agus úsáid a bhaint as conarthaí agus creataí láraithe nuair is cuí.

Chuir an roinn sonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn, agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a thábhachtaí atá siad. Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú go foirmiúil agus a nuashonrú go débhliantúil ach is féidir é a nuashonrú de réir mar is gá. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

In 2021, chuir an Roinn beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm. Foráiltear sa bheartas do rioscaí a shainaithint agus a scóráil chun an dóchúlacht go dtarlóidh siad agus go mbeidh tionchar acu a chinneadh. Foráiltear ann freisin do leibhéil éagsúla formhaoirseachta, lena n-áirítear rioscaí arna sainaithint ag aonaid ghnó a bheith aontaithe ag ceannairí na n-aonad gnó agus ag gach ceannaire rannáin chomh maith le hiad a bheith á n-athbhreithniú ag an mBord Bainistíochta.

Bunaíodh Coiste Riosca in 2021, rud a thugann tacaíocht don Bhord Bainistíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca don Roinn chun a éifeachtacht a chinntiú. Breithníonn sé na rioscaí a sainaithníodh ar chlár rioscaí na Roinne agus déanann sé measúnú ar na bearta maolaithe atá i bhfeidhm.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus chun tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Slándáil TFC

Tá TFC mar chuid den socrú seirbhíse comhroinnte atá i bhfeidhm leis an Roinn Oideachais agus, in 2021, shínigh an dá Roinn comhaontú inar leagadh amach an creat do sheirbhísí TFC a sholáthar.

Deimhníonn an Roinn Oideachais a tiomantas láidir do shlándáil na gcóras TFC agus cuireann sí prótacail éagsúla chibearshlándála agus bearta éagsúla cibearshlándála i bhfeidhm. Faigheann prótacail chibearshlándála tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt do Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus teagmhais. Ina theannta sin, faigheann an Roinn Oideachais tacaíocht ó shaineolas slándála ó roinnt eagraíochtaí slándála tríú páirtí agus tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne TFC ábhartha.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2021 as ar eascair caillteanais is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú Covid-19

In 2021, thuairiscigh Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Oideachais measúnú ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil shoghluaiste agus thug sé dearbhú réasúnach dom go bhfuil na rialuithe airgeadais agus slándáil shoghluaiste á mbainistiú go leordhóthanach. Ina theannta sin, ghéaraigh an t-aistriú chuig cianobair an úsáid a bhaintear as doiciméadacht leictreonach chun críocha rian iniúchóireachta agus éifeachtúlachta oibre.

Jim Breslin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2022

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Cuntas Leithreasa 2021

				2021	2020
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Forbairt scileanna				
		Bunaidh	625,809		
		Forlíontach	25,000		
				650,809	605,226	599,538
B	Ardoideachas				
		Bunaidh	1,920,051		
		Géilleadh iarchurtha	16,700		
		Forlíontach	227,000		
				2,163,751	2,139,954	1,927,002
C	Taighde, nuálaíocht agus eolaíocht			240,008	262,656	—
Ollchaiteachas					
		Bunaidh	2,785,868		
		Géilleadh iarchurtha	16,700		
		Forlíontach	252,000		
				3,054,568	**3,007,836**	**2,526,540**
	Lúide				
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
		Bunaidh	104,368		
		Forlíontach	22,000		
				126,368	**128,974**	**105,710**
Glanchaiteachas					
		Bunaidh	2,681,500		
		Géilleadh iarchurtha	16,700		
		Forlíontach	230,000		
				2,928,200	**2,878,862**	**2,420,830**

Farasbarr

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar aon leithreasaí neamhchaite ar sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €37.2 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil ar aghaidh go 2022.

	2021 €	2020 €
Farasbarr	49,337,501	24,883,838
Géilleadh iarchurtha	(37,200,000)	(16,700,000)
Farasbarr le géilleadh	**12,137,501**	**8,183,838**

Jim Breslin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

		2021	2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir		2,996,082	2,518,205
Pá		10,509	6,943
Neamhphá		1,245	1,392
Ollchaiteachas		**3,007,836**	**2,526,540**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**128,974**	**105,710**
Glanchaiteachas		**2,878,862**	**2,420,830**
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	2,415		
Méadú ar stoc	—	2,415	(8,348)
Caiteachas díreach		**2,881,277**	**2,412,482**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		4,606	5,426
Measchíosanna		470	446
Glanchostas an chláir		**2,886,353**	**2,418,354**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 45 a iompraíodh in áit eile.

		2021 €000	2020 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	17	19
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,979	3,397
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	118	70
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	19	20
Vóta 26	An Roinn Oideachais	1,410	1,883
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	31	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		32	37
		4,606	**5,426**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil		—	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	49,726	17,779
Stoic	2.2	6	6
Réamhíocaíochtaí	2.3	7,191	8,128
Suimeanna atá dlite ó AE		—	2
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	502	3,736
Ioncam fabhraithe		759	938
Iomlán na sócmhainní reatha		**58,184**	**30,589**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	2,023	703
Forchúiteamh tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile		—	21
Airgead ó AE lena dháileadh		11,290	520
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	999	254
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	37,939	20,743
Iomlán na ndliteanas reatha		**52,251**	**22,241**
Glansócmhainní reatha		5,933	8,348
Glansócmhainní		**5,933**	**8,348**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**5,933**	**8,348**

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	49,726	17,779
	49,726	**17,779**

Níl aon chuntais bhainc tráchtála ag an Roinn.

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Stáiseanóireacht	4	5
Ábhar inchaite TF	2	1
	6	**6**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	6,923	7,826
Scoláireachtaí ollscoile	186	—
Ríomh-Chomhdhlúthú CSE	35	57
Eile	47	245
	7,191	**8,128**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Aistriú feidhmeanna	195	3,684
Párolla ar fionraí	254	33
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	2	6
Scéim pas taistil	6	8
Forchúiteamh tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile	45	—
Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte	—	5
	502	**3,736**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Cláir chaipitil	1,765	505
Seirbhísí comhroinnte	249	134
Eile	9	64
	2,023	**703**

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	172	120
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	106	69
Muirear sóisialach uilíoch	34	24
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	84	25
Cáin bhreisluacha	537	4
Ranníocaíochtaí pinsin	65	11
	999	**254**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	12,138	8,184
Géilleadh iarchurtha	37,200	16,700
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(11,399)	(4,141)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**37,939**	**20,743**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	49,726	17,779
Iarmhéideanna dochair eile	502	3,736
Suimeanna atá dlite ó AE	—	2
	50,228	21,517
Creidiúnaithe		
Airgead ó AE lena dháileadh	(11,290)	(520)
Iarmhéideanna sochair eile	(999)	(254)
	(12,289)	(774)
	37,939	**20,743**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2021	2020
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			8,348	—
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	2,928,200		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(12,138)		
Géilleadh iarchurtha		(37,200)		
Glanvóta			2,878,862	2,420,830
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		4,606	5,426
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		470	446
Glanchostas an chláir	1		(2,886,353)	(2,418,354)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**5,933**	**8,348**

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2021**	**2020**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	167	832
Cláir deontas neamhchaipitil	2,443,963	2,303,076
Cláir deontas caipitil	889,635	430,329
Tionscadail chaipitil	—	—
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	672,976	733,966
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**4,006,741**	**3,468,203**

b) Cláir deontas neamhchaipitil [a]

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	2,303,076	2,341,224
Deontais a íocadh sa bhliain	(2,513,932)	(2,343,413)
Ceangaltais nua deontais	2,443,963	2,303,076
(Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais	210,856	2,189
Iarmhéid deiridh	**2,443,963**	**2,303,076**

c) Cláir deontas caipitil [b]

	2021	**2020**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	416,954	142,931
Deontais a íocadh sa bhliain	(478,785)	(141,135)
Ceangaltais nua deontais	889,635	416,954
(Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais	61,831	(1,796)
Iarmhéid deiridh	**889,635**	**416,954**

Nóta [a] Áirítear ar chláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna, chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne do thionscadail chaipitil atá faoi mhaoirseacht na gcomhlachtaí sin.

d) Mórchláir deontas caipitil

Cláir deontas caipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist leo

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2021	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020
	€000	€000	€000	€000	€000
Roinn Eile: caipiteal – foirgnimh					
B.16 – An Roinn Sláinte, Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	10,000	3,500	3,500	17,000	17,000
Ceanglais ghníomhaireachta: caipiteal – foirgnimh					
B.16 HEA Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Foirgneamh Theic na Todhchaí	1,958	882	21,160	24,000	24,000
B.16 – HEA Ollscoil Mhá Nuad, Foirgneamh an Chumainn Teicneolaíochta agus Nuálaíochta	18,625	6,375	—	25,000	25,000
B.16 - HEA Coláiste na Tríonóide, Foirgneamh E3	3,910	5,000	6,090	15,000	15,000
Ceanglais ghníomhaireachta: caipiteal – taighde					
C.5.7 - ESO An Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas	3,234	5,800	6,356	15,390	15,227
C.3.1 – SFI Fondúireacht Eolaíochta Éireann	317,272	80,854	358,016	756,142	813,874
C.4.2 - SFI Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár PhD	19,586	10,924	73,074	103,584	103,584
Iomlán	**374,585**	**113,335**	**468,196**	**956,116**	**1,013,685**

Difríochtaí suntasacha

Tá míniú tugtha thíos ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán ionchasach ar aon mhórthionscadal faoi níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2020.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Laghdú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €57.7 milliún

Baineann an laghdú foriomlán go príomha le críochnú ceann amháin de na tionscadail a maoiníodh faoin gclár seo in 2020.

Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tá oibleagáidí ar an Roinn faoi thrí cinn de chonarthaí ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP).

Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliana, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Déanann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an infheisteoir CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre.

Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

Ainm an tionscadail CPP [a]	**Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020**	**Caiteachas in 2021**	**Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis**	**Iomlán an tionscadail 2021**	**Iomlán an tionscadail 2020**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Scoil Cheoil Chorcaí	118,520	8,312	92,308	219,140	219,195
Cearnóga Ghráinseach Ghormáin [b]	—	45,037	540,499	585,536	586,509
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann	140,633	6,892	40,169	187,694	187,415
Iomlán [c]	**259,153**	**60,241**	**672,976**	**992,370**	**993,119**

Nóta [a] Baineann an caiteachas atá léirithe ag deireadh 2021 le híocaíochtaí caipitil amháin, e.g., muirir aonadacha. Tá caiteachas 2021 sa tábla thuas ar áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírcheann B.17 (costais Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí), mar atá €69 milliún.

[b] Cuirfidh tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na cearnóga láir agus thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin. Is i mí an Mhárta 2018 a síníodh an conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil.

[c] Léiríonn iomlán na dtionscadal laghdú foriomlán €750,000 mar gheall ar chomhaontú socraíochta a thabhairt chun críche maidir le cearnóga Ghráinseach Ghormáin in 2021.

Cé go dtuigeann an Roinn gur tháinig brúnna boilscithe suntasacha chun cinn le linn 2022, ar nithe iad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cheangaltais mhuirir aonadaigh sa todhchaí, níl an Roinn in ann an tionchar ar cheangaltais amach anseo a chainníochtú faoi láthair.

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2021 €000	2020 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**1**	**197**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha na Roinne measta a bheith faoi bhun €50,000 (2020: €Nialas).

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,383	10,509	6,943
ii	Taisteal agus cothú	256	83	65
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	231	276	220
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	294	67	59
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,245	532	840
vi	Costais áitribh oifige	214	165	208
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus seirbhísí eile	17	122	—
		14,640	**11,754**	**8,335**

Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Cionroinneadh an caiteachas riaracháin trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €256,000; toradh €83,000

Ba shrianta taistil Covid-19 le linn na tréimhse ba chúis leis an laghdú €173,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €294,000; toradh €67,000

Ba shrianta Covid-19 a laghdaigh an t-éileamh ar sheirbhísí ba chúis leis an laghdú €227,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €1.245 milliún; toradh €532,000

Ardphleanáil caipitil TF in 2020 a laghdaigh caiteachas in 2021 chomh maith le costais athbhreithnithe chionroinnte na seirbhíse comhroinnte idir an Roinn Oideachais agus an Roinn seo ba phríomhchúis leis an laghdú €713,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €17,000; toradh €122,000

Is ceanglas a tháinig chun cinn maidir le rannpháirtíocht chomhairleach maidir le hathbhreithniú dearadh eagraíochta na Roinne is cúis leis an gcaiteachas méadaithe €105,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

Clár A Forbairt Scileanna

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		5,805	4,917	3,535
A.2	Riarachán – neamhphá		1,058	582	709
A.3	Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta		24,816	24,533	21,029
A.4	Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)		525	189	294
A.5	Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna				
	Bunaidh	556,067			
	Forlíontach	25,000			
			581,067	538,625	537,687
A.6	Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)		5,538	5,038	4,919
A.7	Aoisliúntas, etc., is iníoctha le hiarbhaill de FÁS, de SOLAS agus den Chomhairle Oiliúna (ANCO)		32,000	31,342	31,365
			650,809	**605,226**	**599,538**

Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €20.6 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

A.4 Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)

Soláthar meastacháin €525,000; toradh €189,000

Ba é ba chúis go príomha leis an laghdú €336,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná nach raibh aon ghá ann le maoiniú ó chlár CECD in 2021. Tháinig coigilteas chun cinn ar chur chun feidhme an chórais ríomh-Chomhdhlúthaithe de bharr gur chuir an tAontas Eorpach an córas ríomh-Chomhdhlúthaithe 2021-2027 siar.

A.6 Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Soláthar meastacháin €5.538 milliún; toradh €5.038 milliún

Ba as moilleanna ar bhaill foirne a earcú a tháinig an laghdú €500,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin:

Clár B Ardoideachas

				2021	2020
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		5,603	4,732	3,408
B.2	Riarachán – neamhphá		1,021	560	683
B.3	Deontas do chostais ghinearálta an Údaráis um Ard-Oideachas		9,014	9,031	8,896
B.4	Deontais ghinearálta reatha d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe eile ardoideachais				
	Bunaidh	1,034,482			
	Forlíontach	66,000			
			1,100,482	1,132,163	1,137,064
B.5	Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd a fhaigheann maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas san áireamh		—	—	—
B.6	Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas)				
	Bunaidh	12,230			
	Forlíontach	850			
			13,080	13,109	12,831
B.7	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas)				
	Bunaidh	7,185			
	Forlíontach	400			
			7,585	7,605	7,552
B.8	Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas)				
	Bunaidh	3,341			
	Forlíontach	300			
			3,641	3,746	3,394
B.9	Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe				
	Bunaidh	8,444			
	Forlíontach	450			
			8,894	8,939	9,055

B.10	Aoisliúntas, etc., is iníoctha le hiarbhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta				
	Bunaidh	166,809			
	Forlíontach	147,000			
			313,809	318,633	162,753
B.11	Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara				
	Bunaidh	401,306			
	Forlíontach	10,000			
			411,306	400,165	401,178
B.12	Gníomhaíochtaí taighde		50,322	50,322	42,021
B.13	Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas				
	Bunaidh	6,849			
	Forlíontach	2,000			
			8,849	6,327	4,358
B.14	Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin		3,212	3,212	3,137
B.15	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha		600	164	138
B.16	Bonneagar tríú leibhéal				
	Soláthar meastacháin	98,400			
	Géilleadh Iarchurtha	8,000			
			106,400	81,851	86,500
B.17	Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí				
	Soláthar meastacháin	76,300			
	Géilleadh Iarchurtha	8,700			
			85,000	69,023	18,257
B.18	Seirbhísí comhroinnte		34,933	30,372	25,777
			2,163,751	**2,139,954**	**1,927,002**

Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- - 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €203.2 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

B.4 Deontais ghinearálta reatha d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe eile ardoideachais

Soláthar meastacháin €1,034 milliún; toradh €1,132 milliún

Ba le maoiniú breise táillí saora, comhaontú pá na seirbhíse poiblí agus na costais mhéadaithe maidir le hathoscailt na hearnála treasaí tar éis Covid-19 a bhain an méadú €97.7 milliún i gcomórtas leis an meastachán.

Ceadaíodh measchán forlíontach €66 mhilliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as Covid -19 agus an earnáil threasach á hathoscailt.

B.6 Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas)

Soláthar measchán €12.23 milliún; toradh €13.109 milliún

Tharla an méadú €879,000 i gcomparáid leis an soláthar measchán go príomha mar gheall ar na costais mhéadaithe a bhain leis an ospidéal a athoscailt i bhfianaise Covid-19.

Ceadaíodh measchán forlíontach €850,000 don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as an athoscailt i bhfianaise Covid-19.

B.7 Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas)

Soláthar measchán €7.185 milliún; toradh €7.605 milliún

Tharla an méadú €420,000 i gcomparáid leis an soláthar measchán go príomha mar gheall ar na costais mhéadaithe a bhain leis an institiúid a athoscailt de dheasca Covid-19.

Ceadaíodh measchán forlíontach €400,000 don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as an athoscailt i bhfianaise Covid-19.

B.8 Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas)

Soláthar measchán €3.341 milliún; toradh €3.746 milliún

Ba leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €405,000 i gcomparáid leis an soláthar measchán:

- costais bhreise a bhaineann le comhaontú pá na bliana 2021 dar teideal 'Ag Dul ó Neart go Neart', agus
- costais mhéadaithe a bhaineann le hathoscailt na hearnála tríú leibhéal tar éis Covid-19.

Ceadaíodh measchán forlíontach €300,000 don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as an athoscailt i bhfianaise Covid-19.

B.9 Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe

Soláthar measchán €8.444 milliún; toradh €8.939 milliún

Ba leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €495,000 i gcomparáid leis an measchán:

- costais mhéadaithe i ndáil le hathoscailt na hearnála tríú leibhéal tar éis Covid-19 agus
- trealamh tástála antaigine do mhic léinn.

Ceadaíodh measchán forlíontach €450,000 don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as an athoscailt i bhfianaise Covid-19

B.10 Aoisliúntas, etc., is iníoctha le hiarbhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta

Soláthar meastacháin €166.809 milliún; toradh €318.633 milliún

Is féidir an méadú €151.8 milliún i dtoradh 2021 i gcomórtas leis an soláthar meastachán a chur síos go príomha d'easnamh i gcuntais rialaithe pinsin na n-ollscoileanna arna n-aithint ag an Údarás um Ard-Oideachas.

Ceadaíodh meastachán forlíontach €147 milliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don easnamh a aithníodh amhail an 30 Meán Fómhair 2020.

B.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas

Soláthar meastacháin €6.849 milliún; toradh €6.327 milliún

Tháinig an laghdú €522,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as na teorainneacha a cruthaíodh de dheasca phaindéim Covid-19, rud arbh é an toradh a bhí air gur cuireadh roinnt scéimeanna siar, lenar áiríodh scoláireachtaí don Scéim um Shoghluaisteacht Acadúil agus d'Ollscoil Staidéir Eachtraigh Bhéising.

Ina theannta sin, rinneadh €2 mhilliún den soláthar meastacháin a ath-leithdháileadh ar fho-mhírcheann eile (C.3 – clár forbartha eolaíochta agus teicneolaíochta), ar ina leith atá an róchaiteachas coibhéiseach soiléir.

Ceadaíodh meastachán forlíontach €2 mhilliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar chaiteachas a thiocfadh as Covid-19 tar éis an earnáil threasach a athoscailt.

B.15 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €600,000; toradh €164,000

Ba é ba phríomhchúis leis an laghdú €436,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná gur caitheadh Maoiniú Cuntas Díomhaoin don Lucht Siúil san Ardoideachas (€300,000) ó fho-mhírcheann B.11 Tacaíocht do mhic léinn agus seirbhísí gaolmhara.

B.16 Bonneagar tríú leibhéal

Soláthar meastacháin €106.4 milliún; toradh €81.851 milliún

Tharla an laghdú €16.5 milliún ar chaiteachas caipitil i gcomparáid leis an soláthar meastachán mar gheall ar shrianta Covid-19 leibhéal 5 a dhún an tionscal tógála ó Eanáir 2021 go Bealtaine 2021, rud a raibh tionchar aige ar thionscadail chaipitil san earnáil tríú leibhéal.

B.17 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Soláthar meastacháin €85 mhilliún; toradh €69.023 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an glannchaitheamh €7.3 milliún i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

- muirir aonadacha a bhaineann le Tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin nár eascair chomh luath agus a bhíothas ag súil leis (de bharr Covid-19 agus moilleanna eile in 2021),
- ní raibh na sonraisc a rabhthas ag súil leo a bheith dlite ar an gclár ardoideachais CPP ag sreabhadh mar a bhí beartaithe, agus
- níor ghá ciste teagmhasach maidir le próiseas réitigh díospóide ar CPP Ghráinseach Ghormáin.

B.18 Seirbhísí comhroinnte

Soláthar meastacháin €34.933 milliún; toradh €30.372 milliún

Ba é an phríomhchúis leis an laghdú €4.561 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná an laghdú mór ar chaiteachas caipitil toisc nach ndeachaigh an clár Educampus, chun na hollscoileanna teicneolaíochta nua a chumasc, chun cinn ar an luas a bhí tuartha ar dtús.

Clár C Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

			2021	2020 [a]
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	975	860	—
C.2	Riarachán – neamhphá	178	102	—
C.3	Clár forbartha eolaíochta agus teicneolaíochta	209,964	229,435	205,196
C.4	Clár um thaighde in institiúidí tríú leibhéal	24,626	24,606	24,497
C.5	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	4,215	7,648	4,095
C.6	Costais dlí agus seirbhísí eile (an Foras Domhanda Eolaíochta san áireamh)	50	5	4
		240,008	**262,656**	**233,792**

Nóta [a] Léiríonn figiúirí 2020 an toradh a thabhaigh Vóta 32 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in leith feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Tá siad ar áireamh chun críocha comparáideacha amháin.

Difríochtaí suntasacha

Déantar sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- - 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €22.7 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

C.3 Clár forbartha eolaíochta agus teicneolaíochta

Soláthar meastacháin €209.964 milliún; toradh €229.435 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €19.471 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha ná dámhachtainí bonneagair taighde méadaithe in 2021 do roinnt institiúidí.

C.5 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €4.215 milliún; toradh €7.648 milliún

D'eascair an méadú €3.433 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar íocaíochtaí ranníocaíochta aontachais luathaithe le Faireachlann Spáis na hEorpa (ESO) chun costais úis a mhaolú agus an fráma ama 10 mbliana le haghaidh na n-íocaíochtaí sin a laghdú.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2021		2020
			Measta	Réadaithe	Réadaithe
			€000	€000	€000
1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais [a]		889	838	726
2	Fáltais ó mhaoiniú AE [b]				
	Bunaidh	34,700			
	Forlíontach	8,700			
			43,400	43,432	34,895
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí				
	Bunaidh	66,479			
	Forlíontach	4,000			
			70,479	72,512	69,210
4	Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí		—	—	—
5	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	2,300			
	Forlíontach	9,300			
			11,600	12,192	879
	Iomlán		**126,368**	**128,974**	**105,710**

Nóta [a] Ní ar áireamh i dtoradh ranníocaíochta aoisliúntais 2020 atá suim €151,000 a d'íoc an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2020 thar ceann aonaid gnó a aistríodh chuig an Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

[b] Tá miondealú ar fháltais AE tugtha sa tábla faoi Nóta 6.4 Maoiniú AE.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus € 100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.6 milliún níos airde ná an meastachán.

2 Fáltais ó mhaoiniú AE

Measta €34.7 milliún; réadaithe €43.4 milliún

D'eascair an méadú €8.7 milliún i gcomparáid leis an meastachán mar gheall ar tharraingt anuas luathaithe chistí CSE a ceadaíodh mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €8.7 milliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar leithreasaí a fuarthas mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

3 Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais

Measta €66.479 milliún; réadaithe €72.512 milliún

Tháinig an méadú €6.033 milliún i gcomparáid leis an meastachán toisc go raibh na ranníocaíochtaí breise aoisliúntais foriomlána a fuarthas ó ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí eile níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. D'eascair an méadú sin as an méadú ar an líon foirne agus as na costais bhreise a bhain le comhaontú pá na bliana 2021 dar teideal 'Ag Dul ó Neart go Neart'.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €4 mhilliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar leithreasaí a fuarthas.

5 Ilghnéitheach

Measta €2.3 milliún; réadaithe €12.192 milliún

D'eascair an méadú €9.892 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha as airgead breise a fháil ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i leith a ranníocaíochta do CPP Ghráinseach Ghormáin.

Ceadaíodh suim fhorlíontach €9.3 milliún don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh don mhéadú ar leithreasaí atá leagtha amach thuas.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	155
Maoiniú neamhchaite a fhorchúiteamh [a]	2,002	527
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(2,002)	(682)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta [a] Suim a fuarthas ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i leith deontais a d'aisíoc an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC).

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2021	2020
Roinn [a]	191	134
Tríú leibhéal [b, c]	25,016	22,186
Gníomhaireachtaí eile [a]	575	455
Líon foirne ag deireadh na bliana	**25,782**	**22,775**

Nóta [a] Léiríonn figiúirí 2021 an t-aistriú foirne agus gníomhaireachtaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

[b] Léiríonn figiúirí 2021 aistriú feidhmeanna breisoideachais breise chuig an Roinn.

[c] Poist bhunmhaoinithe amháin. Ní áirítear i líon iomlán na bhfostaithe earnála poiblí poist eile, e.g.,baill foirne taighde ar conradh.

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne	2021	2020
	€000	**€000**
Pá	9,749	6,388
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	68	48
Liúntais eile	9	1
Ragobair	30	4
ÁSPC an fhostóra	653	502
Pá iomlán [a, b]	**10,509**	**6,943**

Nótaí [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne.

[b] Léirítear an figiúr iomlán pá faoi A.1.

Tríú leibhéal	**2021**	**2020** [a]
	€000	**€000**
Pá	1,881,038	1,784,485
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	4,558	4,625
Liúntais eile	3,457	3,744
Ragobair	5,521	4,521
ÁSPC an fhostóra	172,989	162,062
Pá iomlán [b]	**2,067,563**	**1,959,437**

Nóta [a] Athluadh figiúirí 2020 chun treoir nuashonraithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a léiriú maidir leis an tréimhse ar cheart an fhaisnéis seo a sholáthar ina leith.

[b] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána ollscoileanna, coláistí agus institiúidí teicneolaíochta atá ag fáil maoiniú deontais phá, agus áirítear iontu costais na bpost tríú leibhéal faoi Nóta 5.1.

Gníomhaireachtaí eile [a]	**2021**	**2020** [b]
	€000	**€000**
Pá	47,300	44,566
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	230	249
Liúntais eile	—	—
Ragobair	7	5
ÁSPC an fhostóra	4,411	4,087
Pá iomlán	**51,948**	**48,907**

Nóta [a] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána na ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear tuarastail nach tuarastail bhunmhaoinithe iad.

[b] Áiríodh ar fhigiúr 2020 gníomhaireachtaí a aistríodh chuig an Roinn in 2021.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

Foireann na Roinne	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8	2	23,602	25,074
Liúntais eile	1	—	1,154	952
Ragobair	3	1	28,132	1,185
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

Ní bhaineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann na Roinne.

Tríú leibhéal	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,356	111	37,610	38,390
Liúntais eile	1,162	79	28,415	27,377
Ragobair	1,804	104	62,344	42,345
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	868	115	83,699	84,896

Baineann sonraí na liúntas agus na n-íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo le baill foirne tríú leibhéal in ollscoileanna, coláistí agus institiúidí teicneolaíochta a fhaigheann maoiniú deontais pá agus cuimsíonn siad baill foirne nach bhfuil a dtuarastal maoinithe ag an Roinn.

Gníomhaireachtaí eile	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2021	2020
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	45	8	19,628	23,224
Liúntais eile	—	—	—	—
Ragobair	4	—	5,372	2,268
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

Baineann sonraí na liúntas agus na n-íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo le baill foirne a fhostaítear i ngníomhaireachtaí arna maoiniú ag an Roinn agus cuimsíonn siad baill foirne nach bhfuil a dtuarastal maoinithe ag an Roinn.

5.4 Socruithe luacha saothair eile

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin Státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €13,727, lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €132. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €44,869 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a t(h)uarastal, ar thuarastal é a bhí in-fhorchúitithe ag an Roinn.

Ní áirítear sa chuntas seo aon chaiteachas i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an comhlacht ábhartha a t(h)uarastal.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2021 €	2020 €
Ró-íocaíochtaí tuarastail le foireann riaracháin			
Ró-íocaíochtaí	4	2,271	—
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	—	—	—

Ní dhearnadh aon bhaill foirne a raibh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí i bhfeidhm maidir leo a aistriú chuig an Roinn seo ná uaithi i rith 2021.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2021, íocadh iomarcaíocht le duine amháin trí phárollaí riaracháin na Roinne. B'ionann agus €115,139 an tsuim iomlán a íocadh agus san áireamh inti bhí íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí, de réir mar ba chuí.

Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon daoine aonair in 2021.

5.7 Tuarastal an oifigigh cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021 bhí tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn

B'ionann agus €479,954 na costais dlí iomlána a thabhaigh an Roinn in 2021.

Níor sháraigh costais chúitimh agus dlí a íocadh i rith 2021 maidir le cásanna a bhfuil baint ag an Roinn leo nó a raibh baint acu leo €50,000, agus tá na costais sin ar áireamh san fhigiúr iomlán thuas.

Costais charnacha i gcásanna críochnaithe – costais a d'íoc an Roinn

Níor sháraigh costais charnacha cásanna dlí críochnaithe a d'íoc an Roinn in 2021 €50,000.

Íocaíochtaí a rinne Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Le linn na tréimhse, níor íoc Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit aon chostais/táillí dlí maidir le cásanna dlí a bhain leis an Roinn

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2021 €000	2020 €000
Calaois	—	—	10
Calaois/mírialtachtaí amhrasta	1	117	—
		117	**10**

Cuireadh cás calaoise amhrasta amháin in iúl don Roinn, cás inar leithdháil Boird Oideachais agus Oiliúna cistiú deontais, ó 2010 go 2018, nár caitheadh mar a bhí beartaithe.

6.3 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear le caiteachas in 2021 cás amháin inar íocadh €10.5 milliún, CBL san áireamh, le conraitheoirí chun éilimh a réiteach a d'eascair as costais bhreise a tabhaíodh mar gheall ar Covid-19, agus athruithe breise ar an gconradh.

Níor tháinig aon chostais eadrána ná idir-réitigh chun cinn in 2020.

6.4 Maoiniú AE

Tá na fáltais maidir le maoiniú AE a fuarthas le linn 2021 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair leagtha amach sa tábla thíos:

Catagóir maoinithe AE	2021 €000	2020 €000
D2.1 Maoiniú pá CSE	35,013	23,379
D2.1 Maoiniú neamhphá CSE	8,387	11,320
PIAAC Idirnáisiúnta	32	196
	43,432	**34,895**

Fáltais ó Chiste Struchtúrach na hEorpa (CSE) 2021

An tsuim €43.4 milliún (€35 mhilliún i maoiniú pá agus €8.4 milliún i maoiniú neamhphá) a fuarthas in 2021 (2020: €34.7 milliún) agus atá léirithe mar leithreasaí-i-gcabhair, bhain sí le caiteachas ó fho-mhírchinn B.5 agus C.11 de Vóta Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna (Vóta 26) do na blianta 2014-2019.

Tháinig fáltais ón gClár um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2021, ar clár cómhaoinithe é de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

Clár CSE um Infhostaíocht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2021: an staid ag deireadh na bliana 2021

	Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) €000	Tionscnamh Ógfhostaíochta €000	REACT-AE €000	Iomlán €000
Leithdháileadh 2014-2021 [a]	**484,516**	**68,145**	**88,335**	**640,996**
Fáltais suas go deireadh 2020	293,537	52,652	—	346,189
Fáltais 2021				
Fáltais bhliantúla réamh-mhaoinithe	2,281	99	9,717	12,097
Iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha [b]	162,830	11,113	—	173,943
Iarmhéid maidir le 2018-2020	18,412	3,065	—	21,477
Iomlán na bhfáltas in 2021	**183,523**	**14,277**	**9,717**	**207,517**
Fáltais suas go deireadh 2021	**477,060**	**66,929**	**9,717**	**553,706**
Mar % de leithdháileadh 2014-2020	98%	98%	11%	86%

Dáileadh fháltais chlár CSE 2021	2021	2020
	€000	€000
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	44,029	35,389
An Roinn Oideachais	171	144
An Roinn Dlí agus Cirt	21,000	6,417
An Roinn Cosanta	40	79
An Ciste Náisiúnta Oiliúna	82,000	1,500
An Roinn Coimirce Sóisialaí	5,000	—
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	36,000	—
	188,240	**43,529**

Nóta [a] Faomhadh leasú React-AE ar leithdháileadh 2014-2020 i mí na Nollag 2021.

[b] Seasann na fáltais ó iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha do 90% de leithdháiltí AE atá dlite de bhrí go gcoimeádann an Coimisiún 10%, rud atá iníoctha tar éis glacadh leis na cuntais bhliantúla agus a léirítear in iarmhéid cothromaithe na bliana dá éis.

6.5 Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

I dteannta deontais ón Vóta a mhaoiniú, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE a tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2021:

	2021	2020
	€000	€000
Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne		
An tÚdarás um Ard-Oideachas	354	309
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	245	327
Léargas [a]	19,282	19,240
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	131	273
Fondúireacht Eolaíochta Éireann [b]	81	—
SOLAS	47	—
	20,140	**20,149**

Nóta [a] Ní bhaineann an maoiniú le haghaidh Léargas ach le cláir oideachais.

[b] Ní raibh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi choimirce na Roinne in 2020.

Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne	Cuspóir an mhaoinithe
An tÚdarás um Ard-Oideachas	Clár Erasmus+ a chur chun cinn agus a riar
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	Na Daonnachtaí sa Réimse Taighde Eorpach (HERA), clár CHIST-ERA (taighde comhordaithe Eorpach ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá le teacht agus atá ag teacht chun cinn) agus Bearta COFUND Marie Sklodowska-Curie um Chlár Comhaltachtaí Taighde i gComhar
Léargas	Erasmus+, Eurodesk, ECVET, E twinning Epale agus Euroguidance
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	Cuireann QQI rúnaíocht ar fáil do EQAVET (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint) anuas ar a bheith ina ionad náisiúnta do EUROPASS agus NARIC
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	Ardú céime ó SFI a ghníomhachtaigh ESA, Era Net - Bluebio, Era Net - M.ERANET, EraNet – QuantERA, agus tionscadal ACT Fhís 2020
SOLAS	Gníomhaireachta AE CEDEFOP

6.6 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2021 €000	2020 €000
Glan-ús iomlán a íocadh	**1**	**1**

6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas €37.2 milliún in 2021 i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

	€000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	
B.12 Gníomhaíochtaí taighde	6,000
B.16 Bonneagar tríú leibhéal	22,200
B.17 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	3,000
B.18 Seirbhísí comhroinnte	6,000
	37,200

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Liostaítear sa tábla a leanas na comhlachtaí agus na cistí roinne atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an 31 Bealtaine 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an tréimhse inar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Ollscoileanna/Coláistí [a]				
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	2019/2020	16 Noll 2020	21 Noll 2020	21 Fea 2022
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	2020/2021	30 Mei 2022	6 Iúil 2022	24 Lún 2022
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	2020/2021	31 Beal 2022	15 Mei 2022	11 Lún 2022
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann	2020/2021	8 Mei 2022	9 Mei 2022	14 Iúil 2022
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	2019/2020	30 Mei 2021	6 Iúil 2021	6 M.F. 2021
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	2020/2021	25 Már 2022	28 Már 2022	25 Beal 2022
Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach	2019/2020	18 D.F. 2021	4 Sam 2021	4 Ean 2022
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	2019/2020	27 Lún 2021	31 Lún 2021	22 D.F. 2021
	2020/2021	28 Már 2022	31 Már 2022	30 Beal 2022
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	2019/2020	30 M.F. 2021	6 D.F. 2021	3 Noll 2021
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	2019/2020	30 M.F. 2021	4 D.F. 2021	3 Noll 2021
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	2020/2021	30 Mei 2022	22 Iúil 2022	24 Lún 2022
Ollscoil Luimnigh				
Institiúidí teicneolaíochta [b]				
Baile Átha Luain	2020/2021	29 Mei 2022	30 Mei 2022	24 Lún 2022
Ceatharlach	2020/2021	30 Mei 2022	14 Iúil 2022	24 Lún 2022
Corcaigh	2019/2020	22 Már 2022	5 Aib 2022	7 Mei 2022
Dún Dealgan	2020/2021	10 Beal 2022	5 Iúil 2022	4 Lún 2022
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	2020/2021	8 Aib 2022	11 Aib 2022	7 Mei 2022

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Institiúidí Teicneolaíochta [b]				
Gaillimh-Maigh Eo	2020/2021	31 Már 2022	25 Aib 2022	24 Mei 2022
Leitir Ceanainn	2019/2020	10 Noll 2021	20 Noll 2021	17 Fea 2022
Luimneach	2020/2021	23 Mei 2022	30 Mei 2022	24 Lún 2022
Sligeach	2019/2020	29 Mei 2021	9 Iúil 2021	8 M.F. 2021
Trá Lí	2019/2020	16 Fea 2022	18 Fea 2022	24 Már 2022
Port Láirge	2019/2020	12 Beal 2022	26 Beal 2022	13 Iúil 2022
Institiúidí Ardoideachais Eile (san áireamh in Institiúidí Ardoideachais				
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	2021	29 Mei 2022	30 Mei 2021	15 Lún 2022
Acadamh Ríoga na hÉireann	2020	22 Noll 2021	9 Már 2022	21 Már 2022
Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann	2021	7 Iúil 2022	14 Iúil 2022	24 Lún 2022
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	2019/2020	9 Lún 2021	20 Iúil 2022	19 M.F. 2022
Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne				
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	2020	22 Sam 2021	3 Fea 2022	22 Fea 2022
An tÚdarás um Ard-Oideachas [c]	2021	29 Mei 2022	5 Iúil 2022	24 Lún 2022
Léargas [d]	2020	15 Mei 2021	28 Iúil 2021	n/b
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	2020	30 M.F. 2021	8 D.F. 2021	7 Noll 2021
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	2020	7 M.F. 2021	15 D.F. 2021	9 Samh 2021
Skillnet Ireland [d]	2020	27 Beal 2021	30 Mei 2021	n/b
SOLAS	2020	21 Beal 2021	27 Beal 2021	14 Iúil 2021
Cistí				
An Ciste Náisiúnta Oiliúna	2020	30 Sam 2021	2 Noll 2021	22 Noll 2021

Nóta

[a] Is í tréimhse an chuntais ná an 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair, ach amháin i gcás Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa).

[b] Is í tréimhse an chuntais ná an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa.

[c] Ionchorpraíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas cuntais na Comhairle um Thaighde in Éirinn, ar comhlacht faoi choimirce na Roinne í.

[d] Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil a cuntais ar fáil go poiblí tríd an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus nach gcuirtear faoi bhráid an Oireachtais iad.